

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *
30 Meitheamh 2021



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha reachtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir 1
- ★ Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 21
- ★ Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe 60
- ★ Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochnaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh 94
- ★ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí 159

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/1056 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meitheamh 2021

lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175 agus do phointe (a) d'Airteagal 322(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ⁽¹⁾,

Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽²⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiúin ⁽³⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽⁴⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leis an gcreat rialála lena rialaítear beartas comhtháthaithe an Aontais don tréimhse ó 2021 go 2027, i gcomhthéacs an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile, rannchuidítear le comhlíonadh ghealltanais an Aontais Comhaontú Pháras arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ⁽⁵⁾ (“Comhaontú Pháras”) a chur chun feidhme, chun leanúint d'arrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht dhomhanda a theorannú go dtí faoi bhun 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe trí chistiú an Aontais a dhíriú ar chuspóirí glasa. Leis an Rialachán seo, ba cheart go gcuirtear chun feidhme ceann de na tosaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal “An Comhaontú Glas don Eoraip” agus is cuid é den Phlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe lena gcuirtear maoiniú tiomnaithe ar fáil faoin Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar na costais sóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a bhaineann leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus aeráid-neodrach, ina ndéantar aon astaíochtaí gás ceaptha teasa atá fágtha a chúiteamh le hionsúcháin choibhéseacha.
- (2) Tá an t-aistriú i dtreo geilleagar ciorclach agus aeráid-neodrach ar cheann de na cuspóirí beartais is tábhachtaí atá ag an Aontas. An 12 Nollaig 2019, rinne an Chomhairle Eorpach formhuiniú ar an gcuspóir Aontas aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras. Cé go mbainfidh gach réigiún agus gach Ballstát leas as comhrac an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil san fhadtéarma agus go gcuirfidh sin deiseanna agus dúshlán ar fáil do chách sa mheántéarma, ní thosaíonn gach ceann acu ar a n-aistriú ón bpointe céanna agus níl an cumas freagartha céanna acu. Tá roinnt acu sin níos forbartha ná cinn eile, agus bíonn tionchar

⁽¹⁾ IO C 290, 1.9.2020, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 311, 18.9.2020, lch. 55 agus IO C 429, 11.12.2020, lch. 240.

⁽³⁾ IO C 324, 1.10.2020, lch. 74.

⁽⁴⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Bealtaine 2021 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus cinneadh na Comhairle an 7 Meitheamh 2021.

⁽⁵⁾ IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil níos leithne ag an aistriú ar na réigiúin sin a bhíonn ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise le haghaidh úsáid fuinnimh - go háirithe gual, lignít, móin agus sceall ola - nó ar thionscail atá dian ar gháis ceaptha teasa. I gcás den sórt sin, cruthaítear an baol go mbeidh aistriú ar luasanna éagsúla san Aontas i dtaca leis an ngníomhú ar son na haeráide, ach an baol freisin go dtiocfadh méadú ar na héagothromaíochtaí idir na réigiúin, rud a dhéanadh dochar do chuspóirí an chomhtháthaithe shóisialta, eacnamaíoch agus chríochnaigh.

- (3) Chun go n-éireoidh leis an aistriú agus chun go mbeidh sé inghlactha go sóisialta ag cách, ní mór dó a bheith cothrom agus cuimsitheach. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit agus dá gcuid réigiún na himpleachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a bheidh aige a chur san áireamh ón tús, agus leas a bhaint as gach ionstraim is féidir chun drochiarmhairtí a mhaolú. Tá ról tábhachtach ag buiséad an Aontais i ndáil leis sin.
- (4) Mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Phlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe, ba cheart an Sásra um Aistriú Cóir a bheith comhlántach do na gníomhaíochtaí eile faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile don tréimhse ó 2021 go 2027. Ba cheart dó rannchuidiú le dul i ngleic leis na hiarmhairtí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil, go háirithe d'oibríthe a ndéantar difear dóibh sa phróiseas a bhainfeadh leis an aistriú i dtreo Aontas aeráid-neodracht faoi 2050, tríd an gcaiteachas ó bhuiséad an Aontais ar chuspóirí aeráide agus sóisialta a thabhairt le chéile ar an leibhéal réigiúnach agus trí ardchaighdeán shóisialta agus comhshaoil a bheith mar aidhm leis.
- (5) Leis an Rialachán seo, ba cheart an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) a bhunú, ar chiste é atá ar cheann de cholúin de chuid an tSásra um Aistriú Cóir a chuirtear chun feidhme faoin mbeartas comhtháthaithe. Is iad na haidhmeanna atá ag CUAC maolú a dhéanamh ar dhrochiarmhairtí an aistrithe aeráide trí thacaíocht a thabhairt sna críocha is mó a n-imríonn siad tionchar orthu agus do na hoibríthe lena mbaineann agus aistriú cothrom socheacnamaíoch a chur chun cinn. I gcomhréir le cuspóirí sonracha amháin CUAC, ba cheart do na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC rannchuidiú go díreach chun laghdú a dhéanamh ar thionchar an aistrithe agus trí mhaolú a dhéanamh ar na hiarmhairtí diúltacha ar an bhfostaíocht agus trí mhaoiniú a dhéanamh ar éagsúlú agus nuachóiriú an gheilleagair áitiúil. Bunaítear an cuspóirí sonracha amháin CUAC ar an leibhéal céanna agus liostaítear é in éineacht leis na cuspóirí beartais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾.
- (6) Mar léiriú ar an gComhaontú Glas don Eoraip arb í straitéis fáis inbhuanaithe an Aontais agus ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, tá an Ciste um Aistriú Cóir ceaptha rannchuidiú le cuspóirí aeráide agus le hinbhuanaitheacht comhshaoil a phríomhshruthú agus le baint amach sprioc fhoriomlán 30 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a chaitheamh ar thacú le cuspóirí aeráide agus leis an uailmhian 7,5 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2024 agus 10 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, agus ag an am céanna aon fhorlú atá ann cheana idir na spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta a mheas. Is acmhainní breise iad na hacmhainní ó imchládach airgeadais CUAC féin a chuirtear leis na hinfeistíochtaí is gá chun an sprioc fhoriomlán go mbeadh 30 % den chaiteachas as buiséad an Aontais ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach. Ba cheart, trí bhíthin na hacmhainní sin, rannchuidiú go hiomlán leis an sprioc sin a bhaint amach mar aon trí bhíthin na hacmhainní arna n-aistriú ar bhonn deonach ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ agus ó Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾. Sa chomhthéacs seo, le CUAC, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramaítear caighdeán aeráide agus comhshaoil agus tosaíochtaí an Aontais agus nach ndéanann aon dochar suntasach leo do na cuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾, agus lena n-áirítear an t-aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, rud a chabhróidh le hAontas aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánphairtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Viosaí (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2021/1058 an 24 Meitheamh 2021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe (féach leathanach 60 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2021/1057 an 24 Meitheamh 2021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (féach leathanach 21 den Iris Oifigiúil seo)..

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

- (7) Ba cheart do na hacmhainní ó CUAC comhlánú a dhéanamh ar na hacmhainní a bheidh ar fáil faoin mbeartas comhtháthaithe.
- (8) Is dúshlán do na Ballstáit uile é an t-aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach. Beidh sé ina dhúshlán ar leith do na Ballstáit sin a bhíonn ag brath, nó a bhí ag brath go dtí le déanaí, go mór ar bhreoslaí iontaise nó ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha atá dian ar gháis ceaptha teasa ar gá deireadh a chur leo go céimnitheach nó ar gá iad a oiriúnú i ngeall ar an aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach agus nach bhfuil na hacmhainní airgeadais acu chun é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin ba cheart gach Ballstát a chumhdach le CUAC, ach ba cheart agus a acmhainní airgeadais á ndáileadh, díriú ar na críocha sin is mó a ndéanann próiseas an aistrithe aeráide difear dóibh, agus ba cheart don dháileadh sin léiriú a dhéanamh ar acmhainneacht na mBallstát na hinfheistíochtaí atá riachtanach chun déileáil leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach a mhaoiniú.
- (9) Tá feidhm ag rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de bhun Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ (“an Rialachán Airgeadais”) agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, duaiseanna cur chun feidhme indíreach, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus aisiocaíocht saineolaithe seachtracha agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin leis na rialacha arna nglacadh de bhun Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.
- (10) Chun úsáid éifeachtach acmhainní CUAC a áirithiú, ba cheart an rochtain ar CUAC a theorannú do 50 % den leithdháileadh náisiúnta do na Ballstáit sin nár thug gealltanais go fóill go gcuirfidh siad chun feidhme an cuspóir, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras Aontas aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050, leis an 50 % eile á chur ar fáil le haghaidh clársceidealaithe ach a nglacfar leis an ngealltanais sin. Chun cothroime a áirithiú agus chun go gcaithfear go comhionann leis na Ballstáit, i gcás nach bhfuil gealltanais tugtha ag Ballstát an cuspóir a chur chun feidhme Aontas aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050 faoin 31 Nollaig i mbliain ar bith ag tosú ó 2022, ba cheart an gealltanais buiséadach don bhliain roimhe sin a shaoradh ina iomláine an bhliain dár gcionn.
- (11) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ⁽¹¹⁾ agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní arna leithdháileadh ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta faoi CUAC a dhéanamh chun dul i ngleic le tionchar ghéarchéim COVID-19 nach raibh a leithéid ann riamh roimhe. Ba cheart na hacmhainní breise sin a úsáid sa chaoi go n-áiríteofar go gcomhlíonfar na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa Rialachán sin.
- (12) Leis an Rialachán seo, ba cheart cineálacha infheistíochtaí a shainaithint, a gceadófaí le CUAC tacú le caiteachas dá gcuid. Ba cheart gealltanais agus tosaíochtaí aeráide, comhshaoil agus sóisialta an Aontais a urramú go hiomlán agus gach gníomhaíocht dá dtugtar tacaíocht á saothrú. Ba cheart a áireamh ar liosta na n-infheistíochtaí cinn a thacaíonn le geilleagair áitiúla trína bpoitéinseal fáis inginiúil a spreagadh i gcomhréir leis na straitéisí speisialtóireachta cliste faoi seach, lena n-áirítear turasóireacht inbhuanaithe i gcás inarb iomchuí. Caithfidh infheistíochtaí a bheith inbhuanaithe san fhadtéarma, agus cuspóirí uile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip á gcur san áireamh. Ba cheart do na tionscail a dtugtar maoiniú dóibh rannchuidiú le haistriú go geilleagar inbhuanaithe, aeráid-neodrach agus ciorclach, lena n-áirítear bearta lena ndírítear ar éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú. Níor cheart tacaíocht a thabhairt don loscadh dramhaíola ós rud é go mbaineann an ghníomhaíocht seo leis an gcuid íochtair d’ordlathas an gheilleagair chiorclaigh dramhaíola. Ba cheart seirbhísí comhairliúcháin a chuireann le cur chun feidhme na mbearta a dtacaíonn CUAC leo a bheith incháilithe freisin. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann, tacú le hathnádúrúcháin láithreán, le forbairt bonneagair ghlais agus le bainistiú uisce mar chuid de thionscadal athchóiriúcháin talún. Agus tacaíocht á tabhairt do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, ba cheart, le CUAC, go bhféadfaí tacú le hinfheistíochtaí amhail iadsan a chuidíonn freisin leis an mbochtaineacht fuinnimh a laghdú, go príomha trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh stoic tithíochta. Le CUAC, ba cheart go bhféadfaí tacú freisin le forbairt teicneolaíochtaí nuálacha stórála.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

- (13) Chun na saoránaigh is leochailí ó thaobh an aistrithe aeráide de a chosaint, le CUAC, ba cheart uas-sciliú agus athsciliú, lena n-áirítear oiliúint, na n-oibríthe a n-imrítear tionchar orthu freisin, a chumhdach, gan beann ar cé acu atá siad fós fostaithe nó atá a bpost cailte acu mar gheall ar an aistriú. Le CUAC, ba cheart féachaint le cabhrú leo iad féin a chur in oiriúint do dheiseanna nua fostaíochta. Le CUAC, ba cheart aon chineál tacaíochta iomchuí a chur ar fáil freisin do chuardaitheoirí poist, lena n-áirítear cúnamh chun post a chuardach agus iad a chuimsiú go gníomhach sa mhargadh saothair. Ba cheart do gach cuardaitheoir poist a chaill a bpost in earnálacha a ndéanann an t-aistriú difear dóibh i réigiún atá clúdaithe leis an bplean críochach um aistriú cóir a bheith incháilithe tacaíocht a fháil ó CUAC fiú mura bhfuil na hoibríthe a briseadh as a bpost ina gcónaí sa réigiún sin. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar shaoránaigh atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, go háirithe agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh á gcur chun feidhme le haghaidh dálaí tithíochta sóisialta feabhsaithe.
- (14) Ba cheart tacaíocht do ghníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus an chuimsithe shóisialta a cheadú agus tacaíocht do bhonneagar sóisialta chun críocha saoráidí cúraim leanaí agus seandaoine agus in ionaid oiliúna chomh maith agus ar choinníoll go bhfuil údar iomchuí leis na gníomhaíochtaí sin sna pleananna críochacha um aistriú cóir. I gcás cúram scothaosta, ba cheart an prionsabal maidir le cur chun cinn cúraim phobalbhunaithe a chaomhnú. D'fhéadfadh seirbhísí sóisialta agus poiblí sna réimsí sin an meascán infheistíochta a thabhairt chun críche. Ba cheart údar cuí sna pleananna críochacha um aistriú cóir a bheith ag teastáil maidir le tacaíocht ar bith a sholáthrófar sna réimsí sin agus ba cheart don tacaíocht sin cloí le cuspóirí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.
- (15) Chun aghaidh a thabhairt ar staid agus ról sonrath na mban san aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach, ba cheart comhionannas inscne a chur chun cinn. Tá ról tábhachtach ag rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus ag an bhfiontraíocht, mar aon le pá comhionann, chun comhionannas deiseanna a áirithiú. Le CUAC, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha atá thíos go díréireach le drochéifeachtaí an aistrithe, amhail oibríthe faoi mhíchumas. Ní mór féiniúlacht na bpobal mianadóireachta a chaomhnú agus ní mór leanúnachas na bpobal a bhí ann san am a caitheadh agus na gcomhphobal a bheidh ann amach anseo a choimirciú. Is éard atá i gceist leis sin ná aird ar leith a thabhairt ar a n-oidhreacht mhianadóireachta inlámhsithe agus dolámhsithe, lena n-áirítear a gcultúr.
- (16) Chun feabhas a chur ar éagsúlú eacnamaíoch na gcríoch a n-imríonn an t-aistriú tionchar orthu, ba cheart, le CUAC, tacú le fiontair agus le geallsealbhóirí eacnamaíoch, lena n-áirítear trí thacú le hinfeistíochtaí táirgiúla i micreaghnothais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide ⁽¹²⁾ (FBManna). Ba cheart infheistíochtaí táirgiúla a thuiscint mar infheistíocht i gcaipiteal seasta nó sócmhainní neamhábhartha fiontar, d'fhonn earraí agus seirbhísí a tháirgeadh, rud a chuirfidh, dá bhrí sin, leis an oll-infeistíocht agus le fostaíocht. I gcás fiontair eile nach FBManna iad, níor cheart tacú le hinfeistíochtaí táirgiúla ach amháin má tá siad riachtanach chun cailteanais post a bhíonn ann mar thoradh ar an aistriú a mhaolú, trí líon suntasach post a chruthú nó a chosaint, agus nach mbeidh athlonnú ann mar thoradh orthu ná dá mbarr. Ba cheart infheistíochtaí i saoráidí tionsclaíoch a atá ann cheana, lena n-áirítear iad sin a chumhdaítear faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh, a cheadú má rannchuidíonn siad leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050 agus má théann siad cuid mhaith faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don leithdháileadh saor in aisce faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ agus má dhéantar líon suntasach post a chosaint mar thoradh orthu. Ba cheart aon infheistíocht den sórt sin a chuí-reasúnú dá réir sa phlean críochach um aistriú cóir ábhartha. Chun sláine an mhargaidh inmheánaigh agus an bheartais comhtháthaithe a chosaint, ba cheart don tacaíocht do ghnóthais rialacha an Aontais maidir le státchabhair mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 CFAE a chomhlíonadh agus, go háirithe, ba cheart tacaíocht d'infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad a bheith teoranta d'fhiontair atá lonnaithe i limistéir atá ainmnithe mar limistéir fóirithinte chun críocha phointí (a) agus (c) d'Airteagal 107(3) CFAE.
- (17) Chun solúbthacht a sholáthar le haghaidh clársceidealú acmhainní CUAC faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis, ba cheart é a bheith indéanta clár neamhspleách CUAC a ullmhú nó acmhainní CUAC a chlársceidealú i dtosaíocht thiomnaithe amháin nó níos mó laistigh de chlár a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ nó ón gCiste Comhtháthaithe. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, d'fhéadfaí acmhainní CUAC a threisiú ar bhonn deonach le cistiú comhlántach ó CFRE agus ó CSE+. I gcás den sórt sin, ba cheart do na méideanna faoi seach a aistrítear ó CFRE agus ó CSE+ a bheith ag teacht leis na cineálacha oibríochtaí a leagtar amach sna pleananna críochacha um aistriú cóir.

⁽¹²⁾ Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micreaghnothais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁽¹³⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

- (18) Ba cheart cur chun feidhme éifeachtach ar phróiseas aistrithe i gcríoch sonracha chun geilleagar aeráid-neodrach a bhaint amach a bheith ina choinníoll le haghaidh tacaíocht CUAC. Ar an ábhar sin, ba cheart do na Ballstáit pleananna críochacha um aistriú cóir a ullmhú, in idirphlé sóisialta agus i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, i gcomhréir le foráil ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060 um chomhpháirtíocht, agus le tacaíocht ón gCoimisiún, ina leagtar amach mionsonraí an phróisis aistrithe, ag teacht lena bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún Ardán um Aistriú Cóir a chur ar bun, a chuirfeadh leis an ardán atá ann cheana féin le haghaidh na réigiún guail atá i mbun aistrithe, le gur féidir malartuithe taithe déthaobhacha agus iltaobhacha a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar na dea-chleachtais, thar gach earnáil a ndéantar difear di. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh bardais agus cathracha rannpháirteach i gcur chun feidhme acmhainní CUAC agus go gcuirfead a riachtanais san áireamh sa chomhthéacs sin.
- (19) Sna pleananna críochacha um aistriú cóir, ba cheart na críocha ina mbeidh an tionchar is diúltaí a shainiú, críocha ar cheart tacaíocht CUAC a dhírú orthu, agus tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí sonracha atá le déanamh chun spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus aeráid agus geilleagar aeráid-neodrach san Aontas a bhaint amach faoi 2050, go háirithe a mhéid a bhaineann le saoráidí ina bhfuil táirgeadh breoslaí iontaise nó gníomhaíochtaí eile atá dian ar gháis ceaptha teasa ar siúl a thiontú nó a dhúnadh. Ba cheart na críocha sin a bheith sainithe go beacht agus ag freagairt do leibhéal 3 den aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh ("réigiún NUTS leibhéal 3"), arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁴⁾, nó a bheith ina gcodanna díobh. Ba cheart dúshlán agus riachtanais na gcríoch sin a leagan amach sna pleananna, agus rioscaí ó thaobh dídhaonraithe de á gcur san áireamh, agus na cineálacha oibríochtaí atá de dhíth chun rannchuidiú le poist a chruthú ar leibhéal tairbhíthe an phlean a shainiú agus ar dhóigh a áiríteoidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí eacnamaíocha a fhorbairt ar bhonn comhleánach atá ag teacht leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach san Aontas agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip freisin. I gcás ina sainiúitear na críocha sin, ba cheart aird bhreise a thabhairt ar shainiúlachtaí oileán, limistéir oileánacha agus na réigiún is forimeallaí a bhféadfadh go dteastódh, mar thoradh ar na saintréithe geografacha agus socheacnamaíocha, cur chuige difriúil ina leith chun tacú le próiseas an aistrithe i dtreo geilleagar aeráid-neodrach. Níor cheart ach d'infheistíochtaí atá i gcomhréir leis na pleananna críochacha um aistriú cóir tacaíocht airgeadais a fháil ó CUAC. Ba cheart do na pleananna críochacha um aistriú cóir a bheith mar chuid de na cláir, de réir an cháis, a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe nó ó CUAC, atá formheasta ag an gCoimisiún.
- (20) Chun úsáid acmhainní CUAC a fheabhsú ionas go mbeidh siad dírithe níos mó ar thorthaí, ba cheart don Choimisiún, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a bheith in ann ceartúcháin airgeadais a chur i bhfeidhm i gcás drochfheidhmíocht thromchúiseach ó thaobh na spriocanna arna mbunú le haghaidh chuspóirí sonracha CUAC a chomhlíonadh.
- (21) Chun creat airgeadais iomchuí a leagan amach le haghaidh CUAC, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnadh ar an gCoimisiún chun an miondealú bliantúil ar na hacmhainní atá ar fáil de réir an Bhallstáit a leagan amach.
- (22) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon tacaíocht a thabhairt do dhaoine, do gheilleagar agus do chomhshaol na gcríoch sin a bhfuil claochlú eacnamaíoch agus sóisialta ó bhonn rompu chun aistriú go geilleagar aeráid-neodrach, a ghnóthú go leordhóthanach mar gheall ar na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus ar chúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla, agus mar gheall ar an teorainn ar acmhainní airgeadais na mBallstát agus na gcríoch, agus, de bharr an gá le creat cur chun feidhme comhsheasmhach lena gcumhdaítear roinnt cistí de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht chomhroinnte; gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (23) I bhfianaise ghlacadh an Rialacháin seo tar éis thús na tréimhse clársceidealaithe, agus ag cur san áireamh gur gá CUAC a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe agus comhchuíbhíthe, agus chun go bhféadfar é a chur chun feidhme go pras, ba cheart dó teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

⁽¹⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) chun tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine, do gheilleagair agus do chomhshaol na gcúige sin a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha rompu a eascraíonn as an bpróiseas aistriúcháin i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus aeráid a shainítear i bpointe (11) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁵⁾ agus geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050.

Leagtar síos leis cuspóir sonracha CUAC, an cumhdach geografach agus na hacmhainní a bhaineann leis, raon feidhme na tacaíochta a thugtar leis maidir leis an sprioc Infheistíochta le haghaidh post agus fáis dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(2) den Rialachán (AE) 2021/1060, chomh maith le forálacha sonracha maidir le clársceidealú agus na tascáir is gá chun faireachán a dhéanamh.

Airteagal 2

Cuspóir sonracha

I gcomhréir leis an dara fómhír d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, rannchuideoidh CUAC leis an gcuspóir sonracha aonair maidir le réigiúin agus daoine a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, fostaíochta, eacnamaíochta agus chomhshaoil an aistriúcháin i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus aeráid agus geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050, bunaithe ar Chomhaontú Pháras.

Airteagal 3

Cumhdach geografach agus acmhainní faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis

1. Tacófar le CUAC leis an sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis sna Ballstáit uile.
2. Is é EUR 7 500 000 000 i bpraghsanna 2018 a bheidh ar fáil sa ghealltanas buiséadach don tréimhse 2021-2027 sna hacmhainní do CUAC faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis faoi mar a bhunaítear i bpointe (g) d'Airteagal 110(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.
3. Féadfar na hacmhainní dá dtagraítear i mír 2 a mhéadú, de réir mar a bheidh, le hacmhainní breise a leithdháilfear i mbuiséad an Aontais, agus le hacmhainní eile i gcomhréir leis an mbunghníomh is infheidhme.
4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach an miondealú bliantúil ar acmhainní atá ar fáil, lena n-áirítear aon acmhainní breise dá dtagraítear i mír 3, de réir an Bhallstáit i gcomhréir leis na leithdháiltí a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 4

Acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

1. Déanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2020/2094 a chur chun feidhme faoin Rialachán seo le méid EUR 10 000 000 000 i bpraghsanna 2018 dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 109(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus faoi réir Airteagal 3(3), (4), (7) agus (9) de Rialachán (AE) 2020/2094.

⁽¹⁵⁾ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

Measfar gur acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Rialachán seo é an méid sin. De réir mar a fhoráiltear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094, is éard a bheidh sa mhéid sin ioncam sannta seachtrach chun críoch Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais.

2. Cuirfear an méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar fáil le haghaidh gealltanais buiséadach faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fais do na blianta 2021 go 2023, de bhreis ar na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 3, mar a leanas:

- 2021: EUR 2 000 000 000;
- 2022: EUR 4 000 000 000;
- 2023: EUR 4 000 000 000.

Méid de EUR 15 600 000 i bpraghsanna 2018 a gcuirfear ar fáil le haghaidh caiteachas riaracháin ó na hacmhainní dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

3. Déanfar an miondealú bliantúil ar an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo de réir an Bhallstáit a chumhdach sa Chinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 3(4) i gcomhréir leis na leithdháiltí a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

4. De mhaolú ar Airteagal 14(3) den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm ag na rialacha saortha a leagtar amach i gCaibidil IV de Theideal VII de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir leis na gealltanais bhuiséadacha a bheidh bunaithe ar acmhainní dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. De mhaolú ar phointe (c) d'Airteagal 12(4) den Rialachán Airgeadais, ní úsáidfeadh na hacmhainní sin le haghaidh clár nó gníomhaíocht a bheidh ann ina dhiaidh sin.

5. Breacfar na híocaíochtaí sa ghealltanais is túisce a bheidh oscailte de CUAC, ag tosú ar dtús leis na gealltanais ó na hacmhainní dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 go dtí go mbeidh siad ídithe.

Airteagal 5

An Sásra Luaíochta Ghlais

1. Más rud é, de bhun Airteagal 3(3), go méadófar ar na hacmhainní do CUAC roimh an 31 Nollaig 2024, leithdháilfear na hacmhainní breise ar na Ballstáit ar bhonn na sciaranna náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Más rud é, de bhun Airteagal 3(3) den Rialachán seo, go méadófar ar na hacmhainní do CUAC tar éis an 31 Nollaig 2024, leithdháilfear na hacmhainní breise ar na Ballstáit i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos sa dara fhomhír den mhír seo, ar bhonn an athraithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a saoráidí tionsclaíoch sa tréimhse ón mbliain 2018 go dtí an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, arna dtuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾. Déanfar an t-athrú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa gach Ballstáit a ríomh trí astaíochtaí gás ceaptha teasa na réigiúin leibhéal NUTS 3 sin a saináithníodh sna pleananna críochacha um aistriú cóir, agus sna réigiúin sin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Rialachán seo.

Déanfar leithdháileadh acmhainní breise do gach Ballstát a chinneadh i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- (a) i gcás Ballstáit ar éirigh leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, déanfar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhain gach Ballstát amach a ríomh trí leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa sa bhliain tagartha is déanaí a shloinneadh mar chéatadán de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a tugadh faoi deara in 2018; i gcás Ballstáit nár éirigh leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, socrófar an céatadán sin ag 100 %.
- (b) déanfar sciar deiridh gach Ballstáit a ríomh trí na sciaranna náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a roinnt ar na céatadáin a thagann as pointe (a); agus
- (c) déanfar toradh an ríomha faoi phointe (b) a athscálú chun suimiú suas go dtí 100 %.

⁽¹⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le bunú Clár Eorpach um Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán agus lena leasaítear Treoir 91/689/CEE agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).

3. Déanfaidh na Ballstáit na hacmhainní breise a áireamh ina gcláir agus tíolacfaidh siad leasú cláir i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Airteagal 6

Leithdháiltí sonracha le haghaidh na réigiún is forimeallaí agus na n-oileán

Agus a bpleananna críochacha um aistriú cóir á n-ullmhú acu i gcomhréir le hAirteagal 11(1), tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar staid na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha thromchúiseacha acu a eascraíonn as an bpróiseas aistrithe i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus aeráid agus geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050, ag féachaint dá riachtanais shonracha mar a aithnítear iad in Airteagal 174 agus in Airteagal 349 CFAE.

Agus na críocha sin á gcur san áireamh ina bpleananna críochacha um aistriú cóir, leagfaidh na Ballstáit amach an méid sonrach a leithdháilfear do na críocha sin mar aon leis an mbonn cirt comhfhreagrach, agus dúshláin shonracha na gríoch seo á gcur san áireamh acu.

Airteagal 7

Rochtain choinníollach ar acmhainní

1. I gcás nach mbeidh gealltanais tugtha ag Ballstát an cuspóir a chur chun feidhme Aontas aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050, ní dhéanfar ach 50 % de na leithdháiltí bliantúla don Bhallstát sin a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 3(4) agus 4(3) a chur ar fáil le haghaidh clársceidealaithe agus a áireamh sna tosaíochtaí.

De mhaolú ar Airteagal 10(1) den Rialachán seo, ní dhéanfar an 50 % atá fágtha de na leithdháiltí bliantúla a áireamh sna tosaíochtaí. Sna cásanna sin, ní áireofar sna cláir a fhaigheann tacaíocht ó CUAC agus a thíolacfar i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/1060 ach 50 % de leithdháiltí bliantúla CUAC sa tábla dá dtagraítear i bpointe (g)(ii) d'Airteagal 22(3) den Rialachán sin. Sa tábla dá dtagraítear i bpointe (g)(i) d'Airteagal 22(3) den Rialachán sin, déanfar na leithdháiltí atá ar fáil le haghaidh clársceidealaithe agus na leithdháiltí nach ndéanfar a chlársceidealú a shainaithint ar leithligh.

2. Ní fhorhmeasfaidh an Coimisiún cláir ina bhfuil tosaíocht CUAC, nó aon leasú air, ach amháin i gcás ina n-urramófar na ceanglais a leagtar amach sa chuid sin a bhaineann leis an leithdháileadh clársceidealaithe i gcomhréir le mír 1.

3. A luaithe a bheidh gealltanais tugtha ag Ballstáit an cuspóir a chur chun feidhme Aontas aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050, féadfaidh sé iarraidh a thíolacadh go ndéanfar gach clár a fhaigheann tacaíocht ó CUAC a leasú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus na leithdháiltí neamh-chlársceidealaithe nár saoradh a chur san áireamh.

4. Déanfar gealltanais bhuiséadacha ar bhonn an tábla dá dtagraítear i bpointe (g)(i) d'Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2021/1060. Ní dhéanfar na gealltanais a bhaineann leis na leithdháiltí neamh-chlársceidealaithe a úsáid le haghaidh íocaíochtaí agus ní chuirfear san áireamh iad sa bhonn do ríomh an réamh-mhaoiniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 90 den Rialachán sin go dtí go gcuirfear ar fáil iad le haghaidh clársceidealaithe i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.

De mhaolú ar Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/1060, in éagmais ghealltanais an Bhallstáit an cuspóir a chur chun feidhme Aontas aeráid-neodrach a bhaint amach faoi 2050 faoin 31 Nollaig in aon bhliain faoi leith, ag tosú ó 2022, déanfar gealltanais bhuiséadacha don bhliain roimhe sin a bhaineann le leithdháiltí neamhchlársceidealaithe a shaoradh ina n-iomláine an bhliain dár gcionn.

Airteagal 8

Raon feidhme na tacaíochta

1. Ní thabharfar tacaíocht le CUAC ach amháin do ghníomhaíochtaí atá nasctha go díreach lena chuspóir sonracha faoi mar a leagtar amach in Airteagal 2 agus a chuireann le cur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 11.

2. I gcomhréir le mír 1, tabharfar tacaíocht eisiach le CUAC do na gníomhaíochtaí seo a leanas:
- (a) infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear micrifhiontair agus gnólachtaí nuathionscanta, a mbeidh éagsúlú eacnamaíoch, nuachóiriú agus ath-chomhshó mar thoradh orthu;
 - (b) infheistíochtaí i gcruthú gnólachtaí nua, lena n-áirítear trí ghorlanna gnó agus seirbhísí comhairliúcháin, a mbeidh cruthú post mar thoradh air;
 - (c) infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear arna ndéanamh ag ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde poiblí, agus chun aistriú teicneolaíochtaí nua a chothú;
 - (d) infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus i gcórais agus bonneagar le haghaidh fuinneamh glan inacmhainne, lena n-áirítear teicneolaíochtaí stórála hidrigine, agus le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú;
 - (e) infheistíochtaí san fhuinneamh inathnuaite i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾, lena n-áirítear na critéir inbhuaíne a leagtar amach sa Treoir sin, agus san éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú;
 - (f) infheistíochtaí sa tsoghluasteacht áitiúil chliste agus inbhuanaithe, lena n-áirítear dícharbónú na hearnála iompair áitiúil agus an bhonneagair a bhaineann léi;
 - (g) athshlánú agus uasghrádú na líonraí téimh ceantair d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras téimh ceantair agus infheistíochtaí i dtáirgeadh teasa ar choinníoll go ndéantar na suiteálacha táirgthe teasa a sholáthar go heisiach le foinsí fuinnimh inathnuaite;
 - (h) infheistíochtaí i ndigiteáil, nuálaíocht dhigiteach agus i nascacht dhigiteach;
 - (i) infheistíochtaí in athghiniúint agus i ndí-éilliú láithreán athfhorbraíochta, in athchóiriú talún agus lena n-áirítear, i gcás inar gá, i dtionscadail bonneagair ghlais agus athrú cuspóra, agus aird á tabhairt ar an bprionsabal “íoc mar a thruaillítear”;
 - (j) infheistíochtaí i bhfeabhsú an gheilleagair chiorclaigh, lena n-áirítear trí dhramhaíl a chosc, laghdú, éifeachtúlacht acmhainní, athúsáid, deisiú, agus athchúrsáil;
 - (k) uas-sciliú agus athsciliú oibrithe agus cuardaitheoirí poist;
 - (l) cúnaimh i gcuardach poist do chuardaitheoirí poist;
 - (m) cuimsiú gníomhach na gcuardaitheoirí poist;
 - (n) cúnaimh teicniúil;
 - (o) gníomhaíochtaí eile i réimsí an oideachais agus an chuimsithe shóisialta lena n-áirítear, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, infheistíochtaí i mbonneagar chun críoch ionad oiliúna, saoráidí cúraim leanaí agus daoine scothaosta mar a léirítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir i gcomhréir le hAirteagal 11.

Ina theannta sin, féadfar, le CUAC, tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, i limistéir atá ainmnithe mar limistéir fóirithinte chun críocha pointí (a) agus (c) d'Airteagal 107(3) CFAE, ar choinníoll go bhfuil na hinfeistíochtaí sin formheasta mar chuid den phlean críochach um aistriú cóir bunaithe ar an bhfaisnéis atá riachtanach faoi phointe (h) d'Airteagal 11(2) den Rialachán seo. Ní bheidh na hinfeistíochtaí sin incháilithe ach amháin i gcás ina mbeidh gá leo chun an phlean críochach um aistriú cóir a chur chun feidhme, ina rannchuideoidh siad leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach san Aontais faoi 2050 agus le spriocanna comhshaoil gaolmhara a bhaint amach, i gcás ina mbeidh gá lena dtacaíocht chun poist a chruthú sa chríoch a shaináithneofar agus nach mbeidh athshocrú mar thoradh orthu mar a shaináithneofar i bpointe (27) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Le CUAC, féadfar tacú freisin le hinfeistíochtaí chun astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú i ngníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ar choinníoll go bhfuil na hinfeistíochtaí sin formheasta mar chuid den phlean críochach um aistriú cóir bunaithe ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi phointe (i) d'Airteagal 11(2) den Rialachán seo. Ní bheidh na hinfeistíochtaí sin incháilithe ach amháin má tá gá leo chun an phlean críochach um aistriú cóir a chur chun feidhme.

Airteagal 9

Eisiamh ón raon feidhme tacaíochta

Ní thacóidh CUAC leis an méid seo a leanas:

⁽¹⁷⁾ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

- (a) díchoimisiúnú nó tógáil cumhachtstáisiún núicléach;
- (b) monarú, próiseáil agus margú tobac agus táirgí tobac;
- (c) gnóthas atá i gcruachás faoi mar a shainítear i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ⁽¹⁸⁾, mura n-údaráítear dó faoi rialacha sealadacha Státchabhrach a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla nó faoi chabhair *de minimis* chun tacú le hinfheistíochtaí chun costais fuinnimh a laghdú i gcomhthéacs an phróisis aistrithe fuinnimh;
- (d) infheistíocht a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, iompar, dáileadh, stóráil nó dóchán na mbreoslaí iontaise.

Airteagal 10

Clársceidealú acmhainní CUAC

1. Déanfar acmhainní CUAC a chlársceidealú i gcomhair na gcatagóirí réigiúin ina bhfuil na críocha lena mbaineann, ar bhonn na bpleananna críochacha um aistriú cóir arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 11 agus arna bhformheas ag an gCoimisiún mar chuid de chlár nó de leasú ar chlár. Beidh na hacmhainní arna gclársceidealú i bhfoirm cláir shonraigh amháin nó níos mó nó i bhfoirm tosaíochta amháin nó níos mó laistigh de chlár.

Ní dhéanfaidh an Coimisiún clár nó aon leasú air a fhorghnó, ach i gcás ina bhfuil údar cuí le sainathint na gcríoch is mó atá faoi thionchar diúltach ag próiseas an aistrithe, atá sa phlean ábhartha críochach um aistriú cóir, agus go bhfuil an plan ábhartha críochach um aistriú cóir ag teacht le plan comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Is éard a bheidh i dtosaíocht nó i dtosaíochtaí CUAC cuid nó iomlán acmhainní CUAC a leithdháiltear ar na Ballstáit agus na hacmhainní a aistrítear i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/1060. Ní rachaidh iomlán acmhainní CFRE agus CSE+ a aistrefar chuig CUAC thar thrí oiread mhéid na tacaíochta ó CUAC chuig an tosaíocht sin cé is moite de na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 4(1) den Rialachán seo.

3. I gcomhréir le hAirteagal 112 de Rialachán (AE) 2021/1060, ní bheidh an ráta cómhaoinithe, ar ráta é is infheidhme don réigiún ina bhfuil an chríoch nó na críocha a shainithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán seo, don tosaíocht nó do na tosaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC os cionn:

- (a) 85 % le haghaidh réigiúin lagfhorbartha;
- (b) 70 % le haghaidh réigiúin trasdula;
- (c) 50 % le haghaidh réigiúin níos forbartha.

Airteagal 11

Pleananna críochacha um aistriú cóir

1. Ullmhóidh na Ballstáit, i gcomhar le húdaráis ábhartha áitiúla agus réigiúnacha na gcríoch lena mbaineann, plan críochach um aistriú cóir amháin nó níos mó a chumhdaíonn críoch amháin nó níos mó a ndéanann sé difear dóibh, a chomhfhreagraíonn do réigiúin NUTS leibhéal 3, nó codanna díobh, i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Beidh na críocha sin ar na cinn is mó a bheidh faoi thionchar diúltach, bunaithe ar na torthaí eacnamaíocha agus sóisialta de dheasca an aistrithe, go háirithe maidir leis an oiriúnú measta oibrithe nó cailteanas measta post i dtáirgeadh agus úsáid breoslaí iontaise agus na riachtanais maidir le claochlú ó bhonn ar phróisis táirgthe na saoráidí tionsclaíocha sin a bhfuil an déine gás ceaptha teasa is airde acu.

⁽¹⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

2. Beidh na gnéithe seo a leanas in aon phlean críochach um aistriú cóir:
 - (a) tuairisc ar an bpróiseas aistrithe ar an leibhéal náisiúnta i dtreo geilleagar aeráid-neodrach, lena n-áirítear amlíne le haghaidh céimeanna aistrithe tábhachtacha i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus aeráid agus geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050, atá comhsheasmhach leis an leagan is déanaí den phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide;
 - (b) údar cuí le críocha a shainaithint a bheith faoin tionchar is diúltaí de dheasca an phróisis aistrithe dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo agus atá le tacaíocht a fháil ó CUAC, i gcomhréir le mír 1;
 - (c) measúnú ar dhúshlán an aistrithe atá ann do na críocha a sainaithníodh mar na críocha is mó a bheidh faoi thionchar diúltach, lena n-áirítear tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil an aistrithe i dtreo geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050, ina sainaithnítear líon na bpost a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus líon na bpost a d'fhéadfadh cailleadh, na rioscaí dídhonraithe, agus na riachtanais agus na cuspóirí forbartha, atá le baint amach faoi 2030 agus nasctha le claochlú ó bhonn nó le dúnadh na ngníomhaíochtaí atá dian ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa de sna críocha sin;
 - (d) tuairisc ar rannchuidiú measta na tacaíochta CUAC maidir le dul i ngleic le tionchair shóisialta, dhéimeagrafacha, eacnamaíocha, sláinte agus chomhshaoil an aistrithe i dtreo geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050, lena n-áirítear an rannchuidiú measta i dtéarmaí cruthú agus caomhnú post;
 - (e) measúnú ar a chomhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna ábhartha náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha eile;
 - (f) tuairisc ar shásraí rialachais ina bhfuil socruithe comhpháirtíochta, na bearta faireacháin agus meastóireachta atá pleanáilte agus na comhlachtaí freagracha;
 - (g) tuairisc ar na cineálacha oibríochtaí atá beartaithe agus an rannchuidiú a bhfuiltear ag súil leis uathu chun tionchar an aistrithe a laghdú;
 - (h) i gcás ina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'infheistíochtaí táirgiúla i bhfiontair nach FBManna iad, liosta tásach na n-oibríochtaí agus na bhfiontar atá le tacú agus cuí-réasúnú ar an ngá atá le tacaíocht den sórt sin trí anailís ar bhearnaí ina léirítear go rachadh na cailleanais post a d'fhéadadh a bheith ann thar líon na bpost a chruthófaí in éagmais na hinfeistíochta sin;
 - (i) i gcás ina bhfuil tacaíocht le cur ar fáil d'infheistíochtaí chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, liosta de na hoibríochtaí a bhfuiltear chun tacú leo agus cuí-réasúnú go gcuirfeadh siad leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach agus go mbeadh laghdú suntasach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a rachadh i bhfad faoi na tagarmharcanna ábhartha a bhunaítear don saor-leithdháileadh faoi Threoir 2003/87/CE mar thoradh orthu agus ar choinníoll go bhfuil gá leis na hoibríochtaí chun líon suntasach post a chosaint;
 - (j) sineirgí agus comhlántachtaí le cláir ábhartha eile an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha shainaitheanta; agus
 - (k) sineirgí agus comhlántachtaí lena mbeartaítear tacaíocht a fháil ó cholúin eile an tSásra um Aistriú Cóir.
 3. Beidh na páirtithe ábhartha agus, i gcás inarb ábhartha, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta, rannpháirteach in ullmhú agus cur chun feidhme na bpleananna críochacha um aistriú cóir, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060.
 4. Beidh na pleananna críochacha um aistriú cóir comhsheasmhach leis na straitéisí ábhartha críochacha dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus le straitéisí ábhartha um speisialtóireacht chliste, leis na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.
- I gcás ina mbeidh gá le huasdhátú ar phlean críochach um aistriú cóir, de bharr athbhreithniú a dhéantar ar phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, déanfar an t-athbhreithniú sin mar chuid den athbhreithniú meántearma i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060.
5. I gcás inar mian le Ballstáit leas a bhaint as an bhféidearthacht atá ann tacaíocht a fháil faoi na colúin eile den Sásra um Aistriú Cóir, leagfar amach ina bplean críochach um aistriú cóir na hearnálacha agus na réimsí téamacha a bhfuil tacaíocht beartaithe ina leith faoi na colúin sin.

*Airteagal 12***Táscairí**

1. Bainfear úsáid as comhtháscairí aschuir agus toraidh, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus, i gcásanna cuí-reasúnaithe sa phlean críochach um aistriú cóir, táscairí aschuir agus toraidh atá clár-shonrach, i gcomhréir le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 16 (1), pointe (d)(ii) d'Airteagal 22(3) agus pointe (b) d'Airteagal 42 (2) de Rialachán (AE) 2021/1060.
2. Maidir le táscairí aschuir, socrófar na bonnlínte ag náid. Beidh na garspriocanna a shocraítear do 2024 agus na spriocanna a shocraítear do 2029 carnach. Ní dhéanfar athbhreithniú ar na spriocanna tar éis don iarraidh ar an leasú ar chlár a chur isteach de bhun Airteagal 18 (3) de Rialachán (AE) 2021/1060 a bheith formheasta ag an gCoimisiún.
3. I gcás ina dtacaíonn tosaíocht CUAC leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (k), (l) nó (m) d'Airteagal 8(2), ní dhéanfar sonraí na dtáscairí a tharchur ach amháin má bhíonn na sonraí uile a bhaineann leis an rannpháirtí sin, a cheanglaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn III, ar fáil.

*Airteagal 13***Ceartuithe airgeadais**

Bunaithe ar scrúdú ar thuarascáil deiridh ar fheidhmíocht an chláir, féadfaidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 104 de Rialachán (AE) 2021/1060 i gcás ina mbaintear amach níos lú ná 65 % den sprioc a leagtar amach do cheann amháin nó níos mó de na táscairí aschuir.

Beidh na ceartuithe airgeadais i gcomhréir leis an méid a baineadh amach agus ní dhéanfar iad a chur i bhfeidhm i gcás inar ann don mhainneachtain spriocanna a bhaint amach i ngeall ar an tionchar atá ag imthosca socheacnamaíocha nó comhshaoil, i ngeall ar athruithe suntasacha i ndálaí eacnamaíocha nó comhshaoil sa Bhallstát lena mbaineann nó i ngeall ar chúiseanna *force majeure* a dhéanann difear mór do chur chun feidhme na dtosaíochtaí lena mbaineann.

*Airteagal 14***Athbhreithniú**

Faoi 30 Meitheamh 2025, athbhreithneoidh an Coimisiún cur chun feidhme CUAC a bhaineann leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 2, agus na hathruithe a bhféadfaí a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2020/852 agus cuspóirí an Aontais maidir leis an athrú aeráide a leagtar amach i Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaithear an creat chun aeráid-neodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("an Dlí Aeráide Eorpach"), agus an forás i gcur chun feidhme an Phlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe á gcur san áireamh. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a bhféadfadh tograí reachtacha a bheith ag gabháil leo.

*Airteagal 15***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN I

LEITHDHÁILTÍ DE RÉIR AN BHALSTÁIT

	Leithdháiltí ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh	Leithdháiltí ó acmhainní CAI	Leithdháiltí Iomlána	Sciar na mBallstát ón iomlán
An Bheilg	95	71	166	0,95 %
An Bhulgáir	673	505	1 178	6,73 %
An tSeicia	853	640	1 493	8,53 %
An Danmhairg	46	35	81	0,46 %
An Ghearmáin	1 288	966	2 254	12,88 %
An Eastóin	184	138	322	1,84 %
Éire	44	33	77	0,44 %
An Ghréig	431	324	755	4,31 %
An Spáinn	452	339	790	4,52 %
An Fhrainc	535	402	937	5,35 %
An Chróit	97	72	169	0,97 %
An Iodáil	535	401	937	5,35 %
An Chipir	53	39	92	0,53 %
An Laitvia	100	75	174	1,00 %
An Liotuáin	142	107	249	1,42 %
Lucsamburg	5	4	8	0,05 %
An Ungáir	136	102	237	1,36 %
Málta	12	9	21	0,12 %
An Ísiltír	324	243	567	3,24 %
An Ostair	71	53	124	0,71 %
An Pholainn	2 000	1 500	3 500	20,00 %
An Phortaingéil	116	87	204	1,16 %
An Rómáin	1 112	834	1 947	11,12 %
An tSlóivéin	134	101	235	1,34 %
An tSlóvaic	239	179	418	2,39 %
An Fhionlainn	242	182	424	2,42 %
An tSualainn	81	61	142	0,81 %
AE 27	10 000	7 500	17 500	100,00 %

Leithdháiltí in EUR milliún, i bpragsanna 2018 agus roimh asbhaintí le haghaidh cúnamh teicniúil agus caiteachas riaracháin (mar gheall ar shlánú aníos nó anuas, d'fhéadfadh sé nach réitíonn na suimeanna iomlána le chéile)

IARSCRÍBHINN II

TEIMPLÉAD LE HAGHAIDH PLEANANNA CRÍOCHACHA UM AISTRIÚ CÓIR

1. Leagan amach an phróisis aistrithe agus sainaitheint na gcríoch ina mbeidh an tionchar is diúltaí laistigh den Bhallstát

Réimse téacs [12000]

Tagairt: pointe (a) d'Airteagal 11(2)

1.1. Leagan amach an phróisis aistrithe a bhfuiltear ag súil leis i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus aeráid agus geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí na bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus pleananna críochacha eile atá ann cheana maille le hamhlíne chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí amháil mianadóireacht ghuaile agus ligníte nó táirgeadh leictreachais gualbhreoslaithe nó na gníomhaíochtaí sin a laghdú

Tagairt: pointe (b) d'Airteagal 11(2)

1.2. Sainaitheint na gcríoch a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh an tionchar is diúltaí iontu agus bonn cirt a thabhairt don rogha sin leis an meastachán comhfhreagrach ar na tionchair eacnamaíocha agus fostaíochta bunaithe ar an leagan amach i Roinn 1.1

Tagairt: Airteagal 6

1.3. Na réigiúin agus na hoileáin is forimeallaí a bhfuil dúshlán shonracha acu sna críocha a liostaítear faoi Roinn 1.1 a shainaitheint agus na méideanna sonracha a leithdháileadh ar na críocha sin agus údar cúí sonracha ag gabháil leo

2. Measúnú ar na dúshlán i dtaca leis an aistriú, le haghaidh gach ceann de na críocha arna sainaitheint

- 2.1. Measúnú ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ag an aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach san Aontas faoi 2050

Tagairt: pointe (c) d'Airteagal 11(2)

Réimse téacs [12000]

Sainaithint na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na n-earnálacha tionsclaíocha a n-imreofar tionchar orthu, ina ndéantar idirdhealú idir:

- earnálacha atá ag dul i léig, a bhfuiltear ag súil leis go dtiocfaidh deireadh leo nó go dtiocfaidh laghdú suntasach ar a ngníomhaíochtaí de bharr an aistrithe, agus amlíne chomhfhreagrach san áireamh;
- earnálacha ina bhfuil claochlú ó bhonn ag tarlú, a bhfuiltear ag súil leis go dtiocfaidh clochlú ó bhonn ar a ngníomhaíochtaí, a bpróisis agus a n-aschuir.

I gcomhair gach ceann den dá chineál earnálacha:

- na caillteanais post agus na riachtanais i ndáil le hathcháiliú a bhfuiltear ag súil leo, agus réamhaisnéis scileanna á gcur san áireamh;
- an cumas féideartha éagsúlaithe eacnamaíoch agus deiseanna forbartha.

2.2. Riachtanais forbartha agus cuspóirí faoi 2030 d'fhonn geilleagar aeráid-neodrach san Aontas a bhaint amach faoi 2050

Tagairt: pointe (d) d'Airteagal 11(2)

Réimse téacs [6000]

- Riachtanais forbartha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an aistrithe;
- Cuspóirí agus torthaí a bhfuiltear ag súil leo trí thosaíocht CUAC a chur chun feidhme, lena n-áirítear an rannchuidiú measta i dtéarmaí cruthú agus caomhnú post.

2.3. Comhsheasmhacht le straitéisí agus pleananna ábhartha náisiúnta, réigiúnacha nó críochacha eile

Tagairt: pointe (e) d'Airteagal 11(2)

Réimse téacs [6000]

- Straitéisí um speisialtóireacht chliste;
- Straitéisí críochacha dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2021/...;
- Pleananna forbartha réigiúnacha nó náisiúnta eile.

2.4. Na cineálacha oibríochtaí atá beartaithe

Réimse téacs [12000]

Tagairt: pointe (g) d'Airteagal 11(2)

- an cineál oibríochtaí atá beartaithe agus an méid a mheastar a rannchuideoidh siad chun tionchar an aistrithe a mhaolú

Tagairt: pointe (h) d'Airteagal 11(2)

Le líonadh isteach má thugtar tacaíocht d'infheistíochtaí táirgiúla in eagraíochtaí nach FBManna iad, agus sa chás sin amháin:

- liosta tásach de na hoibríochtaí agus fiontair atá le tacú agus i gcás gach ceann acu, údar cuí leis an ngá atá le tacaíocht den sórt sin trí anailís ar bhearnaí a léiríonn go mbeadh líon na gcaillteanas post a bhfuiltear ag súil leo níos mó ná líon na bpost a bhfuiltear ag súil go gcruthófaí in éagmais na hinfeistíochta sin

Nuashonraigh nó líon isteach an roinn seo tríd an athbhreithniú ar phleananna críocha um aistriú cóir, ag brath ar an gcinneadh tacaíocht mar sin a chur ar fáil.

Tagairt: pointe (i) d'Airteagal 11(2);

Le líonadh má thugtar tacaíocht d'infheistíochtaí chun an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a bhaint amach, agus sa chás sin amháin:

- liosta d'oibríochtaí a dtabharfar tacaíocht dóibh agus cuí-réasúnú go rannchuidíonn siad leis an aistriú i dtreo geilleagar aeráid-neodrach agus go mbeidh laghduithe suntasacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh leo a rachaidh go substaintiúil faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha arna mbunú don leithdháileadh saor in aisce faoi Threoir 2003/87/CE agus ar choinníoll go bhfuil siad riachtanach chun líon suntasach post a chosaint

Nuashonraigh nó líon isteach an roinn seo tríd an athbhreithniú ar phleananna críochacha um aistriú cóir, ag brath ar an gcinneadh tacaíocht mar sin a chur ar fáil.

Tagairt: pointe (j) d'Airteagal 11(2)

- sineirgí agus comhlántachtaí na n-oibríochtaí a bheartaítear le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais faoin sprioc "Infheistíocht le haghaidh post agus fáis" (lena dtacaítear leis an bpróiseas aistrithe), le hionstraimí maoiniúcháin eile (an Ciste um Nuachóiriú ar Thrádáil Astaíochtaí an Aontais) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha a sainaitníodh

Tagairt: pointe (k) d'Airteagal 11(2) agus d'Airteagal 11(5)

- sineirgí agus comhlántachtaí lena mbeartaítear tacaíocht a fháil ó cholúin eile an tSásra um Aistriú Cóir
- na hearnálacha agus na réimsí téamacha, a bheartaítear tacú leo faoi na colúin eile

COMHTHÁSCAIRÍ AISCHUIR AGUS COMHTHÁSCAIRÍ TORAIDH LE HAGHAIDH AN CHISTE UM AISTRIÚ CÓIR ⁽¹⁾

Comhtháscairí Aischiúir maidir leis an mBeartas Réigiúnach (RCO) agus Comhtháscairí Toraidh maidir leis an mBeartas Réigiúnach (RCR)	
Aschiúir	Torthaí
RCO 01 - Fiontair dá dtugtar tacaíocht (astu sin: micrifhiontair, fiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair mhóra) (*)	RCR 01 - Poist arna gcruthú in eintitis dá dtugtar tacaíocht RCR 102 – Poist arna gcruthú in eintitis dá dtugtar tacaíocht
RCO 02 - Fiontair dá dtugtar tacaíocht trí dheontais	RCR 02 - Infheistíochtaí príobháideacha ar chomh-mhéid le tacaíocht phoiblí (astu sin: deontais, ionstraimí airgeadais) (*)
RCO 03 - Fiontair dá dtugtar tacaíocht le hionstraimí airgeadais	RCR 03 – FBManna a thugann isteach nuálaíocht ó thaobh táirgí agus próiseas de
RCO 04 - Fiontair dá dtugtar tacaíocht neamhairgeadais	RCR 04 – FBManna a thugann nuálaíocht isteach ó thaobh margaióchta nó eagraíochta de
RCO 05 - Gnólachtaí nuathionscanta dá dtugtar tacaíocht	RCR 05 - FBManna atá i mbun nuálaíocht inmheánach
RCO 07 - Eagraíochtaí taighde atá rannpháirteach i dtionscadail taighde chomhpháirteacha	RCR 06 - Iarratais ar phaitinní a cuireadh isteach
RCO 10 - Fiontair a chomhoibríonn le heagraíochtaí taighde	RCR 29a – Astaíochtaí gás ceaptha teasa measta ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE i bhfiontair dá dtugtar tacaíocht
RCO 121 - Fiontair dá dtugtar tacaíocht chun an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a bhaint amach	
RCO 13 - Luach maidir le Seirbhísí agus táirgí digiteacha arna bhforbairt le haghaidh fiontar	RCR 11 - Úsáideoirí seirbhísí, táirgí agus próiseas digiteach poiblí nua agus uasghrádaithe RCR 12 - Úsáideoirí táirgí, seirbhísí, táirgí agus próiseas digiteach nua agus uasghrádaithe arna bhforbairt ag fiontair
RCO 15 - Acmhainneacht ghoir arna cruthú	RCR 17 - Fiontair nua fós ar marthain sa mhargadh RCR 18 - FBManna a úsáideann seirbhísí goir bliain amháin tar éis an ghorlann a chruthú
RCO 101 – FBManna a dhéanann infheistiú i scileanna don speisialú cliste, don trasghabháil thionsclaíoch agus don fhiontraíocht	RCR 97 – Printíseachtaí dá dtugtar tacaíocht in FBManna RCR 98 – Foireann FBManna a chuireann Gairmoiliúint agus Gairmoideachas Leanúnach i gcrích (de réir an chineáil scile: scil theicniúil, bhainistíochta, fiontraíochta, ghlas, eile) (*)
RCO 18 – Teaghaisí ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe	RCR 26 – Príomhthomhaltas fuinnimh bliantúil (as sin: teaghaisí, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) (*)
RCO 19 – Foirgnimh phoiblí ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe	RCR 29 – Astaíochtaí gás ceaptha teasa measta
RCO 20 - Línte líonraí le haghaidh téamh agus fuarú ceantair a tógadh nó a feabhsaíodh le déanaí	
RCO 104 – Líon na n-aonad comhghiniúna ardéifeachtúil	

(¹) Ar chúiseanna a bhaineann leis an gcur i láthair, déantar na táscairí a ghrúpáil le go mbeidh sé níos éasca iad a chur le chéile leis na táscairí atá san áireamh i rialacháin ciste-shonracha eile.

RCO 22 - Acmhainneacht táirgeachta bhreise le haghaidh fuinneamh inathnuaite (as sin: leictreachas, fuinneamh teirmeach) (*)	RCR 31 - An fuinneamh inathnuaite iomlán arna tháirgeadh (as sin: leictreachas, fuinneamh teirmeach) (*) RCR 32 – Acmhainneacht oibríochtúil bhreise arna suiteáil don fhuinneamh inathnuaite
RCO 34 - Acmhainneacht bhreise le haghaidh athchúrsáil dramhaíola RCO 107 – Infheistíocht i saoráidí bailithe dramhaíola ar leithligh RCO 119 - Dramhaíl arna hullmhú le haghaidh athúsáide	RCR 47 - Dramhaíl arna hathchúrsáil RCR 48 - Dramhaíl arna hathchúrsáil arna húsáid mar amhábhair
RCO 36 - Bonneagar glás dá dtugtar tacaíocht chun críocha eile seachas oiriúnú don athrú aeráide RCO 38 - Achar dromchla na talún athshlánaithe dá dtugtar tacaíocht RCO 39 - Córais chun faireachán a dhéanamh ar thruaillíú aeir arna suiteáil	RCR 50 - An daonra a bhaineann tairbhe as bearta le haghaidh cháilíocht an aeir (**) RCR 52 - Talamh athshlánaithe arna úsáid le haghaidh limistéir ghlasa, tithíocht shóisialta, gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó úsáidí eile
RCO 55 - Fad na línte nua tram agus meitreo RCO 56 - Fad na línte atógtha nó nuachóirithe tram agus meitreo RCO 57 – Toilleadh an rothstoic atá neamhdhíobhálach don chomhshaol le haghaidh iompar poiblí RCO 58 - Bonneagar rothaíochta tiomnaithe dá dtugtar tacaíocht RCO 60 – Cathracha agus bailte ag a bhfuil córais dhigiteacha iompair uirbigh nua nó nuachóirithe	RCR 62 – Úsáideoirí bliantúla iompair phoiblí nua nó nuachóirithe RCR 63 - Úsáideoirí bliantúla línte nua nó nuachóirithe tram agus meitreo RCR 64 - Úsáideoirí bliantúla bonneagair rothaíochta tiomnaithe
RCO 61 – Dromchla saoráidí nua nó nuachóirithe le haghaidh seirbhísí fostaíochta	RCR 65 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí nua nó nuachóirithe le haghaidh seirbhísí fostaíochta
RCO 66 - Líon na leanaí sa seomra ranga i saoráidí cúraim leanaí nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht RCO 67 - Líon na leanaí sa seomra ranga i saoráidí oideachais nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht	RCR 70 - Úsáideoirí bliantúla saoráidí cúraim leanaí nua nó nuachóirithe RCR 71 - Úsáideoirí bliantúla saoráidí oideachais nua nó nuachóirithe
RCO 113 - Daonra arna chumhdach ag tionscdaí faoi chuimsiú gníomhaíochtaí comhtháite maidir le cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, teaghlach ar ioncam íseal agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste (**)	
RCO 69 - Líon na ndaoine i saoráidí cúraim sláinte nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht RCO 70 - Líon na ndaoine i saoráidí cúraim shóisialta nua nó nuachóirithe (seachas tithíocht) dá dtugtar tacaíocht	RCR 72 – Úsáideoirí bliantúla ríomhsheirbhísí cúraim sláinte nua nó nuachóirithe RCR 73 - Úsáideoirí bliantúla saoráidí cúraim sláinte nua nó nuachóirithe RCR 74 - Úsáideoirí bliantúla saoráidí cúraim shóisialta nua nó nuachóirithe

omhtháscairí Aischiúir maidir leis an mBeartas Réigiúnach (RCO) agus Comhtháscairí Toraidh maidir leis an mBeartas Réigiúnach (RCR) ⁽¹⁾ ⁽²⁾	
Aschiúir	Torthaí
RCO 01 - daoine dífhostaithe, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (**)	RRC 01 - rannpháirtithe atá ag lorg poist i ndiaidh na rannpháirtíochta (**)
RCO 02 - daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (**)	RRC 02 - rannpháirtithe in oideachas/oiliúint i ndiaidh na rannpháirtíochta (**)
RCO 03 - daoine neamhghníomhacha (**)	RRC 03 - rannpháirtithe a fuair cáilíocht ar fhágáil dóibh (**)
RCO 04 - daoine fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe (**)	RRC 04 - rannpháirtithe i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht, ar fhágáil dóibh (**)
RCO 05 - líon na bpáistí faoi bhun 18 mbliana d'aois (**)	
RCO 06 - daoine óga idir 16 agus 29 mbliana d'aois (**)	
RCO 07 - líon na rannpháirtithe atá 55 bliana d'aois nó os a chionn (**)	
RCO 08 - daoine a bhfuil oideachas meánscoile íochtaraí nó níos lú ná sin (ISCED 0-2) acu (**)	
RCO 09 - daoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí (ISCED 3) nó oideachas iar-mheánscoile (ISCED 4) acu (**)	
RCO 10 - daoine a bhfuil oideachas treasach (ISCED 5 nó 8) acu (**)	
RCO 11 - líon iomlán na rannpháirtithe ⁽³⁾	

(*) Miondealú nár iarradh le haghaidh clársceidealaithe ach amháin chun tuairisciú a dhéanamh.

(**) Na sonraí a thuairiscítear, is sonraí pearsanta iad de réir Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽¹⁾ Tá gach táscaire aschiúir agus toraidh a bhaineann le rannpháirtithe le tuairisciú.

⁽²⁾ Déanfar na sonraí pearsanta ar fad a mhiondealú de réir inscne (fireann/baineann – daoine neamh-dhénártha, de réir an dlí náisiúnta).
I gcás nach bhfuil torthaí áirithe indéanta, níl sé riachtanach sonraí na dtorthaí sin a bhailiú nó a thuairisciú.
I gcás inarb iomchuí, is féidir comhtháscairí aschiúir a thuairisciú bunaithe ar spriocghrúpa na hoibríochta.
Nuair a dhéantar sonraí a bhailiú ó chláranna nó ó foinsí coibhéiseacha, féadfaidh na Ballstáit sainmhíne na náisiúnta a úsáid.

⁽³⁾ Déanfar an táscaire seo a ríomh go huathoibríoch ar bhonn na gcomhtháscairí aschiúir a bhaineann leis an stádas fostaíochta.

**RIALACHÁN (AE) 2021/1057 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 24 Meitheamh 2021**

**lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE)
Uimh. 1296/2013**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagal 46, pointe (d), Airteagal 149, d'Airteagal 153(2), pointe (a), Airteagal 164, Airteagal 175, an tríú mír, agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 17 Samhain 2017, rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (an “Colún”) a fhógairt i gcomhpháirt le chéile, mar fhreagairt ar na dúshlán shóisialta atá san Eoraip. Tá 20 bunphrionsabal an Choluín agus tá siad roinnte i dtí chatagóir: comhdhiseanna agus rochtain ar an margadh saothair; dálaí oibre córa; cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta. Ba cheart 20 prionsabal an Choluín a bheith ina dtreoir do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Chun rannchuidiú le cur chun feidhme an Choluín, le CSE+ ba cheart tacú le hinfheistíochtaí i ndaoine agus i gcórais i réimsí beartais na fostaíochta, an oideachais agus an chuimsithe shóisialta agus, ar an gcaoi sin, tacú leis an gcomhtháthú eacnamaíoch, críochach agus sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).
- (2) Ar leibhéal an Aontais, is é an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch (an “Seimeastar Eorpach”) an creat a úsáidtear chun tosaíochtaí náisiúnta athchóiriúcháin a shainaitheint agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí sin. Ceapann na Ballstáit a gcuid straitéisí infheistíochta ilbhliantúla náisiúnta féin sa dóigh is go dtacaíonn siad le cur chun feidhme na dtosaíochtaí athchóiriúcháin sin. Ba cheart na straitéisí sin a chur i láthair in éineacht leis na cláir náisiúnta bhliantúla um athchóiriú mar bhealach chun na tionscadail infheistíochta tosaíochta, a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh nó cistiú an Aontais nó le cistiú náisiúnta a achoimriú agus a chomhordú.

Ba cheart go mbeadh siad ina gcabhair, freisin, chun cistiú an Aontais a úsáid ar dhóigh chomhleanúnach agus chun a oiread tairbhe is féidir a bhaint as breisluach na tacaíochta airgeadais atá le fáil, faoi na cláir a dtacaíonn an tAontas leo, i gcás inarb ábhartha, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe, a leagtar amach a gcuspóirí sonracha agus raon feidhme a dtacaíochta i Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, faoi CSE+, faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) arna bhunú le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ agus faoi Chlár InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ (Clár InvestEU).

⁽¹⁾ IO C 429, 11.12.2020, lch. 245.

⁽²⁾ IO C 86, 7.3.2019, lch. 84.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2019 (IO C 411, 27.11.2020, lch. 324) agus cinneadh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 27 Bealtaine 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/1058. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe (Féach leathanach 60 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

- (3) Glacadh treoirlínte athbheithnithe maidir le beartais fostaíochta na mBallstát trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/1512 ón gComhairle (7). Tá téacs na dtreoirlínte sin ailínithe le prionsabail an Choluín, d'fhonn iomaíochas na hEorpa a neartú agus d'fhonn gurb áit níos fearr í don infheistíocht, ó thaobh poist a chruthú agus an comhtháthú sóisialta a chothú. Chun ailíniú iomlán CSE+ le cuspóirí na dtreoirlínte sin a áirithiú, go háirithe a fhad a bhaineann le fostaíocht, oideachas, oiliúint agus comhrac an eisiaimh shóisialta, na bochtaineachta agus an idirdhealaithe, le CSE + ba cheart tacú leis na Ballstáit, agus aird á tabhairt ar na treoirlínte comhtháite ábhartha agus na moltaí tírshonracha ábhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 121(2) agus Airteagal 148 (2) agus (4) CFAE agus, i gcás inarb iomchuí, ar na cláir náisiúnta um athchóiriú a bhfuil straitéisí náisiúnta mar bhonn taca leo. Ina theannta sin, le CSE+ ba cheart rannchuidiú le gnéithe ábhartha de chur chun feidhme príomhthionscnamh agus príomhghníomhaíochtaí an Aontais, go háirithe na teachtaireachtaí ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2016 dar teideal *A new Skills Agenda for Europe* [an Clár Oibre nua Scileanna don Eoraip] agus an 30 Meán Fómhair 2020 dar teideal *European Education Area* [an Limistéar Eorpach Oideachais] agus an 7 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A Union of Equality: EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation* [Aontas Comhionannais: creat straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach] chomh maith leis na moltaí ón gComhairle an 15 Feabhra 2016 dar teideal *the integration of the long-term unemployed into the labour market* [daoine atá dífhostaithe go factéarmach a chomhtháthú sa mhargadh saothair] agus an 19 Nollaig 2016 dar teideal *Upskilling Pathways* [Conairí Uas-Scilithe], an 30 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *A bridge to jobs – reinforcing the youth guarantee* [Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú] agus an 12 Márta 2021 dar teideal *Roma equality, inclusion and participation* [comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach].
- (4) An 20 Meitheamh 2017, ghlac an Chomhairle conclúidí dar teideal *A sustainable European future: the EU response to the 2030 Agenda for Sustainable Development* [Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais do chlár oibre 2030 todhchaí inbhuanaithe don Eoraip]. Chuir an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i ngach ceann de na trí ghné (an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta, agus an ghné chomhshaoil) ar dhóigh chothrom chomhtháite. Tá sé rithábachtach an fhorbairt inbhuanaithe a phríomhshruthú i réimsí beartais uile an Aontais, idir réimsí inmheánacha agus seachtracha, agus an tAontas a bheith uailmhianach ó thaobh na mbeartas atá aige chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Samhain 2016 dar teideal *Next steps for a sustainable European future* [Na chéad chéimeanna eile i dtreo todhchaí inbhuanaithe don Eoraip] dar dáta sa mhéid is gur céadchéim é i dtreo príomhshruthú Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe (NA) agus i dtreophrionsabal treorach sár-riachtanach a dhéanamh den fhorbairt inbhuanaithe do bheartais uile an Aontais, a chuid ionstraimí airgeadais san áireamh. Le CSE+, ba cheart rannchuidiú le cur chun feidhme SDGanna NA trí, *inter alia*, chineálacha fíorbhochtaineachta a dhíothú (SDG 1); oideachas ardcháilíochta agus cuimsitheach a chur chun cinn (SDG 4); comhionannas inscne a chur chun cinn (SDG 5); fás eacnamaíoch marthanach, cuimsitheach agus inbhuanaithe, fostaíocht iomlán tháirgiúil agus chuibhiúil do chách a chur chun cinn (SDG 8); agus neamhionannas a laghdú (SDG 10).
- (5) De bharr forbairtí a tháinig chun cinn le déanaí agus atá ar siúl faoi láthair, mhéadaigh na dúshlán struchtúracha atá ag eascairt as an domhandú eacnamaíoch, as neamhionannais shóisialta, as bainistiú sreabh imirce agus as an méadú ar an mbagairt slándála, as an aistriú go fuinneamh glan, as an athrú teicneolaíoch, as an meath déimeagrafach, as dífhostaíocht go ginearálta agus dífhostaíocht i measc na hóige go háirithe, agus as an méadú ar dhul in aois an lucht saothair chomh maith le dúshlán a eascraíonn as an méadú ar na neamhréireanna idir éileamh agus soláthar scileanna agus saothair i roinnt earnálacha agus réigiún, rud atá ag cur as d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go háirithe. Tíocfaidh cuid mhór deiseanna nua as an aistriú glas agus as an aistriú digiteach agus as claochlú éiceachórais thionsclaíoch na hEorpa má bhíonn an tacar ceart scileanna, fostaíochta agus beartais agus bearta sóisialta ag gabháil leo. I bhfianaise na n-athruithe atá ag teacht ar an saol oibre, ba cheart don Aontas a bheith ullamh do na dúshlán atá ann cheana agus do na dúshlán atá le teacht trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna ábhartha, san oideachas, san oiliúint agus san fhoghlaim ar feadh an tsaol tríd an bhfás a dhéanamh níos cuimsithí agus trí fheabhas a chur ar an bhfostaíocht agus ar bheartais shóisialta agus, san am céanna, inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus thionsclaíoch agus soghluaisteach an lucht saothair á gcur san áireamh aige agus ag díriú ar chothromaíocht idir na hinscní sa mhargadh saothair a bhunú.
- (6) Le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (8), bunaítear an creat gníomhaíochta do CFRE, CSE+, Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (9), CEMID, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTL), an Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) agus don Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, agus leagtar síos ann, go háirithe, na cuspóirí beartais agus na rialacha a bhaineann le clárceidealú, faireachán agus meastóireacht, bainistiú agus rialú cistí an Aontais arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, cuspóirí ginearálta CSE+ a shonrú, agus forálacha sonracha a leagan síos maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí a fheadfaidh CSE+ a mhaoiniú.

(7) Cinneadh (AE) 2020/1512 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát (IO L 344, 19.10.2020, lch. 22).

(8) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Bhainistiú Teorainneacha agus do Bheartas Víosáí (Féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

(9) Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (Féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

- (7) Le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ (an “Rialachán Airgeadais”) leagtar síos rialacha maidir le buiséad ginearálta an Aontais (Buiséad an Aontais) a chur chun feidhme, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, bainistíocht indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnaimh airgeadais agus aisíocaíocht a dhéanamh le saineolaithe seachtracha. Féadfar cómhaoiniú i gcomhair deontas a sholáthar ó acmhainní dílse an tairbhí, ó ioncam a gineadh leis an tionscadal nó ó ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe. Chun cur chun feidhme clár cistiúcháin an Aontais a fheabhsú ó thaobh comhsheasmhacht de, tá feidhm le bheith ag an Rialachán Airgeadais maidir leis na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach faoi CSE+.
- (8) Foirmeacha chistiú an Aontais agus na modhanna cur chun feidhme a úsáidfeadh faoin Rialachán seo, is ar bhonn a fhónta atá siad ó thaobh cuspóirí sonracha na gníomhaíochta a bhaint amach agus torthaí a thabhairt ba cheart iad a roghnú, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chostais rialuithe, ar an ualach riaracháin, agus ar an riosca neamhchomhlíontachta a mheastar a bheith ann. I gcás deontas, ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, as rátaí comhréidhe agus costas aonad, agus as maoiniúchán nach mbaineann le costais, dá dtagraítear in Airteagal 125(1), pointe (a), den Rialachán Airgeadais. Chun bearta a chur chun feidhme a bhaineann le lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír, agus i gcomhréir le hAirteagal 94 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh an Coimisiún aisíocaíocht a dhéanamh leis na Ballstáit agus roghanna costais simplithe á n-úsáid aige chuige sin, lena n-áirítear cnapshuimeanna.
- (9) Chun cistiú a chuíchóiriú agus a shimpliú agus breis deiseanna le haghaidh sineirgí a chothú trí chineálacha cur chuige a chomhtháthú i leith an chistiúcháin, ba cheart na gníomhaíochtaí a rabhtas ag tacú leo leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾, agus le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ a chomhtháthú in CSE+. Ba cheart, dá bhrí sin, dhá shraith a bheith in CSE+: an tsraith atá faoi bhainistíocht roinnte (an tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte), arna cur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte agus an tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (sraith EaSI) a bheidh le cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach. Ba cheart go rannchuideodh sin leis an ualach riaracháin a bhaineann le bainistiú cistí éagsúla a laghdú, go háirithe i gcás na mBallstát agus na dtairbhíthe agus, san am céanna, rialacha simplí a choinneáil le haghaidh oibríochtaí simplí ar nós bia agus/nó cúnaimh ábhartha bunúsach a dháileadh.
- (10) Ós rud é go bhfuil raon feidhme níos leithne ag CSE+, maidir leis na haidhmeanna atá ann, eadhon cur le héifeachtacht na margáí saothair, rochtain chomhionann ar fhostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn, an rochtain chomhionann ar an oideachas agus ar an oiliúint agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú chun cuidiú le lánpháirtiú sna córais oideachais, an cuimsiú sóisialta agus an rochtain atá ag daoine leochaileacha ar chúram sláinte a chur chun cinn, rannchuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú, is iomchuí na haidhmeanna sin a chur chun feidhme, ní hamháin le bainistíocht roinnte faoi shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte ach, lena chois sin, le haghaidh bearta a bhfuil gá leo ar leibhéal an Aontais faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach shraith EaSI.
- (11) Leis an Rialachán seo, leagtar síos imchlúdach airgeadais do thréimhse iomlán CSE+ , arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 17 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020, idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo tabhairt isteach acmhainní dílse nua ⁽¹³⁾, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Ba cheart a shonrú ann an leithdháileadh don tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte agus an leithdháileadh le haghaidh gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach faoi shraith EaSI.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (“EaSI”) agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 238).

⁽¹³⁾ IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

- (12) D'fhonn cur chun feidhme chuspóirí sonracha agus oibríochtúla shraith EaSI a éascú, le CSE+ ba cheart tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le cúnaimh teicniúil agus riaracháin, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta agus, san am céanna, ba cheart gníomhaíochtaí cumarsáide agus craobhscaoilte a bheith ina gcuid de na gníomhaíochtaí atá incháilithe faoi shraith EaSI.
- (13) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CSE+ an fhostaíocht a chur chun cinn trí bhíthin idirghabhálacha gníomhacha a dhéanamh chun daoine a lánpháirtiú nó a ath-lánpháirtiú sa mhargadh saothair, go háirithe daoine óga trí chur chun feidhme na ráthaíochta don aos óg atreisithe, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, grúpaí faoi mhíbhuntáiste ar an margadh saothair agus daoine neamhghníomhacha, agus trí bhíthin féinfhostaíocht agus geilleagar sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CSE+ feabhas a chur ar fheidhmiú na margáí saothair trí thacú le nuachóirí institiúidí margaidh saothair ar nós na seirbhísí fostaíochta poiblí, chun méadú a dhéanamh ar chumas na seirbhísí sin dianchomhairleoireacht spriocdhírthe agus treoraíocht a thabhairt do dhaoine le linn dóibh a bheith ag cuardach poist agus le linn an aistrithe chun fostaíochta, agus chun soghluaisteacht oibrithe a fheabhsú. Le CSE+, ba cheart rannpháirtíocht sa mhargadh saothair atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn le bearta darb aidhm, *inter alia*, dálaí oibre comhionanna, cothromaíocht oibre agus saoil níos fearr agus rochtain níos fearr ar chúram leanaí, an cúram agus an t-oideachas luath-óige san áireamh, a áirithiú. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CSE+, freisin, timpeallacht oibre fholláin dea-oiriúnaithe a sholáthar chun dul i ngleic le rioscaí sláinte arb iad athruithe ar dhóigheanna oibre is cúis leo agus chun riar ar riachtanais dhul in aois an lucht saothair.
- (14) Ba cheart CSE+ a úsáid chun tacú le feabhas a chur ar cháilíocht, cuimsitheacht, éifeachtacht agus ábharthacht na gcóras oideachais agus oiliúna don mhargadh saothair, lena n-áirítear tríd an bhfoghlaim dhigiteach a chur chun cinn, an fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, forbairt ghairmiúil ball foirne teagaisc a chur chun cinn chun foghlaim príomhinniúlachtaí a éascú, go háirithe litearthacht sláinte, litearthacht na meán, scileanna fiontraíochta, scileanna teanga, scileanna digiteacha agus inniúlachtaí le haghaidh na forbartha inbhuanaithe a bhfuil gá ag gach duine leo le haghaidh sásamh agus forbairt phearsanta, fostaíochta, cuimsiú sóisialta agus saoránacht ghníomhach. Le CSE+, ba cheart cuidiú le dul chun cinn laistigh den oideachas agus den oiliúint agus san aistriú go hobair, chun tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus leis an infhostaitheacht d'fhonn rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí a éascú do chách, agus cur le hiomaíocht, lena n-áirítear trí rianú céimithe agus cur le nuálaíocht sochaí agus eacnamaíoch trí thacú le tionscnaimh inscálaithe inbhuanaithe sna réimsí sin ar féidir iad a oiriúnú do spriocghrúpaí éagsúla, ar nós daoine faoi mhíchumas. D'fhéadfaí cúnaimh agus tacaíocht den sórt sin a bhaint amach, mar shampla, trí bhíthin foghlaim ar líne, oiliúint san obair, tréimhsí oiliúna déchórais oideachais agus oiliúna, agus printíseachtaí mar a shainítear sa Mholadh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeán agus Éifeachtacha, treoraíocht ar feadh an tsaoil, oirchill scileanna i ndlúthchomhar leis an earnáil tionsclaíochta, ábhair oiliúna agus modhanna seachadta cothrom le dáta, tuar agus rianú céimithe, oiliúint oideachasóirí, bailíochtú torthaí foghlama agus aithint cáilíochtaí agus deimhnithe tionscailbhunaithe.
- (15) Ba cheart an tacaíocht ó CSE+ a úsáid chun rochtain chomhionann do chách a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta neamh-idirdheighilte chuimsitheach, ó oideachas agus cúram luath-óige, agus aird ar leith á tabhairt do leanaí ag teacht ó chúlra faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, trí bhíthin oideachas ginearálta agus gairmoideachas agus gairmoiliúint, printíseachtaí go háirithe, go dtí an t-oideachas tríú leibhéal agus trí bhíthin oideachas agus foghlaim d'aosaigh, lena n-áirítear trí spórt agus gníomhaíochtaí cultúir. Le CSE+, ba cheart tacaíocht spriocdhírthe a thabhairt d'fhoghlaimoírí a dteastaíonn cúnaimh uathu agus neamhionannais oideachais a laghdú, lena n-áirítear an deighilt dhigiteach, luathfhágáil na scoile a chosc agus a laghdú, tréscailteacht a chothú idir an earnáil oideachais agus an earnáil oiliúna, naisc le foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a dhaingniú agus soghluaisteacht foghlama do chách agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a éascú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tacú le sineirgí le Erasmus+ arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁴⁾, go háirithe chun rannpháirtíocht foghlaimoírí faoi mhíbhuntáiste sa tsoghluaisteacht foghlama a éascú.

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear "Erasmus+": Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

- (16) Le CSE+, ba cheart deiseanna solúbtha a chur chun cinn ar uasghrádú scileanna agus foghlaim scileanna nua agus scileanna éagsúla do chách, go háirithe scileanna fiontraíochta agus digiteacha agus scileanna le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí cumúsúcháin, agus scileanna le haghaidh an gheilleagair ghlais agus éiceachórais thionsclaíocha i gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip]. I gcomhréir leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le Conairí Breisoiliúna ⁽¹⁵⁾, le CSE+, ba cheart tacú le conairí solúbtha, lena n-áirítear sprioc-oiliúint ghearr mhodhúil as a ngnóthófar creidiúintí, d'fhonn scileanna a thabhairt do dhaoine a bheidh oiriúnaithe do riachtanais an mhargaidh saothair agus na n-éiceachóras tionsclaíoch, don aistriú glas agus don aistriú digiteach, don nuálaíocht agus don athrú sóisialta agus eacnamaíoch, d'éascú athscilithe agus uas-scilithe, d'aistrithe gairmréime, don tsoghluasteacht gheografach agus earnálach agus chun tacú go háirithe le daoine ar bheagán scileanna agus cáilíochtaí agus daoine faoi mhíchumas. Chomh maith leis sin, le CSE+, ba cheart é a dhéanamh níos éasca tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair i dtaca le scileanna comhtháthaithe, lena n-áirítear daoine fostaithe, féinhostaithe agus dífhostaithe, le hionstraimí amhail cuntais foghlama daoine aonair.
- (17) Le sineirgí le Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾ (Fís Eorpach), ba cheart a áirithiú go bhféadfaí le CSE+ curaclaim nuálacha a dtacaíonn Fís Eorpach leo a phríomhshruthú agus a mhéadú ó thaobh scála chun na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá do phoist an ama atá le teacht a thabhairt do dhaoine.
- (18) Le CSE+, ba cheart tacú le hiarrachtaí na mBallstát rannchuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú d'fhonn timthriall an mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin a bhriseadh agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí chomhionannas deiseanna a áirithiú do chách, bacainní a laghdú, dul i ngleic leis an idirdhealú agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sláinte. Le tacaíocht den sórt sin, tugtar le tuiscint go gcaithfear raon beartas a chur i bhfeidhm lena ndíreofar ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste gan beann ar ghnéas, gnéaschlaonadh, aois, reiligiún nó creideamh, bunús ciníoch nó eitneach, go háirithe pobail imeallaithe amhail na Romaigh, daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil galair ainsealacha orthu, daoine gan dídean, leanaí agus daoine scothaosta. Le CSE+, ba cheart cuimsiú gníomhach daoine atá i bhfad amach ón margadh saothair a chur chun cinn, d'fhonn a lánpháirtiú socheacnamaíoch a chinntiú. Ba cheart, freisin, CSE+ a úsáid chun méadú a dhéanamh ar rochtain thráthúil, chothrom ar sheirbhísí inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta lena gcuirtear chun cinn rochtain ar thithíocht agus cúram duinelárnaithe amhail cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, go háirithe seirbhísí teaghlaigh agus seirbhísí pobalbhunaithe. Le CSE+, ba cheart rannchuidiú le nuachóiriú na gcóras cosanta sóisialta ag díriú go háirithe ar leanaí agus ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus d'fhonn, go háirithe, inrochtaineacht na gcóras sin a chur chun cinn, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas.
- (19) Le CSE+, ba cheart rannchuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú trí thacaíocht a thabhairt do scéimeanna náisiúnta arb é is aidhm dóibh díth bia agus díth ábhartha a mhaolú agus lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta agus lánpháirtiú na ndaoine is díothaí a chur chun cinn. Agus é mar aidhm fhoriomlán go dtacóidh, ar leibhéal an Aontais, íosmhéid 4 % d'acmhainní ón tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte leis na daoine is díothaí, ba cheart do na Ballstáit 3 % ar a laghad dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha bochtaineachta is mó a dtagann eisiaimh sóisialta díobh, amhail easpa dídine, bochtaineacht leanaí agus díth bia. Níor cheart go ngabfadh soláthar bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach do na daoine is díothaí ionad na sochar sóisialta atá ann cheana agus a sholáthraítear dóibh faoi na córais shóisialta náisiúnta nó de bhun an dlí náisiúnta. I ngeall ar chineál na n-oibríochtaí agus ar shaghas na bhfaighteoirí deiridh, tá sé riachtanach rialacha níos simplí a bheith i bhfeidhm maidir le tacaíocht arb é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha na ndaoine is díothaí.
- (20) De bhrí gur gá i gcónaí feabhas a chur ar na hiarrachtaí a dhéantar sreabha imirce a bhainistiú san Aontas trí chéile agus chun a áirithiú go bhfuil an tacaíocht a thugtar do na hiarrachtaí ar dhlúthpháirtiú agus ar chomhroinnt freagrachtaí comhleanúnach, tréan agus comhsheasmhach, le CSE+, ba cheart tacaíocht a thabhairt chun lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a chur chun cinn, lena n-áirítear imircigh, agus féadfar tionscnaimh ar leibhéal áitiúil a bheith san áireamh leo, ar dhóigh atá comhlántach leis na gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi CTIL, CFRE agus cistí eile Aontais ar féidir leo tionchar dearfach a imirt ar chuimsiú náisiúnach tríú tír.

⁽¹⁵⁾ Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Breisoiliúna: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta (IO C 484, 24.12.2016, lch. 1).

⁽¹⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtiú agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

- (21) De bharr a thábhachtaí atá an rochtain ar chúram sláinte, le CSE+, ba cheart sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú le Clár EU4Health, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾ agus ba cheart rochtain ar chúram sláinte do dhaoine i gcásanna leochaileacha a bheith ina cuid de raon feidhme CSE+.
- (22) Le CSE+, ba cheart tacú le hathchóirithe ar bheartais agus ar chórais i réimsí na fostaíochta, an chuimsithe shóisialta, na rochtana ar chúram sláinte do dhaoine leochaileacha agus an chúraim fhadtéarmaigh, an oideachais agus na hoiliúna, rud a rannchuideodh leis an mbochtaineacht a dhíothú. Chun an t-ailíniú leis an Seimeastar Eorpach a dhlúthú, ba cheart do na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte a chur in áirithe chun moltaí tírshonracha ábhartha a chur chun feidhme a bhaineann le dúshlán struchtúracha arb iomchuí aghaidh a thabhairt orthu le hinfheistíochtaí ilbhliantúla a thagann faoi raon feidhme CSE+, agus an Colún, Scórchlár Sóisialta na dtáscairí arna n-athbhreithniú tar éis ghlacadh na gcuspóirí nua a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta don Cholún Sóisialta, agus sainiúlachtaí réigiúnacha á gcur san áireamh.

Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhleanúnachas, comhordú agus comhlántacht a áirithiú idir sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte agus cistí, cláir agus ionstraimí eile an Aontais amháil CUAC, CFRE, Clár EU4Health, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾, CEMID, Erasmus+, CTIL, Fís Eorpach, CETFT, an Clár don Eoraip Dhigiteach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁰⁾ Clár InvestEU, Clár Eoraip na Cruthaitheachta arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²¹⁾, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²²⁾ agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil arna bunú le Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾.

Go háirithe, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, i ngach céim den phróiseas, comhordú éifeachtach a áirithiú chun comhsheasmhacht, comhleanúnachas, comhlántacht agus sineirge a chosaint i measc foinsí cistiúcháin, lena n-áirítear cúnaimh teicniúil ó na foinsí sin.

- (23) Trí thacaíocht a thabhairt do na cuspóirí sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo, *inter alia*, trí rannchuidiú leis an gcuspóir beartais “Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear chun feidhme Colún Eorpach na gCeart Sóisialta” faoi mar a thagraítear dó i Rialachán (AE) 2021/1060, leanfaidh CSE+ de bheith ag rannchuidiú le straitéisí forbartha críochoaí agus áitiúla chun an Colún a chur chun feidhme. Le CSE+, rannchuidítear leis na huirlisí a leagtar amach in Airteagal 28 den Rialachán sin agus, ar an gcaoi sin, rannchuidítear freisin le cuspóir beartais 5 “Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite an uile chineál críoch agus tionscnamh áitiúil a chothú” faoi mar a thagraítear dó i Rialachán (AE) 2021/1060, a sheachadadh, lena n-áirítear trí bhearta maidir le laghdú na bochtaineachta agus an cuimsiú sóisialta, lena gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí na réigiún uirbeach, tuaithe agus cósta á gcur san áireamh d'fhonn dul i ngleic leis na neamhionannais shocheacnamaíochta i gcathracha agus i réigiúin.
- (24) Chun a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar ghné shóisialta na hEorpa, faoi mar a leagtar amach é sa Cholún, agus go ndéofar íosmhéid acmhainní orthu sin is mó atá ar an anás, ba cheart do na Ballstáit 25 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+ ón tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte a leithdháileadh ar chothú an chuimsithe shóisialta.

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte (“Clár EU4Health”) don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

⁽¹⁸⁾ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

⁽¹⁹⁾ Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48).

⁽²⁰⁾ Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1).

⁽²¹⁾ Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 34).

⁽²²⁾ Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (IO L 202, 8.6.2021, lch. 32).

⁽²³⁾ Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (IO L 57, 18.2.2021, lch. 1).

- (25) Chun aghaidh a thabhairt ar leibhéal bhochtaineacht na leanaí san Aontas, a leanann de bheith ard, agus i gcomhréir le prionsabal 11 den Chólún, ina ndeirtear go bhfuil an ceart ag leanaí ar chosaint ar an mbochtaineacht, agus go bhfuil cearta ag leanaí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste ar bhearta sonracha chun combhionannas deiseanna a fheabhsú, ba cheart do na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní de shraith CSE+ faoi bhainistíocht roinnte a chlársceidealú do chur chun feidhme na Rátháíochta don Leanbh do ghníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar bhochtaineacht leanaí i gcomhréir le cuspóirí sonracha CSE+ lena féidir acmhainní a chlársceidealú i dtreo gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht dhíreach do rochtain chothrom leanaí ar chúram leanaí, oideachas, cúram sláinte, tithíocht chuibhiúil agus cothú leordhóthanach. Ba cheart do na Ballstáit sin ag a raibh an meánráta leanaí faoi bhun 18 mbliana a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta don tréimhse idir 2017 agus 2019 os cionn mheán an Aontais don tréimhse chéanna, ar bhonn shonraí Eurostat, 5 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí thuasluaite. Ba cheart oibriochtaí lena gcuirtear leis an gceanglas sin maidir le díriú téamach a chur san áireamh i dtreo an cheanglais maidir le díriú téamach 25 % don chuimsiú sóisialta nuair a dhéantar iad a chlársceidealú faoi na cuspóirí sonracha ábhartha.
- (26) Chun go n-éascófar téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach tar éis géarchéim mhór, agus chun go dtacófar le fostaíocht le haghaidh daoine óga i saol oibre atá ag athrú agus ós rud é go bhfuil ardleibhéal dífhostaíochta agus neamhghníomhaíochta i gcónaí ann do dhaoine óga i roinnt Ballstát agus réigiún, is gá do na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní CSE+ a infheistiú i mbearta chun tacú le fostaíocht agus scileanna le haghaidh daoine óga, lena n-áirítear trí scéimeanna faoin Rátháíocht don Aos Óg. Agus iad ag obair ar bhonn na ngníomhaíochtaí a bhfuil an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg ag tacú leo le linn chlárthréimhse 2014 go 2020 faoi Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁴⁾ atá dírithe ar dhaoine aonair agus ar bhonn na gceachtanna atá foghlamtha, ba cheart do na Ballstáit tuilleadh tacaíochta a thabhairt don fhostaíocht ardcháilíochta agus do chonairí chun an ath-lánpháirtithe san oideachas agus infheistíocht a dhéanamh i luathchosc agus i bhfor-rochtain éifeachtach trí thosaíocht a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, do dhaoine óga atá dífhostaithe go fadtéarmach, atá neamhghníomhach agus atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear trí obair óige. Ina theannta sin ba cheart do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i mbearta arb é is aidhm dóibh an t-aistriú ón scoil go dtí an obair a éascú agus in acmhainní leordhóthanacha le haghaidh seirbhísí dífhostaíochta chun tacaíocht shaincheaptha iomlánaíoch agus tairiscintí a bheidh spriocdhírthe níos fearr a thabhairt do dhaoine óga. Tríd an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg a chomhtháthú go hiomlán le CSE+, beidh soláthar gníomhaíochtaí spriocdhírthe maidir le fostaíocht le haghaidh daoine óga níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus leathnófar an raon feidhme chun bearta struchtúracha agus athchóirithe a chuimsiú agus, ar an gcaoi sin, áiritheofar go mbeidh comhoiriúnú níos fearr ann idir tacaíocht ó chistiú an Aontais agus cur chun feidhme na rátháíochta don aos óg daingnithe.

Ba cheart uasghrádú scileanna agus fáil scileanna nua agus scileanna éagsúla cuidiú le daoine óga breith ar na deiseanna in earnálacha a bhfuil fás fúthu agus ullmhófar iad d'athraitheacht na hoibre agus, san am céanna, bainfear leas dá bharr as na deiseanna a eascroidh ón aistriú digiteach agus ón aistriú glas agus ó chlaocchlú éiceachórais thionsclaíochta an Aontais. Dá bhrí sin, na Ballstáit ag a raibh ráta daoine óga idir 15 agus 29 mbliana d'aois nach raibh i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna don tréimhse idir 2017 agus 2019 os cionn mheán an Aontais don tréimhse chéanna, ar bhonn shonraí Eurostat, ba cheart dóibh 12,5 % ar a laghad dá n-acmhainní de shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí sin.

- (27) I gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE agus Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 6 maidir le forálacha speisialta do Chuspóir 6 faoi chuimsiú na gCisté Struchtúracha san Fhionlainn, san Iorua agus sa tSualainn a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994 ⁽²⁵⁾, tá na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartacha is lú daonra i dteideal bearta sonracha faoi chomhbheartais agus faoi chlár an Aontais. I ngeall ar shrianta buana, amhail dídhonrú, tá gá ag na réigiúin sin le tacaíocht shonrach.
- (28) Braitheann cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na ngníomhaíochtaí lena dtacaíonn CSE+ ar dhea-rialachas agus ar chomhpháirtíocht idir na gníomhaithe ar fad ar na leibhéal chríochacha is ábhartha agus na gníomhaithe socheacnamaíochta, go háirithe na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go leithdháileann na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní de shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte chun rannpháirtíocht fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcur chun feidhme CSE+ faoi bhainistíocht roinnte a áirithiú. Ba cheart a áireamh sa rannpháirtíocht sin comhlachtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht thar ceann na sochaí sibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus comhlachtaí atá freagrach as cuimsiú sóisialta, cearta bunúsacha, cearta na ndaoine faoi mhíchumas, combhionannas inscne agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Ba cheart do na Ballstáit a bhfuil moladh tírshonrach acu maidir le fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta 0,25 % dá acmhainní faoi shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte ar a laghad a leithdháileadh chun na críche sin i ngeall ar na riachtanais shonracha atá acu sa réimse sin.

⁽²⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aighnítear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470).

⁽²⁵⁾ IO C 241, 29.8.1994, lch. 9.

- (29) D'fhonn beartais a dhéanamh níos freagrúla d'athruithe sa tsochaí agus réitigh nuálacha a spreagadh agus a chothú, tá tacaíocht don nuálaíocht shóisialta ríthábhachtach. Go háirithe, trí réitigh nuálacha a thriail agus a mheasúnú sula gcuirtear i bhfeidhm ar scála níos mó iad, cuirtear feabhas ar éifeachtúlacht na mbeartas agus, dá bharr sin, tugtar údar le tacaíocht shonrach ó CSE+. D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag fiontair an gheilleagair shóisialta ról lárnach maidir le nuálaíocht shóisialta a bhaint amach agus maidir le rannchuidiú le hathléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta. Ba cheart an sainmhíniú ar fhiontar geilleagair shóisialta a bheith i gcomhréir leis na sainmhínte a sholáthraítear sa dlí náisiúnta agus sna Conclúidí ón gComhairle an 7 Nollaig 2015 maidir leis an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn mar phríomhspreagadh don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta san Eoraip. Thairis sin, d'fhonn foghlaim fhrithpháirteach agus malartú eolais agus cleachtas a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun leanúint dá ngníomhaíochtaí comhair thrasnáisiúnta faoi bhainistíocht roinnte i réimsí na fostaíochta, an oideachais agus na hoiliúna, agus an chuimsithe shóisialta i gcomhréir le cuspóirí sonracha CSE+.
- (30) Ba cheart do Bhallstáit agus don Choimisiún a áirithiú go bhfuil CSE+ ag rannchuidiú le cur chun cinn an chomhionannais idir fir agus mná i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE chun cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna idir fir agus mná i ngach réimse a chothú, lena n-áirítear rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, agus dul chun cinn gairme beatha. Le CSE+, ba cheart dóibh a áirithiú, freisin, go gcuirtear chun cinn comhionannas deiseanna do chách, gan aon idirdhealú, i gcomhréir le hAirteagal 10 CFAE, go gcuirtear chun cinn cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa tsochaí ar aon bhonn le daoine eile, agus go rannchuidítear le cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas a glacadh an 13 Nollaig 2006 i Nua-Eabhrac. Le CSE+, ba cheart rannchuidiú le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn d'fhonn lánpháirtíú san fhostaíocht, san oideachas agus san oiliúint a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, á gcuimsiú i ngach réimse den saol a fheabhsú. Ba cheart cur chun cinn na rochtana sin a chur san áireamh i ngach gné agus i ngach céim d'ullmhú, d'fhaireachán, de chur chun feidhme agus de mheastóireacht clár, ar dhóigh thráthúil chomhsheasmhach agus, san am céanna, deimhin a dhéanamh de go ndéantar gníomhaíochtaí sonracha chun an comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna a chur cinn. Ina theannta sin, le CSE+, ba cheart an t-aistriú ó chúram cónaithe nó institiúideach go cúram teaghlaigh agus pobalbhunaithe a chur chun cinn, go háirithe i gcás iad sin a chaithfidh aghaidh a thabhairt ar idirdhealuithe iomadúla. Níor cheart do CSE+ tacaíocht a thabhairt d'aon ghníomhaíocht a chuireann le hidirdheighilt ná le heisiamh sóisialta. Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/1060 gur ar an leibhéal náisiúnta atá rialacha maidir le hincháilitheacht caiteachais le bunú, agus eisceachtaí áirithe ann ar gá forálacha sonracha a leagadh síos ina leith i ndáil leis an tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte.
- (31) Ba cheart gach oibríocht a roghnú agus a chur chun feidhme agus urraim á tabhairt do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chart"). Ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar measúnú tráthúil ar ghearáin, lena n-áirítear gearáin a bhaineann le sárúithe ar an gChart, agus ba cheart dó toradh a mheasúnaithe a chur in iúl don ghearánach i gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2017 dar teideal *EU Law: Better results through better application* [Dlí AE: Torthaí níos fearr trí chur i bhfeidhm níos fearr].
- (32) Chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le bailiú sonraí a laghdú, ba cheart na ceanglais tuairiscithe a choimeád chomh simplí agus is féidir. I gcás ina mbeidh na sonraí sin ar fáil i gclár, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a cheadú d'údarais bhainistíochta sonraí a bhailiú ó chlár.
- (33) Maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo, is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁶⁾ ba cheart do rialaitheoirí sonraí náisiúnta a gcuid cúraimí a dhéanamh chun críocha an Rialacháin seo. Ba cheart dínit agus urraim phríobháideachas na bhfaighteoirí deiridh maidir le hoibríochtaí faoin gcuspóir sonracha "aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha trí bhia agus/nó cúnaimh ábhartha bunúsach a thabhairt do na daoine is díothaí, leanaí san áireamh, agus bearta tionlacain a thacóidh lena lánpháirtíú sóisialta a chur ar fáil" a ráthú. Chun aon stiogmatú a sheachaint, níor cheart é a bheith de cheangal ar na daoine a fhaigheann bia agus/nó cúnaimh ábhartha bunúsach iad féin a shainithint agus iad ag fáil na tacaíochta agus páirt á glacadh acu i suirbhéanna ar na daoine is díothaí a bhain tairbhe as CSE+.

⁽²⁶⁾ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (34) Is éard atá sa tástáil shóisialta ná tástáil tionscadal ar scála beag lenar féidir fianaise ar indéantacht nuálaíochtaí sóisialta a bhailiú. Ba cheart é a bheith indéanta smaointe a thástáil ar an leibhéal áitiúil, agus ba cheart sin a spreagadh, agus na smaointe atá inchurtha i ngníomh a shaothrú ar scála níos leithne, i gcás inarb iomchuí, nó iad a aistriú chuig comhthéacsanna eile i réigiúin nó i mBallstáit éagsúla le tacaíocht airgeadais ó CSE+ nó i gcomhcheangal le foinsí eile.
- (35) Le CSE+, leagtar síos forálacha arb é is aidhm dóibh saorghluaiseacht d'oibrithe a bhaint amach ar bhonn neamh-idirdhealaitheach trí dhlúthchomhar a áirithiú idir seirbhísí fostaíochta poiblí na mBallstát, an Choimisiún agus na gcomhpháirtithe sóisialta. Le líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta, ba cheart dea-fheidhmiú na margaí saothair a chur chun cinn, trí shoghluaisteach thrasteorann oibrithe a éascú, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí trasteorann, agus trédhearcacht faisnéise níos fearr maidir leis na margaí saothair a chothú. Faoi raon feidhme CSE+, ba cheart a áireamh an tacaíocht a thugtar do scéimeanna soghluaisteacha spriodhártha agus an fhorbairt a dhéantar ar scéimeanna den saghas sin, d'fhonn folúntais a líonadh aon áit sa mhargadh saothair inar sainaitníodh easnamh.
- (36) Tá easpa rochtana ar mhaoiniú do mhicrifhiontair, d'fhiontair shóisialta agus don gheilleagar sóisialta ar cheann de na príomhbhacainní atá roimh chruthú gnó, go háirithe i measc na ndaoine is faide ón margadh saothair. Faoi shraith EaSI, ba cheart forálacha a leagan síos leis an Rialachán seo chun éiceachóras margaidh a chruthú chun cur leis an maoiniú a sholáthraítear d'fhiontair shóisialta agus a rochtain ar an maoiniú sin a mhéadú, mar aon le riar ar éileamh iad sin is mó a bhfuil gá acu le maoiniú, go háirithe daoine dífhostaithe, mná agus daoine leochaileacha ar mian leo micrifhiontair a thionscnamh nó a fhorbairt. Déanfar an cuspóir sin a shaothrú le hionstraimí airgeadais agus le ráthaíochtaí buiséadacha faoi réimse bheartais infheistíochta sóisialta agus scileanna chiste InvestEU. Ba cheart a mheas gur fiontair shóisialta iad fiontair an gheilleagair shóisialta, i gcás ina sainítear iad faoin dlí náisiúnta, i gcomhthéacs shraith EaSI, gan beann ar a stádas dlíthiúil, a mhéid a thagann na fiontair sin faoi chuimsiú an tsainmhíne ar fiontair shóisialta dá bhforáiltear sa Rialachán seo.
- (37) D'fhéadfadh ról fíorthábhachtach a bheith ag gníomhaithe margaidh, gníomhaithe daonchairdis san áireamh, ó thaobh cuspóirí áirithe de chuid CSE+ a shroicheadh, de bharr go mbíonn maoiniú le tabhairt acu agus gur dóigheanna nuálacha comhlántacha na dóigheanna atá acu chun an t-eisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht a chomhrac, an dífhostaíocht a laghdú agus rannchuidiú le baint amach SDGanna. Dá bhrí sin, ba cheart gníomhaithe daonchairdis amháil fondúireachtaí agus deonaithe a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí de chuid CSE+, mar is iomchuí, agus ar choinníoll nach bhfuil clár oibre polaitiúil ná sóisialta acu atá i gcoinbhleacht le hidéil an Aontais, go háirithe na gníomhaíochtaí sin arb é is aidhm dóibh éiceachóras margaidh na hinfeistíochta sóisialta a fhorbairt.
- (38) Tá gá le treoir faoi shraith EaSI maidir le bonneagair shóisialta agus seirbhísí gaolmhara a fhorbairt, go háirithe maidir le tithíocht shóisialta, cúram leanaí agus oideachas, cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, lena n-áirítear saoráidí chun cabhrú le haistrithe ó sheirbhísí institiúide go seirbhísí cúraim pobalbhunaithe agus teaghlaigh agus ceanglais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh.
- (39) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras a chur chun feidhme, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide⁽²⁷⁾, agus SDGanna, leis an Rialachán seo, rannchuideofar leis na gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruathú agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach, 30 % de chaiteachas buiséadach an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainaitheofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn chéim an ullmhaithe agus an chur chun feidhme, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht mheántéarmach.
- (40) De bhun Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle⁽²⁸⁾, tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear le bheith incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus chuspóirí shraith EaSI agus faoi réir aon socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann na tíortha nó na críocha ábhartha thar lear.
- (41) Féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a bheith rannpháirteach i gclár de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch⁽²⁹⁾, ina ndéantar foráil do chur chun feidhme na gclár le cinneadh de bhun an chomhaontaithe sin. Féadfaidh tríú tíortha páirt a ghlacadh de bhun ionstraimí dlí eile freisin. Ba cheart foráil shonrach a thabhairt isteach leis an Rialachán seo lena gcuirfear de cheangal ar thríú tíortha na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin atá freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú ar dhóigh chuimsitheach.

⁽²⁷⁾ IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

⁽²⁸⁾ Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach ("an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear") (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

⁽²⁹⁾ IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

- (42) Is iomchuí na príomhtháscairí a leagan síos chun críoch tuairiscithe faoi shraith EaSI. Ba cheart na táscairí sin a bheith bunaithe ar aschur, oibiachtúil, éasca le haisghabháil, agus comhréireach le sciar shraith EaSI laistigh de CSE+ ina iomláine. Leis na táscairí, ba cheart na cuspóirí oibríochtúla agus na gníomhaíochtaí cistiúcháin faoi shraith EaSI a chumhdach, gan gá le spriocanna comhfhreagracha a leagan síos.
- (43) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁰⁾, agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ⁽³¹⁾, (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ⁽³²⁾ agus (AE) 2017/1939 ⁽³³⁾ ón gComhairle, táthar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí, a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá an chumhacht ag OLAF imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.
- Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁴⁾ a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, tá ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais comhoibriú go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE agus a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.
- (44) Beidh feidhm ag rialacha cothrománacha airgeadais arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus cinntear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, duaiseanna, soláthar, agus bainistíocht indíreach, agus foráiltear leo do sheiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin leis na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas gearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.
- (45) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialachán seo, eadhon feabhas a chur ar éifeachtacht na margai saothair agus rochtain chothrom ar fhostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn, feabhas a chur ar an rochtain ar oideachas agus ar oiliúint, agus ar cháilíocht na nithe sin, cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an bhochtaineacht a dhíothú, chomh maith leis na cuspóirí a shaothraítear faoi shraith EaSI, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (46) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hianscábhinní maidir leis na táscairí a leasú agus a fhorlónadh. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽³⁵⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in

⁽³⁰⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽³¹⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

⁽³²⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

⁽³³⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

⁽³⁴⁾ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

⁽³⁵⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

ullmhú na ngníomhartha tarmlichte a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmlichte.

- (47) Chun coiníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann leis an tsamhail don suirbhé struchtúrtha ar fhaighteoirí deiridh, ba cheart iad a fheidhmiú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁶⁾, i ngeall ar chineál na samhla sin.
- (48) Chun gur féidir mearfhreagairt a thabhairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha dá dtagraítear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na clárthréimhse, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun bearta sealadacha a ghlacadh chun úsáid na tacaíochta ó CSE+ a éascú mar fhreagairt ar na himthosca sin, agus uasteorainn ama 18 mí a bheith i gceist leis sin. Ba cheart don Choimisiún na bearta is iomchuí a ghlacadh i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha atá ag Ballstát agus, san am céanna, cuspóirí CSE+ á gcaomhnú ach níor cheart go n-áireofaí leis sin leasuithe ar na ceanglais maidir le díriú téamach. Anuas air sin, ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann leis na bearta sealadacha le haghaidh úsáid tacaíocht ó CSE+ mar fhreagra ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha a thabhairt don Choimisiún gan nósanna imeachta coiste, ós rud é gur leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a shocraítear raon feidhme chur i bhfeidhm na mbearta sin agus go bhfuil sé teoranta do na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbearta sealadach agus measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur gá an Rialachán seo a leasú de bharr imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha, níor cheart go n-áireofaí i raon feidhme an leasaithe na ceanglais maidir le díriú téamach a bhaineann le fostaíocht le haghaidh daoine óga ná tacaíocht do na daoine is díothaí ós rud é gurb iad daoine óga agus na daoine is díothaí is mó a ndéantar dochar dóibh mar gheall ar chásanna géarchéime den chineál sin. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go leanfaidh na spriocghrúpaí sin de mhéid leordhóthanach tacaíochta a fháil.
- (49) Agus CSE+ á riar, ba cheart do Choiste dá bhforáiltear in Airteagal 163 CFAE (Coiste CSE+) cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Ionas go mbeidh Coiste CSE+ in ann an fhaisnéis uile is gá a bheith ar fáil dó agus raon leathan tuairimí a fháil ó gheallsealbhoirí ábhartha, ba cheart do Choiste CSE+ a bheith in ann cuireadh a thabhairt d'ionadaithe nach bhfuil ceart vótála acu ar choinníoll go bhfuil gá lena rannpháirtíocht i dtaca le clár oibre an chruinnithe, lena n-áirítear ionadaithe de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta.
- (50) Chun a áirithiú go leanfar d'aghaidh a thabhairt ar na sainiúlachtaí ag gach ceann de shraitheanna de CSE+, ba cheart do Choiste CSE+ meithleacha a bhunú do gach ceann de shraith CSE+. Déanfaidh Coiste CSE+ comhdhéanamh agus cúraimí na meithleacha sin a bhunú. Ba cheart an deis a bheith ag na meithleacha cuireadh a thabhairt d'ionadaithe na sochaí sibhialta mar aon le geallsealbhoirí eile teacht chuig a gcruinnithe. Ar na cúraimí a bheidh ar na meithleacha, féadfar comhordú agus comhar idir údarais na mBallstát agus an Coimisiún a áirithiú maidir le cur chun feidhme CSE+ a bheith san áireamh, lena n-áirítear comhairliúchán faoi chlár oibre shraith EaSI, faireachán ar chur chun feidhme gach sraith CSE+, taithí agus dea-chleachtas a mhalartú thar agus laistigh de shraitheanna CSE+ agus sineirgí féideartha a chothú le clár eile an Aontais.
- (51) Chun trédhearcacht níos fearr a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún na naisc riachtanacha a bhunú leis na coistí beartais ábhartha atá gníomhach sa réimse sóisialta agus fostaíochta, amhail an Coiste um Fostaíocht agus um Chosaint Shóisialta nó an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair.
- (52) I gcomhréir le hAirteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, féadfar deontas a dhámhachtain i gcomhair gníomhaíocht atá tosaithe cheana, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir a thaispeáint gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an comhaontú deontais. Mar sin féin, níl na costais arna dtabhú roimh an dáta a

⁽³⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

chuirfear isteach an t-iarratas ar dheontas incháilithe, ach amháin i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Chun aon chur isteach ar thacaíocht ón Aontas a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais a sheachaint, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann foráil a dhéanamh sa chinneadh maoiniúcháin, le linn tréimhse theoranta ama ag tús chreat airgeadais ilbhliantúil 2021 go 2027, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus sna cásanna sin amháin, d'incháilitheacht gníomhaíochtaí agus costas ó thús na bliana airgeadais 2021, fiú más rud é gur cuireadh chun feidhme agus gur tabhaíodh iad sular cuireadh isteach an t-iarratas ar dheontas.

- (53) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 a aisghairm.
- (54) Chun leanúnachas a áirithiú i ndáil le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus chun go bhféadfar an cur chun feidhme a dhéanamh amhail ó thús chreat airgeadais ilbhliantúil 2021 go 2027, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus ba cheart feidhm a bheith aige le héifeacht chúlghabhálach i ndáil le sraith EaSI, ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CLÁR NA nÁBHAR

- Cuid I Forálacha ginearálta
- Airteagal 1 Ábhar
 - Airteagal 2 Sainmhínithe
 - Airteagal 3 Cuspóirí ginearálta CSE+ agus modhanna cur chun feidhme
 - Airteagal 4 Cuspóirí sonracha CSE+
 - Airteagal 5 An buiséad
 - Airteagal 6 Comhionannas inscne, comhionannas deiseanna agus neamh-idirdhealú
- Cuid II Cur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte
- Caibidil I Forálacha coiteanna maidir le clársceidealú
 - Airteagal 7 Comhsheasmhacht agus díriú téamach
 - Airteagal 8 Urraim don Chairt
 - Airteagal 9 Comhpháirtíocht
 - Airteagal 10 Tacaíocht do na daoine is díothaí
 - Airteagal 11 Tacaíocht d'fhostaíocht le haghaidh daoine óga
 - Airteagal 12 Tacaíocht do mholtaí tírshonracha ábhartha
 - Caibidil II Tacaíocht ghinearálta ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte
 - Airteagal 13 Raon feidhme
 - Airteagal 14 Gníomhaíochtaí nuálacha sóisialta
 - Airteagal 15 Comhar trasnáisiúnta
 - Airteagal 16 Incháilitheacht
 - Airteagal 17 Táscairí agus tuairisciú
 - Caibidil III Tacaíocht ó CSE+ chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha
 - Airteagal 18 Raon feidhme
 - Airteagal 19 Prionsabail
 - Airteagal 20 Ábhar na tosaíochta
 - Airteagal 21 Incháilitheacht oibríochtaí
 - Airteagal 22 Incháilitheacht caiteachais
 - Airteagal 23 Táscairí agus tuairisciú
 - Airteagal 24 Iniúchadh
- Cuid III Cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indéach
- Caibidil I Cuspóirí oibríochtúla
 - Airteagal 25 Cuspóirí oibríochtúla
 - Caibidil II Incháilitheacht
 - Airteagal 26 Gníomhaíochtaí incháilithe
 - Airteagal 27 Eintitis incháilithe
 - Airteagal 28 Prionsabail ghinearálta
 - Airteagal 29 Rannpháirtíocht tríú tíortha
 - Caibidil III Forálacha ginearálta
 - Airteagal 30 Foirmeacha chistiú an Aontais agus modhanna cur chun feidhme
 - Airteagal 31 Clár oibre

- Airteagal 32 Faireachán agus tuairisciú
- Airteagal 33 Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint
- Airteagal 34 Meastóireacht
- Airteagal 35 Iniúchtaí
- Airteagal 36 Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht
- CUID IV Forálacha críochnaitheacha
- Airteagal 37 An tarmhligéan a fheidhmiú
- Airteagal 38 An nós imeachta coiste maidir le sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte
- Airteagal 39 Coiste arna bhunú faoi Airteagal 163 CFAE
- Airteagal 40 Forálacha idirthréimhseacha do sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte
- Airteagal 41 Forálacha idirthréimhseacha do sraith EaSI
- Airteagal 42 Teacht i bhfeidhm
- IARSCRÍBHINN I Comhtháscairí maidir le tacaíocht ghinearálta ó sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte
- IARSCRÍBHINN II Comhtháscairí maidir le gníomhaíochtaí CSE+ lena ndírítear ar chuimsiú sóisialta na ndaoine is díothaí faoin gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (l), i gcomhréir le hAirteagal 7(5), an chéad fhomhír
- IARSCRÍBHINN III Comhtháscairí maidir le tacaíocht ó CSE+ chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha
- IARSCRÍBHINN IV Táscairí maidir le sraith EaSI

CUID I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, bunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), ina bhfuil dhá shraith: an tsraith atá faoi bhainistíocht roinnte (sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte) agus an tsraith maidir le Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta (sraith EaSI).

Leagtar síos leis an Rialachán seo cuspóirí CSE+, a bhuiséad don tréimhse 2021 go 2027, na modhanna cur chun feidhme, foirmeacha chistiú an Aontais agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

Airteagal 2

Sainmhínithe

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
 - (1) ciallaíonn “foghlaim ar feadh an tsaol” foghlaim i ngach foirm, eadhon, foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, a tharlaíonn ag gach céim den saol agus as a dtagann feabhas nó nuashonrú ar eolas, scileanna, inniúlachtaí agus dearchtaí nó rannpháirtíocht sa tsochaí ó thaobh pearsanta, sibhialta, cultúrtha, sóisialta nó fostaíochta de, lena n-áirítear seirbhísí comhairliúcháin agus treorach a chur ar fáil; airítear leis sin oideachas agus cúram na luath-óige, oideachas ginearálta, gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas, agus oideachas aosach, obair óige agus dálaí foghlama eile a tharlaíonn lasmuigh d’oideachas agus d’oiliúint fhoirmiúil agus go hiondúil cuireann sé comhar trasearnála agus conair foghlama solúbtha chun cinn;
 - (2) ciallaíonn “náisiúnach tríú tír” duine nach saoránach den Aontas é nó í, lena n-áirítear daoine gan stát agus daoine nach bhfuil a náisiúntacht chinntithe acu;
 - (3) ciallaíonn “cúnamh ábhartha bunúsach” earraí a riarann ar riachtanais bhunúsacha duine ionas go bhféadfaidh an duine sin a bheatha nó a beatha a chaitheamh go díniteach, amhail éadach, earraí sláinteachais, lena n-áirítear táirgí sláinteachais do mhná, ábhar scoile;
 - (4) ciallaíonn “grúpa faoi mhíbhuntáiste” grúpa daoine i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear daoine atá buailte leis an mbochtaineacht nó i mbaol na bochtaineachta, an eisiamh shóisialta nó an idirdhealaithe ina n-ilghnéithe;
 - (5) ciallaíonn “príomhinniúlachtaí” an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá ag gach duine leo, i gcéim ar bith den saol, dá sásamh pearsanta agus dá bhforbairt phearsanta, fostaíochta, cuimsiú sóisialta agus saoránacht ghníomhach, eadhon, an litearthacht; an t-ilteangachas; matamaitic, eolaíocht, teicneolaíocht, na healaíona agus innealtóireacht; scileanna digiteacha; scileanna sna meáin; gnóthaí pearsanta, gnóthaí sóisialta agus foghlaim chun scileanna a fhoghlaim; scileanna gníomhacha saoránachta; an fhiontraíocht; feachtas agus léiriú cultúrtha agus idirchultúrtha; agus smaointeoireacht chriticiúil;
 - (6) ciallaíonn “na daoine is díothaí” daoine nádúrtha, cibé acu daoine aonair, teaghlaigh nó grúpaí de na daoine sin iad, lena n-áirítear leanaí i gcásanna leochaileacha agus daoine gan dídean, ar suíodh a ngá le cúnamh de réir na gcritéar oibiachtúil a leag na húdaráis inniúla náisiúnta síos i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, agus coinbhleachtaí leasa á seachaint, agus a bhféadfaidh eilimintí a bheith ar áireamh iontu lena gceadófar díriú ar na daoine is díothaí i limistéir gheografacha ar leith;
 - (7) ciallaíonn “faighteoir deiridh” na daoine is díothaí a fhaigheann tacaíocht mar a shainítear in Airteagal 4, pointe (m);
 - (8) ciallaíonn “nuálaíocht shóisialta” gníomhaíocht atá sóisialta ó thaobh a cuspóra agus a riachtanas de araon, go háirithe aon gníomhaíocht a bhaineann le forbairt agus le cur chun feidhme smaointe nua maidir le táirgí, seirbhísí, cleachtais agus samhlacha a riarann ar riachtanais shóisialta agus, san am céanna, a chruthaíonn saghsanna nua caidrimh nó comhair shóisialta nua idir eagraíochtaí poiblí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus/nó eagraíochtaí príobháideacha agus, dá bharr sin, a dhéanann leas na sochaí agus a threisíonn freisin cumas na sochaí chun gníomhú;

- (9) ciallaíonn “beart tionlacain” gníomhaíocht a dhéantar sa bhreis ar dháileadh bia agus/nó cúnaimh ábhartha bhunúsacha agus é mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta agus rannchuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú, amhail tarchuir chuig nó seirbhísí sóisialta agus sláinte a sholáthar, tacaíocht shíceolaíoch san áireamh, agus daoine a chur ar aghaidh chucu, faisnéis ábhartha a sholáthar faoi sheirbhísí poiblí nó comhairle faoi bhuiséad teaghlaigh a bhainistiú;
- (10) ciallaíonn “tástáil shóisialta” idirghabháil bheartais arb é is aidhm dóibh freagairt nuálach a thabhairt ar riachtanais shóisialta agus a chuirtear chun feidhme ar scála beag agus i ndálaí a fhágann gur féidir a tionchar a thomhas sula gcuirtear chun feidhme i gcomhthéacsanna eile í, lena n-áirítear comhthéacsanna geografacha nó earnálacha, nó curtha chun feidhme ar scála níos mó, má bhíonn na torthaí dearfach;
- (11) ciallaíonn “comhpháirtíocht trasteorann” struchtúr comhair idir seirbhísí poiblí fostaíochta, na comhpháirtithe sóisialta nó an tsochaí shibhialta atá lonnaithe in dhá Bhallstát ar a laghad;
- (12) ciallaíonn “micrifhiontar” fiontar ag a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí agus ar lú ná EUR 2 000 000 a láimhdeachas bliantúil nó a chlár comhardaithe bliantúil;
- (13) ciallaíonn “fiontar sóisialta” gnóthas, gan beann ar a fhoirm dhlí, lena n-áirítear fiontair an gheilleagair shóisialta nó duine nádúrtha:
- (a) arb é is príomhaidhm shóisialta dó, i gcomhréir lena airteagail chomhlachais, lena reachtanna nó le haon doiciméad dlíthiúil eile lena bunáid an gnó agus a bhféadfadh dliteanas teacht as de réir dhlíthe an Bhallstáit ina bhfuil fiontar sóisialta lonnaithe, tionchair shóisialta dhearfacha intomhaiste a bhaint amach, tionchair ar an gcomhshaoil ina measc, seachas brabús a ghiniúint chun críoch eile, agus a sholáthraíonn seirbhísí nó earraí lena ngintear sochar sóisialta, agus/nó a úsáideann modhanna táirgthe earraí nó seirbhísí lena gcuimsítear cuspóirí sóisialta;
 - (b) a úsáideann a chuid brabús go príomha chun a phríomhaidhm shóisialta a bhaint amach agus a bhfuil nósanna imeachta agus rialacha réamhshainithe lena n-áiríthítear nach dtagann dáileadh brabús den sórt sin salach ar an bpríomhaidhm shóisialta;
 - (c) a bhainistítear ar dhóigh fhiontraíoch, rannpháirtíoch, chuntasach agus thrédhearcach, go háirithe trí ról a thabhairt d’oibrithe, do chustaiméirí agus do gheallsealbhóirí a mbíonn tionchar ag a chuid gníomhaíochtaí gnó orthu;
- (14) ciallaíonn “luach tagartha” luach a úsáidtear chun spriocanna a leagan síos do chomhtháscairí toraidh agus do tháscairí toraidh clárshonracha, agus atá bunaithe ar idirghabhálacha comhchosúla atá ann nó a bhí ann;
- (15) ciallaíonn “costais a bhaineann le bia agus/nó cúnaimh ábhartha bunúsach a cheannach” na costais iarbhrí don tairbhí a bhaineann le bia agus/nó cúnaimh ábhartha bunúsach a cheannach, agus gan sin teoranta do phraghas an bhia agus/nó an cúnaimh ábhartha bhunúsach;
- (16) áirítear le “micreamhaoiniú” ráthaíochtaí, micrichreidmheas, cothromas agus cuasachothromas, in éineacht le seirbhísí forbartha gnó tionlacain, amhail na seirbhísí sin arna soláthar i bhfoirm comhairleoireacht, oiliúint agus meantóireacht aonair do dhaoine agus do mhicrifhiontair ar doiligh dóibh creidmheas a rochtain chun críche gníomhaíochtaí gairmiúla agus gníomhaíochtaí ginte ioncaim;
- (17) ciallaíonn “oibríocht mheascha” gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráid mheascha nó ardán meascha de bhun Airteagal 2, pointe (6) den Rialachán Airgeadais, lena gcomhcheanglaítear foirmeacha neamh-iníoctha tacaíochta nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais d’fhoirmeacha iníoctha tacaíochta ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile, agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí;
- (18) ciallaíonn “eintiteas dlítheanach” aon duine nádúrtha, nó aon duine dlítheanach a chruthaítear agus a aithnítear amhlaidh faoin dlí náisiúnta, faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta, nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a bhfuil sé de chumas aige a fhéadfaidh, ag gníomhú dó ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas gan pearsantacht dlí dá dtagraítear in i gcomhréir le hAirteagal 197(2), pointe (c), den Rialachán Airgeadais;
- (19) ciallaíonn “comhtháscairí toraidh láithreacha” comhtháscairí toraidh lena léirítear éifeachtaí laistigh de 4 seachtaine ón lá a bhfuil an oibríocht fágtha ag an rannpháirtí;
- (20) ciallaíonn “comhtháscairí toraidh is fadtéarmaí” táscaire toraidh lena léirítear éifeachtaí 6 mhí tar éis don rannpháirtí an oibríocht a fhágáil.

2. Na sainmhínte a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060, beidh feidhm acu freisin maidir le sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte.

*Airteagal 3***Cuspóirí ginearálta CSE+ agus modhanna cur chun feidhme**

1. Tá sé d'aidhm ag CSE+ tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin ardleibhéal fostaíochta agus cosaint shóisialta chothrom a bhaint amach agus lucht saothair oilte athléimneach a bheith acu a bheidh ullamh don saol oibre atá le teacht, chomh maith le sochaithe cuimsitheacha, comhtháite arb é is aidhm dóibh díothú na bochtaineachta agus gnóthú na bprionsabal a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta.
2. Le CSE+, déanfar beartais na mBallstát a thacú agus a comhlánú agus cuirfear luach leo chun comhionannas deiseanna, rochtain chomhionann ar an margadh saothair, dálaí oibre córa ardcháilíochta, cosaint agus cuimsiú sóisialta, ag díriú go háirithe ar oideachas agus oiliúint ardcháilíochta agus uilechuimsitheach, foghlaim ar feadh an tsaoil, infheistíocht i leanaí agus daoine óga agus rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, a áirithiú.
3. Cuirfear CSE+ chun feidhme:
 - (a) faoi bhainistíocht roinnte, i gcás na coda sin den chúnamh a fhreagraíonn do na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1) (sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte); agus
 - (b) faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, i gcás na coda sin den chúnamh a fhreagraíonn do na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus Airteagal 25 (sraith EaSI).

*Airteagal 4***Cuspóirí sonracha CSE+**

1. Le CSE+, tacófar leis na cuspóirí sonracha seo a leanas i réimsí beartais na fostaíochta agus soghluaisteachta lucht saothair, an oideachais, an chuimsithe shóisialta, lena n-áirítear rannchuidiú le díothú na bochtaineachta, agus sa chaoi sin, rannchuideofar freisin leis an gcuspóir beartais "Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithe – Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme" dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/1060:
 - (a) an fhostaíocht agus bearta gníomhachtúcháin a dhéanamh níos inrochtana do gach cuardaitheoir poist, go háirithe do dhaoine óga atá dífhostaithe, tríd an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme go speisialta, agus do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach mar aon le grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh an mhargaidh saothair de, agus do dhaoine neamhghníomhacha, chomh maith leis an bhféinfhostaíocht agus an geilleagar sóisialta a chur chun cinn;
 - (b) institiúidí agus seirbhísí an mhargaidh saothair a nuachóiriú chun riachtanais scileanna a mheasúnú agus chun na riachtanais sin a thuar agus chun cúnaimh agus tacaíocht thráthúil shaincheaptha a áirithiú don chomhoiriúnú sa mhargadh saothair, d'aistrithe agus do shoghluaisteacht;
 - (c) rannpháirtíocht sa mhargadh saothair atá cothrom ó thaobh inscne de, dálaí oibre comhionanna, agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain ar chúram leanaí inacmhainne, agus ar chúram do dhaoine spleácha;
 - (d) oiriúnú oibríthe, fiontar agus fiontraíthe d'athrú a chur chun cinn mar aon le haosú gníomhach folláin agus timpeallacht oibre shláintiúil dhea-oiriúnaithe ina dtugtar aghaidh ar rioscaí sláinte;
 - (e) feabhas a chur ar chórais oideachais agus oiliúna ó thaobh cáilíochta, cuimsitheachta, éifeachtachta agus ábharthachta don mhargadh saothair, lena n-áirítear trí foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, chun sealbhú príomhinniúlachtaí a éascú, scileanna fiontraíochta agus digiteacha san áireamh, agus trí thabhairt isteach córas dé-oiliúna agus printíseachtaí a chur chun cinn;
 - (f) rochtain chomhionann ar oideachas agus ar oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, agus go gcríochnódh daoine an t-oideachas agus an oiliúint sin, ó chéim an oideachais agus an chúraim luathóige go dtí céim an oideachais ginearálta agus an ghairmoideachais agus, go dtí céim an oideachais tríú leibhéal, mar aon leis an oideachas agus leis an bhfoghlaim d'aoisigh, lena n-áirítear soghluaisteacht foghlama do chách agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumais a éascú;
 - (g) an foghlaim feadh an tsaoil, go háirithe deiseanna solúbtha uas-scilithe agus athscilithe do chách, a chur chun cinn agus scileanna fiontraíochta agus digiteacha á gcur san áireamh, athruithe agus riachtanais nua scileanna a thuar ar dhóigh níos cruinne ar bhonn riachtanais an mhargaidh saothair, aistrithe gairme beatha a éascú agus an tsoghluaisteacht ghairmiúil a chur chun cinn;
 - (h) cuimsiú gníomhach a chothú d'fhonn comhionannas deiseanna, neamh-idirdhealú agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn agus an infhostaitheacht a fheabhsú, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste;

- (i) lánpháirtíú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear imircigh, a chur chun cinn;
- (j) lánpháirtíú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, amhail Romaigh, a chur chun cinn;
- (k) feabhas a chur ar rochtain chomhionann thráthúil ar sheirbhísí ardcháilíochta, inbhuanaithe, agus inacmhainne, lena n-áirítear seirbhísí a chuireann chun cinn rochtain ar thithíocht agus ar chúram sláinte atá duineláraithe, lena n-áirítear cúram sláinte; córais cosanta sóisialta a nuachóiriú, lena n-áirítear rochtain ar chosaint shóisialta a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar leanaí agus ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste; feabhas a chur ar inrochtaineacht lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas, ar éifeachtacht agus ar athléimneacht córas sláinte agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh;
- (l) lánpháirtíú sóisialta daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta a chur chun cinn, na daoine is díothaí agus leanaí san áireamh;
- (m) aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha trí bhia agus/nó cúnaimh ábhartha bunúsach a thabhairt do na daoine is díothaí, leanaí san áireamh, agus bearta tionlacain a thacóidh lena lánpháirtíú sóisialta a chur ar fáil.

2. Leis na gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme faoin tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte chun na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bhaint amach, beidh sé d'aidhm ag CSE+ rannchuidiú leis na cuspóirí eile beartais a liostaítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/1060, go háirithe na cuspóirí sin a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) Eoraip níos cliste a bhaint amach, trí scileanna do speisialú cliste a fhorbairt, scileanna do na príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, aistriú tionsclaíoch, comhar earnálach i leith scileanna agus fiontraíochta, oiliúint taighdeoirí, gníomhaíochtaí líonrúcháin agus comhpháirtíochtaí idir institiúidí ardoideachais, institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, mar aon le lárionaid, fiontair agus braislí taighde agus teicneolaíochta, agus tacaíocht do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga, d'fhiontair mheánmhéide agus don gheilleagar sóisialta;
- (b) Eoraip níos glaise agus ar bheagán carbóin a bhaint amach, trí fheabhas a chur ar na córais oideachais agus oiliúna is gá chun scileanna agus cáilíochtaí a oiriúnú, gach duine a uas-sciliú, lucht saothair san áireamh, poist nua a chruthú in earnálacha a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an aeráid, le fuinneamh, leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar.

3. I gcás inar gá mar bheart sealadach chun freagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/1060, agus teoranta do thréimhse 18 mí, le CSE+, féadfar tacú leis an méid a leanas:

- (a) scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú gan an ceanglas gur cheart iad a chomhcheangal le bearta gníomhacha;
- (b) rochtain ar chúram sláinte lena n-áirítear do dhaoine nach mbaineann leochaileacht shoch-eacnamaíoch láithreach leo.

4. I gcás, ar iarraidh a bheith tíolactha ag na Ballstáit lena mbaineann, ina gcinnfidh an Coimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos i mír 3, glacfaidh sé cinneadh cur chun feidhme ina sonrúfar an tréimhse a n-údaraithe an tacaíocht shealadach bhreise ó CSE+ lena linn.

5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme mhír 3 den Airteagal seo agus déanfaidh sé measúnú an leor an tacaíocht shealadach bhreise ó CSE+ chun úsáid na tacaíochta ó CSE+ a éascú mar fhreagairt ar na himthosca eisceachtúla nó neamhghnácha. Ar bhonn a mheasúnaithe, molfaidh an Coimisiún leasuithe, i gcás inarb iomchuí, ar an Rialachán seo, lena n-áirítear maidir leis na ceanglais um dhíriú téamach a leagtar amach in Airteagal 7, seachas an ceanglas um dhíriú téamach in Airteagal 7(5) agus (6).

Airteagal 5

An buiséad

1. EUR 87 995 063 417 i bpragsanna 2018 a bheidh san imchlúdach airgeadais iomlán do chur chun feidhme CSE+ don tréimhse 2021 go 2027.

2. EUR 87 319 331 844 i bpragsanna 2018, a bheidh sa chuid sin den imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte chun rannchuidiú leis an sprioc arb í infheistíocht le haghaidh post agus fáis i mBallstáit agus i réigiúin dá tagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/1060, agus de sin leithdháilfear EUR 175 000 000 do chomhar trasnáisiúnta chun dlús a chur le haistriú réiteach nuálach agus uas-scalú na réiteach nuálach a éascú, dá dtagraítear in Airteagal 25, pointe (i), den Rialachán seo, agus leithdháilfear EUR 472 980 447, i bpragsanna 2018, ina chistiú breise do na réigiúin is forimeallaí arna sainaitheint in Airteagal 349 CFAE agus do réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhlíonann na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 maidir le forálacha speisialta do Chuspóir 6 faoi chuimsiú na gCistí Struchtúracha san Fhionlainn, san Iorua agus sa tSualainn a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994 (Prótacal Uimh. 6).

3. EUR 675 731 573 i bpragsanna 2018 a bheidh sa chuid sin den imchlúdach airgeadais do shraith EaSI don tréimhse 2021 go 2027.

4. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 3 a úsáid freisin le haghaidh cúnaimh teicniúil agus riaracháin chun sraith EaSI a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais teicneolaíochta faisnéise chorpáraideacha san áireamh.

Airteagal 6

Comhionannas inscne, comhionannas deiseanna agus neamh-idirdhealú

Tacóidh Ballstáit agus an Coimisiún le gníomhaíochtaí spriocdhírthe chun na prionsabail chothrománacha dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus in Airteagal 28 den Rialachán seo a chur chun cinn faoi chuimsiú aon cheann de chuspóirí CSE+. Ar na gníomhaíochtaí sin, féadfar gníomhaíochtaí a áireamh lena n-áiríteofaí inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear ó thaobh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide de, agus gníomhaíochtaí chun an t-aistriú ó chúram cónaitheach nó institiúideach go cúram teaghlaigh agus pobalbhunaithe a chur chun cinn.

Trí CSE+, beidh sé d'aidhm freisin ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún rannpháirtíocht na mban san fhostaíocht a mhéadú chomh maith le comhréiteach idir an saol oibre agus an saol pearsanta, baineannú na bochtaineachta agus an idirdhealaithe ar bhonn inscne i margadh an tsaothair, san oideachas agus san oiliúint a chomhrac.

CUID II

CUR CHUN FEIDHME FAOI BHAINISTÍOCHT ROINNTE

CAIBIDIL I

Forálacha coiteanna maidir le clársceidealú

Airteagal 7

Comhsheasmhacht agus díriú téamach

1. Déanfaidh na Ballstáit a n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte a chlársceidealú trí thosaíocht a thabhairt d'idirghabhálacha lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a shainaithnítear sa Seimeastar Eorpach, lena n-áirítear ina gclár náisiúnta um athchóiriú agus, ina theannta sin, sna moltaí tírshonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) CFAE, agus cuirfidh siad san áireamh na prionsabail agus na cearta a leagtar amach i gColún Eorpach na gCearta Sóisialta agus sna straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha atá ábhartha do chuspóirí CSE+ agus, ar an gcaoi sin, rannchuideoidh siad leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE.

Déanfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún freisin, sineirgí a chothú agus comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas a áirithiú idir CSE+ agus cistí, cláir agus ionstraimí eile an Aontais le linn chéim na pleanála agus chéim an chur chun feidhme araon. Déanfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún freisin, sásraí comhordúcháin a optamú chun dubaílt saothar a sheachaint agus dlúthchomhar a áirithiú idir na heintitis atá freagrach as cur chun feidhme le go ndéanfar gníomhaíochtaí tacaíochta a bheidh comhleanúnach cuíchóirithe.

2. Leithdháilfidh na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shaináithnítear sna moltaí tírshonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) CFAE agus sa Seimeastar Eorpach a thagann faoi raon feidhme chuspóirí sonracha CSE+ a leagtar amach in Airteagal 4(1) den Rialachán seo iad.

3. Leithdháilfidh na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte ar an Ráthaíocht don Leanbh trí bhithin gníomhaíochtaí spriocdhírthe agus athchóirithe struchtúracha chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (f) agus (h) go (l).

Déanfaidh na Ballstáit sin ag a raibh an meánráta leanaí faoi bhun 18 mbliana a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta don tréimhse idir 2017 agus 2019 os cionn mheán an Aontais don tréimhse chéanna, ar bhonn shonraí Eurostat, 5 % ar a laghad dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte a leithdháileadh chun tacú leis na gníomhaíochtaí spriocdhírthe agus na hathchóirithe struchtúracha chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí mar a leagtar amach sa chéad fhomhír iad.

4. Leithdháilfidh na Ballstáit 25 % ar a laghad dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte ar na cuspóirí sonracha maidir le réimse beartais an chuimsithe shóisialta a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (h) go (l), lena n-áirítear lánpháirtíú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a chur chun cinn.

5. Leithdháilfidh na Ballstáit 3 % ar a laghad dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte chun tacú leis na daoine is díothaí faoin gcuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe in Airteagal 4(1), pointe (m), nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, an sprioc shonrach a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (l), nó an dá chuspóir sonracha sin.

Ní chuirfear na hacmhainní sin san áireamh agus comhlíonadh na leithdháiltí íosta a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 á fhíorú.

6. Leithdháilfidh na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte ar ghníomhaíochtaí spriocdhírthe agus ar athchóirithe struchtúracha chun tacú le fostaíocht le haghaidh daoine óga, le gairmoideachas agus gairmoilúint, go háirithe printiseachtaí, agus leis an aistriú ón scoil go dtí an obair, le conairí chun ath-lánpháirtíú san oideachas nó san oiliúint agus le hoideachas an dara deis, go háirithe i gcomhthéacs cur chun feidhme scéimeanna faoin Ráthaíocht don Aos Óg.

Déanfaidh na Ballstáit sin ag a raibh an meánráta daoine óga idir 15 bliana agus 29 mbliana nach raibh i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna don tréimhse idir 2017 agus 2019 os cionn mheán an Aontais don tréimhse chéanna, ar bhonn shonraí Eurostat, 12,5 % ar a laghad dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte do na blianta idir 2021 agus 2027, a leithdháileadh chun tacú leis na hathchóirithe struchtúracha agus na gníomhaíochtaí spriocdhírthe mar a leagtar amach sa chéad fhomhír iad.

Na réigiúin is forimeallaí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa dara fhomhír, leithdháilfidh siad 12,5 % ar a laghad dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte ina gcuid clár ar na gníomhaíochtaí spriocdhírthe agus na hathchóirithe struchtúracha a leagtar amach sa chéad fhomhír. Nuair is infheidhme, cuirfear an leithdháileadh sin san áireamh chun comhlíonadh an íoschéatadáin ar an leibhéal náisiúnta a leagtar amach sa dara fhomhír a fhíorú.

Agus na gníomhaíochtaí spriocdhírthe agus na hathchóirithe struchtúracha dá dtagraítear sa mhír seo á gcur chun feidhme acu, tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht do dhaoine óga atá neamhghníomhach agus dífhostaithe go fadtéarmach agus cuirfidh siad bearta for-rochtana spriocdhírthe ar bun.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 go 6 den Airteagal seo maidir leis an leithdháileadh breise sonracha a fhaigheann na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 6.

8. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 6 maidir le cúnaimh teicniúil.

Airteagal 8

Urraim don Chairt

1. Déanfar gach oibríocht a roghnú agus a chur chun feidhme agus urraim á tabhairt do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an “Chairt”) agus i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060.

2. I gcomhréir le hAirteagal 69(7) de Rialachán (AE) 2021/1060, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gearáin a scrúdú go héifeachtach. Beidh an méid sin gan dochar don fhéidearthacht atá ag saoránaigh agus geallsealbhóirí i gcoitinne gearáin a chur faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear gearáin maidir le sárúithe ar an gCairt.

3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go ndearnadh sárú ar an gCairt, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tromchúis an tsáraithe ina chinneadh maidir leis na bearta ceartaítheacha atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060.

Airteagal 9

Comhpháirtíocht

1. Cinnteoidh na Ballstáit rannpháirtíocht fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta i gcur i bhfeidhm beartas fostaíochta, oideachais agus cuimsithe shóisialta a dtacaíonn sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte leo.

2. Leithdháilfidh na Ballstáit méid iomchuí dá n-acmhainní ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte i ngach clár ar fhothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta, lena n-áirítear i bhfoirm oiliúna, bearta líonrúcháin, neartú an idirphlé shóisialta agus ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh go comhpháirteach ag na comhpháirtithe sóisialta.

I gcás ina sainithnítear fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta le moladh tírshonrach ábhartha arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) CFAE, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann méid iomchuí de 0,25 % dá acmhainní shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte ar a laghad a leithdháileadh chun na críche sin.

Airteagal 10

Tacaíocht do na daoine is díothaí

Na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 7(5) faoi chuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (l) agus (m), clársceidealófar iad faoi thosaíocht nó faoi chlár tiomnaithe. Is é 90 % a bheidh sa ráta cómhaoinithe don tosaíocht nó don chlár sin.

Airteagal 11

Tacaíocht d'fhostaíocht le haghaidh daoine óga

I gcomhréir leis an dara agus an tríú fómhír d'Airteagal 7(6), déanfar an tacaíocht a chlársceidealú faoi thosaíocht nó faoi chlár tiomnaithe agus áireofar, ar a laghad, tacaíocht lena rannchuidítear leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (a) agus féadfar a áireamh leis tacaíocht lena rannchuidítear leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (f) agus (l).

Airteagal 12

Tacaíocht do mholtaí tírshonracha ábhartha

Na gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a shainithnítear sna moltaí tírshonracha ábhartha agus sa Seimeastar Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 7(2), clársceidealófar iad faoi aon cheann de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal (4)1 chun tacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus faoi thosaíocht amháin nó níos mó, a d'fhéadfadh a bheith ina thosaíocht ilchiste.

CAIBIDIL II

Tacaíocht ghinearálta ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte*Airteagal 13***Raon feidhme**

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le tacaíocht ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte lena rannchuidítear le cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (a) go (l) (tacaíocht ghinearálta ó shraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte).

*Airteagal 14***Gníomhaíochtaí nuálacha sóisialta**

1. Tacóidh na Ballstáit le gníomhaíochtaí nuálacha sóisialta agus le tástáil shóisialta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhfuil comhpháirt shoch-chultúrtha ag baint leo, nó lena dtreisítear cuir chuige a fheidhmíonn ó bhun aníos agus atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí idir údarais phoiblí, na comhpháirtithe sóisialta, fiontair shóisialta, an earnáil príobháideach agus an tsochaí shibhialta.
2. Féadfaidh na Ballstáit tacú le huas-scálú na gcur chuige nuálacha a tástáladh ar scála beag agus a forbraíodh faoi shraith EaSI agus faoi chlár eile an Aontais.
3. Is féidir gníomhaíochtaí agus cuir chuige nuálacha a chlársceidealú faoi aon cheann de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (a) go (l).
4. Díreoidh na Ballstáit tosaíocht amháin ar a laghad ar chur chun feidhme mhír 1 nó 2, nó an dá cheann acu. Féadfar uasráta cómhaoinithe na dtosaíochtaí sin a mhéadú go 95 % chun an t-uasmhéid 5 % d'acmhainní náisiúnta faoi shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte.
5. Déanfaidh na Ballstáit a shainaithint, ina gclár nó ag céim níos déanaí le linn an chur chun feidhme, réimsí le haghaidh nuálaíocht shóisialta agus tástáil shóisialta, ar réimsí iad a chomhfhreagraíonn do riachtanais shonracha Ballstát.
6. Déanfaidh an Coimisiún fothú acmhainneachta le haghaidh nuálaíocht shóisialta a éascú, go háirithe trí thacú le foghlaim fhrithpháirteach, le bunú líonraí agus le scaipeadh agus le cur chun cinn dea-chleachtas agus modheolaíochtaí.

*Airteagal 15***Comhar trasnáisiúnta**

Féadfaidh na Ballstáit tacú le gníomhaíochtaí comhair trasnáisiúnta faoi aon cheann de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (a) go (l).

*Airteagal 16***Incháilitheacht**

1. Sa bhreis ar na costais neamh-incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2021/1060, ní bheidh na costais seo a leanas incháilithe faoi thacaíocht ghinearálta ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte:
 - (a) ceannach talún agus réadmhaoine, chomh maith le ceannach bonneagair; agus
 - (b) ceannach troscáin, trealaimh, agus feithiclí ach amháin i gcás ina bhfuil ceannach den sórt sin riachtanach chun cuspóir na hoibríochta a bhaint amach, nó i gcás ina bhfuil na nithe sin go hiomlán dímheasta le linn na hoibríochta, nó i gcás inarb é ceannach na nithe sin an rogha is eacnamaíche.

2. Ranníocaíochtaí comhchineáil i bhfoirm liúntas nó tuarastal arna n-íoc ag tríú páirtí chun leasa rannpháirtithe oibríochta, féadfaidh siad a bheith incháilithe do ranníocaíochtaí ó thacaíocht ghinearálta ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte ar choinníoll gur i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta, lena n-áirítear rialacha cuntasáíochta, a thabhaítear na ranníocaíochtaí comhchineáil agus nach mó iad ná an costas a bhí ar an tríú páirtí.

3. An leithdháileadh breise sonracha a fhaigheann na réigiúin is forimeallaí agus réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 6, úsáidfeadh é chun tacú le baint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1).

4. Beidh costais foirne dhíreacha incháilithe do ranníocaíocht ó thacaíocht ghinearálta ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte má tá siad i gcomhréir le gnáthchleachtais luacha saothair an tairbhí don chatagóir feidhme lena mbaineann nó i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, le comhaontuithe comhchoiteanna nó le staidreamh oifigiúil.

Airteagal 17

Táscairí agus tuairisciú

1. Maidir le cláir a thairbhíonn de thacaíocht ghinearálta ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte, úsáidfeadh comhtháscairí aschuir agus toraidh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn sa chur chun feidhme. Féadfar táscairí clárshonracha a úsáid sna cláir sin freisin.

2. I gcás ina leithdháilfidh Ballstát a acmhainní ar an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (l), chun díriú ar na daoine is díothaí, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 7(5), beidh feidhm ag na comhtháscairí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II iad.

3. Nialas an bhonnlíne a shocrófar do chomhtháscairí aschuir agus do tháscairí aschuir clárshonracha. I gcás ina bhfuil sé ábhartha do chineál na n-oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht, is i ndearbhúimhreacha a shloinnfeadh clocha míle agus spriocluachanna cainníochtaithe carnacha. I ndearbhúimhreacha a shloinnfeadh luachanna tuairiscithe na dtáscairí aschuir.

4. Maidir le luach tagartha na gcomhtháscairí toraidh agus na dtáscairí toraidh clárshonracha ar socraíodh dóibh spriocluach do 2029, socrófar é trí úsáid a bhaint as na sonraí is déanaí atá ar fáil nó as foinsí faisnéise eile a bhaineann le hábhar. Is i ndearbhúimhreacha nó i gcéatadán a shloinnfeadh spriocanna na gcomhtháscairí aschuir. Féadfar táscairí toraidh clárshonracha agus spriocanna gaolmhara a shloinneadh i dtéarmaí cainníochtúla nó cáilíochtúla. Is i ndearbhúimhreacha a shloinnfeadh luachanna tuairiscithe na gcomhtháscairí toraidh.

5. Ní dhéanfar sonraí faoi tháscairí maidir le rannpháirtithe a tharchur go dtí go mbeidh gach sonra a cheanglaítear faoi phointe 1.1 d'Iarscríbhinn I faoin rannpháirtí i gceist ar fáil.

6. I gcás ina bhfuil sonraí ar fáil i gcláir nó i bhfoinsí coibhéiseacha, féadfaidh na Ballstáit a chur ar a gcumas d'údarais bhainistíochta agus comhlachtaí eile a bhfuil sé de chúram orthu sonraí a bhailiú is gá chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thacaíocht ghinearálta ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte, na sonraí sin a fháil ó chláir sonraí nó ó fhoinsí coibhéiseacha, i gcomhréir le hAirteagal 6(1), pointí (c) agus (e), de Rialachán (AE) 2016/679.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 chun na táscairí in Iarscríbhinn I agus II a leasú i gcás ina measfar gur gá sin chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gclár. Beidh leasuithe den sórt sin comhréireach agus an t-ualach riaracháin ar Bhallstáit agus ar thairbhíthe á chur san áireamh. Ní dhéanfaidh gníomhartha tarmligthe i gcomhréir leis an mír seo athrú ar an modheolaíocht i ndáil le bailiú sonraí mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I agus in II.

CAIBIDIL III

Tacaíocht ó CSE+ chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha

Airteagal 18

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le tacaíocht ó CSE+ lena rannchuidítear leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (m).

Airteagal 19

Prionsabail

1. An tacaíocht ó CSE+ a thabharfar chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha, ní fhéadfar í a úsáid ach chun tacú le dáileadh bia agus earraí atá i gcomhréir le dlíthe an Aontais maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais.

2. Is ar bhonn critéir oibiachtúla a bhaineann le riachtanais na ndaoine is díothaí a roghnóidh na Ballstáit agus na tairbhíthe an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach atá le tabhairt. Cuirfear gnéithe a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol san áireamh chomh maith sna critéir roghnúcháin don bhia agus, i gcás inarb iomchuí, d'earraí, go háirithe d'fhonn cur amú bia agus plaistigh aon úsáide a laghdú. I gcás inarb iomchuí, roghnófar cineál na dtáirgí bia a bheidh le dáileadh tar éis breithniú a dhéanamh ar an dóigh a rannchuideoidh na táirgí sin aiste bia chothrom a bheith ag na daoine is díothaí.

Is féidir an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach a sholáthar go díreach do na daoine is díothaí nó go hindíreach, mar shampla, trí dhearbháin nó cártaí, i bhfoirm leictreonach nó eile, ar choinníoll nach féidir iad a fhuascailt ach amháin i gcomhair bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach. Beidh tacaíocht do na daoine is díothaí sa bhreis ar aon sochar sóisialta a d'fhéadfaí a sholáthar d'fhaighteoirí deiridh ag córais shóisialta náisiúnta nó i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

Féadfar an bia do na daoine is díothaí a fháil ó úsáid, ó phróiseáil nó ó dhíol na dtáirgí arna ndiúscairt i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁷⁾, ar choinníoll gurb é sin an rogha is fearr ó thaobh airgid agus nach gcuirtear rómhoill ar sheachadadh an bhia ar na daoine is díothaí dá thoradh.

Aon mhéid a ghnóthófar as idirbheart dá leithéid, úsáidfear é chun leas na ndaoine is díothaí a dhéanamh, sa bhreis ar na méideanna atá ar fáil tríd an gclár.

3. Maidir leis an gcabhair a sholáthraítear faoi chuimsiú na tacaíochta ó CSE+ chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha, áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go ndéanfar dínit na ndaoine is díothaí a urramú leis agus go gcoscfaidh stiogmatú na ndaoine sin.

4. Déanfaidh na Ballstáit seachadadh bia agus/nó cúnamh ábhartha a chomhlánú trí bhearta tionlacain, amhail tarchuir chuig seirbhísí inniúla, faoin gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (m) nó trí lánpháirtíú sóisialta na ndaoine is díothaí a chur chun cinn faoin gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (l).

Airteagal 20

Ábhar na tosaíochta

1. I dtosaíocht i ndáil le tacaíocht lena rannchuidítear leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (m) leagfar amach an méid seo a leanas:

(a) cineál na tacaíochta;

⁽³⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

- (b) na príomh-spríocghrúpaí; agus
- (c) tuairisc ar na scéimeanna náisiúnta nó réigiúnacha tacaíochta.

2. I gcás cláir atá teoranta do thacaíocht faoi mar a thagraítear di i mír 1 agus i gcás na tacaíochta teicniúla gaolmhaire, beidh na critéir maidir le roghnú oibríochtaí ar áireamh sa tosaíocht.

Airteagal 21

Incháilitheacht oibríochtaí

1. An bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach a sholáthraítear do na daoine is díothaí, féadfaidh an tairbhí é a cheannach, féadfar é a cheannach thar cheann an tairbhí, nó féadfar é a chur ar fáil saor in aisce don tairbhí.
2. Déanfar an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach a dháileadh saor in aisce ar na daoine is díothaí.

Airteagal 22

Incháilitheacht caiteachais

1. Is iad seo a leanas costais incháilithe thacaíocht CSE+ chun aghaidh a thabhairt ar dhíth ábhartha:
 - (a) an costas a bhaineann le bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach a cheannach, lena n-áirítear na costais a bhaineann le bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach a iompar chuig na tairbhíthe atá ag seachadadh an bia nó an chúnamh bhunúsaigh do na faighteoirí deiridh;
 - (b) i gcás nach bhfuil iompar an bhia agus/nó an chúnamh ábhartha bhunúsaigh chuig na tairbhíthe a dháileann iad ar na faighteoirí deiridh cumhdaithe ag pointe (a), na costais a sheasann comhlacht an cheannaigh a bhaineann le bia agus/nó cúnamh ábhartha bunúsach a iompar chuig an iosta stórála /nó chuig na tairbhíthe, agus costais stórála ar ráta comhréidh 1 % de na costais dá dtagraítear i bpointe (a) nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, na costais a tabhaíodh agus a íocadh iarbhír;
 - (c) na costais riaracháin, iompair, stórála agus ullmhúcháin a sheasann na tairbhíthe a dhéanann cúram de dháileadh an bhia agus/nó an chúnamh ábhartha bhunúsaigh ar na daoine is díothaí ar ráta comhréidh 7 % de na costais dá dtagraítear i bpointe (a) nó 7 % de chostais an bhia arna ndiúscairt i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;
 - (d) an costas a bhaineann le bailiú, iompar, stóráil agus dáileadh deonachán bia agus le gníomhaíochtaí ardaithe feasachta a bhfuil baint dhíreach acu leo sin; agus
 - (e) na costais a bhaineann le beart tionlacain a dhéanann na tairbhíthe nó a dhéantar thar ceann na dtairbhíthe agus arna ndearbhú ag na tairbhíthe a dháileann an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach ar na daoine is díothaí ar ráta comhréidh 7 % de na costais dá dtagraítear i bpointe (a).
2. Tá na costais a bhaineann le scéimeanna dearbhán nó cártaí a ullmhú i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm eile, agus costais oibriúcháin chomhfhreagracha incháilithe faoi chúnamh teicniúil ar choinníoll gurb é an t-údarás bainistíochta nó comhlacht poiblí eile nach tairbhí é a dháileann na dearbháin nó na cártaí ar fhaighteoirí deiridh, nó ar choinníoll nach gcumhdaítear iad leis na costais a leagtar amach i mír 1, pointe (c).
3. Má thagann laghdú ar na costais incháilithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 toisc nár chomhlíon an comhlacht atá freagrach as an mbia agus/nó as an gcúnamh ábhartha bunúsach a cheannach an dlí is infheidhme, ní thiocfaidh de sin laghdú ar na costais incháilithe a leagtar amach sa mhír sin, pointí (c) agus (e).
4. Ní bheidh na costais seo a leanas incháilithe:
 - (a) ús ar fhiacha;
 - (b) bonneagar a cheannach; agus
 - (c) costais earraí athlámhe.

*Airteagal 23***Táscairí agus tuairisciú**

1. Chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme tosaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar dhíth ábhartha, úsáidfead comhtháscairí aschuir agus toraidh, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Leis an tosaíochtaí sin, féadfar úsáid a bhaint as táscairí clárshonracha freisin.
2. Bunófar luachanna tagartha na gcomhtháscairí toraidh agus na dtáscairí toraidh clárshonracha.
3. Cuirfidh na húdaráis bhainistíochta in iúl don Choimisiún faoi dhó torthaí suirbhé struchtúrtha ar fhaighteoirí deiridh maidir le tacaíocht a fuarthas ó CSE+ agus ag díriú chomh maith ar a ndálaí maireachtála agus cineál a ndíthe ábhartha, a rinneadh an bhliain roimhe sin. Beidh an suirbhé sin bunaithe ar an tsamhail a bhunóidh an Coimisiún le gníomh cur chun feidhme. Déanfar an chéad tuairisciú den sórt sin faoin 30 Meitheamh 2025 agus an dara ceann faoin 30 Meitheamh 2028.
4. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunófar an tsamhail a bheidh le húsáid don suirbhé struchtúrtha ar fhaighteoirí deiridh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 38(2) chun coinníollacha aonfhoirmeacha do chur chun feidhme an Airteagail seo a áirithiú.
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 37 chun na táscairí in Iarscríbhinn III a leasú i gcás ina measfar gur gá sin chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gclár. Beidh leasuithe den sórt sin comhréireach agus an t-ualach riaracháin ar Bhallstáit agus ar thairbhíthe á chur san áireamh. Ní dhéanfaidh gníomhartha tarmligthe i gcomhréir leis an mír seo athrú ar an modheolaíocht i ndáil le bailiú sonraí mar a leagtar síos in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 24***Iníúchadh**

Le hiniúchadh oibríochta, féadfar gach céim dá gcur chun feidhme agus gach leibhéal den slabhra dáilte a chuimsiú, cé is moite de rialú na bhfaighteoirí deiridh, ach amháin má shuítear le measúnú riosca go bhfuil riosca sonrath neamhríaltachta nó calaoise ann.

CUID III

CUR CHUN FEIDHME FAOI BHAINISTÍOCHT DHÍREACH AGUS INDÍREACH

CAIBIDIL I

Cuspóirí oibríochtúla*Airteagal 25***Cuspóirí oibríochtúla**

Beidh na cuspóirí oibríochtúla seo a leanas ag sraith EasI:

- (a) eolas ardcháilíochta anailíseach comparáideach a fhorbairt chun a áirithiú go bhfuil na beartais arb é is aidhm dóibh na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1) a bhaint amach bunaithe ar fhianaise fhónta agus go bhfuil siad ábhartha do riachtanais, do dhúshláin, agus do dhálaí áitiúla;
- (b) éascaíocht a dhéanamh do chomhroinnt faisnéise éifeachtaí agus cuimsithí, d'fhoghlaim fhrithpháirteach, d'athbhreithnithe píaráí agus d'idirphlé i leith beartas sna réimsí beartais a leagtar amach in Airteagal 4(1) chun cuidiú le bearta beartais iomchuí a cheapadh;

- (c) tacú le tástáil shóisialta sna réimsí beartais a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus acmhainneacht na ngeallsealbhóirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil a mhéadú chun na nuálaíochtaí i mbeartas sóisialta a tástáladh a ullmhú, a dhearadh agus a chur chun feidhme, a aistriú nó a uas-scálú, go háirithe i dtaca le tionscadail arna n-uas-scálú ag geallsealbhóirí áitiúla i réimse an lánpháirtithe shocheacnamaíoch náisiúnach tríú tír;
- (d) soghluaisteacht gheografach dheonach oibrithe a éascú agus deiseanna fostaíochta a mhéadú trí sheirbhísí tacaíochta sonracha a sholáthar d'fhostóirí agus do chuardaitheoirí poist d'fhonn margaí saothair Eorpacha comhtháite a fhorbairt, mar atá seirbhísí ullmhúcháin ag an gcéim réamhscaráíochta go cúnamh i ndiaidh an tsocrúcháin, chun folúntais a líonadh i gcás earnálacha, gairmeacha beatha, tíortha, réigiúin teorann nó na seirbhísí sin a sholáthar do ghrúpaí áirithe (amhail daoine i gcúinsí leochaileacha);
- (e) tacú le forbairt an éiceachórais mhargaidh lena soláthraítear micreamhaoiniú do mhicrifhiontair atá i gcéim an tionscnaimh agus i gcéim na forbartha, go háirithe iad siúd a chruthaigh daoine leochaileacha nó ag a bhfuil daoine leochaileacha fostaithe;
- (f) tacú le líonrú ar leibhéal an Aontais agus le hidirphlé le geallsealbhóirí ábhartha agus i measc na ngeallsealbhóirí sin sna réimsí beartais a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus rannchuidiú le hacmhainneacht institiúideach na ngeallsealbhóirí rannpháirteacha a fhorbairt, lena n-áirítear na seirbhísí poiblí fostaíochta, institiúidí poiblí slándála sóisialta agus árachais sláinte, an tsochaí shibhialta, institiúidí micreamhaoiniúcháin agus institiúidí a sholáthraíonn maoiniú d'fhiontair shóisialta agus don gheilleagar sóisialta;
- (g) tacú le forbairt fiontar sóisialta agus le teacht chun cinn margaidh infheistíochta sóisialta agus, dá bharr sin, éascaíocht a dhéanamh d'idirghníomhaíochtaí poiblí agus príobháideacha agus do rannpháirtíocht fondúireachtaí agus gníomhaithe daonchairdis sa mhargadh sin;
- (h) treoraíocht a thabhairt faoi fhorbairt bonneagair shóisialta is gá chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme;
- (i) tacú le comhar trasnáisiúnta chun dlús a chur le haistriú réiteach nuálacha, agus chun uas-scálú na réiteach nuálach a éascú, go háirithe maidir le réimsí beartais a leagtar amach in Airteagal 4(1); agus
- (j) tacú le cur chun feidhme caighdeán ábhartha idirnáisiúnta sóisialta agus saothair i gcomhthéacs leas a bhaint as an domhandú agus as an ngné sheachtrach de bheartais an Aontais sna réimsí beartais a leagtar amach in Airteagal 4(1).

CAIBIDIL II

Incháilitheacht

Airteagal 26

Gníomhaíochtaí incháilithe

1. Ní bheidh incháilithe chun cistiú a fháil ach gníomhaíochtaí lena saothraítear na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 3(1) agus (2), Airteagal 4(1) agus Airteagal 25.
2. Féadfar tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas le sraith EaSI:
 - (a) gníomhaíochtaí anailíseacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le tríú tíortha, go háirithe:
 - (i) suirbhéanna, staidéir, sonraí staitistiúla, modheolaíochtaí, aicmithe, micrea-ionsamhlaithe, táscairí agus tacaíocht d'fhaireachlanna agus do thagarmharcanna ar an leibhéal Eorpach;
 - (ii) tástáil shóisialta lena measúnaítear nuálaíochtaí sóisialta;
 - (iii) faireachán agus measúnú ar thrasú agus ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais;
 - (b) cur chun feidhme beartas, go háirithe:
 - (i) comhpháirtíochtaí trasteorann, go háirithe idir na seirbhísí fostaíochta poiblí, na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta, agus seirbhísí tacaíochta i réigiúin trasteorann;
 - (ii) scéim soghluaisteachta spriocdhírthe uile-Aontais do lucht saothair, ar leibhéal an Aontais, chun folúntais a líonadh in áiteanna ar sainaitníodh easnamh ar an margadh;

- (iii) tacaíocht d'institiúidí mhicreamhaoiniúcháin agus d'institiúidí a sholáthraíonn maoiniú d'fhiontair shóisialta, lena n-áirítear trí oibríochtaí measctha amháil comhroinnt riosca neamhshiméadrach nó laghdú costas idirbheart, mar aon le tacaíocht chun bonneagar sóisialta agus scileanna a fhorbairt;
 - (iv) tacaíocht do chomhar trasnáisiúnta agus do chomhpháirtíochtaí d'fhonn réitigh nuálacha a aistriú agus a uas-scálú;
- (c) fothú acmhainneachta, go háirithe:
- (i) líonraí ar leibhéal an Aontais a bhaineann leis na réimsí beartais a leagtar amach in Airteagal 4(1);
 - (ii) pointí teagmhála náisiúnta a thugann treoraíocht, faisnéis agus cúnaimh a bhaineann le cur chun feidhme shraith EaSI;
 - (iii) riaracháin, institiúidí slándála sóisialta agus seirbhísí fostaíochta atá freagrach as soghluaisteacht lucht saothair a chur chun cinn, institiúidí micreamhaoiniúcháin agus institiúidí a sholáthraíonn maoiniú d'fhiontair shóisialta nó do ghníomhaithe infheistíochta sóisialta eile, agus líonrú freisin i mBallstáit nó tríú tíortha atá comhlachaithe le sraith EaSI de bhun Airteagal 29;
 - (iv) geallsealbhóirí, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, d'fhonn comhair thrasnáisiúnta;
- (d) gníomhaíochtaí cumarsáide agus craobhscaoilte, go háirithe:
- (i) foghlaim fhrithpháirteach trí mhalartú dea-chleachtas, cuir chuige nuálacha, torthaí gníomhaíochtaí anailíseacha, athbhreithnithe piaraí agus tagarmharcanna;
 - (ii) teoracha, tuarascálacha, ábhar faisnéiseach, agus clúdach sna meáin a bhain leis na réimsí beartais a leagtar amach in Airteagal 4(1);
 - (iii) córais faisnéise lena scaiptear fianaise a bhaineann leis na réimsí beartais a leagtar amach in Airteagal 4(1);
 - (iv) imeachtaí Uachtaránacht na Comhairle agus comhdhálacha, seimineáir agus gníomhaíochta múscailte feasachta.

Airteagal 27

Eintitis incháilithe

1. Faoi réir na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 197 den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm ag na critéir seo a leanas maidir le hincháilitheacht eintiteas:

(a) eintitis dhlítheanacha atá bunaithe in aon cheann de na tíortha nó na críocha seo a leanas:

- (i) Ballstát, nó tír nó críoch thar lear atá bainteach leis an mBallstát sin;
- (ii) tríú tír atá comhlachaithe le sraith EaSI de bhun Airteagal 29;
- (iii) tríú tír a liostaítear sa chlár oibre faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo;

(b) aon eintiteas dlítheanacha a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht idirnáisiúnta.

2. Go heisceachtúil, eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe le sraith EaSI, de bhun Airteagal 29 beidh siad incháilithe chun páirt a ghlacadh i gcás ina bhfuil sin riachtanach chun cuspóirí gníomhaíochta ar leith a bhaint amach.

3. I bprionsabal, seasfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtríú tír nach bhfuil comhlachaithe le sraith EaSI de bhun Airteagal 29, costas a rannpháirtíochta.

Airteagal 28

Prionsabail ghinearálta

1. Áiríteoidh an Coimisiún go ndéanfar combhionannas inscne, príomhshruthú inscne agus comhtháthú ghné na hinscne a chur san áireamh agus a chur chun cinn le linn ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht na n-oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó shraith EaSI.

2. Glacfaidh an Coimisiún céimeanna iomchuí chun aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc le linn ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairiscíú agus mheastóireacht na n-oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó shraith EaSI. Go háirithe, déanfar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh i rith ullmhú agus chur chun feidhme shraith EaSI.

Airteagal 29

Rannpháirtíocht tríú tíortha

Beidh sraith EaSI oscailte do rannpháirtíocht na dtríú tíortha seo a leanas trí bhíthin chomhaontú leis an Aontas:

- (a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;
- (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta agus na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta a bhaineann le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gclár an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí ó Chomhairlí Comhlachais faoi seach, nó i gcomhaontuithe eile den chineál céanna, agus i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a leagtar síos i gcomhaontuithe idir an tAontas agus na tíortha sin;
- (c) tríú tíortha eile, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú sonracha lena gcumhdaítear rannpháirtíocht na dtríú tíortha sin i sraith EaSI, ar choinníoll:
 - (i) go n-áirítear leis an gcomhaontú sin cothromaíocht chóir idir ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá páirteach i gclár an Aontais;
 - (ii) go leagtar síos leis an gcomhaontú coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sna cláir, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair nó le sraitheanna clár agus a gcostais riaracháin;
 - (iii) nach dtugtar leis an gcomhaontú an chumhacht don tríú tír cinntí a dhéanamh maidir le sraith EaSI;
 - (iv) go ráthaítear leis an gcomhaontú sin cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

Ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí sin dá dtagraítear san Airteagal seo, an chéad fhomhír, pointe (c)(ii).

CAIBIDIL III

Forálacha ginearálta

Airteagal 30

Foirmeacha chistiú an Aontais agus modhanna cur chun feidhme

1. Faoi shraith EaSI, féadfar cistiú a thabhairt in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais maidir le ranníocaíochtaí airgeadais, go háirithe deontais, duaiseanna, soláthar agus íocaíochtaí deonacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas ina bhall díobh nó a nglacann an tAontas páirt ina gcuid oibre.

2. Cuirfear sraith EaSI chun feidhme go díreach mar a fhoráiltear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), den Rialachán sin.

Agus deontais á ndámhachtain, féadfaidh an coiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 150 den Rialachán Airgeadais a bheith comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha.

3. Déanfar oibríochtaí measctha faoin shraith EaSI a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán (AE) 2021/523 agus le Teideal X den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 31***Clár oibre**

1. Is ar bhonn na gclár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais a chuirfear sraith EaSI chun feidhme. Bunófar ábhar na gclár oibre i gcomhréir leis na cuspóirí oibríochtúla a leagtar amach in Airteagal 25 den Rialachán seo agus leis na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 26 den Rialachán seo. Leagfar amach leis na clár oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha.
2. Tiomsóidh an Coimisiún saineolas ar ullmhú na gclár oibre trí dhul i gcomhairle leis an meitheal dá dtagraítear in Airteagal 39(8).
3. Déanfaidh an Coimisiún sineirgí a chothú agus comhordú níos éifeachtaí a áirithiú idir CSE+ agus ionstraimí ábhartha eile an Aontais agus idir sraitheanna CSE+ freisin.

*Airteagal 32***Faireachán agus tuairisciú**

Leagfar amach in Iarscríbhinn IV táscairí chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn shraith EaSI maidir le baint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1) agus baint amach na gcuspóirí oibríochtúla a leagtar amach in Airteagal 25.

Áiritheofar leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta go mbaileofar ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ar thorthaí shraith EaSI.

Chuije sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus, i gcás inarb ábhartha, ar Bhallstáit.

*Airteagal 33***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tríú tír rannpháirteach i sraith EaSI trí bhíthin cinneadh arna ghlacadh de bhun comhaontú idirnáisiúnta, nó ar bhonn aon ionstraim dhlí eile, tabharfaidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúcháir chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

*Airteagal 34***Meastóireacht**

1. Déanfar na meastóireachtaí ar dhóigh atá tráthúil chun fónamh don phróiseas cinnteoireachta.
2. Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht mheántearma ar shraith EaSI, ar bhonn faisnéis leordhóthanach ar fáil faoina cur chun feidhme.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmíocht an chláir, de bhun Airteagal 34 den Rialachán Airgeadais, agus go háirithe a éifeachtacht, a éifeachtúlacht, a chomhleanúnachas, a ábharthacht agus breisluach an Aontais, lena n-áirítear *vis-à-vis* na prionsabail chothrománacha dá dtagraítear in Airteagal 28 den Rialachán seo, agus tomhaisfear, ar bhonn cáilíochtúil agus cainníochtúil, an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí shraith EaSI a bhaint amach.

Bunófar an mheastóireacht mheántearma ar an bhfaisnéis arna giniúint ag na socrúithe faireacháin agus ag na táscairí a bhunaítear de bhun Airteagal 32, d'fhonn aon choigeartuithe is gá a dhéanamh ar na tosaíochtaí beartais agus cistiúcháin.

3. Faoin 31 Nollaig 2031, ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme déanfaidh an Coimisiún meastóireacht deiridh ar shraith EaSI.

4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí meántearma agus críochnaitheacha chomh maith lena bharúlacha féin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.

Airteagal 35

Iniúchtaí

Iniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis nach bhfuil sainordú acu ó institiúidí nó ó chomhlachtaí an Aontais, sin é an bonn a bheidh leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais.

Airteagal 36

Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Tabharfaidh faighteoirí chistiú an Aontais aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistiúcháin, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú, trí fhaisnéis chomhleanúnach, éifeachtach agus spriocdhírthe a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.
2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann le sraith EaSI, gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun shraith EaSI agus de bhun na dtorthaí a baineadh amach.

Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar shraith EaSI ina gcuidiú freisin maidir le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2), Airteagal 4(1) agus Airteagal 25.

CUID IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 37

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17(7) agus Airteagal 23(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón 1 Iúil 2021.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17(7) agus Airteagal 23(5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsíú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 17(7) nó Airteagal 23(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin gníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 38***An nós imeachta coiste maidir le sraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte**

1. Tabharfaidh an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 115(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 cúnaimh don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 39***Coiste arna bhunú faoi Airteagal 163 CFAE**

1. Déanfaidh an Coiste arna chur ar bun faoi Airteagal 163 CFAE (Coiste CSE+) cúnaimh a thabhairt don Choimisiún.
2. Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí amháin ón rialtas, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na n-oibrithe, ionadaí amháin ó eagraíochtaí na bhfostóirí agus ionadaí malartach do gach comhalta ar feadh uastréimhse 7 mbliana. Mura mbeidh an comhalta i láthair, beidh an t-ionadaí malartach i dteideal go huathoibríoch páirt a ghlacadh sna himeachtaí.
3. Ar Choiste CSE+ beidh ionadaí amháin ó gach eagraíocht lena ndéantar ionadaíocht ar eagraíochtaí na n-oibrithe agus ar eagraíochtaí na bhfostóirí ar leibhéal an Aontais.
4. Féadfaidh Coiste CSE+, lena n-áirítear na meithleacha dá dtagraítear i mír 7, cuireadh a thabhairt d'ionadaithe geallsealbhóirí, nach mbeidh ceart vótála acu, freastal ar a chruinnithe. Féadfaidh ionadaithe de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta mar aon le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta a bheith san áireamh leis sin.
5. Rachfár i gcomhairle le Coiste CSE+ maidir leis an úsáid a bheartaítear a bhaint as cúnaimh teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/1060 i gcás tacaíochta ó shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte agus maidir le saincheisteanna eile a mbeidh tionchar acu ar straitéisí a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais atá ábhartha do CSE+;
6. Féadfaidh Coiste CSE+ tuairimí a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) ceisteanna a bhaineann le rannchuidiú CSE+ le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear moltaí tírshonracha agus tosaíochtaí a bhaineann leis an Seimeastar Eorpach, amhail na cláir náisiúnta um athchóiriú;
 - (b) saincheisteanna a bhaineann le Rialachán (AE) 2021/1060 atá ábhartha do CSE+;
 - (c) ceisteanna maidir le CSE+ a chuirfidh an Coimisiún faoina bhráid seachas na ceisteanna sin dá dtagraítear i mír 5.

Is le tromlach glan na vótaí a caitheadh go bailí a ghlacfar tuairimí Choiste CSE+, agus cuirfear in iúl iad, chun críche faisnéise, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. Cuirfidh an Coimisiún Coiste CSE+ ar an eolas, i scríbhinn, faoin gcaoi ar chuir sé tuairimí an Choiste san áireamh.

7. Déanfaidh Coiste CSE+ meithleacha a bhunú do gach ceann de shraith CSE+.
8. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an meitheal a bhíonn ag déileáil le sraith EaSI maidir leis an gclár oibre. Cuirfidh an Coimisiún an meitheal sin ar an eolas faoin gcaoi ar chuir sé torthaí an chomhairliúcháin sin san áireamh. Áiritheoidh an meitheal go rachfár i gcomhairle leis na geallsealbhóirí, lena n-áirítear le hionadaithe na sochaí sibhialta, maidir leis an gclár oibre.

*Airteagal 40***Forálacha idirthréimhseacha do shraith CSE+ atá faoi bhainistíocht roinnte**

Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013, Rialachán (AE) Uimh. 223/2014, nó aon ghníomh arna ghlacadh faoi na Rialacháin sin, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu le linn na clárthréimhse 2014-2020, maidir le cláir agus oibríochtaí a dtacaíonn na Rialacháin sin leo.

*Airteagal 41***Forálacha idirthréimhseacha do shraith EaSI**

1. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Déanfar aon tagairtí do Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.
2. Féadfaidh imchlúdach airgeadais le haghaidh cur chun feidhme shraith EaSI na speansais a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach is gá freisin chun an t-aistriú idir CSE+ agus na bearta a ghlacadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 a áirithiú.
3. Más gá, féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun na speansais dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) a chumhdach, ionas go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2027 a bhainistiú.
4. Déanfar aisíocaíochtaí ó ionstraimí airgeadais a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 a infheistiú sna hionstraimí airgeadais atá i réimse bheartais na hinfheistíochta sóisialta agus scileanna dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/523.
5. I gcomhréir le hAirteagal 193(2), an dara fómhír, pointe (a), den Rialachán Airgeadais, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a shonraítear sa chinneadh maoiniúcháin agus ar feadh tréimhse theoranta, féadfar a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoin Rialachán seo agus na costais bhunúsacha incháilithe ón 1 Eanáir 2021, fiú má cuireadh chun feidhme iad agus má tabhaíodh iad sular tíolacadh an t-iarratas ar dheontas.

*Airteagal 42***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021 i ndáil le sraith EaSI.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN I

COMHTHÁSCAIRÍ MAIDIR LE TACAÍOCHT GHINEARÁLTA Ó SHRAITH CSE+ ATÁ FAOI BHAINISTÍOCHT ROINNTE

Tá sonraí pearsanta le miondealú de réir inscne (baineann, fireann, duine neamhdhénártha ⁽¹⁾).

Má tá torthaí áirithe ann nach bhfuil intugtha, ní gá sonraí i leith na dtorthaí sin a bhailiú nó a thuairisciú.

I gcás inarb iomchuí, is féidir comhtháscairí aschuir a thuairisciú bunaithe ar spriocghrúpa na hoibríochta.

1. Comhtháscairí aschuir a bhaineann le hoibríochtaí arb iad daoine a sprioc

1.1. Comhtháscairí aschuir maidir le rannpháirtithe:

- daoine dífhostaithe, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (*),
- daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach (*),
- daoine neamhghníomhacha (*),
- daoine fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe (*),
- líon na bpáistí faoi bhun 18 mbliana d'aois (*),
- líon na ndaoine óga idir 18 agus 29 mbliana d'aois (*),
- líon na rannpháirtithe atá 55 bliana d'aois nó os a chionn (*),
- daoine ag a bhfuil oideachas meánscoile íochtaraí nó níos lú ná sin (ISCED 0-2) (*),
- daoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí (ISCED 3) nó oideachas iar-mheánscoile (ISCED 4) acu (*),
- daoine a bhfuil oideachas treasach (ISCED 5 nó 8) acu (*),
- líon iomlán na rannpháirtithe ⁽²⁾.

Níl feidhm ag an táscairí a liostaítear faoin bpointe seo maidir le tacaíocht ó CSE+ lena rannchuidítear leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (1), seachas na táscairí seo a leanas: “líon na bpáistí faoi bhun 18 mbliana d'aois”, “daoine óga idir 18 agus 29 mbliana d'aois”, “líon na rannpháirtithe atá 55 bliana d'aois nó os a chionn” agus “líon iomlán na rannpháirtithe”.

I gcás sonraí a bailíodh ó chlár nó foinsí coibhéseacha, féadfaidh na Ballstáit sainmhíne na náisiúnta a úsáid.

1.2. Is iad seo na comhtháscairí aschuir eile maidir le rannpháirtithe:

- rannpháirtithe faoi mhíchumas (**),
- náisiúnaigh tríú tír (*),
- rannpháirtithe de chúlra eachtrach (*),
- mionlaigh (lena n-áirítear pobal imeallaithe amhail na Romaigh) (**),
- daoine gan dídean nó thíos le heisiamh tithíochta (*),
- rannpháirtithe as ceantair tuaithe (*) ⁽³⁾.

Ní gá sonraí a bhailiú ach amháin i gcásanna inarb infheidhme agus inarb ábhartha.

Féadfar luachanna na dtáscairí a liostaítear faoi phointe 1.2 a ríomh ar bhonn meastacháin fheasacha arna gcur ar fáil ag an tairbhí.

Maidir le táscairí a liostaítear faoi phointe 1.2, féadfaidh na Ballstáit sainmhíne na náisiúnta a chur i bhfeidhm, seachas i gcás na dtáscairí seo a leanas: “náisiúnaigh tríú tír” agus “rannpháirtithe as ceantair tuaithe”.

⁽¹⁾ De réir an dlí náisiúnta.

⁽²⁾ Ríomhfar an táscaire seo go huathoibríoch ar bhonn na gcomhtháscairí aschuir a bhaineann le stádas fostaíochta, cé is moite de thacaíocht ó CSE+ lena rannchuidítear leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (1), sa chás sin tá líon iomlán na rannpháirtithe le tuairisciú.

⁽³⁾ Níl feidhm ag an táscaire seo maidir le tacaíocht ó CSE+ lena rannchuidítear leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (1).

2. Comhtháscairí aschuir maidir le heintitis

Is iad seo comhtháscairí aschuir maidir le heintitis:

- an líon riarachán poiblí nó seirbhísí poiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, a bhfuil tacaíocht á fáil acu,
- an líon micreaghnothas, gnóthas beag agus meánmhéide (lena n-áirítear fiontair chomhair agus fiontair shóisialta) a bhfuil tacaíocht á fáil acu.

I gcás sonraí a bailíodh ó chláir nó foinsí coibhéiseacha, féadfaidh na Ballstáit sainmhíneithe náisiúnta a úsáid.

3. Comhtháscairí toraidh láithreacha maidir le rannpháirtithe

Is iad seo na comhtháscairí toraidh láithreacha maidir le rannpháirtithe:

- rannpháirtithe atá ag lorg poist i ndiaidh na rannpháirtíochta (*),
- rannpháirtithe in oideachas/oiliúint i ndiaidh na rannpháirtíochta (*),
- rannpháirtithe a fuair cáilíocht i ndiaidh na rannpháirtíochta (*),
- rannpháirtithe i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht, i ndiaidh na rannpháirtíochta (*).

Níl feidhm ag na táscairí a liostaítear faoin bpointe seo le tacaíocht ó CSE+ lena rannchuidítear leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (l).

I gcás sonraí a bailíodh ó chláir nó foinsí coibhéiseacha, féadfaidh na Ballstáit sainmhíneithe náisiúnta a úsáid.

4. Comhtháscairí toraidh fadtéarmacha maidir le rannpháirtithe

Is iad seo na comhtháscairí toraidh fadtéarmacha maidir le rannpháirtithe:

- rannpháirtithe i bhfostaíocht, lena n-áirítear féinfhostaíocht, 6 mhí i ndiaidh na rannpháirtíochta (*),
- rannpháirtithe i staid níos fearr i margadh an tsaothair 6 mhí i ndiaidh na rannpháirtíochta (*).

Níl feidhm ag na táscairí a liostaítear faoin bpointe seo le tacaíocht ó CSE+ lena rannchuidítear leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointe (l).

I gcás sonraí a bailíodh ó chláir nó foinsí coibhéiseacha, féadfaidh na Ballstáit sainmhíneithe náisiúnta a úsáid.

Tuairisceofar comhtháscairí toraidh fadtéarmacha maidir le rannpháirtithe faoin 31 Eanáir 2026 i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus sa tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 43 den Rialachán sin.

Mar íoscheanglas, beidh comhtháscairí toraidh fadtéarmacha maidir le rannpháirtithe bunaithe ar shampla ionadaíoch de na rannpháirtithe laistigh de chuspóirí sonracha a leagtar am in Airteagal 4(1), pointí (a) go (k). Tá bailíocht inmheánach an tsampla le háirithiú i gcaoi go bhféadfar na sonraí a ghinearálú ar leibhéal an chuspóra shonraigh.

(*) Is sonraí pearsanta iad na sonraí a thuairiscítear de réir Airteagal 4 (1) de Rialachán (AE) 2016/679.

(**) Is catagóir speisialta sonraí pearsanta iad na sonraí a thuairiscítear faoi mar a thagraítear dóibh in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679.

IARSCRÍBHINN II

COMHTHÁSCAIRÍ MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ CSE+ LENA nDÍRÍTEAR AR CHUIMSIÚ SÓISIALTA NA nDAOINE IS DÍOHTAÍ FAOIN gCUSPÓIR SONRACH A LEAGTAR AMACH IN AIRTEAGAL 4(1), POINTE (L), I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 7(5), AN CHÉAD FHOMHÍR

Tá gach sonra pearsanta le miondealú de réir inscne (mná, fir, daoine neamhdhénártha ⁽¹⁾).

1. Comhtháscairí aschuir a bhaineann le hoibríochtaí arb iad daoine a sprioc

1.1. Is iad comhtháscairí aschuir maidir le rannpháirtithe:

- líon iomlán na rannpháirtithe,
- líon na bpáistí faoi bhun 18 mbliana d'aois (*),
- líon na ndaoine óga idir 18 agus 29 mbliana d'aois (*),
- líon na rannpháirtithe atá 65 bliana d'aois nó os a chionn (*).

Féadfar luachanna na dtáscairí a liostaítear faoi phointe 1.1 a ríomh ar bhonn meastacháin fheasacha arna gcur ar fáil ag an tairbhí.

1.2. Is iad seo comhtháscairí aschuir eile:

- rannpháirtithe faoi mhíchumas (**),
- náisiúnaigh tríú tír (*),
- líon na rannpháirtithe de chúlra iasachta (*), mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh) (**),
- daoine gan dídean nó thíos le heisiamh tithíochta (*).

Ní gá sonraí a bhailiú ach amháin i gcásanna inarb infheidhme agus inarb ábhartha.

Is féidir luachanna na dtáscairí a liostaítear faoi phointe 1.2 a chinneadh bunaithe ar mheastacháin fheasacha arna gcur ar fáil ag an tairbhí.

(*) Is sonraí pearsanta iad na sonraí a thuairiscítear de réir Airteagal 4 (1) de Rialachán (AE) 2016/679.

(**) Is catagóir speisialta sonraí pearsanta iad na sonraí a thuairiscítear faoi mar a thagraítear dóibh in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679.

(¹) De réir an dlí náisiúnta.

IARSCRÍBHINN III

COMHTHÁSCAIRÍ MAIDIR LE TACAÍOCHT Ó CSE+ CHUN AGHAIDH A THABHAIRT AR DHÍTH ÁBHARHA

1. Táscairí aschuir

1.1. Luach airgeadúil iomlán an bhia agus na n-earraí arna ndáileadh:

1.1.1. luach iomlán na tacaíochta bia ⁽¹⁾;

1.1.1.1. luach airgeadúil iomlán an bhia do dhaoine gan dídean;

1.1.1.2. luach airgeadúil iomlán an bhia do spriocghrúpaí eile;

1.1.2. luach iomlán na n-earraí arna ndáileadh ⁽²⁾;

1.1.2.1. luach airgeadúil iomlán na n-earraí do pháistí;

1.1.2.2. luach airgeadúil iomlán na n-earraí do dhaoine gan dídean;

1.1.2.3. luach airgeadúil iomlán na n-earraí do spriocghrúpaí eile.

1.2. Cainníocht iomlán na tacaíochta bia arna dáileadh (i dtonnaí) ⁽³⁾;

1.2.1. an sciar den bhia nár íocadh ach a iompar, a dháileadh agus a stóráil leis an gclár (in %);

1.2.2. an sciar de mhéid iomlán an bhia arna dháileadh ag na tairbhíthe ar táirgí bia iad a cómhaoineodh le CSE+ (in %).

Déanfar luachanna na dtáscairí a liostaítear faoi phointí 1.2.1 agus 1.2.2 a ríomh ar bhonn meastacháin fheasacha arna gcur ar fáil ag an tairbhí.

2. Comhtháscairí toraidh

2.1 Líon na bhfaighteoirí deiridh atá ag fáil tacaíocht bia

— líon na bpáistí faoi bhun 18 mbliana d'aois,

— líon na ndaoine óga idir 18 agus 29 mbliana d'aois,

— líon na mban,

— líon na bhfaighteoirí deiridh atá 65 bliana d'aois nó os a chionn,

— líon na bhfaighteoirí deiridh faoi mhíchumas (*),

— líon na náisiúnach tríú tír (*),

— líon na bhfaighteoirí deiridh de chúlra eachtrach agus mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh) (*),

— líon na bhfaighteoirí deiridh atá gan dídean nó atá thíos le heisiamh tithíochta (*).

2.2. Líon na bhfaighteoirí deiridh atá ag fáil tacaíocht ábhartha

— líon na bpáistí faoi bhun 18 mbliana d'aois,

— líon na ndaoine óga idir 18 agus 29 mbliana d'aois,

— líon na mban,

— líon na bhfaighteoirí deiridh atá 65 bliana d'aois nó os a chionn,

— líon na bhfaighteoirí deiridh faoi mhíchumas (*),

— líon na náisiúnach tríú tír (*),

— líon na bhfaighteoirí deiridh de chúlra eachtrach agus mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh) (*),

— líon na bhfaighteoirí deiridh atá gan dídean nó atá thíos le heisiamh tithíochta (*).

2.3. Líon na bhfaighteoirí deiridh a thairbhíonn de dhearbháin nó cártaí

— líon na bpáistí faoi bhun 18 mbliana d'aois,

— líon na ndaoine óga idir 18 agus 29 mbliana d'aois,

⁽¹⁾ Níl feidhm ag na táscairí seo maidir le cúnamh bia a sholáthraítear go hindíreach le dearbháin nó le cártaí.

⁽²⁾ Níl feidhm ag na táscairí seo maidir le hearraí a sholáthraítear go hindíreach le dearbháin nó le cártaí.

⁽³⁾ Níl feidhm ag na táscairí seo maidir le cúnamh bia a sholáthraítear go hindíreach le dearbháin nó le cártaí.

- líon na bhfaighteoirí deiridh atá 65 bliana d'aois agus os a chionn,
- líon na mban,
- líon na bhfaighteoirí deiridh faoi mhíchumas (*),
- líon na náisiúnach trú tír (*),
- líon na bhfaighteoirí deiridh de chúlra eachtrach agus mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh) (*),
- líon na bhfaighteoirí deiridh atá gan dídean nó atá thíos le heisiamh tithíochta (*).

Déanfar luachanna na dtáscairí a liostaítear faoi phointe 2 a ríomh ar bhonn meastacháin fheasacha arna gcur ar fáil ag an tairbhí.

(*) Féadfar sainmhínte naisiúnta a úsáid.

IARSCRÍBHINN IV

TÁSCAIRÍ MAIDIR LE SRAITH EaSI

Táscairí maidir le sraith EaSI

- líon na ngníomhaíochtaí anailíseacha,
- líon na ngníomhaíochtaí comhroinnte faisnéise agus foghlama frithpháirtí,
- líon na tástála sóisialta,
- líon na ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus líonraithe,
- líon na socrúcháin fostaíochta faoi na scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírthe.

Ní bhaileofar sonraí don táscaire “líon na socrúcháin fostaíochta faoi scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírthe” ach gach dara bliain.

**RIALACHÁN (AE) 2021/1058 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 24 Meitheamh 2021**

maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an dara mír d'Airteagal 177, agus Airteagail 178 agus 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear in Airteagal 176 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil ceaptha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. De bhun an Airteagail sin, agus faoin dara agus tríú mír d'Airteagal 174 CFAE, tá CFRE le rannchuidiú chun éagothromaíochtaí idir leibhéil fhorbartha na réigiún éagsúil, agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus as na réigiún sin, tá aird faoi leith le tabhairt ar réigiún a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha orthu, lena n-áirítear míbhuntáistí a eascraíonn as meath déimeagrafach, ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu, na n-oileán agus na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhe.
- (2) Cuireadh an Ciste Comhtháthaithe ar bun chun rannchuidiú leis an mórchuspóir arb é comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta, agus críochach an Aontais a neartú trí ranníocaíochtaí airgeadais a chur ar fáil i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach sa mhéid a bhaineann leis an mbonneagar iompair (TEN-T), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾.
- (3) Le Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾ leagtar amach rialacha coiteanna is infheidhme do CFRE, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe ("CEMID"), an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), an Ciste Slándála Inmheánaí (ISF), agus an ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (IBTV), a fheidhmíonn faoi chreat coiteann.
- (4) Chun na rialacha a bhí infheidhme do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe araon a shimpliú le linn chlárthréimhse 2014–2020, ba cheart gur in aon Rialachán amháin a leagfaí amach na rialacha is infheidhme don dá chiste.

⁽¹⁾ IO C 62, 15.2.2019, lch. 90.

⁽²⁾ IO C 86, 7.3.2019, lch. 115.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Márta 2019 (IO C 108, 26.3.2021, lch. 566) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 27 Bealtaine 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais dóibh siúd agus don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

- (5) Na prionsabail chothrománacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 10 CFAE, lena n-áirítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE, ba cheart iad a urramú agus CRFE agus an Ciste Comhtháthaithe á gcur chun feidhme, ag cur san áireamh an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na Ballstáit urraim a thabhairt do na ceanglais a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas UNCRPD, mar aon le prionsabail Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún i 2017, agus ba cheart dóibh rochtain a áirithiú chun teacht le hAirteagal 9 de UNCRPD, agus i gcomhréir le dlí an Aontais ina ndéantar comhchuibhiú ar na riachtanais rochtana a bhaineann le táirgí agus seirbhísí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe, i sineirgíocht le CSE+, a chur chun feidhme ar bhealach a chuireann chun cinn an t-aistriú ó chúram institiúideach go cúram teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe agus ba cheart go saothrófaí a gcuspóirí d'fhonn rannchuidiú le poist ardcháilíochta a chruthú, an bhochtaineacht a dhíothú agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún neamhionannais a dhíothú agus an comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn agus gné na hinscne a chomhtháthú, chomh maith le hidirdhealú bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chomhrac. Níor cheart do cheachtar den dá chiste tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le hidirdheighilt nó eisiamh d'aon chineál, agus, nuair a mhaoinítear bonneagar leo, ba cheart don dá chiste inrochtaineacht do dhaoine atá faoi mhíchumas a áirithiú.
- (6) Ba cheart cuspóirí CRFE agus an Chiste Comhtháthaithe a shaothrú faoi chuimsiú na forbartha inbhuanaithe agus mar chuid den chur chun cinn a dhéanann an tAontas ar an aidhm cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú mar a leagtar amach in Airteagal 11 agus Airteagal 191(1) CFAE, agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as á chur san áireamh. Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide chun teacht le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras 2015 maidir leis an athrú aeráide a d'eascair as an 21ú Comhdháil de na Páirtithe arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a chur chun feidhme agus chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ("Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe") a bhaint amach, rannchuideofar, leis an dá chiste, leis na gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach, arb é sin 30 % de chaiteachas buiséadach an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Chuige sin, meastar gur luach 30 % d'ímchlúdach airgeadais iomlán CFRE do chuspóirí na haeráide a bheidh sna hoibríochtaí atá ann faoi CFRE. Meastar gur luach 37 % d'ímchlúdach airgeadais iomlán an Chiste Comhtháthaithe do chuspóirí na haeráide a bheidh sna hoibríochtaí atá ann faoin gCiste Comhtháthaithe. Thairis sin, ba cheart do na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo rannchuidiú leis an uailmhian 7,5 % den chaiteachas bliantúil a sholáthar faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do chuspóirí bithéagsúlachta sa bhliain 2024 agus 10 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, agus an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta á gcur san áireamh ag an am céanna.

Leis an dá chiste, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramaítear caighdeáin agus tosaíochtaí aeráide agus chomhshaoil de chuid an Aontais agus nach ndéantar aon dochar suntasach leo do na cuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ agus lena n-áirithítear an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, rud a chabhróidh le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Ba cheart inneachar na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide comhtháite arna nglacadh faoi chuimsiú Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaithe Aeráide a bunaíodh le Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ a chur san áireamh i gclár CFRE agus i gclár an Chiste Comhtháthaithe.

- (7) Chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, tá oibríochtaí CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe a théann chun tairbhe do ghnóthais le cloí le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 CFAE iad.
- (8) Bunghné de chur chun feidhme CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe is ea prionsabal na comhpháirtíochta, ag tógáil ar chur chuige an rialachais il-leibhéal agus ag áirithiú go bhfuil údarais réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus údarais phoiblí eile, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus, i gcás inarb iomchuí, eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, rannpháirteach. Le cur chun feidhme an dá chiste, ba cheart comhordú agus comhlántacht a áirithiú le CSE+, leis an gCiste um Aistriú Cóir, le CEMID agus leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

- (9) Ní mór forálacha maidir le tacaíocht CFRE a bhunú faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (“Interreg”).
- (10) Chun cineálacha na ngníomhaíochtaí ar féidir leo tacaíocht a fháil ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe a shainthint, ba cheart cuspóirí sonracha beartais a leagan síos i leith soláthar tacaíochta ón dá chiste, lena áirithiú go rannchuideoidh siad le ceann amháin ar a laghad de na comhchuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.
- (11) Ós rud é gurb iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) cnámh droma an gheilleagair Eorpaigh, le CFRE, ba cheart leanúint de bheith ag tacú le forbairt FBManna trí chur lena bhfás inbhuanaithe agus lena n-iomaíochas. De bhreis air sin, agus ag cur san áireamh tionchar phaindéim COVID-19, tionchar a d’fhéadfadh a bheith tromchúiseach, nó aon ghéarchéim eile a d’fhéadfadh a bheith tromchúiseach sa todhchaí agus a mbeadh tionchar aici ar ghnólachtaí agus ar fhostaíocht, leis an CFRE, ba cheart tacú le téarnamh ó chásanna géarchéime den sórt sin trí thacú le cruthú post i gcás FBManna, lena n-áirítear trí bhíthin infheistíochtaí táirgiúla.
- (12) Ba cheart d’infheistíochtaí faoi CFRE rannchuidiú le forbairt a dhéanamh ar líonra cuimsitheach bonneagair dhigitigh ardluais, agus le soghluaisteacht ilmhódach atá inbhuanaithe, saor ó thruailliú agus a leagann béim ar iompar poiblí, ar shoghluaisteacht chomhroinnte, ar shiúl agus ar rothaíocht a chur chun cinn, mar chuid den aistriú chuig an ngeilleagar carbóin glan-nialasach.
- (13) Chun deiseanna na ré digití a thapú, le CFRE, ba cheart rannchuidiú le sochaí dhigiteach chuimsitheach a fhorbairt, ina mbainfeadh saoránaigh, eagraíochtaí taighde, gnólachtaí agus riaracháin phoiblí lántairbhe as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an digití. Chun ríomhrialtas éifeachtach a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, is gá uirlisí a fhorbairt agus athmhachnamh a dhéanamh ar chúrsaí eagrúcháin agus ar phróisis, chun seirbhísí poiblí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí, níos éasca, níos tapa agus ar chostas níos ísle. Go háirithe, ba cheart teicneolaíochtaí digiteacha agus teileachumarsáide a úsáid chun líonraí agus seirbhísí traidisiúnta a fheabhsú chun tairbhe pobail áitiúla trí thionscail amhail cathracha agus sráidbhailte cliste a fhorbairt.
- (14) Ba cheart tacaíocht ó CFRE faoi chuspóir beartais 1 (PO 1) a bheith bunaithe ar acmhainneachtaí a fhothú do straitéisí um speisialtóireacht chliste, a shocraíonn tosaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó ar an dá leibhéal, chun a mbuntáiste iomaíoch a mhéadú trí láidreachtaí taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a mheaitseáil le riachtanais ghnó agus le scileanna riachtanacha trí phróiseas fionnachtana fiontraíochta. Ba cheart don phróiseas a chur ar chumas gníomhaithe fiontraíochta, lena n-áirítear eagraíochtaí tionscail, oideachais agus taighde, riaracháin phoiblí agus an tsochaí shibhialta, na réimsí sin is mó lena ngabhann deiseanna forbartha eacnamaíochta inbhuanaithe a shainthint bunaithe ar shainstruchtúir agus bonn eolais réigiúin. Ós rud é go bhfuil próiseas rialachais na speisialtóireachta cliste rithábhachtach do cháilíocht na straitéise, ba cheart, le CFRE, tacaíocht a chur ar fáil d’fhorbairt agus d’fheabhsú na n-acmhainneachtaí is gá chun próiseas fionnachtana fiontraíochta éifeachtúil a bhaint amach agus chun straitéisí um speisialtóireacht chliste a ullmhú nó a nuashonrú.
- (15) Chun gnóthú Aontas a bheidh aeráidneodrach faoi 2050 a chur chun cinn, agus aird chuí á tabhairt ar na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíochta a ghabhann léi, ba cheart, le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus le dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, bheadh tábhacht ar leith ag baint le hinfeistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear scéimeanna coigilte fuinnimh, san fhuinneamh inathnuaite inbhuanaithe i gcomhréir leis na gcrítéir inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾, i gcórais chliste fuinnimh chomh maith le hinfeistíochtaí arb é is aidhm dóibh tubaistí a chosc, an bhithéagsúlacht agus an bonneagar glas a chur chun cinn, lena n-áirítear limistéir nádúrtha faoi chosaint a chaomhnú agus a luacháil agus aird a tharraingt orthu, agus bearta eile chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, amhail limistéir nádúrtha lena mbaineann ardphoitéinseal ionsúite agus stórála carbóin a chaomhnú agus a athchóiriú, lena n-áirítear trí mhóinteáin a athfhluchadh, gás láithreáin líonta a ghabháil nó trí astaíochtaí ó phróisis nó táirgí tionsclaíochta a laghdú. Ina theannta sin, ba cheart tacú le hinfeistíochtaí arb é is aidhm dóibh gach cineál truaillithe, amhail truailliú aeir, uisce, ithreach, torainn agus solais, a laghdú.

⁽⁸⁾ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

- (16) Is gá pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, ina leagtar amach na beartais agus na bearta agus lena dtugtar aghaidh ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, a chur san áireamh agus cláir á n-ullmhú arna gcómhaoiniú ag CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe. D'fhonn rannchuidiú le cuspóirí náisiúnta a bhaint amach chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú, ar cuspóirí iad a leagtar amach i bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide comhtháite, le CFRE, ba cheart tacú go háirithe le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh i dtithíocht agus i bhfoirgnimh i gcomhréir le Treoir leasaithe (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) chun rannchuidiú le stoc foirgneamh atá dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2050, agus ar an gcaoi sin, déanfar tomhaltas fuinnimh a laghdú agus déanfar airgead a shábháil i dteaghligh a ndéanann bochtaineacht fuinnimh difear dóibh.
- (17) Chun feabhas a chur ar nascacht iompair, le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, ba cheart forbairt ghréasán thras-Eorpaigh iompair, dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh 1315/2013, a chur chun cinn, trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar d'iompar d'iarnród, iompar ar uiscebhealaí intíre, iompar de bhóthar, iompar muirí agus iompar ilmhódach, lena n-áirítear bearta laghdaithe torainn. Le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, ba cheart tacú leis an tsoghluasteacht náisiúnta, réigiúnach, áitiúil, trasteorann agus uirbeach freisin. Agus an méid sin á dhéanamh, leis an dá chiste, ba cheart aird a thabhairt ar shábháilteacht a fheabhsú, go háirithe, i gcás na ndroichead agus na dtollán atá ann cheana.
- (18) Nuair atá síorfhás ar na naisc ar fud an domhain, agus i bhfianaise na dinimice atá sa déimeagrafaíocht agus san imirce, is léir go dteastaíonn cur chuige coiteann ó bheartas imirce an Aontais a bheidh ag brath ar na sineirgí agus ar an gcomhlántacht atá sna hionstraimí maoinithe éagsúla. Dá bhrí sin, leis an CFRE, ba cheart aird a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus cláir á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme. Má tá tacaíocht chomhleanúnach láidir chomhsheasmhach le bheith ann do na hiarrachtaí ar dhlúthpháirtíocht i gcomhroinnt na bhfreagrachtaí idir na Ballstáit ag bainistiú na himirce dóibh, le CFRE, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil, ar an leibhéal críochach is iomchuí, chun lánpháirtiú cuimsitheach, fadtéarmach náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear imircigh, a éascú ar mhaithe le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch, trí chur chuige a ghlacadh atá dírithe ar a ndínit agus a gcearta a chosaint.
- (19) Chun nuálaíocht shóisialta agus rochtain chuimsitheach ar fhostaíocht ar ardcháilíocht a chur chun cinn, leis an CFRE, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil d'eintitis an "geilleagar sóisialta" amhail comharchumainn, cumainn fhrithpháirteacha, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus fiontair shóisialta.
- (20) Chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus chun bochtaineacht a chomhrac, i measc pobal imeallaithe go háirithe, is gá rochtain ar sheirbhísí sóisialta, oideachais, cultúrtha agus áineasa, lena n-áirítear spóirt, a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an mbonneagar, agus riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, leanaí agus daoine scothaosta á gcur san áireamh freisin.
- (21) Le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe ba cheart cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt ar chreat beartais straitéiseach Náisiúnta um chuimsiú na Romach dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 ina leagtar amach bearta maidir le lánpháirtíocht, teaghligh ar ioncam íseal, lena n-áirítear teaghligh atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Go háirithe, ag teacht le príonsabal 19 de Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta, ba cheart go mbeadh an CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe, in ann tacú le soláthar tithíochta sóisialta. Agus na dúshláin atá ag pobail Romacha imeallaithe ó thaobh rochtain ar sheirbhísí bunúsacha á gcur san áireamh, ba cheart go bhféadfadh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe rannchuidiú le feabhas a chur ar a ndálaí maireachtála agus ar a n-ionchais forbartha.
- (22) Chun ullmhacht a neartú le haghaidh cianoideachais agus oideachas agus oiliúint ar líne atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta, ba cheart go rannchuideofaí le hathléimneacht a chothú don chianfhoghlaim agus don fhoghlaim ar líne, go háirithe, le CFRE ina chúram chun feabhas a chur ar rochtain chomhionann ar sheirbhísí cuimsitheacha agus ardcháilíochta san oideachas, san oiliúint agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Na hiarrachtaí chun leanúnachas san oideachas agus san oiliúint a áirithiú le linn phaindéim COVID-19, nocht siad easnaimh thábhachtacha sa rochtain ar threalamh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus ar an nascacht is gá ag foghlaimoirí ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus i réigiúin iargúlta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, le CFRE, tacú le trealamh TFC agus nascacht a chur ar fáil, rud a chothódh athléimneacht na gcóras oideachais agus oiliúna faoi choinne cianfhoghlama agus fhoghlaim ar líne.

(*) Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (IO L 156, 19.6.2018, lch. 75).

- (23) Chun acmhainneacht na gcóras sláinte poiblí a neartú chun éigeandálaí sláinte a chosc agus chun freagairt dóibh agus teacht astu go tapa, le CFRE, ba cheart rannchuidiú le hathléimneacht na gcóras sláinte freisin. De bhreis air sin, toisc gur nocht paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá sé soláthairtí criticiúla a bheith ar fáil láithreach chun freagairt go héifeachtach ar staid éigeandála, ba cheart raon feidhme na tacaíochta ó CFRE a leathnú le gur féidir na soláthairtí atá ag teastáil a cheannach chun athléimneacht ó thubaistí agus athléimneacht na gcóras sláinte a neartú, lena n-áirítear an cúram príomhúil, agus chun an t-aistriú ón gcúram institiúideach go dtí an cúram teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe a chur chun cinn. Agus soláthairtí á gceannach chun athléimneacht na gcóras sláinte a neartú, ba cheart dóibh a bheith comhsheasmhach le straitéis na sláinte náisiúnta agus gan dul níos faide ná an straitéis sin agus ba cheart comhlántachtaí a áirithiú leis an gClár EU4Health arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾, mar aon le hinniúlachtaí rescEU faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta arna bhunú le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾.
- (24) Le CFRE, ba cheart tacú leis an aistriú ó chúram institiúideach go cúram teaghlachbhunaithe nó pobalbhunaithe agus é a chur chun cinn, trí thacaíocht a thabhairt do shaoráidí lena bhféachfaí le deighiltí ón bpobal a chosc, lena n-éascófaí lánpháirtíú daoine sa tsochaí agus lena bhféachfaí le dálaí maireachtála neamhspleácha a áirithiú.
- (25) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cuspóir sonracha tiomnaithe chun tacú leis na geilleagair réigiúnacha atá an-spleách ar na hearnálacha turasoíreachta agus cultúrtha. Leis sin, d'fhéadfaí lánleas a bhaint as an gcultúr agus as an turasoíreacht inbhuanaithe le haghaidh téarnamh eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta agus nuálaíocht shóisialta, gan dochar do na féidearthachtaí chun tacaíocht a sholáthar ó CFRE do na hearnálacha sin faoi chuspóirí sonracha eile.
- (26) D'fhéadfaí infheistíochtaí chun tacú le tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha, seirbhísí cultúrtha agus láithreáin oidhreachtacha cultúrtha a mhaoiniú faoi aon chuspóir beartais ar choinníoll go rannchuidíonn siad leis na cuspóirí sonracha agus go dtagann siad faoi réim feidhme na tacaíochta ó CFRE.
- (27) Maidir le turasoíreacht inbhuanaithe, is gá cothromaíocht idir inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil. Ba cheart an cur chuige maidir le tacaíocht a thabhairt do thurasóireacht inbhuanaithe a bheith i gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2007 dar teideal "Clár oibre do thurasóireacht Eorpach inbhuanaithe agus iomaíoch". Go háirithe, ba cheart leas turasoírí a chur san áireamh leis, an comhshaoil nádúrtha agus cultúrtha a urramú agus forbairt shocheacnamaíoch agus iomaíochas na gceann scríbe agus na ngnólachtaí a áirithiú trí chur chuige beartais comhtháite agus iomlánaíoch.
- (28) Chun tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát agus na réigiúin aghaidh a thabhairt ar dhúshlán nua agus ardleibhéal slándála a áirithiú dá gcuid saoránach, chomh maith le cosc an imeallaithe agus an radacaithe, ag brath dóibh ar na sineirgí agus ar an gcomhlántacht le beartais eile de chuid an Aontais, ba cheart d'infheistíochtaí faoi CFRE a bheith ag rannchuidiú leis an tslándáil i limistéir inar gá spásanna poiblí atá slán sábháilte agus bonneagar éigeandála a áirithiú, iompar agus fuinneamh mar shampla, agus ar an gcaoi sin, cabhrú le sochaithe níos cuimsithí, sábháilte a fhorbairt.
- (29) Le CFRE, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil faoi chuspóir beartais 5 (PO 5) ar bhealach comhtháite don fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil a bheidh bunaithe ar straitéisí críochacha trasearnála agus úsáid á baint as uirlisí comhtháite forbartha críocháil chun forbairt chomhchuí limistéir uirbeacha agus neamhuirbeacha araon a áirithiú. Ina theannta sin, agus limistéir uirbeacha á bhforbairt, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thacú le limistéir uirbeacha fheidhmiúla i ngeall ar a thábhachtaí atá siad chun comhar a spreagadh idir údaráis áitiúla agus comhpháirtithe thar theorainneacha riaracháin mar aon le naisc uirbeacha-thuaithe a neartú.
- (30) Ba cheart do CFRE tacú le turasoíreacht inbhuanaithe ar bhealach comhtháite, go háirithe tríd an gcomhar a neartú laistigh de chríocha feidhmiúla. Chun tionchar na turasoíreachta inbhuanaithe ar an ngeilleagar a mhéadú, ba cheart d'fhiontair agus údaráis phoiblí comhoibriú go córasach chun seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla i limistéir a bhfuil ardcmhainneacht turasoíreachta ag gabháil leo, agus aird chuí á tabhairt ar thimpeallacht dhlíthiúil agus riaracháin atá cobhsaí a chruthú agus a bheidh fabhrach d'fhás inbhuanaithe sna limistéir sin. D'fhéadfaí dea-chleachtais i réimse na turasoíreachta inbhuanaithe, amhail cur chuige an "ceantar turasoíreachta", a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí sa réimse seo a bhfuil tacaíocht á fáil acu.

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ("an Clár EU4Health") don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 1).

⁽¹¹⁾ Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

- (31) De bharr sprioc ghinearálta an Chiste Chomhtháthaithe de réir na forála atá ann di in CFAE, maidir leis na cuspóirí beartais lena bhfuil an Ciste Chomhtháthaithe le tacú, is gá iad a leagan amach agus teorainn a chur leo.
- (32) Chun feabhas a chur ar acmhainneacht fhoriomlán riaracháin na n-institiúidí agus ar rialachas i gcláir cur chun feidhme na mBallstát faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, is gá bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm d'údaráis chláir agus do ghníomhaithe eárnála agus críochacha atá freagrach as gníomhaíochtaí a dhéanamh atá ábhartha maidir le cur chun feidhme CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe faoi na cuspóirí sonracha uile atá á saothrú agus na prionsabail chothrománacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/1060, lena n-áirítear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, á gcur san áireamh.
- (33) D'fhonn bearta comhoibre a spreagadh agus a chur chun bisigh laistigh de na cláir atá á gcur chun feidhme faoin Infheistíocht i sprioc na bpost agus an fháis, is gá na bearta comhoibre idir na páirtithe a chothú laistigh de Bhallstát faoi leith, nó idir Ballstáit éagsúla, i gcoibhneas le tacaíocht a sholáthraítear faoi na cuspóirí sonracha ar fad. Is rud breise é an comhoibriú sin anuas ar an gcomhoibriú faoi Interreg, agus thar aon ní ba cheart dó tacú le comhoibriú idir páirtithe struchtúrtha d'fhonn straitéisí réigiúnacha a chur chun feidhme faoi mar a thagraítear dóibh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Iúil 2017 dar teideal *Strengthening Innovation in Europe's Regions: Strategies for resilient, inclusive and sustainable growth* [Nearthú na nuálaíochta i réigiúin na hEorpa: Straitéisí don fhás cuimsitheach, inbhuanaithe, athléimneach]. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh comhpháirtithe teacht as aon réigiún san Aontas, ach d'fhéadfaí a áireamh ar na réigiúin sin réigiúin trasteorann agus réigiúin a chumhdaítear le Grúpáil Eorpach um Chomhar Críochach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾, le straitéis mhacrairéigiúnach nó imchuach farraige nó cumasc den dá chineál straitéisí seo.
- (34) Ba cheart go bhféadfaí cuid de na héagothromaíochtaí móra réigiúnacha atá san Aontas a leigheas a bhui le CFRE, agus an mí-ionannas sna leibhéil forbartha i réigiúin éagsúla a laghdú, mar aon le cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla, ar a n-áirítear réigiúin ar dúshlán dóibh gealltanais dícharbónaithe, agus ar an mbealach sin, chuirfí leis an athléimneacht réigiúnach. Ba cheart, dá bhrí sin, tacaíocht CFRE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a chur i dtreo phríomhthosaíochtaí an Aontais, i gcomhréir leis na cuspóirí beartais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1060. Dá bhrí sin, ba cheart tacaíocht ó CFRE a chur i dtreo na gCuspóirí beartais d'Eoraip a bheadh níos iomaíche agus níos cliste trí chlaocchlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn agus d'Eoraip a bheadh athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistreoidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe. Na hacmhainní a thiomnaítear don tsoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe agus d'infheistíocht leathanbhanda, d'fhéadfaí iad a chur san áireamh go páirteach agus comhlíonadh na gceanglas maidir le díriú téamach á ríomh. Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh ina gComhaontuithe Comhpháirtíochta an gcomhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le díriú téamach ar leibhéal na catagóire réigiúin nó ar an leibhéal náisiúnta don chláir réimhse ina hiomláine. Ba cheart don trí ghrúpa Ballstát a chuirtear le chéile de réir a n-ollioncáim náisiúnta díriú téamach ar an leibhéal náisiúnta a bhunú agus ba cheart solúbthacht a fhágáil ar leibhéal na gclár aonair. Ós rud é go bhféadfadh an tacaíocht ón gCiste Chomhtháthaithe rannchuidiú freisin leis an díriú téamach, ba cheart na coinníollacha a bhaineann le ranníocaíocht den sórt sin a leagan amach. Ina theannta sin, an mhodheolaíocht a bheidh ann le rangabháil a dhéanamh ar na Ballstáit, ba cheart í a leagan amach ar bhealach mionsonraithe, agus cás sonracha na réigiún is forimeallaí agus na réigiún tuaisceartach is teirce daonra a chur san áireamh.
- (35) D'fhonn an tacaíocht a dhíriú i dtreo na dtosaíochtaí is tábhachtaí atá ag an Aontas, is iomchuí chomh maith urraim a thabhairt do na ceanglais maidir le díriú téamach i rith na clárthréimhse, agus aistriú idir tosaíochtaí laistigh de chlár amháin nó idir cláir éagsúla a chur san áireamh.
- (36) Ionas go mbeidh sé ar chumas CFRE tacaíocht a chur ar fáil faoi Interreg don infheistíocht sa bhonneagar agus d'infheistíochtaí gaolmhara a bhaineann leo, mar aon le hoiliúint agus gníomhaíochtaí lánpháirtithe, ní mór a fhoráil gur cheart go mbeadh CFRE in ann tacaíocht a sholáthar freisin do ghníomhaíochtaí faoi cuspóirí sonracha CSE+, arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾.

⁽¹²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19).

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (féach leathanach 21 den Iris Oifigiúil seo).

- (37) Chun acmhainní teoranta a dhíriú ar an mbealach is éifeachtúla, ba cheart tacaíocht CFRE a thabhairt d'infheistíochtaí táirgiúla faoi chuspóir sonracha cuí, agus ba cheart don tacaíocht sin a bheith teoranta do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide laistigh de bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún ⁽¹⁴⁾, cé is moite d'infheistíochtaí sonracha arna leagan amach sa Rialachán seo.
- (38) I gcomhthéacs na tacaíochta CFRE d'infheistíochtaí táirgiúla, is tráthúil a shoiléiriú gur cheart infheistíocht tháirgiúil a thuiscint mar infheistíocht i gcaipiteal seasta nó sócmhainní neamhábhartha fiontar, d'fhonn earraí agus seirbhísí a tháirgeadh agus rud a chuirfidh, ar an gcaoi sin, leis an oll-infheistíocht agus le fostaíocht. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin go bhféadfadh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe tacú le hinfeistíochtaí i bhfiontair nach FBManna iad, faoi choinníollacha áirithe. Thairis sin, bunaithe ar an taithí a fuarthas le linn clárthréimhsí roimhe seo, le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, ba cheart tacú freisin le hinfeistíochtaí i bhfiontair nach FBManna iad, lena n-áirítear i bhfiontair áirithe, i gcás ina mbaianeann siad le hinfeistíocht i mbonneagar lena n-áiríthítear rochtain ar sheirbhísí atá ar fáil don phobail i réimse an fhuinnimh, an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta, an iompair agus na nascachta digití.
- (39) Leis an Rialachán seo, ba cheart na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí a leagan amach arbh fhéidir tacaíocht a thabhairt do na costais a ghabhann leo trí bhíthin infheistíochtaí ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe, faoi gach cuspóir dá gcuid faoi seach de réir mar a leagtar amach in CFAE iad, agus lena n-áirítear sluchistiúchán. Ba cheart go mbeadh an Ciste Comhtháthaithe in ann tacú le hinfeistíochtaí in TEN-T agus sa chomhshaoil, lena n-áirítear infheistíochtaí a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le fuinneamh a bhfuil tairbhí comhshaoil ag baint leis. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, leis an gCiste Comhtháthaithe, go mbeifí in ann tacú freisin le haisfheistiú comhcheangailte fuinnimh agus seismeach. Maidir le CFRE, ba cheart go gcuirfí san áireamh le liosta na ngníomhaíochtaí riachtanais forbartha sonraí náisiúnta agus réigiúnaí mar aon le hacmhainneacht inginiúla agus ba cheart é a shimplíú. , Ba cheart go bhféadfaí, le CFRE, tacú le hinfeistíochtaí sa bhonneagar, lena n-áirítear do bhonneagar agus saoráidí taighde agus nuálaíochta gnó do FBManna, tithíocht do chomhphobail imeallacha agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, teaghlaigh ar ioncam íseal agus imircigh, cultúr agus oidhreacht, turasóireacht inbhuanaithe agus seirbhísí d'fhiontair, infheistíochtaí i ndáil le rochtain ar sheirbhísí, le béim ar leith ar phobail faoi mhíbhuntáiste, imeallacha agus leithscartha, infheistíochtaí táirgiúla in FBManna, i dtrealamh, i mbogearraí agus i sócmhainní doláimhsithe, mar aon le bearta maidir le faisnéis, cumarsáid, staidéir, líonrú, comhar, malartú taithí idir comhpháirtithe agus gníomhaíochtaí a bhaineann le cnuasaigh. Chun tacú le cur chun feidhme an chláir, ba cheart freisin go bhféadfadh an dá chiste tacú le gníomhaíochtaí um chúnamh teicniúil. Ar deireadh, chun tacaíocht a chur ar fáil do raon níos leithne idirghabhálacha do chláir Interreg, ba cheart cur leis an raon feidhme chun go gcuirfeadh san áireamh raon leathan áiseanna agus acmhainní daonna, mar aon le costais a bhaineann le bearta laistigh de raon feidhme CSE+.
- (40) Maidir le tionscadail an ghréasán thras-Eorpaigh iompair faoi Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾, táthar le leanúint de mhaoiniú na dtionscadal ón gCiste Comhtháthaithe trí bhainistíocht roinnte agus trí mhodh an chur chun feidhme dhírigh araon faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa arna bunú le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (“Rialachán SCE le haghaidh 2021-2027”).
- (41) San am céanna, is den tábhacht soiléiriú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin atá lasmuigh de raon feidhme CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe, ar a n-áirítear infheistíochtaí dar sprioc laghdú a chur ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ó na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁶⁾, chun dúbailt a sheachaint ar mhaoiniú atá ar fáil cheana mar chuid den Treoir sin, agus infheistíochtaí i ngnóthais atá i gcrúachás, mar a shainmhínítear iad in Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ⁽¹⁷⁾ mura dtugtar údarú do na hinfeistíochtaí sin faoi chabhair *de minimis* nó faoi rialacha stáitchabhrach sealadacha a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla. Le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, níor cheart go dtacódh ceachtar den dá chiste le hinfeistíocht áirithe in aerfoirt, i saoráidí chun dramhaíl a chur i líonadh talún agus i gcóireáil dramhaíola iarmharaí ná i mbreosláí iontaise ach an oiread. Dá bhrí sin, le CFRE, ba cheart go mbeifí in ann tacú le bearta spriocdhírithie maolaithe comhshaoil agus le bearta slándála agus sábháilteachta in aerfoirt réigiúnacha ar choinníoll go ndéanfaí príomhchuspóir na n-infheistíochtaí a shainnithint i dtéarmaí caighdeáin chomhshaoil, slándála nó sábháilteachta an Aontais agus go mbeadh sé i gcomhréir leis na rialacha maidir le Stáitchabhair.

⁽¹⁴⁾ Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

⁽¹⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

⁽¹⁶⁾ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

I gcás infheistíochtaí lena ndéanfaí acmhainneacht na saoráidí maidir le dramhaíl iarmharach a chóireáil a mhéadú, ba cheart a thuiscint gurb ionann dramhaíl iarmharach go príomha agus dramhaíl chathrach nach mbailítear ar bhonn deighilte agus ábhair a diúltaíodh ón gcoireáil dramhaíola. D'fhéadfaí tacú le líonraí le haghaidh téamh ceantair a nuachóiriú d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh córais téimh ceantair éifeachtúla a fheabhsú, mar a shainmhínítear i dTreoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾, de bhun na gcuspóirí a leagtar síos sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide comhtháite. D'fhonn fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn, d'fhéadfaí tacaíocht a chur ar fáil do choirí téimh ceantair arna soláthar ag cumasc de ghás agus d'fhoinsí inathnuaite fuinnimh. I gcásanna den sórt sin, ba cheart nasc *pro rata* a bheith ann idir tacaíocht ón dá chiste agus sciar an ionchuir ó fhuinneamh inathnuaite sna coirí sin. Ina theannta sin, maidir leis na tíortha agus na críocha thar lear atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le CFAE, is ceart a leagan amach go follasach nach bhfuil na tíortha agus na críocha sin i dteideal tacaíocht ó CFRE ná ón gCiste Comhtháthaithe.

- (42) Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a chur chuig an gCoimisiún go rialta faoin dul chun cinn atá déanta, agus is iad na táscairí coiteanna aschuir agus toraidh atá leagtha amach in Iarscríbhinn I is ceart a úsáid chuige sin. D'fhéadfaí na táscairí coiteanna aschuir agus toraidh a chomhlánú, i gcás inarb ábhartha, le táscairí aschuir agus toraidh a bhaineann le clár faoi leith. An fhaisnéis a chuireann Ballstáit ar fáil, sin é an bonn ba cheart a bheith faoin tuairisciú a dhéanann an Coimisiún chun cuspóirí sonracha a chur i gcrích le linn na clárthréimhse ar fad, ag úsáid croí-thacar táscairí dóibh a leagtar amach in Iarscríbhinn II.
- (43) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽¹⁹⁾, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe ar bhonn faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha agus, san am céanna, ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin, ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an dá chiste ar an talamh.
- (44) Faoi chreath rialacha ábhartha an Chomhshocruithe Cobhsaíochta agus Fáis, mar a soiléiríodh sa Chód Iompair, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann iarraidh chúí-réasúnaithe a dhéanamh ar sholúbthacht bhreise don chaiteachas struchtúrach poiblí nó comhionann, lena dtacaíonn an riarachán poiblí trí bhíthin cómhaoiniú ar infheistíochtaí arna ngníomhachtú mar chuid de CFRE agus den Chiste Comhtháthaithe. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar iarraidh den sórt sin i gcomhréir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus leis an gCód Iompair.
- (45) Le CFRE, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá ag ceantair faoi mhíbhuntáiste, go háirithe limistéir thuaithe agus limistéir a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha ag baint leo, lena n-áirítear meath déimeagrafach, rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha, agus a dtarraingteacht le haghaidh infheistíochta a fheabhsú, lena n-áirítear trí infheistíochtaí gnó agus nascacht le margáí móra. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart le CRFE, aird a thabhairt ar dhúshláin shonracha forbartha a bhíonn ag réigiúin oileánacha, teorann nó sléibhe áirithe. Ina theannta sin, le CFRE, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na deacrachtaí sonracha atá ag limistéir NUTS leibhéal 3 agus ag leibhéal an aonaid riaracháin áitiúil, faoi mar a thagraítear dó i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁰⁾, is teirce daonra, i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i bpointe 161 de na Treoirilínte maidir le Státchabhair Réigiúnach 2014-2020, eadhon na limistéir sin ag a bhfuil dlús daonra níos lú ná 12,5 áitritheoir in aghaidh an chiliméadair chearnaigh, nó limistéir ar tháinig meánlaghdú bliantúil 1 %, ar a laghad, ar a ndaonra in imeacht na tréimhse 2007-2017. Ba cheart do na Ballstáit féachaint le pleananna gníomhaíochta sonracha deonacha a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil do na limistéir sin chun dul i ngleic leis na dúshláin daonra sin.
- (46) Chun an rannchuidiú le dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí le dúshláin eacnamaíocha, dhéimeagrafacha, chomhshaoil agus shóisialta a uasmhéadú go háirithe i gceantair atá faoi mhíbhuntáistí nádúrtha nó déimeagrafacha, mar a fhoráiltear in Airteagal 174 CFAE, ba cheart gníomhaíochtaí i réimse na forbartha críochaí a bhunú ar straitéisí críochacha comhtháite i gceantair uirbeacha agus pobail tuaithe agus aird á tabhairt ar naisc uirbeacha-thuaithe. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht ó CFRE a thabhairt trí na foirmeacha dá dtagraítear in

⁽¹⁸⁾ Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

⁽¹⁹⁾ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

⁽²⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus rannpháirtíocht iomchuí na n-údarás áitiúil, réigiúnach agus uirbeach á háiritiú, mar aon le rannpháirtíocht comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus ionadaithe na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí neamh-rialtais. Ba cheart go mbeadh straitéisí críochacha in ann tairbhíú freisin ó chur chuige ilchiste agus comhtháite, a mbeadh baint ag CFRE, CSE+, CEMID agus CETFT leis.

- (47) Chun athléimneacht pobail i limistéir thuaithe agus a ndálaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a fheabhsú, ba cheart tacaíocht ó CFRE a úsáid chun tionscadail amhail sráidbhailte cliste a fhorbairt, dá dtagraítear sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Deireadh Fómhair 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na limistéar tuaithe, sléibhtiúla agus iargúlta, go háirithe trí dheiseanna nua a fhorbairt, amhail seirbhísí díláraithe agus réitigh fuinnimh, teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíochtaí.
- (48) Faoi chreath na forbartha inbhuanaithe uirbí, meastar gur gá tacú le gníomhaíochtaí comhtháite chun dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí leis na dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil, aeráide, dhéimeagrafacha agus shóisialta a théann i gcion ar limistéir uirbeacha, lena n-áirítear limistéir uirbeacha feidhme, agus an gá chun naisc uirbeacha-thuaithe a chur chun cinn á chur san áireamh. D'fhéadfadh tacaíocht a dhírítear ar limistéir uirbeacha a bheith i bhfoirm cláir nó tosaíochta ar leithligh agus ba cheart go mbeadh an tacaíocht sin in ann tairbhe a bhaint as cur chuige ilchiste. Na prionsabail atá ann chun na limistéir uirbeacha a roghnú ina mbeidh gníomhaíochtaí comhtháitithe le haghaidh forbartha inbhuanaithe uirbí a chur chun feidhme, agus na suimeanna táscacha do na gníomhaíochtaí sin, ba cheart iad a leagan amach sna cláir faoin sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post, agus sprioc nach lú ná 8 % d'acmhainní CFRE a leithdháileadh ar an leibhéal náisiúnta chun na críche sin. Ba cheart a shuí freisin go ndéanfar an céatadán sin a urramú i rith na clárthréimhse ar fad i gcás aistriú idir tosaíochtaí laistigh de chlár nó idir cláir, lena n-áirítear ag an athbhreithniú meántearma.
- (49) Chun réitigh a shainiú nó a sholáthar a thugann aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le forbairt comhshaoil inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais, ba cheart Tionscnamh Uirbeach Eorpach a chur in ionad na nGníomhaíochtaí Uirbeacha Nuálacha i réimse na forbartha uirbí inbhuanaithe, rud a chuirfí chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach. Ba cheart don tionscnamh sin gach limistéar uirbeach a chlúdach, lena n-áirítear limistéir uirbeacha fheidhmiúla, agus tacú leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach. Chun rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil sna comhpháirtíochtaí téamacha faoin gClár Oibre Uirbeach a spreagadh, ba cheart, le CFRE, tacú le costais eagraíochtúla a bhaineann le rannpháirtíocht den sórt sin. D'fhéadfaí go n-áiríteofaí sa tionscnamh sin comhar idir-rialtais maidir le hábhair uirbeacha, go háirithe comhar atá dírithe ar fhothú acmhainneachta chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit agus na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla a bheith rannpháirteach go gníomhach i mbainistiú agus i gcur chun feidhme an Tionscnaimh Uirbigh Eorpaigh. Ar na gníomhaíochtaí arna gcomhaontú faoi shamhail bhainistithe d'fhéadfaí malartú d'ionadaithe réigiúnacha agus áitiúla a áireamh. Leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoi chuimsiú an Tionscnaimh Uirbigh Eorpaigh, ba cheart naisc uirbeacha-thuaithe laistigh de limistéir uirbeacha fheidhmiúla a chur chun cinn. Tá tábhacht ar leith le comhar leis an nGréasán Eorpach um Fhorbairt Tuaithe i ndáil leis an méid sin.
- (50) Ba cheart tráchtáil agus uas-scálú tionscadal nuálaíochta idir-réigiúnacha a chur chun cinn ar fud chríoch iomlán an Aontais trí na hinfeistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha atá le bainistiú ag an gCoimisiún. Agus tacaíocht á tabhairt do thionscadail nuálaíochta i réimsí speisialtóireachta cliste, lena n-áirítear treoirtionscadail agus bearta forbartha acmhainneachtaí, rachaidh siad chun tairbhe na réigiún beagforbartha, cuirfidh siad lena n-éiceachórais nuálaíochta agus lena n-acmhainneacht iad féin a chomhtháthú i slabhraí luacha móra an Aontais. Ba cheart dóibh freisin rannchuidiú le cur chun feidhme na teachtaireachta ón gCoimisiún an 18 Iúil 2017 dar teideal *Strengthening Innovation in Europe's Regions: Strategies for resilient, inclusive and sustainable growth* [An Nuálaíocht i Réigiúin na hEorpa a Neartú: Straitéisí don fhás athléimneach, cuimsitheach agus inbhuanaithe], go háirithe chun tacú le hardáin théamacha don speisialtóireacht chliste le haghaidh réimsí ríthábhachtacha.
- (51) Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar na réigiúin is forimeallaí, is é sin bearta a ghlacadh faoi Airteagal 349 CFAE ina bhfuil foráil le haghaidh leithdháileadh breise do na réigiúin is forimeallaí i gcoinne na gcostas breise a bhíonn ar na réigiúin sin de bharr ceann nó cuid de na bacainní buana a dtagraítear dóibh in Airteagal 349 CFAE, mar atá an iargúlacht, an t-oileánachas, easpa méide, deacrachtaí topagrafaíochta agus aeráide, spleáchas eacnamaíoch ar líon beag táirgí, deacrachtaí buana a chuireann bac agus laicis mhór ar an bhforbairt sna réigiúin sin le chéile. Leis an leithdháileadh sin, ba cheart go mbeifí in ann infheistíochtaí a chlúdach, mar aon le costais oibriúcháin agus le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a bhfuil sé mar aidhm leo costais bhreise a shú, ar costais iad a bhíonn ann de thoradh na mbac sin. Le cúnaimh oibriúcháin, ba cheart go mbeifí in ann costas seirbhísí iompair lastais a chlúdach, agus cúnaimh tús saoil le haghaidh seirbhísí iompair, mar aon le cateachas ar oibriúcháin atá nasctha le srianta stórála, le rómhéid agus le cothabháil na n-uirlisí táirgeachta, agus leis an easpa caipitil dhaonna sa mhargadh áitiúil. Níor

cheart an leithdháileadh sin a bheith faoi réir na gceanglas maidir le díriú téamach. Chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, agus faoi mar atá i gcás na n-oibríochtaí ar fad atá á gcómhaoiniú le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, ba cheart go gcomhlíonfadh tacaíocht ar bith de chuid CFRE atá ann don mhaoiniú ar chúnamh oibríochta agus infheistíochta sna réigiúin is forimeallaí na rialacha maidir le státchabhair faoi mar a leagtar amach iad in Airteagail 107 agus 108 CFAE.

- (52) Chun gur féidir mearfhreagairt a thabhairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha dá dtagraítear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na clárthréimhse, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún d'fhonn bearta sealadacha a ghlacadh chun úsáid na tacaíochta ó CFRE a éascú mar fhreagairt ar na himthosca sin. Ba cheart don Choimisiún na bearta is iomchuí a ghlacadh i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha ina bhfuil Ballstáit agus cuspóirí an chiste á gcaomhnú ag an am céanna. Thairis sin, ba cheart na cinntí cur chun feidhme maidir le beart sealadach chun CFRE a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha a ghlacadh gan nósanna imeachta coiste ós rud é gurb é an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a chinneann raon feidhme an chur i bhfeidhm agus go bhfuil sé teoranta don bheart a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart agus measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht.
- (53) Chun cuid de na heilimintí neamhriachtanacha atá sa Rialachán seo a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le coigeartuithe a dhéanamh, áit a bhfuil údar leis sin, ar Iarscríbhinn II ina leagtar amach liosta táscairí a úsáidtear mar bhonn le faisnéis a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar fheidhmíocht na glár. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (54) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú trí cheartú na bpríomh-mhícothromaíochtaí san Aontas, a ghnóthú go leordhóthanach agus de bharr mhéid na n-éagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus chúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla agus an tsriain atá le hacmhainní airgeadais na mBallstát agus na réigiún, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (55) I bhfianaise ghlacadh an Rialacháin seo tar éis thús na clárthréimhse, agus ag cur san áireamh gur gá CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe araon a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe agus comhchuibhithe, agus chun go bhféadfar é a chur chun feidhme go pras, ba cheart dó teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CLÁR NA nÁBHAR

CAIBIDIL I	FORÁLACHA COITEANNA	71
Airteagal 1	Ábhar	71
Airteagal 2	Cúraimí CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe	71
Airteagal 3	Cuspóirí sonracha do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe	71
Airteagal 4	Díriú téamach thacaíocht CFRE	73
Airteagal 5	Raon feidhme na tacaíochta ó CFRE	75
Airteagal 6	Raon feidhme na tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe	76
Airteagal 7	Eisiamh ó raon feidhme CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe	76
Airteagal 8	Táscairí	78
CAIBIDIL II	FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE GNÉITHE CRÍOCHACHA AR LEITH AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ NUÁLAÍOCHTA IDIR-RÉIGIÚNACHA A LÁIMHSEÁIL	78
Airteagal 9	Forbairt chríochach chomhtháite	78
Airteagal 10	Tacaíocht do limistéir faoi mhíbhuntáiste	78
Airteagal 11	Forbairt inbhuanaithe uirbeach	79
Airteagal 12	Tionscnamh Uirbeach Eorpach	79
Airteagal 13	Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha	80
Airteagal 14	Na réigiúin is forimeallaí	80
CAIBIDIL III	FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA	81
Airteagal 15	Forálacha idirthréimhseacha	81
Airteagal 16	An tarmligean a fheidhmiú	81
Airteagal 17	Athbhreithniú	82
Airteagal 18	Teacht i bhfeidhm	82
IARSCRÍBHINN I	TÁSCAIRÍ COITEANNA AISCHUIR AGUS TORAIDH DO CFRE AGUS DON CHISTE COMHTHÁTHAITHE - AIRTEAGAL 8(1)	83
IARSCRÍBHINN II	CROÍ-THACAR TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA DO CFRE AGUS DON CHISTE COMHTHÁTHAITHE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 8(3), A ÚSÁIDFIDH AN COIMISIÚN, I GCOMHRÉIR LENA CHEANGLAS TUAIRISCITHE DE BHUN PHOINTE (H)(iii) D'AIRTEAGAL 41(3) DEN RIALACHÁN AIRGEADAIS	32

CAIBIDIL I

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, leagtar amach cuspóirí sonracha agus raon feidhme na tacaíochta ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis, agus sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg) dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/1060.
2. Leagtar amach cuspóirí sonracha agus raon feidhme na tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe sa Rialachán seo chomh maith maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/1060.

Airteagal 2

Cúraimí CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe

1. Le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, rannchuideofar leis an gcuspóir foriomlán i dtaca le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a neartú.
2. Le CFRE, rannchuideofar le míchothromaíochtaí a laghdú idir leibhéil na forbartha i réigiúin éagsúla laistigh den Aontas, agus laghdófar cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla trí rannpháirtíocht i gcoigeartú struchtúrach réigiúin a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl agus i dtiontú na réigiún tionsclaíoch atá ag meath, lena n-áirítear tríd an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil.
3. Leis an gCiste Comhtháthaithe, rannchuideofar le tionscadail i réimse an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach (TEN-T).

Airteagal 3

Cuspóirí sonracha do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe

1. I gcomhréir leis na cuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán(AE) 2021/1060, tabharfar tacaíocht, le CFRE, do na cuspóirí sonracha seo a leanas:
 - (a) Eoraip níos iomaíche agus níos cliste trí chlaochlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn (CB 1) tríd an méid a leanas a dhéanamh:
 - (i) acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta agus glacadh na n-ardteicneolaíochtaí a fhorbairt agus a mhéadú;
 - (ii) tairbhe a bhaint as an digitíú le haghaidh saoránach, cuideachtaí, eagraíochtaí taighde agus údaráis phoiblí;
 - (iii) cur le fás inbhuanaithe agus iomaíochas na FBManna agus le cruthú post in FBManna, lena n-áirítear trí infheistíochtaí táirgiúla;
 - (iv) scileanna a fhorbairt don speisialú cliste, don trasghabháil thionsclaíoch agus don fhiontraíocht;
 - (v) an nascacht dhigiteach a fheabhsú;
 - (b) aistriú níos glaise, ísealcharbóin a dhéanamh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach agus Eoraip athléimneach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe (CB 2), a chur chun cinn trí:
 - (i) éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;
 - (ii) fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001, lena n-áirítear na critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach inti;
 - (iii) córais, greillí agus stórais chliste fuinnimh a fhorbairt lasmuigh den Ghréasán Fuinnimh Thras-Eorpaigh (GTE-F);

- (iv) oiriúnú don athrú aeráide agus toirmeasc rioscaí ó thubaistí agus teacht aniar a chur chun cinn, agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais á gcur san áireamh;
 - (v) rochtain ar uisce agus an bainistiú inbhuanaithe uisce a chur chun cinn;
 - (vi) an t-aistriú go geilleagar atá ciorclach agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn;
 - (vii) cosaint agus caomhnú an dúlra, na bithéagsúlachta agus an bhonneagair ghlais a fheabhsú, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha, agus gach cineál truaillithe a laghdú;
 - (viii) soghluaisteacht uirbeach ilmhódach inbhuanaithe a chur chun cinn, mar chuid den aistriú chuig geilleagar carbóin glan-nialasach;
- (c) Eoraip níos nasctha tríd an tsoghluaisteacht a fheabhsú (CB 3) trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (i) TEN-T a fhorbairt a bheidh aeráid-díonach, cliste, slán, inbhuanaithe agus idirmhódúil;
 - (ii) soghluaisteacht a fhorbairt go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil a bheidh inbhuanaithe aeráid-díonach, cliste, idirmhódúil agus a mbeidh rochtain fheabhsaithe ar TEN-T agus soghluaisteacht trasteorann le háireamh uirthi;
- (d) Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme (CB 4) trí na nithe seo a leanas:
- (i) feabhas a chur ar éifeachtacht agus cuimsitheacht na margaí saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar an mbonneagar sóisialta agus tríd an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn;
 - (ii) feabhas a chur ar rochtain chothrom ar sheirbhísí cuimsitheacha agus ardcháilíochta san oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil trí bhonneagar inrochtana a fhorbairt, lena n-áirítear trí athléimneacht a chothú faoi choinne cianoideachais agus oideachas agus oiliúint ar líne;
 - (iii) cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, teaghlach ar ioncam íseal atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, a chur chun cinn, trí ghníomhaíochtaí comhtháite, lena n-áirítear seirbhísí tithíochta agus sóisialta;
 - (iv) lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a chur chun cinn, lena n-áirítear imircigh, trí ghníomhaíochtaí comhtháite, lena n-áirítear tithíocht agus seirbhísí sóisialta;
 - (v) rochtain chothrom ar chúram sláinte a áirithiú agus athléimneacht na gcóras sláinte a chothú, lena n-áirítear cúram sláinte príomhúil, agus an t-aistriú a chur chun cinn ó chúram atá institiúidbhunaithe go cúram teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe;
 - (vi) cur le ról an chultúir agus na turasóireachta inbhuanaithe san fhorbairt eacnamaíoch, sa chuimsiú sóisialta agus sa nuálaíocht shóisialta;
- (e) Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite gach cineál críoch agus tionscnamh áitiúil a chothú (CB 5) trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
- (i) an fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil comhtháite agus cuimsitheach a chothú agus an cultúr, an oidhreacht nádúrtha, an turasóireacht inbhuanaithe agus an tslándáil i limistéir uirbeacha a chothú
 - (ii) an fhorbairt áitiúil shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil comhtháite cuimsitheach a chothú agus an fhorbairt áitiúil i réimsí an chultúir, na hoidhreacht nádúrtha, na turasóireachta inbhuanaithe agus na slándála i limistéir nach limistéir uirbeacha iad a chothú.

Soláthrófar tacaíocht faoi CB5 trí straitéisí forbartha críochaí agus áitiúla, trí na foirmeacha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/1060.

2. Faoi dá chuspóir sonracha atá i bpointe (e) de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit tacú le hoibríochtaí ar féidir iad a chistiú faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach faoi phointí (a) go (d) den mhír sin.

3. Tabharfaidh an Ciste Comhtháthaithe tacaíocht do CB 2 agus 3.

4. Faoi chuimsiú na gcuspóirí sonracha a leagtar amach i mír 1, féadfaidh CFRE nó an Ciste Comhtháthaithe, mar is iomchuí, tacú le gníomhaíochtaí faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis, áit a bhféadfaidh siad:

(a) feabhas a chur ar acmhainneacht údaráis an chláir;

- (b) feabhas a chur ar acmhainneacht na ngníomhaithe earnála nó críochacha atá freagrach as gníomhaíochtaí a dhéanamh atá ábhartha do chur chun feidhme CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe, ar choinníoll go gcuireann an acmhainneacht sin le cuspóirí an chláir; nó
- (c) an comhar le compháirtithe a fheabhsú laistigh agus lasmuigh de Bhallstát faoi leith.

Áireofar ar an gcomhar dá dtagraítear i bpointe (c) comhar le compháirtithe ó réigiúin trasteorann, ó réigiúin neamhthadhlaacha nó ó réigiúin atá lonnaithe sa chríoch a chlúdaítear faoi Ghrúpáil Eorpach um Chomhar Críochach, straitéis mhacraireigiúnach nó straitéis imchuach farraige nó cumasc díobh sin.

Airteagal 4

Díriú téamach thacaíocht CFRE

1. Maidir leis na cláir a chuirtear chun feidhme faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis, déanfar iomlán acmhainní CFRE, seachas iad sin don chúnamh teicniúil, i ngach Ballstát a dhíriú ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na catagóire réigiún i gcomhréir le míreanna 3 go 9.
2. Maidir le díriú téamach na tacaíochta do na Ballstáit a bhfuil na réigiúin is forimeallaí suite iontu, is ina gceann is ina gceann a láimhseálfar na hacmhainní CFRE a leithdháiltear go sonrach ar na réigiúin is forimeallaí, agus na hacmhainní a leithdháiltear ar gach réigiún eile.
3. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh an díriú téamach a chomhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na catagóire réigiún. Cuirfidh gach Ballstát a rogha in iúl ina Chomhaontú Comhpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/1060. Beidh feidhm ag an rogha sin maidir le hiomlán acmhainní CFRE an Bhallstáit sin, acmhainní dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo don chlárthréimhse iomlán.
4. Chun críoch dírithe théamaigh ar an leibhéal náisiúnta, is mar a leanas a dhéanfar na Ballstáit a rangabháil ó thaobh chóimheas ollioncaim náisiúnta de:
 - (a) iad siúd a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta acu atá cothrom le 100 % de mheán an Aontais Eorpaigh nó os a chionn (“grúpa 1”);
 - (b) iad siúd a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta acu atá cothrom le 75 % de mheán an Aontais Eorpaigh agus é faoi bhun 100 % de (“grúpa 2”);
 - (c) iad siúd a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta acu atá faoi bhun 75 % de mheán an Aontais Eorpaigh (“grúpa 3”).

Chun críocha an Airteagail seo, is éard is ciall le coibhneas an ollioncaim náisiúnta an coibhneas idir an t-ollioncam náisiúnta *per capita* atá ag Ballstát, rud a thomhaistear de réir na gcaighdeán um chumhacht chun ceannaithe, agus rud a ríomhtar ar bhonn na bhfigiúr atá ag an Aontas don tréimhse ó 2015 go 2017, agus an meán-ollioncam *per capita* sna caighdeáin um chumhacht chun ceannaithe atá ag an 27 mBallstát don tréimhse thagartha chéanna.

Maidir leis na cláir atá faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis do na réigiúin is forimeallaí, is le grúpa 3 a dhéanfar iad a rangabháil.

Maidir leis na cláir atá faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis do na Ballstáit oileánacha a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe, is le grúpa 3 a dhéanfar iad a rangabháil.

5. Chun críoch dírithe théamaigh ar an leibhéal catagóire réigiún, is de réir na catagóire réigiún a dhéanfar na réigiúin a aicmiú, i gcomhréir le hAirteagal 108(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, mar seo a leanas:
 - (a) réigiúin níos forbartha;
 - (b) réigiúin trasdula;
 - (c) réigiúin bheagfhorbartha.

6. Ar an leibhéal náisiúnta, comhlíonfaidh na Ballstáit na ceanglais seo a leanas maidir le díriú téamach:
 - (a) déanfaidh Ballstáit ghrúpa 1 nó réigiúin níos forbartha líon nach lú ná 85 % dá n-acmhainní CFRE dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh ar CB 1 agus CB 2, agus líon nach lú ná 30 % a leithdháileadh ar CB 2;
 - (b) déanfaidh Ballstáit ghrúpa 2 nó réigiúin trasdula líon nach lú ná 40 % dá n-acmhainní CFRE dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh ar CB 1, agus líon nach lú ná 30 % ar CB 2;
 - (c) déanfaidh Ballstáit ghrúpa 3 nó réigiúin bheagfhorbartha líon nach lú ná 25 % dá n-acmhainní CFRE dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh ar CB 1, agus líon nach lú ná 30 % ar CB 2.

I gcás ina gcinnfidh Ballstát na ceanglais maidir le díriú téamach a chomhlíonadh ar leibhéal na catagóire réigiún, beidh feidhm ag na tairseacha a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo maidir leis na hacmhainní CFRE dá dtagraítear i mír 1 comhiomlánaithe le chéile do na réigiúin uile a thagann faoin gcatagóir réigiún faoi seach.

7. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát níos mó ná 50 % dá acmhainní iomlána ón gCiste Comhtháthaithe a leithdháileadh ar CB 2 nach acmhainní don chúnamh teicniúil iad arna ríomh tar éis an aistriú a leagtar amach in Airteagal 110(4) de Rialachán (AE) 2021/1060, seachas acmhainní faoin gcuspóir sonracha dá dtagraítear i bpointe (b)(viii) den chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) den Rialachán seo, féadfar an leithdháileadh a théann thar an 50 % a chur san áireamh agus comhlíonadh na gceanglas maidir le díriú téamach a leagtar amach i mír 46 den Airteagal seo á ríomh.

Má chinneann Ballstát díriú téamach ar leibhéal na catagóire réigiún a chomhlíonadh, déanfar na hacmhainní ón gCiste Comhtháthaithe, a chuirtear san áireamh le haghaidh ceanglais maidir le díriú téamach i gcomhréir leis an gcéad fhomhír a leithdháileadh *pro rata* ar na catagóirí éagsúla réigiún bunaithe ar a sciar coibhneasta de dhaonra iomlán an Bhallstáit lena mbaineann.

Leagfaidh na Ballstáit amach ina gComhaontú Comhpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/1060 cibé acu an gcuirfeadh nó nach gcuirfeadh na hacmhainní ón gCiste Comhtháthaithe san áireamh le haghaidh ceanglais maidir le díriú téamach do CB2.

8. Déanfar na hacmhainní faoin gcuspóir sonracha dá dtagraítear i bpointe (a)(v) den chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) a chlárscéidealú faoi thosaíocht thiomnaithe.

De mhaolú ar mhír 6, cuirfeadh 40 % de na hacmhainní sin san áireamh agus comhlíonadh na gceanglas maidir le díriú téamach le haghaidh CB 1 a leagtar amach i mír 6 á ríomh.

Na hacmhainní a chuirfeadh san áireamh le haghaidh na gceanglas maidir le díriú téamach i gcomhréir leis an dara fhomhír den mhír seo, ní rachaidh siad thar 40 % de na híoscheanglais maidir le díriú téamach le haghaidh CB 1 a leagtar amach i mír 6.

9. Déanfar na hacmhainní faoin gcuspóir sonracha dá dtagraítear i bpointe (b)(viii) den chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) a chlárscéidealú faoi thosaíocht thiomnaithe.

De mhaolú ar mhír 6, cuirfeadh 50 % de na hacmhainní CFRE sin san áireamh agus comhlíonadh na gceanglas maidir le díriú téamach le haghaidh CB 2 a leagtar amach i mír 64 á ríomh.

Na hacmhainní a chuirfeadh san áireamh le haghaidh na gceanglas maidir le díriú téamach i gcomhréir leis an dara fhomhír den mhír seo, ní rachaidh siad thar 50 % de na híoscheanglais maidir le díriú téamach le haghaidh CB 2 a leagtar amach i mír 6.

10. Na ceanglais don díriú téamach a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo, comhlíonfar iad i rith na clárthréimhse ó thús go deireadh, agus i rith na huaire a aistreofar leithdháilte CFRE idir tosaíochtaí cláir nó idir cláir don athbhreithniú lár téarma i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060.

11. I gcás ina laghdófar leithdháileadh de chuid CFRE i dtaca le CB 1 nó CB 2, nó an dá cheann, mar gheall ar shaoradh faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/1060, nó de bharr ceartúcháin airgeadais a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 104 den Rialachán sin, ní dhéanfar athmheasúnú ar chomhlíonadh na gceanglas um dhíriú téamach a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo.

12. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an gcistiú breise do na réigiúin thuaidh inar tearc an daonra dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 110(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.

Airteagal 5

Raon feidhme na tacaíochta ó CFRE

1. Le CFRE, tacófar leis na nithe seo a leanas:
 - (a) infheistíocht i mbonneagar;
 - (b) gníomhaíochtaí don taighde feidhmeach agus nuálaíocht, lena n-áirítear taighde tionsclaíoch, forbairt thurgnamhach agus staidéir indéantachta;
 - (c) infheistíocht sa rochtain ar sheirbhísí;
 - (d) infheistíochtaí táirgiúla in FBManna agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh poist atá ann cheana a chosaint agus poist nua a chruthú;
 - (e) trealamh, bogearraí, agus sócmhainní doláimhsithe;
 - (f) líonrú, comhar, malartú taithí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le cnuasaigh nuálaíochta lena n-áirítear idir gnólachtaí, eagraíochtaí taighde agus údaráis phoiblí;
 - (g) faisnéis, cumarsáid agus staidéir; agus
 - (h) cúnamh teicniúil.
2. Féadfar tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí táirgiúla seachas FBManna:
 - (a) nuair atá comhar le FBManna i gceist leo i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dtacaítear leo faoi phointe (a)(i) den chéad fhomhír d'Airteagal 3(1);
 - (b) nuair a thacaíonn siad go príomha le bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinneamh inathnuaite faoi phointí (b)(i) agus (b)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 3(1);
 - (c) nuair a dhéantar iad i gcuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus cuideachtaí meánchaipitlithe mar a shainmhínítear iad i bpointí (6) agus (7) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²¹⁾ trí ionstraimí airgeadais; nó
 - (d) nuair a dhéantar iad i gcuideachtaí meánchaipitlithe beaga i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a dtacaítear leo faoi phointe (a)(i) den chéad fhomhír d'Airteagal 3(1).
3. Chun rannchuidiú leis an gcuspóir sonrath faoi CB 1 a leagtar amach i bpointe (a)(iv) den chéad fhomhír d'Airteagal 3(1), leis an CFRE, tabharfar tacaíocht freisin do ghníomhaíochtaí i ndáil leis an oiliúint, le foghlaim ar feadh an tsaol, le hathoiliúint agus leis an oideachas.
4. Chun rannchuidiú leis an gcuspóir sonrath faoi CB 2 a leagtar amach i bpointe (b)(iv) den chéad fhomhír d'Airteagal 3(1) agus leis an gcuspóir sonrath faoi CB 4 a leagtar amach i bpointe (d)(v) den fhomhír sin, le CFRE, tacófar chomh maith le ceannach na soláthairtí is gá le hathléimneacht na gcóras sláinte agus le hathléimneacht ó thubaistí a neartú.
5. Faoi Interreg, le CFRE, féadfar tacú freisin:
 - (a) le roinnt na n-áiseanna agus na n-acmhainní daonna; agus
 - (b) le hinfeistíochtaí boga tionlacain agus gníomhaíochtaí eile atá nasctha le CB 4 faoi Chiste Sóisialta Breise na hEorpa mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1057
6. Le CFRE, féadfar tacú le maoiniú caipitil oibre i FBManna i bhfoirm deontas, i gcás ina bhfuil géarghá leis mar bheart sealadach chun freagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha dá dtagraítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/1060.
7. I gcás, ar iarraidh a bheith tíolachta ag na Ballstáit lena mbaineann, ina gcinnfidh an Coimisiún go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 6, glacfaidh sé cinneadh cur chun feidhme ina sonrath an tréimhse a n-údaraitear an tacaíocht shealadach bhreise ó CFRE lena linn.

⁽²¹⁾ Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus (AE) Uimh. 1316/2013 – an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, p. 1).

8. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi chur chun feidhme mhír 6 agus déanfaidh sé a mheasúnú an leor nó nach leor an tacaíocht shealadach bhreise ó CFRE chun úsáid an chiste a éascú mar fhreagairt ar na himthosca eisceachtúla nó neamhghnácha. Ar bhonn a mheasúnaithe, déanfaidh an Coimisiún, i gcás ina meastar gurb iomchuí sin, tograí le haghaidh leasuithe ar an Rialachán seo, lena n-áirítear maidir le ceanglais maidir le díriú téamach in Airteagal 4.

9. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé struchtúrtha a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm míreanna 6, 7 agus 8 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2021/1060.

Airteagal 6

Raon feidhme na tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe

1. Tacóidh an Ciste Comhtháthaithe leis na nithe seo a leanas:
 - (a) infheistíochtaí sa chomhshaol, lena n-áirítear infheistíochtaí a bhaineann le forbairt inbhuanaithe agus fuinneamh ar tairbhe don chomhshaol iad, agus béim shonrach á leagan ar fhuinneamh inathnuaite;
 - (b) infheistíochtaí i TEN-T;
 - (c) cúnamh teicniúil;
 - (d) faisnéis, cumarsáid agus staidéir.

Áiritheoidh na Ballstáit cothromaíocht iomchuí idir infheistíochtaí faoi phointí (a) agus (b), bunaithe ar cheanglais infheistíochta agus bonneagair is sonrach do gach Ballstát.

2. Beidh an méid den Chiste Comhtháthaithe a aistrefar chuig an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa arna bhunú le Rialachán (AE) 2020/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á úsáid i gcomhair thionscadail TEN-T.

Airteagal 7

Eisiamh ó raon feidhme CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe

1. Ní thacóidh CFRE ná an Ciste Comhtháthaithe leis na nithe seo a leanas:
 - (a) díchoimisiúnú nó tógáil stáisiún cumhachta núicléach;
 - (b) infheistíocht chun an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a bhaint amach;
 - (c) monarú, próiseáil agus margú tobac agus táirgí tobac;
 - (d) gnóthas atá i gcruachás, mar a shainmhínítear é i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014, mura dtugtar údarú faoi chabhair *de minimis* nó rialacha stáitchabhrach sealadacha a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla;
 - (e) infheistíocht i mbonneagar aerfort, cé is moite de na réigiúin is forimeallaí nó sna haerfoirt réigiúnacha atá ann cheana mar a shainmhínítear iad i bpointe (153) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014, in aon cheann de na cásanna seo a leanas:
 - (i) i mbearta maolaithe maidir leis an tionchar ar an gcomhshaol; nó
 - (ii) i gcórais slándála, sábháilteachta agus bainistíochta aerthráchta a eascraíonn as an Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair;
 - (f) infheistíocht i ndiúscairt na dramhaíola i líonadh talún, seachas:
 - (i) i gcás na réigiún is forimeallaí, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo amháin; nó
 - (ii) i gcás infheistíochtaí chun líonta talún atá ann cheana a dhíchoimisiúnú, a iompú ar ais nó a dhéanamh slán ar choinníoll nach méadóidh infheistíochtaí den sórt sin a n-acmhainneacht;
 - (g) infheistíocht lena méadaítear an acmhainneacht in áiseanna cóireála dramhaíola iarmharaí, seachas:
 - (i) i gcás na réigiún is forimeallaí, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo amháin;
 - (ii) infheistíocht i dteicneolaíochtaí chun ábhair a aisghabháil ó dhramhaíl iarmharach chun críocha an gheilleagair chiorclaigh;

- (h) infheistíocht a bhaineann le táirgeadh, próiseáil, iompar, dáileadh, stóráil nó dóchán breoslaí iontaise, cé is moite de na nithe seo a leanas:
- (i) córais téimh gásadhainte a chur in ionad córais téimh arna n-adhaint le breoslaí iontaise soladacha, eadhon gual, móin, lignít, scealla ola, chun an méid a leanas a dhéanamh:
- córais téimh agus fuaraithe ceantair a uasghrádú de réir stádais mar “théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil” mar a shainmhínítear iad i bpointe (41) d’Airteagal 2 de Threoir 2012/27/AE;
 - suiteálacha teasa agus cumhachta comhcheangailte a uasghrádú leis an stádas “comhghiniúint ardéifeachtúlachta” mar a shainmhínítear iad i bpointe (34) d’Airteagal 2 de Threoir 2012/27/AE;
 - infheistíocht i gcoirí gásadhainte nádúrtha agus i gcórais téimh i dtithíocht agus i bhfoirgnimh a chuirtear in ionad suiteálacha ina n-úsáidtear gual, móin, lignít nó scealla ola;
- (ii) infheistíocht i líonraí tarchurtha agus dáilte gáis a mhéadú, a thiontú nó a iarfheistiú nó a gcuspóir a athrú ar choinníoll go mbeidh na líonraí ullamh chun gáis inathnuaite ísealcharbóin, amhail hidrigin, bithmheatán agus gás sintéise, a chur leis an gcóras a bhí leis infheistíocht sin agus go mbeifear in ann suiteálacha eile a chur in ionad suiteálacha breoslaí iontaise soladacha;
- (iii) infheistíocht sna nithe seo a leanas:
- feithiclí glana mar a shainmhínítear iad i dTreoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²²⁾ chun críocha an phobail; agus
 - feithiclí, aerárthaí agus soithí a dheantar agus a thógtar nó a oiriúnaítear lena n-úsáid ag seirbhísí cosanta sibhialta agus ag seirbhísí dóiteáin.

2. Ní rachaidh líon iomlán na tacaíochta ón Aontas don infheistíocht ón Aontas dá dtagraítear i bpointí (h)(i) agus (h)(ii) de mhír 1 thar na teorainneacha seo a leanas de mhéid iomlán leithdháileadh na gclár ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post don Bhallstát lena mbaimeann:

- (a) maidir leis na Ballstáit a bhfuil a n-ollioncam náisiúnta (OIN) *per capita* níos lú ná 60 % de mheán-OIN an Aontais *per capita*, nó na Ballstáit a bhfuil a n-ollioncam náisiúnta *per capita* faoi bhun 90 % de mheán-OIN an Aontais *per capita* agus a bhfuil sciar de bhreoslaí iontaise soladacha acu in olltomhaltas fuinnimh intíre atá cothrom le 25 % nó níos mó, is é 1,55 % an uasteorainn;
- (b) maidir leis na Ballstáit seachas iad sin i bpointe (a) a bhfuil a OIN *per capita* faoi bhun 90 % de mheán-OIN an Aontais *per capita*, is é 1 % an uasteorainn;
- (c) maidir leis na Ballstáit a bhfuil a OIN *per capita* comhionann le 90 % de mheán-OIN an Aontais *per capita* nó níos mó de, is é 0,2 % an uasteorainn.

3. Chun críocha an Airteagail seo, tomhaisfead an t-ollioncam náisiúnta *per capita* atá ag Ballstát de réir na gcaighdeán um chumhacht chun ceannaithe, agus ríomhfar é ar bhonn na bhfigiúr atá ag an Aontas don tréimhse ó 2015 go 2017, agus déanfar é a shloinneadh mar chéatadán, den mheán-ollioncam *per capita* sna caighdeáin um chumhacht chun ceannaithe atá ag an 27 mBallstát don tréimhse thagartha chéanna.

Chun críocha an Airteagail seo, is ionann an sciar de bhreoslaí iontaise soladacha i dtomhaltas fuinnimh agus an sciar de ghual, lignít, móin agus scealla ola arna tomhas in 2018.

4. Roghnóidh an t-údarás bainistíochta na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe faoi phointí (h)(i) agus (h)(ii) de mhír 1 faoin 31 Nollaig 2025. Ní dhéanfar oibríochtaí den sórt sin a chéimniú amach go dtí an chéad chlárthréimhse eile.

5. Ní thabharfaidh an Ciste Comhtháthaithe tacaíocht don infheistíocht i dtithíocht mura mbíonn baint aici le cur chun cinn na héifeachtúlachta fuinnimh nó na húsáide fuinnimh inathnuaite.

6. Ní bheidh tíortha ná críocha thar lear incháilithe chun tacaíocht a fháil ó CFRE ná ón gCiste Comhtháthaithe, ach féadfaidh siad páirt a ghlacadh i gclár Interreg i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²³⁾.

⁽²²⁾ Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn (IO L 120, 15.5.2009, lch. 5).

⁽²³⁾ Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh ((féach leathanach 94 den Iris Oifigiúil seo).

Airteagal 8

Táscairí

1. Bainfear úsáid as táscairí coiteanna aschuir agus toraidh, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I maidir le CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe, agus, i gcás inarb ábhartha, as táscairí aschuir agus toraidh atá clárshonrach i gcomhréir le pointe (a) den dara fómhír d'Airteagal 16(1), pointe (d)(ii) d'Airteagal 22(3) agus pointe (b) d'Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2021/1060.
2. Maidir le táscairí aschuir, socrófar na bonnlínte ag náid. Beidh na garspriocanna a shocraítear do 2024 agus na spriocanna a shocraítear do 2029 carnach.
3. I gcomhlíonadh a cheanglas tuairiscithe de bhun phointe (h) d'Airteagal 41(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁴⁾ (an "Rialachán Airgeadais"), cuirfidh an Coimisiún faisnéis maidir le feidhmíocht i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir le hIarscríbhinn II.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun Iarscríbhinn II a leasú d'fhonn na hathruithe ábhartha a dhéanamh ar an bhfaisnéis faoi feidhmíocht atá le cur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
5. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcaoi a ndéantar tábhacht straitéiseach na n-infheistíochtaí arna gcómhaoiniú ag CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe a chur san áireamh i gcomhthéacs chun chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

CAIBIDIL II

FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE GNÉITHE CRÍOCHACHA AR LEITH AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ NUÁLÁÍOCHTA IDIR-RÉIGIÚNACHA A LÁIMHSEÁIL

Airteagal 9

Infheistíocht chríochach chomhtháite

1. Féadfaidh CFRE tacú le forbairt chríochach chomhtháite laistigh de chlár faoin dá sprioc dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/1060 i gcomhréir le Caibidil II de Theideal III den Rialachán sin.
2. Ní chuirfidh na Ballstáit forbairt chríochach chomhtháite chun feidhme, le tacaíocht ó CFRE, ach trí na foirmeacha dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán(AE) 2021/1060.

Airteagal 10

Tacaíocht do limistéir faoi mhíbhuntáiste

I gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE, tabharfaidh CFRE aird faoi leith ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na réigiún agus na limistéar faoi mhíbhuntáiste, go háirithe limistéir thuaithe agus limistéir a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu. I gcás inarb iomchuí, leagfaidh na Ballstáit amach cur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha nó ar riachtanais shonracha na réigiún agus na limistéar sin ina gcomhaontuithe comhpháirtíochta i gcomhréir le pointe (i) den chéad fómhír d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1060. D'fhéadfadh gealltanais maidir le cistiú tiomnaithe chun na críche sin a bheith san áireamh i gcur chuige comhtháite den sórt sin.

⁽²⁴⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aighairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Airteagal 11***Forbairt inbhuanaithe uirbeach**

1. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil, aeráide, dhéimeagrafacha agus shóisialta, tabharfaidh CFRE tacaíocht don fhorbairt chríochach chomhtháite bunaithe ar straitéisí críochacha nó straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail i gcomhréir le hAirteagal 29 nó 32 de Rialachán (AE) 2021/1060, faoi seach, a dhíríonn ar cheantair uirbeacha, lena n-áirítear ceantair uirbeacha fheidhmiúla (“forbairt inbhuanaithe uirbeach”) laistigh de chlár faoi chuimsiú an dá sprioc dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den Rialachán sin.

Tabharfar aird ar leith ar dhul i ngleic le dúshláin chomhshaoil agus aeráide, go háirithe an t-aistriú i dtreo geilleagar atá aeráidneodrach faoi 2050, ar leas a bhaint as poitéinseal na dteicneolaíochtaí digiteacha chun críoch nuálaíochta, agus ar thacaíocht a thabhairt do limistéir uirbeacha fheidhmiúla a fhorbairt. Sa chomhthéacs sin, déanfar acmhainní forbartha uirbí inbhuanaithe atá cláraithe faoi thosaíochtaí a fhreagraíonn do CB 1 agus 2 a áireamh faoi chomhair na gceanglas maidir le díriú téamach faoi Airteagal 4.

2. Déanfar, ar a laghad, 8 % d'acmhainní CFRE ar an leibhéal náisiúnta faoin sprioc “Infheistiúocht le haghaidh post agus fáis”, nach acmhainní don chúnadh teicniúil iad, a leithdháileadh ar fhorbairt uirbeach inbhuanaithe i bhfoirm amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán(AE) 2021/1060.

Roghnóidh na húdaráis nó na comhlachtaí críochacha ábhartha na hoibríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 29(3) agus le pointe (d) d'Airteagal 32(3) de Rialachán (AE) 2021/1060 nó beidh baint acu lena roghnú.

Na clár atá i gceist, leagfaidh siad amach na suimeanna atá beartaithe chun na críche sin faoi phointe (d)(viii) d'Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2021/1060.

3. An céatadán atá le leithdháileadh don forbairt uirbeach inbhuanaithe faoi mhír 2 den Airteagal seo, comhlíonfar é i rith na clárthréimhse ar fad, le linn na huaire a bheidh leithdháilí CFRE á n-aistriú idir tosaíochtaí cláir nó idir cláir, agus le linn an athbhreithnithe meántearma i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060.

4. Sa chás go laghdófar leithdháileadh de chuid CFRE mar gheall ar shaoradh faoi Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/1060, nó de bharr ceartúcháin airgeadais a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 104 den Rialachán sin, ní dhéanfar athmheasúnú ar chomhlíonadh mhír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 12***Tionscnamh Uirbeach Eorpach**

1. Le CFRE, tacófar leis an Tionscnamh Uirbeach Eorpach, rud a chuireann an Coimisiún chun feidhme sa bhainistíocht dhíreach agus indéach.

Cumhdófar leis an tionscnamh seo gach limistéar uirbeach, lena n-áirítear limistéar uirbeacha fheidhmiúla, agus tacóidh sé leis an gClár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach, lena n-áirítear tacaíocht do rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil sna comhpháirtíochtaí téamacha arna bhforbairt faoin gClár Oibre Uirbeach don AE.

2. Is iad an dá shraith seo a leanas a bheidh i gceist leis an Tionscnamh Uirbeach Eorpach, i ndáil le forbairt uirbeach inbhuanaithe:

(a) tacaíocht do ghníomhaíochtaí nuálacha;

(b) tacaíocht don fhothú acmhainneachta agus eolais, do mheasúnuithe tionchair chríochoigh, don fhorbairt beartais agus don chumarsáid.

Féadfaidh an Tionscnamh Uirbeach Eorpach tacú le comhar idir-rialtas maidir le cúrsaí uirbeacha ach a n-iarraídh ceann nó níos mó de na Ballstáit an tacaíocht sin. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhar atá dírithe ar fhothú acmhainneachta ar an leibhéal áitiúil chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach dhá bhliain maidir le forbairtí a bhaineann leis an Tionscnamh Uirbeach Eorpach.

3. Áiritheofar i múnla rialachais an Tionscnaimh Uirbigh Eorpach rannpháirtíocht na mBallstát, na n-údarás réigiúnach agus áitiúil agus na gcathracha agus áiritheoidh sé comhordú agus comhlántachtaí iomchuí leis an gclár tiomnaithe faoi phointe (b) d'Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2021/1059 a phléann le forbairt inbhuanaithe uirbeach.

Airteagal 13

Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha

1. Tacóidh CFRE leis an Ionstraim um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha.
2. Tacóidh an Ionstraim um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha le tráchtálú agus uas-scalú tionscadail nuálaíochta idir-réigiúnacha a d'fhéadfadh forbairt slabhraí luacha Eorpacha a spreagadh.
3. Is iad an dá shraith seo a leanas a bheidh san Ionstraim um Infheistíocht Nuálaíochta Idir-réigiúnacha, lena dtugtar tacaíocht go comhionann don mhéid seo a leanas:
 - (a) tacaíocht airgeadais agus chomhairleach d'infheistíochtaí i dtionscadail nuálaíochta idir-réigiúnacha i réimsí speisialtóireachta cliste comhroinnte;
 - (b) tacaíocht airgeadais agus chomhairleach, agus fothú acmhainneachta chun slabhraí luacha a fhorbairt i réigiúin bheagfhorbartha.
4. Féadfar suas le 2 % de na hacmhainní a thiomnú do ghníomhaíochtaí foghlama agus meastóireachta, chun leas a bhaint as toradh na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht faoin dá shraith agus iad a scaipeadh.
5. Déanfaidh an Coimisiún na hinfeistíochtaí sin a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.
6. Tabharfaidh grúpa saineolaithe tacaíocht don Choimisiún ina chuid oibre.

Beidh an grúpa saineolaithe comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit, ó údarais réigiúnacha agus ó chathracha, agus ionadaithe ó lucht gnó, ó lucht taighde agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Beidh sé mar aidhm i gcomhdhéanamh an ghrúpa saineolaithe an chothromaíocht inscne a áirithiú.

Tacóidh an grúpa saineolaithe leis an gCoimisiún agus clár oibre fadtéarma á shainiú agus glaonna ar thograí a ullmhú.

7. Agus an ionstraim seo á cur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún comhordú agus sineirge le cláir agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais agus go háirithe leis an tsraith Interreg C mar a shainmhínítear é i bpointe 3 d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1059.
8. Cumhdóidh an Ionstraim um Infheistíochtaí Nuálaíochta Idir-réigiúnacha críoch iomlán an Aontais.

Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach san ionstraim seo, i gcomhréir leis na socruithe a leagtar síos in Airteagal 16 agus 23 de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁵⁾ (“Rialachán Fís Eorpach”).

Airteagal 14

Na réigiúin is forimeallaí

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 maidir leis an leithdháileadh sonrath breise do na réigiúin is forimeallaí. Maidir leis an leithdháileadh sonrath breise do na réigiúin is forimeallaí, úsáidfeadh é chun na costais bhreise a fhritháireamh, ar costais iad arna dtabhú sna réigiúin sin de bharr ceann nó cuid de na srianta buana forbartha atá orthu agus dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE.

⁽²⁵⁾ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

2. An leithdháileadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh sé tacaíocht do na nithe seo a leanas:
 - (a) na gníomhaíochtaí laistigh den raon feidhme faoi mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán seo iad;
 - (b) de mhaolú ar Airteagal 5 den Rialachán seo, bearta a chlúdaíonn costais oibriúcháin d'fhonn na costais bhreise a fhritháireamh, ar costais iad arna dtabhú sna réigiúin is forimeallaí de bharr ceann nó cuid de na srianta buana forbartha atá orthu, srianta dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE.

An leithdháileadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh sé tacú chomh maith le caiteachas a cheadaítear le haghaidh chumhdach na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí agus conarthaí sna réigiúin is forimeallaí.

3. An leithdháileadh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní thabharfaidh sé tacaíocht do na nithe seo a leanas:
 - (a) oibríochtaí a bhaineann le táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE;
 - (b) cabhair chun na daoine atá údaraithe faoi phointe (a) d'Airteagal 107(2) CFAE a iompar;
 - (c) díolúintí cánach agus díolúine na muirear sóisialta;
 - (d) oibleagáidí seirbhíse poiblí nach gnóthais a chomhlíonann iad, agus ina ngníomhaíonn an Stát trí chumhacht phoiblí a fheidhmiú.
4. De mhaolú ar phointe (c) d'Airteagal 5(1), féadfaidh CFRE tacú le hinfheistíocht tháirgiúil i bhfiontair sna réigiúin is forimeallaí, gan beann ar mhéid na bhfiontar sin.

CAIBIDIL III

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 15

Forálacha idirthréimhseacha

Rialacháin (AE) Uimh. 1300/2013 agus (AE) Uimh. 1301/2013, nó aon ghníomh a ghlactar fúthu, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir le cláir agus le hoibríochtaí a dtugann CFRE tacaíocht dóibh faoi chlárthréimhse 2014-2020.

Airteagal 16

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón 1 Iúil 2021.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(4) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmlichte a ghlactar de bhun Airteagal 8(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 17

Athbhreithniú

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2027, i gcomhréir le hAirteagal 177 CFAE.

Airteagal 18

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

COMHTHÁSCAIRÍ ASCHUIR AGUS TORAIDH DO CFRE AGUS DON CHISTE COMHTHÁTHAITHE - AIRTEAGAL 8(1) ⁽¹⁾

Tábla 1

Comhtháscairí aschuir agus toraidh do CFRE (Infheistíocht le haghaidh post agus fáis agus Interreg) agus don Chiste Comhtháthaithe **

Cuspóir beartais (1)	Cuspóir sonrath (2)	Aschuir (3)	Torthaí (4)
1. Eoraip níos iomaíche agus níos cliste trí chlaohlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn (CB 1)	(i) Acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta agus glacadh na n-ardteicneolaíochtaí a fhorbairt agus a mhéadú	RCO ⁽¹⁾ 01 – Fiontair dá dtugtar tacaíocht (ar a bhfuil micrifhiontair, fiontair bheaga, fiontair mheánmhéide agus fiontair mhóra)* ⁽²⁾	RCR ⁽³⁾ 01 – Poist arna gcruthú in eintitis dá dtugtar tacaíocht*
		RCO 02 - Fiontair dá dtugtar tacaíocht trí dheontais*	RCR 102 – Poist arna gcruthú in eintitis dá dtugtar tacaíocht*
		RCO 03 - Fiontair dá dtugtar tacaíocht le hionstraimí airgeadais*	RCR 02 - Infheistíochtaí príobháideacha a thagann le tacaíocht phoiblí (ar a bhfuil deontais, ionstraimí airgeadais)* ⁽²⁾
		RCO 04 – Fiontair dá dtugtar tacaíocht neamhairgeadais*	RCR 03 – Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bhfuil nuálaíocht táirgí nó próiseas á dtabhairt isteach acu*
		RCO 05 – Fiontair nua dá dtugtar tacaíocht*	RCR 04 – FBManna a bhfuil nuálaíocht margaíochta nó eagraíochtúil á dtabhairt isteach acu*
		RCO 06 – Taighdeoirí a oibríonn i saoráidí taighde dá dtugtar tacaíocht	
		RCO 07 – Eagraíochtaí taighde atá rannpháirteach i dtionscadail taighde chomhpháirteacha	
		RCO 08 – Luach ainmniúil trealamh le haghaidh taighde agus nuálaíochta	RCR 05 - FBManna i mbun nuálaíocht inmheánach*
		RCO 10 – Fiontair a chomhoibríonn le heagraíochtaí taighde	RCR 06 - Iarratais ar phaitinní curtha faoi bhráid Oifig Eorpach na bPaitinní*
		RCO 96 – Infheistíochtaí idir-réigiúnacha le haghaidh nuálaíochta i dtionscadail an Aontais*	RCR 07 – Iarratais ar thrádmharc agus ar dhearaí*
			RCR 08 – Foilseacháin ó thionscadail dá dtugtar tacaíocht
	(ii) Tairbhe a bhaint as an digitiú le haghaidh saoránach, cuid-eachtaí, eagraíochtaí taighde agus údarais phoiblí	RCO 13 – Luach na seirbhísí agus na dtáirgí digiteacha arna bhforbairt le haghaidh fiontar*	RCR 11 – Úsáideoirí seirbhísí, táirgí agus próisis dhigiteacha phoiblí nua agus uasghrádaithe*

⁽¹⁾ Bainfear úsáid astu sin i gcomhair na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus Interreg i gcomhréir le pointe (a) den dara fómhír d'Airteagal 16(1), agus pointe (b) d'Airteagal 41 (2) de Rialachán (AE) 2021/1060 (RFC) agus, i gcomhair na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis i gcomhréir le pointe (d)(ii) d'Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2021/1059 agus, Interreg, i gcomhréir le pointe (e)(ii) d'Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2021/1059 (Interreg).

		RCO 14 – Institiúidí poiblí dá dtugtar tacaíocht chun seirbhísí, táirgí agus próisis dhigiteacha a fhorbairt*	RRC 12 – Úsáideoirí seirbhísí, táirgí agus próiseas digiteach nua agus uasghrádaithe arna bhforbairt ag fiontair* RRC 13 – Fiontair a bhaineann amach déine dhigiteach ard*
	(iii) Cur le fás inbhuanaithe agus iomaíochas FBManna agus le cruthú post in FBManna, lena n-áirítear trí infheistíochtaí táirgiúla	RCO 15 – Acmhainneacht ghoir arna cruthú* RCO 103 – Fiontair ardfháis dá dtugtar tacaíocht*	RRC 17 – Fiontair nua ar marthain sa mhargadh* RRC 18 – FBManna a úsáideann seirbhísí goir tar éis chruthú na gormlainne* RRC 19 – Fiontair ag a bhfuil láimhdeachas ard* RRC 25 – FBManna ag a bhfuil breisluach níos airde in aghaidh an fhostaí*
	(iv) Scileanna a fhorbairt don speisialú cliste, don trasghabháil thionsclaíoch agus don fhiontraíocht	RCO 16 – Rannpháirtíocht geallsealbhóirí institiúideacha i bpróiseas fionnachtana fiontraíochta RCO 101 – FBManna a dhéanann infheistiú i scileanna don speisialú cliste, don trasghabháil thionsclaíoch agus don fhiontraíocht*	RRC 97 – Printíseachtaí dá dtugtar tacaíocht in FBManna RRC 98 – Foireann FBManna a chuireann oiliúint i gcrích i gcomhair scileanna don speisialú cliste, don trasghabháil thionsclaíoch agus don fhiontraíocht (de réir chineál na scile: scil theicniúil, bhainistíochta, fiontraíochta, ghlas, eile) (?)*
	(v) An nascacht dhigiteach a fheabhsú	RCO 41 – Teaghaisí breise ag a bhfuil rochtain ar leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta RCO 42 – Fiontair bhreise ag a bhfuil rochtain ar leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta	RRC 53 – Teaghaisí ag a bhfuil síntiúis leathanbhanda le líonra fíor-ardacmhainneachta RRC 54 – Fiontair ag a bhfuil síntiúis leathanbhanda le líonra fíor-ardacmhainneachta
2. Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistréoidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe (CB 2) a chur chun cinn	(i) Éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú	RCO 18 – Teaghaisí ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe RCO 19 – Foirgnimh phoiblí ina bhfuil feidhmíocht fuinnimh fheabhsaithe RCO 20 – Línte líonraí le haghaidh téamh agus fuarú ceantair a tógadh nó a feabhsaíodh le déanaí RCO 104 – Líon na n-aonad comhghiniúna ardéifeachtúil RCO 123 – Teaghaisí a bhaineann tairbhe as coirí gásadhainte nádúrtha agus as córais téimh a chuirtear in ionad suiteálacha atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise soladacha	RRC 26 - Príomhthomhaltas fuinnimh bliantúil (ar a bhfuil teaghaisí, foirgnimh phoiblí, fiontair, eile) (?) RRC 29 – Astaíochtaí gás ceaptha teasa measta* RRC 105 - Astaíochtaí gás ceaptha teasa measta ó choirí agus ó chórais téimh arna dtiontú ó chórais breoslaí iontaise ina gcórais gháis
	(ii) Fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001, lena n-áirítear na critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach inti	RCO 22 – Acmhainneacht táirgeachta bhreise le haghaidh fuinneamh inathnuaite (as sin: leictreachas, fuinneamh teirmeach) (?)* RCO 97 – Pobail fuinneamh inathnuaite dá dtugtar tacaíocht*	RRC 31 – An fuinneamh inathnuaite iomlán arna tháirgeadh (ar a bhfuil leictreachas, fuinneamh teirmeach) (?)*

		RCR 32 – Acmhainneacht oibríochtúil bhreise arna suiteáil don fhuinneamh inathnuaite*
(iii) Córais, greillí agus stórais chliste fuinnimh a fhorbairt lasmuigh den Ghréasán Fuinnimh Tras-Eorpach (GTE-F)	RCO 23 – Córais bainistithe dhigiteacha le haghaidh córais chliste fuinnimh RCO 105 – Réitigh do stóráil leictreachais RCO124: Línte líonraí le haghaidh tarchur agus dáileadh gáis a tógadh nó a feabhsaíodh le déanaí	RCR 33 - Úsáideoirí nasctha le córais chliste fuinnimh RCR 34 - Leathadh amach ar thionscadail le haghaidh córais chliste fuinnimh
(iv) Oiriúnú don athrú aeráide agus toirmeasc rioscaí ó thubaistí, agus teacht aniar a chur chun cinn, agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais á gcur san áireamh	RCO 24 – Infheistíocht i gcórais nua nó uasghrádaithe don fhaireachán, ullmhacht, foláireamh agus freagairt i gcás tubaistí i gcoinne tubaistí nádúrtha * RCO 122 – Infheistíocht i gcórais nua nó uasghrádaithe don fhaireachán, ullmhacht, foláireamh agus freagairt i gcás tubaistí i gcoinne rioscaí nádúrtha nach mbaineann leis an aeráid agus i gcoinne rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí an duine RCO 25 – Cosaint nuathógtha nó dhaingnithe feadh an chósta, ar bhruach abhann agus ar bhruach locha RCO 106 – Cosaint nuathógtha nó dhaingnithe ar sciorradh talún RCO 26 – Bonneagar glas arna thógáil nó arna uasghrádú chun oiriúnú don athrú aeráide* RCO 27 – Straitéisí náisiúnta agus fonáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar oiriúnú don athrú aeráide* RCO 28 – Limistéar arna chumhdach le bearta cosanta ar fhalscáithe RCR 121 – Limistéar arna chumhdach le bearta cosanta ar thubaistí nádúrtha a bhaineann leis an aeráid (seachas tuilte agus falscáithe)	RCR 35 - An daonra a bhaineann tairbhe as bearta cosanta ar thuilte RCR 36 - Daonra a bhaineann tairbhe as bearta cosanta ar fhalscáithe RCR 37 - An daonra a bhaineann tairbhe as bearta cosanta ar thubaistí nádúrtha a bhaineann leis an aeráid (seachas tuilte nó falscáithe) RCR 96 – An daonra a bhaineann tairbhe as bearta cosanta ar rioscaí nádúrtha nach mbaineann leis an aeráid agus ar rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí an duine*
(v) Rochtain ar uisce agus an bainistíú inbhuanaithe uisce a chur chun cinn	RCO 30 – Fad píobán nua nó uasghrádaithe le haghaidh córais dáileacháin don soláthar poiblí uisce	RCR 41 – Daonra nasctha le soláthar uisce poiblí feabhsaithe RCR 42 – Daonra nasctha le cóireáil fuíolluisce poiblí atá tánaisteach ar a laghad

	<p>RCO 31 – Fad próbán nua nó uasghrádaithe don líonra poiblí le haghaidh fuíolluisce a bhailiú</p> <p>RCO 32 - Acmhainneacht nua nó uasghrádaithe le haghaidh fuíolluisce a chóireáil</p>	<p>RCR 43 – Cailteanais uisce i gcórais dáileacháin don soláthar poiblí uisce</p>
(vi) An t-aistriú go geilleagar atá ciorclach agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn	<p>RCO 34 – Acmhainneacht bhreise le haghaidh athchúrsáil uisce</p> <p>RCO 107 – Infheistíocht i saoráidí bailithe dramhaíola ar leithligh</p> <p>RCO 119 – Dramhaíl arna hullmhú lena hathúsáid</p>	<p>RCR 103 – Dramhaíl a bhailítear ar leithligh</p> <p>RCR 47 - Dramhaíl arna hathchúrsáil</p> <p>RCR 48 - Dramhaíl arna húsáid mar amhábhair</p>
(vii) Cosaint agus caomhnú an dúlra, na bithéagsúlachta agus an bhonneagair ghlais a fheabhsú, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha, agus gach cineál truaillithe a laghdú	<p>RCO 36 – Bonneagar glas dá dtugtar tacaíocht chun críocha eile seachas oiriúnú don athrú aeráide</p> <p>RCO 37 – Achar dromchla láithreáin Natura 2000 arna chumhdach ag bearta cosanta agus athchóirithe</p> <p>RCO 38 - Achar dromchla na talún athshlánaithe dá dtugtar tacaíocht</p> <p>RCO 39 – Limistéar arna chumhdach ag córais atá suiteáilte chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú aeir</p>	<p>RCR 50 – Daonra a bhaineann tairbhe as bearta le haghaidh cháilíocht an aeir*</p> <p>RCR 95 – Daonra ag a bhfuil rochtain ar bhonneagar glas nua nó feabhsaithe*</p> <p>RCR 52 – Talamh athshlánaithe arna úsáid le haghaidh limistéir ghlasa, tithíocht shóisialta, gníomhaíochtaí eacnamaíocha nó úsáidí eile</p>
(viii) Soghluaisteacht uirbeach ilmh-ódach inbhuanaithe a chur chun cinn, mar chuid den aistriú chuig geilleagar carbóin glan-nialasach	<p>RCO 55 – Fad na línte nua tram agus meitreo</p> <p>RCO 56 – Fad na línte atógtha nó nuachóirithe tram agus meitreo</p> <p>RCO 57 – Toilleadh an rothstoc atá neamhdhíobhálach don chomhshaol le haghaidh iompar poiblí*</p> <p>RCO 58 – Bonneagar rothaíochta tiomnaithe dá dtugtar tacaíocht*</p> <p>RCO 59 – Bonneagar breoslaí malartacha (pointí athbhreoslaithe nó athluchtaithe)*</p> <p>RCO 60 – Cathracha agus bailte ag a bhfuil córais dhigiteacha iompair uirbigh nua nó nuachóirithe</p>	<p>RCR 62 – Úsáideoirí bliantúla iompair phoiblí nua nó nuachóirithe</p> <p>RCR 63 – Úsáideoirí bliantúla línte nua nó nuachóirithe tram agus meitreo</p> <p>RCR 64 – Úsáideoirí bliantúla bhonneagair rothaíochta thiomnaithe</p>

<p>3. Eoraip níos nasctha tríd an tsoghluasteacht a fheabhsú (CB 3)</p>	<p>(i) TEN-T a fhorbairt a bheidh aeráid-díonach, cliste, slán, inbhuanaithe agus idirmhódúil</p>	<p>RCO 43 – Fad na mbóithre nua nó uasghrádaithe - TEN-T (*)</p> <p>RCO 45 – Fad na mbóithre arna n-athdhéanamh nó arna nuachóiriú - TEN-T</p> <p>RCO 108 – Fad na mbóithre le córais nua nó nuachóirithe bainistíochta tráchta – TEN-T</p> <p>RCO 47 – Fad an iarnróid nua nó uasghrádaithe - TEN-T</p> <p>RCO 49 – Fad an iarnróid arna athdhéanamh nó arna nuachóiriú - TEN-T</p> <p>RCO 51 – Fad na n-uiscebhealaí nua, uasghrádaithe nó nuachóirithe - TEN-T</p> <p>RCO 109 – Fad na n-iarnród atá i bhfeidhm ag a bhfuil Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid – TEN-T</p>	<p>RCR 55 – Úsáideoirí bliantúla bóithre arna nuathógáil, arna n-athdhéanamh, arna n-uasghrádú nó arna nuachóiriú</p> <p>RCR 56 – Sábháil ama mar gheall ar bhonneagar bóthair feabhsaithe</p> <p>RCR 101 – Sábháil ama mar gheall ar bhonneagar iarnróid feabhsaithe</p> <p>RCR 58 – Úsáideoirí bliantúla iarnróid arna nuathógáil, arna n-uasghrádú, arna n-athdhéanamh nó arna nuachóiriú</p> <p>RCR 59 – Iompar lasta iarnróid</p> <p>RCR 60 – Iompar lasta ar uiscebhealaí intíre</p>
	<p>(ii) Soghluasteacht a fhorbairt agus a fheabhsú go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil a bheidh inbhuanaithe, aeráid-díonach, cliste, idirmhódúil agus a mbeidh rochtain fheabhsaithe ar TEN-T agus soghluaisteacht trasteorann le háireamh air</p>	<p>RCO 44 – Fad na mbóithre nua nó uasghrádaithe – seachas TEN-T</p> <p>RCO 46 – Fad na mbóithre arna n-athdhéanamh nó arna n-uasghrádú – seachas TEN-T</p> <p>RCO 110 – Fad na mbóithre le córais nua nó nuachóirithe bainistíochta tráchta – seachas TEN-T</p> <p>RCO 48 – Fad an iarnróid nua nó uasghrádaithe – seachas TEN-T</p> <p>RCO 50 – Fad an iarnróid arna hathdhéanamh nó arna nuachóiriú- seachas TEN-T</p> <p>RCO 111 – Fad na n-iarnród atá ag oibriú ag a bhfuil an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid i bhfeidhm – seachas TEN-T</p> <p>RCO 52 – Fad na n-uiscebhealaí nua, uasghrádaithe nó nuachóirithe – seachas TEN-T</p> <p>RCO 53 – Stáisiúin agus stadanna traenach nua nó nuachóirithe*</p> <p>RCO 54 – Naisc idirmhódúla nua nó nuachóirithe*</p>	

4. Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme (CB 4)	(i) Feabhas a chur ar éifeachtacht agus cuimsitheacht na margaí saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar an mbonneagar sóisialta agus tríd an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn	RCO 61 – Dromchla saoráidí nua nó nuachóirithe le haghaidh seirbhísí fostaíochta	RCR 65 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí nua nó nuachóirithe le haghaidh seirbhísí fostaíochta
	(ii) Feabhas a chur ar rochtain chothrom ar sheirbhísí cuimsitheacha agus ardcháilíochta san oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil trí bhonneagar inrochtana a fhorbairt, lena n-áirítear trí athléimneacht a chothú faoi choinne cianoid-eachais agus oideachas agus oiliúint ar líne	RCO 66 – Líon na leanaí i saoráidí cúraim leanaí nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht RCO 67 – Líon na leanaí i saoráidí oideachais nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht	RCR 70 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí cúraim leanaí nua nó nuachóirithe RCR 71 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí oideachais nua nó nuachóirithe
	(iii) Cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, teaghlach ar ioncam íseal agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, a chur chun cinn, trí ghníomhaíochtaí comhtháite, lena n-áirítear seirbhísí tithíochta agus sóisialta	RCO 65 – Líon na ndaoine i dtithíocht shóisialta nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht * RCO 113 – Daonra arna chumhdach ag tionscadail faoi chuimsiú gníomhaíochtaí comhtháite maidir le cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, teaghlach ar ioncam íseal agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste*	RCR 67 – Úsáideoirí bliantúla tithíocht shóisialta nua nó nuachóirithe
	(iv) Lánpháirtíú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a chur chun cinn, lena n-áirítear imircigh, trí ghníomhaíochtaí comhtháite, lena n-áirítear tithíocht agus seirbhísí sóisialta	RCO 63 – Líon na ndaoine i saoráidí glactha sealadacha nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht	RCR 66 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí glactha sealadacha nua nó nuachóirithe
	(v) Rochtain chothrom ar chúram sláinte a áirithiú trí athléimneacht na gcóras sláinte a chothú, lena n-áirítear cúram sláinte príomhúil, agus an t-aistriú a chur chun cinn ó chúram atá institiúidbhunaithe go cúram teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe	RCO 69 – Líon na ndaoine i saoráidí cúraim sláinte nua nó nuachóirithe dá dtugtar tacaíocht	RCR 72 – Úsáideoirí bliantúla ríomhsheirbhísí cúraim sláinte nua nó nuachóirithe RCR 73 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí cúraim sláinte nua nó nuachóirithe

		RCO 70 – Líon na ndaoine i saoráidí cúraim shóisialta nua nó nuachóirithe (seachas tithíocht) dá dtugtar tacaíocht	RCR 74 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí cúraim shóisialta nua nó nuachóirithe
	(vi) Cur le ról an chultúir agus na turasóireachta inbhuanaithe san fhorbairt eacnamaíoch, sa chuimsiú sóisialta agus sa nuálaíocht shóisialta	RCO 77 – Líon na suíomhanna cultúir agus turasóireachta dá dtugtar tacaíocht*	RCR 77 – Cuairteoirí chuig na suíomhanna cultúir agus turasóireachta dá dtugtar tacaíocht*
5. Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite gach saghas ceantair agus tionscnaimh áitiúla a chothú (CB 5)	(i) An fhorbairt chomhtháite chuimsitheach shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil, mar aon leis an gcultúr, an oidhreacht nádúrtha, an turasóireacht inbhuanaithe agus an tslándáil, a chothú i limistéir uirbeacha	RCO 74 – Daonra arna chumhdach ag tionscadail faoi chuimsiú straitéisí le haghaidh forbairt chríochach chomhtháite* RCO 75 – Straitéisí le haghaidh forbairt chríochach chomhtháite dá dtugtar tacaíocht* RCO 76 – Straitéisí comhtháite le haghaidh forbairt chríochach	
	(ii) An fhorbairt áitiúil chomhtháite chuimsitheach shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil, mar aon leis an gcultúr, an oidhreacht nádúrtha, an turasóireacht inbhuanaithe agus an tslándáil, a chothú i limistéir nach limistéir uirbeacha iad	RCO 80 – Straitéisí áitiúla forbartha faoi stiúir an phobail dá dtugtar tacaíocht* RCO 112 – Na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le hullmhú agus cur chun feidhme straitéisí maidir le forbairt chríochach chomhtháite RCO 114 – Spás oscailte atá cruthaithe nó athshlánaithe i limistéir uirbeacha*	

** Ar chúiseanna cur i láthair, déantar táscairí coiteanna aschuir agus toraidh a rangú faoi chuspóir sonracha laistigh de chuspóir beartais ach níl siad teoranta dó. Go háirithe, féadfaidh CB 5 na táscairí coiteanna ábhartha arna liostáil do CB 1 go 4 a úsáid. Ina theannta sin, chun léargas iomlán a fháil ar fheidhmíocht na gclár a bhfuiltear ag súil léi agus ar an bhfeidhmíocht iarbhrí, féadfar na táscairí coiteanna atá marcáilte le (*) a úsáid i gcomhair cuspóirí sonracha faoi aon cheann de na CB 1 go 4, nuair is ábhartha.

(¹) RCO: Táscaire Coiteann Aschuir REGIO.

(²) Miondealú nár iarradh le haghaidh clársceidealaithe ach amháin chun tuairiscíú a dhéanamh.

(³) RCR: Comhtháscairí toraidh REGIO.

(⁴) Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

Tábla 2

Táscairí coiteanna aischuir agus toraidh breise do CFRE agus Interreg

Táscairí Interreg-shonracha	RCO 81 – Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhphárteacha thar theorainneacha RCO 115 – Imeachtaí poiblí thar theorainneacha arna réachtáil go comhphárteach RCO 82 – Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhphárteacha lena gcuirtear comhionannas inscne, comhionannas deiseanna agus cuimsiú sóisialta chun cinn RCO 83 – Straitéisí agus pleananna gníomhaíochta arna bhforbairt go comhphárteach RCO 84 – Gníomhaíochtaí píolótacha arna bhforbairt go comhphárteach agus arna gcur chun feidhme i dtionscadail	RRC 79 – Straitéisí agus pleananna gníomhaíochta comhphárteacha arna nglacadh ag eagraíochtaí RRC 104 – Réitigh arna nglacadh nó arna n-uas-cálú ag eagraíochtaí
-----------------------------	---	---

	<p>RCO 116 – Réitigh arna bhforbairt go comhpháirteach</p> <p>RCO 85 – Rannpháirtíocht i scéimeanna oiliúna comhpháirteacha</p> <p>RCO 117 – Réitigh do bhacainní dlíthiúla nó riaracháin thar theorainneacha arna sainaitheint</p> <p>RCO 86 – Comhaontuithe comhpháirteacha riaracháin nó dlí arna síniú</p> <p>RCO 87 – Eagraíochtaí atá i mbun comhar thar theorainneacha</p> <p>RCO 118 – Eagraíochtaí atá i mbun comhair le haghaidh rialachas il-leibhéil straitéisí macraireigiúnacha</p> <p>RCO 90 – Tionscadail le haghaidh líonraí nuálaíochta thar theorainneacha</p> <p>RCO 120 – Tionscadail lena dtacaítear le comhar thar theorainneacha chun naisc idir ceantair uirbeacha agus tuaithe a fhorbairt</p>	<p>RCR 81 – Scéimeanna oiliúna comhpháirteacha a bheith curtha i gcrích</p> <p>RCR 82 – Bacainní dlíthiúla nó riaracháin thar theorainneacha a maolaíodh nó a réitíodh</p> <p>RCR 83 – Daoine arna gcumhdach ag comhaontuithe comhpháirteacha riaracháin nó dlíthiúla arna síniú</p> <p>RCR 84 – Eagraíochtaí atá ag comhoibriú thar theorainneacha tar éis an tionscadal a chur i gcrích</p> <p>RCR 85 – Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha thar theorainneacha tar éis an tionscadal a chur i gcrích</p>
--	--	---

CROÍ-THACAR TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA DO CFRE AGUS DON CHISTE COMHTHÁTHAITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 8(3), A ÚSÁIDFIDH AN COIMISIÚN I gCOMHRÉIR LEIS NA CEANGLAIS TUAIRSCITHE ATÁ AR AN gCOIMISIÚN DE BHUN PHOINTE (H)(III) D'AIRTEAGAL 41(3) DEN RIALACHÁN AIRGEADAIS

Cuspóir beartais	Cuspóir sonrach	Aschuir	Torthaí
(1)	(2)	(3)	(4)
1. Eoraip níos iomaíche agus níos cliste trí chlaochlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn (CB 1)	(i) Acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta agus glacadh na n-ardteicneolaíochtaí a fhorbairt agus a mhéadú	CCO ⁽¹⁾ 01 – Fiontair a fhaigheann tacaíocht chun nuálaíochta CCO 02 – Taighdeoirí atá ag obair in áiseanna taighde dá dtugtar tacaíocht	CCR ⁽²⁾ 01 – Fiontair bheaga agus mheánmhéide ⁽³⁾ (FBManna) a bhfuil nuálaíocht táirgí, nuálaíocht próiseas, nuálaíocht margaióchta nó nuálaíocht eagrúcháin á dtabhairt isteach acu
	(ii) Tairbhe a bhaint as an digitiú le haghaidh saoránach, cuideachtaí, eagraíochtaí taighde agus údarais phoiblí	CCO 03 – Fiontair agus institiúidí poiblí dá dtugtar tacaíocht le forbairt a chur ar tháirgí digiteacha, ar sheirbhísí, agus ar phróisis	CCR 02 - Úsáideoirí bliantúla na dtáirgí, seirbhísí agus próisis dhigiteacha nua nó uasghrádaithe
	(iii) Cur le fás inbhuanaithe agus iomaíochas FBManna agus le cruthú post in FBManna, lena n-áirítear trí infheistíochtaí táirgiúla	CCO 04 – FBManna dá dtugtar tacaíocht le fás agus iomaíochas a chothú	CCR 03 - Poist a cruthaíodh i bhfiontair dá dtugtar tacaíocht
	(iv) Scileanna a fhorbairt don speisialú cliste, don trasghabháil thionsclaíoch agus don fhiontraíocht	CCO 05 – FBManna a dhéanann infheistiú i scileanna don speisialú cliste, don trasghabháil thionsclaíoch agus don fhiontraíocht	CCR 04 – Oiliúint i scileanna don speisialú cliste, don trasghabháil thionsclaíoch agus don fhiontraíocht arna cur i gcrích ag foirne FBManna
	(v) An nascacht dhigiteach a fheabhsú	CCO 13 – Teaghaisí agus fiontair bhreise ag a bhfuil rochtain ar leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta	CCR 12 – Líon na dteaghaisí agus na bhfiontar breise a bhfuil síntiús acu le líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta
2. Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistríodh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm,	(i) Bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú	CCO 06 – Infheistíocht sna bearta a chuirfidh feabhas ar an bhfeidhmíocht fuinnimh	CCR 05 – Coigilt in ídiú fuinnimh phríomhúil bhliantúil
	(ii) Fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001, lena n-áirítear na critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach inti	CCO 07 – Acmhainneacht táirgeachta bhreise le haghaidh fuinneamh inathnuaite	CCR 06 – Fuinneamh inathnuaite breise arna tháirgeadh
	(iii) Córais, greillí agus stórais chliste fuinnimh a fhorbairt lasmuigh den Ghréasán Fuinnimh Tras-Eorpach (GTE-F)	CCO 08 – Córais bainistithe dhigiteacha le haghaidh córais chliste fuinnimh	CCR 07 – Úsáideoirí breise nasctha le córais chliste fuinnimh
	(iv) Oiriúnú don athrú aeráide agus toirmeasc rioscaí ó thubaistí agus athléimneacht a chur chun cinn, agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais á gcur san áireamh	CCO 09 – Infheistíocht i gcórais nua nó uasghrádaithe le haghaidh faireachán, ullmhacht, foláireamh agus freagairt i gcás tubaistí	CCR 08 – Daonra breise a bhfuil bearta cosanta in aghaidh tuilte, falscáithe agus tubaistí nádúrtha eile a bhaineann leis an aeráid ag dul chun sochair dóibh

an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe (CB 2) a chur chun cinn	(v) Rochtain ar uisce agus an bainistiú inbhuanaithe uisce a chur chun cinn	CCO 10 – Acmhainní nua nó uasghrádaithe le fuíolluisce a ghlanadh	CCR 09 – An daonra breise atá ceangailte ar a laghad le córas glanta fuíolluisce tánaisteach
	(vi) An t-aistriú go geilleagar atá ciorclach agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn	CCO 11 – Acmhainní nua nó uasghrádaithe le dramhaíl a ghlanadh	CCR 10 – Athchúrsáil bhreise ar dhramhaíl
	(vii) Cosaint agus caomhnú an dúlra, na bithéagsúlachta agus an bhonneagair ghlais a fheabhsú, lena n-áirítear i limistéir uirbeacha, agus gach cineál truaillithe a laghdú	CCO 12 – Dromchla atá faoi bhonneagar glas	CCR 11 – Daonra a bhfuil bearta i gcaighdeán an aeir ag dul chun sochair dó
	(viii) Soghluaisteacht uirbeach ilmhódach inbhuanaithe a chur chun cinn, mar chuid den aistriú chuig geilleagar carbóin glan-nialasach	CCO 16 – Nuachóiriú ar na línte tram agus meitreo, agus síneadh a chur leo	CCR 15 – Úsáideoirí bliantúla línte nua agus línte nuachóirithe tram agus meitreo
3. Eoraip níos nasctha tríd an tsoghluaisteacht a fheabhsú (CB 3)	(i) TEN-T a fhorbairt a bheidh aeráid-díonach, cliste, slán, inbhuanaithe agus idirmhódúil	CCO 14 – TEN-T na mbóithre: Bóithre nua, uasghrádaithe, atógtha nó nuachóirithe CCO 15 – TEN-T na nIarnród: Iarnróid nua, uasghrádaithe, atógtha nó nuachóirithe	CCR 13 – Sábháil ama de bharr feabhas ar bhonneagar na mbóithre CCR 14 – Líon na bpaisinéirí a bhfuil iompar iarnróid feabhsaithe ag freastal orthu
	(ii) Soghluaisteacht a fhorbairt agus a fheabhsú go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil a bheidh inbhuanaithe, aeráid-díonach, cliste, idirmhódúil agus a mbeidh rochtain fheabhsaithe ar TEN-T agus soghluaisteacht trasteorann le háireamh air	CCO 22 – Bóithre nach cuid de TEN-T iad: Bóithre nua, uasghrádaithe, atógtha nó nuachóirithe CCO 23 – Iarnród nach cuid de TEN-T é: Iarnróid nua, uasghrádaithe, atógtha nó nuachóirithe	
4. Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun feidhme (CB 4)	(i) Feabhas a chur ar éifeachtacht agus cuimsitheacht na margáí saothair agus ar an rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar an mbonneagar sóisialta agus tríd an ngeilleagar sóisialta a chur chun cinn	CCO 17 – Dromchla saoráidí nua nó nuachóirithe le haghaidh seirbhísí fostaíochta	CCR 16 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí nua nó nuachóirithe le haghaidh seirbhísí fostaíochta
	(ii) Feabhas a chur ar rochtain chothrom ar sheirbhísí cuimsitheacha agus ardcháilíochta san oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil trí bhonneagar inrochtana a fhorbairt, lena n-áirítear trí athléimneacht a chothú faoi choinne cianoideachais agus oideachas agus oiliúint ar líne	CCO 18 – Acmhainneacht nua nó nuachóirithe do shaoráidí cúraim leanaí agus saoráidí oideachais	CCR 17 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí cúraim leanaí nua nó nuachóirithe agus saoráidí oideachais nua nó nuachóirithe
	(iii) Cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe, teaghlach ar ioncam íseal agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, a chur	CCO 19 – Acmhainneacht nua nó nuachóirithe na saoráidí tithíochta sóisialta CCO 25 – Daonra arna chumhdach ag tionscadail faoi chuimsiú gníomhaíochtaí comhtháite maidir le cuimsiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe,	CCR 18 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí tithíochta sóisialta nua nó nuachóirithe

	chun cinn, trí ghníomhaíochtaí comhtháite lena n-áirítear seirbhísí tithíochta agus sóisialta	teaghlach ar ioncam íseal agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste	
	(iv) Lánpháirtíú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír a chur chun cinn, lena n-áirítear imircigh, trí ghníomhaíochtaí comhtháite, lena n-áirítear tithíocht agus seirbhísí sóisialta	CCO 26 – Acmhainní nua nó nuachóirithe do shaoráidí glactha sealadacha	CCR 20 – Úsáideoirí bliantúla saoráidí glactha sealadacha nua nó nuachóirithe
	(v) Rochtain chothrom ar chúram sláinte a áirithiú trí athléimneacht na gcóras sláinte a chothú, lena n-áirítear cúram sláinte príomhúil, agus an t-aistriú a chur chun cinn ó chúram atá institiúidbhunaithe go cúram teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe	CCO 20 – Acmhainní nua nó nuachóirithe do shaoráidí cúraim sláinte	CCR 19 – Úsáideoirí bliantúla seirbhísí cúraim sláinte nua nó nuachóirithe
	(vi) Cur le ról an chultúir agus na turasóireachta inbhunaithe san fhorbairt eacnamaíoch, sa chuimsiú sóisialta agus sa nuálaíocht shóisialta	CCO 24 – Suíomhanna cultúir agus turasóireachta dá dtugtar tacaíocht	CCR 21 – Cuairteoirí chuig na suíomhanna cultúir agus turasóireachta dá dtugtar tacaíocht
5. Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhunaithe chomhtháite gach saghas ceantair a chothú agus tionscnaimh áitiúla (CB 5)	(i) An fhorbairt chomhtháite chuimsitheach shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil, mar aon leis an gcultúr, an oidhreacht nádúrtha, an turasóireacht inbhunaithe agus an tslándáil, a chothú i limistéir uirbeacha	CCO 21 – Daonra atá á chlúdach ag straitéisí don fhorbairt chríochach chomhtháite	
(ii) An fhorbairt áitiúil chomhtháite chuimsitheach shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil, mar aon leis an gcultúr, an oidhreacht nádúrtha, an turasóireacht inbhunaithe agus an tslándáil, a chothú i limistéir nach limistéir uirbeacha iad			

(¹) CCO: Croí-aschur coiteann REGIO.

(²) CCR: Croí-thoradh coiteann REGIO.

(³) Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

RIALACHÁN (AE) 2021/1059 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 24 Meitheamh 2021

maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 178, Airteagail 209(1) agus 212(2) agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 176 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), foráiltear go bhfuil ceaptha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. De bhun an Airteagail sin agus an dara mír agus an tríú mír d'Airteagal 174 CFAE, tá CFRE le rannchuidiú le héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus astu sin, tá aird faoi leith le tabhairt ar chatagóirí áirithe réigiún, lena n-áirítear tagairt shonrach do réigiúin trasteorann.
- (2) Le Rialachán(AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, leagtar amach forálacha is coiteann do CFRE agus do chistí áirithe eile, agus le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, leagtar amach forálacha maidir leis na cuspóirí sonracha agus le raon feidhme na tacaíochta ó CFRE. Is gá freisin forálacha sonracha a ghlacadh a bhaineann le sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) ina ndéanann Ballstát amháin nó níos mó agus a réigiúin agus, i gcás inarb ábhartha, tíortha comhpháirtíochta agus tríú tíortha comhar thar theorainneacha maidir le clársceidealú éifeachtach, lena n-áirítear forálacha maidir le cúnaimh teicniúil, faireachán, meastóireacht, cumarsáid, incháilitheacht, bainistiú agus rialú agus bainistíocht airgeadais.

⁽¹⁾ IO C 440, 6.12.2018, lch. 116.

⁽²⁾ IO C 86, 7.3.2019, lch. 137.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Márta 2019 (IO C 108, 26.3.2021, lch. 247) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 27 Bealtaine 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Immheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosa (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, agus leis an gCiste Comhtháthaithe (féach leathanach 60 den Iris Oifigiúil seo).

- (3) Ar phríomhthosaíochtaí bheartas comhtháthaithe an Aontais tá cur chun cinn Interreg. Tá blocdhíolúine ann cheana féin don tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéid le haghaidh na gcostas a thabhaítear i dtionscadail an chomhair chríochoigh Eorpaigh (CCE) de bhun Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ agus áirítear freisin forálacha speisialta i ndáil le cúnadh réigiúnach le haghaidh infheistíochtaí ag gnóthais de gach méid sa chuid den Rialachán sin a bhaineann le cabhair réigiúnach agus sna Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le Státchabhair réigiúnach le haghaidh 2014-2020. Agus taití 30 bliain a fuarthas á chur san áireamh, agus mar gheall ar luach airgeadais íseal tionscadal agus an tionchar diúltach nach dócha a bheidh acu ar thrádáil agus ar an iomaíocht, ar thaobh amháin, agus an breisluch ard atá ag na cláir atá ann cheana i ndáil le comhtháthú críochoch san Eoraip, ar an taobh eile, táthar ag súil go ndéanfar raon feidhme na rialacha maidir leis an Státchabhair i dtaobh maoiniú poiblí do thionscadail CCE a shoiléiriú a thuilleadh trí leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 amach anseo agus, dá bhrí sin, maoiniú poiblí tionscadal Interreg a dhíolmhú den chuid is mó ón oibleagáid maidir le réamhfhógra a thabhairt, rud a éascóidh go mór cur chun feidhme na dtionscadal sin.
- (4) Chun tacú le forbairt chomhchuí chríoch an Aontais ar leibhéal éagsúla, ba cheart, le CFRE, tacú le comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta, comhar idir-réigiúnach agus comhar na réigiún is forimeallaí faoi sprioc Interreg. Ba cheart prionsabail na comhpháirtíochta agus an rialachais il-leibhéil a chur san áireamh sa phróiseas sin, agus é á áirithiú go leanfaidh méid comhpháirtíochta le haghaidh cláir de bheith éifeachtach.
- (5) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanas an Aontais Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a chur chun feidhme, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, leis na Cistí, rannchuideofar le gníomhaíochtaí ar son na haeráide a phríomhshruthú agus le sprioc fhoriomlán a bhaint amach go mbeadh 30 % de bhuiséad iomlán Aontais ag tacú le cuspóirí aeráide. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, leis na Cistí, tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófaí na caighdeáin aeráide agus chomhshaoil agus nach ndéanfaí aon díobháil shuntasach leo do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾.
- (6) Ba cheart é a bheith d'aidhm le sraith an chomhair trasteorann dul i ngleic le dúshlán choiteanna arna sainaitheint go comhpháirteach sna réigiúin teorann, agus an acmhainneacht fáis nach bhfuil saothraithe i limistéir teorann a shaothrú mar a léirítear i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2017 dar teideal *Boosting Growth and Cohesion in EU Border Regions* [Borradh a chur faoin bhFás agus faoin gComhtháthú i Réigiúin Teorann an Aontais Eorpaigh] ("an Teachtaireacht maidir le Réigiúin Teorann"). Mar thoradh air sin, ba cheart na limistéir chláir le haghaidh comhar trasteorann a shainaitheint mar na réigiúin agus na limistéir sin ar an teorainn nó a bhfuil 150 km ar a mhó de mhuir eatarthu inar féidir idirghníomhaíocht trasteorann a dhéanamh go héifeachtach nó inar féidir limistéir fheidhmiúla a shainaitheint, gan dochar do choigeartuithe féideartha is gá chun comhchuibheas agus leanúnachas limistéar clár comhair a áirithiú.
- (7) Ba cheart an comhar idir Ballstát amháin nó níos mó nó a réigiúin, agus tír nó réigiún amháin nó níos mó, nó críocha eile lasmuigh den Aontas a bheith i gceist le sraith an chomhair trasteorann. Ba cheart cuid mhór simplithe agus cuíchóirithe ar na forálacha is infheidhme a bheith mar thoradh ar chomhar trasteorann inmheánach agus seachtrach a chumhdach faoin Rialachán seo le haghaidh údarais na gclár sna Ballstáit agus le haghaidh na n-údarás comhpháirtíochta agus na dtairbhíthe lasmuigh den Aontas i gcomparáid le clárthréimhse 2014-2020.
- (8) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag sraith an chomhair thrasnáisiúnta comhar a láidriú trí bhithin gníomhaíochtaí atá ina gcuidiú le forbairt chríochoch chomhtháite atá nasctha le tosaíochtaí an Aontais, agus urraim iomlán á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta. Ba cheart críocha móra ar mhórthír an Aontais agus timpeall imchuacha farraige a chumhdach le comhar thrasnáisiúnta agus a oiread solúbthachta agus is féidir a thabhairt chun comhchuibheas agus leanúnachas clár comhair a áirithiú, lena n-áirítear comhar muirí trasteorann a rinneadh roimhe sin laistigh de chreat comhair mhuirí ar scála níos mó, go háirithe tríd an gcríoch a chumhdaítear, cuspóirí sonracha an chomhair sin agus na ceanglais do chomhpháirtíocht tionscadail a shainiú chomh maith leis an bhféidearthacht go ndéanfaí fochláir agus coistí stiúrtha ar leith a chur ar bun.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

- (9) Bunaithe ar an taithí a fuarthas ar chomhar trasteorann agus trasnáisiúnta le linn clárthréimhse 2014-2020 sna réigiúin is forimeallaí, i gcás nach ndearnadh a dhóthain simplithe le haghaidh údarais na gclár agus na dtairbhíthe mar gheall ar an dá shraith a chomhcheangal le chéile laistigh de chlár aonair de réir limistéar comhair, ba cheart sraith shonrach le haghaidh na réigiún is forimeallaí a bhunú chun gur féidir leis na réigiúin is forimeallaí comhar a dhéanamh lena dtíortha comharsanachta agus lena gcríocha comharsanachta ar an dóigh is éifeachtaí agus is simplí agus is féidir. Faoin tsraith sin, d'fhéadfaí glaonna ar thograí a sheoladh le haghaidh cistiú comhcheangailte faoi CFRE, faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾ agus faoin gCinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear a bunaíodh le Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle ⁽⁹⁾, trí mhodhanna bainistíochta a bheadh le comhaontú idir na Ballstáit, réigiúin agus tríú tíortha rannpháirteacha.
- (10) Bunaithe ar an taithí ó na cláir comhair idir-réigiúnaigh faoi Interreg, ba cheart, le sraith an chomhair idir-réigiúnaigh, díriú ar éifeachtacht an bheartais comhtháthaithe a mhéadú trí cheithre chlár shonracha: clár lena bhféadfar taithí a mhalartú, cineálacha nuálacha cur chuige a bheith ann agus fothú acmhainneachta a dhéanamh lena ndíreofaí ar chuspóirí beartais agus ar chuspóir Interreg-shonrach “rialachas comhair níos fearr”, i ndáil le sainaitheint, scaipeadh agus aistriú dea-chleachtas i mbeartais forbartha réigiúnaí lena n-áirítear cláir do sprioc na hInflheistíochta le haghaidh post agus fáis; clár a bheidh tiomnaithe do thaithí agus fothú acmhainneachta a mhalartú i ndáil le sainaitheint, aistriú agus caipitliú dea-chleachtas i dtaca le forbairt uirbeach chomhtháite inbhuanaithe, agus na nascachtaí idir na ceantair uirbeacha agus na ceantair thuaithe á gcur san áireamh, lena n-áirítear tacaíocht do ghníomhaíochtaí arna bhforbairt faoi chuimsiú Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1058, a chomhlánódh agus a chomhordófaí leis an tionscnamh a leagtar amach in Airteagal 12 de; clár chun taithí, cineálacha nuálacha cur chuige agus fothú acmhainneachta a mhalartú d'fhonn cur chun feidhme clár Interreg a chomhchuihbhiú agus a shimpliú, d'fhonn na gníomhaíochtaí comhair dá dtagraítear i bpointe (d)(vi) d'Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2021/1060 a chomhchuihbhiú agus a shimpliú, agus d'fhonn tacú le bunú, feidhmiú agus úsáid na ngrúpálacha Eorpacha um chomhar críochach (“GECCanna”) a cuireadh ar bun cheana féin nó atá le cur ar bun de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ chomh maith le straitéisí macraireigiúnacha; agus clár chun an anailís ar threochtaí forbartha a fheabhsú. Ba cheart do na ceithre chlár faoi shraith an chomhair idir-réigiúnaigh an tAontas iomlán a chumhdach agus ba cheart dóibh a bheith oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha freisin.
- (11) Ba cheart critéir oibiachtúla choiteanna a leagan síos chun réigiúin agus limistéir incháilithe a ainmniú. Chuige sin, ba cheart sainaitheint réigiún agus limistéar incháilithe ar leibhéal an Aontais a bheith bunaithe ar chóras coiteann aicmithe na réigiún a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾.
- (12) Is gá leanúint de thacú le gach gné de chomhar le tríú tíortha comharsanachta an Aontais nó, de réir mar is iomchuí, den chomhar sin a bhunú toisc gur uirlis thábhachtach um beartas na forbartha réigiúnaí é an comhar sin agus ba cheart é a chur chun tairbhe réigiúin na mBallstát atá ar an teorainn le tríú tíortha. Chuige sin, le CFRE agus le hionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) a bunaíodh le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (“Rialachán IPA III”), ICFCI agus an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear, ba cheart tacaíocht a thabhairt do chlár faoin gcomhar trasteorann, faoin gcomhar trasnáisiúnta, faoin gcomhar idir-réigiúnach agus faoi chomhar na réigiún is forimeallaí. Ba cheart an tacaíocht ó CFRE agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais a bheith bunaithe ar chómhálartacht agus ar chomhréireacht. Mar sin féin, maidir le cistí ICR III a leithdháiltear ar chomhar trasteorann (“CTT-IPA III”) agus cistí ICFCI a leithdháiltear ar chomhar trasteorann le haghaidh limistéar geografach na comharsanachta (“CTT-ICFCI”), ba cheart an tacaíocht ó CFRE a bheith comhlánaithe le méideanna cothroma ar a laghad faoi CTT-IPA III agus CTT-ICFCI, faoi réir na bhforálacha a leagtar amach sa ghníomh dlíthiúil ábhartha.

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

⁽⁹⁾ Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an “Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear”) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19).

⁽¹¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

- (13) Maidir le cúnaimh IPA III, tá sé le díriú go príomha ar chúnamh a thabhairt do thairbhíthe IPA III chun institiúidí daonlathacha agus an smacht reachta a neartú, an bhreithiúnacht agus an riarachán poiblí a athchóiriú, cearta bunúsacha a urramú agus comhionannas inscne, caoinfhulaingt, cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú agus forbairt réigiúnach agus áitiúil a chur chun cinn. Maidir le cúnaimh IPA III, tá sé le leanúint de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí thairbhíthe IPA III chun comhar réigiúnach, macrairéigiúnach agus trasteorann chomh maith le forbairt chríochach a chur ar aghaidh, lena n-áirítear trí straitéisí macrairéigiúnacha de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Ina theannta sin, le cúnaimh IPA III, tá sé le haghaidh a thabhairt ar bhainistiú slándála, imirce agus teorann, agus rochtain ar chosaint idirnáisiúnta á háirithiú, faisnéis ábhartha á comhroinnt, rialú teorann á fheabhsú agus iarrachtaí coiteanna á ndéanamh sa chomhrac i gcoinne imirce neamhrialta agus smuigleáil imirceach.
- (14) Maidir le cúnaimh ICFCI, ba cheart don Aontas gaolmhaireacht speisialta a chothú le tíortha comharsanachta d'fhonn limistéar rathúnais agus dea-chomharsanúlachta a bhunú, arna fhothú ar luachanna an Aontais agus arb iad is sainairíonna ann dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar an gcomhar. Leis an Rialachán seo, dá bhrí sin, ba cheart tacú leis na gnéithe inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le straitéisí macrairéigiúnacha ábhartha. Is tionscnaimh a bhfuil tábhacht straitéiseach leo iad na tionscnaimh sin, agus cuirtear creata polaitiúla fóinteacha ar fáil leo chun caidreamh a dhoimhniú leis na tíortha comhpháirtíochta agus eatarthu, bunaithe ar phrionsabail na cuntasachta frithpháirtí, na comhúinéireachta agus na comhfhreagrachta.
- (15) Is den tábhacht leanúint de ról na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí arna bhunú i gCinneadh 2010/427/AE ón gComhairle ⁽¹²⁾ agus ról an Choimisiúin a urramú agus an clársceidealú straitéiseach agus cláir Interreg a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ICFCI á n-ullmhú.
- (16) I bhfianaise staid shonrach na réigiún is forimeallaí de chuid an Aontais, is gá bearta a ghlacadh maidir le feabhas a chur ar na coinníollacha faoinar féidir leis na réigiún sin rochtain a fháil ar chistí struchtúracha. Dá réir sin, ba cheart forálacha áirithe den Rialachán seo a oiriúnú do shainiúlachtaí na réigiún is forimeallaí den Aontas chun a gcomhar le tíortha agus críocha thar lear agus le tríú tíortha a shimpliú agus a chothú, agus teachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal *A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions* [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaithe leis na réigiún is forimeallaí den Aontas] á cur san áireamh. Ba cheart a bheith in ann an comhar sin a dhéanamh i ndlúthpháirtíocht le heagraíochtaí um lánpháirtíú agus comhar réigiúnach.
- (17) Leis an Rialachán, ba cheart an deis a leagan síos do thíortha agus críocha thar lear a bheith rannpháirteach i gcláir Interreg. Ba cheart sainiúlachtaí agus dúshlán na dtíortha agus na gcríoch thar lear a chur san áireamh chun a rochtain agus a rannpháirtíocht éifeachtach a éascú.
- (18) Is gá na hacmhainní a leithdháiltear ar gach ceann de shraitheanna éagsúla Interreg a leagan amach, lena n-áirítear sciar gach Ballstáit de na méideanna foriomlána don chomhar trasteorann, don chomhar trasnáisiúnta, agus do chomhar na réigiún is forimeallaí agus an cumas atá ar fáil do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le solúbthacht idir na sraitheanna sin.
- (19) Chun an úsáid is éifeachtúla agus is féidir a bhaint as an tacaíocht ó CFRE agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, ba cheart sásra a chur ar bun chun socrú a dhéanamh an tacaíocht sin a chur ar ais i gcásanna nach féidir cláir comhair sheachtraigh a ghlacadh nó i gcás inar gá scor díobh, lena n-áirítear le tríú tíortha nach bhfaigheann tacaíocht ó aon ionstraim mhaoinithe de chuid an Aontais. Leis an sásra sin, ba cheart féachaint le feidhmiú barrmhaith na gclár a bhaint amach mar aon leis an gcomhordú is mó agus is féidir idir na hionstraimí sin.
- (20) Le CFRE, ba cheart rannchuidiú, faoi Interreg, leis na cuspóirí sonracha faoi chuspóirí an bheartais comhtháthaithe. Mar sin féin, ba cheart an liosta de na cuspóirí sonracha faoi na cuspóirí beartais éagsúla a oiriúnú do riachtanais shonracha Interreg chun go mbeidh idirghabhálacha de chineál CSE ann, de réir phointí (a) go (l) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha faoi chlár Interreg.

⁽¹²⁾ Cinneadh 2010/427/CE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagraíocht agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (féach leathanach 21 den Iris Oifigiúil seo).

- (21) I gcomhthéacs na gcúinsí uathúla agus sonracha ar oileán na hÉireann, agus d'fhonn tacú le comhar Thuaidh-Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, leanfar de chlár trasteorann "PEACE PLUS" lena gcuirfear le hobair na gclár roimhe sin idir contaetha teorann na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Agus an tábhacht phraiticiúil atá leis an gclár sin á cur san áireamh, tá sé riachtanach a áirithiú, i gcás ina bhfuil an clár sin ag feidhmiú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, go mbeadh CFRE ina rannchuidiú freisin le cobhsaíocht shóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí ghníomhaíochtaí a chuireann comhtháthú idir pobail chun cinn. I bhfianaise shainiúlachtaí an chláir sin, ba cheart é a bhainistiú ar bhealach comhtháite agus ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe á comhtháthú sa chlár sin mar ioncam sannta seachtrach. De bhreis air sin, níor cheart feidhm a bheith ag rialacha áirithe i dtaobh roghnú oibríochtaí sa Rialachán seo maidir leis an gclár sin i ndáil le hoibríochtaí ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas.
- (22) Leis an Rialachán seo, ba cheart dhá chuspóir Interreg-shonrach a chur isteach: cuspóir amháin chun tacú le hacmhainneacht institiúideach a neartú, comhar dlíthiúil agus riaracháin a fheabhsú, go háirithe i gcás ina bhfuil sé nasctha le cur chun feidhme na Teachtaireachta maidir le Réigiúin Teorann, comhar a threisiú idir saoránaigh agus institiúidí agus straitéisí macraireigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige a fhorbairt agus a chomhordú, an mhuinín fhrithpháirteach a chothú, go háirithe trí ghníomhaíochtaí idir daoine a spreagadh; agus an dara cuspóir chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le comhar maidir leis an tsábháilteacht, an tslándáil, bainistiú trasnaithe teorann agus imirce.
- (23) Ba cheart an chuid is mó den tacaíocht ón Aontas a dhírú ar líon teoranta cuspóirí beartais chun an tionchar atá ag Interreg a uasmhéadú. Ba cheart sineirgí agus comhlántachtaí idir sraitheanna Interreg a neartú.
- (24) Forálacha maidir le cláir Interreg a ullmhú, a fhorbairt agus a leasú mar aon le forálacha maidir le forbairt chríochach, le roghnú oibríochtaí, le faireachán agus le meastóireacht, le húdarais na gclár, le hiniúchadh ar oibríochtaí, agus le trédhearcacht agus le cumarsáid, ba cheart iad a oiriúnú do na sainiúlachtaí a bhaineann le cláir Interreg i gcomparáid leis na forálacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060. Ba cheart na forálacha sonracha sin a choinneáil simplí agus soiléir chun rírialáil agus ualaí riaracháin breise ar na Ballstáit agus na tairbhíthe a sheachaint.
- (25) Na forálacha maidir leis na critéir a bhaineann le hoibríochtaí a bhreithniú mar oibríochtaí atá comhpháirteach agus comhoibríoch go fírinneach, maidir leis an gcomhpháirtíocht laistigh d'oibríocht Interreg agus maidir le hoibleagáidí an chomhpháirtí cinn mar a leagtar amach le linn chlárthréimhse 2014-2020, ba cheart leanúint díobh. Ba cheart do chomhpháirtithe Interreg oibriú i gcomhar san fhorbairt agus sa chur i bhfeidhm agus i soláthar foirne nó i maoiniú, nó iontu araon, agus faoi chomhar na réigiún is forimeallaí, in dhá cheann as ceithre cinn de na gnéithe comhair sin, ós rud é gur cheart gurbh fhusa tacaíocht ó CFRE a chomhcheangal le tacaíocht ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais ar leibhéal na gclár agus na n-oibríochtaí.
- (26) Faoi chlár um chomhar trasteorann, tá tionscadail idir daoine agus tionscadail ar mhionscála ina n-ionstraimí tábhachtacha agus rathúla, le breisluach ard Eorpach, chun deireadh a chur le constaicí teorann agus trasteorann, chun teagmhálacha a chothú i measc daoine go háitiúil agus chun réigiúin teorann agus a saoránaigh a thabhairt níos cóngaraí dá chéile. Tacaíodh leo go dtí seo trí chistí do thionscadail bheaga nó trí ionstraimí comhchosúla, cé nár cumhdaíodh le forálacha sonracha riamh iad agus, dá bhrí sin, is gá soiléiriú a thabhairt ar na rialacha lena rialáiltear na cistí sin. Chun luach breise agus buntáistí tionscadal idir daoine agus tionscadal ar mhionscála a choinneáil, i ndáil le forbairt áitiúil agus réigiúnach freisin, agus chun bainistiú mhaoiniú na dtionscadal beag a shimpliú do na faighteoirí deiridh nach gnách leo cur isteach ar chistí ón Aontas, ba cheart úsáid roghanna costais simplithe agus cnapsuimeanna a bheith éigeantach faoi bhun tairseach áirithe.
- (27) I ngeall ar rannpháirtíocht níos mó ná Ballstát amháin, agus costais riaracháin a bheith níos airde dá bharr, lena n-áirítear le haghaidh pointí teagmhála réigiúnacha ar a dtugtar "aeróga" freisin, ar pointí teagmhála tábhachtacha iad dóibhsean a dhéanann tionscadail a mholadh agus a chur chun feidhme, agus dá bhrí sin a fheidhmiú mar líne dhíreach chuig rúnaíochtaí comhpháirteacha nó chuig údarais ábhartha, ach go háirithe maidir le rialuithe agus le haistriúcháin, ba cheart an uasteorainn le haghaidh caiteachas cúnamh theicniúil a bheith níos airde ná an uasteorainn faoi sprioc na hInfeistíochta le haghaidh post agus fáis. Chun na costais riaracháin níos airde a fhritháireamh, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun an t-ualach riaracháin maidir le cur chun feidhme tionscadal comhpháirteach a laghdú aon uair is féidir. Sa bhreis air sin, ba cheart íosmhéid áirithe a thabhairt do chlár Interreg a fhaigheann tacaíocht theoranta ón Aontas nó do chlár Interreg trasteorann sheachtracha ar mhaithe le cúnamh teicniúil chun cistiú leordhóthanach le haghaidh gníomhaíochtaí éifeachtacha cúnamh theicniúil a áirithiú, lena n-áirítear le haghaidh oifigí brainse réigiúnacha rúnaíochtaí comhpháirteacha agus pointí teagmhála arna gcur ar bun le bheith níos gaire do thairbhíthe agus comhpháirtithe ionchasacha.

- (28) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Farr (¹⁴), ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag an am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an chistithe ar an talamh.
- (29) Bunaithe ar an taithí a fuarthas le linn chlárthréimhse 2014-2020, ba cheart leanúint den chóras lena dtugtar isteach ordlathas soiléir rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais, agus prionsabal na rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais atá le bunú ar leibhéal an Aontais agus do chlár Interreg ina iomláine á choinneáil ag an am céanna chun aon chontrárthachtaí nó neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith idir rialacháin éagsúla agus idir dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a sheachaint. Rialacha breise arna nglacadh ag Ballstát amháin nach mbeadh feidhm acu ach maidir leis na tairbhíthe sa Bhallstát sin, ba cheart iad a bheith teoranta oiread agus is féidir. Go háirithe, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 481/2014 ón gCoimisiún (¹⁵), a glacadh do chlárthréimhse 2014-2020, a chomhtháthú sa Rialachán seo.
- (30) Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun feidhmeanna an údarás bainistíochta a shannadh do GECC nó a chur faoi deara go mbeidh grúpáil den sórt sin, amhail comhlachtaí dlíthiúla trasteorann eile, freagrach as fochlár, infheistíocht chríochach chomhtháite nó ciste amháin nó níos mó le haghaidh tionscadail bheag a bhainistiú, nó gníomhú mar chomhpháirtí aonair. Sa chomhthéacs sin, ba cheart comhlacht dlíthiúil trasteorann, lena n-áirítear eora-réigiúin, a bhunú agus ba cheart pearsantacht dhlítheanach a bheith aige de bhun an dlí de cheann amháin de na tíortha rannpháirteacha, agus ba cheart rannpháirtíocht údarás réigiúnach agus áitiúil ó na tíortha rannpháirteacha uile a dheonú.
- (31) Chun leanúint den slabhra íocaíochta a bunaíodh do chlárthréimhse 2014-2020, eadhon, ón gCoimisiún chuig an gcomhpháirtí cinn trí mheán an údarás deimhniúcháin, ba cheart leanúint den slabhra íocaíochta sin faoin bhfeidhm chuntasaíochta. Ba cheart an tacaíocht ón Aontas a íoc leis an gcomhpháirtí cinn, mura rud é go dtiocfadh táillí dúbailte as sin le haghaidh an athraithe in euro agus ar ais in airgeadra eile nó *vice versa* idir an comhpháirtí cinn agus na comhpháirtithe eile. Mura sonraítear a mhalairt, ba cheart don chomhpháirtí cinn a áirithiú go bhfaighidh na comhpháirtithe eile méid iomlán na ranníocaíochta ón gciste Aontais faoi seach ina iomláine agus laistigh den tréimhse ama a chomhaontaigh na comhpháirtithe go léir agus ag leanúint an nós imeachta céanna a cuireadh i bhfeidhm i leith an chomhpháirtí cinn.
- (32) De bhun Airteagal 63(9) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¹⁶) ("an Rialachán Airgeadais"), tá rialacha eárnáilsonracha le riachtanais chláir Interreg a chur san áireamh, go háirithe maidir leis an bhfeidhm iniúchóireachta. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha maidir leis an tuairim iniúchóireachta bhliantúil, leis an tuarascáil bhliantúil ar rialú agus leis na hiniúchtaí ar oibríochtaí a shimpliú agus a chur in oiriúint do na cláir sin a bhfuil baint ag breis agus Ballstát amháin leo.
- (33) Ba cheart slabhra soiléir dliteanais airgeadais a bhunú i leith gnóthú neamhrialtachtaí ó chomhpháirtithe aonair nó ó chomhpháirtithe eile, tríd an gcomhpháirtí cinn agus tríd an údarás bainistíochta, chuig an gCoimisiún. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le dliteanas Ballstát, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta nó tíortha agus críoch thar lear, i gcás nach bhfuiltear in ann gnóthú a fháil ón gcomhpháirtí aonair ná ó chomhpháirtí eile ná ón gcomhpháirtí cinn, rud a fhágann gurb é an Ballstát a dhéanann aisíocaíocht leis an údarás bainistíochta. Dá réir sin, faoi chláir Interreg, níl aon scóip ann maidir le méideanna neamh-inghnóthaithe ar leibhéal na dtairbhíthe. Is gá, áfach, na rialacha a shoiléiriú, i gcás nach ndéanadh Ballstát, tríú tír, tír chomhpháirtíochta ná tír nó críoch thar lear aisíocaíocht leis an údarás bainistíochta. Ba cheart oibleagáidí an chomhpháirtí cinn maidir le gnóthú a shoiléiriú freisin.

(¹⁴) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(¹⁵) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 481/2014 ón gCoimisiún an 4 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le rialacha sonracha maidir le hincháilitheacht chaiteachais do chlár chomhair (IO L 138, 13.5.2014, lch. 45).

(¹⁶) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aighairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (34) Chun tacar rialacha atá coiteann den chuid is mó a chur i bhfeidhm sna Ballstáit rannpháirteacha agus sna tríú tíortha, sna tíortha comhpháirtíochta nó sna tíortha agus críocha thar lear, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta nó tíortha agus críoch thar lear, mura leagtar rialacha sonracha amach i gcaibidil shonrach den Rialachán seo. Féadfaidh údaráis inchomparáide comhfhreagairt d'údaráis clár Interreg i dtíortha, i dtíortha comhpháirtíochta nó i dtíortha agus críocha thar lear. Ba cheart an túsphointe le haghaidh incháilitheacht an chaiteachais a bheith nasctha le síniú an chomhaontaithe maoinithe ag an tríú tír ábhartha, ag an tír chomhpháirtíochta ábhartha nó ag an tír nó an chríoch thar lear ábhartha. Ba cheart soláthar le haghaidh tairbhíthe sa tríú tír, sa tír chomhpháirtíochta nó sa tír nó sa chríoch thar lear a bheith de réir na rialacha maidir le soláthar seachtrach dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais. Na nósanna imeachta maidir le tabhairt i gcrích comhaontuithe maoinithe le gach ceann de na tríú tíortha, de na tíortha comhpháirtíochta nó de na tíortha nó de na críocha thar lear, chomh maith leis na comhaontuithe idir an t-údarás bainistíochta agus gach tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear maidir leis an tacaíocht ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais nó i gcás ranníocaíocht bhreise seachas cómhaoiniú náisiúnta a aistriú ó thríú tír, ó thír chomhpháirtíochta nó ó thír nó críoch thar lear chuig an gclár Interreg, ba cheart iad a leagan amach.
- (35) Cé gur cheart clár Interreg, agus tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta nó tíortha nó críocha thar lear rannpháirteach iontu, a chur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte, ba cheart gur féidir comhar na réigiún is forimeallaí a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach. Ba cheart rialacha sonracha a leagan amach maidir leis an dóigh leis na cláir sin a chur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach faoi bhainistíocht indíreach.
- (36) Bunaithe ar an taithí a fuarthas ar mhórhionscadail bhonneagair le linn chlárthréimhse 2014-2020 laistigh de na cláir um chomhar trasteorann faoin Ionstraim Eorpach Chomharsanachta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾, ba cheart na nósanna imeachta a shimpliú. Mar sin féin, ba cheart don Choimisiún cearta áirithe a choinneáil maidir le roghnú na dtionscadal sin.
- (37) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na liostaí de limistéir clár Interreg atá le tacaíocht a fháil agus an liosta den mhéid foriomlán ó thacaíocht ón Aontas a ghlacadh agus a leasú. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún freisin chun na doiciméid straitéise ilbhliantúla a ghlacadh le haghaidh clár Interreg a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾. Cé gur de chineál ginearálta iad na gníomhartha sin, ba cheart an nós imeachta comhairliúcháin a úsáid ós rud é nach gcuirtear na forálacha chun feidhme leo ach ar bhealach teicniúil. I gcás inarb infheidhme, ba cheart, leis na doiciméid straitéise ilbhliantúla le haghaidh clár Interreg a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim maoinithe sheachtraigh, an nós imeachta a leagtar amach i Rialachán IPA III agus Rialachán (AE) 2021/947 a urramú.
- (38) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le clár Interreg agus leasuithe orthu a fhormheas, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. I gcás inarb infheidhme, ba cheart, le clár Interreg trasteorann sheachtracha, na nósanna imeachta coiste a bhunaítear faoi Rialachán IPA III agus Rialachán (AE) 2021/947 a urramú maidir leis an gcéad chinneadh formheasta i leith na gclár sin.
- (39) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an larscríbhinn a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na príonsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonracha, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IO L 77, 15.3.2014, lch. 27).

⁽¹⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (40) I bhfianaise ghlacadh an Rialacháin seo tar éis thús na clárthréimhse, agus ag cur san áireamh gur gá Interreg a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe agus comhchuibhithe, agus chun go bhféadfar é a chur chun feidhme go pras, ba cheart dó teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (41) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon comhar a chothú idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta nó tíortha nó críocha thar lear agus, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CLÁR NA nÁBHAR

CAIBIDIL I	FORÁLACHA GINEARÁLTA
ROINN I	ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SRAITHEANNA INTERREG
	Airteagal 1 Ábhar agus raon feidhme
	Airteagal 2 Sainmhíithe
	Airteagal 3 Sraitheanna Interreg
ROINN II	CUMHDACH GEOGRAFACH
	Airteagal 4 Cumhdach geografach le haghaidh comhar trasteorann
	Airteagal 5 Cumhdach geografach le haghaidh comhar trasnáisiúnta
	Airteagal 6 Cumhdach geografach le haghaidh comhar idir-réigiúnach
	Airteagal 7 Cumhdach geografach le haghaidh chomhar na réigiún is forimeallaí
	Airteagal 8 An liosta de limistéir clár Interreg a gheobhaidh tacaíocht
ROINN III	ACMHAINNÍ AGUS RÁTAÍ CÓMHAOINITHE
	Airteagal 9 Acmhainní CFRE do chlár Interreg
	Airteagal 10 Forálacha idirchistí
	Airteagal 11 Liosta d'acmhainní do chlár Interreg
	Airteagal 12 Acmhainní a chur ar ais agus scor
	Airteagal 13 Rátaí cómhaoinithe
CAIBIDIL II	CUSPÓIRÍ INTERREG-SHONRACHA AGUS COMHCHRUINNIÚ TÉAMACH
	Airteagal 14 Cuspóirí Interreg-shonracha
	Airteagal 15 Comhchruinniú téamach
CAIBIDIL III	CLÁRSCEIDEALÚ
ROINN I	CLÁIR INTERREG A ULLMHÚ, A FHORMHEAS AGUS A LEASÚ
	Airteagal 16 Clár Interreg a ullmhú agus a thíolacadh
	Airteagal 17 Inneachar na gclár Interreg
	Airteagal 18 Formheas na gclár Interreg
	Airteagal 19 Clár Interreg a leasú
ROINN II	FORBAIRT CHRÍOCHACH
	Airteagal 20 Infheistíocht chríochach chomhtháite
	Airteagal 21 Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail
ROINN III	OIBRÍOCHTAÍ AGUS CISTÍ LE HAGHAIDH TIONSCADAIL BHEAGA
	Airteagal 22 Oibríochtaí Interreg a roghnú
	Airteagal 23 Comhpháirtíocht laistigh d'oibríochtaí Interreg
	Airteagal 24 Tacaíocht do thionscadail a bhfuil méid teoranta airgeadais iontu
	Airteagal 25 Cistí le haghaidh tionscadail bheaga
	Airteagal 26 Cúraimí an chomhpháirtí cinn
ROINN IV	CÚNAMH TEICNIÚIL
	Airteagal 27 Cúnamh teicniúil

CAIBIDIL IV FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS CUMARSÁID

ROINN I FAIREACHÁN

- Airteagal 28 Coiste faireacháin
- Airteagal 29 Comhdhéanamh an choiste faireacháin
- Airteagal 30 Feidhmeanna an choiste faireacháin
- Airteagal 31 Athbhreithniú
- Airteagal 32 Tarchur sonraí
- Airteagal 33 Tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht
- Airteagal 34 Táscairí maidir le cláir Interreg

ROINN II MEASTÓIREACHT AGUS CUMARSÁID

- Airteagal 35 Meastóireacht le linn na clárthréimhse
- Airteagal 36 Freagrachtaí údarás bainistíochta agus comhpháirtithe maidir le trédharcacht agus cumarsáid

CAIBIDIL V INCHÁILITHEACHT

- Airteagal 37 Rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais
- Airteagal 38 Forálacha ginearálta maidir le hincháilitheacht catagóirí costais
- Airteagal 39 Costais foirne
- Airteagal 40 Costais oifige agus riaracháin
- Airteagal 41 Costais taistil agus chóiríochta
- Airteagal 42 Costais a bhaineann le saineolas seachtrach agus seirbhísí seachtracha
- Airteagal 43 Costais trealaimh
- Airteagal 44 Costais le haghaidh bonneagair agus oibreacha

CAIBIDIL VI ÚDARÁIS CLÁR INTERREG, BAINISTÍOCHT, RIALÚ AGUS INIÚCHÓIREACHT

- Airteagal 45 Údaráis clár Interreg
- Airteagal 46 Feidhmeanna an údaráis bainistíochta
- Airteagal 47 An fheidhm chuntasaíochta
- Airteagal 48 Feidhmeanna an údaráis iniúcháireachta
- Airteagal 49 Iniúcháireacht ar oibríochtaí

CAIBIDIL VII BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

- Airteagal 50 Gealltanais bhuiséadacha
- Airteagal 51 Íocaíochtaí agus réamh-mhaoiniú
- Airteagal 52 Gnóthuithe

CAIBIDIL VIII RANNPHÁIRTÍOCHT TRÍÚ TÍORTHA NÓ TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA, TÍORTHA NÓ CRÍOCH THAR LEAR NÓ EAGRAÍOCHTAÍ UM LÁNPHÁIRTÍÚ AGUS COMHAR RÉIGIÚNACH I GCLÁIR INTERREG FAOI BHAINISTÍOCHT ROINNTE

- Airteagal 53 Na forálacha is infheidhme
- Airteagal 54 Údaráis clár Interreg agus a bhfeidhmeanna
- Airteagal 55 Modhanna bainistíochta
- Airteagal 56 Incháilitheacht
- Airteagal 57 Mórthionscadail bhonneagair
- Airteagal 58 Soláthar
- Airteagal 59 Comhaontuithe maoinithe a thabhairt i gcrích faoi bhainistíocht roinnte
- Airteagal 60 Ranniocaíocht ó thríú tír, ó thír chomhpháirtíochta nó ó thír nó ó chríoch thar lear seachas cómhaoiniú

CAIBIDIL IX FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE BAINISTÍOCHT INDÍREACH

Airteagal 61 Comhar na réigiún is forimeallaí

CAIBIDIL X FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 62 An tarmligean a fheidhmiú

Airteagal 63 Nós imeachta coiste

Airteagal 64 Forálacha idirthréimhseacha

Airteagal 65 Teacht i bhfeidhm

IARSRÍBHINN Teimpléad le haghaidh cláir Interreg

Léarscáil Léarscáil de limistéar an chláir

Foscríbhinn 1 Ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar chostais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe

Foscríbhinn 2 Ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais

Foscríbhinn 3 Liosta de na hoibríochtaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo atá beartaithe maille le clár ama

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

ROINN I

Ábhar, raon feidhme agus sraitheanna Interreg

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg) d'fhonn comhar a chothú idir na Ballstáit agus a réigiúin laistigh den Aontas agus idir na Ballstáit, agus a réigiúin agus tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta, críocho eile nó tíortha nó críocho thar lear, nó eagraíochtaí um lánpháirtíú agus comhar réigiúnach.

Leis an Rialachán seo, leagtar síos freisin na forálacha is gá chun clársceidealú éifeachtach a áirithiú lena n-áirítear maidir le cúnaimh teicniúil, faireachán, meastóireacht, cumarsáid, incháilitheacht, bainistiú agus rialú, mar aon le bainistiú airgeadais clár faoi Interreg (“cláir Interreg”) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

Maidir le tacaíocht ón Ionstraim um Chúnaimh Réamhaontachais (IPA III), ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) agus ón gcistiú le haghaidh na dtíortha agus na gcríoch thar lear uile do chlárthréimhse 2021-2027 a bhunaítear mar chlár le Cinneadh 2013/755/AE (dá dtagraítear “ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais” go comhpháirteach) do chlár Interreg, leis an Rialachán seo, leagtar amach cuspóirí sonracha breise mar aon le comhtháthú na gcistí sin i gcláir Interreg, na critéir chun go mbeidh tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocho thar lear agus a réigiúin incháilithe agus rialacha cur chun feidhme sonracha áirithe.

Maidir le tacaíocht ó CFRE agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais (dá ngairtear “na cistí Interreg” go comhpháirteach) do chlár Interreg, leis an Rialachán seo, leagtar amach na cuspóirí Interreg-shonracha mar aon le heagrú Interreg, na critéir incháilitheachta maidir leis na Ballstáit, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocho thar lear agus a réigiúin, na hacmhainní airgeadais, agus na critéir maidir lena leithdháileadh.

Beidh feidhm ag Rialacháin (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1058 maidir le cláir Interreg, ach amháin i gcás ina bhforáiltear go sonracha dá mhalairt faoi na Rialacháin sin agus faoin Rialachán seo nó i gcás nach féidir feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2021/1060 ach maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis.

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060. Tá feidhm freisin ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “tairbhí IPA III” tír nó críoch a liostaítear san iarscríbhinn ábhartha a ghabhann le Rialachán IPA III;
- (2) ciallaíonn “tríú tír” tír nach Ballstát í agus nach bhfaigheann tacaíocht ó chistí Interreg nó a dhéanann ranníocaíocht le buiséad ginearálta an Aontais (“buiséad an Aontais”) trí ioncam sannta seachtrach;
- (3) ciallaíonn “tír chomhpháirtíochta” tairbhí IPA III nó tír nó críoch a chumhdaítear, i gcás chlár Interreg A agus B, leis an limistéar Comharsanachta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/947 nó Cónaidhm na Rúise, nó i gcás chlár Interreg C agus D, tír nó críoch a chumhdaítear le haon limistéar geografach faoi ICFCI, agus a fhaigheann tacaíocht ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais;
- (4) ciallaíonn “comhlacht dlíthiúil trasteorann” comhlacht dlíthiúil arna bhunú de bhun an dlí de cheann de na tíortha atá rannpháirteach i gclár Interreg ar choinníoll go gcuireann údaráis chríochacha nó comhlachtaí eile ó dhá thír rannpháirteacha, ar a laghad, ar bun é;

- (5) ciallaíonn “eagraíocht um lánpháirtíú agus comhar réigiúnach”, i gcomhthéacs chomhar na réigiún is forimeallaí, grúpa de thríú tíortha nó de réigiúin san aon limistéar geografach amháin a bhfuil mar aidhm acu oibriú go dlúth le chéile ar shaincheisteanna leasa choitinn, ar grúpa é a bhféadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach ann freisin.

Chun críoch an Rialacháin seo, i gcás ina ndéantar tagairt i Rialachán (AE) 2021/1060 do “Ballstát”, forléireofar í mar thagairt a chiallaíonn an “Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta” agus i gcás ina ndéantar tagairt sa Rialachán sin do “Gach Ballstát” nó do “Ballstáit”, forléireofar í mar thagairt a chiallaíonn “na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg ar leith”.

Chun críoch an Rialacháin seo, i gcás ina ndéantar tagairt i Rialachán (AE) 2021/1060 do “na Cistí” mar a liostaítear i bpointe (a) d’Airteagal 1(1) den Rialachán sin nó do Rialachán (AE) 2021/1058, forléireofar í mar thagairt lena gcumhdaítear an ionstraim maoinithe sheachtraigh lena mbaineann de chuid an Aontais freisin.

Airteagal 3

Sraitheanna Interreg

Faoi Interreg, tabharfar tacaíocht do na sraitheanna seo a leanas le CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, le hionstraimí maoinithe sheachtraigh ón Aontas:

- (1) comhar trasteorann idir réigiúin chónagaracha chun forbairt réigiúnach chomhtháite chomhchuí a chur chun cinn idir réigiúin teorann chomharsanacha talún agus mhuirí (“Interreg A”):
 - (a) comhar trasteorann inmheánach idir réigiúin teorann chónagaracha de chuid dhá Bhallstát nó níos mó nó idir réigiúin teorann chónagaracha i mBallstát amháin ar a laghad agus tríú tír amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 4(2); nó
 - (b) comhar trasteorann seachtrach idir réigiúin teorann chónagaracha de chuid Ballstáit amháin ar a laghad agus de chuid ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
 - (i) tairbhíthe IPA III;
 - (ii) tíortha comhpháirtíochta a fhaigheann tacaíocht ó ICFCI; nó
 - (iii) Cónaidhm na Rúise, chun go gcumasófar a rannpháirtíocht i gcomhar trasteorann a fhaigheann tacaíocht ó ICFCI freisin;
- (2) comhar trasnáisiúnta ar fud críocha trasnáisiúnta móra nó timpeall imchuacha farraige, lena mbaineann comhpháirtithe clár náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit, tríú tíortha agus tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocha thar lear, d’fhonn céim níos airde de chomhtháthú críochach a bhaint amach (“Interreg B”);
- (3) comhar idir-réigiúnach chun éifeachtacht an bheartais comhtháthaithe (“Interreg C”) a threisiú trí na nithe seo a leanas a chur chun cinn:
 - (a) malartú taithí, cineálacha nuálacha cur chuige agus fothú acmhainneachta lena ndíreofaí ar chuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus an cuspóir Interreg-shonrach “rialachas comhair níos fearr”, i ndáil le sainathint, scaipeadh agus aistriú na ndea-chleachtas i mbeartais forbraíochta réigiúnaí lena n-áirítear clár do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis (“clár Interreg Europe”);
 - (b) taithí a mhalartú, cineálacha nuálacha cur chuige agus fothú acmhainneachta i ndáil le sainathint, aistriú agus caipitliú dea-chleachtas i dtaca le forbairt uirbeach chomhtháite inbhuanaithe, agus na nascachtaí idir na ceantair uirbeacha agus na ceantair thuaithe á gcur san áireamh, lena dtacaítear le gníomhaíochtaí arna bhforbairt faoi chuimsiú Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1058 agus an tionscnamh a leagtar amach in Airteagal 12 den Rialachán sin (“clár URBACT”) á chomhlánú freisin ar bhealach comhordaithe;
 - (c) taithí a mhalartú, cineálacha nuálacha cur chuige agus fothú acmhainneachta d’fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh (“clár INTERACT”):
 - (i) cur chun feidhme clár Interreg a chomhchuíbhíú agus a shimpliú agus rannchuidiú le caipitliú a dtorthaí;
 - (ii) na gníomhaíochtaí féideartha comhair dá dtagraítear i bpointe (d)(vii) d’Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2021/1060 a chomhchuíbhíú agus a shimpliú;

- (iii) tacú le cur ar bun, feidhmiú agus úsáid grúpálacha Eorpacha um chomhar críochach (GECCanna);
 - (d) anailís ar threochtaí forbartha i ndáil le haidhmeanna comhtháthaithe chríochaigh (“clár ESPON”);
- (4) comhar na réigiún is forimeallaí eatarthu féin agus leis na tríú tíortha comharsanachta nó leis na tíortha comhpháirtíochta comharsanachta nó leis na tíortha agus leis na críocha thar lear, nó le heagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach, nó roinnt díobh, chun a lánpháirtiú réigiúnach agus a bhforbairt chomhchuí a éascú ina gcomharsanacht (“Interreg D”).

ROINN II

Cumhdach geografach

Airteagal 4

Cumhdach geografach le haghaidh comhar trasteorann

1. Maidir le comhar trasteorann, is é a bheidh sna réigiúin atá le tacaíocht a fháil ó CFRE réigiúin leibhéal NUTS 3 an Aontais ar feadh gach teorann talún inmheánaí agus seachtraí le tríú tíortha nó le tíortha comhpháirtíochta agus gach réigiún leibhéal NUTS 3 de chuid an Aontais ar feadh teorainneacha muirí nach bhfuil níos mó ná 150 km den fharrage ó chéile, gan dochar do choigeartuithe féideartha is gá chun comhchuibheas agus leanúnachas limistéar clár comhair a áirithiú agus i gcás ina bhféadfar idirghníomhaíocht trasteorann a dhéanamh go héifeachtach.
2. Féadfar réigiúin san Iorua, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe arb ionann iad agus réigiúin de leibhéal NUTS 3 mar aon le hAndóra, le Lichtinstéin, le Monacó agus le San Mairíne a chumhdach le clár Interreg um chomhar trasteorann inmheánach.
3. Maidir le comhar trasteorann seachtrach, is é a bheidh sna réigiúin atá le tacaíocht a fháil ó IPA III nó ICFCI na réigiúin de leibhéal NUTS 3 de chuid na tíre comhpháirtíochta lena mbaineann nó, murab ann d'aicmiú NUTS, limistéir choibhéseach feadh gach teorann talún agus muirí idir na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta atá incháilithe faoi IPA III nó ICFCI, gan dochar do na coigeartuithe féideartha is gá chun comhchuibheas agus leanúnachas limistéar clár comhair a áirithiú.

Airteagal 5

Cumhdach geografach le haghaidh comhar trasnáisiúnta

1. Maidir le comhar trasnáisiúnta, is é a bheidh sna réigiúin atá le tacaíocht a fháil ó CFRE réigiúin leibhéal NUTS 2 an Aontais, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, lena gcuimsítear limistéir thrasnáisiúnta níos mó, agus straitéisí macrairéigiúnacha nó straitéisí imchuach farraige á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme.
2. Arna iarraidh sin don Bhallstát nó do na Ballstáit lena mbaineann, féadfar ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí de chuid an Bhallstáit nó na mBallstáit lena mbaineann a áireamh i gclár comhair thrasnáisiúnta agus an clár sin á thíolacadh.
3. Féadfar na críocha seo a leanas, cibé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann siad tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, a chumhdach le clár comhair thrasnáisiúnta:
 - (a) réigiúin san Íoslainn, san Iorua, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe agus in Andóra, i Lichtinstéin, i Monacó agus i San Mairíne;
 - (b) tíortha agus críocha thar lear;
 - (c) Oileáin Fharó;
 - (d) réigiúin i dtíortha comhpháirtíochta faoi IPA III nó ICFCI.
4. Réigiúin de leibhéal 2 NUTS nó, murab ann d'aicmiú NUTS, limistéir choibhéseacha a bheidh sna réigiúin, sna tríú tíortha, sna tíortha comhpháirtíochta nó i dtíortha nó críocha thar lear dá dtagraítear i mír 3.

*Airteagal 6***Cumhdach geografach le haghaidh comhar idir-réigiúnach**

1. Maidir le comhar idir-réigiúnach, tabharfar tacaíocht, le CFRE, do chríoch iomlán an Aontais, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí.
2. Le cláir comhair idir-réigiúnaigh, féadfar críoch iomlán na dtríú tíortha, na dtíortha comhpháirtíochta agus na gcríoch eile, nó cuid díobh, nó na tíortha nó na críocha thar lear dá dtagraítear in Airteagail 4, 5 agus 7 a chumhdach, cibé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann siad tacaíocht ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais.

*Airteagal 7***Cumhdach geografach le haghaidh chomhar na réigiún is forimeallaí**

1. Maidir le comhar na réigiún is forimeallaí, gheobhaidh na réigiúin uile a liostaítear sa chéad mhír d'Airteagal 349 CFAE tacaíocht ó CFRE.
2. Le cláir Interreg a bhaineann leis na réigiún is forimeallaí, féadfar tíortha comhpháirtíochta, nó codanna de na tíortha sin, a fhaigheann tacaíocht ó ICFCI nó tíortha nó críocha thar lear a fhaigheann tacaíocht ó Chlár na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear (OCTP), nó iad araon, a chumhdach.

*Airteagal 8***An liosta de limistéir clár Interreg a gheobhaidh tacaíocht**

1. Chun críocha Airteagail 4go 7, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar amach an liosta de limistéir clár Interreg atá le tacaíocht a fháil, arna mhiondealú do gach sraith agus gach clár Interreg. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63(2).

Déanfar cláir trasteorann sheachtracha a liostú mar “cláir Interreg A CTT IPA III” (CTT-IPA III) nó mar “cláir Interreg A NEXT” (CTT-ICFCI).

2. Sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhómhír de mhír 1, beidh liosta freisin lena sonraítear na réigiúin sin de leibhéal NUTS 3 de chuid an Aontais arna gcur san áireamh le haghaidh leithdháileadh CFRE maidir le comhar trasteorann ag gach teorainn inmheánach, agus na teorainneacha seachtracha arna gcumhdach ag ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais.
3. Réigiúin i dtríú tíortha nó i dtíortha comhpháirtíochta nó i gcríocha lasmuigh den Aontas nach bhfaigheann tacaíocht ó CFRE ná ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais, nó a dhéanann ranníocaíocht le buiséad an Aontais trí ioncam sannta seachtrach, luafar ar an liosta dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 1 iad.

ROINN III

Acmhainní agus rátaí cómhaoinithe*Airteagal 9***Acmhainní CFRE do chlár Interreg**

1. Beidh acmhainní CFRE do chlár Interreg cothrom le EUR 8 050 000 000 i bpragsanna 2018 de na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le haghaidh an ghealltanais bhuiséadaigh ó CFRE, ó CSE+ agus ón gCiste Comhtháthaithe do chlárthréimhse 2021-2027 agus a leagtar amach in Airteagal 109(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.
2. Déanfar na hacmhainní dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh mar a leanas:
 - (a) 72,2 % (i.e., iomlán EUR 5 812 790 000 le haghaidh comhar trasteorann (“sraith A”));
 - (b) 18,2 % (i.e., iomlán EUR 1 466 000 000 le haghaidh comhar idir-réigiúnach (“sraith B”));

(c) 6,1 % (i.e., iomlán EUR 490 000 000 le haghaidh comhar idir-réigiúnach (“sraith C”));

(d) 3,5 % (i.e., iomlán EUR 281 210 000 le haghaidh chomhar na réigiún is forimeallaí (“sraith D”)).

3. Déanfaidh an Coimisiún a sciar de na méideanna foriomlána le haghaidh shraitheanna A, B agus D a chur in iúl do gach Ballstát, de bhun na modheolaíochta dá bhforáiltear i bpointe 8 d’Iarscríbhinn XXVI de Rialachán (AE) 2021/1060, agus iad miondealaithe de réir bliana.

4. Maidir le gach ceann de shraitheanna A, B nó D, féadfaidh gach Ballstát suas le 15 % dá leithdháileadh airgeadais a aistriú ó cheann amháin de na sraitheanna sin go ceann amháin nó níos mó de na sraitheanna eile.

5. Bunaithe ar na méideanna a chuirtear in iúl de bhun mhír 3, déanfaidh gach Ballstát an Coimisiún a chur ar an eolas faoi cé acu ar bhain nó nár bhain sé úsáid as an rogha aistrithe dá bhforáiltear in Airteagal 4, agus faoin mbealach a ndearna sé amhlaidh, agus faoi dháileadh a sciar ar na cláir Interreg ina bhfuil na Ballstáit rannpháirteach a tháinig dá bharr sin.

Airteagal 10

Forálacha idirchistí

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach na doiciméid straitéise ilbhliantúla maidir leis na cláir trasteorann sheachtracha agus na cláir comhair thrasnáisiúnta a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ICFCI, ó CFRE agus IPA III, nó ó CFRE, ICFCI agus IPA III. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63(2) den Rialachán seo, agus urraim chuí á tabhairt don nós imeachta a leagtar amach i Rialachán IPA III, i gcás inarb iomchuí.

Maidir le cláir Interreg a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ICFCI, leagfar amach sa ghníomh cur chun feidhme na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/947.

Maidir le cláir Interreg a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus IPA III, sa ghníomh cur chun feidhme, cumhdófar freisin, i gcás inarb ábhartha, rannpháirtíocht thairbhíthe IPA III nó tíortha comhpháirtíochta i gcláir Interreg C agus D.

2. Maidir leis an ranníocaíocht ó CFRE le cláir Interreg trasteorann sheachtracha atá le tacaíocht a fháil freisin ón imchlúdach airgeadais faoi CTT-IPA III nó ón imchlúdach airgeadais faoi CTT-ICFCI, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann í a leagan síos. Ní dhéanfar ranníocaíocht CFRE a leagfar síos do gach Ballstát a ath-leithdháileadh ina dhiaidh sin ar na Ballstáit lena mbaineann.

Na ranníocaíochtaí faoi seach ó IPA III agus ICFCI le cláir Interreg B, C nó D, cuirfear san áireamh iontu freisin comhdhéanamh na comhpháirtíochta cláir de réir Ballstáit, thairbhíthe IPA III agus tíortha comhpháirtíochta. Féadfar na ranníocaíochtaí sin a leagan amach sna doiciméid straitéise ilbhliantúla a chumhdaítear faoin gcéad fhomhír de mhír 1.

3. Deonófar tacaíocht ó CFRE do chlár trasteorann sheachtracha aonair ar choinníoll go soláthrófar le CTT IPA III agus CTT-ICFCI méideanna atá coibhéiseach ar a laghad faoin doiciméad straitéise ilbhliantúil ábhartha. Beidh an ranníocaíocht sin faoi réir uasmhéid a leagtar amach i Rialachán IPA III nó Rialachán (AE) 2021/947.

Mar sin féin, i gcás ina dtagann laghdú ar an méid coibhéiseach do na blianta atá fanta de bharr an athbhreithnithe ar na doiciméid clársceidealaithe straitéisigh ábhartha faoi IPA III nó ICFCI, déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann rogha astu seo a leanas:

(a) an sásra dá dtagraítear in Airteagal 12(3) a iarraidh;

(b) leanúint den chlár Interreg leis an tacaíocht atá fanta ó CFRE agus CTT IPA III nó CTT-ICFCI; nó

(c) na roghanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den fhomhír seo a chomhcheangal le chéile.

4. Déanfar na leithreasuithe bliantúla a chomhfhreagraíonn don tacaíocht ó CFRE, CTT IPA III nó CTT-ICFCI do chlár Interreg trasteorann sheachtracha a chur isteach sna línte buiséid ábhartha le haghaidh ghnás buiséadach 2021.

5. I gcás ina bhfuil leithdháileadh airgeadais sonracha curtha san áireamh ag an gCoimisiún chun cuidiú le tíortha comhpháirtíochta nó le réigiúin chomhpháirtíochta faoi Rialachán (AE) 2021/947 agus le tíortha agus críocha thar lear faoi Chinneadh 2013/755/AE, nó leo araon, a gcomhar leis na réigiúin chomharsanachta is forimeallaí den Aontas a neartú i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán (AE) 2021/947 nó le hAirteagal 87 de Chinneadh 2013/755/AE, nó i gcomhréir leo araon, féadfaidh CFRE, i gcomhréir leis an Rialachán seo, i gcás inarb iomchuí agus ar bhonn cómhálartachta agus comhréireachta maidir leis an leibhéal cistiúcháin ó ICFCI nó ó OCTP, nó ón dá rud araon, rannchuidiú freisin le gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag tír chomhpháirtíochta nó réigiún comhpháirtíochta nó aon eintiteas eile faoi Rialachán (AE) 2021/947, ag tír, críoch nó aon eintiteas eile faoi Chinneadh 2013/755/AE nó ag ceann de na réigiúin is forimeallaí den Aontas, go háirithe faoi chlár comhpháirteach Interreg B, C nó D amháin nó níos mó nó faoi na bearta comhair dá dtagraítear in Airteagal 59 den Rialachán seo, ar beata iad a bhunaítear agus a chuirtear chun feidhme de bhun an Rialacháin seo.

Airteagal 11

Liosta d'acmhainní do chlár Interreg

1. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit de bhun Airteagal 9(5), déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar amach liosta de na cláir Interreg uile agus lena léireofar, in aghaidh gach cláir, méid foriomlán na tacaíochta iomláine ó CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, an tacaíocht iomlán ó gach ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 63(2).

2. Beidh liosta de na méideanna arna n-aistriú de bhun Airteagal 9(4) sna gníomhartha cur chun feidhme sin freisin agus iad miondealaithe in aghaidh an Bhallstáit.

Airteagal 12

Acmhainní a chur ar ais agus scor

1. Más rud é, i gcás 2022 nó 2023, nach gcuirtear clár trasteorann seachtrach ar bith faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta den bhliain lena mbaineann, maidir leis an ranníocaíocht bhliantúil ó CFRE leis an gclár sin nár ath-leithdháileadh ar chlár eile a tiolacadh faoin gcatagóir chéanna de na cláir Interreg trasteorann sheachtracha, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann inmheánacha ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach.

2. Más rud é, faoin 31 Márta 2024, gurb ann fós do chlár Interreg trasteorann sheachtracha nár cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, maidir leis an ranníocaíocht ó CFRE dá dtagraítear in Airteagal 9(5) leis na cláir sin le haghaidh na mblianta atá fanta suas go 2027, nach bhfuiltear tar éis a ath-leithdháileadh ar chlár Interreg eile a fhaigheann tacaíocht freisin ó CTT IPA III nó CTT-ICFCI, faoi seach, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann sheachtracha ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach.

3. Maidir le haon chlár Interreg trasteorann seachtrach a d'fhormheas an Coimisiún cheana, scoirfead de, nó laghdófar an leithdháileadh ar an gclár sin, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme, go háirithe, i gcás:

- nár shínigh aon cheann de na tíortha comhpháirtíochta arna gcumhdach ag an gclár Interreg lena mbaineann an comhaontú maoinithe iomchuí faoi na spriocdhátaí a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 59; nó
- nach féidir an clár Interreg a chur chun feidhme mar a bhí beartaithe i ngeall ar fhadhbanna sa chaidreamh idir na tíortha rannpháirteacha.

I gcásanna den sórt sin, maidir leis an ranníocaíocht ó CFRE dá dtagraítear i mír 1 a chomhfhreagraíonn do thráthchodanna bliantúla nach bhfuil geallta fós, nó tráthchodanna bliantúla a gealladh agus a saoradh go hiomlán nó go páirteach le linn na bliana buiséadaí céanna, nach bhfuiltear tar éis a ath-leithdháileadh ar chlár Interreg eile a fhaigheann tacaíocht freisin ó CTT IPA III nó CTT-ICFCI, faoi seach, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann inmheánacha ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach.

4. Maidir le clár Interreg B a d'fhormheas an Coimisiún cheana, scoirfead de rannpháirtíocht tíre comhpháirtíochta nó tíre nó críche thar lear, má dhéantar de réir ceann de na cásanna a leagtar amach i bpointí (a) nó (b) den chéad fhomhír de mhír 3.

Iarrfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tíortha comhpháirteacha rannpháirteacha atá fanta:

- (a) go scoirfear den chlár Interreg, go háirithe i gcás nach féidir na príomhdhúshláin chomhpháirteacha maidir le forbairt a bhaint amach gan rannpháirtíocht na tíre comhpháirtíochta sin nó na tíre nó na críche thar lear;
- (b) go ndéanfar an leithdháileadh ar an gclár Interreg sin a laghdú, i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta is infheidhme; nó
- (c) go leanfar den chlár Interreg gan rannpháirtíocht na tíre comhpháirtíochta sin nó gan rannpháirtíocht na tíre nó na críche thar lear sin.

I gcás ina laghdaítear an leithdháileadh ar an gclár Interreg de bhun phointe (b), maidir leis an ranníocaíocht ó CFRE a chomhfhreagraíonn do thráthchodanna bliantúla nach bhfuil geallta fós, déanfar í a leithdháileadh ar chlár eile Interreg B ina bhfuil Ballstát amháin nó níos mó rannpháirteach nó, i gcás nach bhfuil Ballstát rannpháirteach ach i gclár Interreg B amháin, ar chlár Interreg trasteorann inmheánach amháin nó níos mó ina bhfuil an Ballstát sin rannpháirteach.

5. Bainfear úsáid as an ranníocaíocht ó IPA III, ICFCI nó OCTP arna laghdú de bhun an Airteagail seo i gcomhréir le Rialachán IPA III, Rialachán (AE) 2021/947 nó Cinneadh 2013/755/AE, faoi seach.

6. Más rud é, maidir le tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear a rannchuidíonn le clár Interreg trí bhíthin acmhainní náisiúnta, ach nach ionann iad agus cómhaoiniú náisiúnta tacaíochta ó CFRE nó ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais, go laghdaíonn sí an ranníocaíocht sin le linn chur chun feidhme an chláir Interreg, ar bhealach foriomlán nó maidir le hoibríochtaí comhpháirteacha a roghnaíodh cheana agus tar éis an doiciméad dá bhforáiltear in Airteagal 22(6) a fháil, iarrfaidh an Ballstát rannpháirteach nó na Ballstáit rannpháirteacha ceann amháin de na roghanna a leagtar amach sa dara fómhír de mhír 4 den Airteagal seo.

Airteagal 13

Rátaí cómhaoinithe

1. Ní bheidh an ráta cómhaoinithe ar leibhéal gach cláir Interreg níos airde ná 80 %.
2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh an ráta cómhaoinithe do chlár Interreg D níos airde ná 85 % mura socrófar céatadán níos airde i gCinneadh 2013/755/AE nó in aon ghníomh arna ghlacadh de bhun an Chinnidh sin nó, i gcás inarb infheidhme, arna ghlacadh de bhun Rialachán (AE) 2021/947, nó aon ghníomh arna ghlacadh de bhun an Rialacháin sin.
3. I gcás ina bhfaigheann cláir Interreg tacaíocht ó CFRE agus CTT IPA III agus i gcás inar 50 % nó níos lú de leithdháileadh iomlán an Aontais an leithdháileadh ó CFRE, féadfar céatadán níos airde a shocrú i Rialachán IPA III nó in aon ghníomh arna ghlacadh de bhun an Rialacháin sin.
4. I gcás ina bhfaigheann cláir Interreg tacaíocht ó CFRE, agus ó ICFCI amháin nó ó ICFCI agus IPA III araon, agus i gcás inar 50 % nó níos lú de leithdháileadh iomlán an Aontais an leithdháileadh ó CFRE, féadfar céatadán níos airde a shocrú i Rialachán (AE) 2021/947 nó in aon ghníomh arna ghlacadh de bhun an Rialacháin sin.

CAIBIDIL II

CUSPÓIRÍ INTERREG-SHONRACHA AGUS COMHCHRUINIÚ TÉAMACH

Airteagal 14

Cuspóirí Interreg-shonracha

1. Le CFRE, laistigh dá raon feidhme mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/1058, agus, i gcás inarb infheidhme, le hionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, rannchuideofar leis na cuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán 2021/1060 trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha faoi chlár Interreg.

2. I gcás an chláir trasteorann PEACE PLUS, i gcás ina mbeidh sé ag feidhmiú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, le CFRE, mar chuspóir sonracha faoi chuspóir beartais 4, rannchuideofar freisin le cobhsaíocht shóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí ghníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn. Beidh tosaíocht ar leith mar thacaíocht leis an gcuspóir sonracha sin.

3. De bhreis ar na cuspóirí sonracha le haghaidh CFRE a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1058, le CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, le hionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, rannchuideofar freisin leis na cuspóirí sonracha (a) go (l) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2021/1057 trí ghníomhaíochtaí comhphárteacha faoi chláir Interreg.

4. Faoi chláir Interreg, le CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, le hionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, féadfar tacú freisin leis an gcuspóir Interreg-shonrach “rialachas comhair níos fearr”, trí cheann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) acmhainneacht institiúideach údarás poiblí a fheabhsú, go háirithe na cinn ar tugadh sainordú dóibh críoch shonrach a bhainistiú, agus acmhainneacht institiúideach na ngeallsealbhóirí a fheabhsú freisin (gach sraith);
- (b) riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú trí chomhar dlíthiúil agus riaracháin agus comhar idir saoránaigh, gníomhaithe na sochaí sibhialta agus institiúidí a chur chun cinn, go háirithe d'fhonn constaicí dlíthiúla agus constaicí eile i réigiúin teorann a réiteach (sraitheanna A, C, D agus, i gcás inarb iomchuí, sraith B);
- (c) an mhuintir fhrithphárteach a chothú, go háirithe trí ghníomhaíochtaí idir daoine a spreagadh (sraitheanna A, D agus, i gcás inarb iomchuí, sraith B);
- (d) acmhainneacht institiúideach údarás poiblí agus geallsealbhóirí a fheabhsú chun straitéisí macraireigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige a chur chun feidhme, chomh maith le straitéisí críochacha eile (gach sraith);
- (e) daonlathas inbhuanaithe a fheabhsú agus tacú le gníomhaithe na sochaí sibhialta agus lena ról ó thaobh próisis a athchóiriú agus ó thaobh aistriú chuig an daonlathas (gach sraith a bhfuil thríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta nó tíortha nó críoch thar lear páirteach iontu); agus
- (f) gníomhaíochtaí eile chun tacú le rialachas comhair níos fearr (gach sraith).

5. Faoi chláir Interreg, le CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, le hionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, féadfar rannchuidiú freisin leis an gcuspóir Interreg-shonrach “Eoraip níos sábháilte agus níos sláine”, go háirithe trí ghníomhaíochtaí i réimsí an bhainistithe trasnaithe teorann, na soghluaisteachta ag na teorainneacha agus an bhainistithe imirce, lena n-áirítear cosaint agus comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta náisiúnach tríú tír, mar shampla imircigh agus tairbhíthe cosanta idirnáisiúnta.

Airteagal 15

Comhchruinniú téamach

1. Déanfar 60 % ar a laghad de ranníocaíocht CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais ar gach clár Interreg A, B agus D a leithdháileadh ar chuspóir beartais 2 agus ar dhá chuspóir beartais eile, ar a mhéid, a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.

Le clár Interreg A ar feadh teorainneacha talún inmheánacha, déanfar 60 % ar a laghad de thacaíocht CFRE arna leithdháileadh a leithdháileadh ar chuspóirí beartais 2 agus 4 agus ar dhá chuspóir beartais eile, ar a mhéid, a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.

2. Féadfar suas le 20 % de ranníocaíocht CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais ar gach clár Interreg A, B agus D a leithdháileadh ar an gcuspóir Interreg-shonrach “rialachas comhair níos fearr” agus féadfar suas le 5 % a leithdháileadh ar an gcuspóir Interreg-shonrach “Eoraip níos sábháilte agus níos sláine”.

3. I gcás ina bhfuil clár B Interreg ag tacú le straitéis mhacraireigiúnach nó le straitéis imchuach farraige, déanfar 80 % ar a laghad de ranníocaíocht CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, cuid d'ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais a leithdháileadh faoi thosaíochtaí seachas cúnaimh teicniúil a rannchuidiú le cuspóirí na straitéise.

4. Féadfar na cuspóirí beartais ar fad a leagtar amach in Airteagal 54(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus an cuspóir Interreg-shonrach “rialachas comhair níos fearr” a roghnú le haghaidh chlár Interreg Europe agus URBACT. I gcás chlár INTERACT agus ESPON, déanfar ranníocaíocht iomlán CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais a leithdháileadh ar an gcuspóir Interreg-shonrach “rialachas comhair níos fearr”.

CAIBIDIL III

CLÁRSCEIDEALÚ

ROINN I

Clár Interreg a ullmhú, a fhorghnó agus a leasú

Airteagal 16

Clár Interreg a ullmhú agus a thíolacadh

1. Déanfar sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh (Interreg) a chur chun feidhme trí chlár Interreg faoi bhainistíocht roinnte cé is moite de chlár Interreg D, a fhéadfar a chur chun feidhme ina iomláine nó go páirteach faoi bhainistíocht indéach i gcomhaontú leis an mBallstát nó leis na Ballstáit lena mbaineann tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí.

2. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta nó na tíortha nó críocha thar lear atá rannpháirteach, nó eagraíochtaí um lánpháirtíú agus comhar réigiúnach clár Interreg a ullmhú i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.

3. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha clár Interreg a ullmhú i gcomhar leis na comhpháirtithe clár dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán 2021/1060. Le linn ullmhú chlár Interreg B, lena gcumhdaítear straitéisí macraireigiúnacha nó straitéisí imchuach farraige, cuirfidh na Ballstáit agus na comhpháirtithe clár na tosaíochtaí téamacha san áireamh sna straitéisí macraireigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige lena mbaineann agus rachaidh siad i gcomhairle leis na gníomhaithe ábhartha, agus áiritheoidh siad go dtabharfar na gníomhaithe sin ar leibhéal an mhacraireigiúin agus an imchuach farraige le chéile i dtús na clárthréimhse i gcomhréir leis an Airteagal sin.

Tabharfaidh na tríú tíortha nó na tíortha comhpháirtíochta nó, i gcás inarb infheidhme, na tíortha nó críocha thar lear atá rannpháirteach deis rannpháirtíochta do na comhpháirtithe clár, lena n-áirítear eagraíochtaí um lánpháirtíú agus comhar réigiúnach, atá coibhéiseach leo sin dá dtagraítear san Airteagal sin.

4. An Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta ionchasach, déanfaidh sé clár Interreg a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 2 Aibreán 2022 thar ceann na mBallstát rannpháirteach uile agus, i gcás inarb infheidhme, thar ceann na dtíortha, na dtíortha comhpháirteacha nó na dtíortha nó na gríoch thar lear atá rannpháirteach, nó na n-eagraíochtaí um lánpháirtíú agus comhar réigiúnach.

Mar sin féin, i gcás ina gcumhdaíonn clár Interreg tacaíocht ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais, déanfaidh an Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta ionchasach an clár Interreg a chur faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis don Choimisiún na doiciméid straitéise ilbhliantúla a ghlacadh dá bhforáiltear in Airteagal 10(1) nó i gcomhréir leis an mbunghníomh reachtach comhfhreagrach a bhaineann leis an ionstraim maoinithe sheachtraigh sin de chuid an Aontais.

5. Na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta nó na tíortha nó na críocha thar lear atá rannpháirteach, daingneoidh siad i scríbhinn go gcomhaontaíonn siad le hinneachar clár Interreg sula gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin é. Áireofar sa chomhaontú sin freisin gealltanais ó na Ballstáit rannpháirteacha uile agus, i gcás inarb infheidhme, ó na tríú tíortha, ó na tíortha comhpháirtíochta nó ó na tíortha nó na críocha thar lear uile atá rannpháirteach go soláthróidh siad an cómhaoiniú is gá chun an clár Interreg a chur chun feidhme agus, i gcás inarb infheidhme, an gealltanais le haghaidh ranníocaíocht na dtíortha, na dtíortha comhpháirtíochta nó na dtíortha nó na gríoch thar lear.

De mhaolú ar an gcéad fhómhír, i gcás cláir Interreg lena mbaineann na réigiúin is forimeallaí agus tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta nó tíortha nó críocha thar lear, rachaidh na Ballstáit lena mbaineann i gcomhairle leis na tríú tíortha, leis na tíortha comhpháirtíochta nó leis na tíortha nó na críocha thar lear lena mbaineann sula gcuirfidh siad na cláir Interreg faoi bhráid an Choimisiúin. Sa chás sin, féadfar na comhaontuithe maidir le hinneachar na glár Interreg agus an ranníocaíocht airgeadais fhéideartha ó na tríú tíortha, ó na tíortha comhpháirtíochta nó ó na tíortha nó na críocha thar lear a chur in iúl, ina ionad sin, sna miontuairiscí, arna bhformheas go foirmiúil, ó na cruinnithe comhairliúcháin leis na tríú tíortha, leis na tíortha comhpháirtíochta nó leis na tíortha nó na críocha thar lear lena mbaineann nó ó phléití na n-eagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 62 chun an Iarscríbhinn a leasú chun oiriúnú a dhéanamh d'athruithe a tharlóidh le linn na clárthréimhse i gcás eilimintí neamhriachtanacha di sin.

Airteagal 17

Inneachar na glár Interreg

1. Leagfar amach i ngach clár Interreg straitéis chomhpháirteach le haghaidh rannchuidiú an chláir leis na cuspóirí beartais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus, i gcás inarb ábhartha, leis na cuspóirí Interreg-shonracha a leagtar amach in Airteagal 14(4) agus (5) den Rialachán seo agus le haghaidh a thorthaí a chur in iúl.

2. Is é a bheidh i ngach clár Interreg tosaíochtaí.

Beidh gach tosaíocht ag comhfhreagairt do chuspóir beartais aonair nó, i gcás inarb infheidhme, do chuspóir Interreg-shonrach amháin nó don dá cheann, faoi seach, agus beidh cuspóirí sonracha amháin nó níos mó aici. Féadfaidh níos mó ná tosaíocht amháin comhfhreagairt don bheartas nó don chuspóir Interreg-shonrach céanna.

3. Leagfar amach i ngach clár Interreg:

- (a) limistéar an chláir, lena n-áirítear, nuair is féidir, léarscáil de mar dhoiciméad ar leithligh;
- (b) achoimre ar na príomhdhúshláin chomhpháirteacha, ag cur na nithe seo a leanas san áireamh:
 - (i) éagothromaíochtaí eacnamaíochta, sóisialta agus críochacha, chomh maith le neamhionannais,
 - (ii) riachtanais infheistíochta chomhpháirteacha agus comhlántacht agus sineirgí le cláir chistiúcháin eile agus ionstraimí cistiúcháin eile;
 - (iii) na ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí a fuarthas;
 - (iv) straitéisí macraireigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige i gcás ina bhfuil limistéar an chláir cumhdaithe go hiomlán nó go páirteach ag straitéis amháin nó níos mó;
- (c) údar leis na cuspóirí beartais roghnaithe agus leis na cuspóirí Interreg-shonracha, leis na tosaíochtaí comhfhreagracha, leis na cuspóirí sonracha nó le gníomhaíochtaí faoi na cuspóirí Interreg-shonracha agus leis na foirmeacha tacaíochta, ina dtugtar aghaidh, i gcás inarb iomchuí, ar na naisc easnamhacha sa bhonneagar trasteorann;
- (d) na cuspóirí sonracha nó gníomhaíochtaí faoi na cuspóirí Interreg-shonracha maidir le gach tosaíocht;
- (e) i gcás gach cuspóra shonraigh nó i gcás gach gníomhaíochta faoi chuspóirí Interreg-shonracha:
 - (i) na cineálacha gaolmhara gníomhaíochtaí agus an rannchuidiú a bhfuiltear ag súil leis uathu leis na cuspóirí sonracha sin nó le gníomhaíochtaí faoi na cuspóirí Interreg-shonracha agus, i gcás inarb iomchuí, le straitéisí macraireigiúnacha agus le straitéisí imchuach farraige;
 - (ii) táscairí aschuir agus táscairí toraidh maille leis na clocha míle agus leis na spriocanna a chomhfhreagraíonn dóibh;
 - (iii) na príomh-spriocghrúpaí;
 - (iv) léiriú ar na críocha sonracha a bhfuiltear ag díriú orthu, lena n-áirítear an úsáid atá beartaithe d'infheistíochtaí críochacha comhtháite, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail nó uirlisí críochacha eile;
 - (v) an úsáid atá beartaithe d'ionstraimí airgeadais; agus
 - (vi) miondealú táscach ar na hacmhainní atá clárscidealaithe de réir an chineáil idirghabhála;

- (f) plean maoinithe ina bhfuil na táblaí seo a leanas gan aon deighilt de réir Ballstát, tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach, mura sonraítear a mhálairt ann:
- (i) tábla ina sonrú, de réir bliana, an leithdháileadh airgeadais iomlán do CFRE agus, i gcás inarb ábhartha, do gach ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais don chlárthréimhse ina hiomláine;
 - (ii) tábla ina sonrú, do gach tosaíocht, an leithdháileadh airgeadais iomlán ó CFRE agus, i gcás inarb ábhartha, ó gach ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais de réir tosaíochta agus an cómhaoiniú náisiúnta agus cé acu atá nó nach bhfuil an cómhaoiniú náisiúnta comhdhéanta de chómhaoiniú poiblí agus príobháideach;
- (g) na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun deis rannpháirtíochta a thabhairt do na comhpháirtithe clár ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060 in ullmhú an chláir Interreg, agus ról na gcomhpháirtithe clár sin i gcur chun feidhme an chláir sin agus i bhfaireachán agus meastóireacht a dhéanamh air;
- (h) an cur chuige atá beartaithe maidir le cumarsáid agus infheictheacht don chlár Interreg trí na cuspóirí, na pobail sprice, na bealaí cumarsáide, lena n-áirítear an fhor-rochtain meán sóisialta, i gcás inarb iomchuí, chomh maith le buiséad pleanáilte agus na táscairí ábhartha d'fhaireachán agus do mheastóireacht a shainiú; agus
- (i) léiriú ar thacaíocht do thionscadail ar mhionscála, lena n-áirítear tionscadail bheaga laistigh de chistí le haghaidh tionscadail bheaga.

Nuair a thíolacfaidh Ballstát an clár, áiritheoidh sé go mbeidh liosta d'oibríochtaí atá beartaithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo mar aon le hamchlár ag gabháil leis an gclár chun críoch faisnéise.

4. Maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3 i gcás na dtáblaí dá dtagraítear i bpointe (f) den mhír sin agus ó thaobh na tacaíochta ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais de, leagfar na leithdháiltí airgeadais sin amach mar a leanas:

- (a) maidir le clár Interreg A a fhaigheann tacaíocht ó IPA III agus ICFCI, mar mhéid aonair (CTT IPA III nó "CTT NEXT") ina gcomhcheanglaítear an ranníocaíocht ó Ceannteideal 2 "Comhtháthú agus Luachanna", fo-uasteorainn Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus Ceannteideal 6 "Comharsanacht agus an Domhan";
- (b) maidir le clár Interreg B agus C a fhaigheann tacaíocht ó IPA III, ó ICFCI nó ó OCTP, mar mhéid aonair ("cistí Interreg") ina gcomhcheanglaítear an ranníocaíocht ó Ceannteideal 2 agus Ceannteideal 6 nó scoilte de réir ionstraim mhaoinithe CFRE, IPA III, ICFCI agus OCTP, de bhun rogha na gcomhpháirtithe clár;
- (c) maidir le clár Interreg B a fhaigheann tacaíocht ó OCTP, scoilte in aghaidh na ionstraime maoinithe (CFRE agus OCTP);
- (d) maidir le clár Interreg D a fhaigheann tacaíocht ó ICFCI agus ó OCTP, scoilte in aghaidh na hionstraime maoinithe (CFRE, ICFCI agus OCTP, de réir mar is iomchuí).

5. Maidir le pointe (e)(vi) den chéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo, beidh na cineálacha idirghabhála bunaithe ar ainmíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060.

6. Déanfar na nithe seo a leanas leis an gclár Interreg:

- (a) sainaitheofar údaráis na gclár agus an comhlacht lena ndéanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí;
- (b) leagfar síos an nós imeachta chun an rúnaíocht chomhpháirteach a chur ar bun;
- (c) leagfar amach cionroinnt dliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach agus, i gcás inarb infheidhme, na dtíortha nó dtíortha comhpháirtíochta nó na dtíortha agus na gcríoch thar lear atá rannpháirteach, i gcás ceartuithe airgeadais arna bhforchur ag an údarás bainistíochta nó ag an gCoimisiún.

7. Cuirfidh an Ballstát aon athruithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) nó pointe (b) de mhír 6 nach bhfuil leasú ar chlár de dhíth orthu in iúl don Choimisiún.

8. Maidir le clár Interreg A, B nó D, i gcás ina gcumhdaítear le clár Interreg A teorainneacha fada lena ngabhann dúshláin agus riachtanais ilchineálacha, féadfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg réimsí fochláir a shainiú.

9. De mhaolú ar mhír 3, déanfar inneachar na gclár Interreg C a oiriúnú do chineál sonracha na gclár Interreg sin, go háirithe mar a leanas:

- (a) ní gá an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3;
- (b) tabharfar an fhaisnéis is gá de bhun phointí (b) agus (g) de mhír 3 mar imlíne ghairid;
- (c) i gcás gach cuspóra shonraigh, tabharfar an fhaisnéis seo a leanas:
 - (i) maidir le cláir INTERACT agus ESPON, an sainmhíniú ar thairbhí aonair nó liosta teoranta de thairbhí agus an nós imeachta deonúcháin;
 - (ii) na cineálacha gaolmhara gníomhaíochtaí agus an rannchuidiú a bhfuiltear ag súil leis uathu leis na cuspóirí sonracha;
 - (iii) táscairí aschuir agus táscairí toraidh maille leis na clocha míle agus leis na spriocanna a chomhfhreagraíonn dóibh;
 - (iv) na príomh-spriocghrúpaí; agus
 - (v) miondealú tásach ar na hacmhainní atá clársceidealaithe de réir an chineáil idirghabhála.

Airteagal 18

Formheas na gclár Interreg

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar gach clár Interreg agus ar chomhlíonadh Rialacháin (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1058 agus an Rialacháin seo ag gach clár díobh sin agus, i gcás tacaíocht ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, ar chomhréireacht an chláir leis na doiciméid straitéise ilbhliantúla de bhun Airteagal 10(1) den Rialachán seo nó leis an gcreat clársceidealaithe straitéisigh ábhartha de bhun an bhunghnímh reachtaigh chomhfhreagraigh de chuid ceann amháin nó níos mó de na hionstraimí sin.
2. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt laistigh de 3 mhí ón dáta a thíolacfaidh an Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta ionchasach an clár Interreg.
3. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha nó na tíortha comhpháirtíochta nó na tíortha nó na críocha thar lear atá rannpháirteach athbhreithniú ar an gclár Interreg agus barúlacha arna dtabhairt ag an gCoimisiún á gcur san áireamh.
4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme lena bhformheasfar gach clár Interreg tráth nach déanaí ná 5 mhí tar éis an dáta ar thíolaic an Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta ionchasach an clár sin den chéad uair.
5. Maidir le cláir Interreg trasteorann sheachtracha, glacfaidh an Coimisiún a chinntí i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo tar éis dul i gcomhairle le “Coiste IPA III” i gcomhréir leis an bhforáil ábhartha de Rialachán IPA III agus leis an “gcoiste don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta” i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (AE) 2021/947.

Airteagal 19

Cláir Interreg a leasú

1. Tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste faireacháin agus formheas a fháil uaidh agus i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh an t-údarás bainistíochta iarraidh chuí-réasúnaithe ar leasú ar chlár Interreg a thíolacadh maille leis an gclár leasaithe, agus an tionchar measta a bheidh ag an leasú sin ar bhaint amach na guspóirí á leagan amach.
2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh an leasaithe cuí-réasúnaithe le Rialacháin (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1058 agus leis an Rialachán seo agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt laistigh de 2 mhí ó tíolacadh an clár leasaithe.
3. Déanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta nó na tíortha nó na críocha thar lear atá rannpháirteach athbhreithniú ar an gclár leasaithe agus cuirfidh siad na barúlacha arna dtabhairt ag an gCoimisiún san áireamh.

4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh tarmiligthe lena bhformheastar an leasú ar chlár Interreg tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis don údarás bainistíochta é a thíolacadh.

5. Tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste faireacháin agus formheas a fháil uaidh agus i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh an t-údarás bainistíochta méid suas le 10 % den leithdháileadh tosaigh ar thosaíocht, gan dul thar 5 % de bhuiséad an chláir, a aistriú le linn na clárthréimhse chuig tosaíocht eile de chuid an chláir Interreg chéanna.

Ní dhéanfaidh aistrithe den sórt sin difear do bhlianta roimhe sin.

Ní mheasfar gur athruithe substaintiúla iad an t-aistriú agus na hathruithe gaolmhara agus ní bheidh gá le cinneadh ón gCoimisiún lena leasaítear an clár Interreg. Mar sin féin, comhlíonfar na ceanglais rialála uile leo. Cuirfidh an t-údarás bainistíochta an tábla athbheithnithe dá dtagraítear i bpointe (f)(ii) d'Airteagal 17(3) faoi bhráid an Choimisiúin mar aon le haon athruithe gaolmhara ar an gclár.

6. I gcomhair ceartuithe de chineál cléireachais nó eagarthóireachta amháin nach ndéanann difear do chur chun feidhme an chláir Interreg, ní bheidh gá le formheas a fháil ón gCoimisiún. Cuirfidh an t-údarás bainistíochta an Coimisiún ar an eolas faoi cheartuithe den sórt sin.

ROINN II

Forbairt chríochach

Airteagal 20

Infheistíocht chríochach chomhtháite

I dtaca le clár Interreg, maidir leis na húdaráis nó na comhlachtaí ábhartha críochacha atá freagrach as straitéisí forbartha críocháil nó áitiúla a tharraingt suas mar a liostaítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/1060 nó atá bainteach le roghnú na n-oibríochtaí atá le tacaíocht a fháil faoi na straitéisí sin dá dtagraítear in Airteagal 29(5) den Rialachán sin, nó astu sin araon, déanfaidh siad ionadaíocht do dhá thír rannpháirteacha ar a laghad, ar Ballstát é ceann amháin díobh ar a laghad.

I gcás ina ndéanann comhlacht dlíthiúil trasteorann nó GECC infheistíocht chríochach chomhtháite a chur chun feidhme de bhun Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2021/1060 nó uirlis chríochach eile a chur chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 28 den Rialachán sin, féadfaidh sé a bheith ina thairbhí aonair freisin de bhun Airteagal 23(6) den Rialachán seo, ar choinníoll go mbeidh deighilt feidhmeanna ann laistigh den chomhlacht dlíthiúil trasteorann nó den GECC.

Airteagal 21

Forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

Maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail de bhun phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfar í a chur chun feidhme i gclár Interreg, ar choinníoll go mbeidh na grúpaí gníomhaíochta áitiúla ábhartha comhdhéanta d'ionadaithe de leasanna socheacnamaíochta áitiúla poiblí agus príobháideacha, nach rialaíonn aon ghrúpa sainleasa aonair an chinnteoireacht iontu, agus de dhá thír rannpháirteacha ar a laghad, ar Ballstát é ceann amháin díobh ar a laghad.

ROINN III

Oibríochtaí agus cistí le haghaidh tionscadail bheaga

Airteagal 22

Oibríochtaí Interreg a roghnú

1. Roghnóidh coiste faireacháin arna chur ar bun i gcomhréir le hAirteagal 28 oibríochtaí Interreg i gcomhréir le straitéis agus cuspóirí an chláir.

Féadfaidh an coiste faireacháin sin coiste stiúrtha amháin a chur ar bun, nó go háirithe i gcás fochlár, féadfaidh sé níos mó ná coiste stiúrtha amháin a chur ar bun, a fheidhmeoidh faoina chúram chun oibríochtaí a roghnú. Cuirfidh coistí stiúrtha prionsabal na comhpháirtíochta i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Nuair atá oibríocht á cur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach lasmuigh de limistéar an chláir laistigh nó lasmuigh den Aontas, beidh gá le formheas sainráite an údaráis bainistíochta sa choiste faireacháin nó, i gcás inarb infheidhme, sa choiste stiúrtha chun an oibríocht sin a roghnú.

I gcás ina mbíonn comhpháirtí amháin nó roinnt comhpháirtithe páirteach san oibríocht, ar comhpháirtithe iad atá lonnaithe ar chríoch Ballstáit, tríú tír, tíre comhpháirtíochta nó tíre nó críche thar lear nach bhfuil ionadaíocht á déanamh air nó uirthi sa choiste faireacháin, beidh formheas sainráite an údaráis bainistíochta faoi réir formheas i scríbhinn a bheith faighte ón mBallstát, tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear sin lena mbaineann ina ndearbhófar go n-aisíocfar aon airgead a d'íocfaí go míchuí leis na comhpháirtithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 52(2).

Nuair nach féidir an formheas i scríbhinn dá dtagraítear sa cheathrú fómhír den mhír seo a fháil, déanfaidh an comhlacht a chuireann chun feidhme oibríocht iomlán nó cuid d'oibríocht lasmuigh de limistéar an chláir ráthaíocht a fháil ó bhanc nó ó institiúid airgeadais eile do mhéid comhfhreagrach na gcistí Interreg a dheonófar. Cuirfear ráthaíocht den sórt sin isteach sa doiciméad dá bhforáiltear i mír 6.

2. Maidir le hoibríochtaí a roghnú, déanfaidh an coiste faireacháin nó, i gcás inarb infheidhme, an coiste stiúrtha critéir agus nósanna imeachta a leagan síos agus a chur i bhfeidhm a bheidh neamh-idirdhealaitheach trédhearcach, lena n-áirítear inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas agus combhionannas inscne agus lena gcuirfear san áireamh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 191(1) CFAE.

Áirítear leis na critéir agus leis na nósanna imeachta go dtabharfar tosaíocht d'oibríochtaí a roghnófar d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar rannchuidiú an chistithe ón Aontas le gnóthnú chuspóirí an chláir Interreg agus d'fhonn gné chomhair na n-oibríochtaí faoi chláir Interreg a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 23(1) agus (4) den Rialachán seo.

3. Arna iarraidh sin don Choimisiún, tabharfaidh an t-údarás bainistíochta fógra faoi na critéir roghnúcháin don Choimisiún sula gcuirfear faoi bhráid an choiste faireacháin iad den chéad uair nó, i gcás inarb infheidhme, faoi bhráid an choiste stiúrtha. Beidh feidhm ag an méid céanna maidir le haon athruithe a dhéanfar ar na critéir sin ina dhiaidh sin.

4. Agus oibríochtaí á roghnú, déanfaidh an coiste faireacháin nó, i gcás inarb infheidhme, an coiste stiúrtha an méid seo a leanas:

- (a) áiríteoidh sé go bhfuil na hoibríochtaí roghnaithe i gcomhréir leis an gclár Interreg agus go mbeidh siad ina rannchuidiú éifeachtach lena chuspóirí sonracha a bhaint amach;
- (b) áiríteoidh sé nach bhfuil na hoibríochtaí roghnaithe i gcoinbhleacht leis na straitéisí comhfhreagracha arna mbunú de bhun Airteagal 10(1) nó arna mbunú do cheann amháin nó níos mó d'ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais;
- (c) áiríteoidh sé go mbaineann an gaol is fearr idir méid na tacaíochta, na gníomhaíochtaí arna ndéanamh agus baint amach chuspóirí leis na hoibríochtaí roghnaithe;
- (d) fíoróidh sé go bhfuil na hacmhainní agus na sásraí airgeadais is gá ag an tairbhí chun costais oibríochta agus chothabhála a chumhdach i gcás oibríochtaí lena gcuimsítear infheistíocht i mbonneagar nó infheistíocht tháirgiúil, ionas go n-áirítear na n-inbhuanaitheacht airgeadais;
- (e) áiríteoidh sé go bhfuil oibríochtaí roghnaithe a thagann faoi raon feidhme Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾ faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol nó nós imeachta um scagadh, agus gur cuireadh san áireamh measúnú ar réitigh mhálartacha, ar bhonn cheanglais na Treorach sin;
- (f) fíoróidh sé, i gcás inar cuireadh tús leis na hoibríochtaí sular cuireadh iarratas ar chistiú faoi bhráid an údaráis bainistíochta, gur comhlíonadh an dlí is infheidhme;
- (g) áiríteoidh sé go dtagann oibríochtaí roghnaithe faoi raon feidhme an chiste Interreg lena mbaineann agus go bhfuil siad inchurtha i leith cineál idirghabhála;

⁽¹⁹⁾ Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

- (h) áiritheoidh sé nach gcuimsítear le hoibríochtaí gníomhaíochtaí a bhí mar chuid d'oibríocht faoi réir athlonnú de réir bhrí phointe (27) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060 nó a bheadh ina n-aistriú gníomhaíochta táirgiúla de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 65(1) den Rialachán sin;
- (i) áiritheoidh sé nach ndéantar difear díreach d'oibríochtaí roghnaithe de thoradh tuairim réasúnaithe ón gCoimisiún maidir le sárú faoi raon feidhme Airteagal 258 CFAE lena gcuirtear dlíthiúlacht agus rialacht caiteachais nó feidhmíochta oibríochtaí i mbaol; agus
- (j) áiritheoidh sé, i gcás infheistíochtaí i mbonneagar a meastar go mbeidh saolré 5 bliana ar a laghad aige, go ndéantar measúnú ar thionchair ionchais an athraithe aeráide.

5. Formheasfaidh an coiste faireacháin nó, i gcás inarb infheidhme, an coiste stiúrtha an mhodheolaíocht agus na critéir arna n-úsáid chun oibríochtaí Interreg a roghnú, lena n-áirítear aon athruithe orthu, gan dochar do phointe (b) d'Airteagal 33(3) de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail ná d'Airteagal 24 den Rialachán seo.

6. Maidir le gach oibríocht Interreg, tabharfaidh an t-údarás bainistíochta doiciméad don chomhpháirtí cinn nó don chomhpháirtí aonair ina leagfar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht a thabhairt don oibríocht Interreg sin, lena n-áirítear na ceanglais shonracha maidir leis na táirgí nó leis seirbhísí atá le soláthar faoin oibríocht, a phlean maoinithe, an teorainn ama lena chur i gcrích agus, i gcás inarb infheidhme, an modh atá le cur i bhfeidhm chun costais na hoibríochta agus na coinníollacha maidir le híocaíocht na tacaíochta a chinneadh.

Leagfar amach sa doiciméad sin freisin oibleagáidí an chomhpháirtí cinn maidir le gnóthuithe de bhun Airteagal 52. Is é an coiste faireacháin a shaineoidh na hoibleagáidí sin.

Airteagal 23

Comhpháirtíocht laistigh d'oibríochtaí Interreg

1. Maidir le hoibríochtaí arna roghnú faoi chlár Interreg A, B agus D, beidh baint ag comhpháirtithe ó dhá thír rannpháirteacha ar a laghad nó ó dhá cheann ar a laghad de thíortha nó críocha thar lear leo, agus beidh ceann amháin ar a laghad díobh sin ina thairbhí ó Bhallstát.

Maidir le hoibríochtaí arna roghnú faoi chlár Interreg Europe agus URBACT, beidh baint ag comhpháirtithe ó thrí thír rannpháirteacha ar a laghad leo, agus beidh dhá cheann acu ar a laghad ina dtairbhíthe ó Bhallstát.

Maidir le tairbhíthe a fhaigheann tacaíocht ó chistí Interreg agus comhpháirtithe atá rannpháirteach san oibríocht ach nach bhfaigheann aon tacaíocht airgeadais faoi na cistí sin (dá ngairtear "comhpháirtithe" go comhpháirteach), is comhpháirtíocht oibríochta Interreg atá i gceist leo.

2. Féadfar oibríocht Interreg a chur chun feidhme i dtír aonair nó i dtír nó críoch thar lear aonair, ar choinníoll go ndéanfar an tionchar ar limistéar an chláir agus na tairbhí do limistéar an chláir a shainaithint san iarratas oibríochta.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le hoibríochtaí faoin gclár trasteorann PEACE PLUS i gcás ina bhfuil an clár ag feidhmiú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas.

4. Comhoibreoidh comhpháirtithe maidir le hoibríochtaí Interreg a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus maidir le soláthar foirne nó maoiniú, nó an dá cheann díobh, a thabhairt do na hoibríochtaí sin.

Maidir le hoibríochtaí Interreg faoi chlár Interreg D, ní chuirfear de cheangal ar na comhpháirtithe ó na réigiúin is forimeallaí agus ó thríú tíortha, ó thíortha comhpháirtíochta nó ó thíortha nó críocha thar lear comhoibriú ach amháin i gcás dhá cheann de na ceithre ghné a liostaítear sa chéad fhomhír.

5. I gcás ina bhfuil dhá chomhpháirtí nó níos mó i gceist, ainmneoidh na comhpháirtithe uile duine díobh ina chomhpháirtí cinn.

6. Féadfaidh comhlacht dlíthiúil trasteorann nó GECC a bheith mar chomhpháirtí aonair d'oibríocht Interreg faoi chlár Interreg A, B agus D, ar choinníoll go dtabharfaidh na comhaltaí de deis rannpháirtíochta do chomhpháirtithe ó dhá thír rannpháirteacha ar a laghad.

Sa chomhlacht dlíthiúil trasteorann nó sa GECC, beidh comhaltaí ó thrí thír rannpháirteacha ar a laghad faoi na cláir Interreg Europe agus URBACT.

Comhlacht dlíthiúil a dhéanann ionstraim airgeadais, ciste de chistí sealbhaíochta nó ciste le haghaidh tionscadail bheaga, de réir mar is infheidhme, a chur chun feidhme, féadfaidh sé a bheith ina chomhpháirtí aonair d'oibríocht Interreg d'uireasa na ceanglais maidir lena chomhdhéanamh a leagtar amach sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm.

7. Beidh comhpháirtí aonair cláraithe i mBallstát atá rannpháirteach sa chlár Interreg.

Airteagal 24

Tacaíocht do thionscadail a bhfuil méid teoranta airgeadais iontu

1. Le clár Interreg A, B agus D, tacófar le tionscadail a bhfuil méid teoranta airgeadais iontu, ar cheann de na bealaí seo:
 - (a) go díreach laistigh de gach clár; nó
 - (b) laistigh de chiste amháin nó níos mó le haghaidh tionscadail bheaga.
2. I gcás nach bhfuil clár Interreg B nó D in ann an oibleagáid a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh, leagfar amach sa doiciméad clár na cúiseanna i dtaobh cén fáth nach féidir an oibleagáid a chomhlíonadh, i gcomhréir le pointe 6 den teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 25

Cistí le haghaidh tionscadail bheaga

1. Ní rachaidh an ranniocaíocht iomlán ó CFRE nó, i gcás inarb infheidhme, ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais le cistí le haghaidh tionscadail bheaga laistigh de chlár Interreg thar 20 % de leithdháileadh iomlán an chláir Interreg.

Gheobhaidh na faighteoirí deiridh laistigh de chiste le haghaidh tionscadail bheaga tacaíocht ó CFRE nó, i gcás inarb infheidhme, ionstraim maoinithe sheachtraigh an Aontais tríd an tairbhí agus cuirfidh siad na tionscadail bheaga chun feidhme laistigh den chiste sin le haghaidh tionscadail bheaga ("tionscadal beag").

2. Is é atá sa chiste le haghaidh tionscadail bheaga oibríocht de réir bhrí pointe (4) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060, a ndéanfaidh tairbhí í a bhainistiú, agus a chúraimí agus a luach saothair á gcur san áireamh.

Is é a bheidh i gceist le tairbhí ná comhlacht dlíthiúil trasteorann nó GECC nó comhlacht a mbeidh pearsantacht dhlítheanach aige.

Roghnóidh an tairbhí na tionscadail bheaga a chuirfidh na faighteoirí deiridh chun feidhme de réir bhrí pointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060. I gcás nach comhlacht dlíthiúil trasteorann ná GECC é an tairbhí, roghnóidh comhlacht a bhfuil ionadaithe ó dhá thír rannpháirteacha ar a laghad páirteach ann, agus ar Ballstát é ceann amháin díobh ar a laghad, na tionscadail bheaga chomhpháirteacha.

3. Sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht a thabhairt do chiste le haghaidh tionscadail bheaga, déanfar, i dteannta na n-eilimintí a leagtar síos in Airteagal 22(6), na heilimintí is gá a leagan amach chun a áirithiú i gcás an tairbhí:

- (a) go mbunóidh sé nós imeachta roghnúcháin neamh-idirdhealaitheach trédhearcach;
- (b) go gcuirfidh sé critéir oibiachtúla i bhfeidhm maidir le tionscadail bheaga a roghnú, lena seachnaítear coinbhleachtaí leasa;
- (c) go ndéanfaidh sé measúnú ar iarratais ar thacaíocht;
- (d) go roghnóidh sé tionscadail agus go socróidh sé méid na tacaíochta le haghaidh gach tionscadail bhig;
- (e) go mbeidh sé freagrach as cur chun feidhme na hoibríochta agus go gcoimeádfaidh sé ar a leibhéal gach doiciméad tacaíochta is gá don rian iniúchóireachta i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII de Rialachán (AE) 2021/1060; agus
- (f) go gcuirfidh sé liosta na bhfaighteoirí deiridh a bhaineann tairbhe as an oibríocht ar fáil don phobal.

Áiritheoidh an tairbhí go gcomhlíonfaidh na faighteoirí deiridh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 36.

4. Ní hionann roghnú tionscadal beag agus tarmligean cúraimí ón údarás bainistíochta chuig comhlacht idirmheánach dá dtagraítear in Airteagal 71(3) de Rialachán (AE) 2021/1060.

5. Costais foirne agus costais eile a chomhfhreagraíonn do na catagóirí costais in Airteagail 39 go 43 arna nginiúint ar leibhéal an tairbhí chun an ciste nó na cistí le haghaidh tionscadail bheaga a bhainistiú, ní rachaidh siad thar 20 % de chostas incháilithe iomlán an chiste nó na gcistí le haghaidh tionscadail bheaga, faoi seach.

6. I gcás nach dtéann an ranníocaíocht phoiblí le tionscadal beag thar EUR 100 000, beidh an ranníocaíocht ó CFRE nó, i gcás inarb infheidhme, ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais i bhfoirm costais aonaid nó cnapshuimeanna nó maoiniú ar ráta comhréidh, cé is moite de thionscadail inarb ionann an tacaíocht agus Státchabhair.

I gcás nach dtéann costais iomlána gach tionscadail thar EUR 100 000, féadfar méid na tacaíochta le haghaidh tionscadal beag amháin nó níos mó a leagan amach ar bhonn dréachtbhuiséid a shocrófar ar bhonn cás ar chás agus a gcomhaontóidh an tairbhí atá ag bainistiú an chiste le haghaidh tionscadail bheaga é ar bhonn *ex ante*.

I gcás ina n-úsáidtear maoiniú ar ráta comhréidh, féadfar na catagóirí costais a gcuirtear an ráta comhréidh i bhfeidhm maidir leo a aisíoc i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.

Airteagal 26

Cúraimí an chomhpháirtí cinn

1. Déanfaidh an comhpháirtí cinn an méid seo a leanas:

- na socruithe leis na comhpháirtithe eile a leagan síos i gcomhaontú ina bhfuil forálacha lena ráthaítear, *inter alia*, bainistíocht fhónta airgeadais na gcistí faoi seach ón Aontas arna leithdháileadh ar an oibríocht Interreg, lena n-áirítear na socruithe chun méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú;
- freagracht a ghlacadh as cur chun feidhme na hoibríochta Interreg iomláine a áirithiú; agus
- a áirithiú go bhfuil caiteachas arna thíolacadh ag na comhpháirtithe uile íoctha i gcur chun feidhme na hoibríochta Interreg agus go gcomhfhreagraíonn sé do na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh idir na comhpháirtithe uile, agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an doiciméad arna sholáthar ag an údarás bainistíochta de bhun Airteagal 22(6).

2. Mura sonraítear a mhalairt sna socruithe a leagtar síos de bhun phointe (a) de mhír 1, áiritheoidh an comhpháirtí cinn go bhfaighidh na comhpháirtithe eile méid iomlán na ranníocaíochta ón gciste ábhartha de chuid an Aontais ina iomláine agus laistigh de thréimhse ama a chomhaontóidh gach comhpháirtí agus tríd an nós imeachta céanna a cuireadh i bhfeidhm i leith an chomhpháirtí cinn. Ní dhéanfar aon mhéid a asbhaint ná a choinneáil siar agus ní thobheofar muirear sonracha ná muirear eile comhéifeachta a laghdódh an méid sin do na comhpháirtithe eile.

3. Aon chomhpháirtí i mBallstát, i dtríú tír, i dtír chomhpháirtíochta nó i dtír nó críoch thar lear atá rannpháirteach in oibríocht Interreg, féadfar é a ainmniú ina chomhpháirtí cinn.

ROINN IV

Cúnamh teicniúil

Airteagal 27

Cúnamh teicniúil

1. I dtaca le líon na gcistí a leithdháilfear mar chúnamh teicniúil, déanfar é a shainaithint mar chuid den leithdháileadh a ghabhann le gach tosaíocht de chuid an chlár i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 17(3) agus ní bheidh sé i bhfoirm tosaíocht ar leithligh nó clár sonracha.

2. Déanfar cúnamh teicniúil le gach clár Interreg a aisíoc mar ráta comhréidh trí na céatadain a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas incháilithe a chuirtear san áireamh i ngach iarratas ar íocaíocht de bhun phointe (a) nó (c) d'Airteagal 91(3) de Rialachán (AE) 2021/1060 de réir mar is iomchuí.

3. Is mar a leanas a bheidh an céatadán de ranníocaíocht CFRE agus d'ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais a aisíocar le haghaidh cúnamh teicniúil:
- (a) maidir le cláir um chomhar trasteorann inmheánach a fhaigheann tacaíocht ó CFRE: 7 %;
 - (b) maidir le cláir um chomhar trasteorann seachtrach a fhaigheann tacaíocht ó CTT IPA III nó CTT-ICFCI, maidir le cláir de chuid shraith B ina bhfuil an tacaíocht ó CFRE 50 % nó níos lú agus maidir le cláir de chuid shraith D, i gcás ranníocaíocht CFRE agus i gcás ceann amháin nó níos mó d'ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais: 10 %; agus
 - (c) maidir le cláir de chuid shraith B ina bhfuil an tacaíocht ó CFRE níos mó ná 50 % agus maidir le cláir de chuid shraith C, i gcás ranníocaíocht CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, i gcás ceann amháin nó níos mó d'ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais: 8 %.
4. Maidir le cláir Interreg arb ionann a leithdháileadh iomlán CFRE agus idir EUR 30 000 000 agus EUR 50 000 000, déanfar an méid a thagann de thoradh an chéatadán le haghaidh cúnamh teicniúil a mhéadú faoi mhéid breise EUR 500 000. Cuirfidh an Coimisiún an méid sin leis an gcéad íocaíocht eatramhach.
5. Maidir le cláir Interreg ar lú ná EUR 30 000 000 a leithdháileadh iomlán CFRE, déanfar an méid is gá le haghaidh cúnamh teicniúil arna shloinneadh in EUR agus an céatadán a thagann dá bharr a shocrú sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár Interreg lena mbaineann de bhun Airteagal 18.

CAIBIDIL IV

FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT AGUS CUMARSÁID

ROINN I

Faireachán

Airteagal 28

Coiste faireacháin

1. Déanfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta agus na tíortha agus na críocha thar lear atá rannpháirteach sa chlár sin coiste a chur ar bun, i gcomhaontú leis an údarás bainistíochta, chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir Interreg ábhartha (“coiste faireacháin”) laistigh de 3 mhí ón dáta a dtugtar fógra do na Ballstáit faoin gcinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar clár Interreg de bhun Airteagal 18.
2. Déanfaidh gach coiste faireacháin a rialacha nós imeachta a ghlacadh.

Le rialacha nós imeachta an choiste faireacháin agus, i gcás inarb infheidhme, rialacha nós imeachta an choiste stiúrtha, cuirfear cosc ar aon choinbhleacht leasa agus oibríochtaí Interreg á roghnú agus áireofar iontu forálacha maidir le cearta vótála agus rialacha maidir le freastal ar na cruinnithe.
3. Tiocfaidh an coiste faireacháin le chéile uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana agus déanfaidh sé athbhreithniú ar na saincheisteanna uile a dhéanann dífead do dhul chun cinn an chláir maidir lena chuspóirí a bhaint amach.
4. Foilseoidh an t-údarás bainistíochta rialacha nós imeachta an choiste faireacháin agus achoimre ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis aron, lena n-áirítear cinntí, arna bhformheas ag an gcoiste faireacháin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

Airteagal 29

Comhdhéanamh an choiste faireacháin

1. Maidir le comhdhéanamh an choiste faireacháin a bhaineann le gach clár Interreg, comhaontóidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta agus na tíortha agus na críocha thar lear atá rannpháirteach sa chlár sin é agus áiritheoidh siad ionadaíocht chothrom den mhéid seo a leanas:
 - (a) na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear comhlachtaí idirmheánacha;
 - (b) comhlachtaí a cuireadh ar bun go comhpháirteach i limistéar iomlán an chláir nó a chumhdaíonn cuid de, lena n-áirítear GECCanna; agus

(c) ionadaithe na gcomhpháirtithe clár dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó na Ballstáit, ó thríú tíortha, ó thíortha comhpháirtíochta agus ó thíortha agus críocha thar lear.

Cuirfeadh san áireamh i gcomhdhéanamh an choiste faireacháin líon na mBallstát, na dtíortha, na dtíortha comhpháirtíochta agus na dtíortha agus na gcríoch thar lear atá rannpháirteach sa chlár Interreg lena mbaineann.

2. Foilseoidh an t-údarás bainistíochta liosta de chomhaltaí an choiste faireacháin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

3. Beidh ionadaithe ón gCoimisiún rannpháirteach in obair an choiste faireacháin i gcáil chomhairleach.

Airteagal 30

Feidhmeanna an choiste faireacháin

1. Déanfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas a scrúdú:

- (a) an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an chlár agus i dtaca le baint amach chlocha míle agus spriocanna an chlár Interreg;
- (b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht an chlár Interreg agus na bearta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;
- (c) maidir le hionstraimí airgeadais, eilimintí an mheasúnaithe *ex ante* a liostaítear in Airteagal 58(3) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus an doiciméad straitéise dá dtagraítear in Airteagal 59(1) den Rialachán sin;
- (d) an dul chun cinn i dtaca le déanamh meastóireachtaí, sintéisí meastóireachtaí agus aon bhearta leantacha mar gheall ar na torthaí;
- (e) cur chun feidhme gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta;
- (f) an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme oibríochtaí Interreg a mbaineann tábhacht straitéiseach leo agus, i gcás inarb infheidhme, mórthionscadal bonneagair; agus
- (g) an dul chun cinn i dtaca le fothú acmhainneachta riaracháin i gcás institiúidí poiblí agus tairbhíthe, i gcás inarb ábhartha.

2. De bhreis ar chúraimí an choiste faireacháin maidir le hoibríochtaí a roghnú a liostaítear in Airteagal 22, formheasfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáidtear chun oibríochtaí a roghnú, lena n-áirítear aon athruithe orthu, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, i gcás ina n-iarrfar amhlaidh, de bhun Airteagal 22(3) den Rialachán sin, gan dochar do phointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 33(3) de Rialachán (AE) 2021/1060;
- (b) an plean meastóireachta agus aon leasú air;
- (c) aon togra ón údarás bainistíochta chun an clár Interreg a leasú lena n-áirítear le haghaidh aistriú i gcomhréir le hAirteagal 19(5); agus
- (d) an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht.

Airteagal 31

Athbhreithniú

1. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a eagrú chun feidhmíocht clár Interreg a scrúdú.

Féadfar an t-athbhreithniú a dhéanamh i scríbhinn.

2. Arna iarraidh sin don Choimisiún, soláthróidh an t-údarás bainistíochta, laistigh de mhí amháin, an fhaisnéis ghonta don Choimisiún maidir leis na heilimintí a liostaítear in Airteagal 30(1). Beidh an fhaisnéis sin bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil do na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirteacha agus na tíortha agus na críocha thar lear.

3. Déanfar toradh an athbheithnithe a thairfeadh i miontuairiscí comhaontaithe.
4. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta bearta leantacha maidir leis na saincheisteanna arna dtarraingt anuas ag an gCoimisiún agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas, laistigh de 3 mhí ó dháta an athbheithnithe, faoi na bearta arna ndéanamh.

Airteagal 32

Tarchur sonraí

1. Déanfaidh gach údarás bainistíochta sonraí carnacha maidir leis an gclár Interreg ábhartha a tharchur go leictreonach chuig an gCoimisiún gach bliain faoin 31 Eanáir, faoin 30 Aibreán, faoin 31 Iúil, agus faoin 30 Deireadh Fómhair i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060, cé is moite den fhaisnéis nach mór a thabhairt i bpointe (b) de mhír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo, ar faisnéis í a tharchuirfeadh faoin 31 Eanáir agus faoin 31 Iúil gach bliain.

Beidh an chéad tarchur le déanamh faoin 31 Eanáir 2022 agus beidh an ceann deireanach le déanamh faoin 31 Eanáir 2030.

2. Déanfar na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a mhiondealú i gcás gach tosaíochta de réir cuspóir sonracha agus déanfar tagairt iontu don mhéid seo a leanas:

- (a) an líon oibríochtaí a roghnaíodh, a gcostas incháilithe iomlán, an ranníocaíocht ón gciste Interreg ábhartha agus an caiteachas incháilithe iomlán dearbhaithe ag na comhpháirtithe cinn don údarás bainistíochta, agus é sin ar fad miondealaithe de réir an chineáil idirghabhála;
- (b) luachanna na dtáscairí aschuir agus toraidh i gcás oibríochtaí Interreg roghnaithe agus na luachanna arna mbaint amach ag na hoibríochtaí Interreg atá tugtha chun críche.

3. I gcás ionstraimí airgeadais, soláthrófar sonraí faoin méid seo a leanas freisin:

- (a) an caiteachas incháilithe de réir cineál táirge airgeadais;
- (b) méid na gcostas bainistíochta agus na dtáillí arna ndearbhú mar chaiteachas incháilithe;
- (c) an méid acmhainní príobháideacha agus poiblí arna slógadh le cois na gcistí, de réir cineál táirge airgeadais;
- (d) ús agus gnóthachain eile a ghintear trí thacaíocht ó na cistí Interreg d'ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus acmhainní inchurtha i leith tacaíocht ó na cistí Interreg arna gcur ar ais dá dtagraítear in Airteagal 62 den Rialachán sin;
- (e) luach iomlán na n-iasachtaí, na n-infheistíochtaí cothromais nó na n-infheistíochtaí cuasachothromais a rinneadh i bhfaighteoirí deiridh, a ráthaíodh le hacmhainní de chuid an chláir, agus a íocadh go hiarbhír leis na faighteoirí deiridh.

4. Na sonraí a thíolacfar i gcomhréir leis an Airteagal seo, beidh siad iontaofa agus ina léiriú ar na sonraí atá ar fáil sa chóras leictreonach dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 72(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 ag deireadh na míosa roimh mhí an tíolactha.

5. Foilseoidh an t-údarás bainistíochta na sonraí uile arna dtarchur chuig an gCoimisiún, nó cuirfidh sé nasc chuig na sonraí sin ar fáil, ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

Airteagal 33

Tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht

1. Cuirfidh gach údarás bainistíochta tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht faoin gclár Interreg ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Feabhra 2031.

Tíolacfar an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht ag baint úsáid as an teimpléad a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 43(5) de Rialachán (AE) 2021/1060.

2. Déanfar measúnú sa tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht ar bhaint amach chuspóirí an chláir bunaithe ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 30 cé is moite de phointe (c) de mhír 1, agus pointe (d) de mhír 2, de.

3. Scrúdóidh an Coimisiún an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht agus cuirfidh sé an t-údarás bainistíochta ar an eolas faoi aon bharúlacha atá aige laistigh de 5 mhí ón dáta a bhfuarthas an tuarascáil sin. I gcás ina dtabharfar barúlacha den sórt sin, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an fhaisnéis go léir is gá maidir leis na barúlacha sin a sholáthar agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé, laistigh de 3 mhí ó na barúlacha a fháil, an Coimisiún a chur ar an eolas i dtaobh na mbeart a rinneadh. Laistigh de 2 mhí ó gheobhaidh sé gach faisnéis riachtanach ón údarás bainistíochta, cuirfidh an Coimisiún in iúl don údarás bainistíochta gur glacadh leis an tuarascáil. I gcás nach gcuireann an Coimisiún sin in iúl don údarás bainistíochta laistigh de na spriocdhátaí sin, measfar gur glacadh leis an tuarascáil.

4. Foilseoidh an t-údarás bainistíochta an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

Airteagal 34

Táscairí maidir le cláir Interreg

1. Bainfear úsáid as táscairí coiteanna aschuir agus toraidh, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1058, agus, i gcás inar gá, as táscairí aschuir agus toraidh atá clárshonrach i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, agus le pointe (e)(ii) d'Airteagal 17(3) agus le pointe (b) d'Airteagal 32(2) den Rialachán seo.

2. I gcás inarb ábhartha, bainfear úsáid as táscairí aschuir agus toraidh atá clárshonrach sa bhreis ar na táscairí a roghnaíodh i gcomhréir le mír 1.

Féadfar gach táscaire coiteann aschuir agus toraidh a liostaítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1058 a úsáid freisin le cuspóirí sonracha faoi aon cheann de chuspóirí beartais 1 go 5 nó, i gcás inarb ábhartha, faoi na cuspóirí Interreg-shonracha a leagtar amach in Airteagal 14(4) agus (5) den Rialachán seo.

3. Maidir le táscairí aschuir, socrófar na bonnlínte ag nialas. Clocha míle agus spriocanna carnacha a bheidh sna clocha míle a shocraítear do 2024 agus sna spriocanna a shocraítear do 2029.

ROINN II

Meastóireacht agus cumarsáid

Airteagal 35

Meastóireacht le linn na clárthréimhse

1. Déanfaidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta meastóireachtaí ar na cláir i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas: éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhchuibheas agus breisluach an Aontais, d'fhonn cáilíocht cheapadh agus chur chun feidhme na glár a fheabhsú. Le meastóireachtaí, féadfar critéir ábhartha eile a chumhdach freisin, amhail cuimsitheacht, neamh-idirdhealú agus infheictheacht, agus féadfar níos mó ná clár amháin a chumhdach leo.

2. I dteannta na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 1, déanfar meastóireacht ar gach clár faoin 30 Meitheamh 2029 chun a thionchar a mheas.

3. Fágfar na meastóireachtaí sin faoi chúram saineolaithe inmheánacha nó seachtracha atá neamhspleách ó thaobh feidhme de.

4. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta na nósanna imeachta is gá chun na sonraí is gá le haghaidh meastóireachtaí a tháirgeadh agus a bhailiú.

5. Tarraingeoidh an t-údarás bainistíochta plean meastóireachta suas lena bhféadfar níos mó ná clár Interreg amháin a chumhdach.

6. Cuirfidh an t-údarás bainistíochta an plean meastóireachta faoi bhráid an choiste faireacháin tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an clár Interreg a fhorghnó.

7. Foilseoidh an t-údarás bainistíochta na meastóireachtaí uile ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 36(2).

Airteagal 36

Freagrachtaí údarás bainistíochta agus comhpháirtithe maidir le trédhearcacht agus cumarsáid

1. Déanfaidh gach údarás bainistíochta oifigeach cumarsáide le haghaidh gach clár Interreg a shainithint. Féadfaidh oifigeach cumarsáide a bheith freagrach as níos mó ná clár amháin.
2. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta gurb ann do shuíomh gréasáin, laistigh de 6 mhí ón tráth a formheasadh an clár Interreg de bhun Airteagal 18, ina mbeidh faisnéis faoi gach clár Interreg atá faoina chúram ar fáil, ina gcumhdaítear cuspoirí agus gníomhaíochtaí an chláir, na deiseanna cistiúcháin atá le fáil faoin gclár agus a bhfuil bainte amach leis.
3. Beidh feidhm ag Airteagal 49(2) go (6) de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir le freagrachtaí an údarás bainistíochta.
4. Tabharfaidh gach comhpháirtí in oibríocht Interreg nó gach comhlacht a chuireann ionstraim airgeadais chun feidhme aitheantas do thacaíocht ó chiste Interreg, lena n-áirítear acmhainní arna n-athúsáid le haghaidh ionstraimí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2021/1060, don oibríocht Interreg trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) cur síos gairid a chur ar shuíomh gréasáin oifigiúil an chomhpháirtí nó ar a shuíomhanna meán sóisialta, i gcás inarb ann dá leithéid de shuíomhanna, ar an oibríocht Interreg, i gcomhréir le leibhéal na tacaíochta a sholáthraítear le ciste Interreg, lena n-áirítear a haidhmeanna agus a torthaí, agus béim á cur ar an tacaíocht airgeadais a fuarthas ón gciste Interreg;
 - (b) ráiteas a sholáthar, ina mbeidh béim infheicthe ar an tacaíocht a fuarthas ó chiste Interreg, faoi dhoiciméid agus ábhar cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme na hoibríochta Interreg, agus sin dírithe ar an bpobal nó ar na rannpháirtithe;
 - (c) plaiceanna marthanacha nó clár fógraí mharthanacha a chur ar taispeáint atá infheicthe go soiléir don phobal, ina léirítear suaitheantas an Aontais i gcomhréir leis na sainréithe teicniúla a leagtar síos in Iarscríbhinn IX de Rialachán (AE) 2021/1060, a luaithe a chuirtear tús le cur chun feidhme fisiciúil oibríochta lena mbaineann infheistíocht fhisiciúil nó ceannach trealamh nó nuair a dhéantar trealamh ceannaithe a shuiteáil, maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó chiste Interreg, ar mó costas iomlán na n-oibríochtaí sin ná EUR 100 000;
 - (d) i gcás oibríochtaí Interreg nach gcuimsítear faoi phointe (c), póstaer amháin ar a laghad darb íosmhéid A3 nó a choibhéis de thaispeáint leictreonach a chur ar taispeáint go poiblí, ar a mbeidh faisnéis faoin oibríocht Interreg agus béim ar an tacaíocht a fuarthas ó chiste Interreg, ach amháin i gcás gur duine nádúrtha é an tairbhí;
 - (e) i gcás oibríochtaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo agus oibríochtaí ar mó a gcostas iomlán ná EUR 5 000 000, ócáid chumarsáide a eagrú agus deis rannpháirtíochta a thabhairt don Choimisiún agus don údarás bainistíochta freagrach ar bhealach tráthuil.

Úsáidfean an téarma “Interreg” taobh le suaitheantas an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2021/1060.

5. Maidir le cistí le haghaidh tionscail bheaga agus ionstraimí airgeadais, áiritheoidh an tairbhí, trí bhíthin na dtéarmaí conarthacha, go gcomhlíonfaidh na faighteoirí deiridh na ceanglais chun cumarsáid a dhéanamh go poiblí maidir leis an oibríocht Interreg.

Maidir le hionstraimí airgeadais, tabharfaidh an faighteoir deiridh aitheantas d’fhoinse an chistithe de chuid an Aontais agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe sin, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriodhírthe atá comhleánach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do lucht spéise éagsúil, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

6. I gcás nach gcuireann sé gníomhaíochtaí feabhais ar bun, cuirfidh an t-údarás bainistíochta bearta i bhfeidhm, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh aige, trí suas le 2 % den tacaíocht ó na cistí a chur ar ceal i gcás an mhéid seo a leanas:
 - (a) an tairbhí lena mbaineann nach gcomhlíonann a oibleagáidí a thagann faoi Airteagal 47 de Rialachán (AE) 2021/1060 nó faoi mhíreanna 4 agus 5 den Airteagal seo; nó
 - (b) an faighteoir deiridh lena mbaineann nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 5.

CAIBIDIL V

INCHÁILITHEACTH

*Airteagal 37***Rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais**

1. Féadfar oibríocht Interreg iomlán nó cuid di a chur chun feidhme lasmuigh de Bhallstát, lena n-áirítear lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go rannchuidítear leis an oibríocht Interreg le cuspóirí an chláir Interreg ábhartha.

2. Gan dochar do na rialacha incháilitheachta a leagtar síos in Airteagail 63 go 68 de Rialachán (AE) 2021/1060, in Airteagail 5 agus 7 de Rialachán (AE) 2021/1058 nó sa Chaibidil seo, lena n-áirítear i ngníomhartha arna nglacadh fúthu, ní dhéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta agus na tíortha agus na críocha thar lear atá rannpháirteach, le cinneadh comhpháirteach sa choiste faireacháin, ach rialacha breise maidir le hincháilitheacht chaiteachais a bhunú le haghaidh an chláir Interreg i ndáil le catagóirí caiteachais nach gcumhdaítear leis na forálacha sin. Leis na rialacha breise sin, cumhdófar an clár Interreg ina iomláine.

Mar sin féin, i gcás ina roghnaíonn clár Interreg oibríochtaí bunaithe ar ghlaonna ar thograí, glacfar na rialacha breise sin sula bhfoilseofar na glaonna ar thograí. I ngach cás eile, glacfar na rialacha breise sin sula roghnófar aon oibríochtaí.

3. Maidir le hábhair nach gcumhdaítear leis na rialacha incháilitheachta a leagtar síos in Airteagail 63 go 68 de Rialachán (AE) 2021/1060, in Airteagail 5 agus 7 de Rialachán (AE) 2021/1058 agus sa Chaibidil seo, lena n-áirítear i ngníomhartha arna nglacadh fúthu nó i rialacha arna mbunú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, beidh feidhm ag rialacha náisiúnta an Bhallstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na dtíortha, na dtíortha comhpháirtíochta agus na dtíortha agus na gcríoch thar lear ina dtabhaítear an caiteachas.

4. I gcás ina mbeidh an t-údarás bainistíochta agus an t-údarás iniúchóireachta ar mhalairt tuairime faoi incháilitheacht oibríochta Interreg inti féin arna roghnú faoi chlár Interreg, beidh forlámhas ag tuairim an údaráis bainistíochta, ag tabhairt aird chuí ar thuairim an choiste faireacháin.

5. Ní bheidh tíortha agus críocha thar lear incháilithe le haghaidh tacaíocht ó CFRE faoi chlár Interreg, ach féadfaidh siad a bheith rannpháirteach sna cláir sin faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

*Airteagal 38***Forálacha ginearálta maidir le hincháilitheacht catagóirí costais**

1. Féadfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirteacha agus na tíortha agus na críocha thar lear atá rannpháirteach, a chomhaontú i gcoiste faireacháin cláir Interreg nach mbeidh caiteachas a thagann faoi chatagóirí amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagail 39 go 44 incháilithe faoi thosaíocht amháin nó níos mó atá ag clár Interreg.

2. Beidh baint ag aon chaiteachas atá incháilithe i gcomhréir leis an Rialachán seo leis na costais a bhaineann le hoibríocht nó cuid d'oibríocht a thionscnamh nó a thionscnamh agus a chur chun feidhme.

3. Níl na costais seo a leanas incháilithe:

- (a) fíneálacha, pionóis airgeadais agus caiteachas i ndáil le díospóidí dlí agus dlíthíocht;
- (b) costais bronntanas; nó
- (c) costais a bhaineann le luaineacht an ráta malairte eachtraí.

4. I gcás ina n-úsáidtear an ráta comhréidh dá bhforáiltear in Airteagal 56(1) de Rialachán 2021/1060 chun costais dhíreacha oibríochta nach costais foirne dhíreacha iad a ríomh, ní chuirfear i bhfeidhm é ar chostais foirne dhíreacha arna ríomh ar bhonn ráta comhréidh dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 39(3) den Rialachán seo.

5. De mhaolú ar phointe (c) d'Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfaidh gach tairbhí arb as tíortha nár ghlac an euro mar airgeadra iad an caiteachas arna íoc in airgeadra eile a athrú go euro trí úsáid a bhaint as ráta malairte cuntasaíochta míosúil an Choimisiúin sa mhí ar lena linn a tíolacadh an caiteachas sin lena fhíorú.

Airteagal 39

Costais foirne

1. Is é a bheidh i gceist le costais foirne ollchostais fostaíochta a bhaineann leis an bhfoireann atá fostaithe ag an gcomhpháirtí Interreg i gceann amháin de na slite seo a leanas:

- (a) go lánaimseartha;
- (b) go páirtaimseartha, le céatadán seasta d'am caite ag obair in aghaidh na míosa;
- (c) go páirtaimseartha, le líon solúbtha uaireanta caite ag obair in aghaidh na míosa; nó
- (d) in aghaidh na huaire.

2. Beidh costais foirne teoranta don mhéid seo a leanas:

- (a) íocaíochtaí tuarastail i ndáil leis na gníomhaíochtaí nach ndéanfaidh an t-eintiteas mura ndearnadh an oibríocht lena mbaineann, dá bhforáiltear i ndoiciméad oibre, i bhfoirm conradh fostaíochta nó oibre nó i bhfoirm cinneadh ceapacháin, nó leis an dlí, agus a bhaineann leis na freagrachtaí a shonraítear i sainchuntas poist an chomhalta foirne lena mbaineann;
- (b) aon chostais eile atá nasctha go díreach le híocaíochtaí tuarastail arna dtabhú agus arna n-íoc ag an bhfostaí, amhail cánacha fostaíochta agus slándáil shóisialta lena n-áirítear pinsin a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁰⁾, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas ina leith:
 - (i) déantar foráil maidir leo i ndoiciméad fostaíochta nó leis an dlí;
 - (ii) tá siad i gcomhréir leis an reachtaíocht dá dtagraítear sa doiciméad fostaíochta agus le cleachtais chaighdeánacha sa tír nó san eagraíocht ina bhfuil an ball foirne aonair ag obair go hiarbhír, nó iontu araon; agus
 - (iii) níl siad inghnóthaithe ag an bhfostóir.

Maidir le pointe (a) den chéad fhomhír, féadfaidh íocaíochtaí a dhéantar le daoine nádúrtha a oibríonn don chomhpháirtí Interreg faoi chonradh seachas conradh fostaíochta nó oibre a bheith comhshamhlaithe le híocaíochtaí tuarastail agus measfar gur doiciméad fostaíochta é conradh den sórt sin.

3. Féadfar costais foirne a aisíoc:

- (a) i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, agus an doiciméad fostaíochta agus duillíní pá mar chruthúnas air sin;
- (b) faoi roghanna costais simplithe mar a leagtar amach i bpointí (b) go (f) d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) 2021/1060;
- (c) mar ráta comhréidh dar luach suas le 20 % de na costais dhíreacha seachas costais foirne dhíreacha na hoibríochta sin, gan ceanglas a bheith ar an mBallstát ríomh ar bith a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh; nó
- (d) mar ráta uaire i gcomhréir le hAirteagal 55(2) go (4) de Rialachán (AE) 2021/1060 le haghaidh na gcostas foirne díreach a bhaineann le daoine aonair a oibríonn go lánaimseartha ar an oibríocht nó le haghaidh daoine aonair a oibríonn go páirtaimseartha ar an oibríocht de bhun phointe (b) de mhír 4 den Airteagal seo.

4. Féadfar na costais foirne a bhaineann le daoine aonair a oibríonn go páirtaimseartha ar an oibríocht a ríomh mar cheachtar díobh seo a leanas :

- (a) céatadán seasta den ollchostas fostaíochta i gcomhréir le hAirteagal 55(5) de Rialachán (AE) 2021/1060; nó

⁽²⁰⁾ Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1).

- (b) sciar solúbtha den ollchostas fostaíochta, i gcomhréir le líon uaireanta a athraíonn de réir na míosa a oibrítear ar an oibríocht, bunaithe ar chóras clárúcháin ama lena gcumhdaítear 100 % den am a chaitheann an fostaí ag obair.
5. Maidir le baill foirne a fhostaítear de bhun phointe (d) de mhír 1, déanfar an ráta uaire a iolrú faoi líon na n-uaireanta a d'oibrigh siad go hiarbhír ar an oibríocht bunaithe ar chóras clárúcháin ama.

Airteagal 40

Costais oifige agus riaracháin

1. Beidh costais oifige agus riaracháin teoranta do na heilimintí seo a leanas:
- (a) cíos oifige;
 - (b) árachas agus cánacha a bhaineann leis na foirgnimh ina bhfuil an fhoireann lonnaithe agus le trealamh na hoifige (amhail árachas dóiteáin nó gadaíochta);
 - (c) fónais (amhail leictreachas, teas, uisce);
 - (d) soláthairtí oifige;
 - (e) cuntasaíocht;
 - (f) cartlanna;
 - (g) cothabháil, glanadh agus deisithe;
 - (h) slándáil;
 - (i) córais TF;
 - (j) cumarsáid (amhail teileafón, facs, idirlíon, seirbhísí poist, cártaí gnó);
 - (k) muirir bhainc chun an cuntas nó na cuntais a oscailt agus a riar i gcás inar gá cuntas ar leithligh a oscailt chun oibríocht a chur chun feidhme; agus
 - (l) muirir i leith idirbhearta airgeadais trasnáisiúnta.
2. Féadfar costais oifige agus riaracháin a ríomh mar chéatadán seasta den ollchostas fostaíochta i gcomhréir le pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/1060.

Airteagal 41

Costais taistil agus chóiríochta

1. Beidh costais taistil agus chóiríochta, cibé acu a thabhaítear nó nach dtabhaítear agus a íoctar nó nach n-íoctar na costais sin laistigh de limistéar an chláir nó lasmuigh de, teoranta do na heilimintí costais seo a leanas:
- (a) costais taistil (amhail ticéid, árachas taistil agus gluaiстеáin, breosla, míleáiste gluaiстеáin, dola, agus táillí páirceála);
 - (b) costais béilí;
 - (c) costais chóiríochta;
 - (d) costais víosa; agus
 - (e) liúntais laethúla.
2. Aon eilimint chostais a liostaítear i bpointí (a) go (d) de mhír 1 a chumhdaítear le liúntas laethúil, ní aisíocfar í sa bhreis ar an liúntas laethúil.
3. Tagann costais taistil agus chóiríochta a bhaineann le saineolaithe seachtracha agus soláthraithe seirbhísí seachtracha faoi chostais a bhaineann le saineolas seachtrach agus seirbhísí seachtracha a liostaítear in Airteagal 42.
4. Maidir le híocaíocht dhíreach caiteachais le haghaidh eilimintí costais a liostaítear i bpointí (a) go (d) de mhír 1 a dhéanann fostaí de chuid an tairbhí, beidh cruthúnas aisíocaíochta mar thacaíocht léi ón tairbhí leis an bhfostaí sin.

5. Féadfar costais taistil agus chóiríochta oibríochta a ríomh mar ráta comhréidh dar luach suas le 15 % de chostais foirne dhíreacha na hoibríochta sin, gan ceanglas a bheith ar an mBallstát ríomh a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh.

Airteagal 42

Costais a bhaineann le saineolas seachtrach agus seirbhísí seachtracha

Beidh na costais a bhaineann le saineolas seachtrach agus seirbhísí seachtracha teoranta do na seirbhísí agus don saineolas seo a leanas a sholáthróidh comhlacht poiblí nó príobháideach nó duine nádúrtha, seachas an tairbhí, agus comhpháirtithe uile na hoibríochta:

- (a) staidéir nó suirbhéanna (amhail meastóireachtaí, straitéisí, nótaí coincheapa, pleananna dearaidh, lámhleabhair);
- (b) oiliúint;
- (c) aistriúcháin;
- (d) forbairt, modhnuithe agus nuashonruithe a dhéanamh ar na córais TF agus ar an suíomh gréasáin;
- (e) cur chun cinn, cumarsáid, poiblíocht, ítimí agus gníomhaíochta fógraíochta nó faisnéis a bhaineann le hoibríocht inti féin nó le clár comhair ann féin;
- (f) bainistíocht airgeadais;
- (g) seirbhísí a bhaineann le heagrú agus cur chun feidhme ócáidí nó cruinnithe (lena n-áirítear cíos, lónadóireacht nó ateangaireacht);
- (h) rannpháirteachas in ócáidí (amhail táillí clárúcháin);
- (i) comhairleacht dlí agus seirbhísí nótaire, saineolas teicniúil agus airgeadais, seirbhísí comhairleachta agus cuntasaióchta eile;
- (j) cearta maoine intleachtúla;
- (k) fíoruithe de bhun phointe (a) d'Airteagal 74(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus Airteagal 46(1) den Rialachán seo;
- (l) costais le haghaidh na feidhme cuntasaióchta ar leibhéal na gclár de bhun Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus Airteagal 47 den Rialachán seo;
- (m) costais iniúchóireachta ar leibhéal na gclár de bhun Airteagal 78 agus 81 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus de bhun Airteagal 48 agus 49 den Rialachán seo;
- (n) ráthaíochtaí a bheith á dtabhairt ag banc nó institiúid airgeadais eile i gcás inar gá de réir dhlí an Aontais nó de réir an dlí náisiúnta nó i ndoiciméad clársceidealaithe arna ghlacadh ag an gcoiste faireacháin;
- (o) taisteal agus cóiríocht le haghaidh saineolaithe seachtracha, cainteoirí, cathaoirligh cruinnithe agus soláthraithe seirbhísí; agus
- (p) saineolas agus seirbhísí sonracha eile is gá le haghaidh oibríochtaí.

Airteagal 43

Costais trealamh

1. Na costais a bhaineann le trealamh a cheannaíonn tairbhí na hoibríochta, a ghlacann sé ar cíos nó a thógann sé ar léas seachas na cinn a chumhdaítear le hAirteagal 40, beidh siad teoranta don mhéid seo a leanas:

- (a) trealamh oifige;
- (b) crua-earraí agus bogearraí TF;
- (c) troscán agus feistis;
- (d) trealamh saotharlainne;
- (e) meaisíní agus ionstraimí;
- (f) uirlisí nó feistí;
- (g) feithiclí; agus
- (h) trealamh sonracha eile is gá le haghaidh oibríochtaí.

2. Féadfaidh na costais a bhaineann le trealamh athlámhe a cheannach a bheith incháilithe faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
 - (a) ní bhfuarthas aon chúnamh eile lena aghaidh ó na cistí Interreg ná ó na cistí a liostaítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) 2021/1060;
 - (b) ní sháraíonn a phraghas an praghas a bhfuil glactha go ginearálta leis ar an margadh atá i gceist; agus
 - (c) tá saintréithe teicniúla aige is gá le haghaidh na hoibríochta agus comhlíonann sé na noirm agus na caighdeáin is infheidhme.

Airteagal 44

Costais le haghaidh bonneagair agus oibreacha

Beidh na costais le haghaidh bonneagair agus oibreacha teoranta don mhéid seo a leanas:

- (a) ceannach talún i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2021/1060;
- (b) ceadanna tógála;
- (c) ábhar tógála;
- (d) saothar; agus
- (e) idirghabhálacha speisialaithe (amhail feabhsú ithreach, imréiteach mianach).

CAIBIDIL VI

ÚDARÁIS CLÁR INTERREG, BAINISTÍOCHT, RIALÚ AGUS INIÚCHÓIREACHT

Airteagal 45

Údaráis clár Interreg

1. Déanfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta agus na tíortha agus críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg údarás bainistíochta aonair agus údarás iniúchóireachta aonair a shaináithint, chun críocha Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2021/1060.
2. Beidh an t-údarás bainistíochta agus an t-údarás iniúchóireachta lonnaithe sa Bhallstát céanna.
3. Maidir leis an gclár trasteorann PEACE PLUS, measfar go mbeidh Comhlacht na gClár Speisialta AE, i gcás ina saináithnítear mar an t-údarás bainistíochta é, lonnaithe i mBallstát.
4. Féadfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta agus na tíortha agus críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg GECC a shaináithint mar údarás bainistíochta an chláir sin.
5. I gcás ina saináithníonn an t-údarás bainistíochta comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó faoi chlár Interreg i gcomhréir le hAirteagal 71(3) de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfaidh an comhlacht idirmheánach na cúraimí sin i mbreis agus Ballstát rannpháirteach amháin nó, i gcás inarb infheidhme, i mbreis agus tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear amháin atá rannpháirteach. Gan dochar d'Airteagal 22 den Rialachán seo, ní fhéadfaidh comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó na cúraimí sin a dhéanamh ach i mBallstát rannpháirteach amháin nó, i gcás inarb infheidhme, i dtríú tír, i dtír chomhpháirtíochta nó i dtír nó críoch thar lear atá rannpháirteach i gcás gur bunaithe ar struchtúir arb ann dóibh cheana a bhíonn an cur chuige sin.

Airteagal 46

Feidhmeanna an údaráis bainistíochta

1. Comhlíonfaidh an t-údarás bainistíochta ar chlár Interreg na feidhmeanna a leagtar síos in Airteagail 72, 74 agus 75 de Rialachán (AE) 2021/1060, cé is moite den chúram a bhaineann le roghnú oibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 72(1) agus in Airteagal 73 den Rialachán sin agus, i gcás inar comhlacht difriúil a chomhlíonann an fheidhm chuntasáiochta de bhun Airteagal 47 den Rialachán seo, cé is moite de na híocaíochtaí a dhéantar le tairbhíthe dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 74(1) de Rialachán (AE) 2021/1060. Déanfar na feidhmeanna sin sa chríoch iomlán a chumhdaítear leis an gclár sin, faoi réir na maoluithe a leagtar amach de bhun Chaibidil VIII den Rialachán seo.

2. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, le haon tríú tíortha, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach sa chlár Interreg rúnaíocht chomhpháirteach a chur ar bun le foireann ag cur an chláir chomhpháirtíochta san áireamh.

Beidh an rúnaíocht chomhpháirteach de chúnamh ag an údarás bainistíochta agus ag an gcoiste faireacháin a mhéid a bhaineann lena bhfeidhmeanna faoi seach a chomhlíonadh. Cuirfidh an rúnaíocht chomhpháirteach faisnéis ar fáil do thairbhíthe ionchasacha maidir le deiseanna cistiúcháin faoi chlár Interreg agus cuideoidh sí le tairbhíthe agus le comhpháirtithe chun oibríochtaí a chur chun feidhme.

Maidir le clár Interreg a fhaigheann tacaíocht ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh ón Aontas, féadfar oifig brainse amháin nó níos mó den rúnaíocht chomhpháirteach a chur ar bun i dtír chomhpháirtíochta amháin nó níos mó nó i dtír nó críoch thar lear amháin nó níos mó chun a cúraimí a dhéanamh níos gaire do thairbhíthe agus comhpháirtithe ionchasacha ón tír chomhpháirtíochta nó ón tír nó críoch thar lear, faoi seach.

3. De mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 74(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus gan dochar d'Airteagal 45(5) den Rialachán sin, féadfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, an tríú tír, an tír chomhpháirtíochta nó an tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach sa chlár Interreg a chinneadh go bhfuil gach Ballstát leis na fíoruithe bainistíochta dá tagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 74(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 a dhéanamh trí chomhlacht nó duine a bheidh freagrach as an bhfíorú sin ar a chríoch féin a shainaithint (“an rialaitheoir”).

4. Féadfaidh na rialaitheoirí a bheith ionann is na comhlachtaí céanna atá freagrach as fíoruithe den sórt sin a dhéanamh le haghaidh na gclár faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis nó, i gcás tríú tíortha, tíortha chomhpháirtíochta nó tíortha nó críocha thar lear, as fíoruithe inchomparáide a dhéanamh faoi ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais. Beidh aon rialaitheoir neamhspleách ó thaobh feidhme de ar an údarás iniúcháireachta nó ar aon chomhalta den ghrúpa iniúcháirí.

5. I gcás inar cinneadh go ndéanann rialaitheoirí sainaitheanta na fíoruithe bainistíochta de bhun mhír 4, deimhneoidh an t-údarás bainistíochta dó féin go ndearna rialaitheoir sainaitheanta caiteachas na dtairbhíthe atá rannpháirteach in oibríocht a fhíorú.

6. Áiríteoidh gach Ballstát, tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear gur féidir caiteachas tairbhí a fhíorú laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis don tairbhí lena mbaineann na doiciméid a thíolacadh.

7. Beidh gach Ballstát, tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear freagrach as na fíoruithe a dhéantar ar a chríoch nó a críoch féin.

8. Sainaitheoidh gach Ballstát, tríú tír, tír chomhpháirtíochta agus tír agus críoch thar lear mar rialaitheoir údarás náisiúnta nó réigiúnach nó comhlacht príobháideach nó duine nádúrtha mar a leagtar amach i mír 9.

9. I gcás inar comhlacht príobháideach nó duine nádúrtha é an rialaitheoir a dhéanann fíoruithe bainistíochta, comhlíonfaidh na rialaitheoirí sin ceann amháin ar a laghad de na ceanglais seo a leanas:

- (a) beidh siad ina gcomhaltaí de chomhlacht nó d'institiúid náisiúnta cuntasaióchta nó iniúcháireachta atá ina chomhalta é féin nó ina chomhalta í féin de Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí (IFAC);
- (b) beidh siad ina gcomhaltaí de chomhlacht nó d'institiúid náisiúnta cuntasaióchta nó iniúcháireachta nach comhalta de IFAC é nó í ach atá tiomanta do na fíoruithe bainistíochta a dhéanamh i gcomhréir le caighdeán agus eitic IFAC;
- (c) beidh siad cláraithe mar iniúcháir reachtúil i gclár poiblí comhlachta formhaoirseachta poiblí i mBallstát i gcomhréir le prionsabail na maoirseachta poiblí a leagtar amach i dTreoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²¹⁾; nó
- (d) beidh siad cláraithe mar iniúcháir reachtúil i gclár poiblí comhlachta formhaoirseachta poiblí i dtír, i dtír chomhpháirtíochta nó i dtír nó críoch thar lear, ar choinníoll go bhfuil an clár sin faoi réir phrionsabail na maoirseachta poiblí a leagtar amach i reachtaíocht na tíre lena mbaineann.

⁽²¹⁾ Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

*Airteagal 47***An fheidhm chuntasaíochta**

1. Tiocfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta agus na tíortha agus críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg ar chomhaontú maidir leis na socrúithe a bhaineann leis an bhfeidhm chuntasaíochta a chomhlíonadh.
2. Is é a bheidh i gceist leis an bhfeidhm chuntasaíochta na cúraimí a liostaítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 agus cumhdófar léi freisin na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus, mar riail ghinearálta, na híocaíochtaí arna ndéanamh leis an gcomhpháirtí cinn i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 74(1) den Rialachán sin.

*Airteagal 48***Feidhmeanna an údaráis iniúcháireachta**

1. Comhlíonfaidh an t-údarás iniúcháireachta cláir Interreg na feidhmeanna dá bhforáiltear san Airteagal seo agus in Airteagal 49 sa chríoch iomlán a chumhdaítear leis an gclár Interreg sin.

I gcás nach mbíonn údarú ag an údarás iniúcháireachta ar feadh na críche go léir a chumhdaítear faoin gclár comhair, beidh cúnaimh aige ó ghrúpa iniúcháirí ina mbeidh ionadaí as gach Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, as gach tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach sa chlár Interreg. Beidh gach Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, gach tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear freagrach as na hiniúcháirí a dhéantar ar a gcríoch féin.

Beidh ionadaí gach Ballstáit, agus i gcás inarb infheidhme, ionadaí gach tríú tír, gach tíre comhpháirtíochta nó gach tíre nó críche thar lear atá rannpháirteach sa chlár Interreg freagrach as na gnéithe fíorasacha a sholáthar a bhaineann le caiteachas ar a gcríoch féin a bheidh ag teastáil ón údarás iniúcháireachta chun a mheasúnú a dhéanamh.

Bunófar an grúpa iniúcháirí ar a dhéanaí laistigh de 3 mhí ón gcinneadh lena bhformheastar an clár Interreg de bhun Airteagal 18. Déanfaidh sé a chuid rialacha nós imeachta a tharraingt suas agus is é an t-údarás iniúcháireachta le haghaidh an chlár Interreg a ghníomhóidh mar chathaoirleach air.

Beidh na hiniúcháirí neamhspleách ó thaobh feidhme de ar chomhlachtaí nó ar dhaoine atá freagrach as fíoruithe bainistíochta de bhun Airteagal 46(3).

2. Beidh údarás iniúcháireachta cláir Interreg freagrach as iniúcháirí córas agus iniúcháirí ar oibríochtaí a dhéanamh chun dearbhú neamhspleách a thabhairt don Choimisiún go bhfeidhmíonn na córais bhainistithe agus rialaithe go héifeachtach agus go bhfuil an caiteachas a chuirtear san áireamh sna cuntais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin dlíthiúil agus rialta.
3. I gcás ina gcuirtear clár Interreg san áireamh sa daonra as a roghnaíonn an Coimisiún sampla coiteann de bhun Airteagal 49(1), déanfaidh an t-údarás iniúcháireachta iniúcháirí ar oibríochtaí arna roghnú ag an gCoimisiún chun dearbhú neamhspleách a thabhairt don Choimisiún go bhfeidhmíonn córais bhainistithe agus rialaithe go héifeachtach.
4. Déanfar obair iniúcháireachta i gcomhréir leis na caighdeáin iniúcháireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta.
5. Déanfaidh an t-údarás iniúcháireachta tuairim iniúcháireachta bhliantúil a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain faoin 15 Feabhra tar éis dheireadh na bliana cuntasaíochta i gcomhréir le hAirteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais ag baint úsáid as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060 agus bunaithe ar an obair iniúcháireachta ar fad arna ndéanamh, ina gcumhdaítear gach ceann de na comhchodanna seo a leanas:
 - (a) iomláine, fírinneacht agus cruinneas na gcuntais;
 - (b) dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a chuirtear san áireamh sna cuntais arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin; agus
 - (c) córas bainistithe agus rialaithe an chlár Interreg.

I gcás ina gcuirtear an clár Interreg san áireamh sa daonra as a roghnaíonn an Coimisiún sampla coiteann de bhun Airteagal 49(1), ní chumhdófar ach na heilimintí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) den chéad fhomhír den mhír seo sa tuairim iniúchóireachta bhliantúil.

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Coimisiún spriocdháta an 15 Feabhra a shíneadh go dtí an 1 Márta, arna iarraidh don údarás iniúchóireachta.

6. Tarraingeoidh an t-údarás iniúchóireachta suas tuarascáil bhliantúil ar rialú agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin i gach bliain faoin 15 Feabhra tar éis dheireadh na bliana cuntasáíochta i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 63(5) den Rialachán Airgeadais ag baint úsáid as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XX de Rialachán (AE) 2021/1060 agus lena dtacaítear leis an tuairim iniúchóireachta dá bhforáiltear i mír 5 den Airteagal seo agus lena leagtar amach achoimre ar na torthaí, lena n-áirítear anailís ar chineál agus ar mhéid aon earráidí agus easnamh sna córais chomh maith leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá beartaithe agus a cuireadh chun feidhme agus an ráta earráidí iomlán agus an ráta earráidí iarmharacha a thagann dá bharr sin le haghaidh an chaiteachais a iontráladh sna cuntais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin.

7. I gcás ina gcuirtear an clár Interreg san áireamh sa daonra as a roghnaíonn an Coimisiún sampla coiteann de bhun Airteagal 49(1), tarraingeoidh an t-údarás iniúchóireachta an tuarascáil bhliantúil ar rialú dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo suas, ag baint úsáid as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060, ar tuarascáil í a chomhlíonann ceanglais phointe (b) d'Airteagal 63(5) den Rialachán Airgeadais agus a thacaíonn leis an tuairim iniúchóireachta dá bhforáiltear i mír 5 den Airteagal seo.

Leagfar amach achoimre ar na torthaí sa tuarascáil sin, lena n-áirítear anailís ar chineál agus ar mhéid aon earráidí agus easnamh sna córais mar aon leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá beartaithe agus a cuireadh chun feidhme, torthaí na n-iniúchtaí ar oibríochtaí arna ndéanamh ag an údarás iniúchóireachta i ndáil leis an sampla coiteann dá dtagraítear in Airteagal 49(1) agus na ceartuithe airgeadais arna gcur i bhfeidhm ag údarás an chláir Interreg i ndáil le haon neamhrialtachtaí aonair a bhraith an t-údarás iniúchóireachta i dtaca leis na hoibríochtaí sin.

8. Tarchuirfidh an t-údarás iniúchóireachta tuarascálacha iniúchóireachta córas chuig an gCoimisiún a luaithe agus a thabharfar an nós imeachta bréagnaitheach is gá leis na hiniúchaithe ábhartha a gcrích.

9. Tiocfaidh an Coimisiún agus an t-údarás iniúchóireachta le chéile ar bhonn rialta agus uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, mura gcomhaontaítear a mhalairt, chun an straitéis iniúchóireachta, an tuarascáil bhliantúil ar rialú agus an tuairim iniúchóireachta a scrúdú, chun a bpleananna agus a modhanna iniúchóireachta a chomhordú agus chun tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feabhas a chur ar chórais bhainistithe agus rialaithe.

Airteagal 49

Iniúchóireacht ar oibríochtaí

1. Roghnóidh an Coimisiún sampla coiteann d'oibríochtaí, nó aonaid samplála eile, ag úsáid modh samplála staidrimh le haghaidh na n-iniúchtaí ar oibríochtaí a bheidh le déanamh ag na húdaráis iniúchóireachta i gcomhair na gclár Interreg a fhaigheann tacaíocht ó CFRE nó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais i ndáil le gach bliain chuntasaíochta.

Beidh an sampla coiteann ionadaíoch do na cláir Interreg uile arb é an daonra iad.

Chun an sampla coiteann a roghnú, féadfaidh an Coimisiún grúpaí de chláir Interreg a shraithú de réir a rioscaí sonracha.

2. Soláthróidh údarás na gclár an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun sampla coiteann a roghnú faoin 1 Lúnasa tar éis dheireadh gach bliana cuntasáíochta.

Tíolacfar an fhaisnéis sin i bhformáid chaighdeánaithe leictreonach, beidh sí iomlán agus réiteofar í leis an gcaiteachas arna dhearbhu don Choimisiún don bhliain chuntasaíochta tagartha.

3. Gan dochar don cheanglas maidir le hiniúchadh a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 48(2), ní dhéanfaidh na húdaráis iniúchóireachta le haghaidh cláir Interreg a chumhdaítear leis an sampla coiteann iniúchtaí breise ar oibríochtaí faoi na cláir sin, mura rud é go n-iarrann an Coimisiún orthu déanamh amhlaidh i gcomhréir le mír 8 den Airteagal seo nó i gcásanna inar shainaithin údarás iniúchóireachta rioscaí sonracha.

4. Cuirfidh an Coimisiún na húdaráis iniúchóireachta ar na cláir Interreg lena mbaineann ar an eolas in am trátha faoin sampla coiteann arna roghnú chun deis a thabhairt do na húdaráis sin na hiniúchtaí a dhéanamh ar oibríochtaí, i gcoitinne, faoin 1 Meán Fómhair tar éis dheireadh gach bliana cuntasáíochta.
5. Tíolacfaidh na húdaráis iniúchóireachta lena mbaineann faisnéis faoi thorthaí na n-iniúchtaí sin agus faoi aon cheartú airgeadais arna dhéanamh i ndáil le neamhrialtachtaí aonair arna mbrath, ar a dhéanaí sna tuarascálacha bliantúla ar rialú atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 48(6) agus (7).
6. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar thorthaí na n-iniúchtaí ar oibríochtaí arna roghnú faoi mhír 1, ríomhfaidh an Coimisiún ráta earráidí eachtarshuite foriomlán maidir leis na cláir Interreg a chuirtear san áireamh sa daonra as ar roghnaíodh an sampla coiteann, chun críocha a phróisis dearbhaithe féin.
7. I gcás ina bhfuil an ráta earráidí eachtarshuite foriomlán dá dtagraítear i mír 6 os cionn 2 % den chaiteachas iomlán arna dhearbhu do na cláir Interreg a chuirtear san áireamh sa daonra as ar roghnaíodh an sampla coiteann, ríomhfaidh an Coimisiún ráta earráidí iarmharacha foriomlán, ag cur ceartuithe airgeadais san áireamh arna gcur i bhfeidhm ag údaráis na gclár Interreg ábhartha le haghaidh neamhrialtachtaí aonair arna mbrath trí iniúchtaí ar oibríochtaí arna roghnú faoi mhír 1.
8. I gcás ina bhfuil an ráta earráidí iarmharacha foriomlán dá dtagraítear i mír 7 níos mó ná 2 % den chaiteachas arna dhearbhu do na cláir Interreg a chuirtear san áireamh sa daonra as ar roghnaíodh an sampla coiteann, cinnfidh an Coimisiún an gá a iarraidh ar údarás iniúchóireachta cláir Interreg ar leith nó grúpa clár Interreg is mó a ndéantar difear dó obair iniúchóireachta bhreise a dhéanamh chun a thuilleadh meastóireachta a dhéanamh ar an ráta earráidí agus measúnú a dhéanamh ar na bearta ceartaitheacha is gá le haghaidh na gclár Interreg a ndéanann na neamhrialtachtaí arna mbrath difear dóibh.
9. Bunaithe ar an measúnú ar thorthaí na hoibre iniúchóireachta breise arna hiarraidh de bhun mhír 8 den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais breise a iarraidh lena gcur i bhfeidhm maidir leis na cláir Interreg a ndéanann na neamhrialtachtaí arna mbrath difear dóibh. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh údaráis an chláir Interreg na ceartuithe airgeadais is gá i gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/1060.
10. Maidir le gach údarás iniúchóireachta ar chláir Interreg a bhfuil an fhaisnéis ina leith dá dtagraítear i mír 2 ar iarraidh nó neamhiomlán nó gan bheith tíolactha faoin spriodhata a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír sin, déanfaidh sé cleachtadh samplála ar leithligh le haghaidh an chláir Interreg ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 79 de Rialachán (AE) 2021/1060.

CAIBIDIL VII

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Airteagal 50

Gealltanais bhuiséadacha

Leis na cinntí ón gCoimisiún lena bhformheastar cláir Interreg de bhun Airteagal 18 den Rialachán seo, comhlíonfar na ceanglais is gá chun a bheith ina gcinntí maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110(2) den Rialachán Airgeadais maidir le CFRE agus leis an tacaíocht ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais faoi bhainistíocht roinnte.

Airteagal 51

Íocaíochtaí agus réamh-mhaoiniú

1. Déanfar ranníocaíocht CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, an tacaíocht ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais do gach clár Interreg a íoc isteach, i gcomhréir le hAirteagal 47(2), i gcuntas aonair nach mbeidh aon fhochuntais náisiúnta aige.

2. Íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú bunaithe ar an tacaíocht iomlán ó gach ciste Interreg, mar a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar gach clár Interreg de bhun Airteagal 18, faoi réir cistí a bheith ar fáil, i dtráthchodanna bliantúla mar a leanas agus roimh an 1 Iúil sna blianta 2022 go 2026, nó, sa bhliain ina bhformheastar an cinneadh, tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis ghlacadh an chinnidh sin:

- (a) 2021: 1 %;
- (b) 2022: 1 %;
- (c) 2023: 3 %;
- (d) 2024: 3 %;
- (e) 2025: 3 %;
- (f) 2026: 3%.

3. I gcás ina bhfaigheann cláir Interreg tacaíocht ó CFRE agus CTT IPA III agus i gcás ina bhfuil an ranníocaíocht ó CFRE 50 % nó níos lú de leithdháileadh iomlán an Aontais, íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de Rialachán IPA III.

4. I gcás ina bhfaigheann cláir Interreg tacaíocht ó CFRE agus ó ICFCI nó ó ICFCI agus IPA III ar aon, agus i gcás ina bhfuil an ranníocaíocht ó CFRE 50 % nó níos lú de leithdháileadh iomlán an Aontais, íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2021/947, agus na riachtanais airgeadais iarbhir á gcur san áireamh.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail 96 agus 97 de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir leis an réamh-mhaoiniú de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo.

5. Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin gach bliain le haghaidh 2021 agus 2022 agus tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh le haghaidh 2023 agus blianta ina dhiaidh sin agus le haghaidh méideanna arna n-íoc mar réamh-mhaoiniú a leagtar amach de bhun mhíreanna 3 agus 4.

Airteagal 52

Gnóthuithe

1. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta go ndéanfar aon mhéid a íocadh mar thoradh ar neamhrialtacht a ghnóthú ón gcomhpháirtí cinn nó ón gcomhpháirtí aonair. Déanfaidh comhpháirtithe aon mhéideanna a íocadh go míchuí a aisíoc leis an gcomhpháirtí cinn.

2. Na Ballstáit, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta nó tíortha nó críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg ar leith, beidh sé de cheart acu a chinneadh nach mbeidh sé d'oibleagáid ar an gcomhpháirtí cinn ná ar an gcomhpháirtí aonair agus ar údarás bainistíochta an chláir méid a ghnóthú, ar méid é nach airde ná EUR 250, gan ús san áireamh, a íocadh go míchuí as aon cheann de na cistí Interreg mar ranníocaíocht le haon oibríocht le linn na bliana cuntasáíochta.

Ní gá aon fhaisnéis a sholáthar don Choimisiún seachas faisnéis i dtaobh cinneadh a dhéanamh de bhun na chéad fhomhíre.

3. I gcás nach n-éiríonn leis an gcomhpháirtí cinn aisíocaíocht a dhaingniú ó chomhpháirtithe eile nó i gcás nach n-éiríonn leis an údarás bainistíochta aisíocaíocht a dhaingniú ón gcomhpháirtí cinn nó ón gcomhpháirtí aonair, déanfaidh an Ballstát, an tríú tír, an tír chomhpháirtíochta nó an tír nó an chríoch thar lear a bhfuil an comhpháirtí lena mbaineann lonnaithe ar a chríoch nó ar a chríoch nó, i gcás GECC, ina bhfuil an comhpháirtí lena mbaineann cláráithe, aon mhéideanna a íocadh go míchuí leis an gcomhpháirtí sin a aisíoc leis an údarás bainistíochta. Beidh an t-údarás bainistíochta freagrach as na méideanna lena mbaineann a aisíoc le buiséad ginearálta an Aontais, i gcomhréir le cionroinnt na ndlíteanas i measc na mBallstát, na dtíortha, na dtíortha comhpháirtíochta nó na dtíortha nó na gcríoch thar lear atá rannpháirteach a leagtar amach sa chlár Interreg.

4. A luaithe a bheidh aon mhéideanna a íocadh go míchuí le comhpháirtí aisíochta leis an údarás bainistíochta ag an mBallstát, ag an tríú tír, ag an tír chomhpháirtíochta nó ag an tír nó ag an gcríoch thar lear, féadfaidh sé nó sí leanúint de nós imeachta um ghnóthú, nó nós imeachta den sórt sin a thosú, i gcoinne an chomhpháirtí sin de bhun a dhlí nó a dlí náisiúnta. I gcás ina ngnóthaítear na méideanna sin go rathúil, féadfaidh an Ballstát, an tríú tír, an tír chomhpháirtíochta nó an tír nó an chríoch thar lear na méideanna sin a úsáid mar chómhaoiniú náisiúnta i gcomhair an chláir Interreg lena mbaineann. Ní bheidh aon oibleagáidí tuairiscithe ag an mBallstát, ag an tríú tír, ag an tír chomhpháirtíochta ná ag an tír nó ag an gcríoch thar lear i leith údarás na gclár, an choiste faireacháin ná an Choimisiún maidir le gnóthuithe náisiúnta den sórt sin.

5. I gcás nach mbeidh aon mhéideanna a íocadh go míchuí le comhpháirtí aisíochta ag Ballstát, tríú tír, tír chomhpháirtíochta ná tír nó críoch thar lear leis an údarás bainistíochta de bhun mhír 4 den Airteagal seo, beidh na méideanna sin faoi réir ordú gnóthaithe arna eisiúint ag an gCoimisiún a fhorghníomhófar, i gcás inar féidir, trína bhfritháireamh i gcoinne na méideanna atá dlite don Bhallstát, don tríú tír, don tír chomhpháirtíochta nó don tír nó don chríoch thar lear, faoi seach. Ní bheidh gnóthú den sórt sin ina cheartú airgeadais ná ní laghdófar leis an tacaíocht a fhaigheann an clár Interreg ábhartha ó CFRE nó aon ionstraim maoinithe sheachtraigh. Ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais a bheidh sa mhéid arna ghnóthú.

Maidir le méideanna nach n-aisíocann an Ballstát leis an údarás bainistíochta, is le híocaíochtaí a dhéanfar ina dhiaidh sin leis an gclár Interreg céanna a bhainfidh an fritháireamh. Ansin, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an fritháireamh sin i leith an Bhallstáit i gcomhréir le cionroinnt na ndliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach mar a leagtar amach sa chlár Interreg i gcás ceartuithe airgeadais arna bhforchur ag an údarás bainistíochta nó ag an gCoimisiún.

Maidir le méideanna nach n-aisíocann tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear leis an údarás bainistíochta, is le híocaíochtaí a dhéanfar ina dhiaidh sin le cláir faoi ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais faoi seach a bhainfidh an fritháireamh.

CAIBIDIL VIII

RANPHÁIRTÍOCHT TRÍÚ TÍORTHA NÓ TÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA, TÍORTHA NÓ CRÍOCH THAR LEAR NÓ EAGRAÍOCHTAÍ UM LÁNPHÁIRTIÚ AGUS COMHAR RÉIGIÚNACH I GCLÁIR INTERREG FAOI BHAINISTÍOCHT ROINNTE

Airteagal 53

Na forálacha is infheidhme

Beidh feidhm ag Caibidlí I go VII agus Caibidil X maidir leis an gclár trasteorann PEACE PLUS agus le rannpháirtíocht tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críoch thar lear agus eagraíochtaí um lánpháirtíú agus comhar réigiúnach a fhaigheann tacaíocht ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais i gcláir Interreg, faoi réir na bhforálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo.

Airteagal 54

Údaráis clár Interreg agus a bhfeidhmeanna

1. Déanfaidh gach tríú tír, tír chomhpháirtíochta agus tír agus críoch thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg údarás náisiúnta nó réigiúnach a shainaithint mar phointe teagmhála don údarás bainistíochta (“an pointe teagmhála”).
2. Tabharfaidh an pointe teagmhála, comhlacht atá coibhéiseach le hoifigeach cumarsáide an chlár Interreg dá bhforáiltear in Airteagal 36(1), nó an oifig brainse nó na hoifigí brainse, tacaíocht don údarás bainistíochta agus do na comhpháirtithe sa tríú tír, sa tír chomhpháirtíochta nó sa tír nó sa chríoch thar lear faoi seach maidir leis na cúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 36(2) go (6).

Airteagal 55

Modhanna bainistíochta

1. Déanfar cláir Interreg A a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus CTT IPA III nó CTT-ICFCI a chur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte sna Ballstáit agus in aon tríú tír nó tír chomhpháirtíochta rannpháirteach.

Cuirfear an clár trasteorann PEACE PLUS chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon.

2. Na cláir Interreg B agus C lena gcomhcheanglaítear ranníocaíochtaí ó CFRE agus ó ionstraim maoinithe sheachtraigh amháin nó níos mó de chuid an Aontais, cuirfear chun feidhme iad faoi bhainistíocht roinnte sna Ballstáit agus in aon tríú tír, tír chomhpháirtíochta, nó tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach nó, maidir le Interreg D, in aon tír nó críoch thar lear, cibé acu a fhaigheann nó nach bhfaigheann an tír nó an chríoch thar lear sin tacaíocht faoi ionstraim maoinithe sheachtraigh amháin nó níos mó de chuid an Aontais.

3. Na cláir Interreg D lena gcomhcheanglaítear ranníocaíochtaí ó CFRE agus ionstraim maoinithe sheachtraigh amháin nó níos mó de chuid an Aontais, déanfar iad a chur chun feidhme ar aon cheann de na slite seo a leanas:

- (a) faoi bhainistíocht roinnte sna Ballstáit agus in aon tríú tír nó tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach araon;
- (b) faoi bhainistíocht roinnte sna Ballstáit amháin agus in aon tríú tír nó tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach maidir le caiteachas CFRE lasmuigh den Aontas le haghaidh oibríocht amháin nó níos mó, ach déantar na ranníocaíochtaí ó ionstraim maoinithe sheachtraigh amháin nó níos mó de chuid an Aontais a bhainistiú faoi bhainistíocht indéreach;
- (c) faoi bhainistíocht indéreach sna Ballstáit agus in aon tríú tír nó tír agus críoch thar lear atá rannpháirteach araon.

I gcás ina gcuirtear clár Interreg D chun feidhme go hiomlán nó go páirteach faoi bhainistíocht indéreach, beidh feidhm ag Airteagal 61.

Airteagal 56

Incháilitheacht

1. De mhaolú ar Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, beidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais má tabhaíodh agus má íocadh an caiteachas sin agus oibríochtaí Interreg á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme ón 1 Eanáir 2021 nó ón dáta ar tfolacadh an clár, cibé dáta acu is túsce, ach féadfar an caiteachas sin a éileamh ón gclár tar éis an dáta ar tugadh i gcrích an comhaontú maoinithe leis an tríú tír, leis an tír chomhpháirtíochta nó leis an tír nó leis an gcríoch thar lear lena mbaineann.

Mar sin féin, féadfar caiteachas ar chúnamh teicniúil arna bhainistiú ag údarás clár atá lonnaithe i mBallstát a éileamh ón gclár roimh an dáta ar tugadh i gcrích an comhaontú maoinithe leis an tríú tír, leis an tír chomhpháirtíochta nó leis an tír agus leis an gcríoch thar lear lena mbaineann.

2. I gcás ina roghnaítear, faoi chlár Interreg, oibríochtaí bunaithe ar ghlaonna ar thograí, féadfar hiarratais ar ranníocaíocht ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais a chur san áireamh i nglaoanna den sórt sin, fiú i gcás inar seoladh na glaoanna agus inar roghnaíodh na hoibríochtaí sular tugadh an comhaontú maoinithe ábhartha i gcrích.

Féadfaidh an t-údarás bainistíochta an doiciméad dá bhforáiltear in Airteagal 22(6) a sholáthar sular tugadh an comhaontú maoinithe ábhartha i gcrích.

Airteagal 57

Mórhionscadail bhonneagair

1. Le cláir Interreg faoin gCaibidil seo, féadfar tacú le mórhionscadail bhonneagair a chiallaíonn oibríochtaí ina mbeadh tacar oibreacha, gníomhaíochtaí nó seirbhísí agus é mar aidhm leo feidhm dhoroinnte de chineál beacht a chomhlíonadh agus cuspóirí comhleasa arna sainaithint go soiléir á saothrú chun infheistíochtaí a chur chun feidhme a bhfuil tionchar trasteorann leo agus tairbhí ag baint leo agus ina bhfuil sciar buiséid dar costas iomlán EUR 2 500 000 ar a laghad leithdháilte ar bhonneagair a fháil, a thógáil, nó a nuachóiriú.

2. Cuirfidh gach tairbhí a bhfuil mórhionscadal bhonneagair nó cuid de á cur chun feidhme aige na rialacha soláthair phoiblí is infheidhme i bhfeidhm.

3. Seolfaidh an Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta den chlár Interreg ábhartha liosta de na mórhionscadail bhonneagair atá beartaithe chuig an gCoimisiún ina léirítear an t-ainm ionchasach, an suíomh ionchasach, an buiséad ionchasach agus an comhpháirtí cinn ionchasach. Seolfar an liosta sin mar dhoiciméad ar leithligh, tráth a tharchuirtear an chóip shínte den chomhaontú maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 59 chuig an gCoimisiún nó 2 mhí ar a dhéanaí roimh an gcruinniú den choiste faireacháin nó, más infheidhme, den choiste stiúrtha ina roghnaítear an chéad cheann de na mórhionscadail bhonneagair atá beartaithe.

4. I gcás ina bhfuil roghnú mórthionscadal bonneagair amháin nó níos mó ar chlár oibre cruinnithe de chuid coiste faireachán nó, i gcás inarb infheidhme, coiste stiúrtha, tarchuirfidh an t-údarás bainistíochta nóta coincheapa le haghaidh gach tionscadail den sórt sin chuig an gCoimisiún, mar eolas dó, 2 mhí ar a dhéanaí roimh dháta an chruinnithe. Trí leathanach ar a mhéad a bheidh sa nóta coincheapa agus léireofar ann an t-ainm, an suíomh, an buiséad, an comhpháirtí cinn agus na comhpháirtithe mar aon leis na príomhchuspóirí agus na táirgí insóláthartha a bhaineann leo. Mura dtarchuirfear an nóta coincheapa maidir le mórthionscadal bonneagair amháin nó níos mó chuig an gCoimisiún faoin spriocdháta sin, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar chathaoirleach an choiste faireacháin nó an choiste stiúrtha na tionscadail lena mbaineann a bhaint de chlár oibre an chruinnithe.

Airteagal 58

Soláthar

1. I gcás ina bhfuil ar thairbhí conarthaí seirbhíse, soláthair nó oibreacha a chur ar fáil chun oibríocht a chur chun feidhme, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

- (a) i gcás inarb i gceann de na Ballstáit atá an tairbhí lonnaithe agus inarb údarás conarthach nó eintiteas conarthach é de réir bhrí dhlí an Aontais is infheidhme maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí, cuirfidh sé forálacha náisiúnta reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin i bhfeidhm;
- (b) i gcás inar údarás poiblí de chuid tíre comhpháirtíochta faoi IPA III nó ICFCI é an tairbhí a n-aistrítear a chómhaoiniú chuig an údarás bainistíochta, féadfaidh sé forálacha náisiúnta reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gceadaítear sin sa chomhaontú maoinithe agus go ndéantar an Conradh a dhámhachtain don tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, nó de réir mar is iomchuí, don tairiscint is ísle, agus aon choinbhleacht leasa á seachaint san am céanna.

2. Maidir le hearraí, le hoibreacha nó le seirbhísí a dhámhachtain i ngach cás seachas na cinn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na nósanna imeachta soláthair dá bhforáiltear in Airteagail 178 agus 179 den Rialachán Airgeadais agus i bpointí 36 go 41 de Chaibidil 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

Airteagal 59

Comhaontuithe maoinithe a thabhairt i gcrích faoi bhainistíocht roinnte

1. Chun clár Interreg a chur chun feidhme i dtír, i dtír chomhpháirtíochta nó i dtír nó i gcríoch thar lear, i gcomhréir le hAirteagal 112(4) den Rialachán Airgeadais, tabharfar comhaontú maoinithe i gcrích idir an Coimisiún, a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an Aontais, agus gach tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach a ndéantar ionadaíocht thar a ceann i gcomhréir leis an gcreat dlí náisiúnta atá aici.

2. Tabharfar aon chomhaontú maoinithe i gcrích faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis na bliana ina ndearnadh an chéad ghealltanais buiséadach agus measfar gur tugadh i gcrích é an dáta ar shíniú an comhpháirtí deiridh é.

Tiocfaidh aon chomhaontú maoinithe i bhfeidhm an dáta:

- (a) ar shíniú an comhpháirtí deiridh é; nó
- (b) a thug an tríú tír nó an tír chomhpháirtíochta nó an tír nó an chríoch thar lear an nós imeachta is gá lena dhaingniú i gcomhréir leis an gcreat dlí náisiúnta atá aici chun críche agus a chuir sí an Coimisiún ar an eolas faoi.

3. Soláthróidh an Coimisiún an dréacht-chomhaontú maoinithe agus an clár seachtrach á fhorghnó aige.

I gcás ina mbeidh níos mó ná tríú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear amháin i gceist le clár Interreg, tabharfaidh an dá chomhpháirtí comhaontú maoinithe amháin ar a laghad i gcrích roimh an dáta a shonraítear i mír 2. Féadfaidh na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta nó na tíortha nó na críocha thar lear eile a gcomhaontuithe maoinithe faoi seach a shíniú ar a dhéanaí an 30 Meitheamh den dara bliain tar éis na bliana ina ndearnadh an chéad ghealltanais buiséadach.

4. Maidir leis an Ballstát atá ina óstach ar údarás bainistíochta an chláir Interreg ábhartha:

- (a) féadfaidh sé an comhaontú maoinithe a shíniú freisin; nó

(b) síneoidh sé, gan mhoill, comhaontú cur chun feidhme le gach trú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear atá rannpháirteach sa chlár Interreg sin ina leagfar amach na cearta agus na hoibleagáidí frithpháirteacha maidir lena chur chun feidhme agus leis an mbainistíocht airgeadais.

5. Cumhdófar na heilimintí seo a leanas ar a laghad i gcomhaontú cur chun feidhme arna shíniú de bhun phointe (b) de mhír 4:

- (a) socrúithe mionsonraithe le haghaidh íocaíochtaí;
- (b) bainistíocht airgeadais;
- (c) taifid a choinneáil;
- (d) oibleagáidí maidir le tuairisciú;
- (e) fíoruithe, rialuithe agus iniúchadh; agus
- (f) neamhrialtachtaí agus gnóthuithe.

6. I gcás ina gcinneann an Ballstát atá ina óstach ar údarás bainistíochta an chláir Interreg an comhaontú maoinithe a shíniú de bhun phointe (a) de mhír 4 den Airteagal seo, measfar gur uirlis é an comhaontú maoinithe sin chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus ní comhaontú idirnáisiúnta é dá dtagraítear in Airteagail 216 go 219 CFAE.

Airteagal 60

Ranníocaíocht ó thrú tír, ó thír chomhpháirtíochta nó ó thír nó ó chríoch thar lear seachas cómhaoiniú

1. I gcás ina n-aistríonn trú tír, tír chomhpháirtíochta nó tír nó críoch thar lear ranníocaíocht airgeadais chuig an údarás bainistíochta chun tacú leis an gclár Interreg, seachas cómhaoiniú na tacaíochta ón Aontas don chlár Interreg, beidh na rialacha maidir leis an ranníocaíocht sin sa doiciméad seo a leanas:

- (a) i gcás ina síníonn an Ballstát lena mbaineann an comhaontú maoinithe de bhun phointe (a) d'Airteagal 59(4), i gceann amháin de na nithe seo a leanas:
 - (i) cuid ar leith den chomhaontú maoinithe sin; nó
 - (ii) i gcomhaontú cur chun feidhme ar leithligh arna shíniú idir an Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta agus an trú tír, an tír chomhpháirtíochta nó an tír nó an chríoch thar lear nó go díreach idir an t-údarás bainistíochta agus an t-údarás inniúil sa trú tír, sa tír chomhpháirtíochta nó sa tír nó sa chríoch thar lear; agus
- (b) i gcás ina síníonn an Ballstát lena mbaineann comhaontú cur chun feidhme de bhun phointe (b) d'Airteagal 59(4), i gceann amháin de na nithe seo a leanas:
 - (i) cuid ar leith den chomhaontú cur chun feidhme sin; nó
 - (ii) comhaontú cur chun feidhme breise arna shíniú idir na comhpháirtithe céanna dá dtagraítear i bpointe (a).

Chun críocha phointe (b)(i) den chéad fhomhír, féadfar an ranníocaíocht airgeadais arna haistriú agus an tacaíocht ón Aontas don chlár Interreg a chumhdach i ranna den chomhaontú cur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme.

2. Beidh ar a laghad na heilimintí maidir le cómhaoiniú an trú tír, na tíre comhpháirtíochta nó na tíre nó na críche thar lear a liostaítear in Airteagal 59(5) i gcomhaontú cur chun feidhme dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo.

Ina theannta sin, leagfar amach ann an dá cheann díobh seo a leanas:

- (a) méid na ranníocaíochta airgeadais breise; agus
- (b) an úsáid atá beartaithe agus na coinníollacha lena húsáid, lena n-áirítear na coinníollacha nach mór a chomhlíonadh sna hiarratais ar an ranníocaíocht bhreise sin.

3. Maidir leis an gclár trasteorann PEACE PLUS, beidh an ranníocaíocht airgeadais le gníomhaíochtaí an Aontais ón Ríocht Aontaithe i bhfoirm ioncam sannta seachtrach dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 21(2) den Rialachán Airgeadais ina cuid de na leithreasuithe buiséid le haghaidh Cheannteideal 2 "Comhtháthú agus Luachanna", fo-uasteorainn "Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach".

Beidh an ranníocaíocht sin faoi réir comhaontú maoinithe sonracha leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 59 den Rialachán seo. Beidh an Coimisiún agus an Ríocht Aontaithe mar aon le hÉirinn ina bpáirtithe sa chomhaontú maoinithe sonracha sin.

Déanfar an comhaontú maoinithe sonracha a thabhairt i gcrích roimh thús chur chun feidhme an chláir, rud a thabharfaidh deis do Chomhlacht na gClár Speisialta AE reachtaíocht de chuid an Aontais is infheidhme maidir le cur chun feidhme an chláir a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA SONRACHA MAIDIR LE BAINISTÍOCHT INDÍREACH

Airteagal 61

Comhar na réigiún is forimeallaí

1. I gcás ina gcuirtear clár Interreg D chun feidhme go páirteach nó go hiomlán faoi bhainistíocht indíreach, le toiliú an Bhallstáit agus na réigiún lena mbaineann, de bhun phointe (b) nó (c), faoi seach, d'Airteagal 55(3) den Rialachán seo, cuirfear cúraimí cur chun feidhme faoi chúram ceann de na comhlachtaí a liostaítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais, go háirithe comhlacht den sórt sin atá lonnaithe sa Bhallstát rannpháirteach, lena n-áirítear údarás bainistíochta an chláir Interreg lena mbaineann.

2. I gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 154(6) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh nach mbeidh gá le measúnú *ex ante* dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal sin nuair a dhéantar na cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán sin a chur faoi chúram údarás bainistíochta ar chláir Interreg de chuid na réigiún is forimeallaí a shainaithnítear de bhun Airteagal 45(1) den Rialachán seo agus i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) 2021/1060.

3. I gcás ina gcuirtear na cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais faoi chúram eagraíochta Ballstáit, beidh feidhm ag Airteagal 157 den Rialachán sin.

4. Maidir le clár nó gníomhaíocht atá cómhaoinithe le hionstraim maoinithe sheachtraigh amháin nó níos mó, i gcás ina gcuireann tríú tír, tír chomhpháirtíochta, tír nó críoch thar lear nó aon cheann de na comhlachtaí eile a liostaítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2021/947 nó i gCinneadh 2013/755/AE, nó iontu araon, chun feidhme é nó í, beidh feidhm ag rialacha ábhartha na n-ionstraimí sin.

Maidir leis na coinníollacha chun cuid de chláir Interreg de chuid shraith D a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach de bhun phointí (b) nó (c) d'Airteagal 55(3) den Rialachán seo, saineofar iad le comhaontú a thabharfar i gcrích idir an Coimisiún, an t-údarás bainistíochta nó a Bhallstát, agus an comhlacht a gcuirtear cúram air.

CAIBIDIL X

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 62

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 16(6) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 1 Iúil 2021.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 16(6) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonracha sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmiligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmiligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmiligthe a ghlactar de bhun Airteagal 16(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 63

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an coiste, a cuireadh ar bun de bhun Airteagal 115(1) de Rialachán AE 2021/1060, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 64

Forálacha idirthréimhseacha

Leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 nó aon ghníomh arna ghlacadh de bhun an Rialacháin sin d'fheidhm a bheith aige maidir le cláir agus le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CFRE faoi chlárthréimhse 2014-2020.

Airteagal 65

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021.

Thar ceann Parlaimint na hEorpa

An tUachtarán

D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN

TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH CLÁIR INTERREG

Tionscal Cultúrtha agus Cruthaitheach	[15 charachtar]
Teideal	[255]
Leagan	
An chéad bhliain	[4]
An bhliain dheireanach	[4]
Incháilithe ón	
Incháilithe go dtí an	
Uimhir chinneadh an Choimisiúin	
Dáta chinneadh an Choimisiúin	
Uimhir chinneadh leasaitheach an chláir	[20]
Dáta theacht i bhfeidhm chinneadh leasaitheach an chláir	
Réigiúin NUTS arna gcumhdach faoin gclár	
Sraith	

1. Straitéis chomhpháirteach an chláir: na príomhdhúshláin forbartha agus na príomhfhreagairtí beartais

1.1. Limistéar an chláir (nach bhfuil gá leis i gcás chláir Interreg C)

Tagairt: pointe (a) d'Airteagal 17(3), pointe (a) d'Airteagal 17(9)

Réimse téacs [2 000]

1.2. Straitéis chomhpháirteach an chláir: Achoimre ar na príomhdhúshláin chomhpháirteacha, agus aird á tabhairt ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha, shóisialta agus chríochacha agus ar neamhionannais, ar riachtanais infheistíochta chomhpháirteacha agus ar shineirgí comhlántacha le cláir cistiúcháin eile agus ionstraimí cistiúcháin eile, ar cheachtanna a foghlaimíodh ó thaithí a fuarthas le himeacht ama agus ar straitéisí macraireigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige i gcás ina bhfuil limistéar an chláir cumhdaithe go hiomlán nó go páirteach le straitéis amháin nó níos mó.

Tagairt: pointe (b) d'Airteagal 17(3), pointe (b) d'Airteagal 17(9)

Réimse téacs [50 000]

1.3 Údar le roghnú chuspóirí an bheartais agus na gcuspóirí Interreg-shonracha, tosaíochtaí comhfhreagracha, cuspóirí sonracha agus na bhfoirmeacha tacaíochta, agus aghaidh á tabhairt, i gcás inarb iomchuí, ar na naisc easnamhacha sa bhonneagar trasteorann

Tagairt: pointe (c) d'Airteagal 17(3)

Tábla 1

Cuspóir beartais roghnaithe nó cuspóir Interreg-shonrach roghnaithe	Cuspóir sonracha roghnaithe	Tosaíocht	An t-údar leis an roghnú
			[2 000 in aghaidh an chuspóra]

2.1.4. Príomh-spríocghrúpaí

Tagairt: pointe (e)(iii) d'Airteagal 17(3), pointe (c)(iv) d'Airteagal 17(9)

Réimse téacs [7 000]

2.1.5. Sonrú na gcríoch sonracha a bhfuiltear ag díriú orthu, lena n-áirítear an úsáid atá beartaithe d'infheistíochtaí críochacha comhtháite, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail nó uirlisí críochacha eile

Tagairt: pointe (e)(iv) d'Airteagal 17(3)

Réimse téacs [7 000]

2.1.6. An úsáid atá beartaithe d'ionstraimí airgeadais

Tagairt: pointe (e)(v) d'Airteagal 17(3)

Réimse téacs [7 000]

2.1.7. Miondealú táscach ar acmhainní an chláir AE de réir cineál idirghabhála

Tagairt: pointe (e)(vi) d'Airteagal 17(3), pointe (c)(v) d'Airteagal 17(9)

Tábla 4

Diminsean 1 – an réimse idirghabhála

Tosaíocht Uimh.	Ciste	Cuspóir sonracha	Cód	Méid (EUR)

Tábla 5

Diminsean 2 – an cineál maoinithe

Tosaíocht Uimh.	Ciste	Cuspóir sonracha	Cód	Méid (EUR)

Tábla 6

Diminsean 3 – an sásra soláthair chríochoigh agus an bhéim chríochoch

Tosaíocht Uimh.	Ciste	Cuspóir sonracha	Cód	Méid (EUR)

3. Plean maoinithe

Tagairt: pointe (f) d'Airteagal 17(3)

3.1 Leithreasuithe airgeadais de réir bliana

Tagairt: pointe (g)(i) d'Airteagal 17(3), pointí (a) go (d) d'Airteagal 17(4)

Tábla 7

Ciste	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
CFRE (sprioc an chomhair chríochar)								
CTT IPA III ⁽¹⁾								
CTT-ICFCI ⁽¹⁾								
IPA III ⁽²⁾								
ICFCI ⁽²⁾								
OCTP ⁽³⁾								
Cistí Interreg ⁽⁴⁾								
Iomlán								
⁽¹⁾ Interreg A, an comhar trasteorann seachtrach. ⁽²⁾ Interreg B agus C. ⁽³⁾ Interreg B, C agus D. ⁽⁴⁾ CFRE, IPA III, ICFCI nó OCTP, i gcás ina bhfuil méid aonair i gceist faoi Interreg B agus C.								

3.2 Leithreasuithe airgeadais iomlána de réir ciste agus cómhaoiniú náisiúnta

Tagairt: pointe (f)(ii) d'Airteagal 17(3), pointí (a) go (d) d'Airteagal 17(4)

Tábla 8

Uimh. an chuspóra beartais	Tosaíocht	Ciste (de réir mar is infheidhme)	An bonn chun tacaíocht AE (costas incháilithe iomlán nó ranníocaíocht phoiblí) a ríomh	Ranníocaíocht AE (a)=(a1)+(a2)	Miondealú tásach ar ranníocaíocht AE		Ranníocaíocht náisiúnta (b)=(c)+(d)	Miondealú tásach ar an gcontrapháirt náisiúnta		Iomlán (e)=(a)+(b)	Ráta cómhaoinithe (f)=(a)/(e)	Ranníocaíochtaí ó thríú tíortha (mar eolas)	
					gan CT de bhun Airteagal 27(1) (a1)	le haghaidh CT de bhun Airteagal 27(1) (a2)		National public (c)	National private (d)				
	Tosaíocht 1	CFRE											
		CTT IPA III ⁽¹⁾											
		CCT-ICFCI ⁽¹⁾											
		IPA III ⁽²⁾											
		ICFCI ⁽²⁾											
		OCTP ⁽³⁾											
		Cistí Interreg ⁽⁴⁾											
	Tosaíocht 2	(cistí mar atá thuas)											
	Iomlán	Gach ciste											
		CFRE											
		CTT IPA III											
		NDICI-CCT											
		IPA III											
		ICFCI											
		OCTP											
		Cistí Interreg											
	Iomlán	Gach ciste											
⁽¹⁾ Interreg A, an comhar trasteorann seachtrach. ⁽²⁾ Interreg B agus C. ⁽³⁾ Interreg B, C agus D. ⁽⁴⁾ CFRE, IPA III, ICFCI nó OCTP, i gcás ina bhfuil méid aonair i gceist faoi Interreg B agus C.													

4. Gníomhaíocht arna déanamh chun deis rannpháirtíochta a thabhairt do na comhpháirtithe clár in ullmhú an chláir Interreg, agus ról na gcomhpháirtithe clár sin i gcur chun feidhme an chláir sin agus i bhfaireachán agus meastóireacht a dhéanamh air

Tagairt: pointe (g) d'Airteagal 17(3)

Réimse téacs [10 000]

5. An cur chuige atá beartaithe maidir le cumarsáid agus infheictheacht don chlár Interreg (cuspóirí, na pobail sprice, na bealaí cumarsáide, lena n-áirítear an fhor-rochtain meán sóisialta, i gcás inarb iomchuí, chomh maith le buiséad pleanáilte agus na táscairí ábhartha d'fhairéachán agus do mheastóireacht)

Tagairt: pointe (h) d'Airteagal 17(3)

Réimse téacs [4 500]

6. Léiriú ar thacaíocht do thionscadail ar mhionscála, lena n-áirítear tionscadail bheaga laistigh de chistí le haghaidh tionscadail bheaga

Tagairt: pointe (i) d'Airteagal 17(3), Airteagal 24

Réimse téacs [7 000]

7. Forálacha cur chun feidhme

- 7.1. Údaráis an chláir

Tagairt: pointe (a) d'Airteagal 17(6)

Tábla 9

Údaráis an chláir	Ainm na hinstiúide [255]	Ainm teagmhála [200]	Ríomhphost [200]
An t-údarás bainistíochta			
An t-údarás náisiúnta (le haghaidh na gclár le tríú tíortha rannpháirteacha nó le tíortha comhpháirtíochta rannpháirteacha, más iomchuí)			
An t-údarás iniúchóireachta			
Grúpa ionadaithe na n-iniúcháirí			
An comhlacht lena bhfuil íocaíochtaí le déanamh ag an gCoimisiún			

- 7.2. An nós imeachta chun an rúnaíocht chomhphárteach a chur ar bun

Tagairt: pointe (b) d'Airteagal 17(6)

Réimse téacs [3 500]

- 7.3 Cionroinnt dliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach agus, i gcás inarb infheidhme, na dtíú tíortha nó na dtíortha comhpháirtíochta agus na dtíortha agus na gcúigí thar lear atá rannpháirteach, i gcás ceartuithe airgeadais arna bhforchur ag an údarás bainistíochta nó ag an gCoimisiún

Tagairt: pointe (c) d'Airteagal 17(6)

Réimse téacs [10 500]

8. Úsáid a bhaint as costais aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais
Tagairt: Airteagail 94 agus 95 de Rialachán (AE) 2021/1060 (RFC)

Tábla 10

Úsáid a bhaint as costais aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais

An úsáid atá beartaithe d'Airteagail 94 agus 95	IS EA	NÍ hEA
Tar éis a ghlactha, bainfidh an clár úsáid as aisíocaíocht ar rannaíocht an Aontais bunaithe ar chostais aonaid, ar chnapshuimeanna agus ar rátaí comhréidhe, de thosaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 94 RFC (más amhlaidh, líontar isteach Foscríbhinn 1)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Tar éis a ghlactha, bainfidh an clár úsáid as aisíocaíocht ar rannaíocht an Aontais bunaithe ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais de réir Airteagal 95 RFC (más amhlaidh, líontar isteach Foscríbhinn 2)	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Léarscáil

Léarscáil de limistéar an chláir

—

Foscúibhinn 1

Ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar chostais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe

Teimpléad chun sonraí a thíolacadh lena meas ag an gCoimisiún

(Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2021/1060 (RFC))

An dáta ar tíolacadh an togra	

Níl an Fhoscúibhinn seo ag teastáil nuair a úsáidtear roghanna costais simplithe ar leibhéal an Aontais arna mbunú leis an ngníomh tarmlichte dá dtagraítear in Airteagal 94(4) RFC.

A. Achoimre ar na príomheilimintí

Tosaíocht	Ciste	Cuspóir sonrach	Cion measta de leithdháileadh airgeadais iomlán laistigh den tosaíocht a gcuirfeadh an rogha costais shimplithe i bhfeidhm ina leith in %	Cineál(acha) oibríochta a chumhdaítear		Táscaire lena spreagtar aisiocaíocht		Aonad tomhais don táscaire lena spreagtar aisiocaíocht	An cineál rogha costais shimplithe (scála caighdeánach na gcostas aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe)	Méid (in EUR) nó céatadán (i gcás rátaí comhréidhe) den rogha costais shimplithe
				Cód ⁽¹⁾	Tuairisc	Cód ⁽²⁾	Tuairisc			

⁽¹⁾ Tagraíonn sé seo don chód le haghaidh dhimínsean an réimse idirghabhála i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I RFC.
⁽²⁾ Tagraíonn sé seo do chód táscaire chomhchoitinn, más infheidhme.

B. Mionsonraí de réir cineál oibríochta (le comhlánú le haghaidh gach cineáil oibríochta)

An bhfuair an t-údarás bainistíochta tacaíocht ó chuideachta sheachtrach chun na costais shimplithe thíos a leagan amach?

Má fuair, sonraigh cén chuideachta seachtrach le do thoil:

Fuair/Ní bhfuair – Ainm na cuideachtaí seachtraí

1.1.	Tuairisc ar an gcineál oibríochta lena n-áirítear an amlíne le haghaidh an chur chun feidhme ⁽¹⁾	
1.2	Cuspóir sonracha	
1.3	An táscaire lena spreagtar aisíocaíocht ⁽²⁾	
1.4	An t-aonad tomhais don táscaire lena spreagtar aisíocaíocht	
1.5	Scála caighdeánach na gcostas aonaid, cnapshuim nó ráta comhréidh	
1.6	Méid in aghaidh an aonaid tomhais nó an chéatadáin (i gcás rátaí comhréidhe) den rogha costais shimplithe	
1.7.	Catagóirí na gcostas arna gcumhdach ag an gcostas aonaid, cnapshuim nó ráta comhréidh	
1.8	An bhfuil gach caiteachas incháilithe don oibríocht á gcumhdach faoi na catagóirí costais seo? (Tá/Níl)	
1.9	Modh(anna) coigeartaithe ⁽³⁾	
1.10	Fíorú gur baineadh amach na haonaid arna gcur ar fáil — déan cur síos ar an doiciméad nó na doiciméid nó an córas a úsáidfeadh chun a fhíorú gur baineadh amach na haonaid arna gcur ar fáil — déan cur síos ar an méid a sheiceálfar le linn fíoruithe bainistíochta agus ar an duine a dhéanfaidh sin — déan cur síos ar na socrúithe a dhéanfar chun na sonraí ábhartha/na doiciméid ábhartha a bhailiú agus a stóráil	
1.11	Dreasachtaí saobha féideartha, bearta maolaitheacha ⁽⁴⁾ agus an leibhéal measta riosca (ard/meán/íseal)	
1.12	An méid iomlán (náisiúnta agus AE) a bhfuiltear ag súil leis go n-aisíocfaidh an Coimisiún ar an mbonn sin	
<p>⁽¹⁾ An dáta tosaigh atá beartaithe maidir le roghnú na n-oibríochtaí agus dáta deiridh beartaithe a gcríochnaithe (tag. Airteagal 63(5)).</p> <p>⁽²⁾ Is féidir roinnt táscairí comhlántacha (mar shampla, táscaire aschuir amháin agus táscaire toraidh amháin) a bheith ann le haghaidh aon chineál oibríochta amháin. Sna cásanna sin, ba cheart réimse 1.3 go réimse 1.11 a líonadh isteach le haghaidh gach táscaire.</p> <p>⁽³⁾ Más infheidhme, léirigh minicíocht agus uainiú an choigeartaithe agus tabhairt tagairt shoiléir do tháscaire shonrach (lena n-áirítear nasc chuig an suíomh gréasáin ar a bhfoilsítear an táscaire sin, más infheidhme).</p> <p>⁽⁴⁾ An ann d'aon impleachtaí diúltacha féideartha ar cháilíocht na n-oibríochtaí arna dtacú agus, más ann, cén bearta (amhail dearbhú cáilíochta) a ghlacfar chun an riosca sin a fhritháireamh?</p>		

C. Scála caighdeánach na gcostas aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe a ríomh

1. Foinse na sonraí a úsáideadh chun scála caighdeánach na gcostas aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe a ríomh (an duine a rinne na sonraí a tháirgeadh, a bhailiú agus a thairgeadh; an áit a bhfuil na sonraí stóráilte; scoithdhátaí; bailíochtú, etc.):

2. Sonraigh, le do thoil, an fáth a bhfuil an modh agus ríomh atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 88(2) RFC ábhartha don chineál oibríochta:

3. Sonraigh, le do thoil, an chaoi a ndearnadh na ríomhanna, ag cur san áireamh go háirithe aon toimhdí a rinneadh ó thaobh cáilíochta nó cainníochtaí de. I gcás inarb ábhartha, ba cheart fianaise agus tagarmharcanna staidrimh a úsáid agus, má iarrtar sin, a sholáthar i bhformáid is féidir leis an gCoimisiún a úsáid:

4. Mínigh, le do thoil, an chaoi ar áirithigh tú nár cuireadh ach caiteachas incháilithe san áireamh agus scála caighdeánach na gcostas aonaid, cnapshuim nó ráta comhréidh á ríomh:

5. Measúnú ón údarás iniúchóireachta nó ó na húdaráis iniúchóireachta ar an modheolaíocht don ríomh agus na méideanna agus na socruithe chun fíorú, cáilíocht, bailiú agus stóráil na sonraí a áirithiú:

Foscúibhinn 2

Ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais

Teimpléad chun sonraí a thíolacadh lena meas ag an gCoimisiún

(Airteagal 95 de Rialachán (AE) 2021/1060 (RFC))

An dáta ar tíolacadh an togra	

Níl an Fhoscúibhinn seo ag teastáil nuair a úsáidtear méideanna le haghaidh maoiniú ar leibhéal an Aontais nach bhfuil nasctha le costais arna mbunú leis an ngníomh tarmiligthe dá dtagraítear in Airteagal 95(4) RFC.

A. Achoimre ar na príomheilimintí

Tosaíocht	Ciste	Cuspóir sonrach	Na méideanna arna gcumhdach ag an maoiniú nach bhfuil nasctha le costais	Cineál(acha) oibríochta a chumhdaítear		Coinníollacha atá le comhlíonadh/ torthaí atá le baint amach lena spreagtar aisiocaíocht ón gCoimisiún	Táscaire		Aonad tomhais do na coinníollacha atá le comhlíonadh / torthaí atá le baint amach lena spreagtar aisiocaíocht ón gCoimisiún	An cineál modha aisiótha a bheartaítear a úsáid chun aisiocaíocht a dhéanamh leis an tairbhí nó na tairbhithe
				Cód ⁽¹⁾	Tuairisc		Cód ⁽²⁾	Tuairisc		

(¹) Tagraíonn sé seo don chód le haghaidh dhimínsean an réimse idirghabhála i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le RFC agus Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán EMFAF.

(²) Tagraíonn sé seo do chód táscaire chomhchoitinn, más infheidhme.

B. Mionsonraí de réir cineál oibríochta (le comhlánú le haghaidh gach cineáil oibríochta)

1.1. Tuairisc ar an gcineál oibríochta			
1.2 Cuspóir sonrath			
1.3 Coinníollacha atá le comhlíonadh nó torthaí atá le baint amach			
1.4 Spriocdháta chun na coinníollacha a chomhlíonadh nó do na torthaí atá le baint amach			
1.5 An t-aonad tomhais do na coinníollacha atá le comhlíonadh / torthaí atá le baint amach lena spreagtar aisiócaíocht ón gCoimisiún			
1.6 Táirgí insoláthartha idirmheánacha (más infheidhme) lena spreagtar aisiócaíocht ag an gCoimisiún maille le sceideal do na haisíocaíochtaí	Táirgí insoláthartha idirmheánacha	Dáta atá beartaithe	Méideanna (in EUR)
1.7 Méid iomlán (lena n-áirítear cistiú an Aontais agus cistiú náisiúnta)			
1.8 Modh(anna) coigeartaithe			
1.9 Fíorú gur baineadh amach an toradh nó an coinníoll (agus, i gcás inarb ábhartha, na táirgí insoláthartha idirmheánacha) <ul style="list-style-type: none"> — déan cur síos ar an doiciméad nó na doiciméid nó an córas a úsáidfeadh chun a fhíorú gur baineadh amach an toradh nó an coinníoll — déan cur síos ar an mbealach a dhéanfar fíoruithe bainistíochta (lena n-áirítear fíoruithe ar an láthair), agus ar an duine a dhéanfaidh iad — déan cur síos ar na socruithe a dhéanfar ann chun na sonraí ábhartha/na doiciméid ábhartha a bhailiú agus a stóráil 			
1.10 Úsáid deontas i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais/An bhfuil an deontas a sholáthróidh an Ballstát do thairbhíthe i bhfoirm maoinithe nach bhfuil nasctha le costais? [Tá/Níl]			
1.11 Socruithe chun an rian iniúchóireachta a áirithiú Liostaigh, le do thoil, an comhlacht/na comhlachtaí atá freagrach as na socruithe sin.			

Foscúibhinn 3

Liosta de na hoibríochtaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo atá beartaithe maille le clár ama – Airteagal 17(3)

Réimse téacs [2 000]

RIALACHÁN (AE) 2021/1060 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an 24 Meitheamh 2021

lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177, pointe (a) d'Airteagal 322(1) agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ⁽³⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽⁴⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú, foráiltear le hAirteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go bhfuil sé mar aidhm ag an Aontas na héagothromaíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhairacht na réigiún nó na n-oileán is mídheisiúla a laghdú, agus go bhfuil aird ar leith le tabhairt ar limistéir thuaithe, ar limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh, agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha ag roinnt leo. Baineann na réigiúin sin go háirithe tairbhe as an mbeartas comhtháthaithe. Ceanglaítear le hAirteagal 175 CFAE go bhfuil an tAontas le tacú leis na cuspóirí sin a ghnóthú agus é ag gníomhú trí Roinn Treoraíochta an Chiste Eorpaigh um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta, trí Chiste Sóisialta na hEorpa, trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta agus trí ionstraimí eile. Is é Airteagal 322 CFAE is bunús le rialacha airgeadais a ghlacadh lena gcinntear an nós imeachta atá le glacadh le haghaidh an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus le haghaidh cuntais a chur i láthair agus a iniúchadh, mar aon le seiceálacha a dhéanamh ar fhreagracht gníomhaithe airgeadais.
- (2) Chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhordú agus ar chomhchuíbhiú chur chun feidhme na gcistí Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistiúocht chomhroinnte, eadhon Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), agus bearta arna maoiniú faoi bhainistiúocht chomhroinnte sa Chiste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL), an Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV), ba cheart rialacha airgeadais bunaithe ar Airteagal 322 CFAE a leagan síos do na Cistí sin uile (dá ngairtear le chéile “na Cistí”), ina sonrú go soiléir raon feidhme chur i bhfeidhm na bhforálacha éagsúla. Ina theannta sin, ba cheart forálacha coiteanna bunaithe ar Airteagal 177 CFAE a leagan síos chun rialacha maidir le beartais shonracha a chumhdach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMID.

⁽¹⁾ IO C 62, 15.2.2019, lch. 83.

⁽²⁾ IO C 86, 7.3.2019, lch. 41.

⁽³⁾ IO C 17, 14.1.2019, lch. 1.

⁽⁴⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 27 Márta 2019 (IO C 108, 26.3.2021, lch. 638) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 27 Bealtaine 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Eanáir 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

- (3) I ngeall ar na sainiúlachtaí a bhaineann le gach Ciste, ba cheart rialacha sonracha is infheidhme maidir le gach Ciste agus maidir le sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg) faoi CFRE a leagan síos i Rialacháin ar leithligh (“Rialacháin Chiste-shonracha”) de chomhlánú ar an Rialachán seo.
- (4) Ba cheart do na réigiúin is forimeallaí tairbhe a bhaint as bearta sonracha agus as cistiú breise leordhóthanach chun a staid shóisialta agus eacnamaíoch struchtúrach a fhritháireamh mar aon leis na míbhuntáistí a eascraíonn as na tosca dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE.
- (5) Ba cheart do na réigiún tuaisceartach is lú daonra tairbhe a bhaint as na bearta sonracha agus maoiniú breise chun na míbhuntáistí móra nádúrtha nó déimeagrafacha dá dtagraítear in Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994 a fhritháireamh.
- (6) Na prionsabail chothrománacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 10 CFAE, lena n-áirítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE, ba cheart iad a urramú agus na Cistí á gcur chun feidhme, agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit na hoibleagáidí a urramú a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, agus an inrochtaineacht a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 9 de agus i gcomhréir leis an dlí de chuid an Aontais lena gcomhchuíbítear ceanglais inrochtaineachta i gcás táirgí agus seirbhísí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na Cistí a chur chun feidhme ar bhealach ina gcuirfear an t-aistriú ón gcúram institiúideach chuig an gcúram teaghlachbhunaithe agus pobalbhunaithe chun cinn. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún neamh-chomhionannais a dhíothú agus an comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn agus gné na hinscne a chomhtháthú, agus an t-idirdhealú bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach a chomhrac. Níor cheart do na Cistí tacú le gníomhaíochtaí leanna rannchuidítear le hidirdheighilt nó eisiámh d’aon chineál, agus, nuair a mhaoinítear bonneagar leo, ba cheart dóibh inrochtaineacht do dhaoine atá faoi mhíchumas a áirithiú. Ba cheart cuspóirí na gCistí a shaothrú faoi chuimsiú na forbartha inbhuanaithe agus mar chuid de chur chun cinn an Aontais maidir leis an aidhm cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú mar a leagtar amach in Airteagal 11 agus in Airteagal 191(1) CFAE, agus an prionsabal “íoc mar a thruaillítear”, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus Comhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide⁽⁵⁾ (“Comhaontú Pháras”) á gcur san áireamh. Chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, caithfidh oibríochtaí a théann chun tairbhe do ghnóthais cloí le rialacha an Aontais maidir leis an stáitchabhair mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 CFAE iad. Dúshlán thar a bheith tábhachtach san Aontas is ea an bhochtaineacht. Dá bhrí sin, ba cheart cuspóirí na gCistí a shaothrú d’fhonn go rannchuidiú leis an mbochtaineacht a dhíothú. Ba cheart cuspóirí na gCistí a shaothrú d’fhonn tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil, go háirithe d’údarás áitiúla agus réigiúnacha i limistéir chósta agus uirbeacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shocheacnamaíocha a bhaineann le lánpháirtíú náisiúnach tríú tír agus chun go gcuirfear tacaíocht leordhóthanach ar fáil do cheantair faoi mhíbhuntáiste agus do phobail i limistéir uirbeacha.
- (7) Maidir leis an Rialachán seo, tá feidhm ag na rialacha airgeadais cothrománacha arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 CFAE. Leagtar na rialacha sin síos i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁶⁾ (“an Rialachán Airgeadais”) agus is iad na rialacha sin lena gcinntear, go háirithe, an nós imeachta le haghaidh bhuiséad an Aontais a bhunú agus a chur chun feidhme trí dheontais, soláthar, duaiseanna agus bainistiú indíreach, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus aísíocaíocht a dhéanamh le saineolaithe seachtach, agus déantar foráil leo maidir le seiceálacha ar fhreagracht na ngníomhaithe airgeadais. Áirítear freisin leis na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint.
- (8) I gcás ina leagfar síos teorainn ama faoi nach mór don Choimisiún beart a dhéanamh i leith Ballstát, ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis agus na doiciméid uile is gá a chur san áireamh ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil. Má tá na haighneachtaí ó na Ballstáit in aon fhoirm faoin Rialachán seo neamhiomlán nó mura gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo agus ceanglais na Rialachán Ciste-shonrach, ionas nach féidir leis an gCoimisiún beart lánfheasach a dhéanamh, ba cheart an teorainn ama sin a chur ar fionraí go dtí go gcomhlíonfaidh na Ballstáit na ceanglais rialála. Thairis sin, ós rud é go gcoiscítear ar an gCoimisiún íocaíochtaí a dhéanamh i leith an chaiteachais arna thabhtú ag tairbhíthe agus a íoctar i gcur chun feidhme oibríochtaí a bhaineann le cuspóirí sonracha nach gcomhlíontar coinníollacha cumasúcháin ina leith, atá ar áireamh in iarratais ar íocaíocht, níor cheart an teorainn ama atá ag an gCoimisiún chun íocaíochtaí a dhéanamh a ghníomhachtú do chaiteachas den sórt sin.

⁽⁵⁾ IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (9) Chun rannchuidiú le tosaíochtaí an Aontais, ba cheart na Cistí a dtacaíocht a dhírú ar líon teoranta cuspóirí beartais atá i gcomhréir lena misin Chiste-shonracha de bhun na gculpóirí sin dá gcuid atá bunaithe ar na Conarthaí. Ba cheart na cuspóirí do CTIL, CSI agus IBTV a leagan amach sna Rialacháin Chistí-shonracha faoi seach. CUAC agus aon acmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear, ar bhonn deonach, mar thacaíocht chomhlántach do CUAC, ba cheart iad a bheith ag rannchuidiú le cuspóirí sonracha aonair.
- (10) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart, leis na Cistí, rannchuidiú le gníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú agus le sprioc fhoriomlán 30 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a ghnóthú maidir leis an tacaíocht do chuspóirí aeráide. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, leis na Cistí, tacú le gníomhaíochtaí lena n-urramófaí caighdeáin agus tosaíochtaí aeráide agus comhshaoil an Aontais agus nach ndéanfaí aon díobháil shuntasach leo do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾. Ba cheart sásraí leordhóthanacha a bheith mar chuid lárnach de chlárscidealú agus de chur chun feidhme na gCistí chun a áirithiú go ndéanfar an infheistíocht thacaíthe i mbonneagar a dhíonadh ar an athrú aeráide.
- (11) De léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta, ba cheart, leis na Cistí, rannchuidiú le gníomhaíocht bithéagsúlachta a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus leis an uaimhian fhoriomlán a ghnóthú maidir le 7,5 % den chaiteachas bliantúil faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta sa bhliain 2024 agus 10 % den chaiteachas bliantúil faoi CAI a chur ar fáil do chuspóirí bithéagsúlachta in 2026 agus 2027, agus an forlú atá ann idir spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta a chur san áireamh.
- (12) Cuid den bhuiséad sin de chuid an Aontais a leithdháiltear ar na Cistí, ba cheart don Choimisiún é a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais. Dá bhrí sin, agus na Cistí á gcur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit cloí leis na prionsabail dá dtagraítear sa Rialachán Airgeadais, amhail an bhainistíocht fhóna airgeadais, an trédhearcacht agus an neamh-idirdhealú.
- (13) Ba cheart na Ballstáit ar an leibhéal críochach iomchuí, i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais féin agus na comhlachtaí arna n-ainmniú acu chun na críche sin, a bheith freagrach as clár a ullmhú agus a chur chun feidhme. Níor cheart don Aontas ná do na Ballstáit rialacha neamhriachtanacha a fhorchur a d'fhágfadh ualach iomarcach riaracháin ar thairbhíthe.
- (14) Bunghné de chur chun feidhme na gCistí is ea prionsabal na comhpháirtíochta, ag tógáil ar chur chuige an rialachais il-leibhéal agus ag áirithiú go bhfuil údarais réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus údarais phoiblí eile, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta agus, i gcás inarb iomchuí, eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, rannpháirteach. Chun leanúnachas a sholáthar maidir le heagrú na comhpháirtíochta, ba cheart leanúint d'feidhm a bheith ag an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht do Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus do chlár Chomhpháirtíochta a fhaigheann tacaíocht ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa arna mbunú le Rialachán Tarmiligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún ⁽⁸⁾ (“an cód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht”) maidir leis na Cistí.
- (15) Ar leibhéal an Aontais, is é an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, lena n-áirítear prionsabail Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta, an creat chun tosaíochtaí náisiúnta um athchóiriú a shainnithint agus chun faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Forbraíonn na Ballstáit a gcuid straitéisí infheistíochta ilbhliantúla náisiúnta féin chun tacú leis na hathchóirithe sin. Ba cheart na straitéisí sin a chur i láthair in éineacht leis na clár náisiúnta bhliantúla um athchóiriú chun na tionscail infheistíochta tosaíochta a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh as cistiú náisiúnta nó as cistiú ón Aontas, nó as cistiú ón dá cheann, chun sin a achoimriú agus a chomhordú. Ba cheart leas a bhaint astu, freisin, chun cistiú ón Aontas a úsáid ar dhóigh chomhleanúnach agus chun a oiread tairbhe is féidir a bhaint as breisluach na tacaíochta airgeadais atá le fáil, go háirithe, ó na Cistí, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta arna bunú le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾ agus ó Chlár InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁰⁾ (“Rialachán InvestEU”).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

⁽⁸⁾ Rialachán Tarmiligthe (AE) Uimh. 240/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 maidir leis an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht faoi chuimsiú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (IO L 74, 14.3.2014, lch. 1).

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

⁽¹⁰⁾ Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

- (16) Ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar mholtaí tír-shonracha ábhartha, arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE agus moltaí comhlántacha ón gCoimisiún arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹¹⁾ agus le haghaidh CTIL, CSI, agus IBTV, aird a thabhairt ar mholtaí ábhartha eile de chuid an Aontais a dhírítear ar an mBallstát agus doiciméid chlársceidealaithe á n-ullmhú acu. Le linn chlárthréimhse 2021-2027 (clárthréimhse), ba cheart do na Ballstáit an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme na gclár lena dtacaítear le moltaí tír-shonracha a chur i láthair don choiste faireacháin agus don Choimisiún. Le linn athbhreithniú meántearma, ba cheart do na Ballstáit, i measc nithe eile, féachaint ar an ngá atá le modhnuithe ar chlár chun freastal ar dhúshláin nua a shainaithnítear i moltaí tír-shonracha ábhartha arna nglacadh nó arna modhnú ó thús na clárthréimhse.
- (17) Ba cheart do na Ballstáit aird a thabhairt ar a bhfuil ina bplean comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid, pleán atá le forbairt faoi Rialachán (AE) 2018/1999 agus ar thoradh an phróisis lena dtugtar moltaí ón Aontas maidir leis na pleannanna sin, i gcomhair a gclár, lena n-áirítear le linn an athbhreithnithe meántearma, agus i gcomhair na riachtanas airgeadais arna leithdháileadh le haghaidh infheistíochtaí íseal-charbóin.
- (18) Ba cheart an Comhaontú Comhpháirtíochta, arna ullmhú ag gach Ballstát, a bheith ina dhoiciméad straitéiseach achomhairc lena dtreorófaí an chaibidlíocht idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann maidir le ceapadh clár faoi CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMID. Chun an próiseas formheasa a chuíchóiriú, ba cheart don Choimisiún prionsabal na comhréireachta a urramú ina mheasúnú, go háirithe maidir le fad an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus maidir leis na hiarrataí ar fhaisnéis bhreise. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, níor cheart é a bheith riachtanach Comhaontuithe Comhpháirtíochta a leasú le linn na clárthréimhse. Más mian leis an mBallstát é, ba cheart dó a bheith in ann leasú amháin ar a Chomhaontú Comhpháirtíochta a thíolacadh don Choimisiún chun toradh an mheasúnaithe meántearma a chur san áireamh. Chun an clársceidealú a éascú agus ionas nach mbeidh forluí idir inneachar na ndoiciméad clársceidealaithe, is féidir Comhaontú Comhpháirtíochta a áireamh mar chuid de chlár.
- (19) Chun solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit agus a gcuid leithdháiltí bainistíochta comhroinnte á gcur chun feidhme, ba cheart é a bheith indéanta leibhéal áirithe chistiúcháin a aistriú idir na Cistí agus idir ionstraimí bainistíochta comhroinnte agus ionstraimí bainistíochta díri agus indíri. I gcás ina mbeidh bonn cirt leis de bharr imthosca eacnamaíochta agus sóisialta sonracha Ballstáit, ba cheart an leibhéal aistrithe sin a bheith níos airde.
- (20) Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag gach Ballstát rannchuidiú le Clár InvestEU chun rátháíocht AE agus Mol Comhairleach InvestEU a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí sa Bhallstát sin, faoi choinníollacha ar leith a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (21) Chun na réamhriachtanais le haghaidh úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na tacaíochta a thugann an tAontas tríd na Cistí a áirithiú, ba cheart liosta teoranta de choinníollacha cumasúcháin a leagan síos chomh maith le sraith ghonta uileghabhálach de chritéir oibiachtúla chun iad a mheas. Ba cheart na coinníollacha cumasúcháin sin a bheith nasctha le cuspóir sonracha agus ba cheart iad a bheith infheidhme go huathoibríoch i gcás ina roghnófar an cuspóir sonracha sin le haghaidh tacaíochta. Gan dochar do na rialacha maidir le saoradh, i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha sin, níor cheart don Choimisiún an caiteachas a bhaineann le hoibríochtaí faoi na cuspóirí sonracha gaolmhara a aisíoc. Chun creat infheistíochta fabhrach a chaomhnú, ba cheart faireachán rialta a dhéanamh go bhfuiltear fós ag comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin. Ar iarraidh ó Bhallstát, ba cheart an deis a bheith ag BEI rannchuidiú le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin ábhartha. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfar na hoibríochtaí a roghnófar le haghaidh tacaíochta a chur chun feidhme de réir na straitéisí agus na ndoiciméad pleanála atá ann agus arb iad is bunús leis an gcoinníoll cumasúcháin a bheith comhlíonta, sa dóigh go n-áiríteofar go bhfuil gach oibríocht chómhainithe i gcomhréir le creat beartais an Aontais.
- (22) Agus cuspóirí an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh á saothrú, ba cheart é a bheith mar aidhm, leis an tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe a thugtar don nascacht líonra, naisc atá in easnamh leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chomhlánú.

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

- (23) Ba cheart do na Ballstáit creat feidhmíochta a bhunú le haghaidh gach cláir lena gcumhdaítear na táscairí, na clocha míle agus na spriocanna uile a bhfuil faireachán le déanamh orthu, a bhfuil tuairisc le tabhairt mar gheall orthu agus a úsáidfear chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chláir. Leis sin, ba cheart a bheith in ann faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht le linn an chur chun feidhme, agus rannchuidiú le feidhmíocht fhoriomlán na gCistí a thomhas.
- (24) Ba cheart don Bhallstát athbhreithniú meántearma a dhéanamh ar gach clár a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC. Leis an athbhreithniú sin, ba cheart coigeartú iomlán ar na cláir a chur ar fáil bunaithe ar fheidhmíocht an chláir féin, agus ag an am céanna deis a chur ar fáil chun dúshlán nua agus moltaí tír-shonracha ábhartha arna n-eisiúint in 2024 a chur san áireamh, chomh maith le dul chun cinn maidir leis na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. Chun críocha an athbhreithnithe meántearma, ba cheart aird a thabhairt freisin ar staid shocheanamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin lena mbaineann, lena n-áirítear aon mhórfhorbairt dhiúltach airgeadais, eacnamaíoch nó shóisialta nó dúshlán dhéimeagrafacha agus an dul chun cinn ionsar spriocanna rannchuidithe aeráide a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le toradh an athbhreithnithe meántearma, lena n-áirítear a mheasúnú ar chur i bhfeidhm na gcostas agus na dtáillí bainistíochta faoi ionstraimí airgeadais arna mbainistiú ag comhlachtaí a roghnaítear trí dhámhachtain dhíreach.
- (25) Ba cheart sásraí lena n-áirithítear nasc idir beartais chistiúcháin an Aontais agus rialachas eacnamaíoch an Aontais a chóiriú tuilleadh ionas gur féidir leis an gCoimisiún togra a chur chuig an gComhairle maidir leis na gealltanais nó na híocaíochtaí uile, nó cuid díobh sin, do chlár amháin nó níos mó de chuid an Bhallstáit lena mbaineann, a chur ar fionraí i gcás nach ndéanann an Ballstát sin bearta éifeachtacha i gcomhthéacs phróiseas an rialachais eacnamaíoch. An oibleagáid atá ar an gCoimisiún fionraí a mholadh, ba cheart í a fhionraí nuair agus fad a bheidh an clásal ginearálta éalaithe faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis curtha i ngníomh. Chun cur chun feidhme aonfhoirmeach a áirithiú, agus i bhfianaise thábhacht na n-éifeachtaí airgeadais a bheidh ag na bearta atá á bhforchur, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle agus ba cheart dó gníomhú ar bhonn togra ón gCoimisiún. Chun gur fusa cinntí a ghlacadh a bhfuil gá leo chun gníomhaíocht éifeachtach a áirithiú i gcomhthéacs phróiseas an rialachais eacnamaíoch, ba cheart vótáil trí thromlach cáilithe aisiompaithe a úsáid. I bhfianaise na gcineálacha oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE+ agus faoi chlár Interreg, ba cheart CSE + agus na cláir seo a eisiáimh ó raon feidhme na sásraí sin.
- (26) Chun gur féidir mearfhreagairt a thabhairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha dá dtagraítear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na clárthréimhse, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún d'fhonn bearta sealadacha a ghlacadh chun úsáid na gCistí a éascú mar fhreagairt ar imthosca den sórt sin. Ba cheart don Choimisiún na bearta is iomchuí a ghlacadh i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha ina bhfuil Ballstát agus cuspóirí na gCistí á gcaomhnú ag an am céanna. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbearta sin agus measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht.
- (27) Ní mór riachtanais choiteanna a leagan amach a mhéid a bhaineann le hinneachar na gclár ag cur san áireamh chineál sonracha gach Ciste. Féadfar na riachtanais choiteanna sin a chomhlánú le rialacha Ciste-shonracha. I Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾ (“Rialachán Interreg”), ba cheart forálacha sonracha a leagan amach maidir le hinneachar chlár Interreg.
- (28) Ionas go mbeidh solúbthacht i gcur chun feidhme na gclár agus ionas go laghdófar an t-ualach riaracháin, ba cheart aistriú airgeadais teoranta a cheadú idir tosaíochtaí an aon chláir amháin gan aon ghá le cinneadh ón gCoimisiún ag leasú an chláir. Ba cheart na táblaí airgeadais athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil faisnéis aige, atá cothrom le dáta, maidir leis na leithdháiltí airgeadais do gach tosaíocht.
- (29) Chun éifeachtacht CUAC a fheabhsú, ba cheart é a bheith indéanta acmhainní comhlántacha ó CFRE agus ó CSE+ a chur ar fáil do CUAC ar bhonn deonach. Ba cheart na hacmhainní comhlántacha sin a chur ar fáil trí aistriú roghnach sonracha ó na cistí sin chuig CUAC agus aird á tabhairt ar na dúshláin a bhaineann le haistriú a leagtar sna pleananna críochacha um aistriú cóir, ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart na méideanna atá le haistriú a sholáthar ó acmhainní chatagóirí na réigiúin ina bhfuil na críocha lonnaithe atá sainaitheanta i bpleananna críochacha um aistriú cóir. I bhfianaise na socrúithe sonracha sin maidir le hacmhainní CUAC a úsáid, ní bheidh

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chriochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

feidhm ach ag an sásra aistrithe sonracha maidir le comhdhéanamh acmhainní CUAC. Anuas air sin, ní mór a shoiléiriú nár cheart feidhm a bheith ach ag an Rialachán seo agus ag Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹³⁾ (“Rialachán CUAC”) maidir le CUAC agus maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC, a bheidh ina gcuid de thacaíocht CUAC freisin. Níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ (“Rialachán CFRE agus CC”) ná Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁵⁾ (“Rialachán CSE+”) maidir leis an tacaíocht chomhlántach. Dá bharr sin, ba cheart acmhainní CFRE a aistrítear mar thacaíocht chomhlántach go CUAC a eisiáimh ón mbonn ar a ríomhtar na ceanglais maidir le comhdhlúthú téamach a leagtar amach i Rialachán CFRE agus CC agus ón mbonn ar a ríomhtar na leithdháilí fosta ar an bhforbairt uirbeach inbhuanaithe mar a leagtar amach i Rialachán CFRE agus CC. Baineann an méid sin freisin le hacmhainní CSE+ a aistrítear mar thacaíocht chomhlántach chuig CUAC i dtaca le ceanglais maidir le comhdhlúthú téamach a leagtar amach i Rialachán CSE+.

- (30) Chun an cur chuige comhtháite forbartha críochnaí a neartú, ba cheart infheistíochtaí i bhfoirm uirlisí críochnaí amhail infheistíochtaí críochnaí comhtháite, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, ar a dtugtar “LEADER” faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), nó aon uirlis chríochnaí eile ar uirlis í lena dtacaítear le tionscnaimh arna gceapadh ag na Ballstáit, a bheith bunaithe ar straitéisí forbartha críochnaí agus áitiúla. Ba cheart an méid céanna a bheith i bhfeidhm maidir le tionscnaimh ghaolmhara amhail na Sráidbhailte Cliste. Ar mhaithe le hinfeistíochtaí críochnaí comhtháite agus uirlisí críochnaí arna gceapadh ag na Ballstáit, ba cheart íoscheanglais a leagan amach maidir le hinneachar na straitéisí críochnaí. Ba cheart na húdaráis ábhartha nó na comhlachtaí ábhartha a bheith freagrach as na straitéisí críochnaí sin a fhorbairt agus a fhorluathú. Chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis ábhartha nó na comhlachtaí ábhartha rannpháirteach i gcur chun feidhme na straitéisí críochnaí, ba cheart na húdaráis nó na comhlachtaí sin a bheith freagrach as roghnú na n-oibríochtaí a dtabharfar tacaíocht dóibh, nó a bheith rannpháirteach sa roghnú sin. Sna straitéisí críochnaí, ba cheart cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir riachtanais na gcónaitheoirí agus na dturasóirí, amhail gréasáin idirnasctha rothaíochta agus iarnróid, agus tionscnaimh turasóireachta inbhuanaithe á gcur chun cinn.
- (31) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin forbartha i limistéir thuaithe, ba cheart tacaíocht chomhordaithe ó na Cistí agus ó CETFT a éascú. Ba cheart do na Ballstáit agus do na réigiúin a áirithiú go mbeidh na hidirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí agus ó CETFT comhlántach agus go gcuirfear chun feidhme iad ar bhealach comhordaithe chun sineirgí a chruthú agus chun an costas agus an t-ualach riaracháin do chomhlachtaí bainistíochta agus do thairbhíthe a laghdú.
- (32) Chun leas níos fearr a bhaint as an bpoitéinseal atá ann ar an leibhéal áitiúil, ní mór forbairt áitiúil faoi cheannas an phobail a neartú agus a éascú. Ba cheart na riachtanais áitiúla agus an poitéinseal áitiúil a chur san áireamh freisin, chomh maith leis na saintréithe soch-chultúrtha ábhartha, agus ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hathruithe struchtúracha, acmhainneacht an phobail a mhéadú agus an nuálaíocht a spreagadh. Ba cheart neartú a dhéanamh ar an dlúthchomhar agus ar úsáid chomhtháite na gCistí agus CETFT chun straitéisí forbartha áitiúla a chur i bhfeidhm. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh grúpaí gníomhaíochta áitiúla a dhéanann ionadaíocht ar leasanna an phobail freagrach as straitéisí maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a cheapadh agus a chur chun feidhme. Chun éascaíocht a dhéanamh do thacaíocht chomhordaithe ó Chistí éagsúla agus ó CETFT chuig straitéisí maidir le forbairt áitiúil faoi cheannas an phobail, ba cheart úsáid chur chuige an “Chiste Cheannasaigh” a éascú. Le CETFT, nuair a roghnaítear é mar Chiste Ceannasach, ba cheart cloí leis na rialacha a bunaíodh do chur chuige an “Chiste Cheannasaigh”.
- (33) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart é a bheith indéanta cúnaimh teicniúil a chur chun feidhme arna nascadh le cur chun feidhme an chláir ar thionscnaimh an Bhallstáit trí ráta comhréidh bunaithe ar an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an chláir agus d'fhéadfadh cúraimí cothrománacha a bheith cumhdaithe leis freisin. Mar sin féin, chun an cur chun feidhme a shimpliú do CTIL, do CSI agus do IBTV agus do chláir Interreg, níor cheart ach cur chuige an ráta comhréidh a úsáid. Chun an bhainistíocht airgeadais a éascú, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit comhlacht amháin nó níos mó a shonrú lena cheart aisíocaíochtaí gaolmhara a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil na haisíocaíochtaí sin bunaithe ar chur i bhfeidhm ráta comhréidh, ba cheart fíoruithe agus iniúchtaí a theorannú d'fhíorú a dhéanamh go gcomhlíontar na coinníollacha lena dtionscnaítear aisíoc ranníocaíocht an Aontais ach níor cheart caiteachas bunúsach a bheith faoi réir fíoraithe ná iniúchta. Mar sin féin, i gcás inarb fhearr leanúnachas leis an tréimhse 2014-2020, ba cheart an deis a thabhairt don Bhallstát freisin leanúint d'aisíocaíocht a fháil ar chostais incháilithe a thabhaíonn an tairbhí go hiarbhír agus a íoctar in oibríochtaí cur chun feidhme le

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

⁽¹⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

⁽¹⁵⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

haghaidh cúnaimh teicniúil a chuirtear chun feidhme trí chlár ar leithligh amháin nó níos mó nó trí thosaíocht amháin nó níos mó laistigh de chlár. Ba cheart don Bhallstát a rogha a léiriú, ina Chomhaontú Comhpháirtíochta, maidir le foirm na ranníocaíochta ón Aontas le haghaidh cúnaimh teicniúil don chlárthréimhse iomlán. Gan beann ar pé rogha a dhéantar, ba cheart é a bheith indéanta an cúnaimh teicniúil a chomhlánú le bearta spriocdhírthe chun an acmhainneacht riaracháin a fhothú ag úsáid modhanna aisíocaíochta nach bhfuil nasctha le costais. Ba cheart é a bheith indéanta chomh maith gníomhaíochtaí agus táirgí insóláthartha chomh maith leis na híocaíochtaí ón Aontas a bhaineann leo a aontú i dtreochlár agus íocaíochtaí as torthaí ar an talamh a dhéanamh mar gheall orthu.

- (34) I gcás ina molfaidh Ballstát don Choimisiún go dtabharfaí tacaíocht do thosaíocht de chuid cláir, nó do chuid de thosaíocht den sórt sin, trí scéim maoiniúcháin nach mbeadh nasctha le costais, gur cheart na gníomhaíochtaí, na táirgí insóláthartha agus na coinníollacha arna gcomhaontú a nascadh le hinfheistíochtaí iarbhír arna ndéanamh faoi na cláir bainistíochta comhroinnte sa Bhallstát nó réigiún sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a áirithiú go n-urramófar prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais. Go háirithe, maidir lena iomchuí atá na méideanna a bhaineann le comhlíonadh na gcoinníollacha faoi seach nó le gnóthú na dtorthaí, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a áirithiú gur leor na hacmhainní a úsáidtear le haghaidh na n-infheistíochtaí a dhéantar. I gcás ina n-úsáidtear scéim maoiniúcháin i gclár, ar scéim nach nasctar le costais í, níor cheart costais bhunúsacha atá nasctha le cur chun feidhme na scéime sin a bheith faoi réir aon fhíoruithe ná iniúchtaí mar go gcuireann an Coimisiún comhaontú *ex ante* ar fáil sa chlár nó i ngníomh tarmligthe maidir leis na méideanna atá nasctha le comhlíonadh na gcoinníollacha nó le gnóthú na dtorthaí. Ina ionad sin, ba cheart fíoruithe agus iniúchtaí a bheith teoranta do sheiceáil a dhéanamh go gcomhlíontar na coinníollacha nó na torthaí lena spreagtar aisíoc ranníocaíochta an Aontais.
- (35) Chun scrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gclár, ba cheart do na Ballstáit coistí faireacháin a chur ar bun, ar cheart ionadaithe comhpháirtithe ábhartha a áireamh iontu. Do CFRE, do CSE+, don Chiste Comhtháthaithe agus CEMID, ba cheart, in ionad na dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme, comhphlé struchtúrtha bliantúil faoi bheartas a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí agus ar shonraí faoi chur chun feidhme na gclár arna gcur ar fáil ag na Ballstáit. Ba cheart an cruinniú athbhreithnithe a eagrú freisin i dtaca le cláir lena gcumhdaítear CUAC.
- (36) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽¹⁶⁾, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar na Cistí ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus ag an am céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint san am céanna. Ar na ceanglais sin, ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí na gCistí ar an láthair. Leis na ceanglais sin, ba cheart a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar an tacaíocht a thugtar don chomhionannas inscne.
- (37) Chun a áirithiú go bhfuil faisnéis chuimsitheach chothrom le dáta le fáil faoi chur chun feidhme na gclár, ba cheart é a bheith ina cheangal tuairisciú leictreonach éifeachtach agus tráthúil a dhéanamh maidir le sonraí cainníochtúla.
- (38) Chun tacú le hullmhú clár gaolmhar agus gníomhaíochtaí gaolmhara de chuid na chlárthréimhse eile ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún measúnú lárthearma a dhéanamh ar na Cistí. Ag deireadh na clárthréimhse, ba cheart don Choimisiún meastóireachtaí siarghabhálacha a dhéanamh ar na Cistí, a bheadh dírithe ar thionchar na gCistí. Ba cheart torthaí na meastóireachtaí sin a phoibliú.
- (39) Ba cheart d'údarás na gclár, na tairbhíthe agus a ngeallsealbhóirí sna Ballstáit feasacht a mhéadú faoin méid a bhaintear amach le cistí ón Aontas agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas dá réir sin. Tá gníomhaíochtaí trédhearcachta, cumarsáide agus infheictheachta rithábhachtach chun gníomhaíocht an Aontais a léiriú ar an talamh agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar fhaisnéis atá fíor, cruinn agus cothrom le dáta. Le go mbeidh na ceanglais sin in-fhorfheidhmithe, ba cheart údarás an chlár agus, i gcás neamh-chomhlíonadh, an Coimisiún a bheith in ann bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm.

⁽¹⁶⁾ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (40) Ba cheart do na húdaráis bhainistíochta faisnéis struchtúrtha a fhoilsiú maidir leis na hoibríochtaí roghnaithe agus a dtairbhíthe ar shuíomh gréasáin an chláir atá ag tacú leis an oibríocht, ag cur san áireamh ceanglais maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁷⁾.
- (41) D'fhonn úsáid na gCistí a shimpliú agus an riosca earráide a laghdú, is iomchuí idir fhoirmeacha na ranníocaíochta ón Aontas leis na Ballstáit agus fhoirmeacha na tacaíochta ó na Ballstáit do na tairbhíthe a shainiú. Ba cheart freisin go bhféadfadh na húdaráis bhainistíochta deontais a sholáthar trí bhíthin maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, ar choinníoll go gcumhdaítear deontais ssin trí ranníocaíocht ón Aontas a aisíoc de bhun an mhaoinithe chéanna, chun taithí a mhéadú maidir leis an bhféidearthacht simpliúcháin den sórt sin.
- (42) A mhéid a bhaineann le deontais a thugtar do thairbhíthe, ba cheart do na Ballstáit níos mó úsáide a bhaint as roghanna costais simplithe. An tairseach a bhaineann le húsáid éigeantach roghanna costais simplithe, ba cheart í a bheith nasctha le costais iomlána na hoibríochta chun a áirithiú go gcaithfear mar an gcéanna leis na hoibríochtaí uile atá faoi bhun na tairisí, gan beann ar an tacaíocht a bheith poiblí nó príobháideach. I gcás ina bhfuil sé ar ag údaráis bainistíochta leas a bhaint as rogha costais simplithe i nglao ar thograí mholadh, ba cheart é a bheith indéanta dul i gcomhairle leis an gcoiste faireacháin. Ní mór na méideanna agus na rátaí arna mbunú ag na Ballstáit a bheith ina n-ionadach iontaoifa chuig fórchostais. Is dea-chleachtas iad coigeartuithe tréimhsiúla i gcomhthéacs cláir ilbhliantúla a chur chun feidhme chun na fachtóirí lena ndéantar difear do rátaí agus do mhéideanna a chur san áireamh. Chun an glacadh le roghanna costais simplithe a éascú, ba cheart a chur ar fáil leis an Rialachán seo freisin modhanna agus rátaí is féidir a úsáid gan ceanglas a bheith ar na Ballstáit ríomh a dhéanamh nó modheolaíocht a chomhlíonadh.
- (43) Le go mbeifear in ann rátaí comhréidhe a chur chun feidhme láithreach, aon ráta comhréidh a leagfaidh na Ballstáit síos le linn na tréimhse 2014-2020 atá bunaithe ar mhodh ríomha atá cóir cothrom infhíoraithe, ba cheart leanúint dá chur i bhfeidhm le haghaidh oibríochtaí inchurtha dá dtugtar tacaíocht faoi Rialachán seo gan modh ríomha nua a bheith ina cheangal.
- (44) Chun an glacadh le hinfeistíochtaí cómhaoinithe comhshaoil a optamú, ba cheart a áirithiú go bhfuil sineirgí ann le clár LIFE don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁸⁾, go háirithe trí thionscadail chomhtháite straitéiseacha agus tionscadail chomhshaoil straitéiseacha LIFE, chomh maith le tionscadail arna gcistiú faoi chlár Fís Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁹⁾ (“an Rialachán maidir le Fís Eorpach”) agus faoi chlár eile de chuid an Aontais Eorpaigh.
- (45) Chun gurb ann don tsoiléireacht dhlíthiúil, is iomchuí an tréimhse incháilitheachta a shonrú le haghaidh caiteachas nó costas a bhaineann le hoibríochtaí dá dtugtar tacaíocht ó na Cistí faoin Rialachán seo agus chun srian a chur leis an tacaíocht le haghaidh oibríochtaí lánchríochnaithe. An dáta óna mbeidh caiteachas incháilithe le haghaidh tacaíocht ó na Cistí má ghlactar cláir nua nó má athraítear cláir, ba cheart an dáta sin a shoiléiriú, lena n-áirítear an deis eisceachtúil an tréimhse incháilitheachta a shíneadh go dtí tús tubaiste nádúrtha má bhíonn gá práinneach ann acmhainní a chur chun gnímh i ndáil le tubaiste den sórt sin. Ag an am céanna, le cur chun feidhme an chláir, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le solúbthacht i ndáil le hincháilitheacht caiteachais le haghaidh oibríochtaí a chuireann le cuspóirí an chláir, gan beann ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear chun feidhme iad lasmuigh de Bhallstát nó den Aontas nó sa chatagóir céanna réigiúin laistigh de Bhallstát.
- (46) Chun an tsolúbthacht is gá a chur ar fáil chun comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPPanna) a chur chun feidhme, ba cheart a shonrú i gcomhaontú CPP cathain a mheastar caiteachas a bheith incháilithe, go háirithe cad iad na coinníollacha faoina dtabhaíonn tairbhí nó comhpháirtí príobháideach CPP é, gan beann ar cé a dhéanann na híocaíochtaí agus oibríocht CPP á cur chun feidhme.

⁽¹⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

⁽¹⁸⁾ Rialachán (AE) 2021/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Chomhshaoil agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 (IO L 172, 17.5.2021, lch. 53).

⁽¹⁹⁾ Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

- (47) Chun éifeachtacht, cothroime agus tionchar inbhuanaithe na gCistí a áirithiú, ba cheart forálacha a bheith ann lena rathófar gur ar bhonn fadtréimhseach a dhéanfar na hinfheistíochtaí i mbonneagair nó na hinfheistíochtaí táirgiúla agus lena gcuirfear cosc le húsáid na gCistí ar mhaithe le buntáiste mhíchuí. Ba cheart do na húdaráis bhainistíochta a bheith an-chúramach gan tacú le hathlonnú nuair a roghnóidh siad oibríochtaí agus caitheamh mar neamhrialtachtaí le suimeanna arna híoc go míchuí le hoibríochtaí nach gcomhlíontar ceanglas an bhuanfais.
- (48) D'fhonn comhlántachtaí a fheabhsú agus cur chun feidhme a shimpliú, ba cheart é a bheith indéanta tacaíocht ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC a chomhcheangal le tacaíocht ó CSE+ i gclár chomhpháirteacha faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis.
- (49) Chun an breisluach is fearr a fháil ó infheistíochtaí a mhaoinítear go hiomlán nó i bpáirt ó bhuiséad an Aontais, ba cheart sineirgí a lorg go háirithe idir na Cistí agus ionstraimí ábhartha eile, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus Cúlchiste Coigeartaithe Brexit. Ba cheart na sineirgí sin a ghnóthú le sásraí príomha, ar sásraí iad a bheidh éasca le húsáid, eadhon aitheantas do rátaí comhréidhe i gcomhair costais incháilithe ó Fhís Eorpach i gcomhair oibríocht inchurtha agus an deis cistiú ó ionstraimí éagsúla de chuid an Aontais a chomhcheangal in aon oibríocht amháin a fhad agus nach ndéanfar maoiniú dúbailte. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha maidir le maoiniú comhlántach ó na Cistí a leagan amach sa Rialachán seo.
- (50) Níor cheart ionstraimí airgeadais a úsáid chun tacú le gníomhaíochtaí athmhaoiniúcháin, amhail ionadú a dhéanamh ar chomhaontuithe iasachta atá ann cheana nó foirmeacha eile maoiniúcháin le haghaidh infheistíochtaí atá lánchríochnaithe go fisiceach cheana féin nó atá curtha chun feidhme ina n-íomláine ar dháta an chinnidh infheistíochta, seachas sin ba cheart iad a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí nua d'aon chineál atá ag teacht leis na cuspóirí beartais foluiteacha.
- (51) Ba cheart cinneadh na n-údarás bainistíochta chun bearta tacaíochta a mhaoiniú trí bhithin ionstraimí airgeadais a chinneadh ar bhonn measúnú *ex ante*. Leis an Rialachán seo, ba cheart na heilimintí íosta éigeantacha de mheasúnuithe *ex ante* a leagan síos, ar cheart faisnéis tháscach fúthu, atá ar fáil ar an dáta a thugtar chun críche iad, a chur ar fáil, agus ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit úsáid a bhaint as an measúnuithe *ex ante* a rinneadh do thréimhse 2014-2020, arna thabhairt cothrom le dáta más gá, sa dóigh go seachnófar ualach riaracháin agus moilleanna agus ionstraimí airgeadais á gcur ar bun.
- (52) Chun an cur chun feidhme a éascú maidir le hionstraimí airgeadais de chineálacha áirithe i gcás ina bhfuil tacaíocht ó chlár i bhfoirm deontais, lena n-áirítear i bhfoirm lacáiste caipiteal, beartaithe, is féidir na rialacha maidir le hionstraimí airgeadais a chur i bhfeidhm maidir le meascán den sórt sin in aon oibríocht ionstraime airgeadais amháin. Mar sin féin, ba cheart coinníollacha maidir le tacaíocht ó chlár den sórt sin agus coinníollacha sonracha lena gcuirfear cosc le maoiniú dúbailte a leagan amach.
- (53) Le hurraim iomlán do na rialacha is infheidhme maidir le státchabhair agus soláthar poiblí a soiléiríodh le linn chlárthréimhse 2014-2020, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis bhainistíochta cinneadh a dhéanamh maidir leis an rogha is iomchuí chun ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na sprioc-réigiún. Ina theannta sin, chun leanúnachas le clárthréimhse 2014-2020 a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag údarás bhainistíochta ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme trí chonradh a dhámhachtain go díreach do BEI agus d'institiúidí idirnáisiúnta airgeadais ina bhfuil an Ballstát ina scairshealbhóir. Anuas air sin, ba cheart an deis a bheith ag údarás bhainistíochta conarthaí a dhámhachtain go díreach do bhainc nó d'institiúidí atá faoi úinéireacht phoiblí a chomhlíonann na coinníollacha do chéanna dá bhforáiltear leis an Rialachán Airgeadais do chlárthréimhse 2014-2020. Ba cheart coinníollacha soiléire a chur ar fáil faoin Rialachán seo chun a áirithiú go leanfaidh an fhéidearthacht de dhámhachtain dhíreach de bheith comhsheasmhach le prionsabail an mhargaidh inmheánaigh. Sa chreat sin, ba cheart don Choimisiún tacaíocht a chur ar fáil d'iniúcháirí, d'údarás bhainistíochta agus do thairbhíthe d'fhonn comhlíonadh na rialacha maidir le Státchabhair a áirithiú.
- (54) Mar gheall ar an timpeallacht fhadtréimhseach ráta ísil úis, agus ionas nach ngearrfar pionós míchuí ar chomhlachtaí a bhíonn i mbun ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme, is gá, faoi réir bhainistíocht airgid ghníomhach na gcomhlachtaí sin, maoiniú úis dhiúltaigh arna ghiniúint de bharr infheistíochtaí na gCistí a chumasú ó acmhainní arna n-íoc ar ais san ionstraim airgeadais. Trí bhainistíocht ghníomhach cistí, ba cheart na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme féachaint le torthaí a bharrfheabhsú agus muirir a íoslaghdú, go leibhéal riosca inghlactha.
- (55) I gcomhréir le prionsabal agus le rialacha na comhbhainistíochta, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a bheith freagrach as clár a bhainistiú agus a rialú agus gealltanais a thabhairt maidir le húsáid dhleathach rialta na gCistí. Ós ar na Ballstáit is ceart an phríomhfhreagracht a bheith as bainistiú den sórt sin agus as an rialú sin agus ós

rud é gur cheart dóibh a áirithiú go gcomhlíonann na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí an dlí is infheidhme, ba cheart a n-oibleagáidí ina leith sin a shonrú. Ba cheart cumhachtaí agus freagrachtaí an Choimisiúin sa chomhthéacs sin a leagan síos freisin.

- (56) Chun dlús a chur le tosú chur chun feidhme an chláir, ba cheart éascaíocht a dhéanamh ar aistriú socrúithe cur chun feidhme ón gclárthréimhse roimhe seo. An córas ríomhairithe a cuireadh ar bun cheana féin don chlárthréimhse roimhe seo, ba cheart leanúint dá úsáid, arna oiriúnú de réir mar is gá mura mbeidh gá le teicneolaíocht nua.
- (57) Chun tacú le húsáid éifeachtach na gCistí, ba cheart tacaíocht BEI a bheith ar fáil do gach Ballstát arna iarraidh sin dóibh. Ba cheart a chumhdach le tacaíocht den sórt sin fothú acmhainneachta, tacaíocht do shainaitheint, ullmhú agus cur chun feidhme tionscadail, chomh maith le comhairle maidir le hionstraimí airgeadais agus ardáin infheistíochta.
- (58) Ba cheart an deis a bheith ag Ballstát, ar a thionscnamh féin, comhlacht comhordaithe a shainaitheint chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún agus faisnéis a thabhairt dó agus chun gníomhaíochtaí údarás an chláir sa Bhallstát sin a chomhordú.
- (59) Chun feidhmiú bainistíochta na gclár a chuíchóiriú, ba cheart comhtháthú na bhfeidhmeanna cuntasaíochta le feidhmeanna an údarás bainistíochta a choimeád i gcás na glár a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, CSI agus IBTV, agus ba cheart é a bheith ina rogha i gcás na gCistí eile.
- (60) Ós rud é go bhfuil an phríomhfhreagracht ar an údarás bainistíochta maidir leis na Cistí a chur chun feidhme go héifeachtach éifeachtúil agus go gcomhlíonann sé, dá bhrí sin, réimse leathan feidhmeanna, ba cheart a fheidhmeanna i ndáil le roghnú oibríochtaí, bainistiú clár agus tacaíocht don choiste faireacháin a leagan amach go mion. Féadfaidh nósanna imeachta maidir le roghnú oibríochtaí a bheith iomaíoch nó neamhiomaíoch ar an gcoinníoll go bhfuil na critéir a chuirfear i bhfeidhm agus na nósanna imeachta a úsáidtear neamh-idirdhealaitheach, cuimsitheach agus trédhearcach agus go ndéanann na hoibríochtaí a roghnaítear ranníocaíocht an chistithe ón Aontas a uasmhéadú agus go mbíonn siad i gcomhréir leis na príonsabail chothrománacha a shainítear sa Rialachán seo. D'fhonn an cuspóir a shaothrú maidir le hAontas atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050, ba cheart do na Ballstáit díonadh ar an aeráid i dtaca le hinfeistíochtaí i mbonneagar a áirithiú agus tosaíocht a thabhairt d'oibríochtaí lena n-urramaítear "bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh" agus infheistíochtaí den sórt sin á roghnú acu.
- (61) Ba cheart barrfheabhas a chur ar na sineirgí idir na Cistí agus na hionstraimí faoi bhainistíocht dhíreach. Ba cheart soláthar tacaíochta a éascú d'oibríochtaí ar bronnadh an Séala Barr Feabhais orthu nó d'oibríochtaí arna gcomhchistiú ag Fís Eorpach trí bhíthin ranníocaíocht ó na Cistí. Coinníollacha a ndearnadh measúnú orthu cheana féin ar leibhéal an Aontais, sular bronnadh lipéad cáilíochta an tSéala Barr Feabhais ar an oibríocht nó sular roghnaíodh iad faoi chlár arna chomhchistiú ag Fís Eorpach, níor cheart iad a athmheasúnú, ar choinníoll go gcomhlíontar, leis na hoibríochtaí, sraith de cheanglais theoranta a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart dó sin na rialacha ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh 651/2014 ón gCoimisiún ⁽²⁰⁾ a éascú freisin.
- (62) Chun cothromaíocht iomchuí a áirithiú idir cur chun feidhme éifeachtach éifeachtúil na gCistí agus na costais riaracháin ghaolmhara agus na hualaí riaracháin gaolmhara, ba cheart minicíocht, scóip agus cumhdach na bhfíoruithe bainistíochta a bheith bunaithe ar mheasúnú riosca lena gcuirfear san áireamh tosca amhail uimhir, cineál, méid agus ábhar na hoibríochta arna gcur chun feidhme, na tairbhíthe agus an leibhéal riosca arna sainaitheint le linn fíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí arna ndéanamh roimhe sin. Ba cheart fíoruithe bainistíochta a bheith comhréireach leis na rioscaí a eascraíonn as an measúnú riosca sin agus ba cheart iniúchtaí a bheith comhréireach leis an leibhéal riosca do bhuiséad an Aontais.
- (63) Ba cheart don údarás iniúcháireachta iniúchtaí a dhéanamh agus a áirithiú go bhfuil an tuairim iniúcháireachta a thabharfar don Choimisiún iontaoifa. Leis an tuairim iniúcháireachta sin, ba cheart trí phonc a dhearbhu don Choimisiún, eadhon dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a dearbhaíodh, feidhmiú na gcóras bainistíochta agus rialaithe agus iomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas. I gcás inar sheol iniúcháir neamhspleách iniúchadh, bunaithe ar chaighdeán iniúcháireachta a nglactar leo go hidirnáisiúnta, ar na ráitis agus na tuarascálacha airgeadais ina leagtar amach úsáid ranníocaíochta ón Aontas, ba cheart an t-iniúchadh sin a bheith mar bhonn don chinnteacht fhoriomlán a thugann an t-údarás iniúcháireachta don Choimisiún, a mhéid atá dóthain fianaise ar fáil faoi neamhspleáchas agus inniúlacht an iniúcháora i gcomhréir le hAirteagal 127 den Rialachán Airgeadais.

⁽²⁰⁾ Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187 26.6.2014, lch. 1).

- (64) Ba cheart é a bheith indéanta na ceanglais fíorúcháin agus iniúcháireachta a laghdú i gcás inar dearbh gur fheidhmigh an clár go héifeachtach leis an dá bhliain is déanaí as a chéile, ós rud é gur léirítear leis an méid sin go bhfuil na Cistí á gcur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil thar thréimhse fhada ama.
- (65) Chun an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe agus costas riaracháin a laghdú agus ionas go seachnófar dúbailt iniúchtaí agus fíoruithe bainistíochta ar an gcaiteachas céanna arna dhearbhu don Choimisiún, ba cheart a shonrú i gcás na gCistí go gcuirfead i bhfeidhm go nithiúil prionsabal an iniúchta aonair.
- (66) Chun feabhas a chur ar ról coisctheach na hiniúcháireachta, trédhearcacht dhlíthiúil a sholáthar agus dea-chleachtas a roinnt, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún tuarascálacha iniúcháireachta a roinnt ar iarraidh ó na Ballstáit, le toiliú ó na Ballstáit iniúchta.
- (67) Chun an bhainistíocht airgeadais a fheabhsú, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le scéim réamh-mhaoiniúcháin shimplithe. Leis an scéim réamh-mhaoiniúcháin, ba cheart a áirithiú gur acmhainn don Bhallstát tacaíocht a chur ar fáil do thairbhíthe ó thús chun feidhme an chláir.
- (68) Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit, agus ar an gCoimisiún chomh maith, a laghdú, ba cheart sceideal d'iarratas ar íocaíocht a bhunú. Ba cheart 5 % d'íocaíochtaí an Choimisiúin a choinneáil siar go dtí go n-íoctar comhardú bliantúil na gcuntas tráth atá an Coimisiún in ann a chinneadh go bhfuil na cuntais iomlán, cruinn agus fíor.
- (69) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart an nós imeachta do ghlacadh bliantúil na gcuntas a shimpliú trí rialacha socruithe atá inchurtha le chéile a chur ar fáil maidir le híocaíochtaí agus gnóthuithe i gcás nach mbíonn aon easaontú ann idir an Coimisiún agus an Ballstát.
- (70) Chun leasanna airgeadais agus buiséad an Aontais a chosaint, ba cheart bearta comhréireacha a bhunú agus a chur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát agus an Choimisiúin. Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann briseadh a chur i sprioc-amanna íocaíochta, íocaíochtaí eatramhacha a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm i gcás ina mbíonn na coinníollacha ábhartha comhlíonta. Ba cheart don Choimisiún prionsabal na comhréireachta a úrramú trí chineál, tromchúis agus minicíocht na neamhrialtachtaí, mar aon leis na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo do bhuiséad an Aontais, a chur san áireamh. I gcás nach féidir leis an gCoimisiún méid an chaiteachais neamhrialta a chainníochtú go cruinn chun ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm a bhaineann le cásanna aonair, ba cheart dó ráta comhréidh nó ceartú eachtarshuite airgeadais ó thaobh staitistice de a chur i bhfeidhm. Ba cheart a bheith in ann íocaíochtaí eatramhacha a chur ar fionraí bunaithe ar thuairim réasúnaithe arna heisiúint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 258 CFAE, ar choinníoll go bhfuil nasc sách díreach idir an t-ábhar a dtugtar aghaidh air leis an tuairim réasúnaithe agus an caiteachas atá i gceist a d'fhágfadh go gcuirfí i mbaol dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais sin.
- (71) Ba cheart do na Ballstáit aon neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, arna ndéanamh ag oibreoirí eacnamaíocha, a chosc agus a bhrath agus déileáil go héifeachtach leo. Ina theannta sin, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²¹⁾, agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle ⁽²²⁾ agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle ⁽²³⁾, tá an chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ⁽²⁴⁾ cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁵⁾, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú go gcomhoibreoidh aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais,

⁽²¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

⁽²²⁾ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

⁽²³⁾ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

⁽²⁴⁾ Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

⁽²⁵⁾ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhithin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

go dtabharfaidh siad na cearta agus an rochtain is gá don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúcháir agus, i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OIPE, agus go n-áirítear sé go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt go pras don Choimisiún maidir le neamhrialtachtaí a bhraitear, lena n-áirítear calaois, agus maidir le haon ghníomhaíocht leantach a rinne siad i dtaca le neamhrialtachtaí den sórt sin agus maidir le haon imscrúduithe de chuid OLAF.

- (72) Chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais, ba cheart don Choimisiún córas faisnéise agus faireacháin atá comhtháite agus idir-inoibritheach a chur ar fáil, lena n-áirítear aon uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca aonair chun rochtain a fháil ar na sonraí ábhartha agus chun anailís a dhéanamh orthu agus ba cheart don Choimisiún úsáid na huirlise sin a spreagadh mar chur chun feidhme, ar bhonn ghinearálta, ag na Ballstáit.
- (73) I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, chomh maith le maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ⁽²⁶⁾ chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais agus Next Generation EU i gcoinne neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, ba cheart bearta caighdeánaithe chun faisnéis agus figiúirí maidir le faighteoirí cistithe ón Aontas a bhailiú, a chomparáid agus a chomhiomlánú, chun críoch rialaithe agus iniúcháireachta. Chun rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha a áirithiú, is gá sonraí a bhailiú i dtaca leo siúd a dtéann cistiú ón Aontas faoi bhainistíocht chomhroinnte chun sochair dóibh go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear sonraí faoi úinéirí tairbhiúla d'fhaighteoirí cistithe ón Aontas.
- (74) Chun cosaint bhuiséad an Aontais a fheabhsú i gcoinne neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, is gá sonraí pearsanta úinéirí tairbhiúla a phróiseáil ar daoine nádúrtha iad na húinéirí tairbhiúla. Go háirithe, chun calaois den sórt sin a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach nó chun neamhrialtachtaí a réiteach, is gá a bheith in ann úinéirí tairbhiúla a bhrath ar daoine nádúrtha iad, sa deireadh, a mbaineann leas as neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois. Chun na críche sin, agus chun an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a n-oibleagáid maidir le faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla a chomhlíonadh tríd na sonraí arna stóráil sna cláir atá in úsáid cheana chun críocha Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁷⁾. Ina leith sin, na críocha a ndéantar sonraí pearsanta úinéirí tairbhiúla a phróiseáil faoin Rialachán seo, eadhon neamhrialtachtaí, lena n-áirítear an chalaos, a chosc, a bhrath agus a cheartú agus a thuairisciú, tá siad comhoiriúnach leis na críocha próiseála sonraí pearsanta atá i dTreoir (AE) 2015/849.
- (75) Chun an smacht airgeadais a chothú, is iomchuí na socruithe le haghaidh saoradh gealltanais buiséadach ar leibhéal an chláir a leagan amach.
- (76) Ionas go mbeidh am iomchuí ag na Ballstáit caiteachas suas go dtí an leibhéal acmhainní atá ar fáil a dhearbhu don Choimisiún, i gcás ina nglacfar na rialacha nua nó na cláir nua faoi bhainistíocht chomhroinnte tar éis an 1 Eanáir 2021, ba cheart na méideanna lena gcomhfhreagraítear do na leithdháiltí nár úsáideadh sa bhliain 2021 a aistriú i gcionmhaireachtaí comhionanna chuig na blianta 2022 go 2025 mar a bheartaítear faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ⁽²⁸⁾.
- (77) Chun na cuspóirí de chuid CFAE a bhaineann le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn, ba cheart, le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis, tacú leis na réigiúin ar fad. Chun tacaíocht chothrom agus chéimnithe a sholáthar agus chun an leibhéal forbartha eacnamaíche agus sóisialta a léiriú, ba cheart acmhainní faoin sprioc sin a leithdháileadh ó CFRE agus ó CSE+ ar bhonn eochair leithdháilte atá bunaithe go príomha ar an olltáirgeacht intíre (OTI) *per capita*. Ba cheart na Ballstáit ar lú a n-ollioncam náisiúnta (OIN) *per capita* ná 90 % de mheán an Aontais tairbhiú faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis ón gCiste Comhtháthaithe.

⁽²⁶⁾ IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

⁽²⁷⁾ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

⁽²⁸⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11).

- (78) Ba cheart na hacmhainní do sprioc an chomhair chríochoaigh Eorpaigh (Interreg) a leithdháileadh ar na Ballstáit ar bhonn na modheolaíochta leithdháilte lena gcuirtear dlús daonra go háirithe maidir le réigiún teorann san áireamh. Ina theannta sin, chun leanúnachas na gclár atá ann cheana a áirithiú, ba cheart forálacha sonracha a leagan amach sa Rialachán ábhartha a bhaineann leis an gCiste sonracha, chun limistéir chláir agus incháilitheacht na réigiún faoi shraitheanna éagsúla Interreg a shainiú.
- (79) Ba cheart critéir oibiachtúla a leagan síos chun réigiún agus limistéir atá incháilithe chun tacaíocht a fháil ó na Cistí a ainmniú. Chuige sin, ba cheart sainaitheint na réigiún agus na limistéir ar leibhéal an Aontais a bhunú ar chóras coiteann d'aicmiú na réigiún arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁹⁾, mar a leasaíodh le Rialachán (AE) 2016/2066 ón gCoimisiún ⁽³⁰⁾.
- (80) Chun creat airgeadais iomchuí a leagan amach le haghaidh CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe agus CUAC, ba cheart don Choimisiún miondealú bliantúil a leagan amach de na leithdháiltí atá le fáil in aghaidh an Bhallstáit faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis, maille le liosta na réigiún incháilithe, chomh maith leis na leithdháiltí do sprioc an chomhair chríochoaigh Eorpaigh (Interreg).
- (81) Tá tionscadail an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair faoi Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (Rialachán SCE), le leanúint dá maoiniú as an gCiste Comhtháthaithe trí bhainistíocht chomhroinnte agus trí mhodh an chur chun feidhme dhírigh faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE). Ag tógáil ar an gcur chuige rathúil a bhí ann don chlárthréimhse 2014-2020, ba cheart EUR 10 000 000 000 a aistriú ón gCiste Comhtháthaithe chuig SCE chun na críche sin.
- (82) Ba cheart méid áirithe de na hacmhainní ó CFRE, ó CSE+ agus ón gCiste Comhtháthaithe a leithdháileadh ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach agus ba cheart don Choimisiún é a chur chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach nó indéach.
- (83) D'fhonn a áirithiú go ndéanfar leithdháileadh iomchuí ar chatagóirí réigiún, agus mar phrionsabal, maidir leis na leithdháiltí iomlána do na Ballstáit i leith réigiún atá tearcforbartha, réigiún trasdula agus réigiún atá níos forbartha, níor cheart iad a bheith inaistrithe idir na catagóirí. Mar sin féin, chun freastal ar riachtanais na mBallstát agus chun dul i ngleic le dúshlán shonracha, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a iarraidh go ndéanfaí aistriú óna leithdháiltí féin le haghaidh réigiún níos forbartha nó le haghaidh réigiún trasdula chuig réigiún beagforbartha agus ó réigiún níos forbartha chuig réigiún trasdula, i gcás den sórt sin, ba cheart dóibh údar na rogha sin a léiriú. Chun a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ann le haghaidh na réigiún beagforbartha, ba cheart uasteorainn a chur le haistrithe chuig na réigiún níos forbartha nó chuig na réigiún trasdula. Níor cheart a bheith in ann acmhainní a aistriú idir spriocanna cé is moite de chásanna a leagtar amach go docht sa Rialachán seo.
- (84) I gcás ina ndearnadh réigiún a rangú mar réigiún a bhí níos forbartha do thréimhse 2014-2020 ach ina ndéanfar é a rangú mar réigiún trasdul do thréimhse 2021-2027 agus dá bhrí sin, is lú an tacaíocht a gheobhadh sé do thréimhse 2021-2027 ar bhonn na modheolaíochta leithdháilte, iarrtar ar an mBallstát lena mbaineann an ghné sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le dáileadh inmheánach cistithe.
- (85) I gcomhthéacs an gcúinsí uathúla sonracha arb ann dóibh ar oileán na hÉireann, agus d'fhonn tacú leis an gcomhar Thuaidh-Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, tá clár trasteorann "PEACE PLUS" le leanúint den obair a rinne na cláir roimhe seo, Peace agus Interreg, agus forbairt a dhéanamh ar an obair sin, idir contaetha na teorann in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. I bhfianaise a thábhacht phraiticiúil, ba cheart tacú leis an gclár sin le leithdháileadh sonracha chun leanúint den tacaíocht do ghníomhaíochtaí síochána agus athmhuintearais, agus ba cheart sciar iomchuí de leithdháileadh na hÉireann faoi sprioc Interreg a leithdháileadh ar an gclár sin freisin.

⁽²⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochoacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

⁽³⁰⁾ Rialachán (AE) 2016/2066 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2016 lena leasaítear na harscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochoacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 322, 29.11.2016, lch. 1).

- (86) Is gá na huasrátaí cómhaoiniúcháin a leagan síos de réir catagóir réigiúin i réimse an bheartais comhtháthaithe, i gcás inarb infheidhme, chun a áirithiú go n-urramaítear prionsabal an chómhaoinithe le leibhéal iomchuí tacaíochta náisiúnta, idir phoiblí agus phríobháideach. Ba cheart na rátaí sin a bheith ina léiriú ar leibhéal forbartha eacnamaíche na réigiún ó thaobh olltáirgeacht intíre *per capita* de i gcomparáid leis an meán do AE-27, agus ag coimirciú ag an am céanna nach mbeidh níos lú fabhair i gceist mar gheall ar athruithe ina gcatagóiriú.
- (87) Faoi chreat rialacha ábhartha an Chomhshocruithe Cobhsaíochta agus Fáis, mar a soiléiríodh sa chód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht, féadfaidh na Ballstáit iarraidh chuí-réasúnaithe a dhéanamh ar sholúbthacht bhreise don chaiteachas poiblí nó struchtúrach comhionannarna thacú leis an riarachán poiblí trí bhíthin cómhaoiniú ar infheistíochtaí.
- (88) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le heilimintí atá in Iarscríbhinní áirithe de chuid an Rialacháin seo a leasú, eadhon maidir leis na diminsin agus na cóid le haghaidh an gcineálacha idirghabhála, na teimpléid le haghaidh comhaontuithe comhpháirtíochta agus le haghaidh clár, na teimpléid le haghaidh tarchur sonraí, teimpléad le haghaidh réamhaisnéisí d'iarratas ar íocaíocht don Choimisiún, úsáid shuaitheantas an Aontais, na heilimintí le haghaidh comhaontuithe cistiúcháin agus doiciméid straitéise, an córas malartaithe sonraí leictreonacha idir na Ballstáit agus an Coimisiún, na teimpléid le haghaidh na tuairisce ar an gcóras bainistithe agus rialaithe, le haghaidh an dearbhaithe bainistíochta, le haghaidh na tuairime iniúchóireachta bliantúla, le haghaidh na tuarascála bliantúla ar rialú, le haghaidh na samhla don tuarascáil iniúchóireachta bhliantúil, le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais a gcuireann BEI nó institiúid idirnáisiúnta airgeadais eile chun feidhme iad, le haghaidh na straitéise iniúchóireachta, le haghaidh na n-iarratas ar íocaíocht, le haghaidh na gcuntas, le haghaidh na rialacha mionsonraithe agus teimpléad a leagan síos maidir le tuairisciú calaíse, agus le haghaidh leibhéal na gceartuithe airgeadais a chinneadh.
- (89) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le leasú ar an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht chun an cód iompair a oiriúnú don Rialachán seo, sainiú na gcostas aonaid, na gcnapsuimeanna, na rátaí comhréidhe agus an mhaoinithe ag leibhéal an Aontais nach bhfuil nasctha leis na costais is infheidhme maidir leis na Ballstáit uile chomh maith le modheolaíochtaí samplála caighdeánaithe réamhdhéanta a bhunú.
- (90) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí, trédhearcacha leis na páirtithe leasmhara uile le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (91) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Comhaontuithe Comhpháirtíochta a ghlacadh, maidir le clár a ghlacadh nó a leasú agus maidir le ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le bunú mhiondealú na leithdháiltí airgeadais do CFRE, do CSE+ agus don Chiste Comhtháthaithe, a ghlacadh gan nósanna imeachta coiste ós rud é nach bhfuil iontu ach léiriú ar chur i bhfeidhm modheolaíochta ríofa réamhshainithe. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme maidir leis na bearta sealadacha chun na Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla a ghlacadh gan nósanna imeachta coiste ós rud é gur leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a chinntear raon feidhme an iarratais agus go bhfuil sé teoranta do na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (92) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann leis an teimpléad do na tuarascálacha feidhmíochta deiridh a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³¹⁾. Cé gur de chineál ginearálta é an gníomh cur chun feidhme, ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid lena ghlacadh, ós rud é nach leagtar amach iontu ach gnéithe teicniúla, foirmeacha agus teimpléid.

⁽³¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (93) Ós rud é gur cheart Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³²⁾ nó aon ghníomh is infheidhme maidir leis an gclárthréimhse 2014-2020, leanúint d'fheidhm a bheith acu maidir leis na cláir agus na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí a chumhdaítear faoi chlárthréimhse 2014-2020 agus ós rud é go meastar go mbeidh tréimhse chur chun feidhme an Rialacháin sin fós ar siúl nuair a thosóidh an chlárthréimhse a chumhdaítear faoin Rialachán seo agus chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le cur chun feidhme oibríochtaí áirithe arna bhformheas leis an Rialachán sin, ba cheart forálacha céimnithe a leagan síos. Ba cheart gach céim ar leith den oibríocht chéimnithe, a fhónann don chuspóir foriomlán céanna, a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha na clárthréimhse faoina bhfaigheann sé cistiú, agus féadfaidh an t-údarás bainistíochta, ag an am céanna, dul ar aghaidh le roghnú an dara céim ar bhonn an nós imeachta roghnúcháin arna dhéanamh faoi chlárthréimhse 2014-2020 don oibríocht ábhartha, ar choinníoll go ndéanann sé deimhin de go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo le haghaidh cur chun feidhme céimnithe.
- (94) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú agus rialacha airgeadais choiteanna a leagan síos do chuid de bhuiséad an Aontais arna cur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, a ghnóthú go leordhóthanach, agus de bharr mhéid na n-éagothrom-aíochtaí idir leibhéal forbartha na réigiún éagsúil agus na dúshláin shonracha atá roimh na réigiún is mídheisiúla, an teorainn le hacmhainní airgeadais na mBallstát agus na réigiún agus, ar an taobh eile, de bharr an ghá le creat cur chun feidhme comhsheasmhach lena gcumhdaítear roinnt cistí de chuid an Aontais atá faoi bhainistíocht chomhroinnte, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CFAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (95) Urramaítear na cearta bunúsacha leis an Rialachán seo mar aon leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
- (96) I bhfianaise ghlacadh an Rialacháin seo tar éis thús na clárthréimhse, agus ag cur san áireamh gur gá Cistí an Aontais a chumhdaítear leis an Rialachán seo a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe agus comhchuibhithe, agus chun go bhféadfar é a chur chun feidhme go pras, ba cheart dó teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

⁽³²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

CLÁR NA nÁBHAR

TEIDEAL I	CUSPÓIRÍ AGUS RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE TACAÍOCHT
Caibidil I	Ábhar, sainmhíithe agus rialacha ginearálta
	Airteagal 1 Ábhar agus raon feidhme
	Airteagal 2 Sainmhíithe
	Airteagal 3 Teorainneacha ama a ríomh le haghaidh gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin
	Airteagal 4 Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint
Caibidil II	Cuspóirí beartais agus prionsabail maidir leis an tacaíocht ó na Cistí
	Airteagal 5 Cuspóirí beartais
	Airteagal 6 Spriocanna aeráide agus sásra coigeartaithe aeráide
	Airteagal 7 Bainistíocht chomhroinnte
	Airteagal 8 Comhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil
	Airteaga 9 Prionsabail Chothrománacha
TEIDEAL II	CUR CHUIGE STRAITÉISEACH
Caibidil I	Comhaontú Comhpháirtíochta
	Airteagal 10 An Comhaontú Comhpháirtíochta a ullmhú agus a chur isteach
	Airteagal 11 Inneachar an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta
	Airteagal 12 An Comhaontú Comhpháirtíochta a Fhormheas
	Airteagal 13 Leasú ar an gComhaontaithe Comhpháirtíochta
	Airteagal 14 Úsáid CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, agus CEMID arna seachadadh trí Chlár InvestEU
Caibidil II	Coinníollacha cumasúcháin agus creat feidhmíochta
	Airteagal 15 Coinníollacha cumasúcháin
	Airteagal 16 Creat feidhmíochta
	Airteagal 17 Modheolaíochtaí leis an gcreat feidhmíochta a bhunú
	Airteagal 18 Athbhreithniú meántearma agus méid solúbthachta
Caibidil III	Bearta atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fóna agus le himthosca eisceachtúla nó neamhghnácha
	Airteagal 19 Bearta lena ndéantar éifeachtúlacht na gCistí a nascadh le rialachas eacnamaíoch fóna
	Airteagal 20 Bearta sealadacha chun Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha
TEIDEAL III	CLÁRSCEIDEALÚ
Caibidil I	Forálacha ginearálta maidir leis na Cistí
	Airteagal 21 Cláir a ullmhú agus a thíolacadh
	Airteagal 22 Inneachar na gclár
	Airteagal 23 Formheas na gclár
	Airteagal 24 Cláir a leasú
	Airteagal 25 Tacaíocht comhpháirteach ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC
	Airteagal 26 Aistriú acmhainní
	Airteagal 27 Aistriú acmhainní ó CFRE agus CSE+ chuig CUAC

Caibidil II	Forbairt chríochach
	Airteagal 28 Forbairt chríochach chomhtháite
	Airteagal 29 Straitéisí críochacha
	Airteagal 30 Infheistíocht chríochach chomhtháite
	Airteagal 31 Forbairt áitiúil faoi stiúir an chomhphobail
	Airteagal 32 Straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an chomhphobail
	Airteagal 33 Grúpaí gníomhaíochta áitiúla
	Airteagal 34 Tacaíocht ó Chistí d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an chomhphobail
Caibidil III	Cúnamh teicniúil
	Airteagal 35 Cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin
	Airteagal 36 Cúnamh teicniúil na mBallstát
	Airteagal 37 Maoiniú nach bhfuil nasctha le costais an chúnamh theicniúil do na Ballstát
TEIDEAL IV	FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT, CUMARSÁID AGUS INFHEICTHEACHT
Caibidil I	Faireachán
	Airteagal 38 Coiste faireacháin
	Airteagal 39 Comhdhéanamh an choiste faireacháin
	Airteagal 40 Feidhmeanna an choiste faireacháin
	Airteagal 41 Athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht
	Airteagal 42 Tarchur sonraí
	Airteagal 43 Tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht
Caibidil II	Meastóireacht
	Airteagal 44 Meastóireachtaí ó na Ballstát
	Airteagal 45 Meastóireacht ón gCoimisiún
Caibidil III	Infheictheacht, trédhearcacht agus cumarsáid
Roinn I	Infheictheacht na tacaíochta ó na Cistí
	Airteagal 46 Infheictheacht
	Airteagal 47 Suaitheantas an Aontais
	Airteagal 48 Oifigigh chumarsáide agus líonraí
Roinn II	Trédhearcacht chur chun feidhme na gCistí agus cumarsáid faoi na cláir
	Airteagal 49 Freagrachtaí an údaráis bainistíochta
	Airteagal 50 Freagrachtaí na dtairbhíthe
TEIDEAL V	TACAÍOCHT AIRGEADAIS Ó NA CISTÍ
Caibidil I	Foirmeacha na ranníocaíochta ón Aontas
	Airteagal 51 Foirmeacha na ranníocaíochta ón Aontas le cláir
Caibidil II	Foirmeacha na tacaíochta ó na Ballstát
	Airteagal 52 Foirmeacha tacaíochta

Roinn I	Foirmeacha na nDeontas Airteagal 53 Foirmeacha na ndeontas Airteagal 54 Maoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh costais indíreacha a bhaineann le deontais Airteagal 55 Costais foirne dhíreacha a bhaineann le deontais Airteagal 56 Maoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh costais incháilithe seachas costais foirne dhíreacha a bhaineann le deontais Airteagal 57 Deontais faoi choinníollacha
Roinn II	Ionstraimí Airgeadais Airteagal 58 Ionstraimí airgeadais Airteagal 59 Ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme Airteagal 60 Ús arna ghiniúint agus gnóthachain eile arna nginiúint le tacaíocht ó na Cistí d'ionstraimí airgeadais Airteagal 61 Cóir dhifreáilte infheisteoirí Airteagal 62 Athúsáid acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí
Caibidil III	Rialacha incháilitheachta Airteagal 63 Incháilitheacht Airteagal 64 Costais neamh-incháilithe Airteagal 65 Marthanacht oibríochtaí Airteagal 66 Athshocrú Airteagal 67 Rialacha incháilitheachta sonracha maidir le deontais Airteagal 68 Rialacha incháilitheachta sonracha maidir le hionstraimí airgeadais
TEIDEAL VI	BAINISTIÚ AGUS RIALÚ
Caibidil I	Rialacha ginearálta maidir le bainistiú agus rialú Airteagal 69 Freagrachtaí na mBallstát Airteagal 70 Cumhachtaí agus freagrachtaí an Choimisiúin Airteagal 71 Údaráis an chláir
Caibidil II	Córais bhainistíochta agus rialaithe chaighdeánacha Airteagal 72 Feidhmeanna an údaráis bainistíochta Airteagal 73 Roghnú oibríochtaí ag an údarás bainistíochta Airteagal 74 Bainistiú cláir ag an údarás bainistíochta Airteagal 75 Tacaíocht d'obair an choiste faireacháin ón údarás bainistíochta Airteagal 76 An fheidhm chuntasaíochta Airteagal 77 Feidhmeanna an údaráis iniúcháireachta Airteagal 78 Straitéis iniúcháireachta Airteagal 79 Iniúchtaí ar oibríochtaí Airteagal 80 Socruithe an iniúchta aonair Airteagal 81 Fíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí ar ionstraimí airgeadais Airteagal 82 Infhaighteacht doiciméad
Caibidil III	Spleáchas ar chórais bhainistíochta náisiúnta Airteagal 83 Socruithe comhréireacha feabhsaithe Airteagal 84 Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na socruithe comhréireacha feabhsaithe Airteagal 85 Coigeartú le linn na clárthréimhse

TEIDEAL VII	BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS, CUNTAIS A CHUR ISTEACH AGUS A SCRÚDÚ AGUS CEARTUITHE AIRGEADAIS
Caibidil I	Bainistíocht airgeadais
Roinn I	Rialacha Cuntasaíochta Ginearálta
	Airteagal 86 Gealltanais bhuiséadacha
	Airteagal 87 Úsáid an euro
	Airteagal 88 Aisíocaíocht
Roinn II	Rialacha maidir le híocaíochtaí leis na Ballstáit
	Airteagal 89 Cineálacha íocaíochtaí
	Airteagal 90 Réamh-mhaoiniú
	Airteagal 91 Iarratais ar íocaíocht
	Airteagal 92 Eilimintí sonracha le haghaidh ionstraimí airgeadais in iarratais ar íocaíocht
	Airteagal 93 Comhrialacha maidir le híocaíochtaí
	Airteagal 94 Ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar chostais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe
	Airteagal 95 Ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar mhaoiniú agus nach nasctar le costais
Roinn III	Bristí agus fionraithe
	Airteagal 96 An spriocdháta íocaíochta a bhriseadh
	Airteagal 97 Íocaíochtaí a chur ar fionraí
Caibidil II	Cuntais a chur isteach agus a scrúdú
	Airteagal 98 Ábhar na gcuntas agus iad a chur isteach
	Airteagal 99 Scrúdú ar chuntais
	Airteagal 100 An t-iarmhéid a ríomh
	Airteagal 101 An nós imeachta maidir le cuntas a scrúdú
	Airteagal 102 An nós imeachta bréagnaitheach maidir le cuntais a scrúdú
Caibidil III	Ceartuithe airgeadais
	Airteagal 103 Ceartuithe airgeadais le déanamh ag na Ballstáit
	Airteagal 104 Ceartuithe airgeadais le déanamh ag an gCoimisiún
Caibidil IV	Saoradh
	Airteagal 105 Prionsabail agus rialacha maidir le saoradh
	Airteagal 106 Eisceachtaí ar na rialacha saortha
	Airteagal 107 Nós imeachta maidir le saoradh
TEIDEAL VIII	CREAT AIRGEADAIS
	Airteagal 108 Cumhdach geografach na tacaíochta do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis
	Airteagal 109 Acmhainní do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach
	Airteagal 110 Acmhainní do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus do sprioc an chomhair críocheigh Eorpaigh (Interreg)
	Airteagal 111 Inaistritheacht acmhainní
	Airteagal 112 Rátaí cómhaoinithe a chinneadh

TEIDEAL IX	Tarmligean cumhachta, forálacha cur chun feidhme, idirthréimhseacha agus deiridh
Caibidil I	Tarmligean cumhachta agus forálacha cur chun feidhme
	Airteagal 113 Cumhachtaí a tharmligean a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní áirithe
	Airteagal 114 An tarmligean a fheidhmiú
	Airteagal 115 Nós Imeachta coiste
	Caibidil II Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha
	Airteagal 116 Athbhreithniú
	Airteagal 117 Forálacha idirthréimhseacha
	Airteagal 118 Coinníollacha ar oibríochtaí atá faoi réir cur chun feidhme céimnithe
	Airteagal 119 Teacht i bhfeidhm
IARSCRÍBHINN I	TOISÍ AGUS CÓID LE hAGHAIDH NA gCINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA ARNA nDÉANAMH AG CFRE, CSE+, AG AN gCISTE COMHTHÁTHAITHE AGUS AG CUAC AIRTEAGAL 22(5)
IARSCRÍBHINN II	AN TEIMPLÉAD DON CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA – AIRTEAGAL 10(6)
IARSCRÍBHINN III	COINNÍOLLACHA COTHROMÁNACHA CUMASÚCHÁIN – AIRTEAGAL 15(1)
IARSCRÍBHINN IV	COINNÍOLLACHA TÉAMACHA CUMASÚCHÁIN IS INFHEIDHME MAIDIR LE CFRE, CSE+ AGUS AN CISTE COMHTHÁTHAITHE – AIRTEAGAL 15(1)
IARSCRÍBHINN V	TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH CLÁIR A FHAIGHEANN TACAÍOCHT Ó CFRE (SPRIOC NA hINFHEISTÍOCHTA LE hAGHAIDH FÁIS AGUS POST), Ó CSE+, Ó CUAC, ÓN gCISTE COMHTHÁTHAITHE AGUS Ó CEMID – AIRTEAGAL 21(3)
IARSCRÍBHINN VI	TEIMPLÉAD DO CHLÁR FAOI CTIL, FAOI CSI AGUS FAOI IBTV – AIRTEAGAL 21(3)
IARSCRÍBHINN VII	AN TEIMPLÉAD CHUN NA SONRAÍ A THARCHUR – AIRTEAGAL 42
IARSCRÍBHINN VIII	RÉAMH-MHEASTACHÁN AR AN MÉID A mBEIDH SÉ BEARTAITHE AG AN mBALLSTÁT IARRATAIS AR ÍOCAÍOCHT A CHUR ISTEACH INA LEITH, LE hAGHAIDH NA BLIANA FÉILIRE REATHA AGUS NA BLIANA FÉILIRE INA DHIAIDH SIN (AIRTEAGAL 69(10))
IARSCRÍBHINN IX	CUMARSÁID AGUS INFHEICTHEACHT – AIRTEAGAIL 47, 49 AGUS 50
IARSCRÍBHINN X	NA hEILIMINTÍ LE hAGHAIDH COMHAONTUITHE CISTIÚCHÁIN AGUS DOICIMÉID STRAITÉISE – AIRTEAGAL 59(1) AGUS (5)
IARSCRÍBHINN XI	PRÍOMHCHEANGLAIS NA gCÓRAS BAINISTITHE AGUS RIALAITHE AGUS A n-AICMIÚ – AIRTEAGAL 69(1)
IARSCRÍBHINN XII	RIALACHA MIONSONRAITHE AGUS TEIMPLÉAD MAIDIR LE NEAMHRIALTACHTAÍ A THUAIRISCIÚ – AIRTEAGAL 69(2)
IARSCRÍBHINN XIII	EILIMINTÍ DON RIAN INIÚCHÓIREACHTA – AIRTEAGAL 69(6)
IARSCRÍBHINN XIV	RÍOMH-CHOMHTHÁTHÚ: CÓRAIS MALARTAITHE SONRAÍ LEICTREONACHA IDIR ÚDARÁIS CHLÁIR AGUS TAIRBHITHE – AIRTEAGAL 69(8)
IARSCRÍBHINN XV	SFC2021: CÓRAS MALARTAITHE SONRAÍ LEICTREONACHA IDIR NA BALLSTÁIT AGUS AN COIMISIÚN – AIRTEAGAL 69(9)
IARSCRÍBHINN XVI	TEIMPLÉAD DON TUAIRISC AR AN gCÓRAS BAINISTITHE AGUS RIALAITHE – AIRTEAGAL 69(11)
IARSCRÍBHINN XVII	SONRAÍ ATÁ LE TAIFEADADH AGUS LE STÓRÁIL GO LEICTREONACH MAIDIR LE GACH OIBRÍOCHT – AIRTEAGAL 72(1), POINTE (E)
IARSCRÍBHINN XVIII	TEIMPLÉAD DON DEARBHÚ BAINISTÍOCHTA – AIRTEAGAL 74(1), POINTE (F)
IARSCRÍBHINN XIX	TEIMPLÉAD DON TUAIRIM INIÚCHÓIREACHTA BHLIANTÚIL – AIRTEAGAL 77(3), POINTE (A)
IARSCRÍBHINN XX	TEIMPLÉAD DON TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR RIALÚ – AIRTEAGAL 77(3), POINTE (B)

- IARSCRÍBHINN XXI TEIMPLÉAD DON TUARASCÁIL INIÚCHÓIREACHTA BHLIANTÚIL – AIRTEAGAL 81(5)
- IARSCRÍBHINN XXII TEIMPLÉAD DON STRAITÉIS INIÚCHÓIREACHTA – AIRTEAGAL 78
- IARSCRÍBHINN XXIII TEIMPLÉAD D'IARRATAIS AR ÍOCAÍOCHT – AIRTEAGAL 91(3)
- IARSCRÍBHINN XXIV TEIMPLÉAD DO NA CUNTAIS – AIRTEAGAL 98(1), POINTE (A)
- IARSCRÍBHINN XXV LEIBHÉAL NA gCEARTUITHE AIRGEADAIS A SHOCRÚ: CEARTUITHE AIRGEADAIS EACHTARSHUITE AGUS RÁTA COMHRÉIDH – AIRTEAGAL 104(1)
- IARSCRÍBHINN XXVI MODHEOLAÍOCHT MAIDIR LE LEITHDHÁILEADH ACMHAINNÍ UILÍOCHA DE RÉIR BALLSTÁIT – AIRTEAGAL 109(2)

TEIDEAL I

CUSPÓIRÍ AGUS RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE TACAÍOCHT

CAIBIDIL I

Ábhar, sainmhínte agus rialacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo:
 - (a) rialacha airgeadais maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC), an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL), an Ciste Slándála Inmheánaí (CSI) agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíochta Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV) (dá ngairtear le chéile na “Cistí”);
 - (b) forálacha coiteanna is infheidhme maidir le CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMID.
2. Ní feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an sraith Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta de CSE+ ná maidir leis na comhpháirteanna bainistíochta díri ná indírí de CEMID, de CTIL, de CSI ná de IBTV, ach amháin i gcás cúnaimh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin.
3. Níl feidhm ag Airteagail 5, 14, 19, 28 go 34 agus 108 go 112 maidir le CTIL, CSI nó IBTV.
4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 108 go 112 maidir le CEMID.
5. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 14, 15, 18, 19, 21 go 27, 37 go 42, Airteagal 43(1) go (4), Airteagail 44 agus 50, Airteagal 55(1) agus Airteagail 73, 77, 80 agus 83 go 85 maidir le cláir Interreg:
6. Féadfar, sna Rialacháin Chiste-shonracha a liostaítear thíos, rialacha a leagan síos de chomhlánú ar an Rialachán seo ach nach dtiocfaidh salach ar an Rialachán seo:
 - (a) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³³⁾ (“Rialachán CFRE agus CC”);
 - (b) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁴⁾ (“Rialachán CSE+”);
 - (c) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁵⁾ (“Rialachán Interreg”);
 - (d) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁶⁾ (“Rialachán CUAC”);
 - (e) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1104 (“Rialachán CEMID”);
 - (f) Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (“Rialachán CTIL”);
 - (g) Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí (“Rialachán CSI”);
 - (h) Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíochta Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (“Rialachán IBTV”);

I gcás ina mbíonn amhras ann idir cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cur i bhfeidhm an na Rialachán Ciste-sonrach, is ag an Rialachán seo a bheidh tosaíocht.

⁽³³⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

⁽³⁴⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

⁽³⁵⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

⁽³⁶⁾ Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

Airteagal 2

Sainmhínte

Chun críoch an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “moltaí tír-shonracha ábhartha” moltaí ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 121(2) agus 148(4) CFAE a bhaineann le dúshláin struchtúracha, chomh maith le moltaí comhlántacha an Choimisiúin arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999, arb iomchuí aghaidh a thabhairt orthu trí infheistíochtaí ilbhliantúla a dhéanamh, ar infheistíochtaí iad a thagann faoi raon feidhme na gCistí de réir mar a leagtar amach i Rialacháin Chiste-shonracha;
- (2) ciallaíonn “coinníoll cumasúcháin” coinníoll ar réamhriachtanas é le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na gcuspóirí sonracha;
- (3) ciallaíonn “dlí is infheidhme” dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta i ndáil lena gcur i bhfeidhm;
- (4) ciallaíonn “oibríocht”:
 - (a) tionscadal, conradh, gníomhaíocht nó grúpa de thionscadail arna roghnú faoi na cláir lena mbaineann;
 - (b) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, is éard is oibríocht ann ranníocaíocht ó chlár le hionstraim airgeadais agus an tacaíocht airgeadais ina dhiaidh sin a thugann an ionstraim airgeadais sin do na faighteoírí deiridh;
- (5) ciallaíonn “oibríocht a mbaineann tábhacht straitéiseach léi” oibríocht a dhéanann rannchuidiú suntasach le gnóthú cuspóirí cláir agus a ndéantar faireachán ar leith agus bearta cumarsáide ar leith ina taobh;
- (6) ciallaíonn “tosaíocht”, i gcomhthéacs CTIL, CSI agus IBTV, cuspóir sonrach;
- (7) ciallaíonn “tosaíocht”, i gcomhthéacs CEMID, chun críocha Theideal VII amháin, “cuspóir sonrach”;
- (8) ciallaíonn “comhlacht idirmheánach” comhlacht poiblí nó príobháideach a ghníomhaíonn faoi chúram údaráis bainistíochta, nó a dhéanann feidhmeanna nó cúraimí thar ceann údaráis den sórt sin;
- (9) ciallaíonn “tairbhí”:
 - (a) comhlacht poiblí nó príobháideach, eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, nó duine nádúrtha, atá freagrach as oibríochtaí a thionscnamh nó oibríochtaí a thionscnamh agus a chur chun feidhme aron;
 - (b) i gcomhthéacs comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí (CPPanna), an comhlacht poiblí a bhfuil oibríocht CPP á tionscnamh aige nó an comhpháirtí príobháideach a roghnaíodh chun an oibríocht sin a chur chun feidhme;
 - (c) i gcomhthéacs scéimeanna Státchabhrach, an gnóthas a fhaigheann an chabhair;
 - (d) i gcomhthéacs na cabhrach *de minimis* arna soláthar i gcomhréir le Rialacháin (AE) Uimh. 1407/2013 ⁽³⁷⁾ nó (AE) Uimh. 717/2014 ⁽³⁸⁾ ón gCoimisiún, féadfaidh an Ballstát a chinneadh gurb é an tairbhí chun críocha an Rialacháin seo an comhlacht a dheonaíonn an chabhair, i gcás ina bhfuil sé freagrach as an oibríocht a thionscnamh nó as an oibríocht a thionscnamh agus a chur chun feidhme aron;
 - (e) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais, an comhlacht a chuireann an ciste sealbhaíochta chun feidhme nó, i gcás nach bhfuil aon struchtúr ciste sealbhaíochta ann, an comhlacht a chuireann an ciste sonrach chun feidhme nó, i gcás inarb é an t-údarás bainistíochta a bhainistíonn an ionstraim airgeadais, an t-údarás bainistíochta;
- (10) ciallaíonn “ciste do thionscadail bheaga” oibríocht i gclár Interreg a bhfuil sé mar aidhm léi tionscadail de thoirt airgeadais theoranta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí idir daoine a roghnú agus a chur chun feidhme;
- (11) ciallaíonn “sprioc” luach réamhaontaithe atá le baint amach faoi dheireadh na tréimhse incháilitheachta i ndáil le táscaire a áirítear faoi chuspóir sonrach;
- (12) ciallaíonn “cloch mhíle” luach idirmheánach atá le baint amach tráth ar leith le linn na tréimhse incháilitheachta i ndáil le táscaire aschuir a áirítear faoi chuspóir sonrach;
- (13) ciallaíonn “táscaire aschuir” táscaire lena dtomhaisfear táirgí insoláthartha sonracha na hidirghabhála;

⁽³⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair de minimis (IO L 352, 24.12.2013, lch. 1).

⁽³⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2014 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair de minimis in earnáil an iascaigh agus an docharshaothraithe (IO L 190, 28.6.2014, lch. 45).

- (14) ciallaíonn “táscaire toraidh” táscaire lena dtomhaisfear éifeachtaí na n-idirghabhálacha sin a bhfuil tacaíocht á tabhairt dóibh, go háirithe maidir leis na seolaithe díreacha, an spriocdhaoirí nó úsáideoirí an bhonneagair;
- (15) ciallaíonn “oibríocht CPP” oibríocht a chuirtear chun feidhme faoi chomhpháirtíocht idir comhlachtaí poiblí agus an earnáil phríobháideach i gcomhréir le comhaontú CPP, agus a bhfuil sé mar aidhm léi seirbhísí poiblí a sholáthar trí chomhroinnt riosca, trí shaineolas na hearnála príobháidí nó foinsí breise caipitil, nó an saineolas sin agus na foinsí sin araon, a chomhthiomsú;
- (16) ciallaíonn “ionstraim airgeadais” foirm tacaíochta a sholáthraítear trí struchtúr trína gcuirtear táirgí airgeadais ar fáil d’fhaighteoirí deiridh;
- (17) ciallaíonn “táirge airgeadais” infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais, iasachtaí agus ráthaíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais iad;
- (18) ciallaíonn “faighteoir deiridh” duine dlítheanach nó duine nádúrtha a fhaigheann tacaíocht airgeadais ó na Cistí trí thairbhí a bhfuil ciste aige do thionscadal beag nó as ionstraim airgeadais;
- (19) ciallaíonn “ranníocaíocht chláir” an tacaíocht ó na Cistí agus aon chómhaoiniú náisiúnta poiblí agus príobháideach, más ann dó sin, d’ionstraim airgeadais;
- (20) ciallaíonn “ciste sealbhaíochta” ciste arna bhunú faoi fhreagracht údaráis bainistíochta faoi chlár amháin nó níos mó chun ciste sonracha amháin nó níos mó a chur chun feidhme;
- (21) ciallaíonn “ciste sonracha” ciste trína gcuireann údarás bainistíochta nó ciste sealbhaíochta táirgí airgeadais ar fáil d’fhaighteoirí deiridh;
- (22) ciallaíonn “comhlacht atá ag cur ionstraim airgeadais chun feidhme” comhlacht, a rialaítear faoin dlí poiblí nó príobháideach, agus a dhéanann cúraimí ciste sealbhaíochta nó ciste shonraigh;
- (23) ciallaíonn “éifeacht ghíarála” méid an mhaoinithe in-aisíochta a chuirtear ar fáil d’fhaighteoirí deiridh roinnte ar mhéid na ranníocaíochta ó na Cistí;
- (24) ciallaíonn “cóimheas iolraitheora” i gcomhthéacs ionstraimí ráthaíochta, cóimheas arna bhunú ar bhonn measúnú riosca *ex ante* stuama i leith gach táirge ráthaíochta a bheidh le tairiscint, idir luach na n-iasachtaí, na n-infheistíochtaí cothromais nó na n-infheistíochtaí cuasachothromais foluiteacha nua a íocadh amach, agus an méid den ranníocaíocht ón gclár a cuireadh i leataobh, do chonarthaí ráthaíochta chun cailteanais a bhfuil coinne leo agus nach bhfuil coinne leo as na hiasachtaí nua, na hinfeistíochtaí cothromais nua agus na hinfeistíochtaí cuasachothromais nua sin a chúiteamh;
- (25) ciallaíonn “costais bhainistíochta” costais dhíreacha nó indíreacha a aisíocadh ar bhonn fianaise ar chaiteachas a rinneadh chun na hionstraimí airgeadais a chur chun feidhme;
- (26) ciallaíonn “táillí bainistíochta” praghas i leith seirbhísí a sholáthar, mar a cinneadh sa chomhaontú cistiúcháin idir an t-údarás bainistíochta agus an comhlacht a bhfuil ciste sealbhaíochta nó ciste sonracha á chur chun feidhme aige; agus, i gcás inarb infheidhme, idir an comhlacht a bhfuil ciste sealbhaíochta á chur chun feidhme aige agus an comhlacht a bhfuil ciste sonracha á chur chun feidhme aige;
- (27) ciallaíonn “athlonnú” aistriú na gníomhaíochta céanna nó comhchosúla, nó cuid di, de réir bhrí phointe (61a) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014;
- (28) ciallaíonn “ranníocaíocht phoiblí” aon ranníocaíocht le haghaidh maoiniú oibríochtaí arb é is foinse di buiséad na n-údarás poiblí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, nó buiséad aon ghrúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC) arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁹⁾, an buiséad de chuid an Aontais a chuirtear ar fáil do na Cistí, buiséad comhlachtaí dlí phoiblí nó buiséad comhlachas de chuid na n-údarás poiblí nó na gcomhlachtaí dlí phoiblí agus, chun an ráta cómhaoinithe do chlár CSE+ nó do thosaíochtaí a chinneadh, is féidir aon acmhainní airgeadais arna ranníoc go comhchoiteann ag fostóirí agus ag oibríthe a áireamh ar na buiséid sin;
- (29) ciallaíonn “bliain chuntasaíochta” an tréimhse idir an 1 Iúil agus an 30 Meitheamh den chéad bhliain eile, ach amháin an chéad bhliain den tréimhse clársceidealaithe arb í an tréimhse ó dháta tosaigh na hincháilitheachta caiteachais go dtí an 30 Meitheamh 2022 í; i gcás na bliana cuntasaíochta deiridh, ciallaíonn sé an tréimhse ón 1 Iúil 2029 go dtí an 30 Meitheamh 2030;
- (30) ciallaíonn “oibreoir eacnamaíoch” aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon eintiteas eile a ghlacann páirt i gcur chun feidhme an chúnaimh ó na Cistí, cé is moite de Bhallstát a fheidhmíonn a shainchumais mar údarás poiblí;

⁽³⁹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (GECC) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19).

- (31) ciallaíonn “neamhrialtacht” aon sárú ar an dlí is infheidhme, de thoradh gníomh nó faillí a rinne oibreoir eacnamaíoch, a bhfuil sé d’éifeacht aige, nó a mbeadh sé d’éifeacht aige, dochar a dhéanamh do bhuiséad ginearálta an Aontais trí chaiteachas gan údar a ghearradh ar an mbuiséad sin;
- (32) ciallaíonn “easnamh tromchúiseach” easnamh ar fheidhmiú éifeachtach na gcóras bainistithe agus rialaithe atá ag clár, a fhágann gur gá feabhsuithe móra a dhéanamh ar na córais bainistithe agus rialaithe, agus i gcás ina ndéantar aon cheann de na príomhcheanglais 2, 4, 5, 9, 12, 13 agus 15 dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI, nó dhá cheann nó níos mó de na príomhcheanglais eile, a mheas mar chatagóirí 3 agus 4 den Iarscríbhinn sin;
- (33) ciallaíonn “neamhrialtacht shistéamach” aon neamhrialtacht, lena n-áirítear neamhrialtacht a fhéadfaidh a bheith de chineál athfhillteach, agus gur dóchúil go mbeidh sí ag tarlú in oibríochtaí den chineál céanna, rud a bheidh mar thoradh ar easnamh tromchúiseach, lena n-áirítear i gcás nach mbeidh nósanna imeachta iomchuí bunaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na rialacha Ciste-shonracha;
- (34) ciallaíonn “earráidí iomlán” suim na n-earráidí randamacha réamh-mheasta agus, más infheidhme, earráidí sistéamacha teormharcáilte agus earráidí aimhrialta neamhcheartaithé;
- (35) ciallaíonn “ráta earráidí iomlán” iomlán na n-earráidí arna roinnt ar an daonra iniúchóireachta;
- (36) ciallaíonn “ráta earráidí iarmharacha” iomlán na n-earráidí lúide na ceartuithe airgeadais arna gcur i bhfeidhm ag an mBallstát chun na rioscaí a laghdú arna sainaitheint ag an údarás iniúchóireachta, arna roinnt ar an gcaiteachas atá le dearbhú sna cuntais;
- (37) ciallaíonn “oibríocht lánchríochnaithe” oibríocht atá lánchríochnaithe go fisiceach nó curtha chun feidhme go hiomlán agus a bhfuil na híocaíochtaí gaolmhara go léir ina leith íoctha ag tairbhíthe agus a bhfuil an ranníocaíocht phoiblí chomhfhreagrach ina leith íoctha leis na tairbhíthe;
- (38) ciallaíonn “aonad samplála” ceann de na haonaid, lena n-áirítear oibríocht, tionscadal laistigh d’oibríocht nó éileamh ar íocaíocht ag tairbhí, ar a roinntear daonra iniúchóireachta chun críche samplála;
- (39) ciallaíonn “cuntas eascró”, i gcás oibríocht CPP, cuntas bainc a chumhdaítear le comhaontú i scríbhinn idir tairbhí ar comhlacht poiblí é agus an comhpháirtí príobháideach arna fhormheas ag an údarás bainistíochta nó comhlacht idirmheánach agus a úsáidtear le haghaidh íocaíochtaí le linn na tréimhse incháilitheachta nó tar éis na tréimhse incháilitheachta;
- (40) ciallaíonn “rannpháirtí” duine nádúrtha a fhaigheann tairbhe dhíreach ó oibríocht gan a bheith freagrach as an oibríocht a thionscnamh, nó as an oibríocht a thionscnamh agus a chur chun feidhme araon agus ar rannpháirtí é nó í nach bhfaighidh, i gcomhthéacs CEMID, tacaíocht airgeadais;
- (41) ciallaíonn “bunphrionsabal éifeachtúlachta fuinnimh” an-aird ar fad a thabhairt, agus cinntí á ndéanamh maidir le pleanáil fuinnimh, agus maidir le beartas agus infheistíocht, ar bhearta malartacha éifeachtúlachta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh chun go mbeadh an t-éileamh fuinnimh agus an soláthar fuinnimh níos éifeachtúla trí choigiltis úsáide deiridh fuinnimh cost-éifeachtacha, tionscnaimh freagartha don éileamh, agus fuinneamh a thiontú ar bhealach níos éifeachtúla agus cuspóirí na gcinntí sin á mbaint amach;
- (42) ciallaíonn “dionadh ar an athrú aeráide” próiseas lena gcuirtear cosc ar bhonneagar a bheith i mbaol ó thionchair aeráide fhadéarmacha a d’fhéadfadh a bheith ann agus á áirithiú go n-urramófar prionsabal “tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh” agus go bhfuil leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn ón tionscadal i gcomhréir leis an gCuspóir aeráidneodrachta in 2050;
- (43) ciallaíonn “deontais faoi choinníollacha” catagóir deontais faoi réir coinníollacha a bhaineann le haisíoc na tacaíochta;
- (44) ciallaíonn “BEI” an Banc Eorpach Infheistíochta, an Ciste Eorpach Infheistíochta nó aon fhochuideachta den Bhanc Eorpach Infheistíochta;
- (45) ciallaíonn “Séala Barr Feabhais”, an lipéad cáilíochta arna sannadh ag an gCoimisiún i dtaca le togra, lena léirítear maidir leis na tograí a ndearnadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoi ionstraim de chuid an Aontais agus a meastar go gcomhlíonann siad íoscheanglais cháilíochta na hionstraime sin de chuid an Aontais ach nach bhféadfaí iad a mhaoiniú de bharr easpa buiséid a bheith ar fáil don ghlaó sin ar thograí, agus go bhféadfadh sé go bhfaigheadh na tograí sin tacaíocht ó fhoinní eile cistiúcháin de chuid an Aontais nó ó fhoinní eile cistiúcháin náisiúnta.

Airteagal 3

Teorainneacha ama a ríomh le haghaidh gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin

I gcás ina leagfar síos teorainn ama le haghaidh gníomhaíocht de chuid an Choimisiúin, cuirfeadh tús leis an tréimhse ama sin nuair a bheidh an fhaisnéis uile curtha isteach ag an mBallstát i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo nó i Rialacháin Chiste-shonracha.

Cuirfear an teorainn ama sin ar fionraí ón lá tar éis an dáta ar a sheolfaidh an Coimisiún a bharúlacha nó a iarraidh ar dhoiciméid athbhreithnithe chuig an mBallstát go dtí go dtabharfaidh an Ballstát freagra ar an gCoimisiún.

Airteagal 4

Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint

Ní cheadófar do na Ballstáit ná don Choimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil ach i gcás inar gá sin chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chur i gcrích, go háirithe chun faireachán, tuairisciú, cumarsáid, foilsiú, meastóireacht, bainistiú airgeadais, fiortuithé agus iniúchtaí a dhéanamh agus, i gcás inarb infheidhme, chun incháilitheacht na rannpháirtithe a chinneadh. Próiseálfar sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 nó Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁰⁾, cibé acu is infheidhme.

CAIBIDIL II

Cuspóirí beartais agus prionsabail maidir leis an tacaíocht ó na Cistí

Airteagal 5

Cuspóirí beartais

1. Le CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe agus CEMID, tacófar leis na cuspóirí beartais seo a leanas:
 - (a) Eoraip níos iomaíche agus níos cliste a chur chun cinn trí chlaochlú eacnamaíoch atá nuálaíoch agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn;
 - (b) Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistroidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn;
 - (c) Eoraip níos nasctha trí shoghluaisteacht a fheabhsú;
 - (d) Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear chun feidhme Colún Eorpach na gCeart Sóisialta;
 - (e) Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite an uile chineál críoch agus tionscnamh áitiúil a chothú.

Le CUAC, tacófar leis an gcuspóir sonrath maidir le réigiúin agus daoine a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, fostaíochta, eacnamaíochta agus chomhshaoil an aistrithe chuig spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais do 2030 agus do gheilleagar an Aontais atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050, bunaithe ar Chomhaontú Pháras.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC i gcomhréir le hAirteagal 27.

2. Le CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe agus CUAC, rannchuideofar le gníomhaíochtaí an Aontais ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE, trí na spriocanna seo a leanas a shaothrú:

- (a) Sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis i mBallstáit agus i réigiúin, lena dtacófar le tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC; agus
- (b) Sprioc an chomhair críochaigh Eorpaigh (Interreg), lena dtacófar le tacaíocht ó CFRE.

⁽⁴⁰⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas idir na Cistí agus ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais a chur chun cinn. Déanfaidh siad sásraí comhordúcháin idir an lucht freagrachta a optamú chun dúbailt a sheachaint le linn na pleanála agus an chur chun feidhme. Dá réir sin, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún na moltaí tír-shonracha ábhartha a chur san áireamh i gclársceidealú agus i gcur chun feidhme na gCistí.

Airteagal 6

Spriocanna aeráide agus sásra coigeartaithe aeráide

1. Tabharfaidh na Ballstáit faisnéis faoi thacaíocht a thugtar do chuspóirí i ndáil leis an gcomhshaol agus leis an aeráid trí úsáid a bhaint as modheolaíocht atá bunaithe ar chineálacha idirghabhála do gach ceann de na Cistí. Is é a bheidh sa mhodheolaíocht sin ualú sonracha a shannadh don tacaíocht arna soláthar ar leibhéal a léireoidh an méid rannchuidithe atá sa tacaíocht den sórt sin le haghaidh cuspóirí comhshaoil agus cuspóirí aeráide. I gcás CFRE, CSE+ agus an Chiste Chomhtháthaithe, cuirfear na hualuithe i gceangal le diminsin agus cóid le haghaidh na gcineálacha idirghabhála a bhunaítear in Iarscríbhinn I. Le CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe, rannchuideofar le 30 % agus 37 % faoi seach de ranníocaíocht an Aontais le caiteachas a fhaigheann tacaíocht chun na cuspóirí aeráide, arna leagan síos do bhuiséad an Aontais, a bhaint amach.

2. Déanfar an sprioc rannchuidithe aeráide do gach Ballstát a shocrú mar chéatadán dá leithdháileadh iomlán CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe agus a áireamh i gclár mar thoradh ar na cineálacha idirghabhála agus ar an miondealú tásach airgeadais de bhun phointe (d)(viii) d'Airteagal 22(3). Dá bhforáiltear in Airteagal 11(1), bunófar an réamhspríoc rannchuidithe aeráide sa Chomhaontú Comhpháirtíochta.

3. Déanfaidh an Ballstát agus an Coimisiún faireachán rialta ar urramú na spriocanna rannchuidithe aeráide, bunaithe ar an gcaiteachas incháilithe iomlán arna dhearbhu ag na tairbhíthe don údarás bainistíochta mar atá miondealaithe de réir na gcineálacha idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 42 agus de réir sonraí arna dtíolacadh ag an mBallstát. I gcás ina léiríonn an faireachán nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta i dtreo sprioc rannchuidithe aeráide a bhaint amach, tiocfaidh an Ballstát agus an Coimisiún ar chomhaontú maidir le bearta feabhais ag an gcruinniú athbhreithnithe bliantúil.

4. I gcás nach mbeidh dul chun cinn leordhóthanach i dtreo an sprioc rannchuidithe aeráide a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta faoin 31 Nollaig 2024, cuirfidh an Ballstát an méid sin san áireamh ina athbhreithniú meántearma i gcomhréir le hAirteagal 18(1).

Airteagal 7

Bainistíocht chomhroinnte

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún an chuid sin de bhuiséad an Aontais a leithdháileadh ar na Cistí a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán Airgeadais. Déanfaidh na Ballstáit clár a ullmhú agus a chur chun feidhme ar an leibhéal críochach iomchuí, i gcomhréir lena gcreat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais.

2. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh an méid tacaíochta arna aistriú ón gCiste Comhtháthaithe chuig an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), an Tionscnamh Uirbeach Eorpach, Infheistíochtaí Nuálacha Idir-réigiúnacha, an méid tacaíochta arna aistriú ó CSE+ chuig an gcomhar trasnáisiúnta, na méideanna arna ranníoc le Clár InvestEU agus cúnaimh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indéreach i gcomhréir le pointí (a) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais.

3. Féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú an Bhallstáit agus na réigiún lena mbaineann, comhar na réigiún is forimeallaí mar chuid de sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg) a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indéreach.

Airteagal 8

Comhpháirtíocht agus rialachas il-leibhéil

1. I gcás an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus i gcás gach cláir, déanfaidh gach Ballstát, i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil, comhpháirtíocht chuimsitheach a eagrú agus a chur chun feidhme agus sainiúlachtaí na gCistí á gcur san áireamh. Beidh na comhpháirtithe seo a leanas ar a laghad mar chuid den chomhpháirtíocht sin:

- (a) údaráis réigiúnacha, áitiúla, uirbeacha agus údaráis phoiblí eile;
- (b) comhpháirtithe eacnamaíochta agus sóisialta;

(c) comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, amhail comhpháirtithe comhshaoil, eagraíochtaí neamh-rialtasacha agus comhlachtaí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta, na cearta bunúsacha, cearta daoine faoi mhíchumas, an comhionannas inscne agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn;

(d) eagraíochtaí taighde agus ollscoileanna, i gcás inarb iomchuí.

2. Feidhmeoidh an chomhpháirtíocht a bhunaítear faoi mhír 1 den Airteagal seo i gcomhréir le prionsabal an rialachais il-leibhéil agus le cur chuige ó bhun aníos. Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirt do na comhpháirtithe dá dtagraítear i mhír 1 in ullmhú na gComhaontuithe Comhpháirtíochta agus i rith ullmhú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na gclár, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht sna coistí faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 39.

Sa chomhthéacs sin, déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, céatadán iomchuí de na hacmhainní ó na Cistí a leithdháileadh d'fhothú acmhainneacht riaracháin na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí ón tsochaí shibhialta.

3. I gcás chlár Interreg, áireofar sa chomhpháirtíocht comhpháirtithe as na Ballstáit rannpháirteacha uile.

4. Déanfar an chomhpháirtíocht a eagrú agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht arna bhunú le Rialachán Tarmlichte (AE) Uimh. 240/2014.

5. Uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar chomhpháirtithe ar leibhéal an Aontais maidir le cur chun feidhme na gclár, agus tuairisceoidh sé chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an toradh.

Airteagal 9

Prionsabail Chothrománacha

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún urraim do chearta bunúsacha agus do chomhlíonadh an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a áirithiú i gcur chun feidhme na gCistí.

2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcuirfear comhionannas idir fir agus mná, príomhshruthú inscne agus comhtháthú ghné inscne san áireamh agus go gcuirfear chun cinn iad i rith ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht na gclár.

3. Glacfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún na céimeanna iomchuí chun aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc le linn ullmhú, chur chun feidhme, fhaireachán, thuairisciú agus mheastóireacht na gclár. Go háirithe, déanfar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh i rith ullmhú agus chur chun feidhme na gclár.

4. Saothrófar cuspóirí na gCistí i gcomhréir leis an gcuspóir an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn mar a leagtar amach in Airteagal 11 CFAE, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Comhaontú Pháras agus an prionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh” á gcur san áireamh.

Saothrófar cuspóir na gCistí le lánurraim do *acquis* comhshaoil an Aontais.

TEIDEAL II

CUR CHUIGE STRAITÉISEACH

CAIBIDIL I

Comhaontú Comhpháirtíochta

Airteagal 10

An Comhaontú Comhpháirtíochta a ullmhú agus a chur isteach

1. Ullmhóidh gach Ballstát Comhaontú Comhpháirtíochta ina leagfar amach an treoshuíomh straitéiseach le haghaidh clársceidealú agus na socrúithe chun CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMID a úsáid ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.

2. Déanfar an Comhaontú Comhpháirtíochta a ullmhú i gcomhréir leis an gcód iompair Eorpach i ndáil le comhpháirtíocht. I gcás ina bhforálann Ballstát cheana féin le linn ullmhú a chlár do chomhpháirtíocht chuimsitheach, measfar gur comhlíonadh an ceanglas sin.
3. Cuirfidh an Ballstát an Comhaontú Comhpháirtíochta faoi bhráid an Choimisiúin tráth a chuirfidh sé an chéad chlár faoina bhráid, nó roimhe sin.
4. Féadfar an Comhaontú Comhpháirtíochta a chur isteach in éineacht leis an gClár Náisiúnta um Athchóiriú bliantúil ábhartha agus an plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide.
5. Doiciméad straitéiseach gonta a bheidh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta. Ní bheidh níos mó ná 35 leathanach ann, ach amháin má chinneann an Ballstát, ar a thionscnamh féin, fad an doiciméid a fhadú.
6. Déanfaidh an Ballstát an Comhaontú Comhpháirtíochta a tharraingt suas i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Féadfaidh an Ballstát an Comhaontú Comhpháirtíochta a áireamh i gceann dá chlár.
7. Féadfar clár Interreg a chur faoi bhráid an Choimisiúin sula gcuirtear an Comhaontú Comhpháirtíochta faoina bhráid.
8. Féadfaidh BEI, ar iarraidh ón mBallstát lena mbaineann, páirt a ghlacadh in ullmhú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hoibriochtaí, ionstraimí airgeadais agus CPPanna a ullmhú.

Airteagal 11

Inneachar an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta

1. Beidh na heilimintí seo a leanas sa Chomhaontú Comhpháirtíochta:
 - (a) na cuspóirí beartais a roghnaíodh agus cuspóirí sonracha CUAC, lena léirítear cé na cistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus na cláir lena saothrófar na cuspóirí sin agus an t-údar atá leis sin, agus na moltaí tír-shonracha ábhartha, an plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, príonsabail Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, na dúshláin réigiúnacha á gcur san áireamh;
 - (b) i dtaca leis na cuspóirí beartais atá roghnaithe agus cuspóirí sonracha CUAC:
 - (i) achoimre ar na roghanna beartais agus na príomhthorthaí a bhfuil súil leo i gcás gach Ciste a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta;
 - (ii) comhordú, críochú agus comhlántachtaí idir na Cistí agus, i gcás inarb iomchuí, comhordú idir cláir náisiúnta agus cláir réigiúnacha;
 - (iii) comhlántachtaí agus sineirgí idir na cistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta, CTIL, CSI, IBTV, agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear tionscadail chomhtháite straitéiseacha agus tionscadail nádúir straitéiseacha faoi LIFE, agus, i gcás inarb iomchuí, tionscadail a chistítear faoi Fhís Eorpach;
 - (c) an réamh-leithdháileadh airgeadais ó gach ceann de na cistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta le cuspóir beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach i gcás inarb iomchuí, agus rialacha Ciste-shonracha maidir le díriú téamach á n-urramú mar aon leis an réamh-leithdháileadh airgeadais do chuspóirí sonracha CUAC, lena n-áirítear aon acmhainní CFRE agus CSE+ atá le haistriú chuig CUAC i gcomhréir le hAirteagal 27;
 - (d) an réamhspríoc rannchuidithe aeráide i gcomhréir le hAirteagal 6(2);
 - (e) i gcás inarb infheidhme, miondealú na n-acmhainní airgeadais de réir catagóir réigiúin arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 108(2) agus méideanna na leithdháilítí a bheartaítear a aistriú de bhun Airteagail 26 agus 111, lena n-áirítear údar le aistriú den sórt sin;
 - (f) le haghaidh cúnaimh teicniúil, foirm na ranníocaíochta ón Aontas a roghnaigh an Ballstát de bhun Airteagal 36(3) agus, i gcás inarb infheidhme, an réamh-leithdháileadh airgeadais ó gach ceann de na cistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta agus miondealú ar acmhainní airgeadais de réir cláir agus de réir catagóir réigiúin;
 - (g) na méideanna atá le ranníoc le Clár InvestEU de réir Ciste agus de réir catagóir réigiúin, i gcás inarb infheidhme;
 - (h) liosta na gclár atá pleanáilte faoi na cistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maille leis na réamh-leithdháilítí airgeadais a bhaineann leo de réir Ciste agus an ranníocaíocht náisiúnta chomhfhreagrach de réir catagóir réigiúin, i gcás inarb infheidhme;

- (i) achoimre ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an mBallstát lena mbaineann chun a chumas riaracháin a threisiú maidir le cur chun feidhme na gCistí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta;
- (j) i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhéimeagrafacha nó riachtanais shonracha na réigiún agus na limistéar.

A mhéid a bhaineann le sprioc an chomhair chríocheaigh Eorpaigh (Interreg), ní bheidh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta ach liosta na gclár atá pleanáilte.

2. Féadfaidh, freisin, achoimre a bheith sa Chomhaontú Comhpháirtíochta ar an measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 15 agus in Iarscríbhinní III agus IV.

Airteagal 12

An Comhaontú Comhpháirtíochta a Fhormheas

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus a chomhlíonadh i ndáil leis an Rialachán seo agus na rialacha Ciste-shonracha agus prionsabal na comhréireachta á urramú, agus cineál straitéiseach an doiciméid, an líon clár a chumhdaítear agus méid iomlán na n-acmhainní a leithdháiltear ar an mBallstát lena mbaineann á gcur san áireamh. Ina mheasúnú, déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, aird a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag an mBallstát aghaidh a thabhairt ar pé moltaí tír-shonracha is ábhartha, ar a phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus ar Cholún Eorpach na gCearta Sóisialta.
2. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt laistigh de 3 mhí ón dáta a chuirfidh an Ballstát an Comhaontú Comhpháirtíochta faoina bhráid.
3. Déanfaidh an Ballstát athbhreithniú ar an gComhaontú Comhpháirtíochta agus cuirfidh sé barúlacha an Choimisiúin san áireamh.
4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme lena bhformheasfar an Comhaontú Comhpháirtíochta tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis an dáta a chuir an Ballstát lena mbaineann an Comhaontú Comhpháirtíochta faoina bhráid den chéad uair.
5. Nuair a áirítear an Comhaontú Comhpháirtíochta i gclár i gcomhréir le hAirteagal 10(6), glacfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme lena bhformheasfar an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an clár sin araon tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta a chuir an Ballstát lena mbaineann faoina bhráid é den chéad uair.

Airteagal 13

Leasú ar an gComhaontú Comhpháirtíochta

1. Féadfaidh Ballstát Comhaontú Comhpháirtíochta leasaithe a thíolacadh don Choimisiún faoin 31 Márta 2025, lena gcuirfear toradh an mheasúnaithe mheántearma san áireamh.
2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an leasú agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt faoi cheann 3 mhí ón uair a thíolacfar an Comhaontú Comhpháirtíochta leasaithe.
3. Déanfaidh an Ballstát athbhreithniú ar an gComhaontú Comhpháirtíochta leasaithe, agus barúlacha an Choimisiúin á gcur san áireamh aige.
4. Formheasfaidh an Coimisiún an leasú ar Chomhaontú Comhpháirtíochta tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don Bhallstát é a chur isteach den chéad uair.

Airteagal 14

Úsáid CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, agus CEMID arna seachadadh trí Chlár InvestEU

1. Féadfaidh na Ballstáit suas le 2 % den leithdháileadh náisiúnta tosaigh do CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe agus CEMID, faoi seach, a leithdháileadh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta, a bheidh le ranníoc le Clár InvestEU agus a sholáthrófar trí rátháíocht an Aontais agus trí Mhol Comhairleach InvestEU i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán InvestEU. Féadfaidh na Ballstáit, le comhaontú an údarais bainistíochta lena mbaineann, méid suas le 3 % den leithdháileadh náisiúnta tosaigh do gach ceann de na Cistí sin a leithdháileadh tuilleadh tar éis an 1 Eanáir 2023 trí iarraidh amháin nó níos mó ar leasú ar chlár.

Le méideanna den sórt sin, rannchuideofar leis na cuspóirí beartais arna roghnú sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó sa chlár a bhaint amach, agus tacófar leo go príomha le hinfheistíochtaí i gcatagóir na réigiún rannpháirteach.

Déanfar ranníocaíochtaí den sórt sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú le Rialachán InvestEU agus ní aistrithe acmhainní faoi Airteagal 26 a bheidh iontu.

2. Cinnfidh na Ballstáit an méid iomlán arna ranníoc gach bliain de réir Ciste agus de réir chatagóir réigiúin, i gcás inarb infheidhme. I gcás an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta, féadfar acmhainní na bliana féilire reatha agus na mblianta féilire atá le teacht a leithdháileadh. I gcás ina ndéanann Ballstát iarraidh ar leasú ar chlár, ní fhéadfar ach acmhainní na mblianta féilire atá le teacht a leithdháileadh.

3. Úsáidfeadh na méideanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo chun soláthar don chuid den ráthaíocht ón Aontas atá in urrann an Bhallstáit agus do Mhol Comhairleach InvestEU, nuair a bheidh an comhaontú ranníocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán InvestEU, tugtha i gcrích. Féadfaidh an Coimisiún na gealltanais bhuiséadacha ón Aontas maidir le gach comhaontú ranníocaíochta a dhéanamh i dtráthchodanna bliantúla le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2027.

4. D'ainneoin Airteagal 12 den Rialachán Airgeadais, i gcás nach mbeidh comhaontú ranníocaíochta, mar a leagtar amach in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le InvestEU é, tugtha i gcrích laistigh de 4 mhí ó dháta an chinnidh ón gCoimisiún lena nglactar an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leithdháiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta, déanfar an méid comhfhreagrach a leithdháileadh ar chlár nó ar chlár laistigh den Chiste ranníocaíochta agus de chatagóir réigiúin, i gcás inarb ábhartha tar éis iarraidh a fháil ón mBallstát.

An comhaontú ranníocaíochta le haghaidh na méideanna dá dtagraítear i mír 1 a leithdháiltear in iarraidh ar leasú ar chlár, déanfar é a thabhairt i gcrích an tráth céanna a ghlacfar an cinneadh lena leasaítear an clár.

5. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 10(4) den Rialachán maidir le InvestEU, i gcás nach bhfuil comhaontú ráthaíochta tugtha i gcrích laistigh de 9 mí ón tráth a thabharfar an comhaontú ranníocaíochta i gcrích, cuirfeadh deireadh nó síneadh leis an comhaontú ranníocaíochta trí chomhaontú frithpháirteach.

I gcás ina scoirfeadh de rannpháirtíocht Ballstáit i gCiste InvestEU, déanfar na méideanna lena mbaineann a íocadh isteach sa chiste don soláthar coiteann mar sholáthar a aisghabháil mar ioncam sannta inmheánach de bhun Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh isteach ar cheann amháin nó níos mó de na leasuithe ar an gclár chun na méideanna a aisghabhfar a úsáid agus na méideanna a leithdháileadh ar na blianta féilire amach anseo i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Tabharfar foirceannadh nó leasú an chomhaontaithe ranníocaíochta i gcrích go comhuaineach le glacadh na gcinntí lena leasaítear an clár nó na cláir lena mbaineann.

6. I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(4) de Rialachán InvestEU, i gcás nach bhfuil comhaontú ráthaíochta curtha chun feidhme mar is cuí laistigh de 4 bliana ón tráth a thabharfar an comhaontú ráthaíochta i gcrích, déanfar an comhaontú ráthaíochta a leasú. Féadfaidh an Ballstát a iarraidh go gcaithfeadh leis na méideanna a ranníocadh le ráthaíocht an Aontais faoi mhír 1 den Airteagal seo agus a gealladh sa chomhaontú ráthaíochta ach nach gcumhdaítear leo iasachtaí foluiteacha, infheistíochtaí cothromais ná ionstraimí rioscúla eile i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

7. Acmhainní a gineadh leis na méideanna arna ranníoc leis an ráthaíocht ón Aontas, nó atá inchurtha i leith na méideanna sin, cuirfeadh ar fáil do na Ballstáit iad i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 10(5) de Rialachán InvestEU agus úsáidfeadh le haghaidh tacaíochta iad faoin gcuspóir céanna nó faoi na cuspóirí céanna i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha.

8. I gcás na méideanna atá le hathúsáid i gclár i gcomhréir le míreanna 4, 5 agus 6 den Airteagal seo, cuirfeadh tús leis an teorainn ama do shaoradh, a leagtar amach in Airteagal 105(1), sa bhliain ina ndéantar na gealltanais bhuiséadacha chomhfhreagracha.

CAIBIDIL II

Coinníollacha cumasúcháin agus creat feidhmíochta

Airteagal 15

Coinníollacha cumasúcháin

1. I gcás na gcuspóirí sonracha, leagtar síos coinníollacha cumasúcháin sa Rialachán seo.

In Iarscríbhinn III, tá coinníollacha cumasúcháin cothrománacha is infheidhme inti maidir leis na cuspóirí sonracha uile agus na critéir is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin.

In Iarscríbhinn IV, tá coinníollacha cumasúcháin inti do CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe agus na critéir is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin.

Ní hinfheidhme an coinníoll cumasúcháin a bhaineann le huirlisí agus acmhainneacht chun rialacha maidir leis an státhchabhair a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir leis na cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI nó ó IBTV.

2. Nuair a bheidh an Ballstát ag ullmhú cláir nó ag tabhairt isteach cuspóir sonracha nua mar chuid de leasú ar chlár, déanfaidh sé a mheas an bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leis an gcuspóir sonracha roghnaithe comhlíonta. Tá coinníoll cumasúcháin comhlíonta i gcás ina bhfuil na critéir ghaolmhara uile sáraithe. Déanfaidh an Ballstát, i ngach clár nó sa leasú ar an gclár, na coinníollacha cumasúcháin atá comhlíonta agus nach bhfuil comhlíonta a shainaithe agus, tabharfaidh sé an t-údar leis sin i gcás ina measann sé go bhfuil coinníoll cumasúcháin comhlíonta.

3. Mura bhfuil coinníoll cumasúcháin comhlíonta tráth formheasta an chláir nó an leasaithe ar chlár, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas a luaithe a mheasfaidh sé go bhfuil an coinníoll cumasúcháin comhlíonta, maille leis an údar leis an gcomhlíonadh.

4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a fháil, agus cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas i gcás ina n-aontaíonn sé leis an mBallstát maidir leis an gcoinníoll cumasúcháin a chomhlíonadh.

I gcás nach n-aontóidh an Coimisiún leis an mBallstát maidir leis an gcoinníoll cumasúcháin a chomhlíonadh, cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas faoin méid sin agus leagfaidh sé amach a mheasúnú.

I gcás nach n-aontóidh an Ballstát leis an measúnú ón gCoimisiún sin, cuirfidh sé a bharúlacha in iúl faoi cheann míosa agus gnóthóidh an Coimisiún i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

I gcás ina nglacfaidh an Ballstát leis an measúnú ón gCoimisiún, gnóthóidh sé i gcomhréir le mír 3.

5. Gan dochar d'Airteagal 105, féadfar an caiteachas a bhaineann le hoibríochtaí atá nasctha leis an gcuspóir sonracha á áireamh sna hiarratais ar íocaíocht ach ní dhéanfaidh an Coimisiún é a aisíoc go dtí go gcuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi chomhlíonadh an choinníll chumasúcháin de bhun na chéad fhomhíre de mhír 4 den Airteagal seo.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le hoibríochtaí lena rannchuidítear le comhlíonadh an choinníll chumasúcháin chomhfhreagraigh.

6. Áiríteoidh an Ballstát go bhfuil na coinníollacha cumasúcháin comhlíonta agus urramaithe i gcónaí agus go gcuirfear i bhfeidhm iad i rith na clárthréimhse. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhodhnú a imreoidh tionchar ar chomhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil an coinníoll cumasúcháin comhlíonta a thuilleadh, cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas faoi sin agus leagfaidh sé a mheasúnú amach. Ina dhiaidh sin, leanfar an nós imeachta a leagtar amach sa dara fhomhír agus sa tríú fhomhír de mhír 4.

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil neamhchomhlíonadh an choinníll chumasúcháin fós ann agus gan dochar d'Airteagal 105, bunaithe ar bharúlacha an Bhallstáit, féadfar caiteachas a bhaineann leis an gcuspóir sonracha lena mbaineann a chur san áireamh in iarratais ar íocaíocht ach ní aisíocfaidh an Coimisiún é go dtí go gcuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas faoi chomhlíonadh an choinníll chumasúcháin de bhun na chéad fhomhíre de mhír 4 den Airteagal seo.

7. Ní bheidh feidhm ag Iarscríbhinn IV maidir le tosaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC nó maidir le haon acmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC i gcomhréir le hAirteagal 27.

Airteagal 16

Creat feidhmíochta

1. Bunóidh gach Ballstát creat feidhmíochta lena bhféadfar faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht cláir le linn chur chun feidhme an chláir, agus lena gcuirfear leis an tomhas ar fheidhmíocht fhoriomlán na gCistí.

Is éard a bheidh sa chreat feidhmíochta:

(a) na táscairí aschuir agus toraidh a bhaineann le cuspóirí sonracha a leagtar amach sna Rialacháin Chiste-shonracha a roghnaíodh le haghaidh an chláir;

- (b) na clocha míle atá le gnóthú faoi dheireadh na bliana 2024 maidir le táscairí aschuir; agus
 - (c) na spriocanna atá le gnóthú faoi dheireadh na bliana 2029 maidir le táscairí aschuir agus toraidh.
2. Leagfar síos clocha míle agus spriocanna i ndáil le gach cuspóir sonracha laistigh de chlár, seachas an cúnaimh teicniúil agus an cuspóir sonracha lena dtugtar aghaidh ar an díth ábhartha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+.
3. Cuirfidh na clocha míle agus na spriocanna ar a gcumas don Choimisiún agus don Bhallstát an dul chun cinn i dtreo ghnóthú an chuspóra shonraigh a thomhas. Sásóidh siad na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 33(3) den Rialachán Airgeadais.

Airteagal 17

Modheolaíochtaí chun an creat feidhmíochta a bhunú

1. Leis an modheolaíocht le haghaidh an creat feidhmíochta a bhunú, áireofar an méid seo a leanas:
- (a) na critéir a chuireann an Ballstát i bhfeidhm chun táscairí a roghnú;
 - (b) na sonraí nó an fhaisnéis a úsáidtear, ráthú cáilíochta na sonraí agus an modh ríomha;
 - (c) tosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghnóthú na gclóch míle agus na spriocanna agus an chaoi ar cuireadh san áireamh iad.
2. Cuirfidh an Ballstát an mhodheolaíocht chun an creat feidhmíochta a bhunú ar fáil don Choimisiún ar iarraidh sin.

Airteagal 18

Athbhreithniú meántearma agus méid solúbthachta

1. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC, déanfaidh an Ballstát athbhreithniú ar gach clár, ag cur na nithe seo a leanas san áireamh:
- (a) na dúshláin nua arna sainiú sna moltaí tír-shonracha a glacadh in 2024;
 - (b) an dul chun cinn maidir leis an bplean incháilithe náisiúnta fuinnimh agus aeráide, más ábhartha;
 - (c) an dul chun cinn maidir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme;
 - (d) staid shoch-eacnamaíoch an Bhallstáit nó an réigiúin lena mbaineann, agus béim ar leith ar riachtanais chríochacha, lena gcuirtear san áireamh aon tarlú diúltach airgeadais, eacnamaíoch nó sóisialta.
 - (e) príomhthorthaí na meastóireachtaí ábhartha;
 - (f) an dul chun cinn maidir leis na clocha míle a ghnóthú, ag cur san áireamh aon mhórdheacrachtaí a tháinig chun cinn i gcur chun feidhme an chláir;
 - (g) i dtaca le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, an measúnú a dhéanfaidh an Coimisiún, de bhun phointe (b) d'Airteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2018/1999.
2. Cuirfidh an Ballstát measúnú ar thoradh an athbhreithnithe mheántearma le haghaidh gach aon chlár ar leith, lena n-áirítear togra le haghaidh leithdháileadh críochnaitheach an mhéid solúbthachta dá dtagraítear sa dara fómhír d'Airteagal 86(1), faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2025.
3. Má mheastar go bhfuil gá leis, tar éis an athbhreithnithe mheántearma ar an gclár nó i gcás inar sainiúitear dúshláin nua de bhun phointe (a) de mhír 1, cuirfidh an Ballstát an measúnú dá dtagraítear i mír 2 faoi bhráid an Choimisiúin i dteannta an chláir leasaithe.

Áireofar sna hathbhreithnithe:

- (a) leithdháiltí na n-acmhainní airgeadais de réir tosaíochta;
- (b) spriocanna athbhreithnithe nó nua;
- (c) na méideanna atá le ranníoc le Clár InvestEU de réir Ciste agus de réir catagóir réigiúin, i gcás inarb infheidhme;

Déanfaidh an Coimisiún an clár athbhreithnithe a fhorghrúar i gcomhréir le hAirteagal 24, lena n-áirítear leithdháileadh críochnaitheach an mhéid solúbthachta.

4. Más rud é, mar thoradh ar an athbhreithniú meántéarma, go measann an Ballstát nach gá an clár a leasú, déanfaidh an Coimisiún ceachtar díobh seo a leanas:
 - (a) cinneadh a ghlacadh, laistigh de 3 mhí ó thíolacadh an mheasúnaithe seo dá dtagraítear i mír 2, lena ndaingneofar leithdháileadh críochnaitheach an mhéid solúbthachta; nó
 - (b) a iarraidh ar an mBallstát, laistigh de 2 mhí ó thíolacadh an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, clár leasaithe a chur faoina bhráid i gcomhréir le hAirteagal 24;
5. Go dtí go nglacfar an cinneadh ón gCoimisiún lena ndaingneofar leithdháileadh críochnaitheach an mhéid solúbthachta, ní bheidh an méid sin ar fáil chun oibríochtaí a roghnú.
6. Ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil maidir le toradh an athbhreithnithe meántéarma agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle í faoi dheireadh 2026.

CAIBIDIL III

Bearta atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fóna agus le himthosca eisceachtúla nó neamhghnácha

Airteagal 19

Bearta lena ndéantar éifeachtúlacht na gCistí a nascadh le rialachas eacnamaíoch fóna

1. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát cláir ábhartha a athbhreithniú agus leasuithe orthu a mholadh, i gcás inar gá sin chun tacú le cur chun feidhme Moltaí ábhartha ón gComhairle.

Féadfar iarraidh den sórt sin a dhéanamh chun na gcríoch seo a leanas:

- (a) chun tacú le cur chun feidhme moladh tír-shonrach ábhartha arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus moladh ábhartha ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE, atá dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann;
- (b) chun tacú le cur chun feidhme Moltaí ábhartha ón gComhairle atá dírithe chuig an mBallstát lena mbaineann agus a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) nó le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴¹⁾, ar choinníoll go meastar gur gá na leasuithe seo chun cuidiú le héagothromaíochtaí maicreacnamaíocha a cheartú.

2. Maidir le hiarraidh ón gCoimisiún ar Bhallstát i gcomhréir le mír 1, beidh sí réasúnaithe, déanfar tagairt inti don ghá tacú le cur chun feidhme na moltaí ábhartha, agus léireofar inti na cláir nó na tosaíochtaí a mheasann an Coimisiún atá i gceist agus cineál na leasuithe a bhfuiltear ag súil leo. Ní dhéanfar iarraidh den sórt sin roimh 2023 nó i ndiaidh 2026, ná ní dhéanfar iarraidh i ndáil leis na cláir chéanna in aon 2 bhliain i ndiaidh a chéile.

3. Déanfaidh an Ballstát a fhreagra ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach laistigh de 2 mhí tar éis dó í a fháil agus leagfaidh sé amach na leasuithe a mheasann sé a bheith riachtanach ar na cláir ábhartha, na cúiseanna atá le leasuithe den sórt sin, ag sainiú na gclár atá i gceist agus ag tabhairt cuntais ar chineál na leasuithe atá beartaithe agus ar na héifeachtaí a mheastar a bheidh acu ar chur chun feidhme na moltaí agus ar chur chun feidhme na gCistí. Más gá, tabharfaidh an Coimisiún barúlacha laistigh d'aon mhí amháin ón bhfreagra sin a fháil.

4. Déanfaidh an Ballstát togra chun leasú a dhéanamh ar na cláir ábhartha a chur isteach laistigh de 2 mhí ón dáta a chuirfeadh isteach an freagra dá dtagraítear i mír 3.

5. I gcás nach bhfuil barúlacha tugtha ag an gCoimisiún nó i gcás ina bhfuil sé sásta go ndearnadh aon bharúlacha a tugadh a chur san áireamh go cuí, glacfaidh sé cinneadh lena bhformheasfar na leasuithe ar na cláir ábhartha tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis don Bhallstát é a chur isteach.

6. I gcás ina mainníonn an Ballstát, laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 3 agus i mír 4, gníomhaíocht éifeachtach a ghlacadh mar fhreagairt ar iarraidh arna déanamh i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Coimisiún, laistigh de 3 mhí i ndiaidh dó na barúlacha a thabhairt faoi mhír 3 nó tar éis thíolacadh thogra an Bhallstáit faoi mhír 4, togra a chur chuig an gComhairle chun cuid de na híocaíochtaí nó na híocaíochtaí ar fad le haghaidh na gclár agus na dtosaíochtaí lena mbaineann a chur ar fionraí. Ina mholadh, leagfaidh an Coimisiún síos na forais atá aige lena thálad gur mhainnigh an Ballstát gníomhaíocht éifeachtach a ghlacadh. I ndéanamh a mholta dó, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha go léir san áireamh agus breithneoidh sé go cuí aon eilimintí a eascraíonn as an gcomhphlé struchtúrtha faoi mhír 14 nó aon tuairimí a léirítear san idirphlé struchtúraithe sin.

⁽⁴¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

Déanfaidh an Comhairle cinneadh maidir leis an moladh sin trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Ní bheidh feidhm ag an ngníomh cur chun feidhme sin ach amháin i ndáil le hiarratais ar íocaíocht a dhéantar a thíolacadh tar éis an dáta a ghlacfar an gníomh cur chun feidhme sin.

7. Déanfaidh an Coimisiún togra a chur chuig an gComhairle chun na gealltanais nó na híocaíochtaí uile, nó cuid díobh, a fhionraí i gcás ina gcinneadh an Chomhairle, i gcomhréir le hAirteagal 126(8) nó (11) CFAE, nach ndearna Ballstát gníomhaíocht éifeachtach chun a easnamh iomarcach a cheartú, mura rud é gur chinn sé gurb ann do mhórsheabhadh eacnamaíoch sa limistéir euro nó san Aontas ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(5) agus 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle ⁽⁴²⁾.

8. Féadfaidh an Coimisiún togra a chur chuig an gComhairle chun na gealltanais do chlár amháin nó níos mó de chuid Ballstáit a chur ar fionraí ina n-iomláine nó i bpáirt sna cásanna seo a leanas:

(a) má ghlacann an Chomhairle dhá mholadh i ndiaidh a chéile sa nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha céanna, i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar na forais go ndearna Ballstát plean gníomhaíochta ceartaithí nach bhfuil leordhóthanach a chur isteach;

(b) má ghlacann an Chomhairle dhá chinneadh i ndiaidh a chéile sa nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha céanna i gcomhréir le hAirteagal 10(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 lena suitear neamh-chomhlíonadh ag Ballstát ar na forais nár ghlac sé an gníomhaíocht cheartaitheach a moladh;

(c) má thagann an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil bearta déanta ag an mBallstát dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ⁽⁴³⁾ ón gComhairle agus go gcinneann sé, dá thoradh sin, gan aisíocaíocht an chúnaimh airgeadais a deonaíodh don Bhallstát sin a údarú;

(d) má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an clár coigeartaithe maicreacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁴⁾, ná na bearta a iarradh le cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 136(1) CFAE, á gcomhlíonadh ag Ballstát.

9. Tabharfar tosaíocht d'fhionraíocht na ngealltanais. Ní dhéanfar íocaíochtaí a chur ar fionraí ach amháin nuair a bheidh gníomhaíocht láithreach á lorg agus i gcás neamh-chomhlíonadh suntasach. Beidh feidhm ag fionraíocht na n-íocaíochtaí maidir le hiarratais ar íocaíocht a chuirfear isteach i ndáil leis na cláir lena mbaineann tar éis dháta an chinnidh fionraíochta.

10. Maidir le togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh chun gealltanais a chur ar fionraí, measfar é a bheith glactha ag an gComhairle mura gcinneadh an Chomhairle, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, togra den sórt sin a dhiúltú le tromlach cáilithe laistigh d'aon mhí amháin ón dáta a dhéanfar an togra ón gCoimisiún a thíolacadh.

Beidh feidhm ag fionraíocht na ngealltanais maidir leis na gealltanais ó na Cistí don Bhallstát lena mbaineann ón 1 Eanáir den bhliain i ndiaidh dháta an chinnidh a ghlacadh maidir le fionraí.

Déanfaidh an Chomhairle, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinneadh a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún dá dtagraítear i míreanna 7 agus 8 i ndáil le fionraíocht na n-íocaíochtaí.

11. Maidir le raon feidhme agus leibhéal na fionraíochta a fhorchuirfear ar na gealltanais nó ar na híocaíochtaí, beidh siad comhréireach, urramóidh siad an chóir chomhionann idir na Ballstáit agus cuirfidh siad san áireamh dálaí eacnamaíoch agus sóisialta an Bhallstáit lena mbaineann, go háirithe an leibhéal dífhostaíochta, an leibhéal bochtaineachta nó an leibhéal eisiaimh shóisialta sa Bhallstát lena mbaineann i gcomparáid le meán an Aontais agus tionchar na fionraíochta ar gheilleagar an Bhallstáit lena mbaineann. Is gné shonrach atá le cur san áireamh é tionchar na bhfionraíochtaí ar chlár a bhfuil rithábacht leo chun dul i ngleic le dálaí neamhfhabhracha eacnamaíoch nó sóisialta.

⁽⁴²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiritú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6).

⁽⁴³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid trína soláthraítear cúnaimh airgeadais meántéarmach i leith chomharduithe íocaíochtaí na mBallstát (IO L 53, 23.2.2002, lch. 1).

⁽⁴⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéir euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 140, 27.5.2013, lch. 1).

12. Beidh fionraíocht gealltanais faoi réir uasmhéid 25 % de na gealltanais a bhaineann leis an gcéad bhliain féilire eile do na Cistí nó 0,25 % de OTI ainmniúil, pé acu is ísle, in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- (a) sa chéad chás de neamh-chomhlíonadh le nós imeachta um easnamh iomarcach dá dtagraítear i mír 7;
- (b) sa chéad chás de neamh-chomhlíonadh a bhaineann le plean gníomhaíochta ceartaithí faoi nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 8;
- (c) i gcás neamh-chomhlíonadh an phlean gníomhaíochta ceartaithí arna mholadh de bhun nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 8;
- (d) sa chéad chás de neamh-chomhlíonadh dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) de mhír 8.

I gcás neamh-chomhlíonadh leanúnach, féadfaidh an fhionraíocht gealltanais a bheith níos mó ná na céatadain uasta a leagtar amach sa chéad fhomhír.

13. Cuirfidh an Chomhairle deireadh leis an bhfionraíocht gealltanais ar thogra ón gCoimisiún, sna cásanna seo a leanas:

- (a) má tá an nós imeachta um easnamh iomarcach ar stad i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 nó má tá cinneadh déanta ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 126(12) CFAE an cinneadh maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann a aisghairm;
- (b) má tá tacú tugtha ag an gComhairle don phlean gníomhaíochta ceartaithí a chuir an Ballstát lena mbaineann isteach i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 nó má tá an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha ar stad i gcomhréir le hAirteagal 10(5) den Rialachán sin nó deireadh curtha ag an gComhairle leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán sin;
- (c) má thagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil bearta iomchuí déanta ag an mBallstát lena mbaineann dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 332/2002;
- (d) má thagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil bearta iomchuí déanta ag an mBallstát lena mbaineann chun an clár coigeartaithe maicreacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 472/2013, nó na bearta a iarradh le cinneadh ón gComhairle a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 136(1) CFAE, a chur chun feidhme.

Tar éis don Chomhairle deireadh a chur leis an bhfionraíocht gealltanais, déanfaidh an Coimisiún na gealltanais a bhí ar fionraí a athbhuiséadú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) 2020/2093.

Maidir le hoibleagáidí a cuireadh ar fionraí, ní fhéadfar iad a athbhuiséadú níos faide amach ná 2027.

An teorainn ama do shaoradh an mhéid athbhuiséadaithe i gcomhréir le hAirteagal 105, cuirfear tús leis ón mbliain ina ndéantar an gealltanais a bhí ar fionraí a athbhuiséadú.

Cinneadh deireadh a chur le fionraíocht na n-íocaíochtaí, déanfaidh an Chomhairle é ar thogra ón gCoimisiún i gcás ina bhfuil na coinníollacha is infheidhme a leagtar amach sa chéad mhír comhlíonta. Maidir le togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh chun gealltanais a chur ar fionraí, measfar é a bheith glactha ag an gComhairle mura gcinnfidh an Chomhairle, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, togra den sórt sin a dhiúltú le tromlach cáilithe laistigh d'aon mhí amháin ón dáta a ndéanfar an togra ón gCoimisiún a thíolacadh.

14. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi chur chun feidhme an Airteagail seo. Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún, nuair a chomhlíontar ceann de na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 6, 7 nó 8 le haghaidh Ballstáit, Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas láithreach agus mionsonraí a sholáthar faoi na Cistí agus na cláir a d'fhéadfaí a chur ar fionraí.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt don Choimisiún chuig comhphlé struchtúrach maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, agus aird á tabhairt ar tharchur na faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Déanfaidh an Coimisiún an togra maidir le fionraíocht nó an togra chun deireadh a chur le fionraí den sórt sin a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle gan mhoill tar éis a ghlactha. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún míniú a thabhairt ar na cúiseanna a bhí aige dá thogra.

15. Faoi 31 Nollaig 2025, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo. Chuige sin, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil a ndéanfaidh sé í a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus, i gcás inar gá sin, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.

16. Nuair a tharlóidh athruithe móra sna dálaí sóisialta agus eacnamaíocha san Aontas, féadfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, nó féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le hAirteagal 225 nó 241 CFAE faoi seach, iarraidh ar an gCoimisiún togra den sórt sin a thíolacadh.

17. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le CSE+, CTIL, CSI, IBTV ná maidir le cláir Interreg.

Airteagal 20

Bearta sealadacha chun Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha

1. I gcás, tar éis 1 Iúil 2021, inar aithin an Chomhairle gur tharla imeacht neamhghnách lasmuigh de smacht an Bhallstáit lena mbaineann, imeacht a bhfuil tionchar mór aige ar sheasamh airgeadais an rialtais ghinearálta nó a n-eascraíonn mórshleabhcadh eacnamaíoch as i gcás an limistéir euro nó i gcás an Aontais ina iomláine dá dtagraítear sa deichiú fomhír d'Airteagal 5(1), an ceathrú fomhír d'Airteagal 6(3), an deichiú fomhír d'Airteagal 9(1) agus an ceathrú fomhír d'Airteagal 10(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97⁽⁴⁵⁾ nó i gcás ina dtarlaíonn imeachtaí eacnamaíocha díobhálacha gan choinne a bhfuil mór-iarmhairtí mífhabhracha acu ar airgeadas rialtais dá dtagraítear in Airteagal 3(5) agus 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme agus ar feadh uastréimhse dar fad 18 mí, ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a ghlacadh ar an gcoinníoll go bhfuil dianghá leo chun freagairt d'imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha den sórt sin:

- (a) arna iarraidh sin ó Bhallstát amháin lena mbaineann nó níos mó ná sin, íocaíochtaí eatramhacha a mhéadú 10 bpointe céatadán os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme, nach mó ná 100 %, de mhaolú ar Airteagal 112(3) agus (4) den Rialachán seo, agus ar Airteagal 40 de Rialachán CEMID, Airteagal 15 de Rialachán CTIL, Airteagal 12 de Rialachán CSI agus ar Airteagal 12 de Rialachán IBTV;
- (b) cur ar chumas údaráis an Bhallstáit oibríochtaí tacaíochta a roghnú atá críochnaithe go fisiceach nó atá curtha chun feidhme ina n-iomláine sula gcuirtear an t-iarratas ar chistiú faoin gclár faoi bhráid an údaráis bainistithe go cuí, de mhaolú ar Airteagal 63(6), ar choinníoll gur freagairt ar na himthosca eisceachtúla í an oibríocht;
- (c) foráil a dhéanamh maidir le caiteachas le haghaidh oibríochtaí mar fhreagairt ar imthosca den sórt sin ionas go mbeidh an caiteachas sin incháilithe ar an dáta a d'fhormhuinigh an Chomhairle gur tharla na himthosca sin, de mhaolú ar Airteagal 63(7);
- (d) síneadh a chur leis na spriocdhátaí maidir le doiciméid agus sonraí a chur faoi bhráid an Choimisiúin suas le 3 mhí, de mhaolú ar Airteagail 41(6), 42(1), 44(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 49(3).

2. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi chur chun feidhme an Airteagail seo. Nuair a chomhlíonfar ceann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach maidir lena mheasúnú ar an staid agus maidir leis an obair leantach a bheartaítear a dhéanamh ina leith.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé struchtúrtha a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo. Agus measúnú á dhéanamh ar an staid agus obair leantach beartaithe aige, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar na seasaimh a glacadh agus ar na tuairimí a cuireadh in iúl tríd an idirphlé struchtúrtha.

4. Más ann fós, tar éis na tréimhse nach faide ná 18 mí, dá dtagraítear i mír 1, do na himthosca sonracha ba chúis le glacadh na mbearta sealadach sin, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar an staid agus cuirfidh sé togra reachtach ar aghaidh, de réir mar is iomchuí, lena leasaítear an Rialachán seo, ina ndéanfar foráil maidir leis an tsolúbthacht is gá chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca sin.

⁽⁴⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1).

5. Déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoin gcinneadh cur chun feidhme a ghlacfar faoi mhír 1 gan mhoill, ar a dhéanaí laistigh de 2 lá oibre tar éis é a ghlacadh.

TEIDEAL III

CLÁRSCEIDEALÚ

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta maidir leis na Cistí

Airteagal 21

Cláir a ullmhú agus a thíolacadh

1. Ullmhóidh an Ballstát, i gcomhar leis na comhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 8(1), cláir chun na Cistí a chur chun feidhme don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.
2. Cuirfidh na Ballstáit cláir faoi bhráid an Choimisiúin 3 mhí ar a dhéanaí tar éis don Chomhaontú Comhpháirtíochta a bheith curtha faoina bhráid. I gcás CTIL, CSI agus IBTV, cuirfidh na Ballstáit cláir faoi bhráid an Choimisiúin 3 mhí ar a dhéanaí tar éis don Rialachán seo nó don Rialachán ciste-shonrach ábhartha teacht i bhfeidhm, cibé acu is déanaí.
3. Ullmhóidh na Ballstáit cláir i gcomhréir leis an teimpléad don chlár a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

I gcás CTIL, CSI agus IBTV, ullmhóidh na Ballstáit cláir i gcomhréir leis an teimpléad don chlár a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. I gcás ina n-ullmhófar tuarascáil ar an gcomhshaol i gcomhréir le Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁶⁾, foilseofar í ar shuíomh gréasáin an chláir dá dtagraítear in Airteagal 49(1) den Rialachán seo.

Airteagal 22

Inneachar na gclár

1. Leagfar amach i ngach clár straitéis maidir le rannchuidiú an chláir leis na cuspóirí beartais nó maidir le cuspóirí sonracha CUAC agus maidir le cumarsáid faoina torthaí.
2. Tosaíocht amháin nó níos mó a bheidh i gclár. Beidh gach tosaíocht ag freagairt do chuspóir beartais amháin nó do chuspóirí sonracha CUAC nó do chúnamh teicniúil má chuirtear chun feidhme í de bhun Airteagal 36(4) nó Airteagal 37. Féadfaidh tosaíocht tacaíocht ó Chiste amháin nó níos mó a úsáid mura bhfaigheann sé tacaíocht ó CUAC nó baineann sé le cúnaimh teicniúil atá curtha chun feidhme de bhun Airteagal 36(4) nó Airteagal 37. Beidh cuspóirí sonracha amháin nó níos mó i dtosaíocht atá ag freagairt do chuspóir beartais. D'fhéadfadh níos mó ná tosaíocht amháin freagairt don chuspóir beartais céanna nó do chuspóirí sonracha CUAC.

I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, úsáidfidh clár tacaíocht ó Chiste amháin agus is cuspóirí sonracha agus cuspóirí sonracha a bhaineann le cúnaimh teicniúil a bheidh ann.

3. Leagfar amach i ngach clár:

(a) achoimre ar na príomhdhúshláin, agus cuirfeadh na nithe seo a leanas san áireamh:

- (i) éagothromaíochtaí eacnamaíochta sóisialta agus críochacha, chomh maith le neamhionannais, seachas cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMID;
- (ii) teipeanna margaidh;
- (iii) riachtanais infheistíochta agus comhlántacht agus sineirgí le foirmeacha eile tacaíochta;
- (iv) dúshláin arna sainaithint sna moltaí tír-shonracha ábhartha, straitéisí ábhartha náisiúnta nó réigiúnacha an Bhallstáit sin, lena n-áirítear a phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide, i ndáil le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus, i gcás CTIL, CSI agus IBTV, moltaí ábhartha eile de chuid an Aontais a dhírítear ar an mBallstát;

⁽⁴⁶⁾ Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

- (v) dúshláin maidir leis an acmhainneacht riaracháin agus rialachas agus bearta simplithe;
- (vi) cur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha, i gcás inarb ábhartha;
- (vii) na ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí a fuarthas;
- (viii) straitéisí macraireigiúnacha agus straitéisí imchuach farraige i gcás ina bhfuil na Ballstáit agus na réigiúin rannpháirteach i straitéisí den sórt sin;
- (ix) i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an acquis ábhartha de chuid an Aontais agus na bpleananna gníomhaíochta ábhartha de chuid an Aontais maille le húdar do roghnú na gcuspóirí sonracha;
- (x) i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, dúshláin a bhaineann le haistriú sna pleananna críochacha um aistriú cóir;

Ní bheidh feidhm ag pointí (i), (ii) agus (viii) maidir le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI ná ó IBTV.

- (b) an t-údar atá leis na cuspóirí beartais atá roghnaithe, na tosaíochtaí comhfhreagracha, cuspóirí sonracha agus na foirmeacha tacaíochta;
- (c) i gcás gach tosaíochta, seachas cúnaimh teicniúil, cuspóirí sonracha;
- (d) i gcás gach cuspóra shonraigh:
 - (i) na cineálacha gníomhaíochtaí gaolmhara agus a mhéid a mheastar a chuirfidh siad leis na cuspóirí sonracha sin, le straitéisí macraireigiúnacha, le straitéisí imchuach farraige agus le pleananna críochacha um aistriú cóir, agus tacaíocht á fáil acu ó CUAC, i gcás inarb iomchuí;
 - (ii) táscairí aschuir agus táscairí toraidh maille leis na clocha míle agus leis na spriocanna a chomhfhreagraíonn dóibh;
 - (iii) na spriocghrúpaí príomha;
 - (iv) gníomhaíochtaí lena ndéantar coimirce ar chomhionannas, cuimsiú agus neamh-idirdhealú;
 - (v) sonrú na gcríoch sonracha a bhfuiltear ag díriú orthu, lena n-áirítear an úsáid atá beartaithe d'infheistíocht chríochach chomhtháite, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail nó uirlisí críochacha eile;
 - (vi) na gníomhaíochtaí idir-réigiúnacha, trasteorann agus trasnáisiúnta a bhfuil a dtairbhíthe lonnaithe i mBallstát amháin eile ar a laghad nó lasmuigh den Aontas, i gcás inarb ábhartha;
 - (vii) an úsáid atá beartaithe d'ionstraimí airgeadais;
 - (viii) na cineálacha idirghabhála agus miondealú táscach ar na hacmhainní atá clársceidealaithe de réir an chineáil idirghabhála;
 - (ix) i dtaca le cuspóirí sonracha CUAC, bonn cirt aon mhéideanna a aistrítear ó acmhainní CFRE agus CSE+ i gcomhréir le hAirteagal 27, mar aon lena miondealú de réir catagóire réigiúin, lena léirítear na cineálacha idirghabhála atá beartaithe i gcomhréir leis na pleananna críochacha um aistriú cóir;
- (e) le haghaidh gach tosaíocht maidir le cúnaimh teicniúil a chuirtear chun feidhme de bhun Airteagal 36(4):
 - (i) an cineál gníomhaíochtaí gaolmhara;
 - (ii) táscairí aschuir maille leis na clocha míle agus na spriocanna a chomhfhreagraíonn dóibh;
 - (iii) na spriocghrúpaí príomha;
 - (iv) na cineálacha idirghabhála agus miondealú táscach ar na hacmhainní atá clársceidealaithe de réir an chineáil idirghabhála;
- (f) an úsáid atá beartaithe don chúnaimh teicniúil de bhun Airteagal 37, más infheidhme, agus cineálacha idirghabhála ábhartha;
- (g) plean maoinithe a chuireadh an méid seo a leanas:
 - (i) tábla ina sonrú na leithdháiltí airgeadais iomlána do gach ceann de na Cistí agus, i gcás inarb infheidhme, do gach catagóir réigiúin don chlárthréimhse ina hiomláine agus de réir bliana, lena n-áirítear aon mhéideanna arna n-aistriú de bhun Airteagal 26 nó 27;
 - (ii) i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus CUAC, tábla ina sonrú na leithdháiltí airgeadais iomlána do gach tosaíocht de réir an Chiste agus de réir na catagóire réigiúin, i gcás inarb infheidhme, agus an ranníocaíocht náisiúnta agus an bhfuil an ranníocaíocht sin comhdhéanta de ranníocaíochtaí poiblí nó príobháideacha, nó den dá rud;

- (iii) i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMID, tábla ina sonrú do gach cuspóir sonracha, méid na leithdháilí airgeadais iomlána a bhaineann leis an tacaíocht ón gCiste agus an ranníocaíocht náisiúnta;
- (iv) i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, tábla ina sonrú, de réir cuspóir sonracha na leithdháilí airgeadais iomlána de réir an chineáil gníomhaíochta, an ranníocaíocht náisiúnta agus an ranníocaíocht phoiblí nó phríobháideach í, nó an dá rud;
- (h) na gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun rannpháirt in ullmhú an chláir a thabhairt do chomhpháirtithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 8(1), agus ról na gcomhpháirtithe sin maidir le cur chun feidhme an chláir, agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air;
- (i) i gcás gach coinníll cumasúcháin a bhaineann leis an gcuspóir sonracha, arna leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 15 agus Iarscríbhinní III agus IV, measúnú an bhfuil an coinníoll cumasúcháin comhlíonta ar an dáta a chuirtear an clár isteach;
- (j) an cur chuige atá beartaithe maidir le cumarsáid agus infheictheacht don chlár trí na cuspóirí, na pobail sprice, na bealaí cumarsáide, lena n-áirítear an fhor-rochtain meán sóisialta, i gcás inarb iomchuí, chomh maith le buiséad pleanáilte agus na táscairí ábhartha d'fhaireachán agus do mheastóireacht a shainiú;
- (k) údarais an chláir agus an comhlacht nó, i gcás cúnaimh teicniúil de bhun Airteagal 36(5), i gcás inarb infheidhme, comhlachtaí a fhaigheann íocaíochtaí ón gCoimisiún.

Ní bheidh feidhm ag pointí (a)(i), (ii) agus (viii) den mhír seo maidir leis na cláir atá teoranta do thacú leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+. Ní bheidh feidhm ag pointe (d) den mhír seo maidir leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+.

I gcás CFRE, an Ciste Comhtháthaithe, CSE+, CUAC agus CEMID, beidh liosta d'oibríochtaí atá beartaithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo ag gabháil leis an gclár, maille le clár ama, chun críoch faisnéise.

Más rud é, i gcomhréir le pointe (k), go sainaithneofar níos mó ná comhlacht amháin chun íocaíochtaí a fháil ón gCoimisiún, leagfaidh an Ballstát amach sciar na méideanna aisíochta idir na comhlachtaí sin.

4. De mhaolú ar phointe (b) go (e) de mhír 3, i gcás gach cuspóra shonraigh de chuid clár a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil:

- (a) tuairisc ar an staid tosaigh, na dúshláin agus na freagairtí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste;
- (b) sonrú na mbeart cur chun feidhme;
- (c) liosta táscach de ghníomhaíochtaí agus den rannchuidiú a bhfuiltear ag súil leis uathu le cuspóirí sonracha;
- (d) i gcás inarb infheidhme, an t-údar atá leis an tacaíocht oibríochta, gníomhaíochtaí sonracha, cúnaimh éigeandála, agus gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 19 agus 20 de Rialachán CTIL;
- (e) táscairí aschuir agus táscairí toraidh maille leis na clocha míle agus na spriocanna lena gcomhfhreagraítear dóibh;
- (f) miondealú táscach ar na hacmhainní atá clársceidealaithe de réir cineál idirghabhála.

5. Cineálacha idirghabhála bunaithe ar ainmníocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMID, ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, beidh na cineálacha idirghabhála bunaithe ar ainmníocht a leagtar sna Rialacháin Chiste-shonracha.

6. I gcás cláir de chuid CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe agus CUAC, cuimseofar an tábla dá dtagraítear i bpointe (g)(ii) de mhír 3 na méideanna do na blianta 2021 go 2027, lena n-áirítear an méid solúbthachta.

7. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (k) den chéad fhomhír de mhír (3) nach bhfuil leasú ar chlár de dhíth orthu.

8. Maidir le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin na pleananna críochacha um aistriú cóir mar chuid den chlár nó cláir nó mar iarratas ar leasú.

*Airteagal 23***Formheas na gclár**

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gclár agus ar an méid a chomhlíontar an Rialachán seo agus na Rialacháin Chiste-shonracha leis, chomh maith le CFRE, CSE+, leis an gCiste Comhtháthaithe, le CUAC agus le CEMID, agus ar a chomhsheasmhacht leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ábhartha. Ina mheasúnú, déanfaidh an Coimisiún, go háirithe, na moltaí tír-shonracha ábhartha a chur san áireamh, chomh maith le dúshláin ábhartha i gcur chun feidhme na bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus an bealach a dtéitear i ngleic leo.
2. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt laistigh de 3 mhí ón dáta a dhéanfaidh an Ballstát an clár a chur faoina bhráid.
3. Déanfaidh an Ballstát athbhreithniú ar an gclár, agus barúlacha an Choimisiúin á gcur san áireamh.
4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme lena bhformheasfar an clár tráth nach déanaí ná 5 mhí tar éis an dáta a rinne an Ballstát an clár sin a thíolacadh *ar dtús*.

*Airteagal 24***Cláir a leasú**

1. Féadfaidh an Ballstát iarraidh réasúnaithe a thíolacadh ar leasú ar chlár mar aon leis an gclár leasaithe, ina leagfar amach an tionchar a bhfuiltear ag siúl leis ón leasú sin ar ghnóthú na gcuspoirí.
2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an leasú agus ar a chomhlíonadh maidir leis an Rialachán seo agus na Rialacháin Chiste-shonracha, lena n-áirítear ceanglais ar an leibhéal náisiúnta, agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt laistigh de 2 mhí ón dáta a cuireadh isteach an clár leasaithe.
3. Déanfaidh an Ballstát athbhreithniú ar an gclár leasaithe, agus barúlacha an Choimisiúin á gcur san áireamh.
4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh lena bhformheasfar an leasú ar chlár tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis don Bhallstát é a thíolacadh.
5. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC, féadfaidh an Ballstát suas le 8 % den leithdháileadh tosaigh do thosaíocht, gan dul thar 4 % den bhuiséad don chlár, a aistriú le linn na clárthréimhse chuig tosaíocht eile de chuid an Chiste chéanna atá ag tacú leis an gclár céanna. I gcás na gclár a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ agus ó CUAC, ní bhainfidh an t-aistriú ach le leithdháiltí don chatagóir chéanna réigiúin.

I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMID, féadfaidh an Ballstát suas le 8 % den leithdháileadh tosaigh de chuspóir sonracha a aistriú le linn na clárthréimhse chuig cuspóir sonracha eile, lena n-áirítear cúnaimh teicniúil arna chur chun feidhme de bhun Airteagal 36(4).

I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, féadfaidh an Ballstát leithdháiltí a aistriú le linn na clárthréimhse idir cineálacha gníomhaíochtaí laistigh den tosaíocht chéanna agus, ina theannta sin, féadfaidh sé méid suas le 15 % den leithdháileadh tosaigh de thosaíocht a aistriú chuig tosaíocht eile de chuid an Chiste chéanna.

Le haistriú den sórt sin, ní dhéanfar difear do bhlianta roimhe sin. Measfar nach aistriú substaintiúla iad na haistriú agus na hathruithe gaolmhara agus ní bheidh gá le cinneadh ón gCoimisiún lena bhformheasfar leasú ar an gclár. Mar sin féin, comhlíonfaidh siad na ceanglais rialála uile agus formheasfaidh an coiste faireacháin iad roimh ré de bhun phointe (d) d'Airteagal 40(2). Cuirfidh an Ballstát an tábla leasaithe dá dtagraítear i bpointí (g)(ii), (iii) nó (iv) d'Airteagal 22(3), de réir mar is infheidhme, i dteannta le haon athruithe gaolmhar sa chlár.

6. Ní bheidh aon ghá le formheas ón gCoimisiún i gcomhair ceartúcháin de chineál eagarthóireachta nó cléireachais amháin, nach ndéantar difear leo do chur chun feidhme an chlár. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le ceartúcháin den sórt sin.
7. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMID, ní bheidh formheas ón gCoimisiún de dhíth le haghaidh leasuithe ar na cláir a bhaineann le táscairí a thabhairt isteach.

*Airteagal 25***Tacaíocht comhpháirteachó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agusó CUAC**

1. Féadfaidh CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe agus CUAC tacaíocht a sholáthar go comhpháirteach faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis.
2. Le CFRE agus CSE+, féadfar oibríocht nó cuid d'oibríocht a bhfuil na costais ina leith incháilithe do thacaíocht ó Chiste eile ar bhonn na rialacha incháilitheachta a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gCiste sin, a mhaoiniú, ar bhealach comhlántach agus faoi réir teorann 15 % den tacaíocht ó na Cistí sin le haghaidh gach tosaíochta de chlár, ar choinníoll go bhfuil costais den sórt sin riachtanach chun an oibríocht a chur chun feidhme. Ní bheidh feidhm ag an rogha sin maidir le haon acmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC i gcomhréir le hAirteagal 27.

*Airteagal 26***Aistriú acmhainní**

1. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarraidh ar leasú ar chlár má chomhaontaíonn coiste faireacháin an chláir sin de bhun phointe (d) d'Airteagal 40(2), go n-aistrefar suas le 5 % den leithdháileadh náisiúnta tosaigh gach Ciste chuig aon ionstraim eile faoi bhainistíocht dhíreach nó indéach, i gcás ina bhforáiltear don fhéidearthacht sin i mbunghníomh ionstraime den sórt sin.

Ní bheidh suim na n-aistrithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo agus na ranníocaíochtaí i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 14(1) níos mó ná 5 % den leithdháileadh náisiúnta tosaigh de gach Ciste.

Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh freisin sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó san iarraidh ar chlár a leasú go n-aistrefar suas le 5 % den leithdháileadh náisiúnta tosaigh gach Ciste chuig Ciste eile nó chuig Cistí eile, cé is moite d'aistrithe a leagtar amach sa cheathrú fhomhír.

Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh freisin sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó san iarraidh ar chlár a leasú go n-aistrefaí sa bhreis suas le 20 % den leithdháileadh náisiúnta tosaigh ón gCiste idir CFRE, CSE+ nó an Ciste Comhtháthaithe laistigh d'acmhainní domhanda an Bhallstáit faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis. Na Ballstáit ar lú ná 3 % a meánráta iomlán dífhostaíochta do thréimhse 2017-2019, féadfaidh siad aistriú breise den sórt sin suas le 25 % den chéad leithdháileadh náisiúnta a iarraidh.

2. Cuirfear na hacmhainní arna n-aistriú chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Chiste nó na hionstraime ar aistriódh na hacmhainní chuige nó chuici agus, i gcás aistrithe chuig ionstraimí atá faoi bhainistíocht dhíreach nó indéach, cuirfear chun feidhme chun tairbhe an Bhallstáit lena mbaineann iad.

3. Maidir le hiarrataí le haghaidh leasú ar chlár, leagfar amach iontu an méid iomlán a aistrefar do gach bliain de réir an Chiste agus, i gcás inarb infheidhme, de réir na catagóire réigiúin, beidh údar cuí leo maidir leis na comhlántachtaí agus an tionchar atá le gnóthú, agus beidh an clár nó na cláir leasaithe ag gabháil leo i gcomhréir le hAirteagal 24.

4. Ar dhul i gcomhairle dó leis an mBallstát lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne iarraidh ar aistriú sa leasú gaolmhar ar chlár i gcás ina mbainfeadh aistriú den sórt sin a an bonn ó ghnóthú chuspóirí an chláir arb uaidh atá na hacmhainní le haistriú.

Déanfaidh an Coimisiún agóid freisin i gcoinne na hiarrataí i gcás ina measfaidh sé nár thug an Ballstát údar cuí leis an aistriú i ndáil leis na torthaí a bheidh le baint amach nó an rannchuidiú atá le déanamh i dtaca le cuspóirí an Chiste fála nó na hionstraime fála i mbainistíocht dhíreach nó indéach.

5. I gcás iarraidh ar aistriú a bhaineann le leasú ar chlár, ní fhéadfar ach acmhainní na mblianta féilire atá le teacht a aistriú.

6. Maidir le hacmhainní CUAC, lena n-áirítear aon acmhainní a aistrefar ó CFRE agus CSE+ i gcomhréir le hAirteagal 27, ní bheidh siad inaistrithe chuig Cistí nó ionstraimí eile de bhun mhíreanna 1 go 5 den Airteagal seo.

Ní bhfaighidh CUAC aistrithe de bhun mhíreanna 1 go 5.

7. I gcás nach bhfuil gealltanais dlíthiúil déanta ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh acmhainní a aistrítear i gcomhréir le mír 1, féadfar na hacmhainní neamhcheangailteacha comhfhreagracha a aistriú ar ais chuig an gCiste ónar aistríodh iad i dtús báire agus iad a leithdháileadh chuig clár amháin nó níos mó.

Chuirge sin, tíolacfaidh an Ballstát iarraidh ar leasú ar chlár i gcomhréir le hAirteagal 24(1), 4 mhí ar a dhéanaí roimh an teorainn ama le haghaidh gealltanais a leagtar amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 114(2) den Rialachán Airgeadais.

8. Acmhainní arna n-aistriú ar ais chuig an gCiste ónar aistríodh iad agus inar leithdháileadh iad chuig clár amháin nó níos mó, déanfar iad a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus sna Rialacháin Chiste-shonracha ón dáta a thíolacfar an iarraidh ar leasú ar chlár.

9. Maidir leis na hacmhainní arna n-aistriú ar ais chuig an gCiste ónar aistríodh iad agus inar leithdháileadh iad ar chlár i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, tosóidh an teorainn ama do shaoradh mar a shainmhínítear í in Airteagal 105(1) sa bhliain ina ndéantar na gealltanais bhuiséadacha chomhfhreagracha.

Airteagal 27

Aistriú acmhainní CFRE agus CSE+ chuig CUAC

1. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar bhonn deonach go ndéanfar méid na n-acmhainní atá ar fáil do CUAC faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán CUAC a chomhlánú le hacmhainní ó CFRE, ó CSE+ nó ó mheascán díobh sin nó de chuid na catagóire réigiúin ina bhfuil an chríoch lena mbaineann lonnaithe. Ní rachaidh iomlán acmhainní CFRE agus CSE+ a aistrefar chuig CUAC thar thrí oiread leithdháileadh CUAC dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 110(1). Ní rachaidh na hacmhainní a aistrefar ó CFRE nó ó CSE+ thar 15 % den leithdháileadh ó CFRE agus ó CSE+ faoi seach chuig an mBallstát lena mbaineann. Leagfaidh na Ballstáit amach sna hiarrataí sin an méid iomlán a aistrefar do gach bliain de réir catagóire réigiúin.

2. Na haistrithe ó acmhainní CFRE agus CSE+ faoi seach chuig an tosaíocht nó na tosaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CUAC, léireofar leosan na cineálacha idirghabhála i gcomhréir leis an bhfaisnéis a leagtar amach sa chlár de bhun phointe (d)(ix) d'Airteagal 22(3). Measfar gur aistrithe cinntitheacha iad aistrithe den sórt sin.

3. Déanfar acmhainní CUAC, lena n-áirítear na hacmhainní a aistrítear ó CFRE, agus CSE+, a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán CUAC. Na rialacha a leagtar amach i Rialachán CFRE agus CC agus i Rialachán CSE+, ní bheidh feidhm acu maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear i gcomhréir le mír 1.

CAIBIDIL II

Forbairt chríochach

Airteagal 28

Forbairt chríochach chomhtháite

I gcás ina dtacaíonn Ballstát le forbairt chríochach chomhtháite, déanfaidh sé sin trí straitéisí forbartha críochacha nó áitiúla in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

- infheistíochtaí críochacha comhtháite;
- forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail; nó
- uirilís chríochach eile lena dtacaítear le tionscnaimh arna gceapadh ag an mBallstát.

I gcás ina mbeidh na straitéisí forbartha críochacha nó áitiúla á gcur chun feidhme aige faoi níos mó ná Ciste amháin, áiríteoidh an Ballstát comhleanúnachas agus comhordú i measc na gCistí lena mbaineann.

Airteagal 29

Straitéisí críochacha

1. Beidh na heilimintí seo a leanas sna straitéisí críochacha a chuirfear chun feidhme de bhun phointe (a) nó (c) d'Airteagal 28:

- an limistéar geografach a chumhdaítear leis an straitéis;
- anailís ar na riachtanais forbraíochta agus ar phoitéinseal an limistéir, lena n-áirítear idirnáisc eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil;

- (c) tuairisc ar chur chuige comhtháite chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbraíochta arna sainathint agus ar phoitéinseal an limistéir;
- (d) tuairisc ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe i gcomhréir le hAirteagal 8 le linn ullmhú agus chur chun feidhme na straitéise.

Féadfaidh liosta de na hoibríochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh a bheith iontu freisin.

2. Beidh na húdaráis nó na comhlachtaí críochacha ábhartha, freagrach as straitéisí críochacha. Le haghaidh straitéisí críochacha féadfar úsáid a bhaint as doiciméid straitéiseacha atá ann cheana agus a bhaineann leis na réimsí arna gcumhdach.

3. Mura bhfuil an liosta de na hoibríochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh ar áireamh sa straitéis chríochach, déanfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí críochacha ábhartha, na hoibríochtaí a roghnú nó beidh lámh acu i roghnú na n-oibríochtaí.

4. Agus straitéisí críochacha á n-ullmhú acu, comhoibreoidh na húdaráis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 2 leis na húdaráis bainistíochta ábhartha, chun raon na n-oibríochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh faoin gclár ábhartha a chinneadh.

Beidh na hoibríochtaí a roghnófar i gcomhréir leis an straitéis chríochach.

5. Má dhéanann údarás nó comhlacht críochach eile cúraimí a bhfuil an t-údarás bainistíochta freagrach astu seachas roghnú na n-oibríochtaí, sonrúidh an t-údarás bainistíochta an t-údarás sin mar chomhlacht idirmheánach.

6. Féadfar tacaíocht a sholáthar le haghaidh ullmhú agus ceapadh straitéisí críochacha.

Airteagal 30

Infheistíocht chríochach chomhtháite

I gcás straitéis chríochach dá dtagraítear in Airteagal 29 a mbíonn infheistíochtaí i gceist léi agus a fhaigheann tacaíocht ó Chiste amháin nó níos mó ó chlár amháin nó níos mó nó ó thosaíocht amháin nó níos mó den chlár céanna, féadfar gníomhaíochtaí a chur i gcrích mar infheistíocht chríochach chomhtháite.

Airteagal 31

Forbairt áitiúil faoi stiúir an chomhphobail

1. I gcás ina measann Ballstát gurb iomchuí é de bhun Airteagal 28, tacóidh CFRE, CSE+, CUAC agus CEMID le forbairt áitiúil faoi stiúir an chomhphobail.

2. Áiríteoidh an Ballstát maidir leis an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an chomhphobail:

- (a) go bhfuil sí dírithe ar limistéir fhoréigiúnacha;
- (b) go bhfuil sí faoi stiúir grúpaí gníomhaíochta áitiúla atá comhdhéanta d'ionadaithe ar leasanna soch-eacnamaíochta áitiúla, idir phoiblí agus phríobháideach, agus nach bhfuil smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar an gcinnteoireacht;
- (c) go ndéantar í trí straitéisí i gcomhréir le hAirteagal 32;
- (d) go dtacaíonn sí le líonrú, le hinrochtaineacht, le gnéithe nuálacha den chomhthéacs áitiúil agus, i gcás inarb iomchuí, le comhar le gníomhaithe críochacha eile.

3. Má bhíonn tacaíocht do straitéisí dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 le fáil ó Chiste amháin nó níos mó, eagróidh na húdaráis bhainistíochta ábhartha glao comhpháirteach chun na straitéisí sin a roghnú agus bunóidh siad coiste comhpháirteach do na Cistí ar fad lena mbaineann chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéisí sin. Féadfaidh na húdaráis bhainistíochta ábhartha ceann de na Cistí lena mbaineann a roghnú chun tacú leis na costais ullmhúcháin, bhainistíochta agus bheochana uile dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 34(1) i ndáil leis na straitéisí sin.

4. Má bhaineann tacaíocht ó cheann amháin nó níos mó de na Cistí le cur chun feidhme straitéise den sórt sin, féadfaidh an t-údarás bainistíochta ábhartha ceann de na Cistí lena mbaineann a roghnú mar Chiste Ceannasach.

5. Agus raon feidhme agus rialacha incháilitheachta gach ciste a bhfuil baint aige le tacú leis an straitéis á n-urramú, beidh feidhm ag rialacha an Chiste Cheannasaigh maidir leis an straitéis sin. Braithfidh údaráis na gcistí eile ar na cinntí agus ar na fóiruithe bainistíochta a dhéanfaidh údarás inniúil an Chiste Cheannasaigh.

6. Cuirfidh údarás an Chiste Ceannasaigh an fhaisnéis is gá ar fáil d'údarás na gCistí eile chun faireachán agus íocaíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sna Rialacháin Chiste-shonracha.

Airteagal 32

Straitéisí um fhorbairt áitiúil faoi stiúir an chomhphobail

1. Áiritheoidh na húdaráis bhainistíochta ábhartha go leagtar amach na heilimintí seo a leanas i ngach straitéis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 31(2):
 - (a) an limistéar geografach agus an daonra a chumhdófar faoin straitéis;
 - (b) próiseas rannpháirtíocht an chomhphobail i bhforbairt na straitéise;
 - (c) anailís ar riachtanais forbraíochta agus ar phoitéinseal an limistéir;
 - (d) cuspóirí na straitéise, lena n-áirítear spriocanna intomhaiste maidir le torthaí, agus gníomhaíochtaí gaolmhara atá beartaithe;
 - (e) na socruithe bainistíochta, faireacháin agus meastóireachta, ag léiriú chumas an ghrúpa gníomhaíochta áitiúil an straitéis a chur chun feidhme;
 - (f) plean airgeadais, lena n-áirítear an leithdháileadh atá beartaithe ó gach Ciste, agus freisin, i gcás inarb iomchuí, an leithdháileadh atá beartaithe ó CETFT agus gach clár lena mbaineann.

Féadfar an cineál beart agus an cineál oibríochtaí atá le maoiniú le gach Ciste dá ndéanfar difear a shonrú freisin.

2. Saineoidh na húdaráis bhainistíochta ábhartha critéir le haghaidh roghnú na straitéisí sin, cuirfidh siad coiste ar bun chun an roghnú sin a dhéanamh agus formheasfaidh siad na straitéisí a roghnóidh an coiste sin.
3. Críochnóidh na húdaráis bhainistíochta ábhartha an chéad bhabhta de roghnú na straitéisí agus áiritheoidh siad gur féidir leis na grúpaí gníomhaíochta áitiúla arna roghnú a gcúraimí a leagtar amach in Airteagal 33(3) a dhéanamh laistigh de 12 mhí ó dháta an chinnidh lena bhformheasfar an clár ábhartha nó, i gcás straitéisí a fhaigheann tacaíocht ó níos mó ná Ciste amháin, laistigh de 12 mhí ó dháta an chinnidh lena bhformheasfar an clár deireanach lena mbaineann.
4. Sa chinneadh lena bhformheasfar straitéis, leagfar amach leithdháiltí gach Ciste agus gach clár lena mbaineann agus leagfar amach na freagrachtaí as cúraimí bainistíochta agus rialaithe faoin gclár nó faoi na cláir.

Airteagal 33

Grúpaí gníomhaíochta áitiúla

1. Déanfaidh grúpaí gníomhaíochta áitiúla na straitéisí dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 31(2) a cheapadh agus a chur chun feidhme.
2. Áiritheoidh na húdaráis bhainistíochta go mbeidh na grúpaí gníomhaíochta áitiúla cuimsitheach agus go roghnóidh siad comhpháirtí amháin laistigh den ghrúpa mar chomhpháirtí cinn i ndáil le cúrsaí riaracháin agus airgeadais nó go dtiocfaidh siad le chéile i gcomhstruchtúr atá bunaithe go dlíthiúil.
3. Déanfaidh na grúpaí gníomhaíochta áitiúla, agus iadsan amháin, na cúraimí seo a leanas ar fad:
 - (a) acmhainneacht na ngníomhaithe áitiúla a fhorbairt chun oibríochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
 - (b) próiseas roghnúcháin agus critéir roghnúcháin atá neamh-idirdhealaitheach agus thrédhearcach a tharraingt suas, lena seachnófar coinbhleachtaí leasa agus lena n-áirítear nach mbeidh smacht ag aon ghrúpa sainleasa amháin ar chinnú roghnúcháin;
 - (c) glaonna ar thograí a ullmhú agus a fhoilsiú;
 - (d) oibríochtaí a roghnú agus méid na tacaíochta a shocrú agus na tograí a chur faoi bhráid an chomhlachta atá freagrach as fíorú críochnaitheach a dhéanamh ar incháilitheacht sula ndéanfar iad a fhorbairt;
 - (e) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtaca le gnóthú chuspóirí na straitéise;
 - (f) measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise.
4. I gcás ina ndéanfaidh grúpaí gníomhaíochta áitiúla cúraimí nach gcumhdaítear faoi mhír 3 agus a bhfuil an t-údarás bainistíochta nó an ghníomhaireacht íocaíochta freagrach astu i gcás ina roghnaítear CETFT mar Chiste Ceannais, sonrúidh an t-údarás bainistíochta na grúpaí gníomhaíochta áitiúla seo mar chomhlachtaí idirmheánacha i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha.

5. Féadfaidh an grúpa gníomhaíochta áitiúil a bheith ina thairbhí agus féadfaidh sé oibríochtaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis, ar choinníoll go n-áiritheoidh an grúpa gníomhaíochta áitiúil go n-urramófar prionsabal na deighilte feidhmeanna.

Airteagal 34

Tacaíocht ó Chistí d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail

1. Áiritheoidh an Ballstát go gcumhdófar an méid seo a leanas le tacaíochta ó na Cistí d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail:

- (a) fothú acmhainneachta agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin a thacóidh le ceapadh na straitéise agus lena gcur chun feidhme amach anseo;
- (b) cur chun feidhme oibríochtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhair agus a n-ullmhú, arna roghnú faoin straitéis;
- (c) bainistiú, faireachán agus meastóireacht ar an straitéis agus í a bheochan, lena n-áirítear malartuithe idir geallsealbhóirí a éascú;

2. An tacaíocht dá dtagraítear faoi phointe (a) de mhír 1, beidh sí incháilithe gan beann ar an straitéis a bheith roghnaithe lena cistiú ina dhiaidh sin.

An tacaíocht dá dtagraítear faoi phointe (c) de mhír 1, ní rachaidh sí thar 25 % den ranníocaíocht phoiblí iomlán leis an straitéis.

CAIBIDIL III

Cúnamh teicniúil

Airteagal 35

Cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin

1. Ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfaidh na Cistí tacú le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta, cumarsáide lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach faoi thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus infheictheachta agus le gach gníomhaíocht riaracháin agus cúnamh teicniúil is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus, i gcás inarb iomchuí, le gníomhaíochtaí le tríú tíortha.

2. Féadfar an méid seo a leanas go háirithe a bheith san áireamh sna gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1:

- (a) cúnamh le tionscadal a ullmhú agus a bhreithmheas;
- (b) tacaíocht do neartú institiúide agus forbairt acmhainní riaracháin le haghaidh bhainistíocht éifeachtach na gCistí;
- (c) staidéir atá nasctha le tuairiscí an Choimisiúin ar na Cistí agus leis an tuarascáil faoin gcomhtháthú;
- (d) bearta a bhaineann le hanailísiú, bainistiú, faireachán, malartú faisnéise agus cur chun feidhme na gCistí, mar aon le bearta a bhaineann le cur chun feidhme na gcóras rialaithe agus le cúnamh teicniúil agus riaracháin;
- (e) meastóireachtaí, tuarascálacha saineolaithe, staitisticí agus staidéir, lena n-áirítear iad siúd de chineál ginearálta, a bhaineann le feidhmiú reatha na gCistí agus lena bhfeidhmiú amach anseo;
- (f) gníomhaíochtaí chun faisnéis a scaipeadh, tacú le líonrú i gcás inarb iomchuí, gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéanamh go háirithe maidir leis na torthaí agus maidir le breisluach na tacaíochta ó na Cistí, feasacht a mhúscailt agus comhar agus malartú taithe a chur chun cinn, lena n-áirítear le tríú tíortha;
- (g) córais ríomhairithe don bhainistiú, faireachán, iniúchadh, rialú agus don mheastóireacht, a shuiteáil, a oibriú agus a idirnascadh;
- (h) gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta agus ar mhalartú faisnéise maidir le cleachtais mheastóireachta;
- (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le hiniúchóireacht;
- (j) acmhainneacht náisiúnta agus réigiúnach a neartú maidir le pleanáil infheistíochta, riachtanais chistiúcháin, ullmhú, dearadh agus cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais, pleananna gníomhaíochta comhpháirteacha agus mórtionscadail;
- (k) dea-chleachtais a scaipeadh chun cabhrú le Ballstáit cumas na gcomhpháirtithe ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus a mbrateagraíochtaí a neartú.

3. Tiomnóidh an Coimisiún ar a laghad 15 % de na hacmhainní le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún chun tuilleadh éifeachtúlachta a bhaint amach sa chumarsáid a dhéantar leis an bpobal agus chun sineirgí níos láidre a sheachadadh idir gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin, tríd an mbonn feasachta maidir le torthaí a leathnú, go háirithe trí shonraí a bhailiú agus a scaipeadh ar bhealach níos éifeachtaí, trí mheastóireachtaí agus trí thuairisciú, agus go háirithe trí bhéim a leagan ar rannchuidiú Cistí SIE maidir le feabhas a chur ar shaol na saoránach, agus infheictheacht na tacaíochta ó Chistí SIE a mhéadú chomh maith leis an bhfeasacht ar thorthaí agus ar bhreisluach na tacaíochta sin a mhúscailt. I gcás inarb iomchuí, leanfar tar éis dhúnadh na gclár de bhearta faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta maidir le torthaí agus breisluach na tacaíochta ó na Cistí, lena ndíreofar go speisialta ar oibríochtaí. Le bearta den sórt sin, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.
4. Féadfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 clárthréimhsí a bhí ann roimhe seo agus cinn a bheidh ann ina dhiaidh seo a chumhdach.
5. Leagfaidh an Coimisiún amach a phleananna tráth a bheidh ranníocaíocht ó na Cistí beartaithe, i gcomhréir le hAirteagal 110 den Rialachán Airgeadais.
6. Ag brath ar an gcuspóir, féadfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal seo a mhaoiniú mar chaiteachas oibríochtúil nó mar chaiteachas riaracháin.
7. I gcomhréir le pointe (a) den dara fómhír d'Airteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a shonraítear sa chinneadh maoiniúcháin agus ar feadh tréimhse theoranta, féadfar a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin a dtacaítear leo faoin Rialachán seo i mbainistíocht dhíreach agus na costais bhunúsacha incháilithe amhail ón 1 Eanáir 2021, fiú má cuireadh na gníomhaíochtaí seo chun feidhme agus má tabhaíodh iad sular tíolacadh an t-iarraitas ar dheontas.

Airteagal 36

Cúnamh teicniúil na mBallstát

1. Ar thionscnamh ó Bhallstát, féadfaidh na Cistí tacú le gníomhaíochtaí, a fhéadfaidh a bheith bainteach le clárthréimhsí a bhí ann roimhe seo agus a bheidh ann ina ndiaidh, a bhfuil gá leo le haghaidh riarachán agus úsáid éifeachtach na gCistí sin, lena n-áirítear fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 8(1), chomh maith le maoiniú a chur ar fáil chun feidhmeanna a chomhlíonadh, *inter alia*, feidhmeanna amhail ullmhú, oiliúint, bainistiú, faireachán, meastóireacht, infheictheacht agus cumarsáid.

Ní chuirfear na méideanna le haghaidh cúnamh teicniúil faoin Airteagal seo agus faoi Airteagal 37 san áireamh chun críoch comhchruinnithe théamaigh i gcomhréir leis na rialacha ciste-shonracha.

2. Féadfaidh gach ceann de na Cistí gníomhaíochtaí cúnamh teicniúil, atá incháilithe faoi cheann ar bith de na Cistí eile, a mhaoiniú.
3. Déanfar ranníocaíocht an Aontais le haghaidh cúnamh teicniúil i mBallstát de bhun phointe (b) nó (e) d'Airteagal 51.

Léireoidh an Ballstát a rogha maidir le foirm na ranníocaíochta ón Aontas le haghaidh cúnamh teicniúil sa Chomhaontú Comhpháirtíochta i gcomhréir le hIarscríbhinn II. Beidh feidhm ag an rogha sin maidir leis na cláir uile sa Bhallstát lena mbaineann don chlárthréimhse iomlán agus ní fhéadfar iad a mhodhnú ina dhiaidh sin.

I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, agus i gcás cláir Interreg déanfar ranníocaíocht an Aontais le haghaidh cúnamh teicniúil de bhun phointe (e) d'Airteagal 51 amháin.

4. I gcás ina ndéantar ranníocaíocht an Aontais le haghaidh cúnamh teicniúil i mBallstát a aisíoc de bhun phointe (b) d'Airteagal 51, beidh feidhm ag na heilimintí seo a leanas:

- (a) tá an cúnamh teicniúil i bhfoirm tosaíocht a bhaineann le haon Chiste amháin i gclár amháin nó níos mó, nó i gclár sonrach, nó teaghlaim díobh sin;

- (b) is mar seo a leanas a theorannaítear méid na gCistí a leithdháiltear ar chúnamh teicniúil:
- (i) do thacaíocht ó CFRE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis: 3,5 %;
 - (ii) do thacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe: 2,5 %;
 - (iii) do thacaíocht ó CSE+: 4 % agus do chláir faoi phointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+: 5 %;
 - (iv) do thacaíocht CUAC: 4 %;
 - (v) i gcás CFRE, CSE+ agus an Chiste Chomhtháthaithe, nuair nach mó ná EUR 1 bhiliún an méid iomlán a leithdháiltear ar Bhallstát faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis: 6 %;
 - (vi) do thacaíocht ó CEMID: 6 %;
 - (vii) i gcás clár a chuimsítear faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí amháin, cuirfear aon phointe céatadán amháin leis an gcéatadán sin.
5. I gcás ina ndéantar ranníocaíocht an Aontais le haghaidh cúnamh teicniúil a aisíoc de bhun phointe (e) d'Airteagal 51, beidh feidhm ag na heilimintí seo a leanas:
- (a) saináithnítear méid na gCistí arna leithdháileadh ar chúnamh teicniúil mar chuid de leithdháiltí airgeadais gach tosaíochta den chlár i gcomhréir le pointe (g)(ii) d'Airteagal 22(3), agus i gcás CEMID, beidh gach cuspóir sonracha i gcomhréir le pointe (g)(iii) den mhír sin; ní bheidh sé i bhfoirm tosaíochta ar leithligh nó clár shonraigh ach amháin i gcás clár a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI nó ó IBTV, a mbeidh sé i bhfoirm cuspóir sonracha ina leith;
 - (b) déantar an t-aisíoc, tríd na céatadán a leagtar amach i bpointí (i) go (vii) a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas incháilithe a chuirtear san áireamh i ngach iarratas ar íocaíocht de bhun phointí (a) nó (c) d'Airteagal 91(3), mar is iomchuí, agus ón gciste céanna lena n-aisíoctar an caiteachas incháilithe, le comhlacht amháin nó níos mó a fhaigheann íocaíochtaí ón gCoimisiún i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 22(3):
 - (i) do thacaíocht ó CFRE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis: 3,5 %;
 - (ii) do thacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe: 2,5 %;
 - (iii) do thacaíocht ó CSE+: 4 % agus do chláir faoi phointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+: 5 %;
 - (iv) do thacaíocht CUAC: 4 %;
 - (v) i gcás CFRE, CSE+ agus an Chiste Chomhtháthaithe, nuair nach mó ná EUR 1 bhiliún an méid iomlán a leithdháiltear ar Bhallstát faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis, an céatadán a aisíocfar le haghaidh cúnamh teicniúil: 6 %;
 - (vi) do thacaíocht ó CEMID, ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV: 6 %;
 - (vii) i gcás clár a chuimsítear faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí amháin, cuirfear aon phointe céatadán amháin leis an gcéatadán sin;
 - (c) beidh na méideanna a leithdháiltear ar chúnamh teicniúil arna saináithint sa chlár ag comhfhreagairt do na céatadán a leagtar amach i bpointí (i) go (vi) de phointe (b) do gach tosaíocht agus ciste.
6. Leagfar amach rialacha sonracha maidir le cúnamh teicniúil do chláir Interreg i Rialachán Interreg.

Airteagal 37

Maoiniú nach bhfuil nasctha le costais an chúnamh theicniúil do na Ballstáit

Sa bhreis ar Airteagal 36, féadfaidh an Ballstát beartú gníomhaíochtaí breise cúnamh theicniúil a dhéanamh chun acmhainneacht agus éifeachtúlacht na n-údarás poiblí agus na gcomhlachtaí poiblí, na dtairbhíthe agus na gcomhpháirtithe ábhartha a threisiú a bheidh riachtanach chun na Cistí a riar agus a úsáid go héifeachtach.

Déanfar an tacaíocht do ghníomhaíochtaí den sórt sin a chur chun feidhme trí mhaoiniú nach mbeidh nasctha le costais i gcomhréir le hAirteagal 95. D'fhéadfadh tacaíocht den sórt sin a bheith i bhfoirm clár sonracha freisin.

TEIDEAL IV

FAIREACHÁN, MEASTÓIREACHT, CUMARSÁID AGUS INFHEICTHEACHT

CAIBIDIL I

Faireachán

Airteagal 38

Coiste faireacháin

1. Cuirfidh gach Ballstát coiste ar bun chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir (“coiste faireacháin”), tar éis dul i gcomhairle leis an údarás bainistíochta, laistigh de 3 mhí tar éis dháta an fhógra don Bhallstát lena mbaineann faoin gcinneadh chun an clár a fhorghnóthú.

Féadfaidh an Ballstát coiste faireacháin aonair a bhunú chun níos mó ná clár amháin a chumhdach.

2. Glacfaidh gach coiste faireacháin a rialacha nós imeachta, lena n-áirítear forálacha maidir le haon choimbhleacht leasa a chosc agus maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na trédhearcachta.

3. Tiocfaidh an coiste faireacháin le chéile uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad agus déanfaidh sé athbhreithniú ar na saincheisteanna uile lena ndéantar dífeall do dhul chun cinn an chláir i dtaca lena chuspóirí a ghnóthú.

4. Foilseofar rialacha nós imeachta an choiste faireacháin agus na sonraí agus an fhaisnéis a chomhroinntear leis an gcoiste faireacháin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 49(1), gan dochar d’Airteagal 69(5)

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 4 den Airteagal seo maidir le clár atá teoranta don chuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d’Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+ agus an cúnaimh teicniúil gaolmhar.

Airteagal 39

Comhdhéanamh an choiste faireacháin

1. Cinnfidh gach Ballstát comhdhéanamh an choiste faireacháin agus áiríteoidh sé go mbeidh ionadaíocht chothrom ann ar údarais ábhartha agus ar chomhlachtaí idirmheánacha an Bhallstáit agus ar ionadaithe na gcomhpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 8(1) trí phróiseas trédhearcach.

Beidh vóta ag gach comhalta den choiste faireacháin. Leis na rialacha nós imeachta, rialófar feidhmiú an chirt vótála agus na mionsonraí maidir leis an nós imeachta sa choiste faireacháin i gcomhréir le creat institiúideach, dlíthiúil agus airgeadais an Bhallstáit lena mbaineann.

Leis na rialacha nós imeachta, féadfar a cheadú do dhaoine nach comhaltaí iad, lena n-áirítear BEI, páirt a ghlacadh in obair an choiste faireacháin.

Beidh ionadaí thar ceann an Bhallstáit nó an údarais bainistíochta ina chathaoirleach ar an gcoiste faireacháin.

Foilseofar liosta de chomhaltaí an choiste faireacháin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 49(1).

2. Beidh ionadaithe ón gCoimisiún rannpháirteach i gcáil faireacháin agus mar chomhairleoirí in obair an choiste faireacháin.

3. I gcás CTIL, CSI agus IBTV, féadfaidh na gníomhaireachtaí dlíraithe ábhartha bheith rannpháirteach in obair an choiste faireacháin.

Airteagal 40

Feidhmeanna an choiste faireacháin

1. Déanfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas a scrúdú:

(a) an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme an chláir agus i dtaca le gnóthú na gcloch míle agus na spriocanna;

- (b) aon saincheisteanna a dhéanann difear d'fheidhmíocht an chláir agus na bearta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;
- (c) rannchuidiú an chláir le dul i ngleic leis na dúshláin arna sainathint sna moltaí tír-shonracha ábhartha, a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an chláir;
- (d) eilimintí an mheasúnaithe *ex ante* a liostaítear in Airteagal 58(3) agus an doiciméid straitéise dá dtagraítear in Airteagal 59(1);
- (e) an dul chun cinn i dtaca le meastóireachtaí a dhéanamh, sintéis meastóireachtaí agus aon bhearta leantacha mar gheall ar na torthaí;
- (f) cur chun feidhme gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta;
- (g) an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme oibríochtaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo, i gcás inarb ábhartha;
- (h) comhlíonadh coinníollacha cumasúcháin agus cur i bhfeidhm na gcoinníollacha sin i rith na clárthréimhse;
- (i) an dul chun cinn i dtaca le fothú acmhainneachta riaracháin i gcás institiúidí poiblí, comhpháirtithe agus tairbhíthe, i gcás inarb ábhartha.
- (j) faisnéis faoi chur chun feidhme ranníocaíocht an chláir le Clár InvestEU i gcomhréir le hAirteagal 14 nó faoi chur chun feidhme na n-acmhainní a aistríodh i gcomhréir le hAirteagal 26, i gcás inarb infheidhme.

A mhéid a bhaineann le cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMID, rachfar i gcomhairle leis an gcoiste faireacháin agus déanfaidh an coiste, má mheasann sé gurb iomchuí é sin a dhéanamh, tuairim a thabhairt uaidh maidir le haon leasú ar an gclár atá beartaithe ag an údarás bainistíochta.

2. Formheasfaidh an coiste faireacháin an méid seo a leanas:

- (a) an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáidtear chun oibríochtaí a roghnú, lena n-áirítear aon athruithe orthu, gan dochar do phointe (b), (c) agus (d) d'Airteagal 33(3); arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfeadh an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáidtear chun oibríochtaí a roghnú, lena n-áirítear aon athruithe orthu, faoi bhráid an Choimisiúin 15 lá oibre ar a laghad sula gcuirfeadh faoi bhráid an choiste faireacháin iad.
- (b) na tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI, ó IBTV, agus na tuarascálacha deiridh ar fheidhmíocht i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+ ón gCiste Comhtháthaithe, ó CUAC agus ó CEMID.
- (c) an plean meastóireachta agus aon leasú air;
- (d) aon togra ón údarás bainistíochta le haghaidh leasú ar chlár lena n-áirítear aistrithe i gcomhréir le hAirteagal 24(5) agus Airteagal 26, cé is moite de na cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMID.

3. Féadfaidh an coiste faireacháin moltaí a chur faoi bhráid an údaráis bainistíochta, lena n-áirítear moltaí maidir le bearta chun an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe a laghdú.

Airteagal 41

Athbhreithniú bliantúil ar fheidhmíocht

1. Eagrófar cruinnithe athbhreithnithe uair amháin in aghaidh na bliana idir an Coimisiún agus gach Ballstát chun feidhmíocht gach cláir a scrúdú. Beidh na húdaráis bhainistíochta ábhartha rannpháirteach sna cruinnithe athbhreithnithe.

Féadfar níos mó ná clár amháin a chumhdach le linn an chruinnithe athbhreithnithe.

Beidh an Coimisiún ina chathaoirleach ar an gcruinniú athbhreithnithe nó, má iarrann an Ballstát amhlaidh, beidh an Ballstát agus an Coimisiún ina gcomhchathaoirigh.

2. De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1, i gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, eagrófar an gcruinniú athbhreithnithe dhá uair ar a laghad le linn na clárthréimhse.

3. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CUAC agus ó CEMID, déanfaidh an Ballstát, tráth nach déanaí ná aon mhí amháin roimh an gcruinniú athbhreithnithe faisnéis achomair faoi na heilimintí a liostaítear in Airteagal 40(1) a sholáthar don Choimisiún. Beidh an fhaisnéis sin bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil don Bhallstát.

I gcás na gclár atá teoranta don chuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+, beidh an fhaisnéis a bheidh le soláthar bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil agus teoranta do phointí (a), (b), (e), (f) agus (h) d'Airteagal 40(1) den Rialachán seo.

4. Féadfaidh an Ballstát agus an Coimisiún a chinneadh gan cruinniú athbhreithnithe a eagrú. I gcás den sórt sin, féadfar an t-athbhreithniú a dhéanamh i scríbhinn.
5. Déanfar torthaí an chruinnithe athbhreithnithe a thairgeadh i miontuairiscí comhaontaithe.
6. Déanfaidh an Ballstát bearta leantacha maidir le pé saincheisteanna a tharraingeofar anuas le linn an chruinnithe athbhreithnithe, ar saincheisteanna iad a mbíonn tionchar atá ar chur chun feidhme an chláir, agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas laistigh de 3 mhí de na bearta sin a bheith déanta.
7. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, cuirfidh an Ballstát tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht isteach i gcomhréir leis na Rialacháin Chiste-shonracha.

Airteagal 42

Tarchur sonraí

1. Déanfaidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta sonraí carnacha maidir le gach clár a tharchur go leictreonach chuig an gCoimisiún gach bliain faoin 31 Eanáir, 30 Aibreán, 31 Iúil, 30 Meán Fómhair agus 30 Samhain, cé is moite de na sonraí a cheanglaítear le pointe (b) de mhír 2 agus le mír 3, a tharchuirfear go leictreonach faoin 31 Eanáir agus 31 Iúil gach bliain, i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

Beidh an chéad tarchur le déanamh faoin 31 Eanáir 2022 agus an ceann deireanach faoin 31 Eanáir 2030.

Maidir le tosaíochtaí a thacaíonn leis an gcuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+, tarchuirfear na sonraí gach bliain faoin 31 Eanáir.

Le Rialachán CSE +, féadfar rialacha sonracha a chinneadh maidir le minicíocht bhailiú agus tarchur na dtáscairí toraidh níos fadtéarmaí.

2. Déanfar na sonraí a mhiondealú i gcás gach tosaíochta de réir cuspóir sonracha agus de réir catagóir réigiúin, agus, i gcás inarb infheidhme, déanfar tagairt iontu don mhéid seo a leanas:

- (a) an líon oibríochtaí a roghnaíodh, a gcostas incháilithe iomlán, an ranníocaíocht ó na Cistí agus an caiteachas incháilithe iomlán arna dhearbhu ag na tairbhíthe chuig an údarás bainistíochta, agus é sin ar fad miondealaithe de réir an chineáil idirghabhála;
- (b) luachanna na dtáscairí aschuir agus toraidh i gcás na n-oibríochtaí a roghnaíodh agus na luachanna arna ngnóthú ag na hoibríochtaí.

3. I gcás ionstraimí airgeadais, soláthrófar sonraí faoin méid seo a leanas freisin:

- (a) an caiteachas incháilithe de réir cineál táirge airgeadais;
- (b) méid na gcostas bainistíochta agus na dtáillí arna ndearbhú mar chaiteachas incháilithe;
- (c) de réir cineál táirge airgeadais, an méid acmhainní príobháideacha agus poiblí arna n-úsáid le cois na gCistí;
- (d) ús agus gnóthachain eile arna nginiúint trí thacaíocht ó na Cistí d'ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 60 agus acmhainní inchurtha i leith tacaíocht ó na Cistí arna gcur ar ais dá dtagraítear in Airteagal 62;
- (e) luach iomlán na n-iasachtaí, na n-infheistíochtaí cothromais nó na n-infheistíochtaí cuasachothromais a rinneadh i bhfaighteoirí deiridh, a ráthaíodh ag acmhainní de chuid an chláir, agus a íocadh go hiarbhír leis na faighteoirí deiridh.

4. Na sonraí a thíolacfar i gcomhréir leis an Airteagal seo, beidh siad iontaofa agus ina léiriú ar na sonraí atá á stóráil mar a thagraítear dó i bpointe (e) d'Airteagal 72(1) ag deireadh na míosa roimh mhí an tíolactha.

5. Foilseoidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta na sonraí uile arna dtarchur chuig an gCoimisiún, nó cuirfidh sé nasc chuig na sonraí sin ar fáil, ar an tairseach gréasáin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 46 nó ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 49(1).

*Airteagal 43***Tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht**

1. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CUAC agus ó CEMID, cuirfidh gach údarás bainistíochta tuarascáil deiridh feidhmíochta ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Feabhra 2031.
2. Déanfar measúnú sa tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht ar ghnóthú chuspóirí an chláir bunaithe ar na heilimintí a liostaítear in Airteagal 40(1) diomaite den fhaisnéis a sholáthraítear faoi phointe (d) den mhír sin.
3. Scrúdóidh an Coimisiún an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht agus cuirfidh sé an t-údarás bainistíochta ar an eolas faoi aon bharúlacha atá aige laistigh de 5 mhí ón dáta a fuarthas an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht. I gcás ina dtabharfar barúlacha den sórt sin, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an fhaisnéis go léir is gá maidir leis na barúlacha sin a sholáthar agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé, laistigh de 3 mhí, an Coimisiún a chur ar an eolas i dtaobh na mbeart a rinneadh. Tráth nach déanaí ná 2 mhí ó gheobhaidh sé gach faisnéis riachtanach, cuirfidh an Coimisiún in iúl don údarás bainistíochta gur glacadh an tuarascáil. I gcás nach gcuireann an Coimisiún sin in iúl don údarás bainistíochta laistigh de na spriocdhátaí sin, measfar gur glacadh an tuarascáil.
4. Foilseoidh an t-údarás bainistíochta tuarascálacha deiridh ar fheidhmíocht ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 49(1).
5. Déanfaidh an Coimisiún, chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Airteagail seo, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar an teimpléad do na tuarascálacha feidhmíochta deiridh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 115(2).

*CAIBIDIL II***Meastóireacht***Airteagal 44***Meastóireachtaí ó na Ballstáit**

1. Déanfaidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta meastóireachtaí ar na cláir i dtaca le ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas: éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach Aontais, d'fhonn cáilíocht cheapadh agus chur chun feidhme na gclár a fheabhsú. Féadfaidh meastóireachtaí critéir ábhartha eile a chumhdach freisin, amhail cuimsitheacht, neamh-ídirdealú agus infheictheacht, agus féadfaidh siad níos mó ná clár amháin a chumhdach.
2. Ina theannta sin, déanfar meastóireacht ar gach clár faoin 30 Meitheamh 2029 lena thionchar a mheas.
3. Cuirfear na meastóireachtaí sin faoi chúram saineolaithe inmheánacha nó seachtracha atá neamhspleách ó thaobh feidhme de.
4. Áiritheoidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta go gcuirtear na nósanna imeachta is gá ar bun chun na sonraí is gá le haghaidh meastóireachtaí a tháirgeadh agus a bhailiú.
5. Tarraingeoidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta plean meastóireachta suas lena bhféadfar níos mó ná clár amháin a chumhdach. I gcás CTI, CSI agus IBTV, beidh meastóireacht mheántearma a chríochnófar faoin 31 Márta 2024 ar áireamh sa phlean sin.
6. Cuirfidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta an plean meastóireachta faoi bhráid an choiste faireacháin tráth nach déanaí ná bliain amháin ó dháta an chinnidh lena bhformheasfar an clár.
7. Foilseofar na meastóireachtaí uile ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 49(1).

*Airteagal 45***Meastóireacht ón gCoimisiún**

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht mheántearma lena scrúdófar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluach Aontais maidir le gach Ciste faoi dheireadh 2024. Féadfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint as gach faisnéis ábhartha atá ar fáil cheana féin i gcomhréir le hAirteagal 128 den Rialachán Airgeadais.

2. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht shiarghabhálach lena scrúdófar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhsheasmhacht agus breisluch Aontais maidir le gach Ciste, faoin 31 Nollaig 2031. I gcás CFRE, CSE+, an Chiste Chomhtháthaithe agus CEMID, díreofar sa mheastóireacht sin go háirithe ar thionchar sóisialta, eacnamaíoch agus críochach na gcistí sin maidir leis na cuspóirí beartais dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

3. Foilseoidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta siarghabhálaí ar a shuíomh gréasáin agus cuirfidh sé na torthaí sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

CAIBIDIL III

Infheictheacht, trédhearcacht agus cumarsáid

Roinn I

Infheictheacht na tacaíochta ó na Cistí

Airteagal 46

Infheictheacht

Áiritheoidh gach Ballstát an méid seo a leanas:

- (a) infheictheacht na tacaíochta do na gníomhaíochtaí uile a bhaineann le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí agus aird ar leith á tabhairt ar oibríochtaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo;
- (b) cumarsáid le saoránaigh an Aontais faoi ról na gCistí agus faoinar baineadh amach a bhúil leis na gcistí sin, trí thairseach aonair suímh ghréasáin lena dtabharfar rochtain ar na cláir uile a bhfuil baint ag an mBallstát sin leo.

Airteagal 47

Suaitheantas an Aontais

Déanfaidh na Ballstáit, na húdaráis bhainistíochta agus na tairbhíthe suaitheantas an Aontais a úsáid i gcomhréir le hlarscríbhinn IX agus gníomhaíochtaí infheictheachta, trédhearcachta agus cumarsáide á ndéanamh acu.

Airteagal 48

Oifigh chumarsáide agus líonraí

1. Sonróidh gach Ballstát comhordaitheoir cumarsáide le haghaidh gníomhaíochtaí infheictheachta, trédhearcachta agus cumarsáide i ndáil leis an tacaíocht ó na Cistí, lena n-áirítear cláir faoi sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg) i gcás inarb é an Ballstát sin óstach an údaráis bainistíochta. Féadfar an comhordaitheoir cumarsáide a cheapadh ar leibhéal an chomhlachta a shainítear faoi Airteagal 71(6) agus comhordóidh siad bearta cumarsáide agus infheictheachta ar fud na gclár.

Déanfaidh an comhordaitheoir cumarsáide páirt a thabhairt do na comhlachtaí seo a leanas sna gníomhaíochtaí infheictheachta, trédhearcachta agus cumarsáide:

- (a) Ionadaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh agus Oifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa sna Ballstáit, chomh maith le hIonaid Faisnéis Europe Direct agus líonraí ábhartha eile, eagraíochtaí oideachais agus taighde;
- (b) comhpháirtithe ábhartha eile dá dtagraítear in Airteagal 8(1).

2. Sonróidh gach údarás bainistíochta oifigeach cumarsáide le haghaidh gach cláir. Féadfaidh oifigeach cumarsáide a bheith freagrach as níos mó ná clár amháin.

3. Coinneoidh an Coimisiún líonra ina mbeidh comhordaitheoirí cumarsáide, oifigh chumarsáide agus ionadaithe ón gCoimisiún chun faisnéis faoi ghníomhaíochtaí infheictheachta, trédhearcachta agus cumarsáide a mhalartú.

Roinn II

Trédhearcacht chur chun feidhme na gCistí agus cumarsáid faoi na cláir*Airteagal 49***Freagrachtaí an údarais bainistíochta**

1. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta gurb ann do shuíomh gréasáin, laistigh de 6 mhí ón gcinneadh lena bhformheastar an clár, ina gcuirfear ar fáil faisnéis faoi na cláir atá faoina chúram, ina gcumhdófar cuspóirí agus gníomhaíochtaí an chláir, na deiseanna cistiúcháin atá le fáil faoin gclár agus a bhfuil bainte amach.
2. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta go dtabharfar an foilseachán, ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1, nó ar thairseach aonair suímh ghréasáin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 46, amchlár do na glaonna ar thograí atá beartaithe, cothrom le dáta trí huair in aghaidh na bliana, ar a laghad, agus na sonraí táscacha seo a leanas ag dul leis:
 - (a) an limistéar geografach a chumhdaítear leis an nglao ar thograí;
 - (b) an cuspóir beartais nó an cuspóir sonracha lena mbaineann;
 - (c) cineál na n-iarratasóirí incháilithe;
 - (d) méid iomlán na tacaíochta don ghla; agus
 - (e) dáta tosaithe agus dáta deiridh an ghla.
3. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta liosta na n-oibríochtaí arna roghnú le haghaidh tacaíocht ó na Cistí a chur ar fáil go poiblí ar an suíomh gréasáin i dteanga oifigiúil amháin de chuid institiúidí an Aontais, ar a laghad, agus tabharfaidh sé an liosta sin cothrom le dáta gach 4 mhí ar a laghad. Beidh cód uathúil ag gach oibríocht. Beidh na sonraí seo a leanas ar áireamh sa liosta:
 - (a) i gcás eintitis dhlíthiúla, ainm an tairbhí agus i gcás soláthair phoiblí, ainm an chonraitheora;
 - (b) más duine nádúrtha é an tairbhí, an céadainm agus an sloinne;
 - (c) i gcás oibríochtaí faoi CEMID a bhaineann le soitheach iascaireachta, an uimhir aitheantais i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún ⁽⁴⁷⁾;
 - (d) ainm na hoibríochta;
 - (e) cuspóir na hoibríochta agus an méid a bhaintear amach nó a mheastar a bhainfear amach léi;
 - (f) dáta tosaithe na hoibríochta;
 - (g) an dáta deiridh a mheastar a chríochnófar an oibríocht, nó an dáta iarbhrí;
 - (h) costas iomlán na hoibríochta;
 - (i) an ciste lena mbaineann;
 - (j) an cuspóir sonracha lena mbaineann;
 - (k) an ráta cómhaoinithe ón Aontas;
 - (l) táscaire suímh nó geoshuíomh don oibríocht agus don tír lena mbaineann;
 - (m) i gcás oibríochtaí soghluaiste nó oibríochtaí lena gcumhdaítear roinnt suíomhanna, an suíomh ina bhfuil an tairbhí ina eintiteas dlíthiúil; nó an réigiún ar leibhéal NUTS 2 i gcás inar duine nádúrtha an tairbhí;
 - (n) an cineál idirghabhála don oibríocht i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 73(2);

I gcás sonraí dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír, bainfear na sonraí 2 bhliain ón dáta a bhfoilsithe tosaigh ar an suíomh gréasáin.

4. Foilseofar na sonraí dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1, nó ar thairseach aonair suímh ghréasáin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 46 den Rialachán seo, i bhformáidí oscailte meaisín-inléite, mar a leagtar amach in Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁸⁾, lenar féidir sonraí a shórtáil, a chuardach, a asbhaint, a chur i gcomparáid agus a athúsáid.

⁽⁴⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).

⁽⁴⁸⁾ Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56).

5. Sula bpoibleofar na sonraí, i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfidh an t-údarás bainistíochta na tairbhíthe ar an eolas go bpoibleofar na sonraí.

6. Áiríteoidh an t-údarás bainistíochta go ndéanfar ábhar cumarsáide agus infheictheachta, lena n-áirítear ábhar ar leibhéal na dtairbhíthe, a chur ar fáil d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, arna iarraidh sin, agus go ndeonófar don Aontas, i gcomhréir le hIarscríbhinn IX, ceadúnas saor ó ríchíos, neamheisiach agus do-chúlghairthe chun an t-ábhar sin a úsáid maille le haon chearta a bhaineann leis cheana féin. Ní bheidh costais bhreise shuntasacha ná ualach suntasach riaracháin i gceist leis sin do na tairbhíthe ná don údarás bainistíochta.

Airteagal 50

Freagrachtaí na dtairbhíthe

1. Déanfaidh na tairbhíthe agus na comhlachtaí atá ag cur ionstraimí airgeadais chun feidhme aitheantas a thabhairt don tacaíocht, lena n-áirítear na hacmhainní arna n-athúsáid i gcomhréir le hAirteagal 62, ó na Cistí don oibríocht, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) tuairisc ghairid ar an oibríocht, i gcomhréir leis an leibhéal tacaíochta, a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin oifigiúil an tairbhí, i gcás inarb ann dá leithéid, agus ar shuíomhanna meán sóisialta, lena n-áirítear a cuid aidhmeanna agus torthaí, agus an tacaíocht airgeadais a fuarthas ón Aontas á haibhsiú;
- (b) ráiteas a thabhairt ag aibhsiú na tacaíochta ón Aontas ar bhealach infheicthe ar dhoiciméid agus ar ábhar cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme na hoibríochta, atá ceaptha le haghaidh an phobail nó le haghaidh na rannpháirtithe;
- (c) plaiceanna marthanacha nó cláir fógraí a thaispeáint atá infheicthe go soiléir don phobal, ina léirítear suaitheantas an Aontais i gcomhréir leis na saintréithe teicniúla a leagtar síos in Iarscríbhinn IX, a luaithe a thosaítear cur chun feidhme fisiciúil na n-oibríochtaí lena mbaineann infheistíocht fhisiciúil nó a dhéantar trealamh ceannaithe a shuiteáil, maidir leis an méid seo a leanas:
 - (i) oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe ar mó a gcostas iomlán ná EUR 500 000;
 - (ii) oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE+, ó CUAC, ó CEMID, ó CTIL, ó CSI nó ó IBTV ar mó a gcostas iomlán ná EUR 100 000;
- (d) i gcás oibríochtaí nach dtagann faoi phointe (c), póstaer amháin ar a laghad a thaispeáint i suíomh atá le feiceáil go soiléir ag an bpobal agus é ar mhéid A3 ar a laghad, nó taispeáint dhigiteach coibhéseach agus faisnéis uirthi faoin oibríocht agus an tacaíocht ó na Cistí á haibhsiú; i gcás inar duine nádúrtha é an tairbhí, áiríteoidh an tairbhí, a mhéid is féidir, go mbeidh faisnéis iomchuí ar fáil, agus an tacaíocht ó na cistí á haibhsiú léi, i suíomh atá le feiceáil ag an bpobal nó trí thaispeáint leictreonach;
- (e) i gcás oibríochtaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo agus oibríochtaí ar mó a gcostas iomlán ná EUR 10 000 000, gníomhaíocht chumarsáide a eagrú go prapúil a mbeidh baint ag an gCoimisiún agus ag an údarás bainistíochta freagrach léi.

I gcás inar duine nádúrtha é tairbhí CSE+, nó i gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gcuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+, ní bheidh feidhm ag an gceanglas a leagtar amach i bpointe (d) den chéad fhomhír.

De mhaolú ar phointí (c) agus (d) den chéad fhomhír, i gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, féadfar ceanglais shonracha a bhunú sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht i ndáil le taispeáint phoiblí faisnéise maidir leis an tacaíocht ó na Cistí i gcás ina mbeidh bonn cirt leis sin ar chúiseanna slándála agus oird phoiblí i gcomhréir le hAirteagal 69(5).

2. I gcás cistí do thionscadail bheaga, comhlíonfaidh an tairbhí na hoibleagáidí faoi Airteagal 36(5) de Rialachán Interreg.

I gcás ionstraimí airgeadais, áiríteoidh an tairbhí trí bhíthin na dtéarmaí conarthacha go gcomhlíonfaidh na faighteoirí deiridh na ceanglais a leagtar amach i bpointe (c) de mhír 1.

3. I gcás nach gcomhlíonann an tairbhí a oibleagáidí faoi Airteagal 47 nó faoi mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus i gcás nach gcuirtear gníomhaíochtaí ceartaitheach ar bun, cuirfidh an t-údarás bainistíochta bearta i bhfeidhm, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh, trí suas le 3 % den tacaíocht ó na Cistí don oibríocht lena mbaineann a chur ar ceal.

TEIDEAL V

TACAÍOCHT AIRGEADAIS Ó NA CISTÍ

CAIBIDIL I

Foirmeacha na ranníocaíochta ón Aontas

Airteagal 51

Foirmeacha na ranníocaíochta ón Aontas le cláir

Féadfar ranníocaíocht an Aontais a dhéanamh in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:

- (a) maoiniú nach bhfuil baint aige le costais na n-oibríochtaí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 95 agus ar bhonn ceachtar acu seo a leanas:
 - (i) comhlíonadh na gcoinníollacha;
 - (ii) gnóthú torthaí;
- (b) aisíoc na tacaíochta a chuirtear ar fáil do thairbhíthe i gcomhréir le Caibidlí II agus III den Teideal seo;
- (c) costais aonaid i gcomhréir le hAirteagal 94, lena gcumhdaítear catagóirí uile na gcostas incháilithe nó catagóirí áirithe sonracha de na costais sin, arna sainaithint go soiléir roimh ré, le tagairt do mhéid áirithe in aghaidh an aonaid;
- (d) cnapshuimeanna, i gcomhréir le hAirteagal 94, lena gcumhdaítear catagóirí uile na gcostas incháilithe nó catagóirí áirithe sonracha de na costais sin, arna sainaithint go soiléir roimh ré, le tagairt do mhéid áirithe in aghaidh an aonaid;
- (e) maoiniú de réir ráta comhréidh, i gcomhréir le hAirteagal 94 nó Airteagal 36(5), lena gcumhdaítear catagóirí sonracha de na costais incháilithe, arna sainaithint go soiléir roimh ré, trí chéatadán a chur i bhfeidhm;
- (f) meascán de na foirmeacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (e).

CAIBIDIL II

Foirmeacha na tacaíochta ó na Ballstáit

Airteagal 52

Foirmeacha tacaíochta

Úsáidfidh na Ballstáit an ranníocaíocht ó na Cistí chun tacaíocht a thabhairt do thairbhíthe i bhfoirm deontas, ionstraimí airgeadais, duaiseanna nó meascán díobh sin.

Roinn I

Foirmeacha na ndeontas

Airteagal 53

Foirmeacha na ndeontas

1. Féadfaidh na deontais a thabharfaidh na Ballstáit do na tairbhíthe a bheith in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas:
 - (a) aisíoc na gcostas incháilithe a thabhaigh an tairbhí nó an comhpháirtí príobháideach i ndáiríre in oibríochtaí CPP a íocadh agus oibríochtaí á gcur chun feidhme, ranníocaíochtaí comhchineáil agus dímhéasa;
 - (b) costais aonaid;
 - (c) cnapshuimeanna;
 - (d) maoiniú ar ráta comhréidh;
 - (e) meascán de na foirmeacha dá dtagraítear i bpointe (a) go (d), ar choinníoll go gcumhdaítear le gach foirm catagóirí éagsúla costas nó i gcás ina n-úsáidtear iad le haghaidh tionscadal éagsúil atá ina gcuid d'oibríocht nó le haghaidh céimeanna leantacha d'oibríocht;
 - (f) maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, ar choinníoll go gcumhdaítear deontais den chineál sin trí ranníocaíocht ón Aontas a aisíoc de bhun Airteagal 95.

2. Más rud é nach mó costas iomlán na hoibríochta ná EUR 200 000, beidh an ranníocaíocht a thabharfar ó CFRE, ó CSE+, ó CUAC, ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, i bhfoirm costais aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe, cé is moite de thionscadail ar státhabhair í an tacaíocht a thugtar dóibh. Má úsáidtear maoiniú ar ráta comhréidh, ní fhéadfar ach na catagóirí costais a bhfuil feidhm ag an ráta comhréidh maidir leo a aisíoc i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh an t-údarás bainistíochta a chomhaontú roinnt oibríochtaí i réimse an taighde agus na nuálaíochta a dhíolmhú ón gceanglas a leagtar amach san fhomhír sin, ar choinníoll go mbeidh formheas tugtha roimh ré ag an gcoiste faireacháin maidir le díolúine den sórt sin. Ina theannta sin, na liúntais agus na tuarastail a íoctar le rannpháirtithe, féadfar iad a aisíoc i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1.

3. Is ar cheann de na bealaí seo a leanas a shocrófar na méideanna i gcomhair na fhoirmeacha na ndeontas dá dtagraítear i bpointí (b), (c) agus (d) de mhír 1:

- (a) modh ríomha cóir cothromasach infhíoraithe atá bunaithe orthu seo a leanas:
 - (i) sonraí staidrimh, faisnéis oibiachtúil eile nó breithiúnas saineolach;
 - (ii) sonraí stairiúla fíoraithe faoi thairbhíthe aonair;
 - (iii) gnáthchleachtais chuntasaíochta costais na dtairbhíthe aonair a chur i bhfeidhm;
- (b) dréachtbhuiséad a shocráitear ar bhonn gach cáis ar leith agus a dhéanann an comhlacht atá ag roghnú na hoibríochta a chomhaontú *ex ante*, i gcás nach dtéann costas iomlán na hoibríochta thar EUR 200 000;
- (c) i gcomhréir leis na rialacha maidir le costais aonaid chomhfhreagracha a chur i bhfeidhm, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe is infheidhme maidir le beartais an Aontais le haghaidh oibríocht den chineál céanna;
- (d) i gcomhréir leis na rialacha maidir le costais aonaid chomhfhreagracha a chur i bhfeidhm, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe arna gcur i bhfeidhm faoi scéimeanna le haghaidh deontais arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh oibríocht den chineál céanna;
- (e) rátaí comhréidhe agus modhanna sonracha arna mbunú leis an Rialachán seo nó leis na Rialacháin Chiste-shonracha nó ar bhonn na rialachán sin.

Airteagal 54

Maoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh costais indíreacha a bhaineann le deontais

Má úsáidtear ráta comhréidh chun costais indíreacha oibríochta a chumhdach, is féidir é a bhunú ar cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) suas le 7 % de na costais dhíreacha incháilithe, sa chás sin ní bheidh ceangal ar an mBallstát ríomh a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh;
- (b) suas le 15 % de na costais foirne dhíreacha incháilithe, sa chás sin ní bheidh ceangal ar an mBallstát ríomh a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh;
- (c) suas le 25 % de na costais dhíreacha incháilithe, ar choinníoll go ríomhfar an ráta i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 53(3).

Ina theannta sin, i gcás ina mbíonn ráta comhréidh arna ríomh ag an mBallstát i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 67(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, féadfar an ráta sin a úsáid le haghaidh oibríocht den chineál céanna chun críocha phointe (c) den Airteagal seo.

Airteagal 55

Costais foirne dhíreacha a bhaineann le deontais

1. Féadfar costais foirne dhíreacha de chuid oibríochta a ríomh mar ráta comhréidh suas le 20 % de na costais dhíreacha seachas costais foirne dhíreacha na hoibríochta sin, gan ceanglas a bheith ar an mBallstát ríomh a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh, ar choinníoll nach n-áirítear ar chostais dhíreacha na hoibríochta conarthaí oibreacha poiblí ná conarthaí soláthair nó seirbhíse a bhfuil luach ag baint leo a sháraíonn na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁹⁾ nó in Airteagal 15 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁰⁾.

⁽⁴⁹⁾ Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

⁽⁵⁰⁾ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

I gcás ina gcuirtear i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ráta comhréidh maidir le CTIL, CSI agus IBTV, ní chuirfean an ráta comhréidh sin i bhfeidhm ach amháin maidir le costais dhíreacha na hoibríochta nach bhfuil faoi réir soláthair phoiblí.

2. Chun críocha na costais foirne dhíreacha a chinneadh, féadfar ráta in aghaidh na huaire a ríomh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- (a) trí na hollchostais bhliantúla fostaíochta dhoiciméadaithe is déanaí a roinnt ar 1 720 uair an chloig i gcás daoine atá ag obair go lánaimseartha, nó ar líon *pro rata* de 1 720 uair an chloig ina gcás siúd atá ag obair go páirtaimseartha;
- (b) trí na hollchostais mhíosúla fostaíochta dhoiciméadaithe is déanaí a roinnt ar mheán-am oibre míosúil an duine lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta is infheidhme dá dtagraítear sa chonradh fostaíochta nó oibre nó i gcinneadh faoi cheapachán (tagraítear don dá cheann mar an doiciméad fostaíochta).

3. Nuair a chuirfean an ráta in aghaidh na huaire a ríomhtar i gcomhréir le mír 2 i bhfeidhm, ní rachaidh líon iomlán na n-uaireanta a dhearbhaítear in aghaidh an duine in aon bhliain amháin nó in aon mhí amháin thar líon na n-uaireanta a úsáidtear chun an ráta sin in aghaidh na huaire a ríomh.

4. I gcás nach bhfuil ollchostais bhliantúla fostaíochta ar fáil, féadfar iad a dhíorthú ó na hollchostais bhliantúla fostaíochta dhoiciméadaithe atá ar fáil nó ón doiciméad fostaíochta arna choigeartú mar is cuí do thréimhse 12 mhí.

5. Maidir leis na costais foirne a bhaineann le daoine aonair a oibríonn go páirtaimseartha ar an oibríocht, féadfar na costais foirne a ríomh mar chéatadán seasta de na hollchostais fostaíochta, i gcomhréir le céatadán seasta d'am caite ag obair ar an oibríocht in aghaidh na míosa, gan aon oibleagáid córas ar leith a chur ar bun chun an t-am caite ag obair a chlárú. Eiseoidh an fostóir doiciméad i leith fostaíochta ina leagfar amach an céatadán seasta sin.

Airteagal 56

Maoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh costais incháilithe seachas costais foirne dhíreacha a bhaineann le deontais

1. Féadfar ráta comhréidh suas le 40 % de na costais foirne dhíreacha incháilithe a úsáid chun na costais incháilithe eile a bhaineann le hoibríocht a chumhdach. Ní chuirfean ceangal ar an mBallstát ríomh a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh.

2. I gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ó CUAC, ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, measfar gur costais bhreise incháilithe nach n-áirítear sa ráta comhréidh iad na tuarastail agus na liúntais a foctar le rannpháirtithe.

3. Ní chuirfean i bhfeidhm an ráta comhréidh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo maidir le costais foirne a ríomhadh ar bhonn ráta comhréidh dá dtagraítear in Airteagal 55(1).

Airteagal 57

Deontais faoi choinníollacha

1. Is féidir le Ballstáit deontais faoi choinníollacha do thairbhíthe, a chur ar fáil ar deontais iad a bheidh in-aisíochta go hiomlán nó i bpáirt mar a shonraítear sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Déanfaidh an tairbhí aisíocaíochtaí faoi na coinníollacha arna gcomhaontú ag an údarás bainistíochta agus an tairbhí.

3. Déanfaidh na Ballstáit na hacmhainní arna n-aisíoc ag an tairbhí a athúsáid chun na críche céanna nó i gcomhréir le cuspóirí an chláir lena mbaineann faoin 31 Nollaig 2030 i bhfoirm deontais faoi choinníollacha nó ionstraim airgeadais nó i bhfoirm eile tacaíochta. Beidh na méideanna a aisíocadh agus faisnéis faoin mbealach a ndearnadh iad a athúsáid sa tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht.

4. Glacfaidh na Ballstáit pé beartais is gá lena áirithiú go gcoimeádfar na hacmhainní i gcuntais ar leith nó faoi na cóid chuntasaíochta is iomchuí.

5. Acmhainní de chuid an Aontais arna n-aisíoc ag tairbhíthe ag aon tráth, ach nach ndearnadh a athúsáid faoin 31 Nollaig 2030, déanfar iad a aisíoc le buiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 88.

Roinn II

Ionstraimí airgeadais*Airteagal 58***Ionstraimí airgeadais**

1. Féadfaidh na húdaráis bhainistíochta ranníocaíocht chlár, ó chlár amháin nó níos mó, a thabhairt d'ionstraimí airgeadais atá ann cheana nó d'ionstraimí airgeadais nuachruthaithe arna gcur ar bun ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, trasnáisiúnta nó trasteorann agus arna gcur chun feidhme go díreach ag an údarás bainistíochta nó faoina chúram, agus a rannchuidíonn le gnóthú cuspóirí sonracha.

2. Ní thabharfaidh ionstraimí airgeadais tacaíocht d'fhaighteoirí deiridh ach amháin le haghaidh infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe araon, chomh maith le caipiteal oibre, a mheastar a bheith inmharthana ó thaobh airgeadais de agus nach bhfaigheann a ndóthain cistiúcháin ó fhoinsí margaidh. Beidh tacaíocht den sórt sin i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais maidir le Státchabhair.

Is d'eilimintí na n-infheistíochtaí nach bhfuil críochnaithe go fisiceach nó nach bhfuil curtha chun feidhme go hiomlán ar dháta an chinnidh infheistíochta agus do na heilimintí sin amháin a chuirfear tacaíocht den sórt sin ar fáil.

3. Beidh an tacaíocht iomchuí ó na Cistí trí ionstraimí airgeadais bunaithe ar mheasúnú *ex ante* a ullmhófar faoi fhreagracht an údaráis bainistíochta. Críochnófar an measúnú *ex ante* sula gcinnfidh na húdaráis bhainistíochta ranníocaíochtaí clár a dhéanamh le hionstraimí airgeadais.

Beidh na heilimintí seo a leanas, ar a laghad, sa mheasúnú *ex ante*:

- (a) an méid atá beartaithe mar ranníocaíocht ó chlár le hionstraim airgeadais agus an éifeacht ghiarála a mheastar a bheidh aici, mar aon le míniú achomair;
- (b) na táirgí airgeadais atá sé beartaithe a thairiscint, lena n-áirítear aon ghá le cóir dhifreáilte do na hinfheisteoirí;
- (c) spriocghrúpa na bhfaighteoirí deiridh atá beartaithe;
- (d) an rannchuidiú a mheastar a dhéanfaidh an ionstraim airgeadais le gnóthú cuspóirí sonracha.

Féadfar an measúnú *ex ante* a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta, féadfaidh sé cuid de chríoch nó críoch iomlán an Bhallstáit a chumhdach agus a bheith bunaithe ar mheasúnuithe *ex ante* atá ann cheana nó a tugadh cothrom le dáta.

4. Féadfar an tacaíocht d'fhaighteoirí deiridh a chomhcheangal le tacaíocht ó aon Chiste nó ó ionstraim eile ón Aontas, agus féadfar an ítim chaiteachais chéanna a chumhdach léi. I gcás den sórt sin, ní dhéanfar an tacaíocht ón gCiste faoin ionstraim airgeadais, ar cuid d'oibríocht ionstraime airgeadais í, a dhearbhu don Choimisiún le haghaidh tacaíocht i bhfoirm eile, ó Chiste eile ná ó ionstraim eile de chuid an Aontais.

5. Féadfar ionstraimí airgeadais a chomhcheangal le tacaíocht ó chlár i bhfoirm deontas in oibríocht ionstraime airgeadais aonair, laistigh de chomhaontú cistiúcháin aonair, i gcás ina soláthróidh an comhlacht atá ag cur na hionstraime airgeadais chun feidhme an dá fhoirm tacaíochta ar leith. I gcás den sórt sin, na rialacha is infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais, beidh feidhm acu maidir leis an oibríocht ionstraime airgeadais aonair sin. Beidh baint dhíreach ag an tacaíocht ó chlár i bhfoirm deontas leis an ionstraim airgeadais agus beidh sí riachtanach di agus ní bheidh an tacaíocht sin níos airde ná luach na n-infheistíochtaí arna dtacú leis an táirge airgeadais.

6. I gcás tacaíocht chomhcheangailte faoi mhíreanna 4 agus 5, coinneofar taifid ar leith le haghaidh gach foinse tacaíochta.

7. Ní bheidh suim na bhfoirmeacha tacaíochta comhcheangailte uile níos mó ná méid iomlán na hítim caiteachais lena mbaineann. Ní úsáidfear deontais chun tacaíocht a fuarthas ó ionstraimí airgeadais a aisíoc. Ní úsáidfear ionstraimí airgeadais chun deontais a réamh-mhaoiniú.

*Airteagal 59***Ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme**

1. Ní fhéadfaidh ionstraimí airgeadais a chuireann an t-údarás bainistíochta chun feidhme go díreach ach iasachtaí nó ráthaíochtaí a thabhairt. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta téarmaí agus coinníollacha na ranníocaíochta clár leis an ionstraim airgeadais a leagan amach i ndoiciméad straitéise, doiciméad ina mbeidh na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn X san áireamh.

2. Ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme faoi chúram an údaráis bainistíochta, d'fhéadfadh sé gur ceachtar díobh seo a leanas iad:

- (a) infheistíocht acmhainní cláir i gcaipiteal eintitis dhlíthiúil;
- (b) bloic leithleacha de chuntais airgeadais nó muiníneacha laistigh d'institiúid.

Roghnóidh an t-údarás bainistíochta an comhlacht a chuirfidh ionstraim airgeadais chun feidhme.

3. Féadfar an údarás bainistíochta conradh a bhronnadh go díreach orthu siúd a leanas chun ionstraim airgeadais a chur chun feidhme:

- (a) BEI;
- (b) institiúidí idirnáisiúnta airgeadais ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir;
- (c) banc nó institiúid ar úinéireacht phoiblí a bhunaítear mar eintiteas dlíthiúil, a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais ar bhonn gairmiúil agus a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (i) níl aon rannpháirteachas caipitiúil príobháideach díreach ann, cé is moite d'fhoirmeacha neamhrialaithe agus neamhbhlocála de rannpháirteachas caipitiúil príobháideach a cheanglaítear le forálacha reachtacha náisiúnta, i gcomhréir leis na Conarthaí, nach n-imríonn tionchar cinntitheach ar an mbanc nó ar an institiúid ábhartha, agus cé is moite d'fhoirmeacha de rannpháirteachas caipitiúil príobháideach nach n-imríonn tionchar ar chinntí maidir le bainistíú na hionstraime airgeadais ó lá go lá a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí;
 - (ii) feidhmíonn siad faoi shainordú beartais phoiblí atá tugtha ag údarás ábhartha de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche a dhéanamh, mar chuid dá ngníomhaíochtaí nó mar iomlán a ngníomhaíochtaí, nó a chuireann le cuspóirí na gCistí;
 - (iii) déanann an banc nó an institiúid, mar chuid dá ngníomhaíochtaí nó mar iomlán a ngníomhaíochtaí, gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche a chuireann le cuspóirí na gCistí, a chur i gcrích i réigiúin, i réimsí beartais nó in earnálacha nach mbíonn teacht go hiondúil ar chistiú ó fhoinsí margaidh nó nach mbíonn an maoiniú sin leordhóthanach;
 - (iv) oibríonn siad gan díriú go príomha ar bhrabúis a uasmhéadú ach áirithíonn siad inbhuanaitheacht fhadéarmach airgeadais dá ngníomhaíochtaí;
 - (v) áirithíonn siad nach dtugtar leis an dámhachtain dhíreach chonartha dá dtagraítear i bpointe (b) aon tairbhe dhíreach nó indíreach do ngníomhaíochtaí tráchtála trí bhearta iomchuí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;
 - (vi) tá siad faoi réir maoirseacht ag údarás neamhspleách i gcomhréir leis an dlí is infheidhme,
- (d) comhlachtaí eile, a thagann faoi raon feidhme Airteagal 12 de Threoir 2014/24/AE freisin.

4. Nuair a dhéanfaidh an comhlacht a roghnaigh an t-údarás bainistíochta ciste sealbhaíochta a chur chun feidhme, féadfaidh an comhlacht sin tuilleadh comhlachtaí a roghnú chun ciste sonracha a chur chun feidhme.

5. Na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le ranníocaíochtaí cláir le hionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme i gcomhréir le mír 2, leagfar iad amach i gcomhaontuithe cistiúcháin idir:

- (a) na hionadaithe cuí-shainordaithe de chuid an údaráis bainistíochta agus an chomhlachta atá ag cur ciste sealbhaíochta chun feidhme, i gcás inarb infheidhme;
- (b) na hionadaithe cuí-shainordaithe de chuid an údaráis bainistíochta, nó i gcás inarb infheidhme, an chomhlachta atá ag cur ciste sealbhaíochta chun feidhme, agus an chomhlachta atá ag cur ciste sonracha chun feidhme.

Áireofar sna comhaontuithe cistiúcháin sin na heilimintí uile a leagtar amach in Iarscríbhinn X.

6. Ní bheidh dliteanas airgeadais an údaráis bainistíochta níos mó ná an méid a gheall an t-údarás bainistíochta don ionstraim airgeadais faoi na comhaontuithe ábhartha cistiúcháin.

7. Na comhlachtaí a chuirfidh na hionstraimí airgeadais lena mbaineann chun feidhme, nó i ndáil le ráthaíochtaí, an comhlacht a sholáthróidh na hiasachtaí forluiteacha, tacóidh siad leis na faighteoirí deiridh, ag cur san áireamh go cuí cuspóirí an chláir agus an poitéinseal d'innharthanacht airgeadais na hinfeistíochta mar a bheidh léirithe sa phlean gnó nó i ndoiciméad coibhéiseach. Déanfar na faighteoirí deiridh a roghnú ar bhealach trédhearcach agus ní thiocfaidh coinbhleacht leasa as.

8. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta cómhaoiniú náisiúnta do chlár a sholáthar, nó is féidir sin a dhéanamh ar leibhéal na gcistí sealbhaíochta, nó ar leibhéal na gcistí sonracha, nó ar leibhéal na n-infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh, i gcomhréir leis na rialacha Ciste-shonracha. I gcás ina soláthraítear an cómhaoiniú náisiúnta ar leibhéal na n-infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh, coinneoidh an comhlacht atá ag cur na n-ionstraimí airgeadais chun feidhme fianaise dhoiciméadach a léireoidh incháilitheacht an chaiteachais fhorluitigh.

9. An t-údarás bainistíochta a bhfuil an ionstraim airgeadais á cur chun feidhme go díreach aige de bhun mhír 1 den Airteagal seo, nó an comhlacht a bhfuil an ionstraim airgeadais á cur chun feidhme aige de bhun mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh siad cuntais ar leith a choinneáil nó cód cuntasáíochta a choinneáil do gach tosaíocht nó, i gcás CEMID, don chuspóir sonrach agus, i gcás inarb infheidhme, do gach catagóir réigiúin do gach ranníocaíocht ó chlár agus, ar leithligh d'acmhainní dá dtagraítear in Airteagail 60 agus 62, faoi seach.

Airteagal 60

Ús arna ghiniúint agus gnóthachain eile arna nginiúint le tacaíocht ó na Cistí d'ionstraimí airgeadais

1. Déanfar an tacaíocht ó na Cistí a íocfar le hionstraimí airgeadais a chur i gcuntais in institiúidí airgeadais a bhfuil a sainchónaí sna Ballstáit agus bainisteofar an tacaíocht sin i gcomhréir le bainistíocht ghníomhach cistí agus le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais.

2. Ús agus gnóthachain eile atá inchurtha i leith tacaíocht ó na Cistí a íocfar le hionstraimí airgeadais, úsáidfead iad don chuspóir céanna nó do na cuspóirí céanna leis an tacaíocht tosaigh ó na Cistí, lena n-áirítear le haghaidh íocaíocht na dtáillí bainistíochta agus aisíocaíocht na gcostas bainistíochta arna dtabhuú ag comhlachtaí atá ag cur na hionstraime airgeadais chun feidhme i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 68(1), bíodh sin laistigh den ionstraim airgeadais chéanna; nó, tar éis fhoirceannadh na hionstraime airgeadais, in ionstraimí airgeadais eile nó i bhfoirmeacha eile tacaíochta le haghaidh infheistíochtaí breise i bhfaighteoirí deiridh, go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta.

3. Ús agus gnóthachain eile dá dtagraítear i mír 2 nach n-úsáidfead i gcomhréir leis an bhforáil sin, déanfar iad a bhaint as na cuntais a cuireadh isteach don bhliain chuntasaíochta deiridh.

Airteagal 61

Cóir dhifreáilte infheisteoirí

1. An tacaíocht ó na Cistí d'ionstraimí airgeadais a infheisteofar i bhfaighteoirí deiridh agus aon chineál ioncaim arna ghiniúint leis na hinfeistíochtaí sin, lena n-áirítear acmhainní arna n-aisíoc, atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí, féadfar iad a úsáid le haghaidh cóir dhifreáilte do na hinfeisteoirí atá ag oibriú faoi phrionsabal gheilleagar an mhargaidh, trí chomhroinnt iomchuí rioscaí, agus brabús agus prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais á chur san áireamh.

2. Ní bheidh leibhéal na córa difreáilte sin níos mó ná an leibhéal a bhfuil gá leis chun acmhainní príobháideacha a mhealladh, arna bhunú le próiseas iomaíoch nó le measúnú neamhspleách.

Airteagal 62

Athúsáid acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí

1. Acmhainní a aisíocfar, roimh dheireadh na tréimhse incháilitheachta, le hionstraimí airgeadais ó infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh nó ó scaoileadh acmhainní a cuireadh i leataobh do chonarthaí ráthaíochta, lena n-áirítear aisíocaíochtaí caipitil agus aon chineál ioncaim arna ghiniúint atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí, déanfar iad a athúsáid sna hionstraimí airgeadais céanna nó in ionstraimí airgeadais eile le haghaidh tuilleadh infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh, nó chun na cailleanais i méid ainmniúil ranníocaíocht na gCistí leis na ionstraim airgeadais de thoradh úis dhiúltaigh, más rud é go dtarlaíonn na cailleanais sin d'ainneoin bainistíocht ghníomhach cistí, nó le haghaidh aon chostais bhainistíochta agus táillí bainistíochta a bhaineann le hinfeistíochtaí den sórt sin, agus prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais á chur san áireamh.

2. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go ndéanfar na hacmhainní dá dtagraítear i mír 1 a aisíoc le hionstraimí airgeadais le linn tréimhse 8 mbliana ar a laghad tar éis dheireadh na tréimhse incháilitheachta, go ndéanfar iad a athúsáid i gcomhréir le cuspóirí beartais an chláir nó na gclár faoinar cuireadh ar bun iad, laistigh den ionstraim airgeadais chéanna nó, tar éis do na hacmhainní sin imeacht as an ionstraim airgeadais, in ionstraimí airgeadais eile nó i bhfoirmeacha eile tacaíochta.

CAIBIDIL III

Rialacha incháilitheachta

Airteagal 63

Incháilitheacht

1. Déanfar incháilitheacht caiteachais a chinneadh ar bhonn rialacha náisiúnta, ach amháin i gcás ina leagtar síos rialacha sonracha sa Rialachán seo nó sna Rialacháin Chiste-shonracha, nó ar a mbonn.

2. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó na Cistí má dhéanann tairbhí nó comhpháirtí príobháideach oibríochta CPP é a thabhtú agus go n-íoctar é chun oibríochtaí a chur chun feidhme, idir an dáta a chuirfear an clár faoi bhráid an Choimisiúin nó ón 1 Eanáir 2021, cibé dáta is túisce, agus an 31 Nollaig 2029.

I gcás costais arna n-aisíoc de bhun phointí (b), (c) agus (f) d'Airteagal 53(1), déanfar na gníomhaíochtaí atá mar bhonn le haisíocaíocht a chur i gcrích idir an dáta a chuirfear an clár faoi bhráid an Choimisiúin nó ón 1 Eanáir 2021, cibé dáta is túisce, agus an 31 Nollaig 2029.

3. I gcás CFRE, an caiteachas a bhaineann le hoibríochtaí lena gcumhdaítear níos mó ná aon chatagóir réigiúin amháin a leagtar amach in Airteagal 108(2) laistigh de Bhallstát, déanfar é a leithdháileadh ar na catagóirí réigiúin lena mbaineann ar bhonn *pro rata*, bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

I gcás CSE+, féadfar an caiteachas a bhaineann le hoibríochtaí a leithdháileadh ar aon chatagóir réigiúin sa chlár ar choinníoll go rannchuidítear, leis an oibríocht, le gnóthú chuspóirí sonracha an chlár sin.

I dtaca le CUAC, leis an gcaiteachas a bhaineann le hoibríochtaí rannchuideofar le cur chun feidhme an phlean chríochoigh ábhartha um aistriú cóir.

4. Féadfar oibríocht iomlán nó cuid di a chur chun feidhme lasmuigh de Bhallstát, lena n-áirítear lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go rannchuidítear, leis an oibríocht, le cuspóirí an chlár.

5. I gcás deontais atá sna foirmeacha a luaitear faoi phointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 53(1), an caiteachas a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó na Cistí, beidh sé cothrom leis na méideanna arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 53(3).

6. Ní roghnófar oibríochtaí le haghaidh tacaíocht ó na Cistí i gcás ina ndearnadh iad a chríochnú go fisiceach nó a chur chun feidhme go hiomlán sula gcuirtear an t-iarratas ar chistiú faoin gclár isteach, is cuma má rinneadh na híocaíochtaí gaolmhara go léir. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le cúiteamh CEMID as costais bhreise sna réigiúin is forimeallaí de bhun Airteagal 24 de Rialachán CEMID ná maidir le tacaíocht ón gcistiú breise do na réigiúin is forimeallaí de bhun phointe (e) d'Airteagal 110(1) den Rialachán seo.

7. An caiteachas a fhágtar incháilithe de thoradh leasú ar chlár, beidh sé incháilithe ón dáta a chuirfear an iarraidh chomhfhreagrach faoi bhráid an Choimisiúin.

I gcás CFRE, an Chiste Comhtháthaithe agus CUAC, tagann caiteachas chun bheith incháilithe mar thoradh ar leasú ar chlár i gcás ina gcuirtear cineál nua idirghabhála leis an gclár, dá dtagraítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I nó, i gcás CEMID, CTIL, CSI agus IBTV, sna Rialacháin Chiste-shonracha.

I gcás ina leasaítear clár chun gníomhú de thoradh tubaiste nádúrtha, féadfar a fhoráil sa chlár go mbeidh an caiteachas a bhaineann leis an leasú sin incháilithe ón dáta a tharla an tubaiste nádúrtha.

8. I gcás ina bhformheastar clár nua, beidh an caiteachas incháilithe ón dáta a chuirfear an iarraidh chomhfhreagrach faoi bhráid an Choimisiúin.

9. Féadfaidh oibríocht tacaíocht a fháil ó Chiste amháin nó níos mó nó ó chlár amháin nó níos mó agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais. I gcásanna den sórt sin, an caiteachas arna dhearbhu in iarratas ar íocaíocht do cheann de na Cistí, ní dhéanfar é a dhearbhu i gcás ceachtar acu seo a leanas:

(a) tacaíocht ó Chiste eile nó ó ionstraim eile de chuid an Aontais;

(b) tacaíocht ón gCiste céanna faoi chlár eile.

Féadfar méid an chaiteachais atá le cur isteach in iarratas ar íocaíocht de chuid Ciste a ríomh le haghaidh gach Ciste agus le haghaidh an chláir nó na gclár lena mbaineann ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

Airteagal 64

Costais neamh-incháilithe

1. Ní bheidh na costais seo a leanas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó na Cistí:
 - (a) ús ar fhiachas, ach amháin i dtaca le deontais arna dtabhairt i bhfoirm fóirdheontas ráta úis nó i bhfoirm fóirdheontas táille ráthaíochta;
 - (b) ceannach talún ar mhéid is mó ná 10 % den chaiteachas incháilithe iomlán don oibríocht lena mbaineann; le haghaidh láithreáin thréigthe agus láithreáin a bhíodh tráth in úsáid thionsclaíoch a bhfuil foirgnimh orthu, méadófar an teorainn sin go dtí 15 %; le haghaidh ionstraimí airgeadais, beidh feidhm ag na céatadáin sin maidir leis an ranníocaíocht ó chláir a íocadh leis an bhfaighteoir deiridh nó, i gcás ráthaíochtaí, maidir le méid na hiasachta foluití;
 - (c) cáin bhreisluacha (CBL), seachas:
 - (i) le haghaidh oibríochtaí ar lú a gcostas iomlán ná EUR 5 000 000 (CBL san áireamh);
 - (ii) i gcás oibríochtaí arb é EUR 5 000 000 ar a laghad a gcostas iomlán (CBL san áireamh) i gcás nach bhfuil sé inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta CBL;
 - (iii) Infheistíochtaí arna ndéanamh ag faighteoirí deiridh i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais; i gcás ina dtacaítear leis na hinfeistíochtaí sin le hionstraimí airgeadais arna gcomhcheangal le tacaíocht ó chláir i bhfoirm deontais dá dtagraítear in Airteagal 58(5), ní bheidh an CBL incháilithe don chuid den chostas infheistíochta lena gcomhfhreagraítear do thacaíocht ó chláir i bhfoirm deontais, mura bhfuil CBL don chostas infheistíochta neamh-inghnóthaithe faoi reachtaíocht náisiúnta CBL nó i gcás inar lú ná EUR 5 000 000 (CBL san áireamh) an chuid den chostas infheistíochta lena gcomhfhreagraítear don tacaíocht ó chláir i bhfoirm an deontais;
 - (iv) le haghaidh cistí do thionscadail bheaga agus infheistíochtaí arna ndéanamh ag faighteoirí deiridh i gcomhthéacs cistí do thionscadail bheaga faoi Interreg.

Ní bheidh feidhm ag pointe (b) den chead fhomhír maidir le hoibríochtaí a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil.

2. Féadfaidh na Rialacháin Chiste-shonracha costais bhreise a shonrú nach bhfuil incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó gach Ciste.

Airteagal 65

Marthanacht oibríochtaí

1. I gcás ranníocaíocht ó na Cistí le hoibríocht a chuimsigh infheistíocht i mbonneagar nó infheistíocht tháirgiúil, déanfaidh an Ballstát í a aisíoc más rud é, laistigh de 5 bliana ón íocaíocht dheiridh leis an tairbhí nó laistigh den tréimhse ama a leagtar amach sna rialacha maidir le státchabhair, i gcás inarb infheidhme, go mbeidh an oibríocht faoi réir aon cheann díobh seo a leanas:
 - (a) scor nó aistriú gníomhaíochta táirgiúla lasmuigh den réigiún ar leibhéal NUTS 2 ina bhfuair sé tacaíocht;
 - (b) athrú ar úinéireacht earra bonneagair a thabharfaidh buntáiste míchuí do ghnóthas nó do chomhlacht poiblí;
 - (c) athrú substaintiúil a dhéanfaidh difear dá cineál, dá cuspóirí nó dá coinníollacha cur chun feidhme a mbainfí an bonn óna cuspóirí bunaidh dá dheasca.

Féadfaidh an Ballstát an teorainn ama a leagtar amach sa chead fhomhír a laghdú go dtí 3 bliana i gcásanna a bhaineann le cothabháil infheistíochtaí nó post atá cruthaithe ag FBManna.

Aisíocaíocht a dhéanfaidh an Ballstát toisc nár comhlíonadh an tAirteagal seo, déanfar í i gcoibhneas le tréimhse na neamh-chomhlíontachta.

2. Le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE + nó ó CUAC i gcomhréir le pointí (k), (l) agus (m) d'Airteagal 8(2) de Rialachán CUAC, déanfar an tacaíocht a aisíoc nuair a bheidh siad faoi oibleagáid infheistíochta a chothabháil faoi rialacha státchabhrach.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 maidir le ranníocaíochtaí ó chlár le hionstraimí airgeadais nó uathu nó maidir le hoibríocht ar bith ina ndéantar gníomhaíocht tháirgiúil a scor de bharr féimheachta neamhchalaóisí.

Airteagal 66

Athshocrú

1. Caiteachas lena dtacaítear le hathshocrú, ní bheidh sé incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó na Cistí.
2. Nuair is státchabhair atá i ranníocaíocht ó na Cistí, deimhneoidh an t-údarás bainistíochta dó féin nach bhfuil an ranníocaíocht ag tacú le hathshocrú i gcomhréir le hAirteagal 14(16) de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014.

Airteagal 67

Rialacha incháilitheachta sonracha maidir le deontais

1. Maidir le ranníocaíochtaí comhchineáil i bhfoirm oibreacha, earraí, seirbhísí, talamh agus réadmhaoin nach ndearnadh aon íocaíocht ina leith arna tacú le sonraisc, nó le doiciméid de luach coibhéseach cruthúnais, féadfaidh siad a bheith incháilithe i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) nach bhfuil an tacaíocht phoiblí arna híoc leis an oibríocht, lena n-áirítear ranníocaíochtaí comhchineáil, níos airde ná an caiteachas incháilithe iomlán, gan ranníocaíochtaí comhchineáil san áireamh, ag deireadh na hoibríochta;
- (b) nach bhfuil an luach atá inchurtha i leith na ranníocaíochtaí comhchineáil níos airde ná na costais a bhfuil glacadh go ginearálta leo ar an margadh atá i dtrácht;
- (c) gur féidir luach agus seachadadh na ranníocaíochta comhchineáil a mheas agus a fhíorú go neamhspleách;
- (d) i gcás talamh nó eastát réadach a sholáthar, féadfar íocaíocht a dhéanamh chun críocha an chomhaontaithe léasa de mhéid ainmniúil in aghaidh na bliana nach mó ná aonad aonair airgeadra an Bhallstáit;
- (e) i gcás ranníocaíochtaí comhchineáil i bhfoirm obair gan íocaíocht, go ndéantar luach na hoibre sin a chinneadh tríd an am fíoraithe a caitheadh ar an obair agus ráta an luacha saothair le haghaidh obair choibhéseach a chur san áireamh.

Déanfaidh saineolaí cáilithe neamhspleách nó comhlacht oifigiúil cuí-údaraithe luach na talún nó an eastáit réadaigh dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo a dheimhniú agus ní bheidh an luach sin níos airde ná an teorainn a leagtar síos i bpointe (b) d'Airteagal 64(1).

2. Costais dímheasa nach ndearnadh aon íocaíocht ina leith arna tacú le sonraisc, is féidir a mheas go bhfuil siad incháilithe i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go bhfuil sé ceadaithe faoi rialacha incháilitheachta an chláir;
- (b) go bhfuil méid an chaiteachais cuí-réasúnaithe trí dhoiciméid tacaíochta de luach cruthúnais atá coibhéseach le sonraisc i gcás costais incháilithe, i gcás inar aisíocadh na costais sin san fhoirm dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 53(1);
- (c) go mbaineann na costais go heisiach leis an tréimhse tacaíochta don oibríocht;
- (d) le deontais phoiblí, ní rannchuidítear le héadail na sócmhainní dímheasta.

Airteagal 68

Rialacha incháilitheachta sonracha maidir le hionstraimí airgeadais

1. Is éard a bheidh i gcaiteachas incháilithe d'ionstraim airgeadais méid iomlán na ranníocaíochta cláir arna íoc, nó i gcás ráthaíochtaí, arna chur i leataobh do chonarthaí ráthaíochta, ag an ionstraim airgeadais le linn na tréimhse incháilitheachta, i gcás ina gcomhlíonraíonn an méid sin do na nithe seo a leanas:

- (a) íocaíochtaí le faighteoirí deiridh, i gcás iasachtaí, infheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais;
- (b) acmhainní a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta, bídis gan íoc nó in aibíocht cheana féin, chun glaonna ráthaíochta féideartha ar chailleanais a urramú, arna ríomh ar bhonn cóimheas iolraitheora, arna bhunú faoi seach do na hiasachtaí nua foluiteacha a íocadh amach nó infheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais i bhfaighteoirí deiridh;

- (c) íocaíochtaí le faighteoirí deiridh, nó chun tairbhe faighteoirí deiridh, i gcás ina mbíonn ionstraimí airgeadais i dteannta rannchuidiú eile ón Aontas in aon oibríocht ionstraimé airgeadais amháin i gcomhréir le hAirteagal 58(5);
- (d) íocaíochtaí táillí bainistíochta agus aisíocaíochtaí costas bainistíochta arna dtabhú ag comhlachtaí atá ag cur na hionstraimé airgeadais chun feidhme.

2. I gcás ina gcuirtear ionstraim airgeadais chun feidhme le linn clárthréimhsí i ndiaidh a chéile, is féidir tacaíocht a thabhairt do fhaighteoirí deiridh nó chun tairbhe faighteoirí deiridh, lena n-áirítear costas bhainistíochta agus táillí bainistíochta, bunaithe ar chomhaontuithe a rinneadh faoin gclárthréimhse roimhe sin, ar choinníoll go gcomhlíontar rialacha incháilitheachta na clárthréimhse ina dhiaidh sin le tacaíocht den chineál sin. I gcásanna mar sin, cinnfear incháilitheacht an chaiteachais a cuireadh isteach in iarratais ar íocaíocht i gcomhréir leis an gclárthréimhse faoi seach.

3. I gcás pointe (b) de mhír 1, más rud é nár íoc an t-eintees a bhaineann tairbhe as na ráthaíochtaí méid beartaithe na n-iasachtaí nua, na hinfheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais amach leis na faighteoirí deiridh i gcomhréir leis an gcóimheas iolraitheora, déanfar an caiteachas incháilithe a laghdú go comhréireach. Féadfar an cóimheas iolraitheora a athbhreithniú, i gcás ina mbíonn údar leis sin i ngeall ar athruithe ina dhiaidh sin ar dhálaí an mhargaidh. Ní bheidh éifeacht chúlghabhálach ag athbhreithniú den sórt sin.

4. I gcás phointe (d) de mhír 1, is ar fheidhmíocht a bheidh na táillí bainistíochta bunaithe.

I gcás ina roghnaítear comhlachtaí a bhfuil ciste sealbhaíochta á chur chun feidhme acu trí chonradh a dhámhachtain go díreach de bhun Airteagal 59(3), an méid costas bainistíochta agus táillí a íocfar leis na comhlachtaí sin is féidir a dhearbhu mar chaiteachas incháilithe, beidh sé faoi réir tairseach suas le 5 % de mhéid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh amach le faighteoirí deiridh in iasachtaí nó a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta agus suas le 7 % de mhéid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh amach le faighteoirí deiridh in infheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais.

I gcás ina roghnaítear comhlachtaí a bhfuil ciste sonracha á chur chun feidhme acu trí chonradh a dhámhachtain go díreach de bhun Airteagal 59(3), an méid costas bainistíochta agus táillí a íocfar leis na comhlachtaí sin is féidir a dhearbhu mar chaiteachas incháilithe, beidh sé faoi réir tairseach suas le 7 % de mhéid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh amach le faighteoirí deiridh in iasachtaí nó a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta agus suas le 15 % de mhéid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh amach le faighteoirí deiridh in infheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais.

I gcás ina roghnaítear comhlachtaí a bhfuil ciste sealbhaíochta nó cistí sonracha, nó an dá rud, á gcur chun feidhme acu trí thairiscint iomaíoch i gcomhréir leis an dlí infheidhme, bunófar méid na gcostas bainistíochta agus na dtáillí bainistíochta sa chomhaontú cistiúcháin agus léireofar toradh na tairisceana iomaíche leis.

5. I gcás ina ngearrtar táillí socraíochta, nó aon chuid díobh, ar fhaighteoirí deiridh, ní dhéanfar iad a dhearbhu mar chaiteachas incháilithe.

6. Ní bheidh an caiteachas incháilithe arna dhearbhu i gcomhréir le mír 1 níos mó ná suim an méid iomlán tacaíochta ó na Cistí a íocadh chun críocha na míre sin agus an chómhaoinithe náisiúnta chomhfhreagraigh.

TEIDEAL VI

BAINISTIÚ AGUS RIALÚ

CAIBIDIL I

Rialacha ginearálta maidir le bainistiú agus rialú

Airteagal 69

Freagrachtaí na mBallstát

1. Beidh córais bhainistíochta agus rialaithe ag na Ballstát le haghaidh a gcuid clár i gcomhréir leis an Teideal seo agus áiritheoidh siad go bhfeidhmeoidh na córais sin i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus na ceanglais phríomha a liostaítear in Iarscríbhinn XI.

2. Áiríteoidh na Ballstáit gur dlíthiúil agus gur rialta an caiteachas a áireofar sna cuntais a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin agus déanfaidh siad na gníomhaíochtaí uile is gá chun neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a chosc, a bhrath agus a cheartú agus chun tuairisc a thabhairt orthu. Áireofar ar na gníomhaíochtaí sin bailiú faisnéise maidir le húnéirí tairbhiúla faighteoirí cistithe ón Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn VII. Leis na rialacha a bhaineann le sonraí den sórt sin a bhailiú agus a phróiseáil, déanfar na rialacha cosanta sonraí is infheidhme a chomhlíonadh. Beidh an rochtain is gá ag an gCoimisiún, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus Cúirt Iníúcháir na hEorpa ar an bhfaisnéis sin.

I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, beidh feidhm ag na hoibleagáidí a bhaineann le bailiú faisnéise faoi únéirí tairbhiúla faighteoirí cistiúcháin ón Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII mar a leagtar amach sa chéad fhomhír agus beidh feidhm aici amhail ón 1 Eanáir 2023.

3. Déanfaidh na Ballstáit, ar iarraidh ón gCoimisiún, na bearta is gá chun feidhmiú éifeachtach a gcóras bainistíochta agus rialaithe a áirithiú mar aon le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin. Más iniúchadh atá sa ghníomhaíocht sin, féadfaidh oifigigh an Choimisiúin nó a n-ionadaithe údaraithe páirt a ghlacadh ann.

4. Áiríteoidh na Ballstáit cáilíocht, cruinneas agus iontaofacht an chórais faireacháin agus na sonraí faoi tháscairí.

5. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfoilseofar an fhaisnéis i gcomhréir leis na ceanglais arna mbunú sa Rialachán seo agus sna Rialacháin Ciste-shonracha, seachas i gcás ina n-eisiafár foilsíú den chineál sin le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta ar chúiseanna slándála, oird phoiblí, imscrúduithe coiriúla nó cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

6. Beidh córais agus nósanna imeachta ag na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar na doiciméid uile is gá le haghaidh an riain iniúcháireachta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII é a choinneáil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 82.

7. Déanfaidh na Ballstáit socruithe chun a áirithiú go scrúdófar go héifeachtach gearáin a bhaineann leis na Cistí. Beidh an raon feidhme, na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis na socruithe sin mar fhreagracht ar na Ballstáit i gcomhréir lena gcreat institiúideach agus dlíthiúil. Ní dochar an méid sin don fhéidearthacht ghinearálta a bheidh ag saoránaigh agus geallsealbhóirí gearáin a dhíriú chuig an gCoimisiún. Scrúdóidh na Ballstáit, ar iarraidh ón gCoimisiún, gearáin arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin a thagann faoi raon feidhme a gclár agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi thorthaí na scrúduithe seo.

Chun críocha an Airteagail seo, le gearáin, cumhdaítear aon díospóid idir tairbhíthe féideartha agus tairbhíthe roghnaithe maidir leis an oibríocht atá beartaíthe nó roghnaithe agus aon díospóid le tríú páirtithe maidir le cur chun feidhme an chláir nó na n-oibríochtaí faoin gclár, gan beann ar cháiliú na modhanna sásaimh dhlíthiúil a leagtar síos sa dlí náisiúnta.

8. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar gach malartú faisnéise idir na tairbhíthe agus údarais an chláir trí chórais malartaithe sonraí leictreonacha i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV.

Cuirfidh na Ballstáit na tairbhí a bhaineann le malartú leictreonach sonraí chun cinn agus soláthróidh siad an tacaíocht uile is gá do na tairbhíthe i dtaca leis sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an t-údarás bainistíochta glacadh go heisceachtúil, ar iarraidh shainráite ó thairbhí, le malartuithe faisnéise i bhformáid páipéir, gan dochar dá oibleagáid sonraí a thairbhí agus a stóráil i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 72(1).

I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CEMID, ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, beidh feidhm ag an gcéad fhomhír amhail ón 1 Eanáir 2023.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le cláir nó tosaíochtaí faoi phointe (m) d'Airteagal 4(1) de Rialachán CSE+.

9. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar gach malartú oifigiúil faisnéise leis an gCoimisiún trí chóras malartaithe sonraí leictreonacha i gcomhréir le hIarscríbhinn XV.

10. Soláthróidh na Ballstáit, nó áiríteoidh sé go soláthróidh na húdarais bhainistíochta, réamhaisnéisí maidir leis an méid le haghaidh iarratais ar íocaíocht atá le cur isteach don bhliain féilire reatha agus do bhlianta féilire ina diad sin faoin 31 Eanáir agus faoin 31 Iúil, i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII.

11. Déanfaidh gach Ballstát, ar a dhéanaí faoin tráth a chuirfear isteach an t-iarratas deiridh ar íocaíocht don chéad bhliain chuntasaíochta agus tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2023, tuairisc ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe a tharraingt suas i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI. Coinneoidh sé an tuairisc sin cothrom le dáta chun aon athruithe ina dhiaidh sin a léiriú.

12. Tuairisceoidh na Ballstáit maidir le neamhrialtachtaí, i gcomhréir leis na critéir lena gcinntear na cásanna neamhrialtachta atá le tuairisciú, na sonraí atá le soláthar agus an fhormáid don tuairisciú a leagtar amach in Iarscríbhinn XII.

Airteagal 70

Cumhachtaí agus freagrachtaí an Choimisiúin

1. Deimhneoidh an Coimisiún dó féin go bhfuil córais bhainistíochta agus rialaithe ag na Ballstáit atá i gcomhréir leis an Rialachán seo agus go bhfeidhmíonn na córais seo go héifeachtach agus go héifeachtúil i rith cur chun feidhme na gclár. Déanfaidh an Coimisiún, chun críocha a chuid oibre iniúchóireachta féin, straitéis iniúchóireachta agus plean iniúchóireachta a bheidh bunaithe ar mheasúnú riosca a tharraingt suas.

Comhordóidh an Coimisiún agus na húdaráis iniúchóireachta a bpleananna iniúchóireachta.

2. Déanfaidh an Coimisiún iniúchtaí suas le trí bliana féilire tar éis an dáta a ghlactar leis na cuntais ina n-áirítear an caiteachas lena mbaineann. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse sin maidir le hoibríochtaí a mbaineann amhras faoi chalois leo.

3. Beidh ag oifigigh an Choimisiúin nó ag a n-ionadaithe údaraithe, chun críocha a n-iniúchtaí, rochtain ar na taifid uile, ar na doiciméid uile agus ar na meiteashonraí uile is gá, gan beann ar an meán ina bhfuil siad stóráilte, a bhaineann le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí nó le córais bhainistithe agus rialaithe agus gheobhaidh siad cóipeanna díobh san fhormáid shonrach a iarrfar.

4. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas freisin i gcás iniúchtaí ar an láthair:

- (a) tabharfaidh an Coimisiún fógra 15 lá oibre ar a laghad faoin iniúchadh d'údarás inniúil an chláir, diomaite de chásanna práinneacha; féadfaidh oifigigh nó ionadaithe údaraithe an Bhallstáit páirt a ghlacadh sna hiniúchtaí sin;
- (b) i gcás ina ndéantar, de thoradh cur i bhfeidhm forálacha den dlí náisiúnta, gníomhartha áirithe a fhorchoimeád do ghníomhairí arna n-ainmniú go sonrach sa reachtaíocht náisiúnta, beidh rochtain ag oifigigh agus ionadaithe údaraithe an Choimisiúin ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an tslí sin gan dochar d'inniúlachtaí na gcúirteanna náisiúnta agus le lán-urramú chearta bunúsacha na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann;
- (c) déanfaidh an Coimisiún na réamhthorthaí iniúchóireachta a tharchur chuig údarás inniúil an Bhallstáit tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis lá deireanach an iniúchta;
- (d) déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil iniúchóireachta a tharchur tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an dáta a fuair sé freagra iomlán ó údarás inniúil an Bhallstáit ar na réamhthorthaí iniúchóireachta; measfar freagra an Bhallstáit a bheith iomlán mura n-iarrfar ar an gCoimisiún faisnéis bhreise nó doiciméad athbhreithnithe a sholáthar laistigh de 2 mhí ón dáta a gheofar freagra an Bhallstáit.

Chun na teorainneacha ama a leagtar amach i bpointí (c) agus (d) den chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh, cuirfidh an Coimisiún na réamhthorthaí iniúchóireachta agus an tuarascáil iniúchóireachta ar fáil i dteanga oifigiúil amháin de chuid institiúidí an Aontais, ar a laghad.

Is féidir síneadh a chur leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) den chéad fhomhír den mhír seo nuair a mheasfar gur gá agus má chomhaontaíonn an Coimisiún agus údarás inniúil an Bhallstáit é sin a dhéanamh.

I gcás ina leagfar síos teorainn ama faoina bhfaighfear freagra ón mBallstát maidir leis na réamhthorthaí iniúchóireachta nó an tuarascáil iniúchóireachta dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) den chéad fhomhír den mhír seo, cuirfear tús leis an teorainn ama a luaithe a gheobhaidh údarás inniúil an Bhallstáit na réamhthorthaí i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Bhallstáit lena mbaineann, ar a laghad.

*Airteagal 71***Údaráis an chláir**

1. Chun críocha Airteagal 63(3) den Rialachán Airgeadais, sonrúidh an Ballstát údarás bainistíochta agus údarás iniúchóireachta i gcás gach cláir. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an fheidhm chuntasaíochta faoi chúram comhlachta seachas an t-údarás bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 72(2) den Rialachán seo, aithneofar an comhlacht lena mbaineann freisin mar údarás de chuid an chláir. Féadfaidh na húdaráis chéanna sin a bheith freagrach as níos mó ná clár amháin.
2. Is údarás poiblí a bheidh san údarás iniúchóireachta. Féadfaidh comhlacht poiblí nó príobháideach nach é an t-údarás iniúchóireachta atá faoina fhreagracht é obair iniúchóireachta a dhéanamh. Beidh an t-údarás iniúchóireachta agus aon chomhlacht den sórt sin a mbeidh obair iniúchóireachta á déanamh aige faoi fhreagracht an údaráis iniúchóireachta neamhspleách, ó thaobh feidhme de, ar na hiniúchaithe.
3. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó a shonrú chun cúraimí áirithe atá faoina chúram a dhéanamh. Déanfar na socrúithe idir an t-údarás bainistíochta agus na comhlachtaí idirmheánacha a thaifeadadh i scríbhinn.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramófar prionsabal na deighilte feidhmeanna idir údaráis an chláir agus laistigh díobh.
5. I gcás ina soláthrófar le clár, i gcomhréir lena chuspóirí, tacaíocht ó CFRE nó ó CSE+ do chlár arna chomhchistiú ag Fís Eorpach, amhail dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 10(1) den Rialachán maidir le Fís Eorpach, sainaitheoidh údarás bainistíochta an chláir ábhartha an comhlacht a bhfuil an clár, atá á chomhchistiú ag Fís Eorpach, á chur chun feidhme aige mar chomhlacht idirmheánach, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.
6. Féadfaidh an Ballstát, ar a thionscnamh féin, comhlacht comhordúcháin a bhunú chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún agus faisnéis a thabhairt dó agus gníomhaíochtaí údarás an chláir sa Bhallstát sin a chomhordú.

*CAIBIDIL II****Córais bhainistíochta agus rialaithe chaighdeánacha****Airteagal 72***Feidhmeanna an údaráis bainistíochta**

1. Beidh an t-údarás bainistíochta freagrach as an gclár a bhainistiú d'fhonn cuspóirí an chláir a bhaint amach. Go háirithe, beidh na feidhmeanna seo a leanas aige:
 - (a) oibríochtaí a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 73, cé is moite d'oibríochtaí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 33(3);
 - (b) cúraimí bainistithe cláir a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 74;
 - (c) tacaíocht a thabhairt d'obair an choiste faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 75;
 - (d) comhlachtaí idirmheánacha a mhaoirsiú;
 - (e) na sonraí faoi gach oibríocht is gá le haghaidh faireacháin, meastóireachta, bainistíocht airgeadais, fíoruithe agus iniúchtaí, a thaifeadadh agus a stóráil go leictreonach i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII, agus slándáil, sláine agus rúndacht sonraí agus fíordheimhniú na n-úsáideoirí a áirithiú.
2. Féadfaidh an Ballstát an fheidhm chuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 76 a chur faoi chúram an údaráis bainistíochta nó comhlachta eile.
3. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, is é an t-údarás bainistíochta a dhéanfaidh an fheidhm chuntasaíochta, nó is faoina chúram a dhéanfar í.

*Airteagal 73***Roghnú oibríochtaí ag an údarás bainistíochta**

1. Maidir le hoibríochtaí a roghnú, déanfaidh an t-údarás bainistíochta critéir agus nósanna imeachta a bhunú agus a chur i bhfeidhm, a bheidh neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach, lena n-áirítear inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, comhionannas inscne agus lena gcuirfear san áireamh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 191(1) CFAE.

Áiríteofar leis na critéir agus leis na nósanna imeachta go dtabharfar tosaíocht d'oibríochtaí a roghnófar d'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar rannchuidiú an chistithe ón Aontas i dtreo chuspóirí an chláir a ghnóthú.

2. Nuair a roghnóidh an t-údarás bainistíochta oibríochtaí, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) áiritheoidh sé go mbeidh na hoibríochtaí roghnaithe i gcomhréir leis an gclár, lena n-áirítear a gcomhsheasmhacht leis na straitéisí ábhartha is bonn leis an gclár, agus tabharfaidh sé rannchuidiú éifeachtach do ghnóthú chuspóirí sonracha an chláir;
- (b) áiritheoidh sé go bhfuil na hoibríochtaí a roghnaíodh a thagann faoi raon feidhme an choinníll cumasúcháin ag teacht leis na straitéisí comhfhreagracha agus na doiciméid phleanála arna mbunú chun an coinníoll cumasúcháin sin a chomhlíonadh;
- (c) áiritheoidh sé gurb é a chuirfear ar fáil leis na hoibríochtaí roghnaithe an gaol is fearr idir méid na tacaíochta, na gníomhaíochtaí arna ndéanamh agus gnóthú cuspóirí;
- (d) deimhneoidh sé go mbeidh na hacmhainní agus na sásraí airgeadais is gá ag an tairbhí chun costais oibríochta agus chothabhála a chumhdach i gcás oibríochtaí lena gcuimsítear infheistíocht i mbonneagar nó infheistíocht tháirgiúil, ionas go n-áiríteofar a n-inbhuanaitheacht airgeadais;
- (e) áiritheoidh sé go mbeidh oibríochtaí roghnaithe a thagann faoi raon feidhme Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵¹⁾ faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol nó nós imeachta um scagadh, agus go gcuirfear san áireamh measúnú ar réitigh mhalartacha, ar bhonn cheanglais na Treorach sin;
- (f) fíoróidh sé, i gcás inar cuireadh tús leis na hoibríochtaí sular cuireadh iarratas ar chistiú faoi bhráid an údaráis bainistíochta, gur comhlíonadh an dlí is infheidhme;
- (g) áiritheoidh sé go dtagann oibríochtaí roghnaithe faoi raon feidhme an Chiste lena mbaineann agus go bhfuil siad inchurtha i leith cineál idirghabhála;
- (h) áiritheoidh sé nach n-áireofar in oibríochtaí gníomhaíochtaí a bhí mar chuid d'oibríocht a bhí faoi réir athlonnú i gcomhréir le hAirteagal 66 nó a bheadh ina n-aistriú gníomhaíochta táirgiúla i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 65(1);
- (i) áiritheoidh sé nach ndéantar dífeach díreach d'oibríochtaí de thoradh tuairimí réasúnaithe ón gCoimisiún maidir le sárú faoi Airteagal 258 CFAE lena gcuirtear dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais nó feidhmíochta oibríochtaí i mbaol;
- (j) áiritheoidh sé díonadh ar an aeráid i dtaca le hinfeistíochtaí i mbonneagar a mheastar a mbeidh tréimhse 5 bliana saoil ar a laghad acu.

A mhéid a bhaineann le pointe (b) den mhír seo, i gcás cuspóir beartais a haon, mar a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 3(1) de Rialachán CFRE agus CC, is iad na hoibríochtaí lena gcomhfhreagraítear do na cuspóirí sonracha dá dtagraítear i bhfophointí (i) agus (iv) den phointe sin, agus iad sin amháin, a bheidh ag teacht leis na straitéisí um speisialtóireacht chliste.

3. Áiritheoidh an t-údarás bainistíochta go dtabharfar don tairbhí doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha uile maidir le tacaíocht do gach oibríocht lena n-áirítear na ceanglais shonracha maidir leis na táirgí nó seirbhísí atá le soláthar, an plean maoinithe, an teorainn ama lena cur i gcrích agus, i gcás inarb infheidhme, an modh atá le cur i bhfeidhm chun costais na hoibríochta agus na coinníollacha maidir le híocaíocht na tacaíochta a chinneadh.

4. I gcás oibríochtaí ar tugadh Séala Barr Feabhais dóibh, nó oibríochtaí a roghnaíodh faoi chlár arna chomhchistiú ag Fís Eorpach, féadfaidh an t-údarás bainistíochta a chinneadh tacaíocht a dheonú go díreach ó CFRE nó ó CSE+, ar choinníoll go gcomhlíontar, leis na hoibríochtaí sin, na ceanglais a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (g) de mhír 2.

Ina theannta sin, féadfaidh údarás bhainistíochta catagóirí, méideanna uasta agus modhanna ríofa na gcostas incháilithe arna mbunú faoi ionstraim ábhartha an Aontais a chur i bhfeidhm maidir leis na hoibríochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Leagfar na heilimintí sin amach sa doiciméad dá dtagraítear i mír 3.

5. Nuair a roghnóidh an t-údarás bainistíochta oibríocht a mbaineann tábhacht straitéiseach léi, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin laistigh d'aon mhí amháin agus tabharfaidh sé an fhaisnéis ábhartha uile faoin oibríocht sin don Choimisiún.

⁽⁵¹⁾ Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

*Airteagal 74***Bainistiú cláir ag an údarás bainistíochta**

1. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta an méid seo a leanas:
 - (a) fíoruithe bainistíochta a dhéanamh chun a fhíorú gur seachadadh na seirbhísí agus na táirgí cómhaoinithe, go gcomhlíonann an oibríocht an dlí is infheidhme, an clár agus na coinníollacha maidir le tacaíocht na hoibríochta agus:
 - (i) i gcás ina bhfuil costais le haisíoc de bhun phointe (a) d'Airteagal 53(1), gur íocadh an méid caiteachais arna éileamh ag na tairbhíthe i ndáil leis na costais seo agus go gcoinníonn na tairbhíthe taifid chuntasafóchta ar leith nó go n-úsáideann siad na cóid chuntasafóchta is iomchuí le haghaidh gach idirbhirt a bhaineann leis an oibríocht;
 - (ii) i gcás ina bhfuil costais le haisíoc de bhun phointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 53(1), gur comhlíonadh na coinníollacha maidir leis an gcaiteachas a aisíoc leis an tairbhí;
 - (b) a áirithiú, ach cistiú a bheith ar fáil, go bhfaighidh an tairbhí a bhfuil dlite dó ina iomláine tráth nach déanaí ná 80 lá ón dáta a chuir an tairbhí isteach an t-éileamh ar íocaíocht; féadfar an spriocdháta a bhriseadh más rud é nach mbeidh an t-údarás bainistíochta in ann a dhéanamh amach, leis an bhfaisnéis a cuireadh isteach, cibé acu atá nó nach bhfuil an méid dlite;
 - (c) bearta agus nósanna imeachta frithchaloise éifeachtacha agus comhréireacha a bheith i bhfeidhm, agus na rioscaí a sainaitníodh á gcur san áireamh;
 - (d) neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú;
 - (e) a dhainiú go bhfuil an caiteachas arna chur isteach sna cuntais dleathach agus rialta;
 - (f) an dearbhú bainistíochta a tharraingt suas i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XVIII.

I gcás phointe (b) den chéad fhomhír, ní dhéanfar aon mhéid a asbhaint ná a choinneáil siar agus ní thobheofar muirear sonrach ná muirear eile comhéifeachta a laghdódh na méideanna atá dlite do thairbhíthe.

I gcás oibríochtaí CPP, déanfaidh an t-údarás bainistíochta íocaíochtaí isteach i gcuntas eascró arna chur ar bun chun na críche sin in ainm an tairbhí lena úsáid i gcomhréir le comhaontú CPP.

2. Beidh fíoruithe bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 bunaithe ar rioscaí agus comhréireach leis na rioscaí arna sainaitint *ex ante* agus i scríbhinn.

Áireofar ar fhíoruithe bainistíochta fíoruithe riaracháin i ndáil le éilimh ó thairbhíthe ar íocaíocht agus fíoruithe ar an láthair ar oibríochtaí. Déanfar na fíoruithe sin sula gcuirfear isteach na cuntais i gcomhréir le hAirteagal 98.

3. I gcás ina bhfuil an t-údarás bainistíochta ina thairbhí freisin faoin gclár, áiritheoidh na socruithe le haghaidh na bhfíoruithe bainistíochta go mbeidh deighilt feidhmeanna ann.

Gan dochar do mhír 2, féadfar rialacha sonracha a leagan síos i Rialachán Interreg maidir leis na fíoruithe bainistíochta is infheidhme maidir le cláir Interreg. Féadfar, le Rialachán CTIL, CSI agus IBTV, rialacha sonracha a leagan síos maidir leis na fíoruithe bainistíochta is infheidhme i gcás inarb eagraíocht idirnáisiúnta é an tairbhí.

*Airteagal 75***Tacaíocht d'obair an choiste faireacháin ón údarás bainistíochta**

Déanfaidh an t-údarás bainistíochta an méid seo a leanas:

- (a) an fhaisnéis uile is gá le cúraimí an choiste faireacháin a dhéanamh a sholáthar dó go tráthúil;
- (b) a áirithiú go ndéanfar bearta leantacha ar chinntí agus ar mholtaí an choiste faireacháin.

*Airteagal 76***An fheidhm chuntasafóchta**

1. Na cúraimí seo a leanas a bheidh san fheidhm chuntasafóchta:

- (a) iarratais ar íocaíocht a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagail 91 agus 92;

- (b) na cuntais a tharraingt suas agus a chur isteach, lena ndaingneofar iomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas i gcomhréir le hAirteagal 98, agus taifid leictreonacha d'eilimintí uile na gcuntas a choinneáil, lena n-áirítear iarratais ar focaíocht;
 - (c) na méideanna caiteachais a tabhaíodh in airgeadra eile a athrú go euro ag úsáid ráta malairte cuntasafóchta míosúil an Choimisiúin le linn na míosa sin ar cláraíodh an caiteachas i gcórais chuntasafóchta an chomhlachta atá freagrach as na cúraimí a leagtar amach san Airteagal seo a dhéanamh.
2. Ní chuimseoidh an fheidhm chuntasafóchta fíoruithe ar leibhéal na dtairbhíthe.
 3. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 1, féadfar modh éagsúil a leagan síos i Rialachán Interreg chun na méideanna caiteachais a tabhaíodh in airgeadra eile a athrú go euro.

Airteagal 77

Feidhmeanna an údaráis iniúcháireachta

1. Beidh an t-údarás iniúcháireachta freagrach as iniúchtaí córais, iniúchtaí ar oibríochtaí agus iniúchtaí ar chuntais a dhéanamh chun dearbhú neamhspleách a thabhairt don Choimisiún go bhfeidhmíonn na córais bhainistíochta agus rialaithe go héifeachtach agus go bhfuil an caiteachas a chuirtear san áireamh sna cuntais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin dleathach agus rialta.
2. Déanfar obair iniúcháireachta i gcomhréir leis na caighdeáin iniúcháireachta a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.
3. Déanfaidh an t-údarás iniúcháireachta an méid seo a leanas a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin:
 - (a) tuairim iniúcháireachta bhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais agus leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo agus, bunaithe ar an obair iniúcháireachta ar fad a rinneadh, lena gcumhdaítear na comhchodanna seo a leanas:
 - (i) iomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas;
 - (ii) dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a chuirtear san áireamh sna cuntais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin;
 - (iii) feidhmiú éifeachtach na gcórais bainistíochta agus rialaithe;
 - (b) tuarascáil bhliantúil ar rialú lena gcomhlíontar na ceanglais atá i bpointe (b) d'Airteagal 63(5) den Rialachán Airgeadais, i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XX a ghabhann leis an Rialachán seo, lena dtugtar tacaíocht don tuairim iniúcháireachta dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo agus lena leagtar amach achoimre ar na torthaí, lena n-áirítear anailís ar chineál agus ar mhéid na n-earráidí agus na n-easnamh sna córais chomh maith leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá beartaithe agus a cuireadh chun feidhme, agus an ráta earráidí iomlán agus an ráta earráidí iarmharacha a thagann dá bharr le haghaidh an chaiteachais arna iontráil sna cuntais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin.
4. I gcás ina bhfuil cláir grúpáilte chun críocha iniúchtaí ar oibríochtaí de bhun an dara fómhír d'Airteagal 79(2), féadfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi phointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo a chur in aon tuarascáil amháin.
5. Tarchuirfidh an t-údarás iniúcháireachta tuarascálacha faoi iniúchadh córais don Choimisiún a luaithe a thabharfar an nós imeachta bréagnaitheach leis na hiniúchaithe ábhartha i gcrích.
6. Tiocfaidh an Coimisiún agus na húdaráis iniúcháireachta le chéile ar bhonn rialta agus, mura gcomhaontaítear a mhalairt, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad, d'fhonn an straitéis iniúcháireachta, an tuarascáil bhliantúil ar rialú agus an tuairim iniúcháireachta a scrúdú, agus a bpleananna agus a modhanna iniúcháireachta a chomhordú agus tuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feabhas a chur ar na córais bhainistithe agus rialaithe.

Airteagal 78

Straitéis iniúcháireachta

1. Déanfaidh an t-údarás iniúcháireachta, tar éis dul i gcomhairle leis an údarás bainistíochta, straitéis iniúcháireachta a ullmhú bunaithe ar mheasúnú riosca, lena gcuirfeadh san áireamh an tuairisc ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe dá bhforáiltear in Airteagal 69(11), lena gcumhdófar iniúchtaí córais agus iniúchtaí ar oibríochtaí. Áireofar sa straitéis iniúcháireachta iniúchtaí córais ar údaráis bhainistíochta nua-aitheanta agus ar údaráis nua-aitheanta a bhfuil an fheidhm chuntasafóchta faoina gcúram. Déanfar na hiniúchtaí sin laistigh de 21 mhí ón gcinneadh lena bhformheastar an clár nó an leasú ar an gclár ina sainaitheann an t-údarás sin. Ullmhófar an straitéis iniúcháireachta i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta gach bliain tar éis na chéad tuarascála bliantúla ar rialú agus na chéad tuairime iniúcháireachta arna tabhairt don Choimisiún. Féadfaidh sí clár amháin nó níos mó a chumhdach.
2. Cuirfeadh an straitéis iniúcháireachta faoi bhráid an Choimisiúin ar a iarraidh sin aige.

*Airteagal 79***Iniúchtaí ar oibríochtaí**

1. Cumhdóidh iniúchtaí ar oibríochtaí caiteachas arna dhearbhu don Choimisiún le linn na bliana cuntasafóchta ar bhonn sampla. Beidh an sampla sin ionadaíoch agus beidh sé bunaithe ar mhodhanna samplála staidrimh.
2. Nuair is lú an líon ná 300 aonad samplála, féadfar modh samplála neamhstaidrimh a úsáid ar bhreithiúnas gairmiúil an údarais iniúcháireachta. Sna cásanna sin, beidh méid an tsampla leordhóthanach chun gur féidir leis an údarás iniúcháireachta tuairim iniúcháireachta bhailí a tharraingt suas. Cumhdóidh an modh samplála neamhstaidrimh 10 % ar a laghad de na haonaid samplála i líon na bliana cuntasafóchta, arna roghnú go randamach.

Féadfaidh an sampla staidrimh clár amháin nó níos mó a chumhdach a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe agus ó CUAC agus, faoi réir srathú i gcás inarb iomchuí, clárthréimhse amháin nó níos mó a chumhdach de réir bhreithiúnas gairmiúil an údarais iniúcháireachta.

Leis an sampla d'oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CEMID, ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, cumhdófar astu féin na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó gach Ciste ar leith.

3. Ní áireofar ar iniúchtaí ar oibríochtaí fíoruithe ar an láthair ar chur chun feidhme fisiceach na n-oibríochtaí ach amháin i gcás inarb gá sin mar gheall ar an gcineál oibríochta lena mbaineann.

Féadfar forálacha sonracha a leagan amach i Rialachán CSE+ maidir le cláir nó tosaíochtaí faoi phointe (m) d'Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Le Rialachán CTIL, CSI agus IBTV, féadfar forálacha sonracha a leagan síos le haghaidh iniúchadh ar oibríochtaí i gcás inarb eagraíocht idirnáisiúnta é an tairbhí. Féadfar, le Rialachán Interreg, rialacha sonracha ar iniúchtaí ar oibríochtaí is infheidhme maidir le cláir Interreg a bhunú.

Déanfar iniúchtaí ar bhonn na rialacha a bhí i bhfeidhm tráth a rinneadh na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an oibríocht.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 114 chun an tAirteagal seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíochtaí samplála caighdeánaithe réamhdhéanta agus módúlachtaí samplála caighdeánaithe réamhdhéanta lena gcumhdófar clárthréimhse amháin nó níos mó a leagan amach.

*Airteagal 80***Socruithe an iniúchta aonair**

1. Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún agus na húdarais iniúcháireachta iniúchtaí, tabharfaidh siad aird chuí ar phrionsabail an iniúchta aonair agus na comhréireachta i ndáil le leibhéal an riosca do bhuiséad an Aontais. Déanfar sin go háirithe ionas go seachnófar dúbailt iniúchtaí agus fíoruithe bainistíochta ar an aon chaiteachas amháin arna dhearbhu don Choimisiún chun costas na bhfíoruithe bainistíochta agus na n-iniúchtaí agus an t-ualach riaracháin ar na tairbhíthe a íoslaghdú.

Úsáidfidh an Coimisiún agus na húdarais iniúcháireachta, i dtosach, an fhaisnéis uile agus na taifid uile dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 72(1), lena n-áirítear torthaí na bhfíoruithe bainistíochta faisnéise, agus ní iarrfaidh siad doiciméid bhreise ná faisnéis iniúcháireachta ar na tairbhíthe lena mbaineann, ná ní bhfaighidh siad sin uathu, ach amháin más rud é, bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil, gur gá sin le gur féidir teacht ar chonclúidí iniúcháireachta láidre.

2. I gcás cláir oibríochtúla arb é conclúid an Choimisiúin ina leith go bhfuil tuairim an údarais iniúcháireachta iontaofa agus má tá an Ballstát lena mbaineann páirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú, beidh iniúchtaí an Choimisiúin féin teoranta d'iniúcháireacht ar obair an údarais iniúcháireachta.

3. Sula gcuirfear isteach na cuntais ina n-áirítear caiteachas deiridh na hoibríochta lánchríochnaithe, ní dhéanfaidh an Coimisiún ná an t-údarás iniúcháireachta níos mó ná iniúchadh amháin i leith oibríochtaí nach dtéann an caiteachas incháilithe iomlán dóibh os cionn EUR 400 000 i leith CFRE nó an Chiste Chomhtháthaithe, EUR 350 000 i leith CUAC, EUR 300 000 i leith CSE+, nó EUR 200 000 i leith CEMID, CTIL, CSI nó IBTV.

Ní bheidh oibríochtaí eile faoi réir níos mó ná iniúchadh amháin in aghaidh na bliana cuntasáiochta ag an údarás iniúchóireachta nó ag an gCoimisiún sula gcuirfear isteach na cuntais ina n-áirítear caiteachas deiridh na hoibríochta lánchríochnaith. Ní bheidh oibríochtaí faoi réir iniúchadh ag an gCoimisiún nó ag an údarás iniúchóireachta aon bhliain a rinne an Chúirt Iniúchóirí iniúchadh cheana féin an bhliain sin, ar choinníoll gur féidir leis an údarás iniúchóireachta nó leis an gCoimisiún, chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh, úsáid a bhaint as torthaí an iniúchta sin a rinne an Chúirt Iniúchóirí le haghaidh na n-oibríochtaí sin.

4. D'ainneoin mhír 3, féadfar níos mó ná aon iniúchadh amháin a dhéanamh ar aon oibríocht más é conclúid an údaráis iniúchóireachta, bunaithe ar a bhreithiúnas gairmiúil, nach féidir tuairim iniúchóireachta bhailí a tharraingt suas.

5. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2 ná 3 sna cásanna seo a leanas:

- (a) is ann do riosca sonrath neamhrialtachta nó d'amhras faoi chalaiois;
- (b) is gá obair an údaráis iniúchóireachta a athdhéanamh chun dearbhú a fháil go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach;
- (c) is ann d'fhianaise go bhfuil easnamh tromchúiseach ar obair an údaráis iniúchóireachta.

Airteagal 81

Fíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí ar ionstraimí airgeadais

1. Ní dhéanfaidh an t-údarás bainistíochta fíoruithe bainistíochta ar an láthair i gcomhréir le hAirteagal 74(1) ach ar leibhéal na gcomhlachtaí atá ag cur na hionstraime airgeadais chun feidhme agus, i gcomhthéacs cistí ráthaíochta, ar leibhéal na gcomhlachtaí atá ag soláthar na n-iasachtaí nua foluiteacha. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta dul i muinín fíoruithe a rinne comhlachtaí seachtracha agus gan fíoruithe bainistíochta ar an láthair a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil fianaise leordhóthanach ann ar inniúlacht na gcomhlachtaí seachtracha seo.

2. Ní dhéanfaidh an t-údarás bainistíochta fíoruithe ar an láthair ar leibhéal BEI ná ar leibhéal institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát.

Mar sin féin, cuirfidh BEI nó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát tuarascálacha ar rialú ar fáil don údarás bainistíochta a thacaíonn leis na héilimh ar íocaíocht.

3. Déanfaidh an t-údarás iniúchóireachta iniúchtaí córais agus iniúchtaí ar oibríochtaí i gcomhréir le hAirteagal 77, 79 nó 83, mar is iomchuí, ar leibhéal na gcomhlachtaí atá ag cur na hionstraime airgeadais chun feidhme agus, i gcomhthéacs cistí ráthaíochta, ar leibhéal na gcomhlachtaí atá ag soláthar na n-iasachtaí nua foluiteacha. Féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta torthaí iniúchóirí seachtracha ar chomhlachtaí a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme a chur san áireamh, chun críocha na cinnteachta foriomláine, agus ar an mbonn sin, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta a chinneadh a chuid oibre iniúchóireachta féin a theorannú.

4. I gcomhthéacs cistí ráthaíochta, ní fhéadfaidh na comhlachtaí atá freagrach as cláir a iniúchadh iniúchtaí a dhéanamh ar na comhlachtaí a chuireann iasachtaí foluiteacha ar fáil ach amháin i gceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

- (a) mura bhfuil doiciméid tacaíochta ar fáil, a sholáthraíonn fianaise den tacaíocht ón ionstraim airgeadais do na faighteoirí deiridh, ar leibhéal an údaráis bainistíochta nó ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme;
- (b) má tá fianaise ann nach ionann na doiciméid atá ar fáil ar leibhéal an údaráis bainistíochta nó ar leibhéal na gcomhlachtaí atá ag cur na hionstraime airgeadais chun feidhme agus taifead fíor agus cruinn ar an tacaíocht a cuireadh ar fáil.

5. Ní dhéanfaidh an t-údarás iniúchóireachta iniúchtaí ar leibhéal BEI ná ar leibhéal institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát, maidir le hionstraimí airgeadais a chuireann siad chun feidhme.

Mar sin féin, déanfaidh BEI nó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile ar scairshealbhóir iontu Ballstát tuarascáil iniúchóireachta bhliantúil arna tarraingt suas ag a n-iniúchóirí seachtracha a chur ar fáil don Choimisiún agus don údarás iniúchóireachta faoi dheireadh gach bliana féilire. Cumhdóidh an tuarascáil sin na heilimintí a áirítear in Iarscríbhinn XXI, agus beidh sé mar bhonn d'obair an údaráis iniúchóireachta.

6. Déanfaidh BEI nó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile na doiciméid uile is gá a chur ar fáil d'údarás an chláir le gur féidir leo a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

Airteagal 82

Infhaighteacht doiciméad

1. Gan dochar do na rialacha lena rialaítear státhchabhair, áiríteoidh an t-údarás bainistíochta go ndéanfar na doiciméid tacaíochta uile a bhaineann le hoibríocht a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí a choinneáil ar an leibhéal iomchuí ar feadh tréimhse 5 bliana ón 31 Nollaig den bhliain ina ndearna an t-údarás bainistíochta an íocaíocht dheireanach leis an tairbhí.
2. Déanfar briseadh a chur sa tréimhse ama dá dtagraítear i mír 1 sin i gcás imeachtaí dlíthiúla nó ar iarraidh ón gCoimisiún.

CAIBIDIL III

Spleáchas ar chórais bhainistíochta náisiúnta

Airteagal 83

Socruithe comhréireacha feabhsaithe

Féadfaidh an Ballstát na socruithe comhréireacha feabhsuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le córas bainistíochta agus rialaithe cláir má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 84:

- (a) de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 74(1) agus ar Airteagal 74(2), ní fhéadfaidh an t-údarás bainistíochta ach nósanna imeachta náisiúnta a chur i bhfeidhm chun fíoruithe bainistíochta a dhéanamh;
- (b) de mhaolú ar Airteagal 77(1) maidir le hiniúchtaí córais agus ar Airteagal 79(1) agus (3) maidir le hiniúchtaí ar oibríochtaí, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta a ghníomhaíocht iniúchóireachta a theorannú d'iniúchtaí ar oibríochtaí lena gcuimsítear sampla atá bunaithe ar rogha staidrimh de 30 aonad samplála don chlár nó don ghrúpa clár lena mbaineann;

Chun críocha na bhfíoruithe bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, féadfaidh an t-údarás bainistíochta dul i muinín fíoruithe a rinne comhlachtaí seachtracha, ar choinníoll go bhfuil fianaise leordhóthanach ann ar inniúlacht na gcomhlachtaí sin.

I gcás phointe (b) den chéad fhomhír, i gcás ina mbíonn níos lú ná 300 aonad samplála sa líon, féadfaidh an t-údarás iniúchóireachta modh samplála neamhstaidrimh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 79(2).

Déanfaidh an Coimisiún a iniúchtaí féin a theorannú d'athbhreithniú ar obair an údarás iniúchóireachta trí athdhéanamh ar an leibhéal sin amháin, mura dtugtar le fios leis an bhfaisnéis atá ar fáil go bhfuil easnamh tromchúiseach in obair an údarás iniúchóireachta.

Airteagal 84

Coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na socruithe comhréireacha feabhsaithe

1. Féadfaidh an Ballstát na socruithe comhréireacha feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 83 a chur i bhfeidhm aon tráth le linn na clárthréimhse, i gcás ina bhfuil sé daingnithe ag an gCoimisiún, sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a foilsíodh don 2 bhliain dheireanacha roimh chinneadh den sórt sin ón mBallstát, go bhfuil córas bainistíochta agus rialaithe an chláir ag feidhmiú go héifeachtach agus go bhfuil an ráta earráide iomlán do gach bliain 2 % nó níos lú. Nuair a bheidh an Coimisiún ag measúnú fheidhmiú éifeachtach chóras bainistíochta agus rialaithe an chláir, cuirfidh sé san áireamh rannpháirtíocht an Bhallstáit lena mbaineann sa chomhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú.

I gcás ina gcinnfidh Ballstát na socruithe comhréireacha feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 83 a chur i bhfeidhm, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm socruithe den sórt sin. I gcás mar sin, beidh feidhm ag na socruithe ó thús na bliana cuntasíochta ina dhiaidh sin.

2. Ag tús na clárthréimhse, féadfaidh an Ballstát na socruithe comhréireacha feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 83 a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo i ndáil le clár comhchosúil arna chur chun feidhme le linn 2014-2020 agus i gcás inar forbairt, den chuid is mó, ar na socruithe ón gclár roimhe sin atá sna socruithe maidir le bainistíú agus rialú do chlár 2021-2027. I gcás den sórt sin, beidh feidhm ag na socruithe ó thús an chláir.

3. Déanfaidh an Ballstát an tuairisc ar an gcóras bainistíochta agus rialaithe agus ar an straitéis iniúchóireachta a leagtar amach in Airteagal 69(11) agus in Airteagal 78 a bhunú nó a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

Airteagal 85

Coigeartú le linn na clárthréimhse

1. Más é conclúid an Choimisiúin nó an údaráis iniúchóireachta, bunaithe ar na hiniúchtaí arna ndéanamh agus ar an tuarascáil bhliantúil ar rialú, nach bhfuiltear ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 84 a thuilleadh, iarrfaidh an Coimisiún ar an údaráis iniúchóireachta obair iniúchóireachta bhreise a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 69(3) agus deimhneoidh sé go ndéanfar gníomhaíochtaí ceartaitheacha.

2. I gcás ina ndaingneofar sa tuarascáil bhliantúil ar rialú ina dhiaidh sin nach bhfuiltear ag comhlíonadh na gcoinníollacha fós, sa dóigh go bhfuil teorainn curtha leis an dearbhú a tugadh don Choimisiún maidir le feidhmiú éifeachtach na gcóras bainistíochta agus rialaithe agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais, iarrfaidh an Coimisiún ar an údarás iniúchóireachta iniúchtaí córais a dhéanamh.

3. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó an deis a thabhairt don Bhallstát a chuid barúlacha a thabhairt, an Ballstát a chur ar an eolas nach mbeidh feidhm, ó thús na bliana ina dhiaidh sin amach, leis na socruithe comhréireacha feabhsaithe a leagtar amach in Airteagal 83.

TEIDEAL VII

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS, CUNTAIS A CHUR ISTEACH AGUS A SCRÚDÚ AGUS CEARTUITHE AIRGEADAIS

CAIBIDIL I

Bainistíocht airgeadais

Roinn I

Rialacha cuntasáíochta ginearálta

Airteagal 86

Gealltanais bhuiséadacha

1. Beidh an cinneadh lena bhformheastar an clár i gcomhréir le hAirteagal 23 ina chinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110(1) den Rialachán Airgeadais agus gealltanais dlíthiúil a bheidh ann nuair a thabharfar fógra faoin gcinneadh sin don Bhallstát lena mbaineann.

Sonrófar leis an gcinneadh sin an ranníocaíocht iomlán ón Aontas in aghaidh an Chiste agus in aghaidh na bliana. I gcás clár a chuimsítear faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis, áfach, déanfar méid a chomhfhreagraíonn do 50 % den ranníocaíocht do na blianta 2026 agus 2027 (“méid solúbthachta”) a choinneáil in aghaidh an chláir i ngach Ballstát agus ní dhéanfar é a leithdháileadh go cinntitheach, ach amháin tar éis an cinneadh ón gCoimisiún a ghlacadh tar éis an athbhreithnithe mheántearma i gcomhréir le hAirteagal 18.

2. Déanfaidh an Coimisiún na gealltanais bhuiséadacha ón Aontas maidir le gach clár i dtráthchodanna bliantúla le haghaidh gach Ciste le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2027.

3. De mhaolú ar Airteagal 111(2) den Rialachán Airgeadais, leanfaidh na gealltanais bhuiséadacha don chéad tráthchuid glacadh an chláir ag an gCoimisiún.

Airteagal 87

Úsáid an euro

Is in euro a ainmneofar aon mhéideanna a dhéanfaidh Ballstát a leagan amach i gclár, nó a thuairisciú nó a dhearbhu don Choimisiún.

*Airteagal 88***Aisíocaíocht**

1. Déanfar aon aisíocaíocht a bheidh le déanamh le buiséad ginearálta an Aontais a chur i gcrích roimh an dáta dlite a shonraítear san ordú gnóthaithe arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 98 den Rialachán Airgeadais. Is ar an lá deiridh den dara mí tar éis an t-ordú a eisiúint a bheidh an dáta dlite.
2. Má bhíonn aon mhoill ann a bhaineann le haisíocaíocht a dhéanamh, beidh ús i ngeall ar íocaíocht dheireanach i gceist ag tosú ar an dáta dlite agus ag críochnú ar dháta na híocaíochta iarbhír. Beidh ráta an úis sin pointe céatadáin go leith os cionn an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ina phríomhoibríochtaí athmhaoinithe ar an gcéad lá oibre den mhí ina mbeidh an dáta dlite.

Roinn II

Rialacha maidir le híocaíochtaí leis na Ballstáit*Airteagal 89***Cineálacha íocaíochtaí**

Déanfar na híocaíochtaí i bhfoirm réamh-mhaoiniú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéid na gcuntas don bhliain chuntasaíochta.

*Airteagal 90***Réamh-mhaoiniú**

1. Íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú bunaithe ar an tacaíocht iomlán ó na Cistí a leagtar amach sa chinneadh lena bhformheastar an clár.
2. Déanfar an réamh-mhaoiniú le haghaidh gach Ciste a íoc i dtráthchodanna bliantúla roimh an 1 Iúil gach bliain, faoi réir na gcistí a bheith ar fáil, mar a leanas:
 - (a) 2021: 0,5 %;
 - (b) 2022: 0,5 %;
 - (c) 2023: 0,5 %;
 - (d) 2024: 0,5 %;
 - (e) 2025: 0,5 %;
 - (f) 2026: 0,5 %.

I gcás ina nglactar clár oibríochtúil tar éis an 1 Iúil 2021, íocfar na tráthchodanna is luaithe an bhliain a nglacfar é.

3. De mhaolú ar mhír 2, leagfar amach rialacha sonracha maidir leis an réamh-mhaoiniú do chlár Interreg i Rialachán Interreg.
4. De mhaolú ar mhír 2, leagfar amach rialacha sonracha maidir leis an réamh-mhaoiniú do chlár a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV i Rialacháin Chiste-shonracha.
5. Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú do na blianta 2021 agus 2022 a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin gach bliain agus do na blianta 2023 go 2026 tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh i gcomhréir le hAirteagal 100.

I gcás clár a fhaigheann tacaíocht ó CTIL, ó CSI agus ó IBTV, déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh.

6. Úsáidfeadh aon ús arna ghiniúint leis an réamh-mhaoiniú le haghaidh an chlár lena mbaineann ar an dóigh chéanna leis na Cistí agus áireofar sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh é.

Airteagal 91

Iarratais ar íocaíocht

1. Déanfaidh an Ballstát sé hiarratas ar íocaíocht ar a mhéad a chur isteach in aghaidh an chláir, in aghaidh an Chiste agus in aghaidh na bliana cuntasáíochta. Féadfar iarratas amháin ar íocaíocht gach bliain a chur isteach uair ar bith i ngach tréimhse idir na dátaí seo a leanas: an 28 Feabhra, an 31 Bealtaine, an 31 Iúil, an 31 Deireadh Fómhair, an 30 Samhain agus an 31 Nollaig.

An t-iarratas deiridh ar íocaíocht a chuirfear isteach faoin 31 Iúil, measfar gurb é an i-iarratas deiridh ar íocaíocht é don bhliain chuntasáíochta dar críoch an 30 Meitheamh.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le cláir Interreg.

2. Ní bheidh iarratais ar íocaíocht inghlactha ach amháin má cuireadh isteach an pacáiste dearbhaithe is déanaí, dá dtagraítear in Airteagal 98, atá dlite.

3. Déanfar iarratais ar íocaíocht a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XXIII agus áireofar iontu, do gach tosaíocht agus, i gcás inarb infheidhme, de réir catagóir réigiúin, an méid seo a leanas:

(a) méid iomlán an chaiteachais incháilithe arna thabhtú ag tairbhíthe agus arna íoc chun oibríochtaí atá nasctha le cuspóirí sonracha a bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leo comhlíonta agus oibríochtaí atá nasctha le cuspóirí sonracha nach bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leo comhlíonta ach lena rannchuidítear le comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin, a chur chun feidhme, mar a iontráladh é i gcóras an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasáíochta;

(b) an méid don chúnaimh teicniúil arna ríomh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 36(5), i gcás inarb infheidhme;

(c) méid iomlán na ranníocaíochta poiblí a rinneadh nó atá le déanamh, atá nasctha le cuspóirí sonracha a bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leo comhlíonta agus oibríochtaí atá nasctha le cuspóirí sonracha nach bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leo comhlíonta ach lena rannchuidítear le comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin, mar a iontráladh é i gcóras an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasáíochta;

(d) méid iomlán an chaiteachais incháilithe arna thabhtú ag tairbhíthe agus arna íoc chun oibríochtaí atá nasctha le cuspóirí sonracha nach bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leo comhlíonta, cé is moite d'oibríochtaí lena rannchuidítear le comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin, a chur chun feidhme, mar a iontráladh é i gcóras an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasáíochta.

4. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 3, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) má dhéantar an ranníocaíocht ón Aontas de bhun phointe (a) d'Airteagal 51, is éard a bheidh sna méideanna a áireofar in iarratas ar íocaíocht na méideanna a bhfuil údar leo i bhfianaise an dul chun cinn i dtaca le comhlíonadh na gcoinníollacha, nó le gnóthú na dtorthaí, i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 95(2) nó leis an ngníomh tarmhligthe dá dtagraítear in Airteagal 95(4);

(b) má dhéantar an ranníocaíocht ón Aontas de bhun phointí (c), (d), (e) d'Airteagal 51, is éard a bheidh sna méideanna a áireofar in iarratas ar íocaíocht na méideanna arna gcinneadh i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 94(3) nó leis an ngníomh tarmhligthe dá dtagraítear in Airteagal 94(4);

(c) i gcás fhoirmeacha na ndeontas a liostaítear i bpointí (b), (c) agus (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 53(1), is éard a bheidh sna méideanna a áireofar in iarratas ar íocaíocht na costais arna ríomh ar an mbonn is infheidhme.

5. De mhaolú ar mhír 3, i gcás Státchabhrach, féadfar réamhíocaíochtaí a d'íoc an comhlacht a dheonaíonn an cúnaimh leis an tairbhí faoi na coinníollacha carnacha seo a leanas a áireamh san iarraidh ar íocaíocht:

(a) tá na réamhíocaíochtaí sin faoi réir rátháíochta arna tabhairt ag banc nó ag institiúid airgeadais eile atá bunaithe sa Bhallstát nó beidh siad á gcumhdach ag saoráid a thabharfaidh eintiteas poiblí nó Ballstát mar rátháíocht;

(b) ní théann na réamhíocaíochtaí sin thar 40 % de mhéid iomlán na cabhrach a bheidh le deonú ar an tairbhí i leith oibríochta ar leith;

(c) cumhdaítear na réamhíocaíochtaí sin le caiteachas arna íoc ag tairbhíthe agus na hoibríochtaí á gcur chun feidhme acu agus arna dtacú le sonraisc admhaithe nó doiciméid chuntasáíochta de luach coibhéiseach cruthúnais, ar a dhéanaí laistigh de 3 bliana i ndiaidh na bliana ar tugadh an réamhíocaíocht nó an 31 Nollaig 2029, cibé acu is luaithe, agus déanfar an chéad iarratas eile ar íocaíocht a cheartú dá réir ina éagmais sin.

I ngach iarratas ar íocaíocht ina n-áireofar réamhíocaíochtaí den chineál sin, nochtfar go leithleach an méid iomlán a íocadh ó na cláir mar réamhíocaíochtaí, an méid a clúdaíodh le caiteachas a d'íoc tairbhíthe laistigh de 3 bliana ó rinneadh réamhíocaíocht i gcomhréir le pointe (c), agus an méid nár clúdaíodh le caiteachas a d'íoc tairbhíthe agus nach bhfuil an tréimhse 3 bliana maidir leis caite fós.

6. Dé mhaolú ar phointe (c) de mhír 3 den Airteagal seo, i gcás scéimeanna cúnamh faoi Airteagal 107 CFAE, an ranníocaíocht phoiblí lena gcomhfhreagraítear don chaiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht, beidh sí íoctha cheana leis na tairbhíthe ag an gcomhlacht a dheonaíonn an cúnamh.

Airteagal 92

Eilimintí sonracha le haghaidh ionstraimí airgeadais in iarratais ar íocaíocht

1. I gcás ina gcuirfear ionstraimí airgeadais chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 59(1), áireofar in iarratais ar íocaíocht a chuirfidh an t-údarás bainistíochta isteach i gcomhréir le hlarscríbhinn XXIII na méideanna iomlána arna n-íoc amach le faighteoirí deiridh dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 68(1), nó i gcás ráthaíochtaí, na méideanna a chuirfidh an t-údarás sin i leataobh do chonarthaí ráthaíochta.

2. I gcás ina gcuirfear ionstraimí airgeadais chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 59(2), is i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas a chuirfear isteach iarratais ar íocaíocht lena gcuimsítear caiteachas le haghaidh ionstraimí airgeadais:

- (a) an méid a áirítear sa chéad iarratas ar íocaíocht a bheith íoctha cheana leis an ionstraim airgeadais agus is féidir suas le 30 % de mhéid iomlán ranníocaíochtaí an chláir leis na hionstraimí airgeadais faoin gconradh cistiúcháin ábhartha a bheith ann, i gcomhréir leis an tosaíocht ábhartha agus leis an gcatagóir réigiúin ábhartha, i gcás inarb infheidhme;
- (b) an méid a áirítear in iarratais ar íocaíocht ina dhiaidh sin a chuirfear isteach le linn na tréimhse incháilitheachta, áireofar iontu an caiteachas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 68(1).

3. Imréiteofar an méid a áirítear sa chéad iarratas ar íocaíocht, dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh.

Nochtfar ar leithligh é in iarratais ar íocaíocht.

Airteagal 93

Comhrialacha maidir le híocaíochtaí

1. Gan dochar d'Airteagal 15(5) agus (6) agus faoi réir an chistithe a bheidh ar fáil, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha laistigh de 60 lá ón dáta a gheobhaidh an Coimisiún iarratas ar íocaíocht.

2. Cuirfear gach íocaíocht i leith an ghealltanais bhuiséadaigh is túisce a bheidh oscailte den Chiste agus den chatagóir réigiúin lena mbaineann. Aisíocfaidh an Coimisiún mar íocaíochtaí eatramhacha 95 % de na méideanna a áirítear san iarratas ar íocaíocht, ar toradh é ar chur i bhfeidhm an ráta cómhaoinithe le haghaidh gach tosaíochta ar an gcaiteachas incháilithe iomlán nó ar an ranníocaíocht phoiblí de réir mar is iomchuí. Cinnfidh an Coimisiún na méideanna eile atá le haisíoc nó le gnóthú nuair a ríomhfar iarmhéid na gcuntas i gcomhréir le hAirteagal 100.

3. An tacaíocht ó na Cistí do thosaíocht i bhfoirm íocaíochtaí eatramhacha, ní bheidh sí níos airde ná méid na tacaíochta ó na Cistí don tosaíocht a leagtar síos sa chinneadh lena bhformheastar an clár.

4. I gcás ranníocaíocht ón Aontas a bheidh in aon cheann de na foirmeacha a liostaítear in Airteagal 51, ní íocfaidh an Coimisiún níos mó ná an méid arna iarraidh ag an mBallstát.

5. An tacaíocht ó na Cistí do thosaíocht mar íocaíocht an iarmhéid don bhliain chuntasaíochta deiridh, ní bheidh sí níos mó ná aon cheann de na méideanna seo a leanas:

- (a) an ranníocaíocht phoiblí arna dearbhú in iarratais ar íocaíocht;
- (b) an tacaíocht ó na Cistí a íocadh nó atá le híoc le tairbhíthe;
- (c) an méid arna iarraidh ag an mBallstát.

Ní chuirfear na méideanna arna n-aisíoc de bhun Airteagal 36(5) san áireamh chun an uasteorainn a leagtar amach i bpointe (b) den chéad fhomhír den Airteagal seo a ríomh.

6. Ar iarratas ó Bhallstát, féadfar íocaíochtaí eatramhacha a mhéadú 10 % os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme maidir le gach tosaíocht do na Cistí, má chomhlíonann Ballstát ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas tar éis an 1 Iúil 2021:

- (a) fuair an Ballstát iasacht ón Aontas de bhun Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle ⁽⁵²⁾;
- (b) fuair an Ballstát cúnamh airgeadais meántearma faoin Sásra Cobhsaíochta Eorpach, a bhunaítear sa Chonradh lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach an 2 Feabhra 2012 nó amháil dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ar choinníoll go gcuirfí chun feidhme clár coigeartaithe maicreacnamaíoch;
- (c) cuireadh cúnamh airgeadais ar fáil don Bhallstát lena mbaineann ar choinníoll go gcuirfí chun feidhme clár coigeartaithe maicreacnamaíoch mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 472/2013.

Ní féidir leis an ráta méadaithe a bheith níos mó ná 100 %, agus beidh feidhm aige maidir le hiarrataí ar íocaíochtaí go dtí deireadh na bliana féilire ina dtiocfaidh an cúnamh airgeadais gaolmhar chun deiridh.

7. Ní bheidh feidhm ag mír 6 maidir le cláir Interreg.

Airteagal 94

Ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar chostais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe

1. Féadfaidh an Coimisiún ranníocaíocht an Aontais le clár a aisíoc ar bhonn na gcostas aonaid, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe i gcomhréir le hAirteagal 51, bunaithe ar na méideanna agus ar na rátaí a fhorghéar le cinneadh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo nó bunaithe ar na méideanna agus ar na rátaí a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo.

2. Chun úsáid a bhaint as ranníocaíocht ón Aontas leis an gclár ar bhonn costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe, cuirfidh na Ballstáit togra faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis na teimpléid dá dtagraítear in Iarscríbhinn V agus VI, mar chuid de chur isteach an chláir nó d'iarraidh ar leasú ar an gclár.

Na méideanna agus na rátaí a mholfaidh an Ballstát, bunófar iad ar bhonn an mhéid seo a leanas agus déanfar iad a mheasúnú ag an údarás iniúchóireachta:

- (a) modh ríomha cóir cothromasach infhíoraithe atá bunaithe ar aon cheann acu seo a leanas:
 - (i) sonraí staidrimh, faisnéis oibiachtúil eile nó breithiúnas saineolach;
 - (ii) sonraí stairiúla fíoraithe;
 - (iii) gnáthchleachtais na cuntasáíochta costais a chur i bhfeidhm;
- (b) dréachtbhuiséid;
- (c) na rialacha maidir le costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe comhfhreagracha is infheidhme maidir le beartais an Aontais le haghaidh oibríocht den chineál céanna;
- (d) na rialacha maidir le costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe comhfhreagracha arna gcur i bhfeidhm faoi scéimeanna le haghaidh deontais arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh oibríocht den chineál céanna.

3. Sa chinneadh lena bhformheasfar an clár nó leasú ar an gclár, leagfar amach na cineálacha oibríochta a chumhdaítear leis an aisíocaíocht bunaithe ar chostais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe, sainiú na gcostas aonaid, na gcnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe sin, agus na méideanna a chumhdaítear leo agus na modhanna chun na méideanna a choigeartú.

Aisíocfaidh na Ballstáit na tairbhíthe chun críocha an Airteagail seo. Féadfaidh aon chineál tacaíochta a bheith i gceist leis an aisíocaíocht sin.

Díreofar go heisiach ar a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht ón gCoimisiún sna hiniúchtaí agus fíoruithe bainistíochta a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit.

⁽⁵²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 407/2010 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2010 lena mbunaítear sásra cobhsaíochta airgeadais Eorpach (IO L 118, 12.5.2010, lch. 1).

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 114 chun an tAirteagal seo a fhorlíonadh trí chostais aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, a méideanna agus na modhanna coigeartaithe ar leibhéal an Aontais a shainiú ar na bealaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den dara fomhír de mhír 2 den Airteagal seo.

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le ranníocaíocht ón Aontas le haghaidh cúnaimh teicniúil arna haisíoc de bhun phointe (e) d'Airteagal 51.

Airteagal 95

Ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar mhaoiniú agus nach nasctar le costais

1. Féadfaidh an Coimisiún an ranníocaíocht ón Aontas le tosaíocht clár iomlán nó le codanna de thosaíocht a aisíoc bunaithe ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais i gcomhréir le hAirteagal 51, bunaithe ar na méideanna a fhorhmeastar le cinneadh dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo nó bunaithe ar na méideanna a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo. Chun úsáid a bhaint as ranníocaíocht ón Aontas leis an gclár nó le codanna den chlár ar bhonn maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, cuirfidh an Ballstát togra faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir leis na teimpléid dá dtagraítear in Iarscríbhinní V agus VI, mar chuid den chlár nó d'iarraidh ar leasú ar an gclár. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa togra:

- (a) sonrú na tosaíochta lena mbaineann agus an méid foriomlán arna chumhdach ag maoiniú nach bhfuil nasctha le costais;
- (b) tuairisc ar an gcuid den chlár agus ar an gcineál oibríochtaí arna gcumhdach ag an maoiniú nach bhfuil nasctha le costais;
- (c) tuairisc ar na coinníollacha atá le comhlíonadh nó ar na torthaí atá le baint amach agus amlíne;
- (d) táirgí insoláthartha idirmheánacha a spreagfaidh aisíocaíocht ón gCoimisiún;
- (e) aonaid tomhais;
- (f) an sceideal don aisíocaíocht ón gCoimisiún agus na méideanna gaolmhara atá nasctha leis an dul chun cinn i dtaca le coinníollacha a chomhlíonadh nó torthaí a bhaint amach;
- (g) na socruithe le haghaidh fíorú na dtáirgí insoláthartha idirmheánacha agus lena fíorú gur comhlíonadh coinníollacha agus gur baineadh amach torthaí;
- (h) na modhanna chun na méideanna a choigeartú, i gcás inarb infheidhme;
- (i) na socruithe chun an rian iniúchóireachta a áirithiú i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII lena léirítear gur comhlíonadh na coinníollacha agus gur baineadh amach torthaí;
- (j) an cineál modha aisíochta a bheartaítear a úsáid chun an tairbhí nó na tairbhíthe a aisíoc i dtosaíocht nó i gcodanna de thosaíocht atá sna cláir a bhaineann leis an Airteagal seo.

2. Sa chinneadh lena bhformheasfar an clár nó an iarraidh ar leasú ar an gclár, leagfar amach na heilimintí a liostaítear i mír 1.

3. Aisíocfaidh na Ballstáit na tairbhíthe chun críocha an Airteagail seo. Féadfaidh aon chineál tacaíochta a bheith i gceist leis an aisíocaíocht sin.

Díreofar go heisiach ar a fíorú gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht ón gCoimisiún nó gur baineadh na torthaí amach, sna hiniúcháir agus fíoruithe bainistíochta a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 114 chun an tAirteagal seo a fhorlíonadh trí mhéideanna a leagan síos le haghaidh maoiniú ar leibhéal an Aontais nach bhfuil nasctha le costais de réir an chineáil oibríochta, trí na modhanna a leagan síos le haghaidh na méideanna sin a choigeartú agus trí na coinníollacha atá le comhlíonadh nó na torthaí atá le baint amach a leagan síos.

Roinn III

Bristí agus fionraithe*Airteagal 96***An spriocdháta íocaíochta a bhriseadh**

1. Féadfaidh an Coimisiún briseadh a chur sa spriocdháta íocaíochta, seachas i gcás réamh-mhaoiniú, ar feadh uastréimhse 6 mhí i gcás ina gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá fianaise ann a thugann le fios gurb ann d'easnamh tromchúiseach agus nach ndearnadh bearta ceartaitheacha ina leith;
 - (b) tá ar an gCoimisiún fíoruithe breise a dhéanamh tar éis dó faisnéis a fháil go bhféadfadh caiteachas a chuimsítear in iarratas ar íocaíocht a bheith nasctha le neamhrialtacht.
2. Féadfaidh an Ballstát a aontú tréimhse an bhriste a shíneadh 3 mhí.
3. Déanfaidh an Coimisiún an briseadh a theorannú don chuid sin den chaiteachas dá ndéanann na heilimintí dá dtagraítear i mír 1 dífeá, ach amháin murar féidir an chuid sin den chaiteachas lena mbaineann a shainaithint. Déanfaidh an Coimisiún an chúis a bhí leis an mbriseadh a chur in iúl láithreach agus i scríbhinn don Bhallstát agus don údarás bainistíochta agus iarrfaidh sé orthu an cás a leigheas. Cuirfidh an Coimisiún deireadh leis an mbriseadh a luaithe a dhéanfar na bearta lena leigheasfar na heilimintí dá dtagraítear i mír 1.
4. Sna rialacha Ciste-shonracha do CEMID, féadfar forais shonracha a leagan síos maidir le briseadh sna híocaíochtaí i ndáil le neamhchomhlíonadh rialacha is infheidhme faoin gComhbheartas Iascaigh.

*Airteagal 97***Íocaíochtaí a chur ar fionraí**

1. Féadfaidh an Coimisiún íocaíochtaí, cé is moite de réamh-mhaoiniú, a chur ar fionraí ina n-iomláine nó i bpáirt tar éis dó an deis a thabhairt don Bhallstát a bharúlacha a chur i láthair, i gcás ina gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) ní dhearna an Ballstát an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun an cás a leigheas, rud ba chúis le briseadh de réir Airteagal 96;
 - (b) gurb ann d'easnamh tromchúiseach;
 - (c) go bhfuil an caiteachas in iarratas ar íocaíocht bainteach le neamhrialtacht nach bhfuil ceartaithe;
 - (d) gurb ann do thuairim réasúnaithe ón gCoimisiún i leith nós imeachta maidir le sárú faoi Airteagal 258 CFAE lena gcuirtear dlíthiúlacht agus rialacht caiteachais i mbaol.
2. Cuirfidh an Coimisiún deireadh le fionraíocht íocaíochtaí ina n-iomláine nó i bpáirt nuair a bheidh na bearta lena leigheastar na heilimintí dá dtagraítear i mír 1 déanta ag an mBallstát.
3. Sna rialacha Ciste-shonracha do CEMID, féadfar forais shonracha a leagan síos maidir le híocaíochtaí a chur ar fionraí i ndáil le neamhchomhlíonadh rialacha is infheidhme faoin gComhbheartas Iascaigh.

CAIBIDIL II

Cuntais a chur isteach agus a scrúdú

Airteagal 98

Ábhar na gcuntas agus iad a chur isteach

1. I gcás gach bliana cuntasáochta ar cuireadh iarratais ar íocaíocht isteach ina leith, cuirfidh an Ballstát faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 15 Feabhra, na doiciméid seo a leanas (“an pacáiste dearbhaithe”) lena gcumhdófar an bhliain chuntasáochta roimhe sin:

- (a) na cuntais i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XXIV;
- (b) an dearbhú bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (f) d’Airteagal 74(1) i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XVIII;
- (c) an tuairim iniúchóireachta bhliantúil dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 77(3) i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XIX;
- (d) an tuarascáil bhliantúil ar rialú dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 77(3) i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XX.

2. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an spriocdháta dá dtagraítear i mír 1 go dtí an 1 Márta, arna chur sin in iúl don Bhallstát lena mbaineann.

3. Beidh an méid seo a leanas ar áireamh sna cuntais, ar leibhéal gach tosaíochta agus, i gcás inarb ábhartha, de réir an chiste agus de réir na catagóire réigiúin:

- (a) méid iomlán an chaiteachais incháilithe a iontráladh i gcórais chuntasáochta an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasáochta a cuireadh san áireamh san iarratas deiridh ar íocaíocht don bhliain chuntasáochta agus méid iomlán na ranníocaíochta poiblí comhfhreagraí a rinneadh nó atá le déanamh atá nasctha le cuspóirí sonracha a bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leo comhlíonta agus oibríochtaí atá nasctha le cuspóirí sonracha nach bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leo comhlíonta ach lena rannchuidítear le comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin;
- (b) na méideanna arna n-aistarraingt i rith na bliana cuntasáochta;
- (c) méideanna na ranníocaíochta poiblí arna híoc le hionstraimí airgeadais;
- (d) i gcás gach tosaíochta, míniú ar aon difríochtaí idir na méideanna arna ndearbhú de bhun phointe (a) agus na méideanna arna ndearbhú in iarratais ar íocaíocht don bhliain chuntasáochta chéanna.

4. Ní bhaineann an pacáiste ráthaíochta le méid iomlán an chaiteachais incháilithe arna thabhtú ag tairbhíthe agus arna íoc chun oibríochtaí nó na ranníocaíochtaí poiblí comhfhreagracha a rinneadh nó atá le déanamh agus atá nasctha le cuspóirí sonracha nach bhfuil na coinníollacha cumasúcháin a bhaineann leo comhlíonta cé is moite d’oibríochtaí lena rannchuidítear le comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin, a chur chun feidhme.

5. Ní bheidh na cuntais inghlactha mura ndearna na Ballstáit na ceartuithe is gá chun an ráta earráide iarmharach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a áirítear sna cuntais a laghdú go dtí 2 % nó níos lú.

6. Go háirithe, bainfidh na Ballstáit na nithe seo a leanas as na cuntais:

- (a) an caiteachas neamhrialta a ndearnadh ceartú airgeadais air i gcomhréir le hAirteagal 103;
- (b) an caiteachas atá faoi réir measúnú leanúnach ar a dhlíthiúlacht agus rialtacht;
- (c) méideanna eile de réir mar is gá chun an ráta earráidí iarmharacha a laghdú den chaiteachas atá dearbhaithe sna cuntais go 2 % nó níos lú.

Féadfaidh na Ballstáit caiteachas faoi phointe (b) den chéad fhomhír a áireamh in iarratas ar íocaíocht i mbliain chuntasáochta ina dhiaidh sin fad agus a dhaingneofar a dhlíthiúlacht agus a rialtacht.

7. Na méideanna neamhrialta a bhraithfidh an Ballstát tar éis dó na cuntais ina raibh na méideanna sin curtha isteach, féadfaidh sé iad a cheartú trí na coigeartuithe comhfhreagracha a dhéanamh sna cuntais don bhliain chuntasaíochta ina mbraitear an neamhrialtacht, gan dochar d'Airteagal 104.

8. Mar chuid den phacáiste dearbhaithe, déanfaidh an Ballstát an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 43 nó an tuarascáil bhliantúil deiridh ar fheidhmíocht i gcás CEMI, CSI nó IBTV a chur isteach don bhliain chuntasaíochta deiridh.

Airteagal 99

Scrúdú ar chuntais

Deimhneoidh an Coimisiún dó féin go bhfuil na cuntais lánchríochnaithe, cruinn agus fíor faoin 31 Bealtaine den bhliain tar éis dheireadh na bliana cuntasaíochta mura bhfuil feidhm ag Airteagal 102.

Airteagal 100

An t-iarmhéid a ríomh

1. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún an méid is inmhuirir i leith na gCistí don bhliain chuntasaíochta agus na coigeartuithe dá réir sin i ndáil leis na híocaíochtaí leis an mBallstát, cuirfidh an Coimisiún na nithe seo a leanas san áireamh:

- na méideanna sna cuntais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 98(3) a bhfuil an ráta cómhaoinithe le gach tosaíochta le cur i bhfeidhm maidir leo;
- méid iomlán na n-íocaíochtaí eatramhacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún le linn na bliana cuntasaíochta;
- i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Chomhtháthaithe, CUAC agus CEMID, do na blianta 2021 agus 2022, méid an réamh-mhaoinithe.

2. I gcás ina bhfuil méid atá inghnóthaithe ón mBallstát, beidh sé faoi réir ordú inghnóthaithe a eiseoidh an Coimisiún agus a chuirfear i gcrích trí é a fhritháireamh, i gcás inar féidir, i gcoinne méideanna atá dlite don mBallstát in íocaíochtaí ina dhiaidh sin leis an gclár céanna. Ní mheasfar gur ceartú airgeadais é gnóthú den sórt sin ná ní laghdóidh sé an tacaíocht a fhaigheann an clár ó na Cistí. Is éard a bheidh sa mhéid a ghnóthófar ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán Airgeadais.

Airteagal 101

An nós imeachta maidir le cuntas a scrúdú

1. Beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 102 i gceachtar de na cásanna seo a leanas:

- tá tuairim iniúchóireachta cháilithe nó chodarsnach tugtha ag an údarás iniúchóireachta ar chúiseanna a bhaineann le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas;
- tá fianaise ag an gCoimisiún lena gcaitear amhras ar iontaofacht tuairime iniúchóireachta neamhcháilithe.

2. I ngach cás eile, ríomhfaidh an Coimisiún na méideanna is inmhuirir i leith na gCistí i gcomhréir le hAirteagal 100 agus déanfaidh sé na híocaíochtaí nó na gnóthuithe faoi seach faoin 1 Iúil. Glacfar leis na cuntais de thairbhe na híocaíochta nó an ghnóthaithe sin.

Airteagal 102

An nós imeachta bréagnaitheach maidir le cuntais a scrúdú

1. Má thugann an t-údarás iniúchóireachta tuairim iniúchóireachta atá cáilithe nó neamhfhabhrach ar chúiseanna a bhaineann le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBallstát na cuntais seo a athbhreithniú agus na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 98(1) a chur faoina bhráid arís laistigh d'aon mhí amháin.

Más rud é, faoin teorainn ama a leagtar amach sa chéad fhomhír:

- (a) go bhfuil an tuairim iniúchóireachta neamhcháilithe, beidh feidhm ag Airteagal 100 agus íocfaidh an Coimisiún aon mhéid breise nó rachaidh sé i mbun gnóthú laistigh de 2 mhí;
- (b) go bhfuil an tuairim iniúchóireachta fós cáilithe nó nár chuir an Ballstát doiciméid isteach arís, beidh feidhm ag míreanna 2, 3 agus 4.

2. Má tá an tuairim iniúchóireachta fós cáilithe ar chúiseanna a bhaineann le hiomláine, cruinneas agus firinneacht na gcuntas nó má tá an tuairim iniúchóireachta fós neamh-iontaofa, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas faoin méid is innhuirir i leith na gCistí don bhliain chuntasaíochta.

3. I gcás ina n-aontóidh an Ballstát leis an méid dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo laistigh d'aon mhí amháin, íocfaidh an Coimisiún laistigh de 2 mhí méid ar bith eile atá dlite nó rachaidh sé i mbun gnóthú i gcomhréir le hAirteagal 100.

4. I gcás nach n-aontóidh an Ballstát leis an méid dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, leagfaidh an Coimisiún síos an méid is innhuirir i leith na gCistí don bhliain chuntasaíochta. Ní mheasfar gur ceartú airgeadais é beart den sórt sin ná ní laghdóidh sé an tacaíocht a fhaigheann an clár ó na Cistí. Íocfaidh an Coimisiún laistigh de 2 mhí méid eile atá dlite nó rachaidh sé i mbun gnóthú i gcomhréir le hAirteagal 100.

5. Maidir leis an mbliain chuntasaíochta deiridh, déanfaidh an Coimisiún iarmhéid bhliantúil na gcuntas a íoc nó a ghnóthú i gcás na gclár a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CUAC agus ó CEMID tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis an dáta a ghlacfar an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 43.

CAIBIDIL III

Ceartuithe airgeadais

Airteagal 103

Ceartuithe airgeadais le déanamh ag na Ballstáit

1. Déanfaidh na Ballstáit buiséad an Aontais a chosaint agus ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm tríd an tacaíocht ó na Cistí d'oibríocht nó do chlár a chur ar ceal ina hiomláine nó i bpáirt i gcás ina bhfaighfear amach go bhfuil caiteachas arna dhearbhu don Choimisiún neamhrialta.

2. Déanfar ceartuithe airgeadais a thairfeadh sna cuntais don bhliain chuntasaíochta a gcinnfear an cealú.

3. Féadfaidh an Ballstát an tacaíocht ó na Cistí arna cealú a athúsáid laistigh den chlár lena mbaineann ach amháin le haghaidh aon oibríocht a ndearnadh an ceartú sin uirthi nó, i gcás ina ndéantar ceartú airgeadais i gcás neamhrialtacht shistéamach, le haghaidh aon oibríocht a ndearna an neamhrialtacht shistéamach difear di.

4. Sna rialacha Ciste-shonracha do CEMID, féadfar forais shonracha a leagan síos maidir le ceartuithe airgeadais ag na Ballstáit i ndáil le neamhchomhlíonadh rialacha is infheidhme faoin gComhbheartas lascaigh.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 3, in oibríochtaí lena gcuimsítear ionstraimí airgeadais, an ranníocaíocht a chuirfear ar ceal i gcomhréir leis an Airteagal seo, mar thoradh ar neamhrialtacht aonair, féadfar í a athúsáid laistigh den oibríocht chéanna faoi na coinníollacha seo a leanas:

- (a) más ar leibhéal an fhaighteora deiridh a thugtar faoi deara an neamhrialtacht is cúis le cealú na ranníocaíochta, ní fhéadfar í a athúsáid ach d'fhaighteoirí deiridh eile laistigh den ionstraim airgeadais chéanna;
- (b) más ar leibhéal an chomhlachta a chuireann an ciste sonracha chun feidhme a bhraitear an neamhrialtacht is cúis le cealú na ranníocaíochta, i gcás inar trí struchtúr a bhfuil ciste sealbhaíochta aige a chuirfear an ionstraim airgeadais chun feidhme, ní fhéadfar í a athúsáid ach le haghaidh comhlachtaí eile a chuireann cistí sonracha chun feidhme.

Más ar leibhéal an chomhlachta a chuireann an ciste sealbhaíochta chun feidhme a bhraitear an neamhrialtacht sin is cúis le cealú na ranníocaíochta, nó ar leibhéal an chomhlachta a chuireann an ciste sonracha chun feidhme i gcás ina gcuirtear ionstraim airgeadais chun feidhme trí struchtúr nach bhfuil ciste sealbhaíochta aige, ní dhéanfar an ranníocaíocht arna cealú a athúsáid laistigh den oibríocht chéanna.

Má dhéantar ceartú airgeadais i gcás neamhrialtacht shistéamach, ní dhéanfar an ranníocaíocht arna cealú a athúsáid le haghaidh aon oibríocht a ndearna an neamhrialtacht shistéamach difear di.

6. Na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, déanfaidh siad ranníocaíochtaí cláir a ndearna neamhrialtachtaí difear dóibh a aisíoc leis na Ballstáit, maille le hús agus aon ghnóthachain eile arna nginiúint ag na ranníocaíochtaí seo.

Na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, ní dhéanfaidh siad na méideanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír a aisíoc leis na Ballstáit ar choinníoll go léiríonn na comhlachtaí sin i gcás neamhrialtacht áirithe go gcomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

- (a) gur ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh a tharla an neamhrialtacht nó, i gcás ciste sealbhaíochta, gur ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann cistí sonracha chun feidhme nó na bhfaighteoirí deiridh a tharla sí;
- (b) gur chomhlíon na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme a n-oibleagáidí, i ndáil leis na ranníocaíochtaí cláir a ndearna an neamhrialtacht difear dóibh, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus gur ghníomhaigh siad leis an gcúram gairmiúil, an trédhearcacht agus an dúthracht a éilítear ar an gcomhlacht gairmiúil a bhfuil taithí aige ar ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme;
- (c) nár bh fhéidir na méideanna a ndearna an neamhrialtacht difear dóibh a ghnóthú d'ainneoin go ndearna na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme na bearta conarthacha agus dlíthiúla uile b'infheidhme, le dícheall cuí.

Airteagal 104

Ceartuithe airgeadais le déanamh ag an gCoimisiún

1. Déanfaidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais tríd an tacaíocht ó na Cistí do chlár a laghdú, i gcás ina gcinnfidh sé:
 - (a) gurb ann d'easnamh tromchúiseach a chuir i mbaol an tacaíocht ó na Cistí atá íoctha cheana féin leis an gclár;
 - (b) go bhfuil caiteachas atá i gcuntais ar glacadh leo neamhrialtachtaí agus nár bhraith ná nár thuairiscigh an Ballstát é;
 - (c) nach bhfuil a oibleagáidí faoi Airteagal 97 comhlíonta ag an mBallstát roimh don Choimisiún an nós imeachta maidir le ceartú airgeadais a oscailt.

I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais ráta chomhréidh nó eachtarshuite i bhfeidhm, déanfar sin i gcomhréir le hIarscríbhinn XXV.

2. Sula ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ceartú airgeadais, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas faoina conclúidí agus tabharfaidh sé an deis don Bhallstát, laistigh de 2 mhí, a bharúlacha a chur i láthair agus a léiriú gur lú méid iarbhrí na neamhrialtachta ná an méid atá sa tuarascáil ón gCoimisiún. Féadfar an spriocdháta a shíneadh i gcás ina gcomhaontófar sin go frithpháirteach.

3. I gcás nach nglacfaidh an Ballstát le conclúidí an Choimisiúin, tabharfar cuireadh don Bhallstát freastal ar éisteacht ag an gCoimisiún, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ábhartha agus na barúlacha ábhartha ar fad ar fáil le bheith mar bhunús le conclúidí an Choimisiúin i dtaobh an ceartú airgeadais a chur i bhfeidhm.

4. Agus cinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le ceartú airgeadais, cuirfidh sé méid agus minicíocht na neamhrialtachtaí nó na heasnamh tromchúiseacha agus na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo san áireamh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, laistigh de 10 mí tar éis na héisteachta nó tar éis an dáta a chuirfear faisnéis bhreise isteach de réir éileamh ón gCoimisiún.

Nuair a dhéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ceartú airgeadais, cuirfidh sé san áireamh an fhaisnéis uile agus na barúlacha uile arna gcur faoina bhráid.

I gcás ina n-aontóidh Ballstát leis an gceartú airgeadais i gcásanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 sula nglacfar an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh an Ballstát na méideanna lena mbaineann a athúsáid. Ní bheidh feidhm ag an deis sin maidir le cas ceartú airgeadais faoi phointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1.

5. Sna rialacha Ciste-shonracha do CEMID, féadfar forais shonracha a leagan síos maidir le ceartuithe airgeadais ag an gCoimisiún i ndáil le neamhchomhlíonadh rialacha is infheidhme faoin gComhbheartas Talmhaíochta.

6. Sna rialacha Ciste-shonracha maidir le CUAC, féadfar forais shonracha a leagan síos maidir le ceartuithe airgeadais ag an gCoimisiún i ndáil le neamh-chomhlíonadh spriocanna a bhunaítear i dtaca le CUAC.

CAIBIDIL IV

Saoradh

Airteagal 105

Prionsabail agus rialacha maidir le saoradh

1. Saorfaidh an Coimisiún aon mhéid i gclár nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 90, nó nár cuireadh iarratas ar íocaíocht faoina bhráid ina leith i gcomhréir le hAirteagail 91 agus 92, faoin 31 Nollaig den tríú bliain féilire tar éis bhliain na ngealltanais buiséadach do na blianta 2021 go 2026.

2. An chuid de na gealltanais a bheidh fós ar oscailt an 31 Nollaig 2029, déanfar í a shaoradh mura gcuirfeadh an pacáiste dearbhaithe agus an tuarascáil deiridh ar fheidhmíocht le haghaidh na gclár a fhaigheann tacaíocht ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CUAC agus ó CEMID faoi bhráid an Choimisiúin faoin teorainn ama a leagtar amach in Airteagal 43(1).

Airteagal 106

Eisceachtaí ar na rialacha saortha

1. Déanfar an méid a mbaineann an saoradh leis a laghdú leis na méideanna atá coibhéiseach leis an gcuid sin den ghealltanais buiséadach ar ina leith:

- (a) a cuireadh na hoibríochtaí ar fionraí trí imeachtaí dlíthiúla nó trí achomharc riaracháin a bhfuil éifeacht fhionraitheach aige; nó
- (b) nach rabhthas in ann iarratas ar íocaíocht a dhéanamh ar chúiseanna *force majeure* a imríonn tionchar tromchúiseach ar chur chun feidhme an chláir ina iomláine nó i bpáirt.

Léireoidh na húdaráis náisiúnta a mhaíonn go raibh *force majeure* ann tionchar díreach an *force majeure* ar chur chun feidhme an chláir ina iomláine nó i bpáirt.

2. Faoin 31 Eanáir, cuirfidh an Ballstát faisnéis chuig an gCoimisiún faoi na heisceachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír de mhír 1 i dtaobh an mhéid atá le dearbhú faoin 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.

Airteagal 107

Nós imeachta maidir le saoradh

1. Ar bhonn na faisnéise atá faighte aige ón 31 Eanáir, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát méid an tsaortha ar toradh na faisnéise sin é.

2. Beidh 2 mhí ag an mBallstát chun aontú leis an méid a bheidh le saoradh nó chun a bharúlacha a chur isteach.

3. Faoin 30 Meitheamh, cuirfidh an Ballstát faoi bhráid an Choimisiúin plan maoinithe leasaithe ina léireofar, don bhliain féilire lena mbaineann, méid laghdaithe na tacaíochta thar thosaíocht amháin nó níos mó den chlár. I gcás cláir a fhaigheann tacaíocht ó níos mó ná Ciste amháin, laghdófar an méid tacaíochta de réir an Chiste i gcomhréir leis na méideanna a mbaineann an saoradh leo nár úsáideadh le linn na bliana féilire lena mbaineann.

Mura gcuirfear é sin faoina bhráid, déanfaidh an Coimisiún an plan maoinithe a leasú tríd an ranníocaíocht ó na Cistí a laghdú don bhliain féilire lena mbaineann. Déanfar an laghdú a leithdháileadh idir gach tosaíocht i gcomhréir leis na méideanna a mbaineann an saoradh leo nár úsáideadh le linn na bliana féilire lena mbaineann.

4. Déanfaidh an Coimisiún an cinneadh lena bhformheastar an clár a leasú tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair.

TEIDEAL VIII

CREAT AIRGEADAIS

Airteagal 108

Cumhdach geografach na tacaíochta do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis

1. Tacóidh CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis i ngach réigiún a chomhfhreagraíonn do leibhéal 2 den aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh ("réigiúin ar leibhéal NUTS 2") a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, arna leasú le Rialachán (AE) 2016/2066.

2. Déanfar acmhainní ó CFRE agus ó CSE+ do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a leithdháileadh ar na trí chatagóir seo a leanas de réigiúin ar leibhéal NUTS 2:

- (a) réigiúin bheagfhorbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* faoi bhun 75 % de mheán-OTI AE-27 ("réigiúin bheagfhorbartha");
- (b) réigiúin trasdula, ag a bhfuil OTI *per capita* idir 75 % agus 100 % de mheán-OTI AE-27 ("réigiúin trasdula");
- (c) réigiúin níos forbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* os cionn 100 % de mheán-OTI AE-27 ("réigiúin níos forbartha").

Déanfar aicmiú na réigiún faoi cheann amháin de na trí chatagóir réigiúin a chinneadh de réir pé caoi a mbaineann OTI *per capita* gach réigiúin, arna thomhas de réir caighdeán chumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais do thréimhse 2015-2017, le meán-OTI AE-27 le haghaidh na thréimhse tagartha céanna.

3. Na Ballstáit sin ar lú a n-ollioncam náisiúnta (OIN) *per capita*, arna thomhas de réir CCC agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais do thréimhse 2015-2017, ná 90 % de mheán-OIN *per capita* AE-27 le haghaidh na thréimhse tagartha céanna, tacófar leo leis an gCiste Comhtháthaithe leo.

4. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhithin gníomh cur chun feidhme, ina leagfar amach an liosta de na réigiúin a chomhlíonann critéir ceann amháin de na trí chatagóir réigiúin agus de na Ballstáit a chomhlíonann critéir mhír 3. Beidh an liosta sin bailí ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Airteagal 109

Acmhainní do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach

1. Is é EUR 330 234 776 621 i bpragsanna 2018 a bheidh sna hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ar fáil le haghaidh gealltanais buiséadach do thréimhse 2021-2027 faoi CAI i gcás CFRE, CSE+ agus an Chiste Comhtháthaithe, agus EUR 7 500 000 000 i bpragsanna 2018 le haghaidh CUAC.

Déanfar na hacmhainní dá dtagraítear sa chéad fhomhír a thabhairt chun críche le EUR 10 000 000 000 i bpragsanna 2018 le haghaidh na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ⁽³⁾ chun críocha Rialachán CUAC. Ioncam sannta seachtrach chun críoch Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sa mhéid sin.

Chun críocha an chlársceidealaithe agus an chuimsithe ina dhiaidh sin i mbuiséad an Aontais, beidh na méideanna dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fhomhír innéacsaithe ag 2 % in aghaidh na bliana.

2. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ina leagfar amach an miondealú bliantúil ar acmhainní foriomlána do CFRE, do CSE+ agus don Chiste Comhtháthaithe in aghaidh an Bhallstáit faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis, agus i gcás inarb infheidhme, de réir na catagóire réigiúin, i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn XXVI.

Leagfar amach sa chinneadh sin freisin an miondealú bliantúil ar na hacmhainní foriomlána in aghaidh an Bhallstáit faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg).

3. Déanfar 0,35 % de na hacmhainní foriomlána dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fhomhír de mhír 1, tar éis an tacaíocht chuig SCE dá dtagraítear in Airteagal 110(3) a asbhaint, a leithdháileadh ar chúnaimh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

Airteagal 110

Acmhainní do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus do sprioc an Chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg)

1. Faoi CAI, is é a bheidh sna hacmhainní le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis 97,6 % de na hacmhainní foriomlána (i.e. EUR 329 684 776 621 ar an iomlán) agus leithdháilfear iad mar a leanas:

- (a) 61,3 % (i.e. EUR 202 226 984 629 ar an iomlán) le haghaidh réigiúin bheagfhorbartha;
- (b) 14,5 % (i.e. EUR 47 771 802 082 ar an iomlán) le haghaidh réigiúin trasdula;
- (c) 8,3 % (i.e. EUR 27 202 682 372 ar an iomlán) le haghaidh réigiúin níos forbartha;
- (d) 12,9 % (i.e. EUR 42 555 570 217 ar an iomlán) le haghaidh na mBallstát a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe;
- (e) 0,6 % (i.e. EUR 1 927 737 321 ar an iomlán) mar chistiú breise le haghaidh na réigiún is forimeallaí arna sainaithe in Airteagal 349 CFAE agus na réigiúin ar leibhéal NUTS 2 a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótocal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994;
- (f) 0,2 % (i.e. EUR 500 000 000 ar an iomlán) le haghaidh infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha;
- (g) 2,3 % (i.e. EUR 7 500 000 000 ar an iomlán) le haghaidh an Chiste um Aistriú Cóir.

2. EUR 87 319 331 844 a bheidh sa mhéid acmhainní a bheidh ar fáil do CSE+ faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis.

EUR 472 980 447 a bheidh i méid an chistithe breise do na réigiúin dá dtagraítear i bpointe (e) i mír 1 arna leithdháileadh ar CSE+.

3. EUR 10 000 000 000 a bheidh sa mhéid tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe atá le haistriú chuig CSE. Caithfear ar thionscadail bhonneagair iompair é, ag cur san áireamh riachtanais bhonneagair na mBallstát agus na réigiún, trí ghlaonna sonracha a sheoladh i gcomhréir le Rialachán SCE go heisiach sna Ballstáit atá incháilithe le haghaidh cistí ón gCiste Comhtháite.

Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme, ina leagfar amach an méid ón leithdháileadh a dhéanann gach Ballstát leis an gCiste Comhtháthaithe atá le haistriú chuig SCE agus atá le cinneadh ar bhonn *pro rata* i leith na tréimhse iomláine.

Déanfar leithdháileadh gach Ballstáit den Chiste Comhtháthaithe a laghdú dá réir sin.

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23).

Déanfar na leithreasuithe bliantúla a chomhfhreagraíonn don tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe atá luaite sa chéad fhomhír a iontráil i línte buiséid ábhartha na Saoráide um Chónascadh na hEorpa ó chleachtadh buiséid 2021 amach.

30 % de na hacmhainní a aistrefar chuig SCE, beidh sé ar fáil, díreach tar éis an aistrithe, do na Ballstáit uile atá incháilithe le haghaidh cistiú ón gCoiste Comhtháthaithe chun tionscadail bhonneagair iompair a mhaoiniú i gcomhréir le Rialachán SCE.

Beidh feidhm ag na rialacha is infheidhme don earnáil iompair faoi Rialachán SCE maidir leis na glaonna sonracha dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Go dtí an 31 Nollaig 2023, nuair a roghnófar na tionscadail a bheidh incháilithe don mhaoiniú, déanfar na leithdháiltí náisiúnta faoin gCiste Comhtháthaithe a urramú maidir le 70 % de na hacmhainní a aistrefar chuig SCE.

Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, déanfar acmhainní a aistríodh chuig SCE ach nár gealladh do thionscadal bonneagair iompair a chur ar fáil do na Ballstáit uile atá incháilithe le haghaidh cistiú ón gCoiste Comhtháthaithe chun na tionscadail bhonneagair iompair a mhaoiniú i gcomhréir le Rialachán SCE.

Chun tacú le Ballstáit atá incháilithe le haghaidh cistiú ón gCiste Comhtháthaithe agus a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu i ndearadh tionscadal ag a bhfuil aibíocht leordhóthanach nó cáilíocht leordhóthanach, nó ag a bhfuil an dá rud, agus a bhfuil breisluach Aontais leordhóthanach acu, tabharfar aird ar leith ar chúnaimh teicniúil agus é mar aidhm leis cumas institiúideach agus éifeachtúlacht na gcóras riaracháin phoiblí agus seirbhísí poiblí a threisiú maidir le forbairt agus le cur chun feidhme na dtionscadal a liostaítear i Rialachán SCE nua.

Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall a chur ar chumas na mBallstát a bheidh incháilithe chun cistiú a fháil ón gCiste Comhtháthaithe an t-ionús is airde is féidir a bhaint amach, faoi dheireadh thréimhse 2021-2027, den mhéid a aistrítear chuig SCE, lena n-áirítear trí ghlaonna breise a eagrú.

Tabharfar aird ar leith faoin ochtú agus faoin naoú fhomhír ar na Ballstáit sin ar lú a OIN *per capita*, arna thomhas de réir CCC do thréimhse 2015-2017, ná 60 % de mheán-OIN *per capita* AE-27.

I dtaca le Ballstáit ar lú a OIN *per capita*, arna thomhas de réir CCC do thréimhse 2015-2017, ná 60 % de mheán-OIN *per capita* AE-27, ráthófar 70 % de 70 % den mhéid airgid a d'aistrigh na Ballstáit sin chuig SCE go dtí an 31 Nollaig 2024.

4. Déanfar EUR 400 000 000 d'acmhainní do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a leithdháileadh ar an Tionscnamh Uirbeach Eorpach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach ag an gCoimisiún.

5. Déanfar EUR 175 000 000 d'acmhainní CSE+ do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis a leithdháileadh le haghaidh comhar trasnáisiúnta lena dtacaítear le réitigh nuálacha faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.

6. Déanfar an méid dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 1 a leithdháileadh ó acmhainní CFRE faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis le haghaidh infheistíochtaí nuálacha idir-réigiúnacha faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.

7. Is 2,4 % de na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le haghaidh an ghealltanais bhuiséadaigh ó na Cistí do thréimhse 2021-2027 (i.e. EUR 8 050 000 000 ar an iomlán) a bheidh sna hacmhainní le haghaidh sprioc an Chomhair críochaigh Eorpaigh (Interreg).

8. Beidh an méid dá dtagraítear sa dara fhomhír d'Airteagal 109(1) mar chuid de na hacmhainní le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis.

Airteagal 111

Inaistritheacht acmhainní

1. Féadfaidh an Coimisiún glacadh le togra ó Bhallstát, agus an Comhaontú Comhpháirtíochta á thíolacadh aige nó i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántearma, maidir le haistriú:

(a) nach mó ná 5 % de na leithdháiltí iomlána do réigiúin bheagfhorbartha, a dhéanamh chuig réigiúin trasdula nó réigiúin níos forbartha, agus ó réigiúin trasdula chuig réigiúin níos forbartha;

- (b) ó na leithdháiltí do réigiúin níos forbartha nó réigiúin trasdula chuig réigiúin bheagfhorbartha, agus ó réigiúin níos forbartha go réigiúin trasdula.

De mhaolú ar phointe (a) den chéad fhomhír, féadfaidh an Coimisiún glacadh le haistriú breise suas le 10 % de na leithdháiltí iomlána maidir le réigiúin bheagfhorbartha chuig réigiúin trasdula nó réigiúin níos forbartha laistigh de na Ballstáit sin ar lú a OIN *per capita*, arna thomhas de réir CCC do thréimhse 2015-2017, ná 90 % de mheán-OIN *per capita* AE-27. Úsáidfear acmhainní aon aistrithe eile chun rannchuidiú leis na cuspóirí beartais dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 5(1).

2. Ní bheidh na leithdháiltí iomlána ar gach Ballstát maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus le sprioc an chomhair críochnaigh Eorpaigh (Interreg) inaistrithe idir na spriocanna seo.

3. Chun rannchuidiú éifeachtach na gCistí leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), agus de mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo a chaomhnú, féadfaidh an Coimisiún, in imthosca a bhfuil údar cuí leo, agus faoi réir an choinníll a leagtar síos i mír 4 den Airteagal seo, glacadh, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, le togra ó Bhallstát agus an Conradh Comhpháirtíochta á thíolacadh den chéad uair aige cuid dá leithreasuithe do sprioc an chomhair críochnaigh Eorpaigh (Interreg) a aistriú chuig sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis.

4. Maidir le cuid de sprioc an chomhair críochnaigh Eorpaigh (Interreg) sa Bhallstát a mbeidh an togra á dhéanamh aige dá dtagraítear i mír 3, ní lú í ná 35 % den iomlán a bheidh leithdháilte ar an mBallstát sin maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis agus maidir le sprioc an chomhair críochnaigh Eorpaigh (Interreg), agus ní lú ná 25 % den iomlán í tar éis an t-aistriú a bheith déanta.

Airteagal 112

Rátaí cómhaoinithe a chinneadh

1. Sa chinneadh lena bhformheasfar clár, socrófar an ráta cómhaoinithe agus uasmhéid na tacaíochta ó na Cistí le haghaidh gach tosaíochta.

2. I gcás gach tosaíochta, leagfar amach sa chinneadh ón gCoimisiún an gcuirfear an ráta cómhaoinithe le haghaidh na tosaíochta i bhfeidhm maidir le ceachtar acu seo a leanas:

- (a) ranníocaíocht iomlán, lena n-áirítear ranníocaíocht phoiblí agus phríobháideach;
- (b) ranníocaíocht phoiblí.

3. An ráta cómhaoinithe do sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis ar leibhéal gach tosaíochta, ní bheidh sé níos airde ná:

- (a) 85 % le haghaidh réigiúin bheagfhorbartha;
- (b) 70 % le haghaidh réigiúin trasdula a aicmíodh a bheith ina réigiúin bheagfhorbartha do thréimhse 2014-2020;
- (c) 60 % le haghaidh réigiúin trasdula;
- (d) 50 % le haghaidh na réigiúin níos forbartha a aicmíodh a bheith ina réigiúin trasdula iad nó a raibh OTI *per capita* faoi bhun 100 % acu do thréimhse 2014-2020;
- (e) 40 % le haghaidh réigiúin bheagfhorbartha.

Beidh feidhm ag na rátaí cómhaoinithe a leagtar amach faoi phointe (a) den chéad fhomhír maidir leis na réigiúin is forimeallaí freisin, lena n-áirítear an leithdháileadh breise do na réigiúin is forimeallaí.

An ráta cómhaoinithe don Chiste Comhtháthaithe ar leibhéal gach tosaíochta, ní bheidh sé níos airde ná 85 %.

Le Rialachán CSE+, féadfar rátaí cómhaoinithe níos airde a leagan síos i gcomhréir le hAirteagail 10 agus 14 den Rialachán sin.

Ní bheidh an ráta cómhaoinithe, ráta is infheidhme maidir leis an réigiún ina bhfuil an chríoch nó na críocha a shainaithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir, don tosaíocht a fhaigheann tacaíocht ó CUAC níos airde ná:

- (a) 85 % le haghaidh réigiúin bheagfhorbartha;
 - (b) 70 % le haghaidh réigiúin trasdula;
 - (c) 50 % le haghaidh réigiúin níos forbartha.
4. Ní bheidh an ráta cómhaoinithe do chlár Interreg níos airde ná 80 %, ach amháin i gcásanna ina leagtar síos i Rialachán Interreg rátaí cómhaoinithe níos airde do shraith D Interreg agus do chlár do chomhar trasteorann seachtrach.
5. Déanfar na huasrátaí cómhaoinithe a liostaítear faoi mhíreanna 3 agus 4 a mhéadú deich bpointe céatadán i gcás tosaíochtaí a dhéanfar a sheachadadh go hiomlán trí fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail.
6. Féadfar bearta cúnaimh theicniúil arna gcur chun feidhme ar thionscnamh ón gCoimisiún, nó thar a cheann, a mhaoiniú de réir ráta 100 %.

TEIDEAL IX

TARMLIGEAN CUMHACHTA, FORÁLACHA CUR CHUN FEIDHME, IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS DEIRIDH

CAIBIDIL I

Tarmligean cumhachta agus forálacha cur chun feidhme*Airteagal 113***Cumhachtaí a tharmligean a mhéid a bhaineann le hlarscríbhinní áirithe**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 114 chun na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú, cé is moite d'hlarscríbhinní III, IV, XI, XIII, XIV, XVII agus XXVI, chun iad a oiriúnú d'athruithe a tharlóidh le linn na clárthréimhse.

*Airteagal 114***An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 79(4), 94(4) agus 95(4) agus Airteagal 113 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón 1 Iúil 2021.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 79(4), 94(4), agus 95(4), Airteagal 113 agus Airteagal 117(2) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 79(4), 94(4) agus 95(4), Airteagal 113 agus Airteagal 117(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 115***Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*CAIBIDIL II***Forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha***Airteagal 116***Athbhreithniú**

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle athbhreithniú ar an Rialachán seo faoin 31 Nollaig 2027 i gcomhréir le hAirteagal 177 CFAE.

*Airteagal 117***Forálacha idirthréimhseacha**

1. Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 nó aon ghníomh eile is infheidhme maidir le clárthréimhse 2014-2020, leanfaidh siad d'fheidhm a bheith acu maidir le cláir oibríochtúla agus oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin tréimhse sin ó CFRE, ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, agus leis na cláir agus na hoibríochtaí sin amháin.
2. An cumhachtú a thugtar don Choimisiún i mír 3 d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 chun gníomh tarmlichte a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir le cód iompair Eorpach maidir le comhpháirtíocht, fanfaidh sí i bhfeidhm do chlárthréimhse 2021-2027. Feidhmeofar an tarmlichtean cumhachta i gcomhréir le hAirteagal 114 den Rialachán seo.

*Airteagal 118***Coinníollacha ar oibríochtaí atá faoi réir cur chun feidhme céimnithe**

1. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta dul ar aghaidh le roghnú oibríochta arb í an dara céim í d'oibríocht a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta agus a tosaíodh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:
 - (a) go bhfuil ag an oibríocht, a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, dhá chéim atá inaitheanta ó thaobh an airgeadais de a bhfuil rianta iniúchóireachta ar leith acu;
 - (b) go bhfuil costas iomlán na hoibríochta dá dtagraítear i bpointe (a) os cionn EUR 5 000 000;
 - (c) nach bhfuil caiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht i ndáil leis an gcéad chéim in aon iarratas ar íocaíocht i ndáil leis an dara céim;
 - (d) go bhfuil an dara céim den oibríocht i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus go bhfuil sí incháilithe le haghaidh tacaíochta ó CFRE, ó CSE+, ón gCiste Comhtháthaithe nó ó CEMID faoi fhorálacha an Rialacháin seo nó na Rialachán Ciste-shonracha;
 - (e) go ngabhann an Ballstát air féin an dara céim a lánchríochnú agus a dhéanamh oibríochtúil le linn na clárthréimhse, céim arb í an chéim dheiridh í sa tuarascáil chríochnaitheach ar chur chun feidhme nó i gcomhthéacs an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh sa tuarascáil deiridh bhliantúil ar chur chun feidhme, arna cur isteach i gcomhréir le hAirteagal 141 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.
2. Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir leis an dara céim den oibríocht.

*Airteagal 119***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
D. M. SASSOLI

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN I

Toisí agus cóid le haghaidh na gcineálacha idirghabhála arna ndéanamh ag CFRE, CSE+, ag an gCiste Comhtháthaithe agus ag CUAC - Airteagal 22(5)

TÁBLA 1: TOISÍ AGUS CÓID LE HAGHAIDH NA gCINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA^{1, 2}

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
Cuspóir beartais 1: Eoraip níos iomaíche agus níos cliste a bheith ann trí chlaochlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste agus nascacht réigiúnach TFC a chur chun cinn			
001	Infheistíocht i sócmhainní seasta, lena n-áirítear bonneagar taighde, i micrifhiontair a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
002	Infheistíocht i sócmhainní seasta, lena n-áirítear bonneagar taighde, i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (lárionaid taighde phríobháideacha san áireamh) a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %

¹ Maidir leis an gcuspóir sonrath "réigiúin agus daoine a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, fostaíochta, eacnamaíochta agus chomhshaoil an aistrithe i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus an aeráid, agus geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de san Aontas faoi 2050, bunaithe ar Chomhaontú Pháras" arna dtacú ag CUAC, féadfar réimsí idirghabhála faoi aon chuspóirí beartais a úsáid, ar choimníoll go bhfuil siad comhchuí le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán CUAC agus i gcomhréir leis an bplean críochach ábhartha um aistriú cóir. Le haghaidh an chuspóra shonraigh sin, socraítear an chomhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh ag 100 % i gcomhair na réimsí idirghabhála uile arna n-úsáid.

² I gcás inar méadaíodh méid aitheanta Ballstáit chun tacú le cuspóirí aeráide faoina phlean téarnaimh agus athléimneachta i ndiaidh phointe (e) d'Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2021/241 a chur i bhfeidhm, cuirfear i bhfeidhm freisin, faoin mbeartas comhtháthaithe, méadú comhréireach comhionann ar leibhéal rannchuidiú an Bhallstáit sin chun tacú le cuspóirí aeráide.

³ Déantar na réimsí idirghabhála a ghrúpáil de réir cuspóirí beartais, ach níl na réimsí idirghabhála teoranta do na cuspóirí sin. Is féidir aon réimse idirghabhála a úsáid faoi aon chuspóir beartais. Go háirithe i gcás cuspóir beartais 5, is féidir gach cód toise faoi chuspóirí beartais 1 go 4 a roghnú, anuas orthu siúd atá liostaithe faoi chuspóir beartais 5.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
003	Infheistíocht i sócmhainní seasta, lena n-áirítear bonneagar taighde, i bhfontair mhóra ¹ a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
004	Infheistíocht i sócmhainní seasta, lena n-áirítear bonneagar taighde, i lárionaid taighde phoiblí agus in ardoideachas poiblí a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
005	Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe i micrifhiontair a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
006	Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe in FBManna (lárionaid taighde phríobháideacha san áireamh) a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
007	Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe i bhfontair mhóra a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
008	Infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe i lárionaid taighde phoiblí agus in ardoideachas poiblí a bhfuil nasc díreach acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta	0 %	0 %
009	Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i micrifhiontair, lonrú san áireamh (taighde thionsclaíoch, forbairt thurgnamhach, staidéir indéantachta)	0 %	0 %

¹ Is éard is fontair mhóra ann fontair uile seachas FBManna, lena n-áirítear cuideachtaí meánchaitlithe beaga.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
010	Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta in FBManna, líonrú san áireamh	0 %	0 %
011	Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i bhfiontair mhóra, líonrú san áireamh	0 %	0 %
012	Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i lárionaid taighde phoiblí, san ardoideachas poiblí agus i lárionaid inniúlachta phoiblí, líonrú san áireamh (taighde tionsclaíoch, forbairt thurgnamhach, staidéir indéantachta)	0 %	0 %
013	FBManna a dhigitiú (lena n-áirítear ríomhthráchtáil, ríomhghnó agus próisis ghnó líonraithe, moil nuálaíochta digití, saotharlanna beo, fiontraithe gréasáin agus gnólachtaí nuathionscanta TFC, gnólacht le gnólacht)	0 %	0 %
014	Fiontair mhóra a dhigitiú (lena n-áirítear ríomhthráchtáil, ríomhghnó agus próisis ghnó líonraithe, moil nuálaíochta digití, saotharlanna beo, fiontraithe gréasáin agus gnólachtaí nuathionscanta TFC, gnólacht le gnólacht)	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
015	FBManna nó fiontair mhóra a dhigitíú (lena n-áirítear ríomhthráchtáil, ríomhghnó agus próisis ghnó líonraíthe, moil nuálaíochta digití, saotharlanna beo, fiontraíthe gréasáin agus gnólachtaí nuathionscanta TFC, gnólacht le gnólacht) i gcomhréir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa nó critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	40 %	0 %
016	Réitigh TFC, ríomhsheirbhísí, feidhmchláir rialtais	0 %	0 %
017	Réitigh TFC, ríomhsheirbhísí, feidhmchláir rialtais i gcomhréir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa nó critéir éifeachtúlachta fuinnimh ²	40 %	0 %
018	Seirbhísí agus feidhmchláir ríomhaireachta le haghaidh scileanna digiteacha agus r-chuimsiú	0 %	0 %
019	Ríomhsheirbhísí agus feidhmchláir shláinte (lena n-áirítear ríomhchúram, Idirlíon na Rudaí Nithiúla le haghaidh gníomhaíocht fhisiciúil agus maireachtaíil chuidithe chomhthimpeallach)	0 %	0 %
020	Bonneagar gnó le haghaidh FBManna (lena n-áirítear páirceanna agus láithreáin thionsclaíocha)	0 %	0 %

¹ Más é cuspóir an bhirt go gcaithfear, leis an ngníomhaíocht, sonraí a phróiseáil nó a bhailiú chun laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumasú, arb é is toradh dóibh coigiltí suntasacha a bheith léirithe acu ar astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré. Más é cuspóir an bhirt gur gá do lárionaid sonraí “an Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí” a chomhlíonadh.

² Más é cuspóir an bhirt go gcaithfear, leis an ngníomhaíocht, sonraí a phróiseáil nó a bhailiú chun laghdúithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumasú, arb é is toradh dóibh coigiltí suntasacha a bheith léirithe acu ar astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré; nó más é cuspóir an bhirt gur gá do lárionaid sonraí “Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí” a chomhlíonadh.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
021	Forbairt agus idirnáisiúnú gnó FBManna, lena n-áirítear infheistíochtaí táirgiúla	0 %	0 %
022	Tacaíocht d'fhiontair mhóra trí ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear infheistíochtaí táirgiúla	0 %	0 %
023	Scileanna a fhorbairt le haghaidh speisialtóireacht chliste, aistriú tionsclaíoch, fiontraíochta agus inoiriúnaitheacht fontar i leith an athraithe	0 %	0 %
024	Ardseirbhísí tacaíochta do FBManna agus grúpaí FBManna (lena n-áirítear seirbhísí bainistíochta, margaíochta agus dearaidh)	0 %	0 %
025	Goradh, tacaíocht do sheach-chuideachtaí agus mac-chuideachtaí agus gnólachtaí nua-thionscanta	0 %	0 %
026	Tacaíocht do bhraislí nuálaíochta, lena n-áirítear idir gnólachtaí, eagraíochtaí taighde agus údaráis phoiblí agus líonraí gnó a théann chun tairbhe FBManna den chuid is mó	0 %	0 %
027	Próisis nuálaíochta in FBManna (nuálaíocht próiseas, eagraíochtúil, margaíochta, chomhchruthaithe, úsáideoirí agus bunaithe ar éileamh)	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
028	Aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair, lárionaid taighde agus an earnáil ardoideachais	0 %	0 %
029	Próisis taighde agus nuálaíochta, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair, lárionaid taighde agus ollscoileanna a bhíonn ag díriú ar an ngeilleagar ísealcharbóin, athléimneacht agus oiriúnú don athrú aeráide	100 %	40 %
030	Próisis taighde agus nuálaíochta, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir fiontair a bhíonn, ag díriú ar an ngeilleagar ciorclach	40 %	100 %
031	Caipiteal oibre a mhaoiniú in FBManna i bhfoirm deontas chun aghaidh a thabhairt ar an staid éigeandála ¹	0%	0%
032	TFC: An líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta (an líonra cnámh droma/aisiompair)	0 %	0 %
033	TFC: An líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta (rochtain/lúb logánta a bhfuil feidhmíocht aige atá comhionann le suiteáil snáthín optúil go dtí an pointe dáileacháin le haghaidh áitribh ilteaghaise)	0 %	0 %

¹ Níl an cód seo ar fáil d'úsáid ach amháin i gcás ina gcuirtear bearta sealadacha maidir le húsáid CFRE mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla chun feidhme de bhun Airteagal 5(6) de Rialachán CFRE agus CC.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
034	TFC: An líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta (rochtain/lúb logánta a bhfuil feidhmíocht aige atá comhionann le suiteáil snáithín optúil go dtí an pointe dáileacháin le haghaidh tithe agus áitribh ghnó)	0 %	0 %
035	TFC: An líonra leathanbhanda fíor-ardacmhainneachta (rochtain/lúb logánta a bhfuil feidhmíocht aige atá comhionann le suiteáil snáithín optúil go dtí an stáisiún bunáite le haghaidh ardchumarsáid gan sreang)	0 %	0 %
036	TFC: Bonneagar TFC de chineálacha eile (acmhainní/trealamh mórsála ríomhaireachta, lárionaid sonraí, braiteoirí agus trealamh eile gan sreang san áireamh)	0 %	0 %
037	TFC: Bonneagar TFC de chineálacha eile (acmhainní/trealamh mórsála ríomhaireachta, lárionaid sonraí, braiteoirí agus trealamh eile gan sreang san áireamh) i gcomhréir leis na critéir um laghdú astaíochtaí carbóin agus critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	40 %	0 %

¹ Más é cuspóir an bhirt go gcaithfear, leis an ngníomhaíocht, sonraí a phróiseáil nó a bhailiú chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chumasú, arb é is toradh dóibh coigiltí suntasacha a bheith léirithe acu ar astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré; nó más é cuspóir an bhirt gur gá do lárionaid sonraí “Cód Iompair Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Lárionad Sonraí” a chomhlíonadh.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
Cuspóir beartais 2: Eoraip níos glaise, ísealcharbóin agus athléimneach a aistroidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, cosc agus bainistiú rioscaí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn			
038	Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais in FBManna agus bearta tacaíochta	40 %	40 %
039	Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais i bhfontair mhóra agus bearta tacaíochta	40 %	40 %
040	Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail taispeántais in FBManna nó i bhfontair mhóra agus bearta tacaíochta i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	100 %	40 %
041	Athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar an stoc tithíochta atá ann cheana, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta	40 %	40 %
042	Athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh ar an stoc tithíochta atá ann cheana, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh ²	100 %	40 %

¹ Más é cuspóir an bhirt (a) athchóiriú meánleibhéil ar a laghad a bhaint amach, ar an meán, mar a shainítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2019 maidir le hAthchóiriú Foirgníochta (IO L 127, 16.5.2019, lch. 34) nó (b) laghdú 30 %, ar a laghad, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha, i gcomparáid leis na hastaíochtaí *ex ante*, a bhaint amach ar an meán.

² Más é cuspóir an bhirt athchóiriú meánleibhéil ar a laghad a bhaint amach, ar an meán, mar a shainítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún. Tá sé i gceist freisin go n-áireofaí in athchóiriú foirgneamh bonneagar de réir bhrí réimsí idirghabhála 120 go 127.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
043	Tógáil foirgneamh nua fuinneamhéifeachtúil ¹	40 %	40 %
044	Athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh maidir le bonneagar poiblí, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta	40 %	40 %
045	Athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh nó bearta éifeachtúlachta fuinnimh maidir le bonneagar poiblí, tionscadail taispeántais agus bearta tacaíochta i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh ²	100 %	40 %
046	Tacaíocht d'eintitis a sholáthraíonn seirbhísí a chuidíonn leis an ngeilleagar ísealcharbóin agus leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, lena n-áirítear bearta múscailte feasachta	100 %	40 %

- ¹ Más é cuspóir na mbearta foirgnimh nua a thógáil a bhfuil Éileamh Príomh-Fhuinnimh (PED) acu atá 20 % níos ísle ar a laghad ná riachtanas NZEB (foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh, treoracha náisiúnta). Le foirgnimh nua fuinneamhéifeachtúla a thógáil, tá sé i gceist freisin go n-áireofaí bonneagar de réir bhrí réimsí idirghabhála 120 go 127.
- ² Más é cuspóir an bhirt a bhaint amach, ar an meán, (a) athchóiriú meánleibhéil ar a laghad, mar a shainítear i Moladh (AE) 2019/786 ón gCoimisiún maidir le hAthchóiriú Foirgníochta nó (b) laghdú 30 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha, i gcomparáid leis na hastaíochtaí *ex ante*, a bhaint amach ar an meán. Tá sé i gceist freisin go n-áireofaí in athchóiriú foirgneamh bonneagar de réir bhrí réimsí idirghabhála 120 go 127.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
047	Fuinneamh inathnuaite: fuinneamh gaoithe	100 %	40 %
048	Fuinneamh inathnuaite: fuinneamh gréine	100 %	40 %
049	Fuinneamh inathnuaite: bithmhais ¹	40 %	40 %
050	Fuinneamh inathnuaite: bithmhais lena ngabhann ardchoigiltí ar gháis ceaptha teasa ²	100 %	40 %
051	Fuinneamh inathnuaite: fuinneamh muirí	100 %	40 %
052	Fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite eile (fuinneamh geoiteirmeach san áireamh)	100 %	40 %
053	Córais Chliste Fuinnimh (eangacha cliste agus córais TFC chliste san áireamh) agus stóráil ghaolmhar	100 %	40 %
054	Comhghiniúint ardéifeachtach, téamh agus fuarú ceantair	40 %	40 %

¹ Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh leictreachais nó teasa ó bhithmhais, i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

² Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh leictreachais nó teasa ó bhithmhais, i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001; agus más é cuspóir an bhirt coigiltí 80 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid bithmhaise a bhaint amach ag an tsaoráid i ndáil leis an modheolaíocht maidir le coigiltí ar ghás ceaptha teasa agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh bithbhreosla ó bhithmhais (cé is moite de bharrabía agus beatha), i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001; agus más é cuspóir an bhirt coigiltí 65 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach ó úsáid bithmhaise ag an tsaoráid i ndáil leis an modheolaíocht maidir le coigiltí ar ghás ceaptha teasa agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
055 ¹	Comhghiniúint ardéifeachtach, téamh agus fuarú ceantair éifeachtúil lena ngabhamn astaíochtaí saolré ísle ²	100 %	40 %
056	Córais téimh bunaithe ar ghás a chur in áit córais atá bunaithe ar ghual chun an t-athrú aeráide a mhaolú	0 %	0 %
057	Dáileadh agus iompar gáis nádúrtha lena n-ionadaítear gual	0 %	0 %
058	Oiriúnú do bhearta maidir leis an athrú aeráide, rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chosc nó a bhainistiú: tuilte agus sciorthaí talún (múscailt feasachta, córais cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí, bonneagair agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais san áireamh)	100 %	100 %
059	Oiriúnú do bhearta maidir leis an athrú aeráide, rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chosc nó a bhainistiú: dóiteáin (múscailt feasachta, córais cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí, bonneagair agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais san áireamh)	100 %	100 %

¹ Ní féidir an réimse seo a úsáid agus tacaíocht á tabhairt do bhreoslaí iontaise faoi phointe (h) d'Airteagal 7(1) de Rialachán CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe.

² I gcás comhghiniúint ardéifeachtach, más é cuspóir an bhirt astaíochtaí saolré a bhaint amach atá níos ísle ná 100gCO₂e/kWh nó téamh/fuarú a tháirgtear ó dhramhtheas. I gcás téamh/fuarú ceantair, má leanann an bonneagar gaolmhar Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1), nó má dhéantar athchóiriú ar an mbonneagar atá ann cheana chun sainiú an téimh agus an fhuaraithe ceantair éifeachtúil a chomhlíonadh, nó más ardhóras piolótach é an tionscadal (córais rialaithe agus bainistithe fuinnimh, Idirlíon na Rudaí Nithiúla) nó go mbíonn córas teochta níos ísle sa chóras téimh agus fuaraithe ceantair mar thoradh air.

	RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³	Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
060	Oiriúnú do bhearta maidir leis an athrú aeráide, rioscaí a bhaineann leis an aeráid a chosc nó a bhainistiú: rioscaí eile, e.g. stoirmeacha agus triomach (múscailt feasachta, córais cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí, bonneagair agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais san áireamh)	100 %	100 %
061	Rioscaí a chosc agus a bhainistiú i ndáil le rioscaí nádúrtha nach mbaineann leis an aeráid (mar shampla creathanna talún) agus rioscaí atá nasctha le gníomhaíochtaí an duine (mar shampla tubaistí teicneolaíochta), múscailt feasachta, córais cosanta sibhialta agus bainistithe tubaistí, bonneagair agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais san áireamh	0 %	100 %
062	Soláthar uisce lena chaitheamh ag an duine (bonneagar eastósctha, cóireála, stórála agus dáilte, bearta éifeachtúlachta, soláthar uisce óil)	0 %	100 %
063	Soláthar uisce lena chaitheamh ag an duine (bonneagar eastósctha, cóireála, stórála agus dáilte, bearta éifeachtúlachta, soláthar uisce óil) i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta ¹	40 %	100 %

¹ Más é cuspóir an bhirt go mbeadh ag an gcóras arna thógáil meántomhaltas fuinnimh \leq 0.5 kWh nó Innéacs Sceite Bonneagair \leq 1.5, agus don ghníomhaíocht athchóirithe chun meántomhaltas fuinnimh a laghdú níos mó ná 20 % nó sceitheadh bonneagair a laghdú níos mó ná 20 %.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
064	Bainistiú uisce agus caomhnú acmhainní uisce (bainistiú abhantrach, bearta sonracha maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide, athúsáid, laghdú ar sceitheadh san áireamh)	40 %	100 %
065	Bailiú agus cóireáil fuíolluisce	0 %	100 %
066	Bailiú agus cóireáil fuíolluisce i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta fuinnimh ¹	40 %	100 %
067	Bainistiú dramhaíola tí: bearta don chosc, íoslaghdú, sórtáil, athúsáid, athchúrsáil	40 %	100 %
068	Bainistiú dramhaíola tí: cóireáil dramhaíola iarmharáí	0 %	100 %
069	Bainistiú dramhaíola tionsclaíche, tráchtála: bearta don chosc, íoslaghdú, sórtáil, athúsáid, athchúrsáil	40 %	100 %
070	Bainistiú dramhaíola tionsclaíche, tráchtála: dramhaíl ghuaiseach agus iarmharach	0 %	100 %
071	Úsáid ábhar athchúrsáilte mar amhábhair a chur chun cinn	0 %	100 %
072	Ábhair athchúrsáilte a úsáid mar amhábhair i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta ²	100 %	100 %
073	Athshlánú ar láithreáin thionsclaíocha agus ar thalamh éillithe	0 %	100 %

¹ I gcás córas fuíolluisce nuathógtha ó cheann go ceann, más é cuspóir an bhirt glanúsáid nialasach fuinnimh a bheith aige nó i gcás córas fuíolluisce arna athnuachan ó cheann go ceann ionas gur lú 10 % ar a laghad an mheánúsáid fuinnimh (trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus iad sin amháin, agus ní mar gheall ar athruithe ábhair nó athruithe ar an ualach).

² Más é cuspóir an bhirt 50 % ar a laghad, i dtéarmaí meáchain, den dramhaíl neamhghuaiseach arna bailiú ar leithligh a iompú ina n-amhábhair thánaisteacha.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
074	Láithreáin thionsclaíocha agus talamh éillithe a athshlánú i gcomhréir le critéir éifeachtúlachta ¹	40 %	100 %
075	Tacaíocht do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil agus éifeachtúlacht acmhainní in FBManna	40 %	40 %
076	Tacaíocht do phróisis táirgthe atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil agus éifeachtúlacht acmhainní i bhfontair mhóra	40 %	40 %
077	Beartha maidir le cáilíocht an aeir agus bearta laghdaithe torainn	40 %	100 %
078	Cosaint, athchóiriú agus úsáid inbhuanaithe láithreáin Natura 2000	40 %	100 %
079	Cosaint an dúlra agus na bithéagsúlachta, oidhreacht agus acmhainní nádúrtha, bonneagar glas agus gorm	40 %	100 %
080	Beartha eile chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i réimse chaomhnú agus athchóiriú limistéar nádúrtha ag a bhfuil ardacmhainneacht ionsúcháin agus stórála carbóin, e.g. trí mhóintigh a athfhliuchadh, gás líonta talún a ghabháil	100 %	100 %
081	Bonneagar don iompar uirbeach glan ²	100 %	40 %

¹ Más é cuspóir an bhirt láithreáin thionsclaíocha agus talamh éillithe a thiontú ina linn carbóin nádúrtha.

² Is éard atá i gceist le bonneagar don iompar uirbeach glan ná bonneagar lena gcumasaítear oibriú rothstoic astaíochtaí nialasacha.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
082	Rothstoc don iompar uirbeach glan ¹	100 %	40 %
083	Bonneagar rothaíochta	100 %	100 %
084	Iompar uirbeach a dhigiteáil	0 %	0 %
085	Iompar a dhigiteáil agus é tiomnaithe i bpáirt do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa	40 %	0 %
086	Bonneagar breoslaí ionadúla ²	100 %	40 %
Cuspóir beartais 3: Eoraip níos nasctha tríd an tsoghluaisteacht a fheabhsú			
087 ³	Mótarbhealaí agus bóithre nuathógtha nó uasghrádaithe – croíghréasán TEN-T	0 %	0 %
088	Mótarbhealaí agus bóithre nuathógtha nó uasghrádaithe – gréasán cuimsitheach TEN-T	0 %	0 %
089	Bóithre tánaisteacha nuathógtha nó uasghrádaithe a nascann le gréasán bóithre agus nóid TEN-T	0 %	0 %
090	Bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus rochtana áitiúla nuathógtha nó uasghrádaithe eile	0 %	0 %
091	Mótarbhealaí agus bóithre atógtha nó nuachóirithe – croíghréasán TEN-T	0 %	0 %

¹ Is éard atá i gceist le rothstoc don iompar uirbeach glan ná rothstoc astaíochtaí nialasacha.

² Má tá cuspóir an bhirt i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001.

³ I gcás réimsí idirghabhála 087 go 091, is féidir réimsí idirghabhála 081, 082 agus 086 a úsáid le haghaidh eilimintí de na bearta a bhaineann le hidirghabhálacha i mbreoslaí ionadúla, lena n-áirítear luchtú feithiclí leictreacha, nó iompar poiblí.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
092	Mótarbhealaí agus bóithre atógtha nó nuachóirithe – gréasán cuimsitheach TEN-T	0 %	0 %
093	Bóithre atógtha nó nuachóirithe eile (mótarbhealaí, bóithre náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla)	0 %	0 %
094	Iompar a dhigiteáil: iompar de bhóthar	0 %	0 %
095	Iompar a dhigiteáil agus é tiomnaithe i bpáirt do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa: iompar de bhóthar	40 %	0 %
096	Iarnróid nuathógtha nó uasghrádaithe – croighréasán TEN-T	100 %	40 %
097	Iarnróid nuathógtha nó uasghrádaithe – gréasán cuimsitheach TEN-T	100 %	40 %
098	Iarnróid nuathógtha nó uasghrádaithe eile	40 %	40 %
099	Iarnróid nuathógtha nó uasghrádaithe eile – leictreach/astaíochtaí nialasacha ¹	100 %	40 %
100	Iarnróid atógtha nó nuachóirithe – croighréasán TEN-T	100 %	40 %
101	Iarnróid atógtha nó nuachóirithe – gréasán cuimsitheach TEN-T	100 %	40 %
102	Iarnróid atógtha nó nuachóirithe eile	40 %	40 %

¹ Má bhaineann cuspóir an bhirt le taobh riain leictirithe agus le fochórais ghaolmhara nó má tá plean ann le haghaidh leictriú nó go mbeidh sé oiriúnach lena úsáid ag traenacha astaíochtaí nialasacha sceithphíopa laistigh de 10 mbliana.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
103	Iarnróid eile atógtha nó nuachóirithe – leictreach/astaíochtaí nialasacha ¹	100 %	40 %
104	Iompar a dhigiteáil: iompar d'iarnród	40 %	0 %
105	An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS)	40 %	40 %
106	Sócmhainní soghluaiste iarnróid	0 %	40 %
107	Sócmhainní soghluaiste iarnróid astaíochtaí nialasacha/arna gcumhachtú go leictreach ¹	100 %	40 %
108	Iompar ilmhódach (TEN-T)	40 %	40 %
109	Iompar ilmhódach (neamh-uirbeach)	40 %	40 %
110	Calafóirt (TEN-T)	0 %	0 %
111	Calafóirt (TEN-T) cé is moite de shaoráidí atá tiomnaithe d'iompar breoslaí iontaise	40 %	0 %

¹ Baineann sé seo le traenacha dhá mhód freisin.

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
112	Calafóirt eile	0 %	0 %
113	Calafóirt eile cé is moite de shaoráidí atá tiomnaithe d'iompar breoslaí iontaise	40 %	0 %
114	Uiscebhealaí agus calafóirt intíre (TEN-T)	0 %	0 %
115	Uiscebhealaí agus calafóirt intíre (TEN-T) cé is moite de shaoráidí atá tiomnaithe d'iompar breoslaí iontaise	40 %	0 %
116	Uiscebhealaí agus calafóirt intíre (réigiúnacha agus áitiúla)	0 %	0 %
117	Uiscebhealaí agus calafóirt intíre (réigiúnach agus áitiúil) cé is moite de shaoráidí atá tiomnaithe d'iompar breoslaí iontaise	40 %	0 %
118	Córais slándála, sábháilteachta agus bainistíochta aerthrachta, le haghaidh aerfoirt atá ann cheana	0 %	0 %
119	Iompar a dhigitiú: móid iompair eile	0 %	0 %
120	Iompar a dhigitiú agus é tiomnaithe i bpáirt do laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa: modhanna eile iompair	40 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
Cuspóir beartais 4: Eoraip níos sóisialta agus níos cuimsithí lena gcuirtear chun feidhme Colún Eorpach na gCeart Sóisialta			
121	Bonneagar d'oidreachas agus cúram na luathóige	0 %	0 %
122	Bonneagar don oidreachas bunscoile agus meánscoile	0 %	0 %
123	Bonneagar don oidreachas treasach	0 %	0 %
124	Bonneagar don ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus don oidreachas aosach	0 %	0 %
125	Bonneagar tithíochta le haghaidh imircigh, dídeanaithe agus daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta nó a bhfuil iarratas uirthi á chur isteach acu	0 %	0 %
126	Bonneagar tithíochta (seachas le haghaidh imircigh, dídeanaithe agus daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta nó a bhfuil iarratas uirthi á chur isteach acu)	0 %	0 %
127	Bonneagar sóisialta eile a chuidíonn le cuimsiú sóisialta sa phobal	0 %	0 %
128	Bonneagar sláinte	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
129	Trealamh sláinte	0 %	0 %
130	Sócmhainní soghluaiste sláinte	0 %	0 %
131	Digiteáil sa chúram sláinte	0 %	0 %
132	Trealamh criticiúil agus soláthairtí is gá chun aghaidh a thabhairt ar an staid éigeandála	0 %	0 %
133	Bonneagar fáiltithe sealadach le haghaidh imircigh, dídeanaithe agus daoine atá faoi chosaint idirnáisiúnta nó a bhfuil iarratas uirthi á chur isteach acu	0 %	0 %
134	Bearta chun an rochtain ar fhostaíocht a fheabhsú	0 %	0 %
135	Bearta chun rochtain ar fhostaíocht do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chur chun cinn	0 %	0 %
136	Tacaíocht shonrach don fhostaíocht le haghaidh daoine óga agus do lánpháirtiú socheacnamaíoch daoine óga	0 %	0 %
137	Tacaíocht don fhéimfhostaíocht agus do ghnólachtaí nuathionscanta	0 %	0 %
138	Tacaíocht don gheilleagar sóisialta agus d'fhiontair shóisialta	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
139	Beartha chun institiúidí agus seirbhísí an mhargaidh saothair a nuachóiriú agus a neartú chun riachtanais scileanna a mheasúnú agus a thuar roimh ré agus chun cúnamh tráthúil agus saincheaptha a áirithiú	0 %	0 %
140	Tacaíocht do chomhoiriúnú i margadh an tsaothair agus d'aistrithe	0 %	0 %
141	Tacaíocht do shoghluaisteacht an lucht saothair	0 %	0 %
142	Tacaíocht chun rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a chur chun cinn agus idirdheighilt inscnebhunaithe a laghdú sa mhargadh saothair	0 %	0 %
143	Beartha chun cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, lena n-áirítear rochtain ar chúram leanaí agus ar chúram do chleithiúnaithe	0 %	0 %
144	Beartha le haghaidh timpeallacht oibre shláintiúil atá dea-oiriúnaithe ina dtugtar aghaidh ar rioscaí sláinte, lena n-áirítear an ghníomhaíocht fhisiciúil a chur chun cinn	0 %	0 %
145	Tacaíocht chun scileanna digiteacha a fhorbairt	0 %	0 %
146	Tacaíocht d'inoiriúnú oibríthe, fiontar agus fiontraithe d'athrú	0 %	0 %
147	Beartha chun aosú gníomhach agus folláin a spreagadh	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
148	Tacaíocht d'oideachas agus cúram na luathóige (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
149	Tacaíocht don oideachas bunscoile go meánscoile (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
150	Tacaíocht don oideachas treasach (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
151	Tacaíocht don oideachas aosach (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
152	Beara chun comhionannas deiseanna agus rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí a chur chun cinn	0 %	0 %
153	Conairí chuig an lánpháirtiú agus athiontráil san fhostaíocht le haghaidh daoine faoi mhíbhuntáiste	0 %	0 %
154	Beara chun rochtain daoine imeallaithe, amhail na Romaigh, ar oideachas agus ar fhostaíocht a fheabhsú agus chun a gcuimsiú sóisialta a chur chun cinn	0 %	0 %
155	Tacaíocht don tsochaí shibhialta a bhíonn ag obair le pobal imeallaithe amhail na Romaigh	0 %	0 %
156	Beara sonracha chun rannpháirtíocht náisiúnach tríú tír san fhostaíocht a mhéadú	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
157	Bearta le haghaidh lánpháirtíú sóisialta náisiúnach tríú tír	0 %	0 %
158	Bearta chun feabhas a chur ar rochtain chomhionann thráthúil ar sheirbhísí ardcháilíochta, inbhuanaithe agus inacmhainne	0 %	0 %
159	Bearta chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí cúraim teaghlaigh agus seirbhísí cúraim pobalbhunaithe	0 %	0 %
160	Bearta chun feabhas a chur ar inrochtaineacht, ar éifeachtacht agus ar athléimneacht córas sláinte (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
161	Bearta chun feabhas a chur ar rochtain ar chúram fadtéarmach (gan bonneagar san áireamh)	0 %	0 %
162	Bearta chun córais cosanta sóisialta a nuachóiriú, lena n-áirítear rochtain ar chosaint shóisialta a chur chun cinn	0 %	0 %
163	Lánpháirtíú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a chur chun cinn, na daoine is díothaí agus leanaí san áireamh	0 %	0 %
164	Aghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha trí chúnamh bia agus/nó cúnamh ábhartha a thabhairt do na daoine is díothaí, bearta tionlacain san áireamh	0 %	0 %

RÉIMSE IDIRGHABHÁLA ³		Comhéifeacht chun an tacaíocht do chuspóirí an athraithe aeráide a ríomh	Comhéifeacht chun an tacaíocht do na cuspóirí comhshaoil a ríomh
Cuspóir beartais 5: Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh trí fhorbairt inbhuanaithe chomhtháite an uile chineál críoch agus tionscnamh áitiúil a chothú			
165	Sócmaidíní turasóireachta poiblí agus seirbhísí turasóireachta a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn	0 %	0 %
166	An oidhreacht chultúrtha agus seirbhísí cultúrtha a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn	0 %	0 %
167	An oidhreacht nádúrtha agus an éiceathurasóireacht, seachas láithreáin Natura 2000, a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn	0 %	100 %
168	Athghiniúint fhisiciúil agus slándáil spásanna poiblí	0 %	0 %
169	Tionscnaimh forbartha críochaí, straitéisí críochacha a ullmhú san áireamh	0 %	0 %
Cóid eile a bhaineann le cuspóirí beartais 1 go 5			
 - 1.2. Beidh an ráiteas 'Maoinithe ag an Aontas Eorpach' nó 'Cómhainithe ag an Aontas Eorpach' scríofa amach ina iomláine agus curtha in aice leis an suaitheantas.
 - 1.3. Féadfar aon cheann de na clófhoirne seo a leanas a bheith i gceist don chló-aghaidh a úsáidtear in éineacht le suaitheantas an Aontais: Arial, Auto, Calibri, Garamond, Trebuchet, Tahoma, Verdana, Ubuntu. Ní úsáidfeadh cló iodálach, leaganacha a bhfuil líne fúthu ná maisíochtaí clófhoirne.
 - 1.4. An áit a shuítear an téacs i gcoibhneas leis an suaitheantas, ní chuirfidh sin isteach ar an suaitheantas ar dhóigh ar bith.
 - 1.5. Beidh méid an chló a úsáidfeadh i gcomhréir le méid an tsuaitheantais.
 - 1.6. Is iad reflex gorm, dubh nó bán a úsáidfeadh le haghaidh dath na clófhoirne ag brath ar an gcúlra.

- 1.7. Ní dhéanfar an suaitheantas a mhodhnú ná a chumasc le haon mhír ghrafach ná le haon téacs eile. Má thaispeántar lógónna eile chomh maith leis an suaitheantas, beidh an suaitheantas ar a laghad chomh mór céanna, de réir airde nó leithid, leis an lógó is mó de na lógónna eile. Seachas an suaitheantas, ní cheadaítear aon amharc-aithne ná lógó eile a úsáid chun béim a leagan ar an tacaíocht ón Aontas.
- 1.8. I gcás ina bhfuil roinnt oibríochtaí ar siúl ar an láthair chéanna, a fhaigheann tacaíocht ó na hionstraimí cistiúcháin céanna nó ó chinn éagsúla, nó i gcás ina gcuirfear cistiú breise ar fáil don oibríocht chéanna tráth níos déanaí, taispeánfar plaic amháin nó clár fógraí amháin ar a laghad.
- 1.9. Caighdeáin ghrafaice don suaitheantas agus an sainmhíniú ar na dathanna caighdeánacha:


(A) CUR SÍOS SIOMBALACH

Ar chúlra na spéire goirme, tá ciorcal dhá réalta órga dhéag, a léiríonn aontacht na bpobal Eorpach. Tá líon na réaltaí socair, óir is é a dó dhéag siombail na foirfeachta is na haontachta.

(B) CUR SÍOS ARALTACH

Ar ghort gormghlas ciorcal de dhá mhilléad órga déag, gan a bpointí ag tadhall.

(C) CUR SÍOS CÉIMSEATÚIL



Is í bhfoirm bhratach ghorm dhronuilleogach, a bhfuil a leithead an oiread go leith chomh fada leis an ardaitheoir atá an suaitheantas. Dhá réalta órga dhéag atá ag eastraimh chothroma ó chiorcal dofheicthe, ar lár dó pointe trasnaithe thrasnán na dronuilleoige. Is ionann ga an chiorcail agus trian d'airde an ardaitheora. Tá cúig phointe ag gach réalta atá ar imlíne chiorcail dofheicthe arb ionann a gha agus an 18ú cuid d'airde an ardaitheora. Tá gach réalta ina seasamh, i.e. le pointe amháin go hingearach agus dhá phointe i líne dhíreach go dronuilleach don chrann. Socraítear an chiorcal sa chaoi nach mór do na réaltaí a bheith in ionad na n-uaireanta an chloig ar aghaidh cloig. Tá a líon do-athraitheach.

(D) NA DATHANNA OIFIGIÚLA

Sna dathanna seo a leanas atá an suaitheantas: PANTONE REFLEX BLUE do dhromchla na dronuilleoige; PANTONE YELLOW do na réaltaí

(E) AN PRÓISEAS CEITHRE-DHATH

Má úsáidtear an próiseas ceithre-dhath, athchruthaigh an dá dhath chaighdeánacha trí úsáid a bhaint as ceithre dhath an phróisis ceithre-dhatha.

Faightear PANTONE YELLOW trí 'Process Yellow' 100 % a úsáid.

Faightear PANTONE REFLEX BLUE trí 'Process Cyan' 100 % agus 'Process Magenta' 80 % a mheascadh.

AN tIDIRLÍON

Tá PANTONE REFLEX BLUE ag freagairt do dhath phailéad gréasáin RGB:0/51/153 (heicsidheachúil: 003399) agus tá PANTONE YELLOW ag freagairt do dhath phailéad gréasáin RGB: 255/204/0 (heicsidheachúil: FFCC00).

AN PRÓISEAS DON ATÁIRGEADH AONDATHACH

Agus dubh á úsáid, imlínítear an dronuilleog i ndath dubh agus priontáiltear na réaltaí i ndath dubh ar chúlra bán.



Agus gorm á úsáid (Reflex Blue), úsáidtear leibhéal 100 % don dronuilleog agus fágfar na réaltaí i ndath bán (diúltach).



ATÁIRGEADH AR CHÚLRA DAITE

Mura bhfuil aon slí chun cúlra ildaite a sheachaint, cuirtear imeall bán timpeall na dronuilleoige, le leithead cothrom le 1/25ú d'airde na dronuilleoige.



Tá na prionsabail maidir le húsáid shuaitheantas an Aontais ag tríú páirtithe leagtha amach sa Chomhaontú riaracháin le Comhairle na hEorpa¹.

2. Leis an gceadúnas maidir le cearta maoine intleachtúla dá dtagraítear in Airteagal 49(6) don Aontas, bronnófar na cearta seo a leanas ar a laghad :
 - 2.1. úsáid inmheánach i.e. an ceart a bhronnadh ar institiúidí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais , ar údaráis na mBallstát, agus ar a bhfostaithe, chun na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a atáirgeadh, a chóipeáil agus a chur ar fáil;
 - 2.2. atáirgeadh na n-ábhar cumarsáide agus infheictheachta trí aon mhodh agus in aon fhoirm, ina n-íomláine nó i bpáirt;

¹ IO C 271, 8.9.2012, lch. 5.

- 2.3. na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a chur in iúl don phobal trí úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide go léir;
 - 2.4. na hábhair chumarsáide agus infheictheachta (nó cóipeanna díobh) a dháileadh ar an bpobal i bhfoirm ar bith;
 - 2.5. na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a stóráil agus a chartlannú;
 - 2.6. na cearta do na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a fho-cheadúnú do thrú páirtithe.
-

IARSCRÍBHINN X

Na heilimintí le haghaidh comhaontuithe cistiúcháin agus doiciméid straitéise – Airteagal 59(1) agus (5)

1. Na heilimintí riachtanacha den chomhaontú cistiúcháin le haghaidh ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme faoi Airteagal 59(5):
 - (a) an straitéis infheistíochta nó an beart lena n-áirítear socruithe cur chun feidhme, táirgí airgeadais a bheidh le tairiscint, na faighteoirí deiridh atá mar spriocghrúpa agus an comhcheangal dóchúil le tacaíocht deontais (más iomchuí);
 - (b) plean gnó nó doiciméid choibhéiseacha don ionstraim airgeadais atá le cur chun feidhme lena n-áirítear an éifeacht mheasta ghiarála dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 58(3);
 - (c) torthaí na gcuipóirí a bhfuiltear ag súil go mbainfidh an ionstraim airgeadais amach chun rannchuidiú le cuipóirí sonracha agus le torthaí na tosaíochta ábhartha;
 - (d) forálacha maidir le faireachán ar chur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus ar shreabhadh na gcomhaontuithe lena n-áirítear tuairisciú ag an ionstraim airgeadais don chiste sealbhaíochta agus don údarás bainistíochta d'fhonn comhlíonadh Airteagal 42 a dheimhniú;

- (e) ceanglais iniúchóireachta, amhail ceanglais íosta don doiciméadú a bheidh le coimeád ar leibhéal na hionstraime airgeadais (agus ar leibhéal an chiste sealbhaíochta nuair is iomchuí) i gcomhréir le hAirteagal 82, agus ceanglais maidir le taifid ar leith a choimeád ar na cineálacha éagsúla tacaíochta i gcomhréir le hAirteagal 58(6), más infheidhme, lena n-áirítear forálacha agus ceanglais maidir le rochtain ar dhoiciméid ag údaráis iniúchóireachta de chuid na mBallstát, ag iniúchóirí an Choimisiúin agus ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh rian soiléir iniúchóireachta ann;
- (f) ceanglais agus nósanna imeachta chun an ranníocaíocht arna soláthar ag an gclár a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 92, agus don réamhaisnéis ar shreabhadh na gcomhaontuithe, lena n-áirítear ceanglais um chuntasaíocht mhuiníneach nó leithleach mar a leagtar amach in Airteagal 59 iad;
- (g) ceanglais agus nósanna imeachta maidir le hús agus fáiltais eile a ghintear a bhainistiú mar a thagraítear dóibh in Airteagal 60, lena n-áirítear oibríochtaí nó infheistíochtaí inghlactha don státchiste agus freagrachtaí agus cúraimí na bpáirtithe a bheidh i gceist;
- (h) forálacha maidir le ríomh agus íoc na gcostas bainistithe a thabhaítear nó ríomh agus íoc tháillí bainistithe na hionstraime airgeadais i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 68(1);
- (i) forálacha maidir le hathúsáid na n-acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí i gcomhréir le hAirteagal 62 agus beartas scoir don ranníocaíocht ó na Cistí as an ionstraim airgeadais;

- (j) coinníollacha maidir le haistarraingt iomlán nó pháirteach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le ranníocaíochtaí cláir ó chláir d'ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear an ciste sealbhaíochta i gcás inarb infheidhme;
- (k) forálacha chun a áirithiú go ndéanfaidh na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme bainistiú ar na hionstraimí airgeadais ar bhonn neamhspleách agus i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla ábhartha, go ngníomhóidh siad i gcomhréir le leas iomlán na bpáirtithe a dhéanfaidh ranníocaíochtaí don ionstraim airgeadais;
- (l) forálacha maidir leis an ionstraim airgeadais a fhoirceannadh;
- (m) téarmaí agus coinníollacha eile a bhaineann le ranníocaíochtaí a dhéanamh ón gclár don ionstraim airgeadais;
- (n) téarmaí agus coinníollacha chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh faighteoirí deiridh, trí shocruithe conarthacha, na ceanglais maidir le plaiceanna marthanacha nó cláir fógraí a thaispeáint i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 50(1), agus socruithe eile chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 50 agus Iarscríbhinn IX maidir le hadmháil tacaíochta ó na Cistí;
- (o) na comhlachtaí a chuireann na hionstraimí airgeadais chun feidhme a bhreithmheas agus a roghnú, lena n-áirítear glaonna ar léiriú spéise nó nósanna imeachta um sholáthar poiblí (i gcás ina n-eagraítear na hionstraimí airgeadais trí chiste sealbhaíochta, agus sa chás sin amháin).

2. Na heilimintí riachtanacha den doiciméad straitéise/de na doiciméid straitéise dá dtagraítear in Airteagal 59(1):
- (a) an straitéis infheistíochta nó an beart maidir leis an ionstraim airgeadais, na téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le táirgí fiachais réamhthuartha, spriocfhaighteoirí agus gníomhaíochtaí a bheidh le tacú;
 - (b) plean gnó nó doiciméid choibhéiseacha don ionstraim airgeadais atá le cur chun feidhme lena n-áirítear an éifeacht mheasta ghairála dá dtagraítear in Airteagal 58;
 - (c) úsáid agus athúsáid acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí i gcomhréir le hAirteagal 60 agus le hAirteagal 62;
 - (d) faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme na hionstraime airgeadais chun comhlíonadh Airteagail 42 agus 50 a áirithiú.
-

IARSCRÍBHINN XI

Príomhcheanglais na gcóras bainistithe
agus rialaithe agus a n-aicmiú – Airteagal 69(1)

Tábla 1 - Príomhcheanglais na gcóras bainistithe agus rialaithe

		Comhlachtaí/údarás lena mbaineann
1	Deighilt iomchuí feidhmeanna agus socruithe i scríbhinn don tuairisciú, maoirsiú agus faireachán ar chúraimí arna dtarmhligean do chomhlacht idirmheánach	An t-údarás bainistíochta
2	Critéir agus nósanna imeachta iomchuí le haghaidh roghnú na n-oibríochtaí	An t-údarás bainistíochta ^{1*}
3	Faisnéis iomchuí do thairbhíthe maidir leis na coinníollacha is infheidhme don tacaíocht do na hoibríochtaí roghnaithe	An t-údarás bainistíochta
4	Fíoruithe bainistíochta iomchuí, lena n-áirítear nósanna imeachtaí iomchuí chun comhlíonadh na gcoinníollacha don mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais agus do na roghanna costais shimplithe a sheiceáil	An t-údarás bainistíochta
5	Córas éifeachtach chun a áirithiú go gcoimeádtar gach doiciméad atá riachtanach don rian iniúchóireachta	An t-údarás bainistíochta
6	Córas iontaofa leictreonach (lena n-áirítear naisc le córais malartaithe sonraí leictreonacha le tairbhíthe) chun sonraí le haghaidh faireacháin, meastóireachta, bainistíocht airgeadais, fíoruithe agus iniúchtaí a thaifeadadh agus a stóráil, lena n-áirítear próisis iomchuí chun slándáil, iomláine agus rúndacht na sonraí agus fíordheimhniú na n-úsáideoirí a áirithiú	An t-údarás bainistíochta
7	Bearta frith-chalaoise a chur chun feidhme go héifeachtach	An t-údarás bainistíochta

¹ Údarás nó comhlachtaí críche de bhun Airteagail 29(3) den Rialachán seo agus coiste stiúrtha de bhun Airteagail 22(2) den Rialachán Interreg, i gcás inarb infheidhme.

8	Nósanna imeachta iomchuí chun an dearbhú bainistíochta a ullmhú	An t-údarás bainistíochta
9	Nósanna imeachta iomchuí chun a dhearbhu go bhfuil an caiteachas arna chur isteach sna cuntais dleathach agus rialta	An t-údarás bainistíochta
10	Na nósanna imeachta iomchuí chun iarratais ar íocaíochtaí agus cuntais a ullmhú agus a chur isteach agus lena ndaingneofar iomláine, cruinneas agus frinneacht na gcuntas sin	An t-údarás bainistíochta/an comhlacht a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta
11	Deighilt iomchuí feidhmeanna agus neamhspleáchas feidhmiúil idir an t-údarás iniúchóireachta (agus aon chomhlacht a mbeidh obair iniúchóireachta á déanamh aige faoi fhreagracht an údarais iniúchóireachta agus a mbíonn an t-údarás iniúchóireachta ar iontaoibh orthu nó a ndéanann sé maoirseacht orthu, más infheidhme) agus na húdarais chlár eile agus obair iniúchóireachta á déanamh i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta	An t-údarás iniúchóireachta
12	Iniúchtaí iomchuí ar an gcóras	An t-údarás iniúchóireachta
13	Iniúchtaí iomchuí ar oibríochtaí	An t-údarás iniúchóireachta
14	Iniúchtaí iomchuí ar chuntais	An t-údarás iniúchóireachta
15	Nósanna imeachta iomchuí chun tuairim iniúchóireachta iontaofa a sholáthar agus chun an tuarascáil bhliantúil ar rialú a ullmhú	An t-údarás iniúchóireachta

Tábla 2 – Aicmiú na gcóras bainistithe agus rialaithe i ndáil lena bhfeidhmiú éifeachtach

Catagóir 1	Oibríonn sé go maith. Níl gá le feabhsú nó níl gá ach le mionfheabhsú.
Catagóir 2	Oibríonn sé. Feabhsú áirithe ag teastáil.
Catagóir 3	Oibríonn sé i bpáirt. Tá feabhsú suntasach ag teastáil.
Catagóir 4	Go bunúsach ní oibríonn sé.

IARSCRÍBHINN XII

Rialacha mionsonraithe agus teimpléad maidir le neamhrialtachtaí a thuairisciú – Airteagal 69(2)
agus (12)

Roimn 1

Rialacha mionsonraithe maidir le neamhrialtachtaí a thuairisciú

1.1. Neamhrialtachtaí atá le tuairisciú

Déanfar na neamhrialtachtaí seo a leanas a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 69(2):

- (a) neamhrialtachtaí a bhí faoi réir céad mheasúnú i scríbhinn ag údarás inniúil, bíodh sé ina údarás riaracháin nó breithiúnach, a chinn, ar bhonn fricí sonracha, go ndearnadh neamhrialtacht, beag beann ar an bhféidearthacht go gcaithfí an cinneadh sin a athbheithniú nó a tharraingt siar ina dhiaidh sin mar thoradh ar fhorbairtí le linn an nós imeachta riaracháin nó bhreithiúnaigh;

- (b) neamhrialtachtaí is cúis le himeachtaí riaracháin nó breithiúnacha a thionscnamh ar an leibhéal náisiúnta chun a shuí an bhfuil calaois nó cionta coiriúla eile i láthair, dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 3(2), agus in Airteagail 4(1), (2) agus (3) de Threoir (AE) 2017/1371 agus i bpointe (a) d'Airteagal 1(1) den Choinbhinsiún arna dhréachtú ar bhonn Airteagal K.3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, maidir le leasanna airgeadais¹ na gComhphobal Eorpach a chosaint do na Ballstáit sin nach bhfuil faoi cheangal ag an treoir sin;
- (c) neamhrialtachtaí a thagann roimh fhéimheacht;
- (d) neamhrialtacht shonrach nó grúpa neamhrialtachtaí a gcuireann an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis faoi bhráid an Bhallstáit i scríbhinn ina leith tar éis an tuairiscithe tosaigh ó Bhallstát.

1.2. Neamhrialtachtaí atá le díolmhú ó thuairisciú

Ní thuairisceofar na neamhrialtachtaí seo a leanas:

- (a) neamhrialtachtaí i gcás méid níos lú ná EUR 10 000 i ranníocaíocht ó na Cistí; níl feidhm aige sin i gcás neamhrialtachtaí atá idirnasctha agus ar mó a méid iomlán ná EUR 10 000 i ranníocaíocht ó na Cistí, fiú nuair nach mó aon cheann díobh ná an uasteorainn sin as a stuaim féin;

¹ IO C 316, 27.11.1995, lch. 49.

- (b) cásanna nach mbeidh sa neamhrialtacht sin ach mainneachtain oibríocht a chur i gcrích, ina hiomláine nó go páirteach, arb oibríocht í atá san áireamh sa chlár cómhaoinithe de dheasca fhéimheacht neamhchalaoiseach an tairbhí;
- (c) cásanna ina dtarraingeoidh an tairbhí aird an údaráis bainistíochta nó an údaráis a bhfuil an fheidhm chuntasaíochta faoina chúram, go deonach agus roimh é a bhrath ag ceachtar de na húdaráis, cibé acu roimh an ranníocaíocht phoiblí a íoc nó ina dhiaidh sin;
- (d) cásanna a bhraitheann agus a cheartaíonn an t-údarás bainistíochta sula gcuirtear iad in iarratas ar íocaíocht arna chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní bheidh feidhm ag na díolúintí i bpointí (c) agus (d) den chéad fhomhír den phointe seo maidir le neamhrialtachtaí dá dtagraítear faoi phointe 1.1 (b).

1.3. An Ballstát tuairiscithe a chinneadh

Beidh an Ballstát ina dtabhaíonn an tairbhí an caiteachas neamhrialta agus a íoctar agus an oibríocht á cur chun feidhme freagrach as an neamhrialtacht a thuirisciú i gcomhréir le hAirteagal 69(2). Maidir le clár faoi sprioc an chomhair chríochnaigh Eorpaigh (Interreg), cuirfidh an Ballstát tuairiscithe an t-údarás bainistíochta agus an t-údarás iniúchóireachta ar an eolas faoin gclár.

1.4. Uainiú an tuairiscithe

Tuairisceoidh Ballstáit neamhrialtachtaí laistigh de dhá mhí tar éis dheireadh gach ráithe óna mbrath nó a luaithe a bhíonn faisnéis bhreise ar fáil maidir leis na neamhrialtachtaí a tuairiscíodh. Mar sin féin, déanfaidh an Ballstát neamhrialtachtaí a aimsíodh nó a ceapadh a tharla a thuairisciú láithreach don Choimisiún, agus d'aon Bhallstát eile lena mbaineann á léiriú, i gcás ina bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag na neamhrialtachtaí sin lasmuigh dá chríoch.

1.5. Faisnéis a thuairiscítear a thíolacadh, a úsáid agus a phróiseáil

I gcás ina ndéantar foráil i bhforálacha náisiúnta maidir le rúndacht na n-imscrúduithe, ní fhéadfar ach faisnéis atá faoi réir údarú an bhinse inniúil, na cúirte nó an chomhlachta eile i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta a thuairisciú.

Féadfar an fhaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo a úsáid chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe chun anailísí riosca a dhéanamh agus chun córais a fhorbairt chun rioscaí a shainiú ar bhealach níos éifeachtaí.

Ní úsáidfean an fhaisnéis sin chun aon chríocha eile seachas chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ach amháin má tá a dtóiliú sainráite tugtha ag na húdaráis sin a chuir ar fáil í.

Beidh an fhaisnéis sin cumhdaithe ag rúndacht ghairmiúil agus ní fhéadfar í a nochtadh d'aon duine seachas dóibh siúd sna Ballstáit nó laistigh d'institiúidí, gníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí an Aontais a bhfuil rochtain acu uirthi de réir a ndualgas.

Roinn 2

Teimpléad don tuairisciú leictreonach tríd an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS)

	Aitheantas	Ciste
		Ballstát
		An t-údarás tuairiscithe
		Bliain
		Uimhir sheichimh
		An chláirthréimhse
		Uimhir thagartha – náisiúnta
	An fhaisnéis dhréachtaithe	An t-údarás tionscnaimh – an t-ainm iomlán
		Teanga na hiarrata
		An dáta dréachtaithe
		Ráithe
	Iarraidh speisialta	An gá le tíortha eile a chur ar an eolas
		Duine a aimsíodh i gcás nó i gcásanna eile
	Stádas	Imeachtaí
	Dúnadh an cháis	Dáta dúnta an cháis

Sonraí pearsanta	Sainaitheant na ndaoine lena mbaineann	Duine dlítheanach / duine nádúrtha
		Stádas dlíthiúil
		Uimhir cárta aitheantais náisiúnta
		Ainm na cuideachta/sloinne
		Trádainm/ainm
		Máthairainm/réimír neamhspleách
		Sráid
		Postchód
		Cathair
	Aonad críche ina bhfuil an duine cláraithe	Ballstát
		Leibhéal ábhartha NUTS
		Marcáilte ar bhonn an Rialacháin Airgeadais ¹ (Airteagail 135 go 145)
		An t-údar atá le rúndacht sonraí pearsanta

¹ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i dtaca le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

	Tuairisc ar an oibríocht	Uimhir CCI
		Cuspóir – CCI
		Catagóir réigiúin i gcás inarb infheidhme
		Sprioc (IJG/Interreg)
		Clár
		Dáta dúnta an chláir
		Cinneadh an Choimisiúin – uimhir
		Cinneadh an Choimisiúin – dáta
		Cuspóir beartais
		Tosaíocht
		Cuspóir sonracha
	Aonad críche ina dtarlaíonn an oibríocht	Ballstát
		Leibhéal ábhartha NUTS
		Údarás iniúil
Oibríocht – sonracha – tionscadal	Tionscadal	Tionscadal
		An tionscadal – ainm
		An tionscadal – uimhir
		Ráta cómhaoinithe
		Méid iomlán an chaiteachais
		Méid iomlán an chaiteachais neamhrialta

Neamhrialtacht	Faisnéis as a n-eascraíonn amhras faoi neamhrialtacht	Dáta
		Foinse
	Forálacha a sáraíodh	Forálacha – an tAontas: Cineál, Teideal, Tagairt, Airteagal agus mír de réir mar is ábhartha
		Forálacha – náisiúnta – Cineál, Teideal, Tagairt, Airteagal agus mír de réir mar is ábhartha
	Stáit eile lena mbaineann	Ballstát/Ballstáit
		Ballstát/Ballstáit nach Ballstát/Ballstáit é/iad den Aontas Eorpach
	Faisnéis shonrach maidir leis an neamhrialtacht	Túsdáta na neamhrialtachta
		Críochdháta na neamhrialtachta
		Cineál na neamhrialtachta – tíopeolaíocht
		Cineál neamhrialtachta – catagóir
		Modus operandi
		Faisnéis bhreise
		Torthaí an riaracháin
		Aicmiú na neamhrialtachta
		Cionta de bhun Threoir (AE) 2017/1371

Brath		Dáta na fionnachtana (cinneadh príomha riaracháin nó breithiúnach)
		Cúis le rialú a dhéanamh (cén fáth)
		Cineál agus/nó modh rialaithe (conas)
		Rialú arna dhéanamh tar éis íocaíocht phoiblí nó íocaíochtaí poiblí a íoc
		Údarás inniúil
	Cás-OLAF	Uimhir OLAF – Tagairt
		Uimhir OLAF – Bliain
		Uimhir OLAF – Seicheamh
		Stádas

Méideanna iomlána	Tionchar airgeadais	Caiteachas – ranníocaíocht ón AE
		Caiteachas – Ranníocaíocht náisiúnta
		Caiteachas – Ranníocaíocht phoiblí
		Caiteachas – Ranníocaíocht phríobháideach
		Caiteachas – Iomlán
		Méid neamhrialta – ranníocaíocht AE
		Méid neamhrialta – ranníocaíocht náisiúnta
		Méid neamhrialta – ranníocaíocht phoiblí
		nár íocadh de – ranníocaíocht AE
		nár íocadh de – ranníocaíocht náisiúnta
		nár íocadh de – ranníocaíocht phoiblí
		dár íocadh de – ranníocaíocht AE
		dár íocadh de – ranníocaíocht náisiúnta
		dár íocadh de – ranníocaíocht phoiblí
		Barúlacha

Pionóis	Nósanna imeachta	Nósanna imeachta arna dtionscnamh chun pionóis a ghearradh
		Cineál an nós imeachta
		Dáta tosaigh an nós imeachta
		Dáta deiridh (measta) an nós imeachta
		Stádas an nós imeachta
	Smachtbhannaí	Pionóis
		Pionóis – Catagóir
		Pionóis – Cineál
		Pionóis arna gcur i bhfeidhm
		Méideanna a bhaineann le pionóis airgeadais
		Críochdháta na neamhrialtachta
Barúlacha	Barúlacha	Tuairimí – an t-údarás tuairiscithe
	Ceangaltáin	Ceangaltáin
		Tuairisc ar na ceangaltáin
	Cealú a iarraidh	Cúiseanna cealúcháin
		Cúiseanna diúltúcháin

IARSCRÍBHINN XIII

Eilimintí don rian iniúcháireachta – Airteagal 69(6)

A mhéid a bhaineann le ranníocaíocht ón Aontas bunaithe ar chostais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe arna n-aisíoc ag an gCoimisiún faoi Airteagal 94 agus ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais arna n-aisíoc ag an gCoimisiún faoi Airteagal 95, ní cheanglófar ach na heilimintí a leagtar amach faoi Ranna III agus IV faoi seach a chur ar fáil.

- I. Eilimintí éigeantacha den rian iniúcháireachta i gcás na ndeontas atá sna foirmeacha a leagtar amach i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 53(1):

1. doiciméadacht a fhágann gur féidir leis an údarás bainistíochta fíorú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcritéar roghnúcháin, chomh maith le doiciméadacht a bhaineann leis an nós imeachta foriomlán roghnúcháin agus le formheas na n-oibríochtaí;
2. doiciméad (comhaontú deontais nó a chomhionann) ina leagtar amach na coinníollacha don tacaíocht atá sínithe ag an tairbhí agus an t-údarás bainistíochta/comhlacht idirmheánach;
3. taifid chuntasaíochta ar éilimh ar íocaíocht arna geur isteach ag an tairbhí, mar a taifeadh iad i gcóras leictreonach an údarais bainistíochta/an chomhlachta idirmheánaigh;
4. doiciméadacht ar fhíoruithe lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le neamh-athlonnú agus buaine a leagtar amach in Airteagal 65, in Airteagal 66(2) agus i bpointe (h) d'Airteagal 73(2);
5. cruthúnas gur íocadh an ranníocaíocht phoiblí don tairbhí agus cruthúnas ar an dáta a rinneadh an íocaíocht;
6. doiciméad a thugann fianaise ar na seiceálacha riaracháin agus, i gcás inarb infheidhme, ar an láthair a rinne an t-údarás bainistíochta/an comhlacht idirmheánach;

7. faisnéis maidir le hiniúchtaí a rinneadh;
8. doiciméadacht a bhaineann le bearta leantacha a rinne an t-údarás iniúchóireachta/an t-údarás idirmheánach chun críoch fíoruithe bainistíochta agus torthaí iniúchóireachta;
9. doiciméadacht lena léirítear fíorú chomhlíonadh an dlí is infheidhme;
10. sonraí maidir le táscairí aschuir agus toraidh a fhágann gur féidir iad a réiteach leis na spriocanna agus garspriocanna comhfhreagracha arna dtuairisciú;
11. doiciméadacht a bhaineann le ceartuithe agus asbhaintí airgeadais ón gcaiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 98(6) a rinne an t-údarás bainistíochta/an comhlacht idirmheánach/an comhlacht a bhfuil an fheidhm chuntasaíochta de chúram air;
12. i gcás na ndeontas atá san fhoirm a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 53(1), na sonraisc (nó doiciméid a bhfuil an luach fianaiseach céanna leo) agus cruthúnas gur íoc an tairbhí iad, maille le taifid chuntasaíochta an tairbhí a bhaineann leis an caiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún;
13. i gcás na ndeontas atá san fhoirm a leagtar amach i bpointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 53(1) agus de réir mar is infheidhme, doiciméad a thugann údar don modh chun na costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe a bhunú; catagóirí na gcostas atá mar bhonn don ríomh; doiciméid ina bhfuil fianaise ar chostais arna ndearbhú faoi chatagóirí eile costais a bhfuil feidhm ag ráta comhréidh maidir leo; an comhaontú sainráite ón údarás bainistíochta maidir leis an dréachtbhuiséad sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta; doiciméadacht maidir leis na costais chomhlána fostaíochta agus maidir leis an ráta in aghaidh na huaire a ríomh; i gcás ina n-úsáidtear roghanna costais shimplithe bunaithe ar mhodhanna atá ann cheana, doiciméadacht lena ndaingnítear go bhfuiltear ag cloí le cineálacha cosúla oibríochtaí agus leis an doiciméadacht a cheanglaítear faoin modh atá ann cheana, más ann di.

- II. Eilimintí éigeantacha don rian iniúchóireachta le haghaidh ionstraimí airgeadais:
1. doiciméad maidir le bunú na hionstraime airgeadais, amhail comhaontuithe cistiúcháin, etc.;
 2. doiciméid lena saináithneofar na méideanna arna ranníoc ag gach clár agus faoi gach tosaíocht leis an ionstraim airgeadais, an caiteachas atá incháilithe faoi gach clár agus an t-ús agus gnóthachain eile arna nginiúint le tacaíocht ó na Cistí agus athúsáid acmhainní ar féidir iad a chur i leith na gCistí i gcomhréir le hAirteagal 60 agus Airteagal 62;
 3. doiciméid maidir le feidhmiú na hionstraime airgeadais, lena n-áirítear na doiciméid a bhaineann le faireachán, tuairisciú agus fíoruithe;
 4. doiciméid a bhaineann le himeacht ranníocaíochtaí cláir agus le foirceannadh na hionstraime airgeadais;
 5. doiciméid maidir leis na costais agus táillí bainistíochta;
 6. foirmeacha iarratais, nó a gcomhionann, arna gcur isteach ag na faighteoirí deiridh, lena n-áirítear pleananna gnó agus, nuair is ábhartha, cuntais bhliantúla roimhe sin;
 7. seicliostaí agus tuarascálacha ó na comhlachtaí a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme;
 8. dearbhuithe arna ndéanamh i ndáil le cabhair *de minimis*;

9. comhaontuithe a síníodh i ndáil leis an tacaíocht arna soláthar ag an ionstraim airgeadais, lena n-áirítear comhaontuithe le haghaidh cothromais, iasachtaí, ráthaíochtaí nó cineálacha eile infheistíochta arna soláthar do na faighteoirí deiridh;
10. fianaise go bhfuil an tacaíocht arna soláthar tríd an ionstraim airgeadais le húsáid don chuspóir atá beartaithe di;
11. taifead ar na sreafaí airgeadais idir an t-údarás bainistíochta agus an ionstraim airgeadais, agus laistigh den ionstraim airgeadais ar gach leibhéal, síos go dtí na faighteoirí deiridh, agus, i gcás ráthaíochtaí, cruthúnas gur íocadh amach na bun-iasachtaí;
12. taifid nó cóid chuntasaíochta ar leithligh le haghaidh ranníocaíocht chláir a d'íoc an ionstraim airgeadais, nó ráthaíocht a gheall sí, chun leasa an fhaighteora deiridh.

- III. Eilimintí éigeantacha den rian iniúchóireachta le haghaidh aisíoc ranníocaíocht an Aontais ón gCoimisiún faoi Airteagal 94, ar eilimintí iad a choimeádfar ar leibhéal an údaráis bainistíochta/an chomhlachta idirmheánaigh:
1. doiciméid ina bhfuil fianaise ar chomhaontú *ex ante* an Choimisiúin maidir leis na cineálacha costas aonaid a chumhdaítear le hoibríochtaí, na cnapshuimeanna agus na rátaí comhréidhe, agus sainiú na méideanna agus rátaí gaolmhara, chomh maith leis na modhanna chun na méideanna a choigeartú (formheas nó leasú an chláir);
 2. doiciméid ina bhfuil fianaise ar na catagóirí costas agus na méideanna atá mar bhonn leis an ríomh a bhfuil feidhm ag an ráta comhréidh maidir leis;
 3. doiciméid ina bhfuil fianaise ar chomhlíonadh choinníollacha an Choimisiúin maidir le haisíoc;
 4. doiciméid ina bhfuil fianaise ar choigeartú na méideanna, i gcás inarb ábhartha;
 5. doiciméid ina bhfuil fianaise ar an modh ríofa má chuirtear pointe (a) den dara fomhír, d'Airteagal 94(2) i bhfeidhm;

6. doiciméadacht a bhaineann le roghnú agus formheas na n-oibríochtaí a chumhdaítear le haisíoc ranníocaíocht an Aontais ón gCoimisiún ar bhonn roghanna costais shimplithe;
7. doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta arna síniú ag an tairbhí agus ag an údarás bainistíochta/comhlacht idirmheánach ina sonraítear an cineál tacaíochta a thabharfar do thairbhíthe;
8. doiciméadacht ina bhfuil fianaise ar fhíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an tríú fómhír d'Airteagal 94(3);
9. cruthúnas gur íocadh an ranníocaíocht phoiblí leis an tairbhí agus cruthúnas ar an dáta a rinneadh an íocaíocht.

- IV. Eilimintí éigeantacha den rian iniúcháireachta le haghaidh aisíoc ranníocaíocht an Aontais ón gCoimisiún faoi Airteagal 95, ar eilimintí iad a choimeádfar ar leibhéal an údarás bainistíochta/an chomhlachta idirmheánaigh:
1. doiciméid ina bhfuil fianaise ar chomhaontú *ex-ante* an Choimisiúin maidir leis na coinníollacha atá le comhlíonadh nó na torthaí atá le baint amach agus na méideanna comhfhreagracha (formheas nó leasú ar an gclár);
 2. doiciméadacht a bhaineann le roghnú agus formheas na n-oibríochtaí a chumhdaítear le haisíoc ranníocaíocht an Aontais ón gCoimisiún bunaithe ar Airteagal 95 (maoiniú nach bhfuil nasctha le costais);
 3. doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta arna síniú ag an tairbhí agus ag an údarás bainistíochta/comhlacht idirmheánach ina sonraítear an cineál tacaíochta a thabharfar do thairbhíthe;
 4. doiciméadacht ina bhfuil fianaise ar fhíoruithe bainistíochta agus iniúchtaí arna ndéanamh i gcomhréir leis an dara fómhír d'Airteagal 95(3);
 5. cruthúnas gur íocadh an ranníocaíocht phoiblí don tairbhí agus cruthúnas ar an dáta a rinneadh an íocaíocht;
 6. doiciméid ina bhfuil fianaise ar chomhlíonadh coinníollacha nó baint amach torthaí ag gach céim má dhéantar i gcéimeanna é, agus sula ndéantar an caiteachas deiridh a dhearbhu don Choimisiún chomh maith.
-

IARSCRÍBHINN XIV

Córais malartaithe sonraí

leictreonacha idir údarais chláir agus tairbhíthe – Airteagal 69(8)

1. Freagrachtaí údarás cláir i ndáil le tréithe na gcóras malartaithe sonraí leictreonacha
 - 1.1. Slándáil sonraí, sláine sonraí, rúndacht sonraí, fiordheimhniú an tseoltóra a áirithiú i gcomhréir le hAirteagail 69(6), 69(8), le pointe (e) d'Airteagal 72(1), agus le hAirteagal 82.
 - 1.2. Infhaighteacht agus feidhmiú a áirithiú le linn agus lasmuigh d'uaireanta caighdeánacha oifige (ach amháin le linn cothabháil theicniúil).
 - 1.3. A áirithiú go mbeidh sé d'aidhm ag an gcóras feidhmeanna agus comhéadan atá loighciúil, simplí agus iomasach a úsáid.
 - 1.4. Úsáid feidhmiúlachtaí sa chóras le haghaidh na nithe seo a leanas:
 - (a) foirmeacha idirghníomhacha agus/nó foirmeacha atá réamhlíonta ag an gcóras ar bhonn na sonraí a stóráiltear ag céimeanna leantacha na nósanna imeachta;
 - (b) ríomhanna uathoibríocha, i gcás inarb infheidhme;

- (c) rialuithe uathoibríocha leabaithe a laghdaíonn malartuithe doiciméad nó faisnéise arís agus arís eile;
 - (d) foláirimh arna gcruthú ag an gcóras chun an tairbhí a chur ar an eolas gur féidir bearta áirithe a dhéanamh;
 - (e) rianú stádais ar líne a fhágann gur féidir leis an tairbhí stádas reatha an tionscail a leanúint;
 - (f) na sonraí agus na doiciméid uile a bhí ar fáil cheana arna bpróiseáil ag an gcóras um malartú sonraí leictreonacha.
- 1.5. Coimeád taifead agus stóráil sonraí sa chóras a áirithiú a fhágann gur féidir fóruithe riaracháin ar éilimh ar íocaíocht arna gcur isteach ag tairbhíthe i gcomhréir le hAirteagal 74(2), agus iniúchtaí, araon, a dhéanamh.
2. Freagrachtaí údarás cláir i ndáil leis na modheolaíochtaí chun doiciméid agus sonraí a tharchur le haghaidh gach malartú
- 2.1. Úsáid sínithe leictreonaigh atá comhoiriúnach le ceann amháin de na trí chineál sínithe leictreonaigh arna sainmhíniú le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ a áirithiú.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- 2.2. Dearbhú go stóráiltear dáta tarchuir doiciméad agus sonraí ón tairbhí chuig údaráis chláir agus *vice versa*.
- 2.3. Inrochtaineacht a áirithiú go díreach trí chomhéadan úsáideora idirghníomhach (feidhmchlár gréasáin) nó trí chomhéadan teicniúil a fhágann gur féidir sioncronú agus tarchur uathoibríoch sonraí a dhéanamh idir córais na dtairbhíthe agus córais na mBallstát.
- 2.4. Cosaint príobháideachais sonraí pearsanta i gcás daoine aonair agus rúndacht tráchtála i gcás eintitis dhlíthiúla a áirithiú i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus Rialachán (AE) 2016/679.

¹ Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

IARSCRÍBHINN XV

SFC2021: córas malartaithe sonraí leictreonacha
idir na Ballstáit agus an Coimisiún – Airteagal 69(9)

1. Freagrachtaí an Choimisiúin
 - 1.1. Feidhmiú córais malartaithe sonraí leictreonacha ('SFC2021') le haghaidh gach malartaithe oifigiúil faisnéise idir an Ballstát agus an Coimisiún a áirithiú. In SFC2021 beidh ar a laghad an fhaisnéis a shonraítear sna teimpléid arna mbunú i gcomhréir leis an Rialachán seo.
 - 1.2. Na tréithe seo a leanas de SFC2021 a áirithiú:
 - (a) foirmeacha idirghníomhacha agus/nó foirmeacha atá réamhlíonta ag an gcóras ar bhonn na sonraí atá taifeadta sa chóras roimhe seo;
 - (b) ríomhanna uathoibríocha, i gcásanna ina laghdaíonn siad an dua ar úsáideoirí iad a ionchódú;
 - (c) rialuithe uathoibríocha leabaithe chun comhsheasmhacht inmheánach na sonraí arna dtarchur agus comhsheasmhacht na sonraí sin leis na rialacha is infheidhme a fhíorú;
 - (d) foláirimh arna gcruthú ag an gcóras rabhadh a thabhairt d'úsáideoirí SFC2021 gur féidir nó nach féidir bearta áirithe a dhéanamh;

- (e) rianú stádais ar líne ar phróiseáil na sonraí arna n-iontráil sa chóras;
 - (f) sonraí stairiúla a bheith ar fáil i ndáil leis an bhfaisnéis uile a iontráiltear le haghaidh cláir;
 - (g) síniú éigeantach leictreonach de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a bheith ar fáil a aithneofar mar fhianaise in imeachtaí dlí.
- 1.3. Beartas slándála teicneolaíochta faisnéise a áirithiú le haghaidh SFC20201 is infheidhme maidir leis an bpearsanra a úsáideann an córas i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais, go háirithe Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46¹ ón gCoimisiún agus a rialacha cur chun feidhme.
- 1.4. Duine nó daoine a ainmniú a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm ceart an bheartais slándála i leith SFC2021 a shainiú, a chothabháil agus a áirithiú.
2. Freagrachtaí na mBallstát
- 2.1. A áirithiú go n-iontrálfaidh údarais chláir na mBallstát arna sainaitheint i gcomhréir le hAirteagal 71(1), chomh maith leis na comhlachtaí arna sainaitheint chun cúraimí áirithe a dhéanamh faoi fhreagracht an údarais bainistíochta nó an údarais iniúchóireachta i gcomhréir le hAirteagal 71(2) agus (3), an fhaisnéis a bhfuil freagracht orthu í a tharchur, agus aon nuashonruithe ar an bhfaisnéis sin, a iontráil in SFC2021.

¹ Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras faisnéise sa Choimisiún Eorpach (IO L 6 11.1.2017, lch 40).

- 2.2. Fíorú na faisnéise arna cur isteach ag duine nach é an duine a d'iontráil na sonraí don tarchur sin a áirithiú.
- 2.3. Socruithe a dhéanamh le haghaidh dheighilt na gcúraimí thuasluaite trí chórais bhainistithe agus rialaithe na mBallstát atá ceangailte go huathoibríoch le SFC2021.
- 2.4. Duine nó daoine a cheapadh a bheidh freagrach as cearta rochtana chun na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích a bhainistiú:
 - (a) úsáideoirí a iarrann rochtain a shainaithint, deimhin a dhéanamh de go bhfuil na húsáideoirí sin fostaithe ag an eagraíocht;
 - (b) úsáideoirí a chur ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí slándáil an chórais a chaomhnú;
 - (c) fíorú a dhéanamh go bhfuil úsáideoirí i dteideal an leibhéal pribhléide a theastaíonn i ndáil lena gcúraimí agus lena bpost san ordlathas;
 - (d) iarraidh go gcuirfeadh deireadh le cearta rochtana nuair nach dteastaíonn na cearta rochtana sin a thuilleadh nó nach bhfuil údar leo a thuilleadh;
 - (e) aon rud amhrasach a d'fhéadfadh slándáil an chórais a chur i mbaol a thuairisciú go pras;

- (f) cruinneas sonraí aitheantais úsáideoirí a áirithiú ar bhonn leanúnach trí aon athruithe orthu a thuairisciú;
 - (g) na réamhchúraimí is gá i dtaca le cosaint sonraí agus rúndacht tráchtála a dhéanamh i gcomhréir le rialach an Aontais agus rialacha náisiúnta;
 - (h) An Coimisiún a chur ar an eolas faoi aon athruithe a dhéanann dífeáir do chumas údaráis na mBallstát nó úsáideoirí SFC2021 na cúraimí dá dtagraítear i bpointe 2.1 a dhéanamh nó dá gcumas pearsanta na freagrachtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (g) a dhéanamh.
- 2.5. Socruithe a dhéanamh le go ndéanfar urramú ar chosaint príobháideachais agus cosaint sonraí pearsanta i gcás daoine aonair agus cosaint rúndachta tráchtála i gcás eintitis dhlíthiúla i gcomhréir le Treoir 2002/58/CE, le Rialachán (AE) 2016/679 agus le Rialachán (AE) 2018/1725.
- 2.6. Beartais slándála faisnéise náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla a ghlacadh maidir le rochtain ar SFC2021 bunaithe ar mheasúnú riosca is infheidhme maidir le gach údarás a úsáideann SFC2021 agus a théann i ngleic leis na gnéithe seo a leanas:
- (a) na gnéithe slándála ríomhaireachta den obair a dhéanann an duine nó na daoine atá freagrach as bainistiú na gceart rochtana dá dtagraítear i bpointe 2.4 de roinn II i gcás úsáid dhíreach;

- (b) i gcás córais ríomhairí náisiúnta, réigiúnach nó áitiúla atá nasctha le SFC2021, trí chomhéadan teicniúil dá dtagraítear i bpointe 2.3, na bearta slándála do na córais sin a fhágann gur féidir iad a ailíniú le riachtanais slándála SFC2021 agus a chumhdaíonn na nithe seo a leanas:
- (i) slándáil fhísiciúil;
 - (ii) rialú ar mheáin sonraí agus rialú ar rochtain;
 - (iii) rialú ar stóráil;
 - (iv) rialú ar rochtain agus ar phasfhocail;
 - (v) faireachán;
 - (vi) idinascacht le SFC2021;
 - (vii) bonneagar cumarsáide;
 - (viii) bainistiú acmhainní daonna roimh fhostaíocht, le linn na fostaíochta agus ina dhiaidh sin;
 - (ix) bainistiú teagmhas.

- 2.7. An doiciméad dá dtagraítear i bpointe 2.6 a chur ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin.
- 2.8. Duine nó daoine a cheapadh a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm na mbeartas slándála ríomhaireachta náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil a chothabháil agus a áirithiú agus as gníomhú mar phointe teagmhála don duine nó daoine atá ainmnithe ag an gCoimisiún agus dá dtagraítear i bpointe 1.4.
3. Freagrachtaí comhpháirteacha an Choimisiúin agus na mBallstát
 - 3.1. Inrochtaineacht a áirithiú, bíodh sin go díreach trí chomhéadan úsáideora idirghníomhach (i.e. feidhmchlár gréasáin) nó trí chomhéadan teicniúil agus úsáid á baint as prótacail réamhshainithe (i.e. seirbhísí gréasáin) a fhágann gur féidir sioncronú agus tarchur uathoibríoch sonraí a dhéanamh idir córais faisnéise na mBallstát agus SFC2021.
 - 3.2. Foráil a dhéanamh do dháta tharchur leictreonach na faisnéise ón mBallstát chuig an gCoimisiún agus *vice versa* sa chóras malartaithe sonraí leictreonacha, arb é dáta cur isteach an doiciméid lena mbaineann é.
 - 3.3. A áirithiú go ndéanfar sonraí oifigiúla a mhalartú trí SFC2021 amháin, seachas má bhíonn cás *force majeure* ann, agus nach ndéantar an fhaisnéis arna soláthar sna foirmeacha leictreonacha atá leabaithe in SFC2021 (dá ngairfear ‘sonraí struchtúrtha’ anseo feasta) a ionadú le sonraí neamh-struchtúrtha agus, i gcás neamhréireachtaí, go mbeidh tús áite ag sonraí struchtúrtha thar shonraí neamhstruchtúrtha.

I gcás *force majeure*, mífheidhmiú SFC2021 nó easpa naisc le SFC2021 a mhaireann níos mó ná lá oibre amháin sa tseachtain dheireanach roimh sprioc-am rialála chun an fhaisnéis a chur isteach nó sa tréimhse idir an 18 agus an 26 Nollaig, nó cúig lá oibre ag amanna eile, féadfar an malartú faisnéise idir an Ballstát agus an Coimisiún a dhéanamh i bhfoirm páipéir ag úsáid na dteimpléad a leagtar amach sa Rialachán seo agus sa chás sin is é dáta cur isteach an doiciméid dáta stampa an phoist. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcúis a bhí leis an *force majeure* iontrálfáidh an páirtí lena mbaineann an fhaisnéis a tugadh cheana féin i bhfoirm páipéir in SFC2021 gan mhoill.

- 3.4. Comhlíonadh na dtéarmaí agus coinníollacha slándála ríomhaireachta arna bhfoilsíú ar thairseach SFC2021 a áirithiú, agus a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta arna gcur chun feidhme in SFC2021 ag an gCoimisiún chun tarchur na sonraí a dhaingniú, go háirithe i ndáil le húsáid an chomhéadain theicniúil dá dtagraítear i bpointe 2.3.
- 3.5. Éifeachtacht na mbeart slándála, arna nglacadh chun na sonraí a stóráiltear agus a tharchuirtear trí SFC2021 a chosaint, a chur chun feidhme agus a áirithiú.
- 3.6. Nuashonrú agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas slándála ríomhaireachta SFC2021 agus na mbeartas ábhartha slándála ríomhaireachta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sa chás go dtiteann athruithe amach sa teicneolaíocht, go ndéantar bagairtí nua a shainaitheint nó go dtiteann forbairtí ábhartha eile amach.

IARSCRÍBHINN XVI

Teimpléad don tuairisc ar an gcóras bainistithe agus rialaithe – Airteagal 69(11)

1. GINEARÁLTA

1.1. Faisnéis arna cur isteach ag:

- Ballstát:
- Teideal an chláir / na gclár agus uimhir/uimhreacha CCI: (gach clár atá cumhdaithe ag an údarás bainistíochta i gcás ina bhfuil comhchóras bainistithe agus rialaithe ann):
- Ainm agus ríomhphost an príomhphointe teagmhála: (an comhlacht atá freagrach as an tuairisc):

1.2. An fhaisnéis arna cur ar fáil, déanann sí cur síos ar an staid amhail an: (ll/mm/bb).

1.3. Struchtúr an chórais (faisnéis ghinearálta agus sreabhchairt a thaispeánann an gaol eagraíochtúil idir na húdaráis / comhlachtaí a bhfuil baint acu leis an gcóras bainistithe agus rialaithe).

1.3.1. An t-údarás bainistíochta (ainm, seoladh agus pointe teagmhála san údarás bainistíochta).

1.3.2. Comhlachtaí idirmheánacha (ainm, seoladh agus pointí teagmhála sna comhlachtaí idirmheánacha).

1.3.3. An comhlacht a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta (ainm, seoladh agus pointí teagmhála san údarás bainistíochta nó san údarás cláir a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta).

1.3.4. Tabhair le fios conas a dhéantar prionsabal na deighilte feidhmeanna idir údaráis an chláir agus laistigh díobh a urramú.

2. AN tÚDARÁS BAINISTÍOCHTA

- 2.1. An tÚdarás Bainistíochta – tuairisc ar an eagraíocht agus ar na nósanna imeachta a bhaineann lena feidhmeanna agus a cúraimí dá bhforáiltear in Airteagail 72 go 75.
 - 2.1.1. Stádas an údaráis bainistíochta (comhlacht náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil nó comhlacht príobháideach) agus an chomhlachta ar cuid de é.
 - 2.1.2. Sonrú ar na feidhmeanna agus cúraimí arna ndéanamh go díreach ag an údarás bainistíochta.
 - 2.1.3. I gcás inarb infheidhme, sonrú de réir comhlacht idirmheánach ar gach ceann de na feidhmeanna agus cúraimí arna dtarlúigean ag an údarás bainistíochta, sainithint na gcomhlachtaí idirmheánacha agus fhoirm an tarmligin. Ba cheart tagairt a dhéanamh do dhoiciméid ábhartha (comhaontuithe i scríbhinn).
 - 2.1.4. Nósanna imeachta, más ann dóibh, le haghaidh maoirseacht ar na feidhmeanna agus na cúraimí arna dtarlúigean ag an údarás bainistíochta, más ann dóibh.
 - 2.1.5. Creat chun a áirithiú go ndéanfar beart cuí maidir le bainistiú riosca nuair is gá sin agus, go háirithe, i gcás athruithe móra ar an gcóras bainistithe agus rialaithe.
 - 2.1.6. Cairt eagrúcháin an údaráis bainistíochta agus faisnéis maidir lena ghaol le haon chomhlacht nó rannóg eile (immheánach nó seachtrach) a dhéanamh na feidhmeanna agus cúraimí dá bhforáiltear in Airteagail 72 go 75.
 - 2.1.7. Eolas táscach faoi na hacmhainní beartaithe atá le leithdháileadh i ndáil le feidhmeanna difriúla an údaráis bainistíochta (faisnéis maidir le seachfhoinsiú ar bith atá beartaithe agus a raon feidhme san áireamh, i gcás inarb iomchuí).

3. AN COMHLACHT A DHÉANANN AN FHEIDHM CHUNTASAÍOCHTA

- 3.1. Stádas agus tuairisc ar an eagraíocht agus ar na nósanna imeachta a bhaineann le feidhmeanna an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta.
 - 3.1.1. Stádas an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta (comhlacht náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil nó comhlacht príobháideach) agus an chomhlachta ar cuid de é, i gcás inarb ábhartha.
 - 3.1.2. Tuairisc ar na feidhmeanna agus cúraimí arna ndéanamh ag an gcomhlacht a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta mar a leagtar amach in Airteagal 76.
 - 3.1.3. Tuairisc ar an gcaoi a ndéantar an obair a eagrú (sreafaí oibre, próisis, rannóga inmheánacha), na nósanna imeachta atá i bhfeidhm agus cá huair a mbíonn feidhm leo, conas a dhéantar maoirseacht orthu sin, srl.
 - 3.1.4. Lua faoi na hacmhainní beartaithe atá le leithdháileadh i ndáil leis na cúraimí cuntasíochta difriúla.

4. AN CÓRAS LEICTREONACH

- 4.1. Tuairisc ar an gcóras leictreonach nó ar na córais leictreonacha a chuimsíonn sreabhchairt (córas ar líonra comónta nó lárnach nó córas díláraithe le naisc idir na córais) le haghaidh na nithe seo a leanas:
 - 4.1.1. Sonraí a thaifeadadh agus a stóráil, i bhfoirm ríomhairithe, faoi gach oibríocht, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sonraí faoi rannpháirtithe aonair agus miondealú ar sonraí faoi tháscairí nuair a fhoráiltear dó sin sa Rialachán seo;

- 4.1.2. A áirithiú go ndéanfar taifid chuntasaíochta nó cóid do gach oibríocht a thairfeadh agus a stóráil, agus go dtacaíonn na taifid nó na cóid seo leis na sonraí is gá chun iarratais ar íocaíocht a ullmhú agus na cuntais a ullmhú;
- 4.1.3. Taifid chuntasaíochta a choimeád nó cóid chuntasaíochta ar leithligh a choinneáil ar chaiteachas a dearbhaíodh don Choimisiún agus ar an ranníocaíocht phoiblí chomhfhreagrach a íocadh le tairbhíthe;
- 4.1.4. Tairfeadh a dhéanamh ar gach méid arna aistarraingt le linn na bliana cuntasaíochta mar a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 98(3) agus arna asbhaint ó na cuntais, mar a leagtar amach in Airteagal 98(6), agus ar na cúiseanna a bhí leis na haistarraingtí agus na hasbhaintí sin;
- 4.1.5. Tabhairt le fios an bhfuil na córais ag feidhmiú go héifeachtach nó agus an féidir leo na sonraí atá luaite ar an dáta a ndéanfar an tuairisc seo a thiomsú a thairfeadh go hiontaofa mar a leagtar amach i bpointe 1.2;
- 4.1.6. Tuairisc a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun slándáil, sláine agus rúndacht na gcóras leictreonach a áirithiú.
-

IARSCRÍBHINN XVII

Sonraí atá le taifeadadh agus le stóráil go leictreonach maidir le gach oibríocht – pointe (e) d’Airteagal 72(1)

Bunaítear leis an Iarscríbhinn seo na sonraí atá le taifeadadh gan struchtúr ar leith a fhorordú don chóras leictreonach (e.g. féadfár an fhaisnéis atá san áireamh i líne chun críocha na hIarscríbhinne seo a mhiondealú ina hirléimsí sonraí sa chóras leictreonach lena mbaineann).

Tá na sonraí a léirítear sa chéad cholún den tábla riachtanach le haghaidh oibríochtaí dá dtugtar tacaíocht ó aon cheann de na Cistí a chumhdaítear leis an Rialachán seo mura sonraítear a mhalairt sa dara colún. Níor cheart ach na réimsí sonraí atá ábhartha don oibríocht atá i gceist a chomhlánú. Maidir le hoibríochtaí ionstraimí airgeadais, déanfar faisnéis i ranna ina dtagraítear go sainráite d’ionstraimí airgeadais a thaifeadadh agus a stóráil chomh maith.

I gcás ina dtugtar tacaíocht d’oibríocht ó níos mó ná aon chlár amháin, tosaíocht amháin, Ciste amháin, nó faoi níos mó ná catagóir amháin réigiúin, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i réimsí 28-123 den Iarscríbhinn seo a thaifeadadh ar shlí a fhágfaidh gur féidir sonraí a aisghabháil agus iad miondealaithe de réir cláir, tosaíochta, Ciste agus catagóire réigiúin.

Ina theannta sin, déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i réimsí 46-152 den Iarscríbhinn seo (sonraí a bhaineann le ceanglais tuairiscithe faoi Airteagal 42 agus Iarscríbhinn VII) a thairseáil ar dhoigh inar féidir sonraí a aisghabháil agus iad miondealaithe de réir cuspóir shonrach.

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
Sonraí maidir leis an tairbhí ¹²	
1. Ainm agus aitheantóir uathúil, i gcás inarb ábhartha, gach tairbhí	
2. Faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an tairbhí ina chomhlacht dlí phoiblí nó phríobháidigh, nó ina einticeas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, nó ina dhuine nádúrtha. Más duine nádúrtha atá ann, dáta breithe agus uimhir aitheantais náisiúnta. Más comhlacht dlí phoiblí nó phríobháidigh é, nó einticeas bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, uimhir CBL nó uimhir aitheantais chánach	
3. Faisnéis faoi úinéirí tairbhí uile an tairbhí, más ann dóibh, mar a shainítear in Airteagal 3(6) de Threoir (AE) 2015/849, eadhon céadam(neacha) agus sloinne/sloimnte, dáta breithe nó dátaí breithe agus uimhir nó uimhreacha clárúcháin CBL nó uimhir nó uimhreacha aitheantais chánach Féadfadh na Ballstáit an ceanglas sin a chomhlíonadh trí na sonraí a stóráiltear sna cláir dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir (AE) 2015/849 a úsáid, ar choinníoll go n-áirítear uimhir aitheantais uathúil.	

¹ I gcás an chomhair chríocheaigh Eorpaigh (Interreg), áireofar ar na tairbhí an príomhthairbhí agus tairbhí eile.
² Áirítear le tairbhí, i gcás inarb infheidhme, comhlachtaí eile a thabhaíonn caiteachas faoin oibríocht a láimseáiltear mar chaiteachas arna thabhtú ag an tairbhí.

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
4. Faisnéis i dtaobh an é an tairbhí an comhlacht a fhaigheann an chabhair (i gcomhthéacs státhabhrach) nó a thugann an chabhair (i gcomhthéacs na cabhrach <i>de minimis</i>)	
5. I gcás oibríochtaí compháirtíochta príobháidí poiblí (CPP), agus sa chás sin amháin, faisnéis i dtaobh an é an tairbhí an comhlacht poiblí a bhfuil an CPP á tionseanamh aige nó an compháirtí príobháideach a roghnaíodh lena chur chun feidhme	
6. I gcás cistí do thionscadail bheaga (Interreg), agus sa chás sin amháin, faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an tairbhí ciste do thionscadal beag ina chomhlacht dlíthiúil trasteorann, ina ghrúpáil Eorpach um chomhar críochach nó ina chomhlacht ag a bhfuil pearsantacht dlítheanach	Neamhbhainteach i gcás CFRE faoi sprioc na hInfeistíochta le haghaidh fais agus post, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI nó IBTV
7. Sonraí teaghála an tairbhí	
8. Faisnéis i dtaobh an é an tairbhí:	
<ul style="list-style-type: none"> (a) an comhlacht a chuireann ciste sealbhaíochta chun feidhme nó, (b) i gcás nach bhfuil aon struchtúr ciste sealbhaíochta ann, an comhlacht a chuireann ciste sonrath chun feidhme, nó (c) i gcás ina gcuireann an t-údarás bainistíochta ionstraim airgeadais chun feidhme go díreach, an t-údarás bainistíochta 	
9. Ainm agus aitheantóir uathúil na hoibríochta	Sonraí faoin oibríocht
10. Tuairisc ghairid ar an oibríocht. Faisnéis faoina bhfuil á mhaoiniú agus na príomhchuspóirí	

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
11. Faisnéis i dtaobh an dtagann an oibríocht faoi fhorálacha Airteagal 94 nó 95	
12. Faisnéis i dtaobh an bhfuil tábhacht straitéiseach ag roinnt leis an oibríocht	
13. Faisnéis i dtaobh an bhfuil an oibríocht de bhun Airteagal 12(1) de Rialachán IBTV, Airteagal 12(1) de Rialachán CSI, agus Airteagal 15(1) de Rialachán CTIL, nó gníomhaíocht shonrach, nó gníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabham leis na Rialacháin sin, nó tacaíocht oibríúcháin nó cúnaimh éigeandála	Neambbhainteach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC nó CEMID
14. Dáta trolactha an iarratais don oibríocht	
15. Dáta tosaithe mar a léirítear é sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta	
16. An dáta deiridh mar a léirítear é sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta	
17. An dáta iarbhir nuair a bheidh an oibríocht tugtha chun críche go fisiciúil nó curtha chun feidhme go hiomlán	
18. An comhlacht a eisiónn an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta	
19. Dáta an doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta agus dáta a leasuithe, más ann dóibh	
20. Faisnéis i dtaobh an bhfuil an tacaíocht phoiblí don oibríocht ina státchabhair	

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
21. Faisnéis i dtaobh an bhfuil an tacaíocht phoiblí don oibríocht ina cabhair <i>de minimis</i>	
22. Faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an oibríocht ina oibríocht CPP	
<p>23. Faisnéis i dtaobh an úsáideam an tairbhí, nó eintitis eile a chuireann an oibríocht chun feidhme i gcomhréir le rialacha soláthair an Aontais, comraitheoirí agus, má úsáideam, a luaithe a shnítear na conarthaí comhfhreagracha, faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) gach comraitheoir, lena n-áirítear ainm agus uimhir chlárúcháin CBL nó uimhir aitheantais chánach an chomraitheora/na gcomraitheoirí, (b) úinéirí tairbhiúla de chuid an chomraitheora, mar a shainítear in Airteagal 3(6) de Threoir (AE) 2015/849, eadhon céadainm(neacha) agus sloinne/sloinnnte, dáta breithe nó dátaí breithe agus uimhir nó uimhreacha clárúcháin CBL nó uimhir nó uimhreacha aitheantais chánach na n-úinéirí tairbhiúla sin agus (c) conarthaí (dáta an chonartha, ainm, tagairt agus méid an chonartha) 	
<p>Féadfáidh na Ballstáit an ceanglas faoi phointe (b) a chomhlíonadh trí na sonraí a stóráiltear sna cláir dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir (AE) 2015/849 a úsáid, ar choinníoll go n-áirítear uimhir aitheantais uathúil.</p> <p>Ní cheanglaítear faisnéis faoin réimse seo ach amháin i gcás ina bhfuil nósanna imeachta soláthair phoiblí atá os cionn thairseacha an Aontais i gceist.</p>	

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
<p>24. Faisnéis¹ i dtaobh an úsáideann an conraitheoir, dá dtagraítear i réinse 23, fochonraitheoirí agus, má úsáideann, a luaithe a shínítear na fochonartháí comhfhreagracha, faisnéis maidir le gach fochonraitheoir a liostaítear i ndoiciméid soláthair (an chonraitheora), eadhon ainm agus uimhir chlárúcháin CBL nó uimhir aitheantais chánach agus faisnéis faoi fochonartháí (dáta an chonartha, ainm, tagairt agus méid an chonartha)</p> <p>Beidh an ceanglas maidir leis an bhfaisnéis a thairféadadh faoin réimse seo infheidhme ó aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an rialacháin seo.</p>	
<p>25. Faisnéis i dtaobh an ndéanann an tairbhí, maidir le cur chun feidhme na hoibríochta, an deontas a chascáidíú a thuilleadh d'eintitis eile. Má dhéanann, faisnéis maidir lena n-ainm, a n-uimhir chlárúcháin CBL nó a n-uimhir aitheantais chánach agus faisnéis faoi chomhaontuithe idir iad agus an tairbhí (dáta an chomhaontaithe, tagairt agus méid an chomhaontaithe)</p>	
<p>26. I gcás inar mó ná EUR 5 mhilliún costas iomlán na hoibríochta (CBL san áireamh), agus sa chás sin amháin, faisnéis i dtaobh an bhfuil CBL ar chaitéachas arna thabú ag an tairbhí neamh-inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta CBL (pointe (c) d'Airteagal 64(1)),</p>	

¹ Ní éilítear faisnéis faoin réimse seo ach ar an gcéad leibhéal fochonraitheoireachta, i gcás ina ndéantar faisnéis a thairféadadh ar chonraitheoir faoi réimse 23 agus i gcás fochonartháí ar mó a luach iomlán ná EUR 50 000.

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
27. Airgeadra na hoibríochta (mar a leagtar amach é sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta)	
28. CCI an chláir / na glár faoina dtugtar tacaíocht don oibríocht	
29. Tosaíocht nó tosaíochtaí an chláir / na glár faoina dtugtar tacaíocht don oibríocht	
30. An ciste / na cistí óna dtugtar tacaíocht don oibríocht. Más ann do chistí éagsúla nó d'ionstraimí eile de chuid an Aontais óna dtugtar tacaíocht don oibríocht, faisnéis faoin scoilt, faoi na méideanna <i>pro rata</i> , etc.	
31. Faisnéis i dtaobh an bhfuil trú tír rampháirteach san oibríocht, nó an dtarlaíonn an oibríocht i dtrú tír. Más ea, an trú tír sin a shamaíthint	Neamhbhainteach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhthráthaithe nó CUAC
32. I gcás tacaíocht ó CSE+ arna cur ar fáil faoin gcuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1), agus sa chás sin anháin, cainníocht an bhia: (a) ceannaithe ag an tairbhí; (b) faighte i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán CSE+; (c) seachadta do na comhlachtaí a dháileann an bia ar fhaighteoirí deiridh; agus (d) dáilte ar fhaighteoirí deiridh	Neamhbhainteach i gcás CFRE, an Chiste Comhthráthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI nó IBTV

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
<p>33. I gcás tacaíocht ó CSE+ arna cur ar fáil faoin gcuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1), agus sa chás sin amháin, cainníocht an bhunchúnaimh ábhartha:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) ceannaithe ag an tairbhí; (b) seachadta do chomhlachtaí a dháileann an cúnamh ar fhaighteoirí deiridh; agus (c) dáilte ar fhaighteoirí deiridh 	<p>Neamhbhainteach i gcás CFRE, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI nó IBTV</p>
<p>34. I gcás tacaíocht ó CSE+ arna soláthar faoi chuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1), agus sa chás sin amháin, líon na ndearbhán nó na gcártaí (nó ionstraimí eile um sheachadadh indíreach) arna n-eisiúint agus arna seachadadh d'fhaighteoirí deiridh, agus arna n-úsáid ag fhaighteoirí deiridh, mar aon le fásnéis faoi mhéid iomlán an chaitheachais trí dhearbháin nó cártaí (nó in ionstraimí eile um sheachadadh indíreach) arna seachadadh d'fhaighteoirí deiridh, agus arna n-úsáid ag fhaighteoirí deiridh</p>	<p>Neamhbhainteach i gcás CFRE, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI nó IBTV</p>
<p>35. Catagóir(i) réigiúin lena mbaineann an oibríocht</p>	<p>Níl infheidhme maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, CEMID, CTIL, CSI nó IBTV</p>

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
Somraí a bhaineann go sonrach le hoibríochtaí ionstraimí airgeadais	
36. Faisnéis i dtaobh an bhfuil tacaíocht chlár, i bhfoirm deontas de réir bhrí Airteagal 58(5), ag gabháil leis an ionstraim airgeadais	
37. Faisnéis i dtaobh an é an t-údarás bainistíochta a chuireann an oibríocht ionstraim airgeadais chun feidhme go díreach, nó an gcuirtear chun feidhme í faoi fhreagracht an údaráis bainistíochta, de réir bhrí Airteagal 59(1) agus (2)	
38. Faisnéis i dtaobh an gcuirtear an oibríocht ionstraim airgeadais chun feidhme thar thréimhsí i ndiaidh a chéile, agus má chuirtear, na thréimhsí thíos lena mbaineann a shainmáthint: (a) 2014-2020 agus 2021-2027 (b) 2021-2027 agus tar éis 2027	
39. I gcás ina n-eagraítear an ionstraim airgeadais trí chiste sealbhaíochta, faisnéis faoin gcomhlacht a chuireann ciste sonrach chun feidhme faoin gciste sealbhaíochta	
40. An nós imeachta chun an comhlacht a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme a roghnú	
41. Stádas dlíthiúil na hionstraim airgeadais, mar atá: (a) infheistíocht acmhainní clár i gcaipiteal eintitis dlítheanaigh; nó (b) bloc leithleacha de chuntais airgeadais nó muineacha	
42. Sonraí teagmhála an tairbhí agus, i gcás ina mbunaítear an ionstraim airgeadais le ciste sealbhaíochta, sonraí teagmhála an chomhlachta a chuireann ciste sonrach chun feidhme faoin gciste sealbhaíochta	

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
43. An dáta a síníodh an comhaontú cistíúcháin idir an t-údarás bainistíochta agus an comhlacht a dhéanann ciste sealbháíochta, nó ciste sonrach gan ciste sealbháíochta, a chur chun feidhme	
44. An dáta a síníodh an comhaontú cistíúcháin idir an comhlacht a bhfuil ciste sealbháíochta á chur chun feidhme aige agus an comhlacht a bhfuil ciste sonrach á chur chun feidhme aige	
45. An dáta a tugadh an measúnú <i>ex ante</i> dá dtagraítear in Airteagal 58(3) chun críche Sonraí maidir le cineálacha idirghabhála	
46. Cóid do thoise an réimse idirghabhála, do thoise an chineáil tacaíochta, do thoise an tsásra soláthair chríocharigh agus na béime críochar, do thoise na gníomhaíochta eacnamaíche, do thoise an tsuimh, do rianú inscne agus do straitéisí macraireigiúnacha agus incheuach fárraige, i gcás inarb infheidhme, de bhun Iarscríbhinn I a ghabham leis an Rialachán seo agus de bhun Iarscríbhinn VII a ghabham le Rialachán CFRE agus CC, chomh maith le hIarscríbhinn VI a ghabham le Rialachán CTIL, CSI agus IBTV	Neamhbhainteach i gcás CEMID
47. Cóid/Cóid do thoise na dtéamaí tanaisteacha CSE+, de bhun Iarscríbhinn I a ghabham leis an Rialachán seo	Neamhbhainteach i gcás CFRE, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI nó IBTV
48. Cóid do thoise an chineáil gníomhaíochta, an chur chun feidhme agus na dtéamaí ar leith, de bhun Iarscríbhinn VI a ghabham le Rialachán CTIL, CSI agus IBTV	Neamhbhainteach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, nó CEMID

Réimsí sonraí	Líosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
<p style="text-align: center;">Sonraí maidir le táscairí do na hoibríochtaí ionstraimí airgeadais</p>	
<p>49. Aitheantóir uathúil agus ainm táscaire do gach ceam de na táscairí aschuir coiteanna agus/nó de na táscairí aschuir clárshonracha atá ábhartha don oibríocht</p>	<p>Neamhbhainteach i gcás CEMID</p>
<p>50. Do gach táscaire aschuir:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) aonad tomhais, (b) spriocluach na hoibríochta, i gcás inarb infheidhme, miondealaithe de réir inscne, i gcás inarb infheidhme, (c) luachanna carracha atá bainte amach go dtí seo, i gcás inarb infheidhme, miondealaithe de réir inscne, i gcás inarb infheidhme, (d) an cóimheas maidir le baint amach (an luach bainte amach/an spriocluach), i gcás inarb infheidhme 	<p>Neamhbhainteach i gcás na tacaíocht ó CSE+ arna soláthar faoi chuspóir sonracha a leagtar amach i bpointe (m) d'Airteagal 4(1), de Rialachán CSE+, nó i gcás CEMID, CTIL, CSI nó IBTV</p>
<p>51. an luach garsprice do gach táscaire aschuir, i gcás inarb infheidhme, miondealaithe de réir inscne, i gcás inarb infheidhme</p>	
<p>52. Aitheantóir uathúil agus ainm táscaire do gach ceam de na táscairí toraidh coiteanna agus/nó de na táscairí toraidh clárshonracha atá ábhartha don oibríocht</p>	
<p>53. Miondealú an táscaire, i gcás inar gá sin go sonracha sna Rialacháin a bhaineann go sonracha leis na Cistí</p>	<p>Neamhbhainteach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC nó CEMID</p>
<p>54. Aonad tomhais do gach táscaire toraidh, i gcás inarb ábhartha</p>	<p>Neamhbhainteach i gcás CFRE, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC nó CEMID</p>

Réinsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
<p>55. Bonnlíne agus spriocluach do gach táscaire toraidh don oibríocht, i gcás inarb infheidhme, agus miondealaithe de réir insene, i gcás inarb infheidhme, mar aon leis na luachanna atá bainte amach go dtí seo agus cóirneas bainte amach an táscaire toraidh (an luach bainte amach/an spriocluach)</p> <p>Sonraí airgeadais a bhaineann go sonrach le hoibríochtaí (san airgeadra is infheidhme maidir leis an oibríocht)</p>	<p>Neamhbhainteach i gcás CEMID</p> <p>Luach bonnlíne neamhbhainteach i gcás CSE+, CTIL, CSI nó IBTV</p>
<p>56. Méid chostas incháilithe iomlán na hoibríochta arna fhorfhreas sa leagan is déanaí den doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta</p>	
<p>57. Méid na gcostas incháilithe iomlán a bhfuil ranníocaíocht phoiblí curtha ar fáil ina leith</p>	
<p>58. Méid na tacaíochta ó na Cistí a íocadh nó atá le íoc</p>	
<p>Sonraí airgeadais a bhaineann go sonrach le hoibríochtaí ionstraimí airgeadais (san airgeadra is infheidhme maidir leis an oibríocht)</p>	
<p>59. Méid na ranníocaíochta cláir, geallta d'ionstraim airgeadais agus fórnheasta i ndoiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta (comhaontú cistiúcháin), agus as an méid sin:</p> <p>(a) méid na ranníocaíochta poiblí;</p> <p>(b) méid na ranníocaíochta ó Chistí, miondealaithe de réir an Chiste</p>	
<p>60. An méid acmhainní próbháideacha agus poiblí arna n-úsáid le cois na gCistí, de réir táirge: iasachtaí; rátháochtaí; cothromas nó cuasachothromas; deontais laistigh d'oibríocht ionstraim airgeadais</p>	
<p>61. Ús arna ghiniúint agus gnóthachain eile arna nginiúint le tacaíocht ó na Cistí d'ionstraimí airgeadais</p>	
<p>62. Méid an úis agus na ngnóthachan eile atá inchurtha i leith na gCistí a úsáidtear go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta a úsáidtear le haghaidh infheistíochtaí capítail, chomh maith le hiocaíochtaí na dtáillí bainistíochta agus costais bainistíochta aisiocaíochta</p>	

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
63. Méideanna úis agus gnóthachan eile atá inchurtha i leith na gCistí nach n-úsáidtear go dtí deireadh na tréimhe incháilitheachta	
64. Tacaíocht ó na Cistí a úsáidtear le haghaidh cóir dhifreáilte do na himfheisteoirí ag oibriú faoi phrionsabal an gheilleagair margaidh trí chomhroinnt iomchuí rioscaí agus brabús	
65. Acmhainní inchurtha i leith tacaíocht ó na Cistí arna gcur ar ais, agus as an méid sin aisiocáicéadachtaí capítail, nó gnóthachain, nó tuillimh agus torthaí eile	
66. Faisnéis maidir le hathúsáid acmhainní arna gcur ar ais atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí laistigh den tréimhe incháilitheachta, agus tairfid ar leithligh a sholáthar do na méideanna: <ul style="list-style-type: none"> (a) a athúsáidtear sna hionstraimí airgeadais céanna nó in ionstraimí airgeadais eile le haghaidh tuilleadh infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh, (b) chun go gcuimhdeáítear na cailleanais i méid ainmniúil na rannócaíochta ó na Cistí leis an ionstraim airgeadais atá ann de bharr ús diúltach agus/nó (c) d'aon chostais agus táillí bainistíochta a bhaineann leis na himfheistíochtaí breise sin 	
67. Athúsáid acmhainní arna gcur ar ais atá inchurtha i leith na tacaíochta ó na Cistí laistigh de thréimhe 8 mbliana tar éis dheireadh na tréimhe incháilitheachta	
68. Luach iomlán na n-iasachtaí, na n-infheistíochtaí cothromais nó na n-infheistíochtaí cuasachothromais a tugadh d'fhaignteoirí deiridh, a ráthaíodh le hacmhainní de chuid an chláir, agus a íocadh go hiarbhir leis na faighteoirí deiridh	

Réinsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
<p>69. Faisnéis faoin méid seo a leanas:</p> <p>(a) faighteoir deiridh na tacaíochta ó na Cistí, ainm(neacha) agus uimhir aitheantais,</p> <p>(b) úinéirí tairbhíula de chuid an fhaighteora deiridh, más ann dóibh, mar a shainítear in Airteagal 3(6) de Threoir (AE) 2015/849, eadhon céadainm(neacha) agus sloinne/sloinnnte, dáta breithe nó dátaí breithe agus uimhir nó uimhreacha clárúcháin CBL nó uimhir nó uimhreacha aitheantais chánach,</p> <p>(c) méid na tacaíochta a fuarthas (deontas, iasacht, iasacht ráthaithe, cothroimas)</p> <p>Féadfaidh na Ballstáit an ceanglas faoi phointe (b) a chomhlíonadh trí na sonraí a stóráiltear sna clár dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir (AE) 2015/849 a úsáid, ar choinníoll go n-áirítear uimhir aitheantais uathúil inti.</p>	
70. Dáta fála gach éilimh ón tairbhí ar íocaíocht	Sonraí maidir le héilimh ón tairbhí ar íocaíocht
71. Dáta na híocaíochta deiridh leis an tairbhí (chun críocha dháta tosaigh thréimhse choinneála an doiciméid)	
72. Méid an chaiteachais incháilithe i ngach éileamh íocaíochta arna íoc leis an tairbhí, chomh maith le dáta na híocaíochta leis an tairbhí	
73. Méid iomlán an chaiteachais incháilithe a iontráladh i gcóras nó i gcórais chuntasafachta a cuireadh san áireamh san iarratas deiridh ar íocaíocht don bhliain chuntasafachta agus méid iomlán na ranníocaíochta poiblí comhfhreagraí atá déanta nó atá le déanamh	
74. I gcás oibríochtaí a bhfuil caiteachas acu a bhaineann le hoibríochtaí a chumhdáil níos mó ná catagóir réigiúin amháin, agus i gcás na n-oibríochtaí sin amháin, léithdháileadh <i>pro rata</i> caiteachais ar na catagóirí réigiúin	Neamhbhainteach i gcás CSE+, CEMID, CTI, CSI nó IBTV

Réimsí sonraí	Líosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
75. I gcás oibríochtaí a bhfuil caiteachas acu a bhaineann le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Chiste amháin nó níos mó nó ó chlár amháin nó níos mó agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais, agus i gcás na n-oibríochtaí sin amháin, leithdháileadh <i>pro rata</i> caiteachais ar gach Ciste agus le haghaidh an chláir nó le haghaidh na gclár	
76. Dátaí agus tuairisc ghairid ar thorthaí na bhforuithe bainistíochta ar an oibríocht	
77. Dátaí agus tuairisc ghairid ar thorthaí na n-iníochtaí ar an láthair ar an oibríocht	
78. An comhlacht a dhéanann an obair iníochóireachta nó na foruithe	
Somraí maidir le caiteachas in éileamh ón taibhlí ar íocaíocht – i gcás caiteachas atá bunaithe ar fhíorchostais agus sa chás sin amháin	
79. Caiteachas incháilithe arna dhearbhuú don Choimisiún arna bhunú ar bhonn na gcostas arna dtabhú agus arna n-íoc iarbhrí, mar aon le ranníocaíochtaí comhchineáil agus dímhéas, i gcás inarb infheidhme	
80. Ranníocaíocht phoiblí a chomhfhreagraíonn don chaiteachas incháilithe arna dhearbhuú don Choimisiún arna bhunú ar bhonn na gcostas arna n-aisíoc agus arna n-íoc iarbhrí, mar aon le ranníocaíochtaí comhchineáil agus dímhéas, i gcás inarb infheidhme	
81. Cineál an chonartha agus méid an chonartha má tá dámbachtain an chonartha faoi réir na bhfórála i dTeoracha 2014/23/AE ¹ , 2014/24/AE ² , nó 2014/25/AE ³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle	

- ¹ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamhála is a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1.).
- ² Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).
- ³ Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na scríbhí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243)..

Réimsí sonraí	Líosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
82. Caiteachas incháilithe arna thabhtú agus arna íoc bunaithe ar chonradh má tá dámbachtain an chonartha faoi réir fhorálacha Threoir 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE	
83. An nós imeachta soláthair a úsáidtear má tá dámbachtain an chonartha faoi réir fhorálacha Threoir 2014/23/AE nó Threoir 2014/24/AE nó Threoir 2014/25/AE	
84. Ainm agus uimhir chlárúcháin CBL nó uimhir aitheantais chánach an chonraitheora/na gconraitheoirí agus an fhochoonraitheora/na bhfochoonraitheoirí má tá dámbachtain an chonartha faoi réir fhorálacha Threoir 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE nó forálacha náisiúnta maidir le soláthar poiblí ¹	
85. An nós imeachta soláthair a úsáidtear, méid an chonartha agus an caiteachas incháilithe arna thabhtú agus arna íoc bunaithe ar chonradh má tá dámbachtain an chonartha faoi réir fhorálacha Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ²	Neamhbhainteach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC nó CEMID
Sonraí maidir le caiteachas i ngach éileamh ón tairbhí ar íocaíocht – i gcás caiteachas atá bunaithe ar na costais aonaid agus sa chás sin amháin	
86. Méid an chaiteachais incháilithe arna dhearbhu don Choimisiún ar bhonn na gcostas aonaid	

¹ Ní iarrtar faisnéis faoin réimse seo ach amháin i gcás ina dtaifeadtar faisnéis faoi réimsí 23 nó 24.

² Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámbachtain conarthaí áirithe oibreacha conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údarais chonartha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

Réimsí sonraí	Líosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
87. Ranníocaíocht phoiblí a fhreagraíonn don chaiteachas incháilithe arna dhearbú don Choimisiún arna bhunú ar bhonn na gcostas aonaid	
88. Sainiú ar aonad atá le húsáid do gach costas aonaid	
89. Líon na n-aonad arna seachadadh mar a léirítear san éileamh íocaíochta do gach mír aonaid do gach costas aonaid	
90. Costas aonaid d'aonad aonair	
Sonraí maidir le caiteachas i ngach éileamh íocaíochta ón tairbhí – i gcás caiteachas atá bunaithe ar cnapshuimeanna, agus i gcás an chaiteachais sin amháin	
91. Méid an chaiteachais incháilithe arna dhearbú don Choimisiún ar bhonn cnapshuimeanna	
92. Ranníocaíocht phoiblí a fhreagraíonn do chaiteachas incháilithe arna dhearbú don Choimisiún arna bhunú ar bhonn cnapshuimeanna	
93. I gcás gach cnapshuime, táinig insoláthartha (aschuir nó torthaí) i gcomhréir leis an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht mar bhonn le hiocaíochtaí cnapshuime a eisíoc	
94. I gcás gach cnapshuime, an méid comhfhreagrach i gcomhréir leis an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht	
Sonraí maidir le caiteachas i ngach éileamh íocaíochta ón tairbhí – i gcás caiteachas atá bunaithe ar rátaí comhréidhe, agus i gcás an chaiteachais sin amháin	
95. Méid an chaiteachais incháilithe arna dhearbú don Choimisiún, mar aon leis an ráta comhréidh sa doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht	
96. Ranníocaíocht phoiblí a fhreagraíonn do chaiteachas incháilithe arna dhearbú don Choimisiún arna bhunú ar bhonn rátaí comhréidhe	

Réinsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
<p style="text-align: center;">Sonraí maidir le caiteachas na n-ionstraimí airgeadais in éilimh íocaíochta ó thairbhíthe</p> <p>97. Méid iomlán na ranníocaíochta cláir arna híoc le faighteoírí deiridh i gcás iasachtaí, infheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothro mais, de réir táirge:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) óna a bhfuil méid iomlán an ranníocaíochta ó Chistí, arna mhiondealú de réir an Chiste (b) óna bhfuil méid iomlán an chómbhaoinithe phoiblí náisiúnta (c) óna bhfuil méid iomlán an chómbhaoinithe phríobháidigh náisiúnta <p>98. Méid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a chuirtear i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 68(1):</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) óna a bhfuil méid iomlán an ranníocaíochta ó Chistí, arna mhiondealú de réir an Chiste (b) óna bhfuil méid iomlán an chómbhaoinithe phoiblí náisiúnta <p>99. Méid iomlán na ranníocaíochta cláir a chomhfhreagraíonn d'íocaíochtaí le faighteoírí deiridh, nó chun tairbhe faighteoírí deiridh, má tá ionstraimí airgeadais arna meascadh le rannchuidiú eile ón Aontas in aon oibríocht ionstraimí airgeadais amháin:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) óna a bhfuil méid iomlán an ranníocaíochta ó Chistí, arna mhiondealú de réir an Chiste (b) óna bhfuil méid iomlán an chómbhaoinithe phoiblí náisiúnta (c) óna bhfuil méid iomlán an chómbhaoinithe phríobháidigh náisiúnta 	

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
<p>100. Faisnéis maidir le méid na gcostas agus na dtáillí bainistíochta i gcás ina roghnaítear comhlachtaí a chuireann ciste sealbhaíochta agus/nó cistí sonracha chun féidhme trí dhámhachtain dhíreach, agus i dteannta á dhéanamh idir:</p> <p>(a) i ndáil le ciste sealbhaíochta: de réir táirge airgeadais a oibríonn laistigh de struchtúr an chiste sealbhaíochta de réir táirge airgeadais</p> <p>(b) i ndáil le cistí sonracha (socraithe i dteannta nó d'éagnais struchtúr an chiste sealbhaíochta): de réir táirge airgeadais</p>	
<p>101. Méid na gcostas agus na dtáillí bainistíochta i gcás ina roghnaítear comhlachtaí a chuireann ciste sealbhaíochta agus/nó cistí sonracha chun féidhme trí thairiscint iomaíoch</p>	
	<p>Sonraí maidir le hasbhaintí ó na cuntais</p>
<p>102. Dáta agus cúis le gach asbhaint arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 98(6), chomh maith le faisnéis faoin gcinéal asbhainte</p>	
<p>103. Méideanna an chaiteachais incháilithe iomláin a ndéanann gach asbhaint difear dóibh (as a ndéantar an méid a cheartú mar thoradh ar iniúchadh)</p>	
<p>104. Méideanna na ranníocaíochta poiblí a ndéanann gach asbhaint difear dóibh (as a ndéantar an méid a cheartú mar thoradh ar iniúchadh)</p>	

Réimsí sonraí	Líosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
Sonraí maidir le hiarratais ar íocaíocht arna geur faoi bhráid an Choimisiúin (in EUR)	
105. Dáta tfolactha gach iarratais ar íocaíocht lena n-áirítear caiteachas incháilithe ón oibríocht	
106. Méid iomlán an chaiteachais incháilithe arna thabhtú ag an tairbhí agus arna íoc i gcur chun feidhme na hoibríochta a chuirtear san áireamh i ngach iarratas ar íocaíocht	
107. Méid iomlán ranníocaíocht phoiblí na hoibríochta a chuirtear san áireamh i ngach iarratas ar íocaíocht	
108. I gcásanna státchabhrach amháin, ina ndéantar réamhíocaíochtaí a íoc i gcomhréir le hAirteagal 91(5), an méid arna íoc leis an tairbhí faoin oibríocht mar réamhíocaíocht agus a chuirtear san áireamh in iarratas ar íocaíocht (dáta agus méid)	
109. I gcásanna státchabhrach amháin, ina ndéantar réamhíocaíochtaí a íoc i gcomhréir le hAirteagal 91(5), méid na réamhíocaíochta a chuirtear san áireamh in iarratas ar íocaíocht a cumhdáidh le caiteachas arna íoc ag an tairbhí laistigh de 3 bliana ón tráth a íoctar an réamhíocaíocht	
110. I gcásanna státchabhrach amháin, ina ndéantar réamhíocaíochtaí a íoc i gcomhréir le hAirteagal 91(5), an méid arna íoc leis an tairbhí faoin oibríocht mar réamhíocaíocht a chuirtear san áireamh in iarratas ar íocaíocht nár cumhdáidh le caiteachas arna íoc ag an tairbhí agus nach bhfuil an tréimhse 3 bliana caite ina leith fós	
111. I gcás scéimeanna cabhrach faoi Airteagal 107 CFAE amháin, méid na ranníocaíochta poiblí arna íoc leis an tairbhí i gcás scéimeanna cabhrach, de bhun Airteagal 91(6) den Rialachán seo	

Réimsí sonraí	Líosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
<p>Sonraí maidir le caiteachas i ngach iarratas ar íocaíocht ón mBallstát – i gcás caiteachas a bhfuil ranníocaíocht an Aontais faoi Airteagal 94 curtha ar fáil ina leith, agus i gcás an chaiteachais sin amháin</p>	
<p>112. I gcás gach cineál caiteachais in iarratas ar íocaíocht, an dáta ar íocadh é agus an cineál aisíocaíochta a rinne an Ballstát leis an tairbhí</p>	
<p>113. Dáta agus tuairisc ghairid ar na hiníochtaí agus ar na foruithe bainistíochta a rinne an Ballstát agus é mar aidhm aige a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht ón gCoimisiún</p>	
<p>114. I gcás aisíocaíocht caiteachais incháilithe faoi Airteagal 94 amháin, méid an chaiteachais incháilithe i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 94(2) nó leis an ngníomh tarmilgthe dá dtagraítear in Airteagal 94(4), arna chur san áireamh i ngach iarratas ar íocaíocht</p>	
<p>Sonraí maidir le caiteachas i ngach iarratas ar íocaíocht ón mBallstát – i gcás caiteachas a bhfuil ranníocaíocht an Aontais faoi Airteagal 95 curtha ar fáil ina leith, agus i gcás an chaiteachais sin amháin</p>	
<p>115. Faisnéis maidir leis an gcineál aisíocaíochta a dhéanann an Ballstát leis an tairbhí agus cén cineál tacaíochta a ghlacann sé, chomh maith le dáta na haíocaíochta</p>	
<p>116. Dáta agus tuairisc ghairid ar na hiníochtaí agus ar na foruithe bainistíochta a rinne an Ballstát agus é mar aidhm eisiach aige a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh aisíocaíocht ón gCoimisiún</p>	
<p>117. I gcás aisíocaíocht caiteachais incháilithe faoi Airteagal 95 amháin, méid an chaiteachais incháilithe i gcomhréir leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 95(2) nó leis an ngníomh tarmilgthe dá dtagraítear in Airteagal 95(4), arna chur san áireamh i ngach iarratas ar íocaíocht</p>	

Réimsí sonraí	Líosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
Sonraí maidir le hiarratais ar íocaíocht arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin (in EUR) i gcás ionstraim airgeadais	
118. Méid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh go héifeachtach, nó, i gcás ráthaíochtaí, a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta, mar chaiteachas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 92(1)	
119. Méid na ranníocaíochta poiblí a íocadh go héifeachtach, nó i gcás ráthaíochtaí, a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta, mar chaiteachas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 92(1)	
120. Méid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh leis an ionstraim airgeadais a chuirtear san áireamh sa chéad iarratas ar íocaíocht	
121. Méid na ranníocaíochta poiblí a íocadh leis an ionstraim airgeadais a chuirtear san áireamh sa chéad iarratas ar íocaíocht	
122. Méid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh go héifeachtach nó, i gcás ráthaíochtaí, a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta mar chaiteachas incháilithe, agus a chuirtear san áireamh in iarratais ar íocaíocht i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92(2)	
123. Méid na ranníocaíochta poiblí comhfhreagraí a íocadh go héifeachtach nó, i gcás ráthaíochtaí, a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta mar chaiteachas incháilithe, agus a chuirtear san áireamh in iarratais ar íocaíocht i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 92(2)	
124. An dáta ar cuireadh isteach gach sraith cuntas, lena n-áirítear caiteachas a nasctar le hoibríocht	Sonraí maidir le cuntas a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin faoi phointe (a) d'Airteagal 98(1) (in EUR)
125. Méid iomlán chaiteachas incháilithe na hoibríochta a iontráladh i gcórais chuntasaíochta an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta, agus a cuireadh san áireamh sna cuntais	

Réimsí sonraí	Liosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
126. Méid iomlán na ranníocaíochta poiblí atá déanta nó le déanamh le linn chur chun feidhme na hoibríochta a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán an chaiteachais incháilithe arna iontráil i gcórais chuntasaíochta an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta, agus a cuireadh san áireamh sna cuntais	
127. Méid iomlán na ranníocaíochtaí poiblí arna íoc leis an tairbhí a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán an chaiteachais incháilithe arna iontráil i gcórais chuntasaíochta an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta, agus a cuireadh san áireamh sna cuntais	
128. Caiteachas incháilithe iomlán na hoibríochta arna aistarraingt le linn na bliana cuntasaíochta a chuirtear san áireamh sna cuntais	
129. Méid iomlán na ranníocaíochta poiblí atá déanta nó le déanamh le linn chur chun feidhme na hoibríochta a chomhfhreagraíonn do mhéid iomlán an chaiteachais incháilithe na hoibríochta arna aistarraingt le linn na bliana cuntasaíochta, agus a cuireadh san áireamh sna cuntais	
130. Caiteachas iomlán na hoibríochta arna asbhaint ó na cuntais faoi phointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 98(6) le linn na bliana cuntasaíochta a léirítear sna cuntais (ónar ceartaíodh méideanna mar thorthaí ar imíochtaí)	
Sonraí sonracha i gcás ionstraimí airgeadais maidir le cuntais a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin faoi phointe (a) d'Airteagal 98(1) (in EUR)	
131. Méid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh leis na hionstraimí airgeadais a chuirtear san áireamh sa chéad iarratas ar íocaíocht	
132. Méid na ranníocaíochta poiblí, a íocadh leis an ionstraim airgeadais a chuirtear san áireamh sa chéad iarratas ar íocaíocht	
133. Méid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íocadh go héifeachtach, nó i gcás ráthaíochtaí, a cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta, mar chaiteachas incháilithe a chuirtear san áireamh sna cuntais	

Réimsí sonraí	Líosta na gCistí nach bhfuil gá le sonraí ina leith
134. Méid na ranníocaíochta poiblí comhfhreagraí a íocadh go héifeachtach, nó i gcás ráthaíochtaí, a cuirtear i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta mar chaiteachas incháilithe agus a chuirtear san áireamh sna cuntais	Neamhbhainteach i gcás CFRE, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI, nó IBTV
Sonraí maidir le cineálacha sonracha caiteachais	
135. Méid an chaiteachais de chineál CFRE arna chómhaoiniú ag CSE+ faoi Airteagal 20(2) a íocadh nó atá le híoc	Neamhbhainteach i gcás CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI, nó IBTV
136. Méid an chaiteachais de chineál CSE+ arna chómhaoiniú ag CFRE faoi Airteagal 20(2) a íocadh nó atá le híoc	Neamhbhainteach i gcás CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI, nó IBTV
137. Méid an chaiteachais a tabhaíodh agus a íocadh chun talamh a cheannach faoi phointe (b) d'Airteagal 64(1) agus an méid a nasctar le ceannach talún de bhun 64(1) agus, i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna atá leis na huasteorainneacha a shárú	
138. Méid na ranníocaíochtaí comhchineáil leis an oibríocht	
139. Méid na gcostas dímhéasa nach ndearnadh aon íocaíocht le tacaíocht sonraisc leis an oibríocht ina leith	
140. Méid na ranníocaíochta ó CFRE nó, i gcás inarb infheidhme, ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais le Ciste do thionscadail bheaga laistigh de chlár Interreg	Neamhbhainteach i gcás CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMID, CTIL, CSI, nó IBTV
141. Méid an chaiteachais arna thabú agus arna íoc i ndáil le tacaíocht oibríocháin faoi Airteagal 16(1) de Rialachán IBTV (agus Airteagal 17(3) de Rialachán IBTV le haghaidh LT amháin), faoi Airteagal 16(1) de Rialachán CSI, nó faoi Airteagal 21(1) de Rialachán CTIL.	Neamhbhainteach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, nó CEMID
142. Méid an chaiteachais arna thabú agus arna íoc maidir le trealamh, modh iompair nó tógáil saoráidí atá ábhartha ó thaobh na slándála de, de bhun Airteagal 13(7) de Rialachán CSI	Neamhbhainteach i gcás CFRE, CSE+, an Chiste Comhtháthaithe, CUAC, CEMIDCTIL, nó IBTV

IARSCRÍBHINN XVIII

Teimpléad don dearbhú bainistíochta – pointe (f) d'Airteagal 74(1)

Dearbhaím/Dearbhaímid, a bhfuil mo shonraí/ár sonraí (ainm(neacha), céadainm(neacha), teideal/teidil nó feidhm(eanna)) leis seo thíos, Ceann an údaráis bainistíochta don chlár (ainm an chláir, CCI)

bunaithe ar chur chun feidhme (ainm an chláir) le linn na bliana cuntasáíochta dar críoch 30 Meitheamh (bliain), bunaithe ar mo bhreithiúnas féin/ár mbreithiúnas féin agus ar gach eolas atá ar fáil dom/dúinn ar an dáta a cuireadh na cuntais faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áirítear na torthaí ó na fíoruithe bainistíochta a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 74 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus ó na hiniúchtaí i ndáil leis an gcaiteachas atá san áireamh sna hiarratais ar íocaíocht a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil leis an mbliain chuntasaíochta dar críoch 30 Meitheamh ... (bliain), agus m'óibleagáidí/ár n-óibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2021/1060 á gcur san áireamh

leis seo:

- (a) go bhfuil an fhaisnéis sna cuntais curtha i láthair i gceart, iomlán agus cruinn i gcomhréir le hAirteagal 98 de Rialachán (AE) 2021/1060,
- (b) go gcomhlíonann an caiteachas a iontráladh sna cuntais an dlí is infheidhme agus gur úsáideadh é don chuspóir a bhí beartaithe dó,

¹ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Immheánaí agus an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorann agus do víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

Dearbhaím/Dearbhaímid gur caitheadh go hiomchuí sna cuntais le neamhrialtachtaí a saináithníodh sna tuarascálacha deiridh iniúchóireachta agus rialaithe i ndáil leis an mbliain chuntasaíochta, go háirithe chun Airteagal 98 a chomhlíonadh maidir le cuntais a chur isteach.

Dearbhaím/Dearbhaímid freisin go ndearnadh caiteachas atá faoi réir measúnú leanúnach maidir lena dhlíthiúlacht agus rialtacht a eisiáimh ó na cuntais go dtí go dtabharfár an measúnú i gcrích, a bhféadfaí iad a chur san áireamh in iarratas ar íocaíochtaí i mbliain chuntasaíochta ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, dearbhaím/dearbhaímid iontaofacht na sonraí a bhaineann le táscairí, garspriocanna agus dul chun cinn an chláir.

Dearbhaím/Dearbhaímid freisin go bhfuil bearta éifeachtacha comhréireacha frithchialaoise i bhfeidhm agus go gcuirtear san áireamh sna bearta na rioscaí a saináithníodh i ndáil leis sin.

Ar deireadh, dearbhaím/dearbhaímid nach bhfuil mé/muid ar an eolas faoi aon ábhar clú nár nochtadh a bhaineann le cur chun feidhme an chláir.

IARSCRÍBHINN XIX

Teimpléad don tuairim iniúchóireachta bhliantúil – pointe (a) d’Airteagal 77(3)

Chuir an gCoimisiún Eorpach, Ard-Stiúrtóireacht [ainm na hArd-Stiúrtóireachta /na nArd-tiúrtóireachtaí lena mbaineann]

1. RÉAMHRÁ

Tá iniúchadh déanta agamsa, a bhfuil m’ainm leis seo thíos, thar ceann [ainm an údaráis iniúchóireachta], atá neamhspleách i gciall Airteagal 71(2) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹

- (i) ar na cuntais don bhliain chuntasaíochta dar tús an 1 Iúil ... [bliain] agus dar críoch an 30 Meitheamh ... [bliain+1] agus dar dáta ... [dáta na gcuntas arna geur faoi bhráid an Choimisiúin] (“na cuntais” anseo feasta),
- (ii) ar dhlíthiúlacht agus rialacht an chaiteachais ar ar iarradh aisíocaíocht ón gCoimisiún i ndáil leis an mbliain chuntasaíochta (agus a áirítear sna cuntais), agus
- (iii) ar fheidhmiú an chórais bainistithe agus rialaithe, agus tá fíorú déanta agam ar an ndearbhú bainistíochta i ndáil leis an gclár [ainm an chláir, uimhir CCI] (“an clár” anseo feasta),

chun tuairim iniúchóireachta a eisiúint i gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 77(3).

¹ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Immheánaí agus an ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Viosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

2. FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS BAINISTÍOCHTA

Tá [ainm an údaráis bainistíochta], a aithnítear mar údarás bainistíochta an chláir, freagrach as dea-fheidhmiú an chórais bainistithe agus rialaithe a áirithiú i ndáil leis na feidhmeanna agus cúraimí dá bhforáiltear in Airteagail 72 go 75.

Ina theannta sin, tá [ainm an údaráis bainistíochta nó an chomhlachta a dhéanann an fheidhm chuntasaíochta i gcás inarb ábhartha] freagrach as iomláine, cruinneas agus firinneacht na gcuntas a dhearbhu, mar a cheanglaítear in Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{1, 2}.

Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 74 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060, is é an t-údarás bainistíochta atá freagrach as a dhearbhu go bhfuil an caiteachas a iontráladh sna cuntais dlíthiúil agus rialta agus go gcomhlíonann sé an dlí is infheidhme.

3. FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS INIÚCHÓIREACHTA

De réir mar a bhunaítear le hAirteagal 77 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060, is é an fhreagracht atá ormsa tuairim a chur in iúl go neamhspleách maidir le hiomláine, cruinneas agus firinneacht na gcuntas, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an caiteachas a d'iarr an Coimisiún aisíocaíocht air agus atá curtha san áireamh sna cuntais dlíthiúil agus rialta, agus cé acu atá nó nach bhfuil an córas bainistithe agus rialaithe a cuireadh i bhfeidhm ag feidhmiú i gceart.

¹ Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IO L 231, 30.6.2021, lch. 94).

² Le cur san áireamh i gcás chláir Interreg.

Tá freagracht orm freisin ráiteas a chur san áireamh sa tuairim maidir le cé acu a chaitheann nó nach gcaitheann an obair iniúchóireachta a rinneadh amhras ar na dearbhuithe a rinneadh sa dearbhú bainistíochta.

Rinneadh na hiniúchtaí i ndáil leis an gclár i gcomhréir leis an straitéis iniúchóireachta agus chomhlíon siad caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Ceanglaítear faoi na caighdeáin sin go gcomhlíonfaidh an t-údarás iniúchóireachta ceanglais eitice agus go ndéanfaidh sé an obair iniúchóireachta a phleanáil agus a dhéanamh chun dearbhú réasúnta a fháil chun críoch na tuairime iniúchóireachta.

Is é atá i gceist le hiniúchadh nósanna imeachta a dhéanamh chun fianaise leordhóthanach iomchuí a fháil chun tacú leis an tuairim a leagtar amach thíos. Bíonn na nósanna imeachta a dhéantar ag brath ar bhreithiúnas gairmiúil an iniúchóra, lena n-áirítear measúnú ar an riosca neamh-chomhlíonadh ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis sin. Is iad na nósanna imeachta iniúchta a rinneadh na cinn a chreidim a bheith iomchuí sna cúinsí agus tá siad i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2021/1060.

Creidim go bhfuil fianaise an iniúchta a bailíodh leordhóthanach iomchuí le bonn a thabhairt do mo thuairim, [sa chás go bhfuil aon teorainn ar an raon ann:] seachas í sin a luaite i bpointe 4 “Teorainn ar an raon”.

Tá tuairisciú ar an achoimre ar na príomhthorthaí a fuarthas ó na hiniúchtaí i ndáil leis an gclár sa tuarascáil bhliantúil ar rialú iniata i gcomhréir le pointe (b) d’Airteagal 77(3) de Rialachán (AE) 2021/1060.

4. TEORAINN AR AN RAON

É seo

Ní raibh aon teorainn ar raon an iniúchta.

Nó

Bhí raon an iniúchta teoranta ag na fachtóirí seo a leanas:

- (a) ...
- (b) ...
- (c) ...

